



Provided by the author(s) and University of Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	Ar lorg an chleite: Seachadadh Beatha Cholaim Chille mar eiseamláir ar cheird an scríobhaí i dtús na seachtú haoise déag
Author(s)	Ó Cuaig, Colm
Publication Date	2017-09-06
Item record	http://hdl.handle.net/10379/6783

Downloaded 2024-04-24T00:55:39Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.



**Ar lorg an chleite: Seachadadh *Beatha Cholaim Chille* mar
eiseamláir ar cheird an scríobhaí i dtús na seachtú haoise déag.**

Colm Ó Cuaig

Tráchtas Dochtúireachta sa Nua-Ghaeilge

Roinn na Gaeilge

Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Bealtaine 2017

Stiúrthóirí: An Dr Feargal Ó Béarra agus An Dr Lesa Ní Mhunghaile

Clár

Dearbhú	i
Achoimre	ii
Focal Buíochais	iii
Giorrúcháin	iv
1 Réamhrá	1
1.1 Modheolaíocht	4
1.2 Leagan Amach an Tráchtais	7
1.3 Modh Eagarthóireachta	8
2 An Téacs: <i>Beatha Cholaim Chille</i>	10
2.1 Na Foinsí	11
2.2 Mánas Ó Domhnaill	18
2.3 Rawlinson B 514	20
2.3.1 An scríobhaí	21
2.3.2 An dearadh	23
2.3.3 An pátrún	25
2.4 UCD-OFM LS A 19	27
2.4.1 An scríobhaí	28
2.4.2 An dearadh	30
2.5 Lámhscríbhinní Eile	35
2.5.1 UCD-OFM LS A 8	35
2.5.2 ARÉ LS 23 K 40	36
2.5.3 ARÉ LS 23 O 70	37
2.5.4 Óstaí an Rí, LS 19	38
2.5.5 Má Nuad, LS Murphy 34	38
2.5.6 ARÉ LS 23 K 41	39
2.5.7 ARÉ LS C iv 3	39
2.6 Conclúid	40
3 An Téacs: Teanga	41
3.1 Réamhrá	41
3.2 An Briathar	42
3.2.1 An briathar rialta	43
3.2.2 Na briathra neamhrialta	50
3.2.3 Míreanna briathartha	75
3.2.4 Comhréir an bhriathair	77
3.3 An Forainm	77
3.4 An tAinmfhocal	79
3.4.1 Inscne	79
3.4.2 Infhilleadh	81
3.4.3 An tabharthach uatha	86
3.4.4 Ainmfhocail <i>asa dtéid a réim</i>	88
3.4.5 Uimhir iolra	92
3.4.6 Athruithe tosaigh	95
3.4.7 Foclóir	96
3.5 An Aidiacht	104

3.5.1	An aidiacht aitreabúideach	105
3.5.2	An aidiacht fhaisnéiseach	107
3.5.3	Céimeanna comparáide na haidiachta	108
3.5.4	<i>Gach agus uile</i>	109
3.6	Na Réamhfhocail	112
3.6.1	Réamhfhocail neamhchlasaiceacha	128
3.7	Conclúid	129
4	An Chóip á Breacadh: Botúin	130
4.1	Réamhrá	130
4.2	Modheolaíocht	131
4.3	Botúin Easnaimh	132
4.3.1	<i>Haplography</i>	133
4.3.2	<i>Homoeoteleuton</i>	135
4.3.3	Botúin easnaimh eile	140
4.3.4	Ceartúcháin léitheora	150
4.4	Breisbhotúin	153
4.4.1	Athbhreacadh	154
4.4.2	Truailliú	160
4.4.3	<i>Dittography</i>	168
4.4.4	Breisbhotúin eile	171
4.4.5	Ceartúcháin léitheora	175
4.5	Botúin Eile	176
4.5.1	Eagarthóireacht	178
4.5.2	Botúin dofheicthe	183
4.6	Botúin Neamhcheartaithe	186
4.7	Conclúid	189
5	An Chóip á Breacadh: Eagarthóireacht	190
5.1	Réamhrá	190
5.2	Botúin a Ceartaíodh	191
5.2.1	Botúin easnaimh	192
5.2.2	Breisbhotúin	196
5.2.3	Botúin eile	198
5.2.4	Botúin fhilíochta	201
5.2.5	Droch-cheartúchán	203
5.3	An Teanga	204
5.3.1	An litriú	205
5.3.2	An briathar	226
5.3.3	An t-ainm briathartha	236
5.3.4	An forainm	237
5.3.5	An t-ainmfhocal	238
5.3.6	An aidiacht	246
5.3.7	Na réamhfhocail	248
5.3.8	Ord na bhfocal	255
5.4	Conclúid	257

6	An Chóip á Breacadh: Athscríobh	258
6.1	Réamhrá	258
6.2	Dearadh	258
	6.2.1 Coimriú	260
	6.2.2 Breise	264
6.3	Malairtí	266
	6.3.1 Malairtí ceilte	270
6.4	Aistriúcháin	273
6.5	Soiléireacht	275
6.6	Gontacht	279
6.7	Cumadóireacht	284
6.8	Conclúid	289
7	An Cóip a Breacadh?	291
	Aguisíní	
I	Foirmeacha Briathartha	294
	1 An Briathar Rialta	294
	2 Briathra Neamhrialta	307
II	Botúin Neamhcheartaithe	308
	1 Botúin Fhollasacha	308
	2 Botúin Cheilte	332
III	Eagarthóireacht agus Athscríobh	365
	1 Botúin a Ceartaíodh	365
	2 An Teanga	376
	3 Athscríobh	392
	Leabharliosta	418

Dearbhú

Dearbhaím gur mise a thiomsaigh, a chóirigh agus a bhreac a gcuirim faoi scrúdú don chéim PhD agus nár bronnadh céim orm cheana, san ollscoil seo ná in aon ollscoil eile, ar fhocal dár bhreac mé ann.

Colm Ó Cuaig

Bealtaine 2017

Achoimre

Déantar iarracht sa tráchtas seo léargas a fháil ar chleachtas agus ar cheird scríobhaí Gaelach, Brian Mac Niallais, agus cóip dhílis de *Beatha Cholaim Chille* á cóiriú aige i dtús na seachtú haoise déag. Cuirtear i gcomórtas a chóip lena eiseamláir agus tugtar mionchuntas ar ar athraigh sé i dtéacs a eiseamláire le linn a cóipeála. Pléitear údar a n-athraithe agus fiosraítear tuiscint an scríobhaí féin ar an ní is cóip dhílis ann.

Focal Buíochais

Gabhaim buíochas le mo chuid stiúrthóirí a threoraigh mo bhealach go ceann scríbe; leis an Dr Feargal Ó Béarra a choinnigh an cúrsa roimh a sheoladh thar sáile, agus leis an Dr Lesa Ní Mhunchaile a chuaigh i ngreim sa scód agus é seolta. Ní shroichfí ceann scríbe dá n-uireasa. Gabhaim buíochas chomh maith leo siúd ar fad a chomhairligh agus a threoraigh mé agus an tráchtas seo á thógáil; go háirithe leis an Dr Nollaig Ó Muraíle nár cheil a eolas ar dhuine riamh, leis an Dr Gisbert Hemprich ar a fháilte, agus leis an Dr Eoin Mac Cárthaigh a léigh go humhal tomhaiste sliocht as an tráchtas. Tá mé fíorbhuíoch de shaoránaigh Éireann a bhronn scoláireacht fhial fhlaithiúil orm chun an tráchtas seo a chur i gcrích agus leis an gComhairle um Taighde in Éirinn a dháil an scoláireacht orm ar a son.

Focal den tráchtas ní scríobhfaí gan ugach agus cineáltas mo mhuintire. Gabhaim buíochas ó chroí le Mama agus le Deaide a spreag mé ó bhí mé mo ghasúr; le Cóilín Mhicdara, m’ollamhsa; agus le Macdara, Máire Áine, a gcéilí is na gasúir. Ní taobh le dhá stiúrthóir a bhí mé le linn m’aistear óir bhí Neasa sin againne ina gceann agam. Beidh mé buíoch díot go deo as ucht chuile fhocal a léamh dom gan pingin rua ná leithphingin dá bharr agat.

Gabhaim buíochas speisialta le mo leathbhádóir Isabel a d’fhan go foighdeach im theannta i gcaitheamh an bhealaigh. Chuir tú droim le halmadóir agus cheangail tú cúrsaí nuair ba thréine farraige is feothan. Tá caladh sroichte, na seolta stríoctha, tá an téad ceann céibhe ach an tsnaidhm a chur.

Giorrúcháin

Téacsanna

<i>AConn</i>	Annála Connacht (Freeman 1944)
<i>AmraCC</i>	Amrae Coluimb Chille (Stokes 1899)
<i>AnnálaRE</i>	Annála Rioghachta Éireann (O'Donovan 1856)
<i>AU¹</i>	Annála Uladh (Hennessy agus Mac Carthy 1887–1901)
<i>AU²</i>	Annála Uladh (Mac Airt agus Mac Nichoill 1983)
<i>BCC</i>	Beatha Cholaim Chille (O'Kelleher agus Schoepperle 1918)
<i>B. Sir Gui</i>	The Irish Lives of Guy of Warwick and Bevis of Hampton (Robinson 1908)
<i>BST</i>	Bardic Syntactical Tracts (McKenna 1944)
<i>Carswell</i>	Foirm na n-Urrnuidheadh (Thomson 1970)
<i>Desid.</i>	Desiderius (O'Rahilly 1941)
<i>DiD</i>	Dioghluim Dána (Mac Cionnaith 1938)
<i>eDIL</i>	Dictionary of the Irish Language (ar fáil ar http://www.dil.ie/)
<i>FFÉ II</i>	Foras Feasa ar Éirinn (Dineen 1908)
<i>GGBC</i>	Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí (Ó hAnluain 1985)
<i>GOI</i>	A Grammar of Old Irish (Thurneysen 1946)
<i>IGT</i>	Irish Grammatical Tracts (Bergin 1916, 1921–3, 1926–8, 1946, 1955)
<i>Imeacht na nIarlaí</i>	The Flight of the Earls (Walsh 1916)
<i>MeánBCC</i>	Betha Coluim Cille (Herbert 1988:218–88)
<i>Maund.</i>	The Gaelic Maundeville (Stokes 1899a)
<i>Smaointe B. Chr.</i>	Smaointe Beatha Chríost (Ó Maonaigh 1944)
<i>SSA</i>	Scáthán Shacramuinte na hAithridhe (Ó Maonaigh 1952)
<i>Trí Biorgh.</i>	Trí Bior-ghaoithe an Bháis (Bergin 1931)
<i>VitaCol</i>	Vita Columbae (Anderson agus Anderson 1991)

Lámhscríbhinní

23 K 40	Baile Átha Cliath, Acadamh Ríoga na hÉireann, LS 23 K 40
23 K 41	Baile Átha Cliath, Acadamh Ríoga na hÉireann, LS 23 K 41
23 O 70	Baile Átha Cliath, Acadamh Ríoga na hÉireann, LS 23 O 70
C iv 3	Baile Átha Cliath, Acadamh Ríoga na hÉireann, LS C iv 3
A19	Baile Átha Cliath, Coláiste Ollscoile, UCD-OFM LS A 19
A8	Baile Átha Cliath, Coláiste Ollscoile, UCD-OFM LS A 8
KI 19	Baile Átha Cliath, Leabharlann Óstaí an Rí, LS 19
M 34	Má Nuad, Leabharlann Eoin Pól, LS Murphy 34
Rawl.	Oxford, Leabharlann an Bodleian, LS Rawlinson B 514
Laud 615	Oxford, Leabharlann an Bodleian, LS Laud 615
Harley 5280	Londain, Leabharlann na Breataine, LS Harley 5280
LCS	Baile Átha Cliath, Acadamh Ríoga na hÉireann, LS 24 P 25
<i>Leabhar Caillín</i>	Baile Átha Cliath, Acadamh Ríoga na hÉireann, LS 23 P 26
LNÉ	Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath
<i>Cat. ARÉ</i>	<i>Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy.</i> Fascúl I–XXVIII. (Baile Átha Cliath 1926–70)

Eile

iml.	imleabhar	láith.	láithreach
eag.	eagarthóir(í)	ghnáthch.	ghnáthchaite
lth	leathanach	<i>bain.</i>	baininsneach
<i>m.sh.</i>	mar shampla	<i>fir.</i>	firinsneach
§	alt	<i>aid.</i>	aidiacht
TA	tuiséal ainmneach	<i>br.</i>	briathar
TGairm.	tuiséal gairmeach	<i>dobr.</i>	dobhriathar
TÁin.	tuiséal áinsíoch	<i>ns.</i>	neamhspleách
TG	tuiséal ginideach	<i>spl.</i>	spleách
fosh.	foshuiteach	<i>coibh.</i>	coibhneasta

1 Réamhrá

I ndeireadh na bliana 1608 chríochnaigh Brian Mac Niallais cóip den téacs *Beatha Cholaim Chille* (BCC). Bhreac sé colafan léargasach i ndeireadh a shaothair ag ceiliúradh a chríochnaithe. Chaoin sé imeacht na nIarlaí i dtús a nóta; ghabh sé leithscéal lena léitheoirí as ucht aon bhotún dá ndearna sé, agus mhionnaigh sé gurbh é lorg a eiseamláire a lean sé go humhal:

Gabh agam dá réir sin alÉghthóir dEighbhrEthaigh gan aithfear dothabhairt orm um locht dá ndErnus ann do † thaoibh litri nó dhErmuid .7 alEith risin orthographia .7 risin dEchtadh bíodh abhuideachus no adiomgeachus aran † Giolla Riabach mhór óchleirigh agár lEnusa é nihEdh amháin de verbo, ad verbum *acht litir ar litir*. (A19 f.61v20)¹

Tá fáil fós ar an gcóip de BCC a bhreac Giolla Riabhach Mór Ó Cléirigh agus a lean Mac Niallais go dúthrachtach. Is ionann í agus an lámhscríbhinn dá ngairthear Rawlinson B 514 inniu (Rawl.); lámhscríbhinn uasal páir a breacadh i dTír Chonaill sa séú haois déag atá ar coimeád anois i Leabharlann an Bodleian in Oxford Shasana (Ó Cuív 2001:261; O’Sullivan 1985:357). Tugann ar bhronn Mac Niallais d’eolas orainn faoina eiseamláir, agus faoi am, ionad, agus aidhm a shaothair, deis dúinn ceisteanna bunúsacha a chur faoi cheird agus faoi chleachtas scríobhaí a mhair i ndé deiridh na sochaí Gaelaí. Cén t-athrú a chuir sé ar an téacs agus cóip dhílis de á breacadh aige? Ar bhotúin chóipeála amháin a chuid athruithe nó ar mheas sé go raibh sé de shaoirse aige athrú a chur ar nithe áirithe den téacs? Cén chiall a bhí ag scríobhaí mar é le cóip dhílis?

Tá ráite go maireann ceithre mhíle lámhscríbhinn i dtaisce torach lámhscríbhinní na nGael (O’Neill 2014:8). Áirítear *An Cathach* ar na lámhscríbhinní is sine díobh, lámhscríbhinn a breacadh c. AD 600 a ceaptar (Herity agus Breen 2002, Lawlor 1916–17), agus a leagtaí ar Cholm Cille go traidisiúnta (BCC §168–178). Ó am a breactha go deireadh na naoú haoise déag, ba í an lámhscríbhinn meán foilsitheoireachta chultúr liteartha na nGael. Is inti a foilsíodh ar chum na Gaeil de shaothar staire, seanchais, dlí agus dána, agus ba thríthi a scaipeadh agus a caomhnaíodh ar cumadh. Ba bheag ár meabhair ar chultúr liteartha na nGael in éagmais a meabhraíonn na lámhscríbhinní.

¹ Faightear tuairisc ar mhodh eagarthóireachta na trascríbhinn in 1.3 thíos.

Is scríobhaithe a tugtar i gcatalóga leabharlainne na linne seo orthu siúd a bhreac a maireann de lámhscríbhinní Gaeilge; beag beann ar chomhthéacs a mbreactha ná ar ról na scríobhaithe ina ndéanamh. Is cinnte gurbh é bundualgas an scríobhaí é téacs nó téacsanna a thrasríobh ar phár nó ar pháipéar. Is léir áfach nach taobh le hobair mheicniúil an trasríofa a bhíodh chuile scríobhaí Gaelach agus lámhscríbhinn á cur i dtoll a chéile. Ba ann do scríobhaithe a mbíodh ról acu i roghnú, i gcóiriú, nó i gcumadh na dtéacs a bhí á dtrasríobh acu. Ba é Tadhg Ó Cianáin, mar shampla, a chum agus a bhreac an téacs *Imeacht na nIarlaí* sa lámhscríbhinn dá ngairthear UCD-OFM A 21 i dtús na seachtú haoise déag (Dillon, Mooney, agus De Brún 1969:43–45; Ó Macháin 2011). Leathchéad bliain roimhe sin, bhí an dá ról chéanna á gcomhlíonadh ag Tadhg mac Fíthil agus téacs seanchais á chumadh agus á bhreacadh aige i *Leabhar Clainne Suibhne* (LCS, lth 136; Walsh 1920:74). B’ilghnéithí fós na dualgais a bhí ar Mhuirgheas Ó Maolchonaire (†1543 *AConn*) agus *Leabhar Caillín* á bhreacadh aige (ARÉ 23 P 26). Chóipeáil seisean dánta as seanleabhar Chaillín dá leabhar nua; chum sé leagan próis de na dánta; agus shnoigh sé ar chum agus ar chóipeáil sé go snoite ar bhileoga a lámhscríbhinne (Hennessey agus Kelly 1875:310–12, 392; Macalister 1939:1–18).² Ba dhuine é scríobhaí Gaelach na séú agus na seachtú haoise déag a d’fhéadfadh a bheith ina aon agus ina thriar — ba thrasríobhaí i gcónaí é, ach tharlódh a bheith ina údar agus ina eagarthóir téacs san am céanna.

Le blianta beaga anuas tá aird dírithe ag Ní Úrdail (2000; 2011; 2004:195–201; 2007:165–67) agus ag Ó Macháin (1998; 2006) ar ról ilghnéitheach scríobhaithe na hochtú agus na naoú haoise déag agus téacsanna a n-eiseamláirí á bhfoilsíú acu. Níor ghá gur chóip dhílis dá eiseamláir ba chuspóir don scríobhaí i gcónaí. Ba leagan leasaithe de dhánta a eiseamláire, seachas cóip dhílis díobh, a theastaigh ó Aodh Buidhe Mac Cruitín a fhoilsíú dá léitheoirí a deir sé linn i lámhscríbhinn a bhreac sé sa mbliain 1713 (Ó Macháin 1998:18–23). Léirigh Ó Macháin nárbh ionann an sprioc a chuir Aodh Ó Dálaigh roimhe féin agus cóip den téacs *Compert Con Culainn* á thrasríobh aige i lár na haoise céanna (Ó Macháin 2006:96–98). Trí chomparáid a dhéanamh idir shliocht gearr as cóip Uí Dhálaigh den téacs agus a mhacasamhail ina eiseamláir, léirigh Ó Macháin gur chóip dhílis de théacs a eiseamláire a bhreac sé:

² Faightear tuilleadh léargais ar stair, ar sheanchas, agus ar ábhar *Leabhar Caillín* in Gillespie, Ryan, agus Scott (2016) agus in Simms (2008).

He copied the medieval texts that were in the book before him, reproducing the manuscript punctuation and virtually every contraction, to the extent that should the exemplar not survive, the Ó Dálaigh text might be relied upon as a fair basis on which to establish an edition. (Ó Macháin 2006:98)

Is ‘creators and re-creators of narrative’ a thugann Ní Úrdail ar scríobhaithe na hochtú agus na naoú haoise déag (Ní Úrdail 2011:101). Ar ghrinnstaidéar a dhéanamh ar sheachadadh an téacs *Cath Cluana Tarbh*, léirigh sise gur mhinic le scríobhaithe iomaí an téacs úd a gcuid féin a dhéanamh de (Ní Úrdail 2011:91). Is cosúil nár chreid siad gur théacs seasmhach críochnúil a bhí ina n-eiseamláirí, ach téacs a d’fhéadfaí a fheabhsú, a leathnú, nó a choimriú:

C[ath] C[luana] T[arbh], then, bears eloquent testimony to the role of eighteenth- and nineteenth-century scribal practitioners as dynamic figures in their own right who extended and enhanced a written text to create a fresh work. (Ní Úrdail 2011:91)

Baineann tábhacht nach beag lena n-insíonn staidéir Uí Úrdail agus Uí Mhacháin dúinn faoi chleachtas agus faoi cheird na scríobhaithe Gaelacha san ochtú agus sa naoú haois déag. Tugann siad míniú dúinn ar na hathruithe a d’fhéadfadh teacht ar théacs le linn a sheachadta, agus léiríonn siad an ról cinniúnach a bhí ag an scríobhaí i gcaomhnú, i gcóiriú, agus i gcumadh a maireann dár litríocht i dtaisce na lámhscríbhinní Gaeilge. Ina theannta sin, bronnann siad eolas luachmhar ar eagarthóirí na linne seo ar mian leo téacs, a scaipeadh trí mheán na lámhscríbhinne, a fhoilsiú agus a mhíniú do léitheoirí an lae inniu. Amhlaidh is fearr ár dtuiscint ar mhodhanna oibre na scríobhaithe Gaelacha agus téacsanna éagsúla á gcóipeáil acu, is ea is eolaí an t-eagarthóir ar an modh eagarthóireachta is feiliúnaí d’aidhmeanna a eagráin.

Déantar iarracht sa tráchtas seo cur lenár n-eolas ar chleachtas agus ar cheird na scríobhaithe Gaelacha trí mhionstaidéar a dhéanamh ar an gcóip a bhreac Brian Mac Niallais de BCC sa mbliain 1608. Tugtar cuntas ar na difríochtaí téacsúla ar fad a feictear i gcóip Mhic Niallais de BCC le hais a heiseamláire, Rawl., agus déantar iarracht ar mhíniú a thabhairt ar a n-údar. Ar ghrinnstaidéar a dhéanamh ar na hathruithe a chuir Mac Niallais ar théacs BCC, tabharfar léargas dúinn ar phróiseas na cóipeála i dtús na seachtú haoise déag agus ar an tuiscint a bhí ag scríobhaí Gaelach mar é ar an n-í is cóip dhílis ann.

1.1 Modheolaíocht

Is é an bailiúchán a tiomsaíodh de na hathruithe a chuir Mac Niallais ar théacs a eiseamláire is bunchloch don tráchtas. Bhí trí chéim i bpróiseas tiomsaithe an bhailiúcháin:

- (a) Trascríobh iomlán a dhéanamh ar chóip Mhic Niallais de BCC (A19) agus ar a eiseamláir (Rawl.).
- (b) Na trascríbhinní a breacadh a chur i gcomórtas lena chéile chun na hathruithe ar fad a chuir Mac Niallais ar an téacs a aimsiú.
- (c) Na hathruithe a aimsíodh a thiomsú.

Beartaíodh na trascríbhinní a bhreacadh ar scarbhileog *Microsoft Excel* ar mhaithe le héascaíocht comparáide. Ba í Rawl. an chéad lámhscríbhinn a ndearnadh trascríobh uirthi agus ba iad na híomhánna den lámhscríbhinn atá ar fáil ar an suíomh <http://www.image.ox.ac.uk/> a leanadh agus í á trascríobh. B'éigean cuairt a thabhairt ar Leabharlann an Bodleian in Oxford Shasana chun trascríobh a dhéanamh ar dhá bhileog nach ann dá n-íomhá ar an suíomh idirlín (f.8r agus f.39v).

Rinneadh tréaniarracht cloí chomh dlúth agus ab fhéidir le Rawl. agus a téacs á trascríobh. Leanadh an scaradh a rinneadh ar na focail sa lámhscríbhinn; cuireadh faoi chló iodálach aon ghiorrúchán a scaoileadh; agus b'ionann ceall den scarbhileog agus líne iomlán de cholún scríbhneoireachta.³ Fágadh ceall gan líonadh san áit ar léir an téacs a bheith scartha in Rawl. agus cuireadh uimhir le chuile aonad díobh. Rinneadh 435 aonad den téacs de bharr a scartha, aonaid a fhreagraíonn don 435 alt atá in eagrán O'Kelleher agus Schoepperle de BCC (1918).

Is sa gcolún le taobh trascríbhinn Rawl. a breacadh trascríbhinn A19 ar an scarbhileog. Ba iad íomhánna digiteacha A19 atá ar fáil ar an suíomh idirlín <http://www.isos.dias.ie/> a leanadh agus téacs na lámhscríbhinne á trascríobh. Ba é líon na bhfocal i gcill thrascríbhinn Rawl. a chinn a mbeadh de théacs A19 sa gcill ina haice. Níor cuireadh d'athrú ar an modh trascríofa agus A19 á trascríobh ach gur baineadh leas as an gcomhartha † chun athrú líne scríbhneoireachta sa lámhscríbhinn a chur in iúl sa trascríbhinn. Ar chríochnú na dtrascríbhinní, bhí 10,428 líne téacs ar an scarbhileog.

³ Tugtar mionchuntas ar an modh eagarthóireachta in 1.3 thíos.

Aimsíodh na hathruithe a chuir Mac Niallais ar théacs a eiseamláire sa dara céim den phróiseas. Cuireadh i gcomórtas chuile líne de thrascríbhinn Rawl. lena raibh ina haice de thrascríbhinn A19. Nuair a tugadh faoi deara go raibh athrú eicint curtha ag Mac Niallais ar an téacs, cuireadh faoi chló dearg a raibh ag teacht salach ar a chéile i chaon thrascríbhinn. Níor tugadh aon bhreithiúnas ar údar ná ar fheidhm na n-athruithe agus iad á n-aimsiú.

Níor cuireadh faoi chló dearg na hathruithe a chuir Mac Niallais ar an mbeagán Laidine atá sa téacs, ná chuile mhionathrú litrithe a rinne sé, *m.sh. eli = eile; fer = fear, diaidh = diaigh, srl.*. Bíodh is gur léir gur chuir Mac Niallais athruithe ar Laidin an téacs, beartaíodh gan a gcur i mbailiúchán an tráchtais; teann aineolas an taighdeora ar an Laidin, agus de bhrí go ndéantar plé cuimsitheach orthu in Breatnach (2007:135–38). Ba é iomad na mionathruithe litrithe a rinne Mac Niallais ba chionsiocair leis an gcinneadh gan a bhfacthas díobh a chomhaireamh. In ainneoin nár cuireadh sa mbailiúchán iad, coinníodh cuntas ar na mionathruithe litrithe ba choitianta a chuir sé ar an téacs.

Ba é tiomsú na n-athruithe ar fad a cuireadh faoi chló dearg an chéim dheiridh den phróiseas. Tarraingíodh ar aimsíodh d’athruithe as scarbhileog na dtrascríbhinní agus cuireadh ar scarbhileog ghlan dá gcuid féin iad. De bharr líon na n-athruithe a aimsíodh, cinneadh athruithe gaolmhara a chruinniú in éineacht de réir mar a bhíodhas á dtarraingt as scarbhileog na dtrascríbhinní. Rinneadh cúig rannóg den scarbhileog nua ina dtiomsófaí na hathruithe, rannóga a bunaíodh ar phatrúin athraithe a tugadh faoi deara agus an dá thrascríbhinn á gcur i gcomórtas lena chéile:

- (a) Ábhar breise curtha leis an téacs.
- (b) Ábhar gan breacadh.
- (c) Athrú ar litriú nó ar fhoirmeacha teanga.
- (d) Athrú de bharr bhotúin chóipeála fhollasacha, *m.sh. dittography*.
- (e) Eile.

Chuathas trí na trascríbhinní in athuair ó thús deireadh agus cuireadh ina rannóg chuif chuile abairt de na trascríbhinní a raibh focal, frása, nó clásal faoi chló dearg ann.

Ba bheag anailís a rinneadh ar an mbailiúchán athruithe a tiomsaíodh nó gur tuigeadh nár bhotún cóipeála chuile athrú a chuir Mac Niallais ar an téacs. Tugadh faoi deara gurbh ionann athruithe áirithe dá chuid agus ceartúcháin a rinne sé ar

bhotúin fhollasacha a bhí ina eiseamláir. Ba léir, dá bhrí sin, nárbh ionann nádúr na n-athruithe ar fad a tiomsaíodh. Ba bhotúin chóipeála, nár theastaigh ó Mhac Niallais a dhéanamh, cuid dá athruithe, ach b'ionann cuid eile díobh agus athruithe a chinn sé a dhéanamh go comhfhiosach. Measadh gur dheacair anailís chruinn a dhéanamh ar mhodh ná ar chleachtas a oibre nó go scarfaí an dá chineál athruithe óna chéile.

Níorbh fhéidir an scaradh sin a thionscnamh gan sainmhíniú a dhéanamh ar bhotún cóipeála scríobhaí. Cinneadh an sainmhíniú a leanfaí sa tráchtas seo a bhunú ar a bhfuil d'eolas in A19 ar thuiscint Mhic Niallais féin ar an ní is botún cóipeála ann. Fiosraíodh agus scrúdaíodh go mion na ceartúcháin ar fad a rinneadh in A19 chun léargas a fháil ar na botúin chóipeála éagsúla a tharraing iad. Bailíodh na ceartúcháin ar fad a rinneadh; aimsíodh patrúin sna botúin éagsúla a cheartaigh siad; agus rinneadh iarracht na ceartúcháin a rinne Mac Niallais a scaradh ó na ceartúcháin a rinne léitheoirí a leabhair. B'ionann na botúin chóipeála a rinne agus a cheartaigh sé agus a bhfuil de thuairisc againn ar a thuiscint féin ar bhotúin chóipeála.

Baineadh leas as an eolas a fáisceadh as ceartúcháin Mhic Niallais chun na hathruithe ar fad a aimsíodh a rangú in athuair. Cruthaíodh rannóg nua ar scarbhileog bhailiúchán na n-athruithe, rannóg ar baisteadh 'botúin chóipeála' air. Cuireadh chuile athrú sa mbailiúchán i gcomparáid leis na botúin chóipeála éagsúla a rinne agus a cheartaigh Mac Niallais féin. San áit ar chosúil athrú dá chuid le botún díobh, glacadh leis gurbh ionann an t-athrú sin agus botún cóipeála, agus aistríodh chuig rannóg na mbotún cóipeála é.

Bhí riar maith athruithe sa mbailiúchán nár chosúil le botúin chóipeála iad, nó nárbh fhéidir a bheith cinnte de ar bhotúin iad nó nárbh ea. Fiosraíodh agus scrúdaíodh chuile athrú díobh nó gur aimsíodh patrúin sna hathruithe a chuir siad ar an téacs. Roinneadh na hathruithe ar thrí rannóg nua a bunaíodh ar na patrúin athraithe a aimsíodh. Faoi dheireadh thiar, bhí ceithre rannóg sa mbailiúchán athruithe a tiomsaíodh — ceithre rannóg a ndéantar plé agus trácht orthu i gcaibidlí an tráchtas:

- (a) Botúin chóipeála.
- (b) Ceartúcháin ar bhotúin fhollasacha na heiseamláire.
- (c) Athruithe litrithe agus foirmeacha teanga.
- (d) Athscríobh ar an téacs.

1.2 Leagan Amach an Tráchtas

Tugtar léargas ar an téacs a chóipeáil Mac Niallais, BCC, sa dara caibidil den tráchtas. Pléitear ábhar an téacs; tugtar tuairisc ar am, ar ionad, agus ar aidhm a scríofa; agus fiosraítear an ról a bhí ag pátrún an tsaothair, Mánas Ó Domhnaill, ina dheachtú. Ina theannta sin, déantar cur síos ar na cóipeanna lámhscríofa den téacs is bunábhar don tráchtas, Rawl. agus A19. Déantar trácht ar na scríobhaithe a bhreac iad, ar dhearadh agus ar pheannaireacht a leabhar, agus déantar iarracht eolas a chur ar a bpátrúin. Ina cheann sin, déantar cur síos achomair ar na lámhscríbhinní eile ar fad a aimsíodh a bhfuil BCC iontu, agus ar a ngaol le téacs Rawl.

Déantar grinnanailís sa tríú caibidil den tráchtas ar theanga BCC, mar a tugtar í in Rawl. Fiosraítear a gaol le caighdeán na Gaeilge Clasaicí agus leis an teanga atá i bprós cráifeach eile a breacadh roimpi agus ina diaidh.

Is i gcaibidil a ceathair a cuirtear tús le hanailís agus le mionscagadh na ceithre rannóg a rinneadh den bhailiúchán athruithe a tiomsaíodh. Is é rannóg na mbotún cóipeála a pléitear sa gcaibidil seo. Is ann a tugtar tuairisc ar an staidéar a rinneadh ar na ceartúcháin atá in A19 agus ar an sainmhíniú ar bhotún cóipeála a d'eascair as. Mínítear an úsáid a baineadh as an sainmhíniú a foilsíodh chun botúin chóipeála nár ceartaíodh a scaradh ón gcuid eile de na hathruithe, agus tugtar cuntas ar ar aimsíodh díobh.

Pléitear na ceartúcháin a rinne Mac Niallais ar bhotúin fhollasacha a d'aithin sé ina eiseamláir sa gcúigiú caibidil. Déantar iarracht eolas a chur ar an modh eagarthóireachta a lean sé agus botúin mar iad á gceartú aige, agus pléitear gaol a roghanna eagarthóireachta leis na léamha atá i lámhscríbhinní eile BCC. Ina theannta sin, tugtar léargas ar na hathruithe is coitianta agus is córasaí a chuir Mac Niallais ar litriú a eiseamláire, agus déantar grinnanailís ar na foirmeacha teanga ar fad a d'athraigh sé nár lochtaigh agus nár leasaigh ciall ná éirim an téacs. Cuirtear i gcomórtas a chuid athruithe litrithe agus foirme leis an gcóras teanga a facthas in Rawl. agus fiosraítear a n-údar agus a bhfeidhm.

Is i gcaibidil a sé a déantar cur síos agus mionanailís ar chuile athrú a chuir Mac Niallais ar théacs a eiseamláire nár pléadh sa dá chaibidil roimhe. Déantar iarracht patrúin a aimsiú sna hathruithe, ceistítear a n-aidhm agus a n-údar, agus pléitear an t-athrú a chuireann siad ar bhrí agus ar éirim an téacs.

1.3 Modh Eagarthóireachta

Is é seo a leanas an modh eagarthóireachta a leanadh agus lámhscríbhinní a ndéantar tagairt dóibh sa tráchtas á dtrascríobh:

(a) Léirítear an scaoileadh a déantar ar noda coitianta na lámhscríbhinní sa tábla thíos:

Rawl.	A19	Scaoileadh	Rawl.	A19	Scaoileadh
		<i>ar</i>			<i>air</i>
		<i>m</i>			<i>um</i>
		<i>us/uís</i>			<i>ra</i>
		<i>cu</i>			<i>con</i>
		<i>no</i>			<i>r</i>
		<i>ear</i>			<i>(e)ir</i>
		<i>ro</i>			<i>i(o)r</i>
		<i>éist</i>			<i>éist</i>
		<i>acht</i>			<i>acht</i>
		<i>cht</i>			<i>cht</i>
		<i>eacht</i>			<i>ur/ar</i>

- (b) San áit a mbíonn guta os cionn consan nó consan os cionn guta sa lámhscríbhinn ní cuirtear faoi chló iodálach ach na litreacha atá á gceilt, *m.sh.* ‘o’ os cionn ‘m’ = mor, ‘c’ os cionn ‘g’ = gac.
- (c) Is é ‘*et*’ an scaoileadh a déantar ar an gcomhartha 7 nuair is giorrúchán ar fhocal é. Ní scaoiltear 7 más cónasc é.
- (d) Ní chuirtear ponc séimhithe ná *spiritus asper* faoi chló iodálach.
- (e) Baintear leas uaireanta as na huimhreacha arabacha 6, 8 agus 2 chun focal nach uimhir é a ghiorrú sna lámhscríbhinní. Déantar ‘*sé*’ de 6 a ghiorraíonn focal; ‘*ocht*’ nó ‘*oicht*’ de 8; agus is ‘*da*’ a déantar den uimhir 2. Is ionann ‘*dha*’ na trascríbhinne agus 2 a bhfuil ponc séimhithe nó *spiritus asper* os a chionn sa lámhscríbhinn; ‘*dá*’ a déantar de 2 a bhfuil fada air.
- (f) Cuirtear faoi chló iodálach an scaoileadh a déantar ar aon stríoc ghiorrúcháin eile sna lámhscríbhinní. San áit a mbíonn ponc nó *spiritus asper* i mbarr na stríce, is ar lorg na litreacha a cheileann an stríoc a breactar ‘h’.
- (g) Is ar an litriú is coitianta a breactar *plene* i chaon lámhscríbhinn a bunaítear an scaoileadh a déantar ar ainmfhocail a giorraítear go coitianta, *m.sh. Colam Cille, Pádraig, mac, srl.* Ní scaoiltear ainm Cholm Cille nuair is *.c.c.* is litriú dó sa lámhscríbhinn.
- (h) Ní chuirtear faoi chló iodálach *e caudata* ná *i* a breacadh faoi bhun líne na scríbhneoireachta sna lámhscríbhinní.
- (i) Is ionann ‘E’ sna trascríbhinní agus *e* ‘ard’ sna lámhscríbhinní.
- (j) Cuireann na comharthaí (..) in iúl go bhfuil an chuid sin den lámhscríbhinn doléite; is ionann focal a bhfuil líne faoi agus focal atá i bhfilíocht an téacs; agus léiríonn | athrú líne scríbhneoireachta. Is ionann na comharthaí [...] agus téacs atá sa lámhscríbhinn nár tugadh i dtagairt teann gontachta.
- (k) Níor scaradh aon fhocal nach bhfuil scartha sna lámhscríbhinní agus ní dearnadh aon dánacht ar a bponcaíocht.

Cuirtear tagairt le chuile shliocht a tugtar as na trascríbhinní a cóiríodh de théacs Rawl. agus A19. Is tagairt do bhileoga na lámhscríbhinne féin a cuirtear ar lorg sleachta as trascríbhinn A19 agus is ar an modh seo a breactar í: *f. (folio)*, uimhir an *folio*, *r (recto)* nó *v (verso)*, agus uimhir na líne ar an mbileog, *m.sh. f.19v2*. Is tagairt d’eagrán BCC a cuirtear le chuile shliocht as trascríbhinn Rawl. agus is ar an múnla seo a cumtar í: § (Alt), uimhir an leathanaigh, uimhir na líne, *m.sh. §352:125:4*.

2 An Téacs: *Beatha Cholaim Chille*

Tá seanchas ar an naomh Colm Cille á scaipeadh agus á chumadh le beagnach míle go leith bliain. Ceaptar gur go gairid tar éis a bháis (†596 BCC §430)¹ a cumadh an dán molta *Amra Coluimb Chille (AmraCC)*,² agus ní raibh sé ach céad bliain i dtalamh nuair a chum Adamnán (†704 AU²) an *Vita Columbae* sa seachtú haois (*VitaCol*). Ariamh anall tá scéal a shaoil á scríobh agus á athscríobh, ag fás agus ag forbairt. B'iarracht í BCC, a cumadh faoi stiúir Mhánais Uí Dhomhnaill, ar a raibh de scéal an naoimh i leabhair Éireann faoin mbliain 1532 a chruinniú agus a chóiriú in aon mhórshaothar amháin.

Léiríonn an brollach a cuireadh i dtús BCC gur téacs áithrid í le hais ar cumadh de naomhsheanchas roimpi (§8–12). Is sa mbrollach a tugtar spléachadh dúinn ar an bhfoireann léinn a chruthaigh an téacs; ar na foinsí a bhailigh siad dá gceird; chomh maith le bunléargas ar an modh oibre a lean siad agus iad ina bhun (§10–11). Is ann freisin a tugtar am agus log scríofa an leabhair, áit a ndeirtear gur i gCaisleán Phort na dTrí Namhad, i ngar do Leifear Thír Chonaill an lae inniu (Lacey 1998:12), a cuireadh bailchríoch ar an saothar sa mbliain 1532 (§13). Is suntasaí ná sin ar fad, deirtear ann gurbh é Máнас Ó Domhnaill, Mac Uí Dhomhnaill ag an am, a bhí ina cheann feadhain ar an tionscadal. Ba é a chuir iallach ar scoláire, nó ar scoláirí, Gaeilge a chur ar an gcuid sin de sheanchas an naoimh ‘dobi alaidin’, agus a raibh ‘gocruaidh angaidilg’ de a chur ‘ambuga’, nó a athnuachan, ‘innus | gombEith si solus sothuicsEna docach uile’ (§10). Tugtar le fios sa mbrollach gurbh é Máнас féin a thiomsaigh agus a thionóil a raibh de Bheatha an naoimh ‘sprEite | arfEdh shEnlebor ereann’ agus a chuir an t-iomlán — bailiúchán, aistriúchán agus athnuachan — in ord agus in eagar go cróineolaíoch mar a faightear inniu iad (§11).

Is i mbrollach an téacs chomh maith a faightear léargas ar thucaid nó ar *causa scribendi* an téacs. Áitítear gur le teann dúthrachtach dá fhear gaoil agus dá naomhphátrún a thionscain Ó Domhnaill tionscadal BCC (§12). Deirtear ann gur leagan easnamhach de Bheatha Cholm Cille a bhí ar fáil san am (§8). Bhí cuid de sa mblogh beag den *VitaCol* a raibh fáil air; cuid eile de i nGaeilge chrua fhilí na nGael,

¹ Áitíonn McCarthy gur sa mbliain 593 a cailleadh Colm Cille (2015), áitiú a thagann salach ar BCC, agus ar an mbliain a thugann eagarthóirí *VitaCol* (xxviii) agus Herbert (1988:27), AD 597.

² Is d’eagrán Stokes (1899) de *AmraCC* a déantar tagairt sa tráchtas seo. Tá eagrán eile den téacs le fáil in Crowe (1871), Bernard agus Atkinson (1898:162–83), Clancy agus Márkus (1995:96–128), Henry (2006), agus tá eagrán criticiúil nár foilsíodh fós in Bisagni (2008).

agus cuid eile fós di breactha ar fud na seanleabhar (§8). Ba ar mhaithe le scéal scaipthe scáinte a naomhéarlaimh a chruinniú agus a chóiriú in aon ollsaothar cuimsitheach amháin a chuir Máнас BCC á déanamh.

Tugtar léargas thíos ar na foinsí a bhailigh Máнас agus a bhuíon scoláirí dá saothar. Pléitear an t-aistriúchán a rinneadh ar an leagan den *VitaCol* a d'aimsigh siad, agus tugtar léargas ar a ndearna scoláirí Mhánais le Gaeilge chrua na bhfilí. Ina theannta sin, fiosraítear an ról a bhí ag Máнас féin i dtiomsú na Beatha. Déantar iarracht ar a ghlór a aimsiú sna foinsí a d'ullmhaigh a scoláirí, agus tugtar cuntas gearr ar a bhfuil d'eolas againn ar a shaol, a shaothar, agus ar a ghníomhartha in am tiomsaithe BCC.

2.1 Na Foinsí

Is í an *VitaCol* an t-aon fhoinse a bailíodh do thionscadal BCC a ndéantar tagairt di sa mbrollach (§8), agus is í an fhoinse is minicí í a ndéantar tagairt dhíreach di sa téacs.³ Mheas eagarthóirí BCC nárbh í an leagan iomlán den *VitaCol* a bhí faoina lámh ag aistritheoir Mhánais (BCC xli). Thug siadsan faoi deara gur mhinic cosúlacht idir BCC agus leagan coimrithe den *VitaCol* atá sa lámhscríbhinn dá ngairthear LS Z 3.1.5 atá i Leabharlann Marsh i mBaile Átha Cliath (*Codex Kilkenniensis*)⁴ — an t-aon lámhscríbhinn a breacadh in Éirinn a bhfuil téacs Adamnáin inniu inti (Sharpe 1990:604). Bheacthaigh Sharpe tuairim na n-eagarthóirí in alt leis ina ndearna sé staidéar ar riar d'ainmneacha pearsanta agus de logainmneacha na dtéacs. Mhaígh seisean, de bharr a scrúdaithe, go gcaithfeadh sé gurbh é an leagan den *VitaCol* atá sa *Codex Kilkenniensis* a aistríodh do shaothar Mhánais (Sharpe 1990:605). Ina theannta sin, léirigh sé gur dócha gur as an mbailiúchán Beathaí Naomh a caomhnaítear sa lámhscríbhinn chéanna sin a tógadh cuid mhaith de Bheathaí Naomh eile a ndéantar tagairt dóibh in BCC (Sharpe 1990:605).

Ní aistriúchán lom díreach a rinneadh ar an *VitaCol*. Léirigh staidéar Uí Fhiannachta, ar chuid de na scéalta a aistríodh do BCC, an modh oibre a lean an té a d'aistrigh (Ó Fiannachta 1985). In ainneoin go ndéantar mionathruithe i gcuid de na scéalta, go gcuirtear leo nó go mbaintear uatha, mheas Ó Fiannachta nár athraíodh ó bhonn iad (1985:27). Is iondúil gur i ndeireadh scéil a faightear ábhar breise a cuirtear

³ §46, 63, 72, 225, 238, 243, 269, 280, 295, 304, 312, 362, 363, 367, 369, 370, 375, 376, 406.

⁴ Tugtar grinnthuairisc ar an lámhscríbhinn seo in Sharpe (1991:94 ff.)

le focail Adamnáin agus é mar a bheadh tráchtairacht nó conclúid ann ar a ndeirtear sa scéal féin. In ainneoin gur rídheacair deireadh an aistriúcháin agus tús an chineáil seo tráchtairachta a aimsiú, mheas Ó Fiannachta gur sna giotaí úd is fearr atá aigne an údair, Mánas Ó Domhnaill dar leis, á nochtadh (1985:27).

Is díol suntais iad na glórtha éagsúla a cloistear sna scéalta a aistríodh ón *VitaCol*, dar liom. Bíodh is gur cosúil gurb í an *VitaCol* is foinse do thuairim is 100 alt de BCC,⁵ nó thart ar an gceathrú cuid dá bhfuil d’ailt ar fad inti, ní déantar tagairt dhíreach d’Adamnán ná dá leabhar ach i scór alt díobh.⁶ Is minic dá réir sin gur deacair an t-aistriúchán a rinneadh ar ghlór Adamnáin agus glór údar na séú haoise déag a dhealú óna chéile sna scéalta úd nach bhfuil aon tagairt leo. Is sampla maith dá leithéid a bhfuil in §229, scéal a tuairiscítear dúinn i nglór údarásach an aithriseora ilfhiosaigh. Is scéal é seo a dhéanann cur síos ar mhanach a lean Colm Cille i ngan fhios agus a chonaic aingil os cionn an naoimh agus é ag guí ar chnocán ar Oileán Í. Mórtar ainm Dé agus Cholm Cille i ndeireadh an scéil, mar is gnách sa téacs, ach cuirtear drioball eile leis nuair a déantar dearbhú ar ar tháinig roimhe:

Et daderbudh sin goirthEr cnocan na na | ingel aniugh doncnocan *sin* inabfhaca
in | manuch nahaingle timcell.c.c.§229:232:4

Ar chomparáid a dhéanamh idir an dúnadh seo agus a bhfuil sa scéal céanna sa *VitaCol* (iii:16), feictear gurbh é saothar Adamnáin féin, seachas Mánas nó a aistritheoir, a rinne dearbhú ar an scéal. Go deimhin, ‘Cnocan | nanaingheal’ a tugtar ar an áit sa leagan den *VitaCol* a bhí ag Mánas freisin (*Codex Kilkenniensis*, f.40rb18–19), seachas ‘Cnoc angel’ mar atá san eagrán. Is léir gurb é glór Adamnáin, agus a chuid smaointe, atá i bhformhór an scéil agus gurb ionann an ‘aniugh’ a luaitear ann agus inniu na seachtú haoise.

Bíodh is gurb iondúil gur aistriúchán díreach a déantar ar ghlór tuairisciúil Adamnáin in BCC, ní i gcónaí a déantar amhlaidh. Tá sé cinn déag de scéalta sa téacs ina gcuireann glór eicint eile cuid de leabhar Adamnáin inár láthair.⁷ Deirtear go glan gléineach sna scéalta seo gurb iad focail Adamnáin atá á reic ag an nglór nua. Is é an múnla céanna a úsáidtear iontu i gcónaí: tugtar abairt nó dhó dúinn, i dtús an scéil go

⁵ §46, 60, 63, 69, 70, 72, 79, 95, 97, 100, 142–145, 147, 148, 225–239, 243–247, 258–274, 280–314, 357–363, 367, 369, 370, 375, 376, 406, 433.

⁶ §46, 63, 72, 225, 238, 243, 269, 280, 295, 304, 312, 362, 363, 367, 369, 370, 375, 376, 406.

⁷ §46, 63, 72, 225, 238, 243, 269, 280, 295, 304, 312, 362, 363, 369, 370, 406.

minic, ar insint indéreach í ar an aistriúchán a cuireadh ar leabhar Adamnáin, sula n-iompaítear in athuir ar an nglór ilfhiosach sa gcuid eile den scéal. Ní glór a cloistear sna scéalta seo ach glórtha. Is sampla mar é an scéal atá in §46 a insíonn dúinn faoi aingeal a tháinig chomh fada le máthair Cholm Cille gur inis di go mbéarfadh sí mac. Insint indéreach ar chaint Adamnáin a chuireann tús leis an scéal:

Ata adamnan naemtha gamebrugadh gor | foillsigh aingeal dé é fein uair eli domathair.c.c.na | codlud 7 hí torrach ar.c.c.fEn 7 gurthaisben se | tuáille di 7 ilradh gachadatha and 7 baladh gach | mEsa 7 gachablatha 7 gachanEich degbholaídh air§46:32:10

Ar chríochnú na habairte sin, filleann glór tuairisciúil an ghnáthastriúcháin:

7 dolEc tamall arlar nafiadnaise é 7 dotog | aib se IEis uaithe arís é 7 armbreith antu | áille uaithe dogab toirre 7 dobron mor | hi§46:32:14

Faoi dheireadh an scéil ní fios an é Adamnán, Mánas, nó a aistritheoir, atá i bhfolach ar chúl na cainte seo a thugann léargas dúinn ar aigne Eithne tar éis na taispeána:

7 dobi sí gocuramach deisgridEch | umal agsErbis 7 agfritolum dontoirrchEs | sin dobi aice osin amach 7 docoimhed si anradarc | sin tuc antaingel dí inacroide 7 inahinntinn gofoirfe§46:32:32

Cuirtear an t-aistriúchán a rinneadh ar an *VitaCol* inár láthair ar an tríú bealach i gceithre scéal eile nuair a cuirtear focail an aistritheora i mbéal Adamnáin féin.⁸ Is i ndeireadh BCC, sa tuairisc a tugtar ar bhás agus ar adhlacadh Cholm Cille (§362–376), a cloistear caint dhíreach seo Adamnáin. Níl aon dabht ach gurb é údar an *VitaCol* atá le cloisteáil sa sampla seo a cuireadh i dtús an bhailiúcháin scéal faoi bhás an naoimh:

Tancamar aralan | docomhradh 7 dobriathraibh.c.c.conicisin bar adha | mhnan 7 asEcen duin crich docur orra anos | oirnirlabair.c.c.Enfhocal ósin amach no cofuair sé | bás§362:412:19

Is é an glór céanna a cloistear i ndeireadh an charnáin scéal nuair is ag Adamnán a fágtar an chéad fhocal agus an naomh curtha:

⁸ §362, 367, 375, 376.

IS follus duinn ass so 7 asgac ní eli darlabhrumar | arfedh nabEthadhsa anuas
baradamhnan go | raibe cin romhor 7 gradh imarcach acdía ara | óclach 7
arasErbfhogantaidhe dilEss fÉin§376:426:8

Is suimiúil an ní é, dar liom, gur sa gcuid seo den téacs amháin a cloistear glór údarásach Adamnáin. Ní glór tuairisciúil neamhphearsanta a dhéanann cur síos ar bhás an naoimh ach glór bríomhar daonna a chuala na scéalta ó dhaoine a bhí i láthair ag an am más fíor (§363). Is gaire an léitheoir do bhás Cholm Cille de bharr fhocal Adamnáin; beonn a urlabhra, nár cluineadh go díreach go dtí sin, an t-eachtra is tábhachtaí in BCC ar fad b'fhéidir. Ní naomh naomh go gcailltear é.

Ní hamháin go dtarraingíonn glór Adamnáin aird ar eachtra faoi leith, ach ceanglaíonn a fhocal an leabhar a dheacht seisean ar shaol an naoimh leis an leabhar nua a bhí á dheachtadh ag Mánas. In ainneoin gur dhá leabhar ar leith iad, ba chuid d'aon Bheatha amháin iad. Is i leabhair Cholm Cille a bhí a Bheatha le fáil sular loisc na Gaill iad a deirtear linn sa mbrollach (§9); níl fanta anois dá Bheatha ach ar cruinníodh i saothar nua seo Mhánais.

Leabhar eile a chaomhnaigh cuid de Bheatha an naoimh ab ea Beatha Mheán-Ghaeilge Cholm Cille (*MeánBCC*) a cumadh sa dara haois déag a ceaptar (Herbert 1988:192). Bíodh is nach luaitear go sonrath an téacs i mbrollach BCC, is cinnte go raibh leagan eicínt de ag scoláirí Mhánais agus é ar cheann de na téacsanna siúd a bailíodh a bhí 'gocruaidh angaidilg' (§10). Ní fios go baileach cén leagan de *MeánBCC* a bhí ar aghaidh scoláirí Mhánais, ach dealraíonn sé nach raibh mórán idir é agus leagan áirithe de ar cuireadh ábhar breise leis agus ar faide é ná an bunleagan (Herbert 1988:215). Maireann an leagan leasaithe seo den téacs in dhá lámhscríbhinn agus LCS, a breacadh amach ó chósta Thír Chonaill i dtús na séú haoise déag, ar cheann acu (Herbert 1988:215). Mheas eagarthóir an téacs gur dócha gur chóip eicínt a bhí gar i ngaol leis an leagan atá in LCS a bhí ag buíon léinn Mhánais (Herbert 1988:216).

Fearacht BCC, bhraith cuid mhór d'ábhar *MeánBCC* ar an *VitaCol* (Herbert 1988:182; Brüning 1917:272). Is minic dá réir go raibh dhá leagan den scéal céanna ag lucht tiomsaithe BCC agus an saothar á chur i dtoll a chéile. Tharraing eagarthóirí BCC aird ar dhá insint d'fhís a taispeánadh do mháthair Cholm Cille atá i dtús an téacs (§45–46). Mheas siadsan gur as an *VitaCol* (iii:1) a tógadh leagan de na físeanna (§46),

agus gur leagan athnuaite d'aistriúchán Meán-Ghaeilge ar an scéal céanna a bhí sa dara leagan (§45 = *MeánBCC* §18). Ní taobh leis an sampla seo athráite atá BCC. Níl de dhifríocht idir an dá mhíorúilt a tugtar in §86 agus in §269 ach logainm: in Albain a tharla an mhíorúilt atá in §269, ar aistriúchán de scéal é atá sa *VitaCol* (ii:10), ach is é Doire, mar is dual, suíomh na míorúilte sa leagan den scéal a tarraingíodh as *MeánBCC* (§34).

Is iondúil, mar sin féin, nach bhfeictear faoi dhó an scéal céanna in BCC ach go gcloítear den chuid is mó le haon leagan amháin. Tarlaíonn sé gur minic leagan aistrithe de scéal as an *VitaCol* á thabhairt san áit a raibh a mhacasamhail in *MeánBCC*.⁹ Is sampla mar é an scéal atá in §70 faoi dhrochdhuine a maraíodh le teann mallachta Cholm Cille. Ní gan údar a cuireadh an mhallacht ach de bharr gur mharaigh an drochdhuine maighdean óg a bhí faoi choimirce Cholm Cille agus a mháistir scoile. Ní tugtar ach cnámha an scéil sa leagan de atá in *MeánBCC* (§25) le hais an leagain dhrámatúil a tugtar sa *VitaCol* (ii:25). Tugtar dlisteanas do mharú an dúnmharfóra sa *VitaCol*, nár cuireadh in *MeánBCC*, áit a ndéantar comparáid idir an marú agus ar tharla do Ananias sa Tiomna Nua; fear eicínt nár bhronn a mhaoín ar Pheadar (Gníomhartha na nAspal, 5:5). Is léir ón gcríoch a cuirtear ar leagan BCC den scéal gurbh í insint Adamnáin ar an eachtra a leanadh:

arinponcsin féin | fuair se bas inafiadhnuise tremallachtain .c. | .c.amail fuair
anníás bas abfiadhnaise petair gormo | radh ainm de 7 .c.c.de sin§70:56:16

Is suimiúil an bhrí a bhain scoláirí Mhánais as a fhoráil, an Ghaeilge a bhí go crua a bhogadh (§10), agus cuid den fhilíocht atá in *MeánBCC* á láimhseáil acu. Cuirtear rann filíochta i mbéal ceathrar den chúigear naomh a dhéanann tairngreacht ar theacht Cholm Cille in *MeánBCC* agus údarás na filíochta mar dhearbhu ar fhírinne na fáidheoireachta (*MeánBCC* §13–16). Tugtar tairngreacht na naomh seo in BCC chomh maith agus lorg *MeánBCC* á leanacht aici (BCC §24–25, 35, 40). Feictear patrún áirithe sa gcóiriú a cuireadh ar na tairngreachtaí in BCC. Seachas athnuachan a dhéanamh ar na ranna, a bhí i nGaeilge chrua na bhfilí, tugadh éirim an scéil i bprós rompu agus breacadh an rann mar a bhí sé sa mbunfhoinsé ar a lorg. Léiríonn an

⁹ BCC §69 = *VitaCol* ii:1 = *MeánBCC* §24; BCC §79 = *VitaCol* ii 3 = *MeánBCC* §33; BCC §290 = *VitaCol* ii:32 = *MeánBCC* §54; BCC §261 = *VitaCol* ii:30 = *MeánBCC* §56; BCC §237 = *VitaCol* i:28 = *MeánBCC* §58; BCC §358 = *VitaCol* iii:23 = *MeánBCC* §61; BCC §361 = *VitaCol* iii:23 = *MeánBCC* §62; BCC §363 = *VitaCol* iii:23 = *MeánBCC* §64.

tairngreacht a rinne Naomh Mochta ar theacht Cholm Cille an t-athrú a cuireadh ar a scéal in BCC. Is i rann filíochta atá an tairngreacht a rinne Mochta ar theacht Cholm Cille in *MeánBCC* (§13); tugtar an rann céanna sin in BCC ach go gcuirtear an méid seo roimhe:

isannsín adered mochta riu Geinfidhear | macam sanaird tuaidh 7 crEidfid
 erennaigh | 7 alpánaig 7 iarthar domain uili do 7 is naon | oír dobErimsi
 mhagaidh budh tuaidh ar se ag den | am murnaídhte 7 bud colam.c.aainm gonadh
 | airisín dorinde anrandsa§24:10:30

Níorbh í filíocht *MeánBCC* amháin a cuireadh i bprós is cosúil. Rinne Ó Fiannachta comparáid idir scéal atá in BCC (§124) agus dán mar é atá sa lámhscríbhinn dá ngairthear Laud 615 (lth 5) atá i Leabharlann Bodley; scéal a thráchtann ar fhear muinteartha do Cholm Cille a tháinig ina aice go bhfionnadh sé fad a shaoil uaidh. Léirigh comparáid Uí Fhiannachta gur lean prós BCC an dán den chuid is mó, ach gur athraíodh struchtúr na hargóna de bheagán (1985:17). D’fhéadfadh sé go ndearnadh amhlaidh le scéalta eile atá in BCC ach is minic gur deacair an fhilíocht a cheangal chomh dlúth sin leis an scéal próis.

Is beag an t-iontas é gur tábhachtach an fhoinsé í an fhilíocht i mBeatha naomhphátrún na ceirde céanna sin. Thabharfadh a bhfuil d’fhilíocht sa saothar le tuiscint go raibh fáil ag scoláirí BCC ar dhíolaim thoirtiúil dán. Mheas O’Sullivan agus Herbert (1973:179), agus Ó Fiannachta (1985:15), go mb’fhéidir gur mar chuid dá dtionscadal a tiomsaíodh an lámhscríbhinn a luadh thuas, Laud 615; lámhscríbhinn a breacadh am eicint sa séú haois déag (Ó Cuív 2001:89–90). Tharraing O’Sullivan agus Herbert aird ar mhíshlachtmhaireacht na lámhscríbhinne, ar a drochphár agus a cuid bileog aimhrialta, agus í mar a bheadh cóipleabhar scoile ann (O’Sullivan agus Herbert 1973:179). Níl d’ábhar sa lámhscríbhinn ach filíocht a leagtar ar Cholm Cille nó a cumadh ina onóir.¹⁰ As na 245 rann filíochta a chomhairimse in BCC, feicim leagan gaolmhar de 104 rann acu i ndánta éagsúla atá in Laud 615. In ainneoin a bhfuil d’fhilíocht in Laud 615, ní taobh léi a bhí scoláirí Mhánais dá n-ábhar filíochta.

Ar cheann de na dánta is tábhachtaí atá in Laud 615, tá cóip de *AmraCC* (Laud 615, lth 42:11), dán a dtugtar urraim faoi leith dó in BCC (Rekdal 2002). I dteannta

¹⁰ Tá eagrán nár foilsíodh de dhánta Laud 615 in Herbert (1970). Pléitear téama coitianta atá i ndánta Laud 615, an deoraíocht, in Herbert (2005).

an dáin féin, tá dhá bhailiúchán mór rann a cuirtear faoi na teidil ‘roinn deismireachta nahamhra’ (Laud 615, lth 49:9), agus ‘roinn na hamra ar .c.c.’ (Laud 615, lth 51:12). Is ranna iad seo a faightear sa tráchttaireacht agus sna nótaí a cuireadh le *AmraCC* in imeacht ama.¹¹ D’fhéadfadh sé gur ag freastal ar BCC a bhíothas nuair a tiomsaíodh na bailiúcháin óir is minic leathcheann na rann a cruinníodh iontu le feiceáil sa téacs.¹²

In ainneoin na cainte a tharraingíonn *AmraCC* in BCC, is beag aird a tugtar ar théacs an dáin féin. Is mó i bhfad an tsuim a chuir lucht tiomsaithe an téacs ina thráchttaireacht, sa seanchas a bhain le cumadh an dáin (§336, 338–339), agus sna scéalta a mhair faoina chumhacht (§337, 435). Thabharfadh tagairt dhíreach a déantar do *AmraCC* in dhá ionad in BCC le tuiscint gur mhó a bhí in *AmraCC* ná dán. Ní dán ná duan a tugtar air in §364 ná in §366 ach leabhar.

Tá scéalta áirithe faoi Cholm Cille in BCC nach bhfuil aon trácht orthu in *VitaCol*, *MeánBCC*, ná sa mbailiúchán filíochta atá in Laud 615. Is dócha gur as seanleabhair Éireann, mar a deirtear sa mbrollach (§11), a tarraingíodh cuid mhaith de na scéalta, fearacht *Cath Cúla Dreimhne* (§168–178), *Tromdhámh Guaire* (§157), agus an leagan den scéal *Merugad Cléireach Choluim Chille* atá in §355.¹³ D’fhéadfadh sé chomh maith, ar ndóigh, gur sa seanchas béil a frítheadh riar de na scéalta nach bhfuil a rian le fáil i seanchas seanleabhar anois, go háirithe na scéalta úd a thráchtann ar bhreith, ar óige, agus ar ghníomhartha Cholm Cille i dTír Chonaill (*m.sh.* §51, 58, 113). Is rídheacair é, áfach, mar a léirigh Szövérfy (1956), scéalta mar iad a aimsiú go cinnte.

Is léir ón spléachadh a tugadh thuas ar fhoinsí BCC gur liosta le háireamh ar bhailigh agus ar chóirigh scoláirí an téacs d’ábhair. Ba é Mánas Ó Domhnaill féin, a deirtear sa mbrollach (§11), a chuir eagar ar ar chruinnigh siad de scéalta, a roghnaigh a n-ionad sa téacs, agus a dheacht as a bhéal féin iad. Ina ainneoin sin, is deacair glór údarásach an deachtóra a aithint sa téacs uaireanta. Ní glór aonúdar a cloistear in BCC ach glórtha, glórtha a mheabhraíonn dúinn a bheith amhrasach ar an ról lárnach a bhronn breacadóir an bhrollaigh ar Mhánas.

¹¹ Faightear léargas ar an tráchttaireacht seo in Herbert (1989) agus in Russell (2014).

¹² *m.sh.* §335:356:31 = Laud 615, lth 52:2; §338:360:16 = Laud 615, lth 51:16; §374:424:18 = Laud 615, lth 51:14.

¹³ Tá an leagan den téacs *Cath Cúla Dreimhne* atá in LCS in eagar ag Walsh (1926); déantar plé ar an leagan de *Tromdhámh Guaire* a cóiríodh do BCC in Ó Béarra (2013); agus pléitear gaol scéal §355 leis an téacs *Merugad Cléireach Choluim Chille*, agus le leaganacha eile de, in Murray (2014: 762–67).

2.2 Mánas Ó Domhnaill

Bíodh is go bhfuil tuairisc le fáil sna hannála agus sna páipéir stáit ar ghníomhartha Mhánais Uí Dhomhnaill ón mbliain 1510 go dtí a bhás sa mbliain 1563 (*AnnálaRE* 1594), is beag é ár n-eolas ar a óige, air féin ná ar a mheanma.¹⁴ Ní fios cén bhliain ar rugadh é; ní heol dúinn go cinnte ar cuireadh scoil air agus go deimhin féin, ní fios an raibh scríobh ná léamh aige. Ach in ainneoin ár n-aineolais, tá cáil ar Mhánas Ó Domhnaill mar údar, mar fhile, agus mar pholaiteoir cumasach (Bradshaw 1979; Mac Craith 1990:59–90).

Ar bhás a athar, Aodh Dubh Ó Domhnaill, sa mbliain 1537, a gaireadh Ó Domhnaill de Mhánas (*AnnálaRE* 1438; *AConn* 704; *AU^l* iml. iii, 615). Bhí sé ina chogadh i dTír Chonaill le sé bliana roimhe sin, áit a raibh Mánas in árach a athar agus a dhearthár féin, Aodh Buidhe (†1538 *AnnálaRE*), faoi cheannas na dúiche (*AnnálaRE* 1404–06; *AConn* 676; *AU^l* iml. iii, 581).¹⁵ Ba le linn an chogaidh seo a léirigh Mánas a chumas polaitíochta agus é ar thóir comhghuaillí dá fheachtas comharbachta. Rinne sé teagmháil le Séamas V, Rí Alban, sa mbliain 1534 ar thóir cúnaimh agus cairdis (Cathcart 2007:132); cothrom na bliana céanna a d'éirigh leis tacaíocht a fháil dá fheachtas ó namhaid mór a mhuintire, Conn Bacach Ó Néill (Brewer agus Bullen 1867:53; *AnnálaRE* 1426), agus is dócha gur cothrom an ama chéanna a phós sé deirfiúr Choinn Bhacaigh, Siobhán (†1535 *AnnálaRE*). Más fíor do pháipéir stát na dTúdarach é, ba í tacaíocht Choinn Bhacaigh a sheas d'fheachtas Mhánais sa deireadh: 'O'Donnell is deceased, whose place Manus his son has obtained by the assent of that country and the favours of [Conn Bacach] O'Neale' (Brewer agus Bullen 1867:125).

Is i dtreis a chuaigh aontas Uí Dhomhnaill agus Uí Néill nuair a rinneadh Ó Domhnaill de Mhánas. Chuaigh Ó Néill ar cuairt chuige go Dún na nGall faoi Cháisc na bliana 1539, áit ar cheangail siad a gcumann agus a gcairdeas le chéile 'amhail as deach & as daingne ro fhédsat' (*AnnálaRE* 1450). An Fómhar dár gcionn, bhí siad

¹⁴ 1510 an chéad bhliain a luaitear Mánas in *AnnálaRE* (1308). Deirtear ansin gurbh é a fágadh i gceannas nuair a chuaigh a athair, Aodh Dubh, ar oilithreach. An bhliain dár gcionn an chéad tagairt do Mhánas in *AConn* (616) agus in *AU^l* (Iml. iii, 496) ach ní luaitear Mánas a bheith i gceannas.

¹⁵ Tugtar míniú ar an gcogadh in *AnnálaRE* nach bhfuil in *AConn* ná in *AU^l*. Deirtear in *AnnálaRE* gur ag iarraidh suíocháin a dhéanamh idir Mánas agus a chuid deartháireacha a bhí Aodh Dubh nuair a thosaigh an seliúchas sa mbliain 1531. Bhí imní ar a chlann mhac, a deirtear, nach mbeadh aon deis acu féin a theacht i gcomharbachta a n-athar de bharr chluí agus cáil Mhánais. Is cosúil go raibh an té a bhreac an iontráil seo in *AnnálaRE* báúil le Mánas; pléitear an léiriú fábhreach a déantar ar Mhánas in *AnnálaRE* in Cunningham (2010:191–200).

beirt ag déanamh ar an bPáil agus iad ina gceannfoirt ar an gcomhghuaillíocht ar ar tugadh Cumann na nGearaltach; an chéad bhuille aontaithe de chuid na nGael in aghaidh Stát na dTúdarach (Bradshaw 1979:32).

Maíodh gurbh é cosaint oidhre óg na nGearaltach, Gearóid, agus a athchur i gcumhacht ab aidhm don Chumann (Carey 2002:44). Is mar chuid d’fheachtas seo an Chumainn a phós Máнас Eileanóir Nic Gearailt, iníon Iarla Chille Dara, a raibh an t-oidhre óg faoina cúram.¹⁶ Ceaptar, más fíor, gur ag mealladh Eileanóir a bhí Máнас nuair a chum sé an dán dar tús *Cridhe so dá ghoid uainne* (Ó Tuama 1988:36), ceann de na cúig dhán a leagtar air sa gnuasach filíochta a d’fhoilsigh O’Rahilly, *Dánta Grádha* (1926). Is iad na dánta seo a d’fhoilsigh O’Rahilly a tharraing cáil an fhile ar Mhánas, in ainneoin nach luaitear ainm, log ná dáta sna dánta féin.¹⁷

Is díol suntais é gur sa mbliain 1532, i gceartlár na troda agus na polaitíochta, a chuir Máнас críoch ar an leabhar ab fhaide a scríobhadh go dtí sin i nGaeilge, BCC (Ó Fiannachta 1985:11). Mar a luadh thuas, mínítear go soiléir gléineach i mbrollach an téacs gur faoi stiúir Mhánais a cuireadh BCC á déanamh, gurbh eisean a chuir in eagar ar bhailigh a scoláirí d’ábhar, agus a dheacht an t-iomlán as a bhéal féin (§11). Ó aimsir Ware (1639) agus Mhac Colgan (1647) i leith, ghlac cuid mhaith leis gurbh ionann an té a dheacht BCC agus a húdar (Bradshaw 1979:25; Ó Fiannachta 1985:27; Mac Craith 1990:59).¹⁸ Is léir, dá réir, gur chreid siad go raibh an té a bhreac BCC ionraic nuair a scríobh sé gurbh é Máнас a dheacht agus a chuir eagar ar an téacs. Bheinnse, mar a bhí Walsh (1929) agus Mac Giolla Chomhaill (1981:22) romham, níos amhrasaí ná iadsan faoi ionracas an bhreacadóra. Is deacair, dar liom, a chreidiúint gur chaith Máнас cuid mhaith dá chuid ama ag bailiú scéalta faoi Cholm Cille as seanleabhair agus cath a shocródh comharba a athar á chur.

In ainneoin nach dóigh liom gur féidir an scoláireacht ná an smaointeoireacht atá in BCC a leagan ar Mhánas Ó Domhnaill, is díol spéise é mar sin féin gur mhian leis a chur ina luí ar léitheoirí an téacs go raibh ról lárnach aige féin i dtiomsú an tsaothair. Cá bhfios nárbh í caismirt na linne a spreag a mhian agus gurbh iarracht é ar ghaisce léinn a athar, Aodh Dubh, a shárú? Bhí cáil ar athair Mhánais agus ar a

¹⁶ Faightear eolas ar Léig na nGearaltach agus léamh ar ghníomhartha polaitiúla Mhánais lena linn in Bradshaw (1979a:174–85).

¹⁷ Déantar plé ar Mhánas an file in Rekdal (2007:113–14).

¹⁸ Is cosúil gurbh ionann údar agus an té a dheacht téacs ag lucht scríofa BCC freisin: ‘bloidh m-big donlebar dodecht adham | nan naEmtha alaidin’ (§8:4:33).

sheanathair, Aodh Ruadh, mar bhailitheoirí leabhar, agus mar phátrúin léinn agus eaglasta (Cunningham agus Gillespie 2013; Ó hUiginn 2015); fuair Máнас an barr orthu nuair a rinne sé naomhsheanchaí de féin (Rekdal 2007:115).

Is idir na blianta 1531 agus 1540 a scríobhadh na foinsí a chruthaigh an Máнас Ó Domhnaill a bhfuil cáil inniu air. I gcaitheamh na mblianta seo a feictear i mbun filíochta é agus ba le linn na tréimhse céanna ba mhó a thionchar ar pholaitíocht na tíre. Laghdaíodh ar a chumhacht agus ar a thábhacht, ní hamháin in Éirinn, ach taobh istigh dá chríocha féin i dTír Chonaill i ndiaidh an ama seo. Is ar a chosaint a bhí Máнас ón mbliain 1540 amach; ar rialtas na dTúdarach, agus ar a mhac féin, Calbhach Ó Domhnaill (†1566 *AnnálaRÉ*), a chloígh faoi dheireadh é sa mbliain 1555 (Bradshaw 1979:33). Ní fios cén chaoi ar chaith Máнас a shaol ón mbliain sin ar aghaidh nó gur cailleadh i Leifear é sa mbliain 1563 (*AnnálaRÉ* 1594) sa gcaisleán céanna inar críochnaíodh BCC.

2.3 Rawlinson B 514

Is lámhscríbhinn uasal sholéite shnasta í Rawl. Ochtú bileog mór de thogha an pháir atá ar fad inti agus iad roinnte go soiléir in dhá chuid (Ó Cuív 2001:261–74). Is sa gcéad chuid den lámhscríbhinn, f.1r–f.60r,¹⁹ a breacadh BCC, agus é ar lorg phortráid ildathach ornáideach de Cholm Cille atá i dtús na lámhscríbhinne.²⁰ Is bailiúchán toirtiuil dánta ar Mhuintir Uí Dhomhnaill atá sa dara cuid de, f.61r–f.78v, a bhfuil blogh beag de théacs próis dar tús ‘Buándacht bona ídomhnaill ar cúiceadh Uladh’²¹ ina gceartlár (f.67v21). Bíodh is nach fios go cinnte cé dó nó di a breacadh Rawl., ná bliain a breactha, is léir as a hábhar, a dearadh agus a déanamh, gur do Dhálach acmhainneach eicínt a breacadh í.

Is dócha, mar a léireofar thíos, gur ag duine de Mhuintir Uí Dhomhnaill a bhí Rawl. i dtús na seachtú haoise déag. D’éirigh le James Ware greim a fháil ar an

¹⁹ Is é 17 a leanann 15 sa tsraith uimhreacha a breacadh sa lámhscríbhinn (Ó Cuív 2001:261). Is é uimhriú dearmadach na lámhscríbhinne a leantar sa tráchtas seo. Tá dhá shraith uimhreacha le feiceáil ar na bileoga a leanann BCC in Rawl.; sraith díobh a breacadh le dúch a leanann Ó Cuív ina chuntas catalóige (1–16), agus sraith eile a breacadh le peann luaidhe a leantar ar www.images.ox.ac.uk agus íomhánna Rawl. á gcur i láthair (61–76). Is iad uimhreacha an phinn luaidhe a leantar sa tráchtas seo.

²⁰ Pléitear stíl ealaíne na portráide in Henry agus Marsh-Micheli (1987:807–9), agus in Hourihane (2007:322).

²¹ Tá an téacs i gcló in Fraser, Grosjean, agus O’Keefe (1934: 29–30). Tá an blogh céanna den téacs le fáil ar f.64v1 den lámhscríbhinn dá ngairthear G 1 atá i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

lámhscríbhinn am eicint le linn an chéid sin.²² Ní fios go díreach cén uair a fuair Ware greim ar Rawl., ach is cinnte go raibh sí ina sheilbh sa mbliain 1648 óir luaitear í sa gcatalóg dá lámhscríbhinní a foilsíodh i mBaile Átha Cliath an bhliain chéanna sin (Ware 1648:8). Is i ndeireadh na seachtú haoise déag a thug Rawl. a cúl le hÉirinn nuair a dhíol Robert Ware bailiúchán lámhscríbhinní a athar, am eicint idir 1685 agus 1687 (O’Sullivan 1997:73).

2.3.1 An scríobhaí

Is aon scríobhaí amháin a bhreac bunáite Rawl. i leagan soléite den mhionscript fhoirmeálta Ghaelach,²³ an stíl pheannaireachta is coitianta i lámhscríbhinní Gaelacha a breacadh idir an dara haois déag agus tús na seachtú haoise déag (Breatnach 2013a:74). Bíodh is nár bhreac an scríobhaí a ainm in Rawl., chreid a cláraitheoir, Brian Ó Cuív, gurbh ionann é agus Giolla Riabhach (Mór) Ó Cléirigh:

He did not identify himself, but the hand is that of *Giolla Riabhach (Mór) Ó Cléirigh* who wrote Brit[ish]. Lib[rary]. MS. Harl[ey]. 5280 (see *BLib. Cat.* ii (926), pp. 298–300). The same hand is seen in T[rinity]C[ollege]D[ublin] MS. 1319 (H. 2. 17), pp. 382 *bis.*–385, which consist of two separate leaves of vellum which, I believe, may have formed part of a personal *duanaire* of Magnus Ó Domhnaill. (Ó Cuív 2001:262)































Is beag dabht, dar liom, ach gurb ionann an lámh a bhreac Rawl. agus lámh an Ghiolla Riabhaigh atá in Harley 5280.²⁴ Bíodh is nach ionann ábhar, dearadh, ná pátrúin na lámhscríbhinní sin,²⁵ is é an leagan glan néata céanna den mhionscript fhoirmeálta atá iontu. Is ionann dreach a bpeannaireachta, agus is cosúil déanamh a litreach mar a léirítear sa mbailiúchán samplach ceannlitreacha, giorrúchán, agus nasclitreacha atá sa tábla thíos:

²² Faightear léargas ar James Ware, agus ar a cheangal le scoláirí Gaelacha, in Ó Muráile (1996:247–59), agus in Empey (2014).

²³ ‘formal minuscule or book hand’ a thugann Breatnach ar an script (2013:16). Faightear léargas ar thréithe na scripte, agus ar a fhás agus a fhorbairt in Breatnach (2013a; 2015), agus in Duncan (2010).

²⁴ Tá cur síos ar Harley 5280 agus a scríobhaí in Flower (1926:298–323), agus in Carey (2014:2–10).

²⁵ Is dó féin a bhreac Ó Cléirigh Harley 5280 a deir sé i gcolafan dá chuid: ‘*Oraid aranmain antruaghain scribas ancuilmeann so dó fEn .i. gilla riabach mac † tuatail meic taidc caim iclErich 7 tabradh cEch oen diafoigEna inoraíd don scribnidh*’ (f.76v).

Harley 5280	Rawl.	Harley 5280	Rawl.	Harley 5280	Rawl.
					
					
					
					
					

Ba dhuine de shliocht cáiliúil léinn é Giolla Riabhach Ó Cléirigh, sliocht a bhí ina n-ollúna ag na Dálaigh ón gcúigiú haois déag amach (Walsh 1935).²⁶ Ba é a athair mór, Tadhg Cam (†1492 *AnnálaRÉ*), a luann sé i gcolafan in Harley 5280 (f.76v), ollamh Uí Dhomhnaill ‘i n-eiccsi h-i filidheacht & a senchus’ (*AnnálaRÉ* 1194). Bhí deartháir do Ghiolla Riabhach, Tadhg Cam eile (†1565 *AnnálaRÉ*), a raibh an ollúnacht chéanna aige, agus ba é Mícheál Ó Cléirigh, saoi staraí Éireann,²⁷ mac mic a dhearthára (Carey 2014:6).


Is mó é ár n-eolas ar shinsir Ghiolla Riabhaigh, agus ar a shliocht ina dhiaidh, ná air féin. Ní fios go beacht cén bhliain ar bhreac sé Harley 5280 ná Rawl., agus níl aon tuairisc ar bhliain a bháis ach oiread. Luaitear sna hannála gur sa mbliain 1512 a cailleadh a athair, Tuathal (*AnnálaRÉ* 1312), agus mheas Flower gur thart ar an am sin a breacadh Harley 5280 (Flower 1926:298). Bíodh is nach fios am breactha Rawl., chaithfeadh sé gur in 1532, bliain críochnaithe BCC, nó sna blianta ina diaidh, a bhreac Ó Cléirigh í. Mar a luadh thuas, is sa mbliain 1565 a cailleadh deartháir Ghiolla Riabhaigh, agus thiofadh sé nach raibh mórán blianta aige air. Leagtar dán ar ‘Ó Cléirigh .i. an Giolla Riabhach’ sa duanaire pearsanta a tiomsaíodh do Chú Chonnacht

²⁶ Feic Ó hUiginn (2015:171–75) agus Ó Muraíle (2015:186–90) i dtaobh theacht na gCléireach go Tír Chonaill.

²⁷ Faightear tuairisc ar shaol agus ar shaothar Uí Chléirigh in Ó Muraíle (2008), Cunningham (2010), agus in Breatnach (2013).

Mág Uidhir, tiarna Fhear Manach idir na blianta 1566 agus 1589 (Greene 1972:58). Más ionann an file agus an scríobhaí, bhí sé beo agus Cú Chonnacht ina thiarna (Greene 1972:xii).

Ní hí lámh Ghiolla Riabhaigh amháin atá le feiceáil in Rawl. Chuir beirt scríobhaithe eile ábhar breise sa lámhscríbhinn ar chríochnú a shaothair dó. Is in íochtar f.50vb, mar a feictear thíos (Íomhá 1), a chuir scríobhaí díobh alt breise le BCC, áit a raibh dhá líne den cholún scríbhneoireachta gan líonadh:



(Íomhá 1: f.50vb43–48)

Is ionann ar bhreac an scríobhaí in íomhá 1 thuas, agus §352 in eagrán BCC, alt nach bhfuil in aon chóip lámhscríofa eile den téacs ach amháin A19.

Is ar f.77v a feictear saothar an tríú scríobhaí in Rawl. Is dán dar tús ‘Fuigheall formaid fuil dalaigh’²⁸ a bhreac seisean i leagan biorach den mhionscript reatha Ghaelach, stíl pheannaireachta a tháinig i dtreis i dtreo dheireadh na séú haoise déag (Breatnach 2015). Is dán é i gcuimhne Ghráinne Ní Dhomhnaill, deirfiúr Aodha Ruaidh Uí Dhomhnaill (†1602 *AnnálaRE*), a cailleadh le brúiteach in aois a deich mbliana, am eicínt i ndeireadh na séú haoise déag (Breatnach 1985:92; Walsh 1938:399).

2.3.2 An dearadh

Is in dhá cholún comhlíonta a bhreac Ó Cléirigh BCC in Rawl. Mar a luadh thuas, is i mionscript fhoirmeálta Ghaelach a bhreac sé an téacs. Is leagan méadaithe den script chéanna sin atá sa gcéad líne den téacs (f.1ra1), agus ba í a bhí aige agus tagairtí

²⁸ Tá eagrán den dán seo in Fraser, Grosjean, agus O’Keefe (1931:103).

Laidine an téacs á mbreacadh aige chomh maith.²⁹ Bíodh is gur bhain sé úsáid fhorleathan as gnáthghiorrúcháin na scrípte, níor bháigh sé an téacs leo.

Is suntasach an ní é gur beag ceartúchán follasach a rinne Ó Cléirigh ar ar bhreac sé. Ní fheicim ach aon sampla amháin ina shaothar d'fhocal ar cuireadh poncanna faoi lena ghlanadh (f.49rb23), agus níor chuir sé focal leis an téacs ar cheann bhirín in aon áit. Is mór a chuidíonn a laghad, agus barainn na ngiorrúcháin, le glaineacht agus le soiléireacht na lámhscríbhíne.

Ní mar aon téacs leanúnach amháin a bhreac Ó Cléirigh BCC ar phár ach in 435 alt a roinn sé go soiléir i gcúig mhóraonad. Is i lár an chéad cholún scríbhneoireachta de f.1r a chuir sé tús leis an gcéad aonad. Is léir gur litir ornáideach a bhí le cur sa gcéad leath den cholún ach nár tarraingíodh riamh é. Is minic, ar chúis eicínt, easnamh ealaíontóireachta mar é le feiceáil i lámhscríbhinní Gaelacha (Ó Macháin 2011:176, n.17). Is ar f.24v a chuir Ó Cléirigh in iúl deireadh an chéad aonaid (§1–166), áit ar fhág sé an dara colún den leathanach sin gan líonadh. Is briseadh é a scarann na scéalta ar bhreith, ar óige, agus ar ghníomhartha Cholm Cille in Éirinn, ón gcur síos a déantar ar scéal a dhíbeartha, a thuras go hÍ Cholm Cille, agus a ghníomhartha in Albain, sa dara haonad (§167–314). Is bán a fágadh do litir ornáideach nár tarraingíodh riamh a chuireann tús leis an tríú haonad ar f.47r, aonad a dhéanann cur síos ar ghníomhartha Cholm Cille i mórdháil Dhroim Ceat (§315–354). Is litir ornáideach eile nár tarraingíodh ar f.51v a chuireann tús leis an gceathrú haonad (§355–431), agus is litir mar é a bhí le tarraingt ar f.59v a chuireann an cúigiú haonad den téacs i láthair (§432–435).

Is ar dhá mhodh a scar Ó Cléirigh ailt na gcúig mhóraonad óna chéile: d'fhág sé líne iomlán nó tuairim is leathlíne gan líonadh eatarthu; agus is le ceannlitir, a mbíonn cois aici i gcolbha clé na bileoige, a chuir sé tús le chuile alt. Is díol suntais iad na samplaí iomadúla atá in Rawl. de líne deiridh ailt a bheith gan líonadh, chomh maith leis an líne a leanann é (*m.sh.* f.2ra3, f.10rb4, f.18va3, f.26ra10, f.41ra2). Ba leasc le cuid mhaith scríobhaithe Gaelacha líne a bheith gan líonadh ina gcolúin

²⁹ f.1rb1–6, f.1rb13–17, f.1rb26–29, f.1rb33–36, f.1va1–5, f.1vb17–28, f.1vb36–40, f.2ra12–15, f.2ra19–21, f.2ra27–29, f.2ra36–37, f.8va12–13, f.9va16–34, f.33ra35–37, f.34vb10–12, f.54rb12–13, f.54va33–34, f.54vb3–5, f.56va33–34, f.56vb19–22, f.57ra22–23, f.58ra18–19, f.58vb42–44, f.59ra6–8, f.59rb21–22, f.59va16–18.

scríbhneoireachta (Ó Macháin 2011:191), ach is léir gur bheag an locht a bhí ag Ó Cléirigh air.

Is suntasach an ní é chomh maith nach bhfuil ach naoi sampla de *cheann fo eite*, nó comhartha aisfhillte, ar na bileoga ar ar breacadh BCC in Rawl.³⁰ Is cosúil gur ar mhaithe le pár a shábháil a bhainfeadh scríobhaithe leas as *ceann fo eite*, go háirithe agus filíocht á breacadh acu i lámhscríbhinní a raibh dhá cholún iontu (Ó Macháin 2012:124). Is filíocht a bhí á cóipeáil ag Ó Cléirigh chomh maith nuair a bhain sé leas as an gcomhartha, ach bhreac sé 236 rann eile den téacs dá uireasa. Is léir ó laghad a úsáide, agus ónar fágadh de bhán gan líonadh in Rawl., nach raibh ganntan pár ag cur aon inní ar a scríobhaí.

Is follas ó ghlaire na peannaireachta agus ón scaradh rialta tomhaiste a rinne Ó Cléirigh ar an téacs in Rawl. gurbh í an tsoiléireacht an chloch ba mhó ar a phaidrín. Is soiléireacht í nach bhfeictear i ndearadh na mbileog in Harley 5280, ná i lámhscríbhinní ar nós LCS agus *Leabhar Caillín* a breacadh sa gcoirnéal céanna den tír sa gcéad leath den séú haois déag. Mheas Henry agus Marsh-Micheli go bhféadfadh sé gur faoi anáil na priontála a tháinig an dearadh a cuireadh ar BCC in Rawl. (Henry agus Marsh-Micheli 1987:808). Ní fios sin, ach is dóigh liom go bhfuil nuáil le feiceáil ina dearadh le hais lámhscríbhinní eile a linne.

2.3.3 An pátrún

Is sa duanaire atá ar lorg BCC in Rawl. is tréine leideanna i dtaobh a pátrúin dar liom. Ocht ndán déag is fiche ar fad atá sa duanaire.³¹ Is dánta seanchais faoi Chonall Gulban, laochshinsear Uí Dhomhnaill (Ó hUiginn 2015:157), atá ina tús; tairngreachtaí a cuirtear i mbéal naomh agus laoithe fiannaíochta a leanann iad, agus is dánta a díritear ar thaoisigh na nDálach, nó ar a sliocht, atá sa gcuid eile de. Is ar Dhomhnall Óg Ó Domhnaill (†1281 *AnnálaRE*) a díritear an chéad dán díobh sin; tá dánta ar Dhomhnall Mór (†1241 *AnnálaRE*) agus ar Mhaol Sheachlainn (†1247 *AnnálaRE*) ar a lorg, agus díritear dán ar chúigear taoiseach eile dá sliocht ina ndiaidh siúd: Toirdhealbhadh an Fhíona (†1423 *AnnálaRE*), Niall Garbh (†1439 *AnnálaRE*),

³⁰ f.50va23, f.51vb17, f.51vb22, f.51vb39, f.52rb38, f.52va45, f.53ra4, f.53ra30, f.55rb35.

³¹ Tá eagrán de dhá dhán is fiche díobh le fáil i dteannta a chéile in Fraser et al. (1931).

Neachtain (†1452 *AnnálaRE*), Aodh Ruadh (†1505 *AnnálaRE*), agus Mánas Ó Domhnaill (†1567).³²

Is díol spéise é nach ndírítear aon dán dá bhfuil sa duanaire ar Aodh Dubh Ó Domhnaill, athair Mhánais, an t-aon duine de shinsir Mhánais, mar a tugtar iad i mbrollach BCC (§10), nach luaitear inti. Is aisteach go bhfágfaí Aodh Dubh as duanaire mar é agus is rídheacair a chreidiúint gur gan ábhar a fágadh as an gcomhaireamh é. Mar a pléadh thuas, tá a fhios go raibh Mánas agus a athair in árach a chéile sna 1530í; dá mba rud é gur do Mhánas a tiomsaíodh an duanaire, bheadh údar ag a tiomsaitheoir a fhágáil gan lua.

Mheas Ó Cuív gur do Mhánas Ó Domhnaill féin a tiomsaíodh an duanaire, agus gur dó, dá réir, a breacadh an chóip de BCC atá in Rawl. (Ó Cuív 2001:270; 1974:34). Ina theannta sin, chreid sé gur sine Rawl. ná lámhscríbhinn eile a bhfuil BCC inti, UCD-OFM LS A 8 (A8), tuairim a tháinig salach ar Walsh (1929:293), Ó Súilleabháin (1976:203), agus Ó Fiannachta (1985:11–13); iadsan den tuairim gurbh í A8 ba shine. San alt is deireanaí a phléann an cás, ceistíonn Breatnach tuairim Uí Chuív, agus tugann sé fianaise a léiríonn, dar leis, nach do Mhánas Ó Domhnaill a breacadh an chóip de BCC atá in Rawl. (Breatnach 2007). Ar an gcéad dul síos, áitíonn sé gur deacair a chreidiúint go bhfágfaí spásanna folmha na gceannlitreach sa gcóip a bronnfaí ar Mhánas. Ina cheann sin, léiríonn sé gur cóip de BCC atá in Rawl. a shíolraíonn ón mbuntéacs agus gurb ionann téacs Rawl. agus leagan leasaithe de ar cuireadh ábhar breise leis (Breatnach 2007:129–31). Ó tharla nach in Rawl. atá buntéacs BCC, dar leis, ní cosúil gurb ionann í agus an chóip a scríobhadh do Mhánas Ó Domhnaill (Breatnach 2007:133). Is dóigh liom gur fíor do Bhreatnach é gur cóip í Rawl. de ‘bhuntéacs’ BCC, ach ní mheasaim go gcruthaíonn a fhianaise nach do Mhánas a breacadh í. Cá bhfios, mar shampla, nárbh ionann an ‘buntéacs’ a luann sé agus dréacht de BCC?

Ní féidir a rá go cinnte, ar ndóigh, cé dó nó di a breacadh Rawl., ach is deacair liom gan aontú le tuairim Uí Chuív gur dócha gur do Mhánas Ó Domhnaill féin a breacadh í. Is in Rawl. atá an chóip is faide agus is iomláine de BCC; an chóip is fearr a chomhlíonann sprioc uailmhianach lucht a cumtha — gach a raibh de scéalta faoi Cholm Cille a bhailiú in aon mhórshaothar amháin. Ina theannta sin, is in Rawl.

³² Faightear léargas ar ghaol na dtaoiseach in Walsh (1938).

amháin atá portráid ildathach de Cholm Cille i dtús BCC, agus is é Mánas an ceann fine is deireanaí dá shliocht a ndírítear dánta air ina duanaire. Bheadh sé ag luí le réasún gur i lámhscríbhinn uasal uaibhreach a breacfaí an chóip de BCC a bronnfaí ar Mhánas, uaisleacht agus uaibhreach atá ag sileadh as chuile bhileog de Rawl.

2.4 UCD-OFM LS A 19

Is lámhscríbhinn pháipéir shnasta í A19 nach bhfuil d'ábhar inti ach cóip de BCC (f.3r–61v). Tá cuid de théacs na lámhscríbhinne ar iarraidh de bharr chreimeadh a bileog (Dillon et al.1969:37). Ba é téacs f.42–f.63 ba mhó a buaileadh ó tharla coirnéil uachtaracha agus íochtaracha na mbileog úd creimthe. Ba iad coirnéil íochtaracha f.3–f.41 amháin a creimeadh.

Is ar chaoga is a naoi bileog de A19 a breacadh an téacs (f.3r–f.61v). Is ionann sin agus líon bileog an téacs in Rawl. (f.1r–f.60r),³³ in ainneoin gur lú go mór méid na mbileog in A19 le hais Rawl., 30.5 x 20cm le hais c.41.5-42.5 x 28cm. Tá bileoga bána i dtús agus i ndeireadh A19, ní a thabharfadh le tuiscint nach i ngan fhios dá scríobhaí, Brian Mac Niallais, a rinneadh an tomhais.

Is i ndeireadh na bliana 1608 a chríochnaigh Mac Niallais an lámhscríbhinn, eolas a thugann sé dúinn sa gcolafan léargasach a bhreac sé ina deireadh (f.61v). Mar a luadh i gcaibidil a haon, is sa gcolafan úd a mhaíonn sé gurb í an chóip de BCC a bhreac Giolla Riabhach Mór Ó Cléirigh b'eiseamláir dá shaothar. Is dóigh liom gur féidir a bheith réasúnta cinnte de gurbh ionann a eiseamláir agus Rawl. Tá léirithe ag Breatnach (2007) gur ó théacs Rawl. a shíolraíonn téacs Mhic Niallais, agus is dóigh liom go gcruthaíonn botúin chóipeála Mhic Niallais nach mór gurbh í Rawl. féin b'eiseamláir dó.³⁴

D'fhéadfadh sé gur ag Dálach a bhí Rawl. i gcónaí agus Mac Niallais i mbun a cóipeála. Luann sé i ndeireadh a cholafain go raibh Róis Óg Ní Dhomhnaill, deirfiúr Néill Ghairbh (Walsh 1929a:562), a chúnadh dó agus a téacs á bhreacadh aige:

Abhraithri gradhacha guidhidh ar moshon fen .7 arson gach duine dá ttug fabhor docum antsaothair sin .7 gohairidhi | aranmain na mná úaisli do gheall damh ag tionsgnadh nabEthadhsa nach Edh amháin nach gcuirfeadh fein buaidhreadh |

³³ Feic fonóta 19 thuas i dtaobh uimhriú dearmadach na mbileog.

³⁴ Pléitear botúin chóipeála Mhic Niallais i gcaibidil a ceathair.

orm *acht cunnamh* IEm fá nadíthcheall .7 archúig marg ni innEosuinn gurbí
Rois óg ni dhonnaill sin. (A19 f.61v23)

Mheas Walsh gur do Róis Óg a bhreac Mac Niallais a shaothar (Walsh 1929a:561), ach ní dóigh liom gur follas sin ón gcolafan. Thioctadh sé nach raibh de láimh ag Róis Óg sa saothar, ach gur aici, nó ag a muintir, a bhí eiseamláir Mhic Niallais.

Ní fios go baileach pátrún A19, ach is eol dúinn nach raibh sí i bhfad scríofa nó go raibh sí i seilbh na bProinsiasach i Loháin na Beilge. D’aithin Walsh gurbh é an naomhsheanchaí cáiliúil Eoin Mac Colgan (John Colgan)³⁵ a bhreac cuid mhaith dá nótaí imill,³⁶ agus mheas sé gur ar a téacs a bunaíodh an t-aistriúchán Laidine de BCC a foilsíodh i mórshaothar Mhic Colgan *Trias Thaumaturga* (1647). Ba é an t-aistriúchán Laidine seo an leagan de BCC ba mhinicí le scoláirí tagairt a dhéanamh dó nó gur foilsíodh an t-eagrán a bunaíodh ar Rawl. in 1918. Is don aistriúchán úd a thagraíonn John Smith sa saothar dar teideal *The Life of St Columba* a foilsíodh in 1798 (Sharpe 2012:207); ba é a d’úsáid Reeves agus eagrán den *Vita Columbae* á chóiriú aige (Sharpe 1990:604); agus ba air a bhunaigh an tAthair Willie Doherty aistriúchán Béarla de BCC a foilsíodh i nDoire sa mbliain 1899 (Lacey 2004:40).

2.4.1 An scríobhaí

Is beag é ár n-eolas ar Bhrian Mac Niallais. Ní heol dúinn bliain a bhreithe ná a bháis agus is dall sinn ar am agus ar ionad a scolaíochta. D’fhéadfadh sé gurb ionann é agus fear dá ainm, ‘Bernardus mc nellus’, a bhí ina shéiplíneach i nGleann Cholm Cille i dtús na seachtú haoise déag (Dillon et al. 1969:37). Is i gcuntas a scríobh an tEaspag George Montgomery, thart ar na blianta 1605–7, a luaitear an t-ainm úd, áit a ndeirtear gurbh fhear é Mac Niallais a raibh Gaeilge, Laidin agus Béarla aige, agus gur mhaith an t-ealaíontóir é, ‘scite pingit’ (Alexander 1943:90). Luaitear ‘Brian McNelus’ freisin, ar dócha gurb é an fear céanna é a luaigh Montgomery, i dtuairisc a scríobhadh ar staid Eaglais na hÉireann i gCúige Uladh sa mbliain 1622 (Ford 1997:142). De réir na tuairisce, bhí Brian ina shéiplíneach i nGleann Cholm Cille san

³⁵ Feic P. A. Breatnach (2007:3) i dtaobh a ainm Gaeilge. Faightear léargas ar a shaol agus ar a shaothar i réamhrá Phádraig Uí Riain in *Trias Thaumaturga* (Colgan 1647), agus in O’Donnell (1959).

³⁶ *m.sh.* ‘fabula’ (f.24r) ar cholbha §157; ‘malus ordo’ (f.30v) ar cholbha §219; agus ‘hoc ibi non habet’ (f.10r) le taobh tagairt don *VitaCol* atá in §72.

am sin, agus é ar an mbeagán eaglaiseach dúchais i ndeoise Ráth Bhoth (Ford 1997:142).

Níl de bharrthuirisc eile le fáil ar ár scríobhaí, ach a bhfuil in dhá cholafan a bhreac Míchéal Ó Cléirigh sa lámhscríbhinn dá ngairthear LS 4190-200, atá i Leabharlann Ríoga na Bruiséile. Luann sé i gcolafan díobh gur as ‘leabhar Meg Niallghusa (.i. Brian)’ a bhreac sé an chéad chuid dá chóip de Bheatha Naomh Bríd (Jennings 1936:61). Is í an leabhar céanna a luann sé sa dara colafan is cosúil, ‘leabhar Bhriain Meig Niallusa’, leabhar a bhí ina eiseamláir aige agus cóip de *Indarba Mo-Chuda a rRaithin* á breacadh aige (Jennings 1936:44). Ní fios go cinnte arbh é Brian Mac Niallais, ár scríobhaí, ab údar d’eiseamláir Uí Chléirigh, ach is mó seans gurbh é.

D’fhéadfadh sé chomh maith gur ar chóip Mhic Niallais de BCC a tharraing Ó Cléirigh agus a chomhghleacaí, Cú Coigríche Ó Cléirigh, agus *Féilire na Naomh nÉireannach (FNÉ)* á tiomsú acu.³⁷ Luaitear caibidil in BCC mar thagairt i dtrí ionad is fiche sa téacs úd, tagairtí a aontaíonn le sraith uimhreacha a bhreac léitheoir eicint ar cholbha bhileog A19. Léirítear a ngaol sa tábla thíos, áit a dtugtar an t-alt in BCC a ndéantar trácht air in *FNÉ*; ionad an ailt sin in A19 agus an uimhir a breacadh lena thaobh; agus an tagairt a déantar do chaibidil BCC in *FNÉ*.

BCC	A19	<i>FNÉ</i>³⁸	BCC	A19	<i>FNÉ</i>
§24	Cap. 1 (f.4r27)	cap. 1 (224)	§25	Cap 2 (f.4v1)	cap. 2 (154)
§34	Cap. 3 (f.5v10)	cap. 3 (156)	§35	Cap. 4 (f.5v16)	cap. 4 (156)
§36	Cap. 5 (f.5v22)	cap. 5 (156)	§37	Cap. 6 (f.5v27)	cap. 6 (156, 284)
§38	Cap. 7 (f.6r1)	cap. 7 (156)	§39	Cap 8 (f.6r12)	cap. 8 (158, 320)
§40	Cap 9 (f.6r14)	cap. 9 (158)	§42	Cap 11 (f.6v8)	cap. 11 (158)
§44	Cap xiii (f.7r4)	cap. 13 (158)	§45	Cap. xiiii (f.7r12)	cap. 14 (158)
§46	Cap xv (f.7r18)	cap. 15 (158)	§47	Cap xvi (f.7r30)	cap. 16 (160)

³⁷ Tá eagrán den téacs le fáil in O’Donovan, Todd, agus Reeves (1864). Faightear léargas ar ábhar an téacs agus ar mhodh a thiomsaithe in Ó Riain (2006:281–313).


³⁸ Is do leathanaigh eagráin O’Donovan et al. (1864) a thagraíonn a bhfuil idir lúibíní sa gcolún.

BCC	A19	FNÉ	BCC	A19	FNÉ
§48	Cap 17 (f.7v1)	cap. 17 (160)	§54	Cap xxi (f.8r28)	cap. 21 (160)
§73	35 (f.10v17)	cap. 35 (274)	§76	C. 38 (f.11r8)	cap. 38 (44)
§77	C 39 (f.11r31)	cap. 39 (274)	§94	56 (f.14r31)	cap. 56 (164)
§101	62 (f.15r27)	cap. 62 (156)	§141	90 (f.21r32)	cap. 90 (28)
§399	345 ³⁹ (f.59r32)	cap. 245 (320)			

Is deacair a rá arbh é téacs A19 ba bhuntéacs do shaothar na gCléireach, ach murarbh é, is cinnte gur chuir léitheoir eicínt na téacsanna i gcomórtas le chéile.

2.4.2 An dearadh

Is in aon cholún comhlíonta amháin a bhreac Mac Niallais BCC ar bhileoga a lámhscríbhíne. Trí líne scríbhneoireachta déag is fiche atá sa gcolún ar chuile leathanach ach cúig cinn.⁴⁰ Is i leagan barrthrom den mhionscript reatha Ghaelach a bhreac sé bunáite an téacs.⁴¹ Bhain sé leas as scrípteanna eile freisin ámh. Is i mionscript fhoirmeálta Ghaelach a bhreac sé riar de thagairtí Laidine an téacs;⁴² athrú scrípte a thagann lena ndéantar leo in Rawl. Bhain sé leas as an scrípte chéanna agus é ag scaradh an téacs ina mhóraonaid, mar a pléifear thíos, agus roghnaigh sé aon rann amháin filíochta a bhreacadh sa scrípte úd chomh maith:



(Íomhá 2: f.4v22–23)

Luaitear Naomh Pádraig sa rann atá in íomhá 2 thuas agus thiocthadh sé gurb é a lua ba chionsiocair leis an athrú scrípte. Áitíonn Breatnach gur ghnás le scríobhaithe áirithe

³⁹ Is é 246 (f.60r12) an chéad uimhir eile sa tsraith; is léir go ndeachaigh an té a bhreac amú sa gcomhaireamh.


⁴⁰ f.8r (34 líne), f.11v (32 líne), f.26v (32 líne), f.41r (32 líne), f.52r (32 líne); f.61v (15 líne), ar ionann é agus críoch an téacs, agus f.25v (17 líne) a scarann dhá mhóraonad den téacs óna chéile mar a pléitear thíos.

⁴¹ Tráchtann Breatnach (2015:145–46) ar leagan Mhic Niallais den scrípte seo, chomh maith leis an scrípte a léirítear in íomhá 2 thíos, agus é ag plé forbairt na scrípte i dtús na seachtú haoise déag.


⁴² f.3r11–12, f.3r15–16, f.3r20, f.3r23, f.3r28–29, f.34r8, f.35v24–25, f.58r9.

a bhreac annála, ábhar faoin naomh a bhreacadh i script ar leith óna raibh ina thimpeall (Breatnach 2013:49). Níorbh ionann ábhar théacs Mhic Niallais agus ar bhreac na scríobhaithe a luann Breatnach, ach cá bhfios nárbh é a ngnás a bhí á leanacht aige?

Níorbh í an mhionscript fhoirmeálta Ghaelach a d’úsáid Mac Niallais i gcónaí agus tagairtí Laidine an téacs á mbreacadh aige. Is i script iodálach a bhreac sé trí thagairt déag díobh (Íomhá 3),⁴³ agus is leagan den script dhaonnachaíoch fhoirmeálta⁴⁴ a bhí aige agus ceithre thagairt eile díobh atá gar do dheireadh an téacs á mbreacadh aige (Íomhá 4).⁴⁵



(Íomhá 3: f.3v21–23)



(Íomhá 4: f.60v21)

Is díol spéise é gur i mionscript reatha Ghaelach a bhreac Mac Niallais an leagan den iomann Laidine *Noli Pater* atá in BCC (f.11v7–11). Níor bhreac sé d’ábhar Laidine an téacs i script Ghaelach ach é. Is cinnte nárbh é Rawl. a threoraigh a rogha scrípte óir is i ngnáthscript na dtagairtí Laidine a breacadh an iomann inti (f.9va16–34). Mheas Breatnach gur ar fhoinsé eile ‘seachas na leaganacha luatha de BCC’ a bunaíodh téacs an iomainn in A19 (Breatnach 2007:136). Más cruinn a mheas, d’fhéadfadh sé gurbh í foinsé Mhic Niallais a spreag a rogha scrípte.

2.4.2.1 Scaradh an téacs

Roinn Mac Niallais an téacs i gcúig mhóraonad ar leathanaigh a leabhair; roinnt a thagann go dílis le móraonaid Rawl. a pléadh thuas. Is le ceannlitir ornáideach a chuir sé tús leis an gcéad aonad (§1–166), agus is i mionscript fhoirmeálta a bhreac sé §1 den téacs ar fad (f.3r1–9). Fearacht Rawl., d’fhág sé leathleathanach bán i ndeireadh

⁴³ f.3v22–27, f.3v31–33, f.4r5, f.4r7–8, f.4r10, f.4r13, f.10v4–5, f.55v17, f.56r10–11, f.56r18–19, f.58r19–20, f.58v2, f.59r33.

⁴⁴ Is aistriúchán é seo ar ‘Humanistic Book Script’, script a pléitear i measc chóras na scrípteanna daonnachaíocha in Brown (1990:126–35). Is i leagan den script chéanna seo a breacadh formhór an bhunleabhair Ghaeilge a bhí le bronnadh ar Eilís I; leabhar a breacadh thart ar an mbliain 1564 (Casey 2016:8). Faightear cur síos ar an mbunleabhar úd in Casey (2016), agus in Ó Macháin (2012).

⁴⁵ f.60r29, f.60r33, f.60v21, f.61r2–3.

an chéad aonaid (f.25v), agus is sa mionscript fhoirmeálta a bhreac sé an chéad trí líne de f.26r chun tús a chur leis an dara haonad (§167–314). Bhreac sé ceannlitir ornáideach i dtús an tríú mhóraonaid (§315–354), agus is i mionscript fhoirmeálta a bhreac sé an chéad dá líne de (f.48r1–2). Is ionann an script atá sa gcéad deich litir den cheathrú haonad (§355–431); litreacha atá ar lorg cheannlitir ar suntasaí í ná ceannlitir a chuirfeadh tús ailt i gcéill (f.52v13). D’fhág sé spás folamh do cheannlitir ornáideach nár tarraingíodh i gceann an chúigiú aonaid, mar atá in Rawl., agus is i mionscript fhoirmeálta a bhreac sé an chéad alt de (f.61r20–23). Is sa script chéanna sin a bhreac sé an t-alt deiridh den cheathrú haonad, ar fhaitíos go ngabhfaidh a chríoch ó mheabhair ar a léitheoirí (f.61r17–19).

Bíodh is gur beag athrú a chuir Mac Niallais ar an roinnt a rinneadh ar ailt na gcúig mhóraonad in Rawl., níor chloígh sé go dlúth lena scaradh i gcónaí. Is mar aon alt amháin a bhreac sé §375 agus §376, dhá alt arb í caint dhíreach Adamnáin a chuireann tús leo (f.57v31–f.58r12). Ina theannta sin, cheangail sé dornán alt gearr, a scartar go soiléir in Rawl., leis an alt atá rompu,⁴⁶ nó ina ndiaidh.⁴⁷ Is mar abairt nua, ar cheannlitir agus lánstad roimhe, a bhreac sé chuile alt dár cheangail sé seachas §12. Níor bhreac sé comhartha ar bith idir an focal deiridh de §11 agus an chéad fhocal de §12, agus is soiléire a théacs dá bharr. In ainneoin go scartar go soiléir §12 in Rawl. (f.1vb14–16), is deacair ciall a bhaint as mura léitear i dteannta §11 é. Is dócha gur ag spáráil pháipéir a bhí Mac Niallais san áit a ndearna sé abairt nua d’alt a cheangail sé, ach thiocfadh sé gurbh é fabht céille a eiseamláire a thug air §11 agus §12 a cheangal.⁴⁸

Is dílse do Rawl. é an scaradh a rinne Mac Niallais ar §52 ná a ndéantar leis an alt sin in eagrán BCC. Is abairt réamhrá ghearr atá i ndeireadh §52 a chuireann tús leis na scéalta ar fad ar fhearta Cholm Cille agus é beirthe. Is le ceannlitir i dtús líne a cuirtear tús leis an abairt in Rawl. agus tá an líne roimpi gan líonadh (Rawl. f.6ra21–22). Eangaíodh an abairt in eagrán BCC chun scaradh na lámhscríbhíne a chur i gcéill, ach níor bronnadh stádas an ailt uirthi. Is léir gur mheas Mac Niallais go raibh an stádas úd tuillte aici óir scar sé go ríshoiléir ón gcuid eile de §52 í. Bhronn sé líne iomlán den cholún scríbhneoireachta ar an abairt, agus is i mionscript fhoirmeálta a

⁴⁶ §9 = f.3v11–13, §10 = f.3v17–19, §12 = f.3v19–20, §16 = f.4r2–3, §22 = f.4r22–24, §187 = f.27v29–32, §200 = f.28v18–19, §206 = f.29r2–5, §242 = f.35r9–11, §334 = f.50r2–6, §345 = f.51r15, §370 = f.57v1–6, §379 = f.58r23–25, §384 = f.58v3–4, §397 = f.59r27–28, §415 = f.60r28–31.

⁴⁷ §151 = f.23r14–19, §328 = f.49r18–19, §331 = f.49r30–f.49v1, §343 = f.51r4–6.

⁴⁸ Pléitear na ceartúcháin a rinne Mac Niallais ar théacs Rawl. i gcaibidil a sé.

bhreac sé í. Ar fhaitíos na míshoiléireachta, d'fhág sé gan líonadh an líne scríbhneoireachta atá roimpi ina leabhar agus bhreac sé comharthaí ornáideacha ina deireadh ar mhaithe leis an gcolún a líonadh (Íomhá 20 thíos).

Is beag idir líon alt A19 agus Rawl. ach ní hionann an modh scartha in chaon lámhscríbhinn. Níl ach aon sampla amháin in A19 de líne iomlán gan líonadh a bheith idir dhá alt (f.26v29–30); modh scartha atá coitianta in Rawl. Go deimhin, is iondúil gur líon Mac Niallais go hiomlán an líne scríbhneoireachta atá roimh thús ailt.⁴⁹ Ní bhíonn de chomhartha ar alt nua aige de ghnáth ach ceannlitreacha suntasacha. Is taobh amuigh den cholún scríbhneoireachta, ar cholbha clé na bileoga, a bhreac sé chuile cheannlitir a chuireann tús le halt nua. Is iad gnáthcheannlitreacha na scripte Gaelaí a d'úsáid sé go hiondúil, ach feictear rian an ealaíontóra ar chuid díobh, *m.sh.*:



(Íomhá 5: f.18v6)



(Íomhá 6: f.37v22)



(Íomhá 7: f.5r11)




(Íomhá 8: f. 14v21)



(Íomhá 9: f.61v1)



(Íomhá 10: f.57v1)



(Íomhá 11: f.59v25)



(Íomhá 12: f.34v1)

Is ionann, nach mór, rann filíochta den téacs agus alt de i ndearadh Mhic Niallais. Bhronn sé líne iomlán den cholún scríbhneoireachta ar fhormhór ranna an téacs, agus is ar cheannlitir i dtús líne a cuirtear tús leo. Níl de dhifríocht idir ceannlitreacha na n-alt agus na filíochta ach gur lú í ceannlitir na filíochta agus gur gaire do líne imill clí an cholúin scríbhneoireachta a breactar í de ghnáth.

Is iondúil go ndearna Mac Niallais chuile iarracht líne scríbhneoireachta a bhronnadh sé ar rann a líonadh go hiomlán. Ba ghnách leis chomh maith an líne a thagann roimh fhilíocht, nó roimh thús ailt, a líonadh. Is léir gur theastaigh uaidh a cholún scríbhneoireachta a líonadh go hiomlán dá bhféadfadh sé. Bhí tionchar ag a

⁴⁹ Is i dtús A19, f.3r–f.13r, is tréine a feictear líne gan líonadh roimh alt nua, ach déantar amhlaidh uaireanta sa gcuid eile den lámhscríbhinn chomh maith, *m.sh.* f.34v15, f.36v11, 49r17, 60r11.



mhian ar dhéanamh agus ar chruth a litreach uaireanta (*m.sh.* Íomhá 13, 14), agus ba é ba chionsiocair leis an litriú aduain atá aige ar dhornán focal (*m.sh.* Íomhá 15, 16).



(Íomhá 13: f.9v31)




(Íomhá 14: f.50v13)

(Íomhá 15: f.54r26)⁵⁰


(Íomhá 16: f.41r6)

Is cosúil gur mhó an tionchar a bhí ag bán a leathanaigh féin ar a chuid giorrúcháin ná an giorrú a bhí déanta ar fhocal ina eiseamláir. Ní minic a bhreac Mac Niallais focal *plene* in A19 agus gnáthscript a leabhair á úsáid aige. Is i ndeireadh ailt, roimh fhilíocht, nó i ranna filíochta, atá cuid mhaith focal mar iad, i línte a mbeadh bán gan líonadh iontu dá n-uireasa. Is focail atá giorraithe in Rawl., agus a ghiorraíonn sé féin de ghnáth, cuid díobh.⁵¹


San áit a gcinneadh ar Mhac Niallais líne a líonadh le litreacha neamhghnácha, litriú aduain, nó focail neamhghiorraithe, bhaineadh sé leas as *spiritus asper* nó as comharthaí ealaíonta lena líonadh, *m.sh.*:



(Íomhá 17: f.38r20)



(Íomhá 18: f.59v21)




(Íomhá 19: f.36r14)



(Íomhá 20 f.8r9)

Ba dheacair do Mhac Niallais bán a cholúin scríbhneoireachta a líonadh go cothrom i gcónaí de bharr gur i dtús líne a bhí alt nua nó rann filíochta le cur. Bhí air tomhais chruinn a dhéanamh ar a mbeadh den bhán uaidh d'alt, nó do phrós a bheadh i dtimpeall filíochta, dá mb'áil leis gan bán a bheith ina dheireadh. Is cosúil nár éirigh lena thomhais i gcónaí óir téann sé i mbradaíl ar cholbha deas an cholúin scríbhneoireachta uaireanta.⁵² Nuair is ó bhun na bileoige a ghoid sé an bán, b'iondúil leis cruthanna breac-ealaíonta a tharraingt i dtimpeall ar bhreac sé, *m.sh.*:



(Íomhá 21: f.12r)



(Íomhá 22: f.20r)




(Íomhá 23: f.30r)

⁵⁰ Feictear sampla mar é seo ag Mícheál Ó Cléirigh chomh maith, feic Breatnach (2013:137).

⁵¹ *m.sh.* 'agas' (f.15r1); 'Edhon' (f.3r16); 'dalbanchaibh' (f.5r15), 'sa randsa' (f.25r3), 'coluim cille' (f.61r).

⁵² *m.sh.* **roimh thús ailt:** f.4r26, f.10r9, f.26v6, f.49r24; **roimh fhilíocht:** f.4v22, f.11v6, f.28r5, f.53r22.

Thiocfadh sé gur ar mhaithe le comhlíonadh an bháin a d'úsáid Mac Niallais *ceann fo eite* uaireanta freisin, in ainneoin gur dócha gurbh é spáráil an bháin ba phríomhaidhm lena úsáid. Murab ionann agus Rawl., is rímhinic *ceann fo eite* le feiceáil in A19. 74 sampla de a chomhairimse sa lámhscríbhinn, agus sampla de ar mhórán chuile leathanach ó f.13r2 amach.⁵³ Is iad na comharthaí ealaíonta céanna a líonann an bán do Mhac Niallais is *ceann fo eite* aige. Is é an comhartha atá in íomhá 24 thíos is coitianta mar *cheann fo eite*, agus ní feictear ach aon sampla amháin aige de chomhartha íomhá 26 agus 27 á chur i gcéill:



Bhreact Mac Niallais comhartha de na comharthaí is coitianta aige mar *cheann fo eite* (Íomhá 24, 25) i ndeireadh riar línte scríbhneoireachta dá leabhar agus bán gan líonadh ar a lorg.⁵⁴ Ní fios aidhm a mbreactha, ach d'fhéadfadh sé nach raibh d'údar leo ach nár chuimhnigh sé a líonadh.

2.5 Lámhscríbhinní Eile

Tá cóip de BCC le fáil i seacht lámhscríbhinn eile atá ar m'eolas. Tugtar gearrchuntas thíos ar na lámhscríbhinní úd agus pléitear gaol a dtéacs le Rawl. agus le chéile.

2.5.1 UCD-OFM LS A 8

Is lámhscríbhinn dea-chóirithe páir í A8 a bhfuil 68 bileog inti agus iad fáiscithe go dlúth ina chéile de bharr a ceangal (Dillon et al.1969:16). Níl d'ábhar sa lámhscríbhinn seachas BCC ach dán molta gearr atá ar a lorg a díritear ar phátrún an leabhair, Niall Óg Ó Néill (†1544/45 *AnnálaRE*). Bhí an chóip seo de BCC ar fáil do Mhac Colgan agus aistriúchán Laidine de á chóiriú aige (Walsh 1929:294). Dealraíonn sé gur ar chóip A19 a bhunaigh sé a aistriúchán, mar a luadh thuas, in ainneoin gur shine an chóip a bhí in A8.

B'aon scríobhaí amháin, Eoghan Carrach Ó Siaghail, a bhreact A8 (Dillon et al. 1969:16–17). Tá rian a láimhe le feiceáil i lámhscríbhinní eile a mhaireann. Ba é a

⁵³ *m.sh.* f.16v23, f.26v16, f.36v21, f.46r4, f.55v26, f.60r6.

⁵⁴ *m.sh.* f.36v11, f.60r31; f.14v13, f.24v4, f.27r14.

bhreac an lámhscríbhinn dá ngairthear Adv.72.1.29, atá i Leabharlann Náisiúnta na hAlban i nDún Éideann, agus bhí sé ar dhuine de na scríobhaithe a bhreac ábhar in Laud 615 (Ó Cuív 2001:89). Mheas O’Sullivan agus Herbert gur dócha go raibh lámh aige i dtiomsú BCC agus é ar dhuine de bhuíon scoláirí a cumtha (1973:175).

Mar a luadh thuas, is do Niall Óg Ó Néill a bhreac Ó Siaghail A8. Ba é Niall Óg fear pósta Róis Ní Dhomhnaill, deirfiúr Mhánais Uí Dhomhnaill (Walsh 1929:306). Ní fios arbh í cóip Mhánais féin de BCC a tugadh le cóipeáil d’Ó Siaghail, ach is cosúil, mar atá léirithe ag Breatnach (2007), nárbh í Rawl. a tugadh dó. Tá §19–20, 352, agus §377–382, in easnamh i gcóip A8 den téacs, in ainneoin nach bhfuil aon bhileog ar iarraidh inti ná aon bhriseadh ina téacs. Ina cheann sin, tá rann breise in §83 dá téacs le hais a bhfuil san alt sin in Rawl., agus mheas Ó Súilleabháin (1976), a rinne staidéar cuimsitheach ar theanga agus ar litriú A8, gur nua-aimseartha an Ghaeilge atá inti.


2.5.2 ARÉ LS 23 K 40

Is lámhscríbhinn pháipéir í 23 K 40. Ní luaitear log, dáta, ná ainm scríobhaí inti ach mheas a cláraitheoir gur sa seachtú haois déag a breacadh í (*Cat. ARÉ* 125). Níl d’ábhar sa lámhscríbhinn ach cóip de BCC, cóip a bhfuil blogh di i gcló in O’Curry (1861:540). Is é lth 29, de réir uimhriú na lámhscríbhinne, an chéad leathanach inti, de bharr cailteanas bileog ina tús. Is ionann an chéad líne dá téacs agus §42:26:33 in eagrán BCC. Tá §45–50, 55–58, 96–106, agus §391–394 de théacs Rawl. ar iarraidh inti chomh maith de bharr cailteanas bileog. Is ionann an focal deiridh de ar lth 428 agus a bhfuil in §407:440:32 san eagrán.


Is gaire an téacs atá in 23 K 40 do théacs A8 ná do Rawl., nó do C iv 3 a pléitear thíos. Tá §163–166, 352, agus §377–382 in easnamh inti mar atá in A8, agus tá an rann breise atá in §83 sa lámhscríbhinn úd in 23 K 40 freisin. Ina ainneoin sin, ní hionann chuile fhocal de théacs 23 K 40 lena bhfuil in A8. Bíodh is go bhfuil §305–307 in chaon lámhscríbhinn díobh, ní hionann a n-ord, agus tá rann in §78 de théacs 23 K 40 nach bhfuil in Rawl., C iv 3, ná in A8 (lth 73:7–8). Ní fios arbh í A8 féin b’eiseamláir do scríobhaí 23 K 40, ach is cinnte, mar a luann Breatnach (2007:127) gur ó A8, nó ó chóip de, a shíolraíonn a téacs.

Is cosúil ón bpeannaireacht gur aon phríomhscríobhaí amháin a bhreac formhór na lámhscríbhinne. Bhreac scríobhaí eicínt nach é líne de rann atá ar lth 299, áit a raibh

bearna fágtha ag an bpríomhscríobhaí. Ní aontaíonn rann leasaithe an scríobhaí lena bhfuil in Rawl., C iv 3, ná in A8, ach is ionann an rann i lámhscríbhinní eile BCC a pléitear thíos. Tá cosúlacht nach beag, dar liom, ag lámh leasaithe an rainn in 23 K 40, le lámh Sheáin Uí Chonaill a bhreac an chóip de BCC atá in 23 O 70. Tugtar íomhá thíos den rann a leasaíodh in 23 K 40, chomh maith leis an rann céanna a bhreac Ó Conaill in 23 O 70 mar léiriú ar a gcosúlacht:



(Íomhá 27: 23 K 40, lth 199:16–17)



(Íomhá 28: 23 O 70, lth 165:15–16)

2.5.3 ARÉ LS 23 O 70

Is lámhscríbhinn pháipéir í 23 O 70 a bhfuil 390 leathanach inti. Is cóip de BCC atá i bhformhór na lámhscríbhinne (lth 3–386), ach tá cúig dhán chráifeacha ina deireadh chomh maith (*Cat. ARÉ* 3533–34). Ba é Seán Ó Conaill⁵⁵ a bhreac an lámhscríbhinn sa mbliain 1763 i gCill Uird i gContae Chorcaigh, eolas a thugann an scríobhaí féin i gcolafan a bhreac sé ar lorg a chóipe de BCC (lth 386).

Tá dhá bhileog den lámhscríbhinn ar iarraidh, lth 1–2 agus lth 17–18. Dá réir, is ar lth 3 atá an chéad fhocal de BCC, arb ionann é agus §40:24:12 san eagrán. Is cinnte nach raibh §1–39 den téacs ar fad ar an gcéad bhileog atá ar iarraidh. Tá cuid mhaith de §53 agus tús §54 ar iarraidh inti freisin de bharr chailteanas lth 17–18.

Tá gaol gairid ag cóip Uí Chonaill de BCC leis an gcóip atá in 23 K 40. Tá §163–166, 352, agus §377–382 in easnamh iontu; leanann 23 O 70 an t-ord atá ar §305–307 in 23 K 40; agus tá an rann breise atá in §74 de 23 K 40 inti chomh maith. Mar a luadh thuas, is dóigh liom gurbh é Ó Conaill a líon bearna a fágadh in 23 K 40, agus is dócha leis gurbh í b'eiseamláir dá chóip.

⁵⁵ Faightear eolas ar lámhscríbhinní eile a bhreac Ó Conaill in Ó Conchúir (1982:46–48).

2.5.4 Óstaí an Rí, LS 19

Is lámhscríbhinn cumaisc páipéir í KI 19 a bhfuil os cionn míle leathanach de Bheathaí Naomh agus de théacsanna cráifeacha inti (de Brún 1972:53–89). Ba é Seán Ó Conaill, an té a bhreac 23 O 70, a bhreac a bunáite, ach is é Risteard Mac Gearailt a bhreac an chóip de BCC atá inti sa mbliain 1769 (lth 1083 (379)). Tá dhá shraith uimhreacha le feiceáil ar na leathanaigh sin a bhfuil BCC orthu; uimhriú na lámhscríbhinne cumaisc, 705–1083; agus uimhriú is luaithe ná é, 1–379. Cuireadh as a riocht go dearmadach leathanaigh na cóipe nuair is ar lorg lth 1088 a ceanglaíodh lth 1068–76 (361–72) (de Brún 1972:53–55).

Níl aon bhileog ar iarraidh i dtús na cóipe de BCC atá in KI 19, ach ní hionann an chéad líne de lena bhfuil in Rawl. Is abairt nuachumtha, nach bhfuil in Rawl., A8, ná C iv 3, a chuireann tús leis an téacs: ‘Beatha an naoimh ghlórmhar .i. Colum Cille mic fíoradhluinn | Feidhlime dolónradh go solusda abhfiadhnaise dé’ (lth 705 (1)). Is iad §24–25 agus §40 a leanann an abairt nuachumtha, gan aon bhriseadh eatarthu, agus is ar dhá leathanach den lámhscríbhinn a breacadh an t-iomlán. Is dócha gurbh ionann a raibh ar an gcéad bhileog de chóip Sheáin Uí Chonaill de BCC tráth (23 O 70), agus d’fhéadfadh sé gurbh í cóip Uí Chonaill b’eiseamláir do Mhac Gearailt. Tá §163–166, 352, agus §377–382 in easnamh i gcóip Mhic Gearailt chomh maith, is ionann ord §305–307 ina chóip lena ord in 23 O 70, agus in 23 K 40, agus tá rann breise aige in §74, mar atá in 23 O 70, agus in 23 K 40.

2.5.5 Má Nuad, LS Murphy 34

Is lámhscríbhinn páipéir ghlan néata í M 34 a bhfuil 388 leathanach de théacs inti, gan d’ábhar orthu ach cóip de BCC. Ní luaitear ainm scríobhaí, log, ná dáta ar a leathanaigh, ach d’aithin a cláráitheoir óna peannaireacht gurbh é Pól Ó Longáin⁵⁶ a bhreac í (Ó Fiannachta 1965:72–73). Is ag obair don Easpag Ó Murchú a bhí Pól Ó Longáin idir na blianta 1817 agus 1820, agus is le linn an ama sin a bhreac sé M 34 is cosúil (Ní Úrdail 2000:115).

Is cosúil gurbh í cóip Mhic Gearailt de BCC (KI 19) b’eiseamláir d’Ó Longáin óir leanann sé go dílis ord dearmadach na n-alt sa gcóip úd den téacs.

⁵⁶ Tá tuairisc chuimsitheach ar shaol agus ar shaothar Uí Longáin in Ní Úrdail (2000:109–18).

2.5.6 ARÉ LS 23 K 41

Ba é Amhlaobh Ó Súilleabháin⁵⁷ a bhreac an lámhscríbhinn pháipéir 23 K 41 i gCill Chainnigh sa mbliain 1825 (23 K 41, lth 338). Níor bhreac Ó Súilleabháin in 23 K 41 ach cóip de BCC. Is cinnte gurbh í an lámhscríbhinn a pléadh thuas, 23 K 40, b'eiseamláir dó. Is ionann an chéad líne den téacs sa dá lámhscríbhinn, is ionann a gcríoch, agus d'fhág Ó Súilleabháin leathanaigh nó leathleathanaigh bhána ina lámhscríbhinn féin mar chomhartha ar a raibh ar iarraidh de 23 K 40 (lth 21, 25–26, 36–37, 73–74, 143–144, 331–333, 338).

2.5.7 ARÉ LS C iv 3

Is lámhscríbhinn páipéir thoirtúil de chuid na seachtú haoise déag í C iv 3 a bhfuil 594 leathanach de sheanchas agus de Bheathaí Naomh inti. Ba é scríobhaí iomráiteach na seachtú haoise déag, Dáibhí Ó Duibhgeannáin (†1696),⁵⁸ a bhreac í, mar is léir ó na colafain iomaí a d'fhág sé inti (*Cat. ARÉ 3222–25*). Níor chuir Ó Duibhgeannáin bliain ná dáta lena cholafain, ach luaigh sé a ionaid oibre; Seanchuach, i gContae Shligigh an lae inniu, agus Droim Leathchaoin, i gContae Liatroma (*Cat. ARÉ 3221*). Is ar lorg chóip de leagan Mhíchíl Uí Chléirigh den *Leabhar Gabhála* a bhreac Ó Duibhgeannáin BCC (f.122r–f.229v), í ar an gcéad Bheatha de thrí Bheatha Naomh atá sa lámhscríbhinn.

Léiríonn dhá cholafan a bhreac Ó Duibhgeannáin in C iv 3 gur chóip easnamhach de BCC í a eiseamláir. Is ar f.166r, ar lorg §162 den téacs, atá an chéad cholafan díobh, agus is ar f.229v, i ndeireadh a shaothair, a bhreac sé an dara colafan:

ata duilleóg briste isin sEinleabur, .7 fágbhuid inbán sin fána chomhair. (C iv 3 f.166r)

As dErbhtha narbhusa le día, an cuidsi donbhetasa dfagail damhsa † anuair do fuair me í, ina inchuid eile dfagail damh aris. (C iv 3 f.229v)

Is cinnte de bharr na gcolafan seo nárbh í Rawl., A8, ná na cóipeanna a shíolraíonn uaithe, eiseamláir easnamhach Uí Dhuibhgeannáin. Tá §163–166 go soiléir soléite in Rawl., agus níl siad in A8 dubh bán ná riabhach. Ní dócha ach oiread gur ó chóip de

⁵⁷ Faightear léargas ar shaol agus ar shaothar Uí Shúilleabháin in de Bhaldraithe (1970:xv–xlii).

⁵⁸ Is í gcolafan a breacadh in ARÉ B iv 1 (f.201), a tugtar bliain bháis Uí Dhuibhgeannáin. Faightear tuairisc ar a shaol agus a shaothar in Walsh (1947:25–33), agus in Ó Muraíle (2004:74–75).

Rawl. a shíolraigh a eiseamláir de bharr §20, 352, 39, 120 agus §377–382 a bheith in easnamh ina chóip. D’fhéadfadh sé gur ón mbuntéacs céanna le Rawl. agus le A8 a shíolraigh a eiseamláir.

Baineann deacracht nach beag le gaol C iv 3 le Rawl. agus le A8 a rianú de bharr gur cosúil nach cóip dhílis dá eiseamláir b’aidhm dá scríobhaí. Dealraíonn sé go raibh Ó Duibhgeannáin ag déanamh eagarthóireachta ar an téacs de réir mar a bhí sé á bhreacadh. Is í a chóip de §355 a thugann léargas dúinn ar a mhian eagarthóireachta (f.216r11–f.217r12). Is leagan den scéal *Merugad Cléireach Choluim Chille* atá in §355 ar beag trácht a déantar ar Cholm Cille ann. D’fhág Mac Colgan an t-alt as aistriúchán Laidine BCC (Colgan 1647:446), agus is léir ó dhá nóta a breacadh lena thaobh in A19 nach raibh aon tóir ag léitheoirí áirithe ar a ábhar: ‘seacrán cleirEc colaim annso .7 seachranach dariribh an stairr’ (A19 f.53r); ‘brecca móra’ (A19 f.54r). Níor bhreac Ó Duibhgeannáin ach an chéad leath den alt, chomh fada le §355:386:24 mar atá sé san eagrán, agus is leis an ngiorrúchán ‘7rla’, ‘agus araile’, a chuir sé críoch leis (f.217r12). Níor luaigh sé go raibh easnamh ina eiseamláir mar a rinne sé sna colafain a luadh thuas agus is dócha gur in aon turas a d’fhág sé ina dhiaidh é.

2.6 Conclúid

Tugadh léargas sa gcaibidil seo ar a maireann de chóipeanna lámhscríofa den téacs a chinn Mac Niallais a chóipeáil. Tugadh tuairisc ar a scríobhaithe, ar am a mbreactha, agus ar arb eol dúinn faoina bpátrúin. Ina theannta sin tugadh mionchuntas ar dhearadh an téacs ar bhileoga Rawl. agus A19. Léiríodh gur lean Mac Niallais scaradh an téacs in Rawl. den chuid is mó ach nárbh ionann a mhodh scartha. Is follas nár ghá dó dearadh a eiseamláire a leanacht go dílis agus chuile fhocal de á leanacht aige.

Ina cheann sin, rinneadh cur síos ar ábhar BCC, ar bhuíon a scríofa, agus ar a pátrún Mánas Ó Domhnaill. Léiríodh gur fada ilfhoinseach an saothar a thiomsaigh agus a chóirigh an bhuíon dá bpátrún, agus gur néata cáiréiseach a foilsíodh a saothar ar bhileoga Rawl. Déantar mionanailís ar theanga an téacs a foilsíodh in Rawl. i gcaibidil a trí; anailís a thabharfaidh léargas is cruinne dúinn ar a raibh ar aghaidh Mhic Niallais nuair a thug sé faoina cóipeáil.

3 An Téacs: Teanga

3.1 Réamhrá

Is í ré teanga na Nua-Ghaeilge Moiche a tiomsaíodh agus a breacadh BCC. Glactar leis inniu gur am éigin le linn na tríú haoise déag a tháinig an ré teanga úd i dtreis (Breatnach 1994:221). Is cosúil gur le linn na haoise céanna sin a saolaíodh agus a forbraíodh caighdeán liteartha don Ghaeilge nuair a d'aontaigh aos dána Éireann ar aon mhodh cumadóireachta agus urlabhra amháin (Ó Cuív 1973:117). Ní fios go díreach cén uair ná cén áit ar beartaíodh rialacha gramadaí na Gaeilge a chur in ord agus in eagar ach feictear go follasach toradh an bhirt sna tráchtais ghramadaí a tiomsaíodh dá bharr agus sna haistí filíochta a cumadh ar a shliocht.¹ Ba chaighdeán é a mhair go docht daingean ar fud na Gaeltachta nó gur scaoileadh scola Éireann i gcíorthuathail na seachtú haoise déag — ‘one of the finest achievements of Irish scholarship’ (McManus 1996:165).

Is í an Ghaeilge Chlasaiceach a baistear ar an gcaighdeán liteartha úd a saolaíodh le linn thréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche. Ar ndóigh, ba ar riachtanais na filíochta, nó an dáin dírígh, a bhí an Ghaeilge Chlasaiceach dírithe (McManus 1994:335). Bíodh is go bhfeictear a lorg i saothair próis na linne, is léir nár cloíodh go hiomlán le ceart an chaighdeáin nua sna saothair siúd (McManus 1994a:114). Go deimhin, ní cosúil gurbh ann do chaighdeán scríofa próis san am (McManus 1994a:116). Glacadh le nuálacha teanga sa bprós a choisctí ar na filí, agus ba bheag an locht a bhí ar úsáid fhoirmeacha ársa teanga ar diúltaíodh dóibh agus caighdeán na bhfilí á tiomsú (McManus 1994a).

In ainneoin nach féidir aon chaighdeán docht liteartha a aimsiú do phrós na linne, mheas McManus gur féidir deighilt ghinearálta a dhéanamh ar an bprós a breacadh i gcaitheamh na Nua-Ghaeilge Moiche — na saothair siúd a shantaigh réim teanga nach mbeadh as alt i ré na Meán-Ghaeilge ar lámh amháin, agus saothair eile a ghlac go fonnmhar leis na nuálacha teanga a choisctí ar na filí ar an lámh eile (McManus

¹ Is in McManus (1994) is cuimsí atá tuairisc ar an nGaeilge Chlasaiceach. Tá eagrán de thráchtais ghramadaí na bhfilí le fáil in IGT, *BST*, agus in eagrán nua de IGT I (Mac Cárthaigh 2014). Faightear cur síos ar chóras dhíochlaonta na n-ainmfhocal sna tráchtais in Ó Cuív (1956). Feic chomh maith innéacs Armstrong (1985) d’ainmfhocail agus d’aidiachtaí na dtráchtas.

1994:335–36).² Thabharfadh breith Mhic Airt (1961:131), Mhic Craith (1990:59), agus Walsh (1929:292) le tuiscint gur i measc saothar na nuálacha teanga is ceart BCC a chomhaireamh; í níos gaire do Ghaeilge an lae inniu ná *Smaointe B. Chr.*, a breacadh thart ar leathchéad bliain roimpi (*Smaointe B. Chr.* xli), agus a stíl agus a teanga i bhfad Éireann níos simplithe ná *Desid.*, a breacadh ceithre scór bliain ina diaidh (*Desid.* xxxviii).

Déantar iarracht sa gcuid seo den tráchtas grinnanailís a dhéanamh ar theanga BCC, mar a tugtar í in Rawl., agus a gaol le caighdeán na bhfilí, agus le próis cráifeach eile a breacadh roimpi agus ina diaidh, a fhiosrú agus a chíoradh.³ Bíodh is go dtabharfaidh an anailís seo léargas níos mine dúinn ar chosúlacht nó ar éagsúlacht theanga BCC le saothair eile próis na linne, is ar mhiontuiscint a fháil ar theanga an téacs mar a breacadh in Rawl. í, atá príomhaird na hanailíse.

Baineann tábhacht nach beag le tuiscint bheacht a fháil ar theanga an téacs a bhí ar aghaidh Bhriain Mhic Niallais sular fhéach sé lena chóipeáil más áil linn tuiscint chruinn a fháil ar na hathruithe teanga a tháinig sa téacs agus é á bhreacadh. Ar chomparáid a dhéanamh idir theanga Rawl., caighdeán na bhfilí, agus próis cráifeach eile, foilseofar an caighdeán teanga a cruthaíodh i dtéacs Rawl. agus a fágadh le leanacht ag Brian Mac Niallais sa gcóip a rinne seisean di. Cruthófar slat tomhais de bharr na hanailíse seo a thabharfaidh léargas níos grinne dúinn ar na hathruithe teanga a chuir Mac Niallais ar an téacs agus é i mbun cóipeála.

3.2 An Briathar

Cruinníodh ar a laghad aon sampla amháin de chuile fhoirm bhriathartha atá sa téacs as trascriobh Rawl.⁴ ar mhaithe le staidéar a dhéanamh ar an gcóras briathartha. Coinníodh briathra simplí in aon ghrúpa (Briathra Rialta) agus cuireadh a raibh de bhriathra eile sa téacs i ngrúpa eile (Briathra Neamhrialta) agus lorg anailís McManus (1994) ar chóras briathartha na Gaeilge Clasaicí á leanacht. Tugtar tuairisc thíos ar fhoirmeacha briathartha na ngrúpaí úd a cruthaíodh agus pléitear a ngaol le córas

² Feic Mac Gearailt (2012) áit a ndéantar cur síos ar thraidisiún an phróis ársa sa Nua-Ghaeilge Mhoch, traidisiún a tháinig chun cinn, dar leis, am eicint sa gcúigiú haois déag. Is i saothair chráifeacha is minicí a feictear teanga choiscthe na bhfilí ag péacadh a cinn agus craobhscaoileadh bholscaireacht na heaglaise ar an bpobal simplí mar aidhm acu (McManus 1994:336).

³ Is ar thrí shaothar próis eile a bheas aird agus teanga an téacs á scrúdú; *Smaointe B. Chr.*, *Desid.*; agus *Carswell*, a foilsíodh deich mbliana fichead tar éis BCC.

⁴ Feic caibidil a haon, 1.3 i dtaobh mhodh eagarthóireachta na trascribhinne.

briathartha na Gaeilge Clasaicí, mar a mhínítear an córas sin in McManus (1994:392–425). Ní déantar caighdeánú ar fhoirm bhriathartha aonair as trascriobh Rawl. a ndéantar tagairt di san anailís, ach cuirtear an réiltín * le foirm atá i bhfilíocht an téacs teann soiléireachta.

3.2.1 An briathar rialta

Tugtar foircinn phearsanta an bhriathair rialta sna táblaí seo a leanas. Is i litriú caighdeánach na Gaeilge Clasaicí, de réir McManus (1994), a tugtar foircinn eiseamláireacha na dtáblaí. Faightear léargas ar litriú luaineach na lámhscríbhinne in Aguisín I, áit a dtugtar ar a laghad aon sampla amháin de chuile fhoirm den bhriathar rialta a aimsíodh sa téacs. San áit a mbíonn rogha foirceann le foirm, cuirtear an foirceann is coitianta sa téacs i mbarr an liosta. Is sa bhfilíocht amháin atá foircinn na dtáblaí a bhfuil an réiltín * leo, agus is ionann [lom] agus fréamh an bhriathair.

An aimsir láithreach

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	-(a)im	-m(a)id
2.		-thaoi
3. ns. spl.	-(a)idh -(e)ann [lom]*	-(a)id
coibh.	-(e)as	
céasta	-th(e)ar -ar	

2ú uatha: Ní faightear aon sampla sa téacs d’fhoirm tháite sa dara pearsa uatha ach feictear trí shampla d’fhoirm scartha: *dacrepidend tu§87:78:17*, *dacrEidinn tú§87:80:29*, *nach gabond tu§219:212:28*.

2ú iolra: Feictear an dara pearsa iolra á úsáid agus Diarmaid, manach Cholm Cille, ag labhairt le Colm Cille féin: *facuirthai§227:228:25*.⁵ Pléitear an gnás sinn nó sibh a rá le haonfhear, ar comhartha measa é más fíor, in McManus (1994:397), agus in *Desid.* (251). Tugtar sampla eile den nós atá in BCC i measc na samplaí a tugtar in *Desid.*: *tucabair§18:8:23*. Fearacht samplaí *Desid.*, tá sampla sa téacs seo d’fhorainm sa 2ú

⁵ Is deacair a mheas an *curthaoi* nó *cuirthí* a bhí i gceist. Bíonn foirmeacha caola agus leathana ag an mbriathar sa modh foshuiteach (caite) sa téacs: *gocurthai§57:44:14*, *dácuirthi§353:378:34*. Feictear samplaí d’r leathan ag *cuir* sa modh foshuiteach agus san aimsir láithreach in *Desid.* (xxix).

pearsa iolra ag sealáíocht le forainm sa 2ú pearsa uatha in aon abairt amháin: §290:308:25–310:5.

3ú iolra: Feictear dhá shampla sa téacs d’fhoirm scartha sa tríú pearsa iolra: *dacrEidindsíad* §290:308:32; *dacrEidend siad* §216:208:7.

Céasta: Is sa bhfilíocht ar fad atá na foircinn gan *t(h)* sa téacs seachas aon sampla amháin den bhriathar *dlighidh*: *nidleghur* §178:182:37. Bhíodh foirmeacha le *t(h)* inmhalartaithe lena gcéilí gan *t(h)* sa mbriathar sin sa nGaeilge Chlasaiceach (McManus 1994:398).

An modh ordaitheach

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.		-(e)am -míd
2.	[lom]	-(a)idh
3.	-(e)adh	-aid*
	<i>céasta</i>	-th(e)ar -ar*

1ú iolra: Aon sampla amháin a feictear den fhoirceann *-míd*: *guidhmídne* §274:280:20. Is foirceann é seo a scaip ón táscach láithreach agus a dhíbir foirceann caighdeánach na bhfilí, *-(e)am*, faoi dheireadh (Ó Cuív 1952:171). Is é sampla an téacs seo an sampla is sine a tugtar in alt Uí Chuív faoi fhorbairt an mhodha ordaitheach (1952:172).

An modh foshuiteach (láithreach)

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.		-eam
2.	-(a)ir -e*	
3.	-a, -e	
	<i>céasta</i>	-th(e)ar

2ú uatha: Is sa bhfilíocht atá an t-aon sampla den fhoirceann *-e*: **ge tshire* §276:286:15. Ní cheadaítí mar fhoirceann ach é sa nGaeilge Chlasaiceach ach is rímhinic an foirceann *-air* a bheith i bprós (McManus 1994:407).

2ú iolra: Ní faightear aon sampla sa téacs d’fhoirm tháite ach faightear cúpla sampla d’fhoirm scartha: *gofinda sib* §76:62:28; *gocrEide sib* §219:212:16.

An aimsir ghnáthchaite/An modh foshuiteach (caite)⁶

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	-(a)inn	-mís
2.	-th(e)a -th(e)á	
3.	-(e)adh	-daois, -(i)dís
	<i>céasta</i> -thaoi, thí -the	

3ú iolra: Is iondúil gur i mbriathra a coimrítear a feictear an foirceann déshiollach, -*idís*, sa téacs seo, ní a thagann le gnás na Gaeilge Clasaicí (McManus 1994:399). In ainneoin gurb iondúil lorg na bhfilí á leanacht sa téacs, feictear corrshampla d'fhoirceann déshiollach a bheith ag briathar nach gcoimrítear: *rocroithidís*§355:390:20, *doullmaighedís*§71:56:27. Faightear an foirceann céanna le briathra nach gcoimrítear in *Smaointe B. Chr.* (Ó Maonaigh 1946:216).

An aimsir chaite

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	-(e)as	-(e)ama(i)r -seamar -sam*
2.	-(a)is	-eabhair
3.	[lom] -(a)is -asda(i)r	-(e)ada(i)r -s(e)ad -sadar
	<i>céasta</i> -(e)adh	-tha

2ú uatha: Trí shampla d'fhoirm scartha a faightear sa téacs: *artrÉic tú*§190:192:26, *mádo saEr tussa*§435:454:27, *Narcelebhuir tu*§347:370:7.

3ú uatha: Is foirmeacha neamhspleácha iad siúd dar críoch *-(a)is*, murab ionann agus foirmeacha eile na haimsire caite. Dhá shampla a feictear den fhoirceann *-asda(i)r*: **rodelbhusdair*§83:74:23, *dogabustar*§141:142:6. B'fhoirceann é seo a nglactaí leis sa nGaeilge Chlasaiceach (McManus 1994:408) ach ní feictear é, is cosúil, in *Smaointe B. Chr.* (Ó Maonaigh 1946:215), *Carswell* (xxvi) ná *Desid.* (xxvii).

⁶ Fearacht na Gaeilge Clasaicí (McManus 1994:407), is ionann foircinn phearsanta na haimsire gnáthchaite agus an mhodha foshuitigh (caite) sa téacs seo.

1ú iolra: Is é *-(e)ama(i)r* an foirceann is tréine sa téacs ach is minic nach féidir a rá an caol nó leathan a chonsan deiridh de bharr a ghiorraithe (Aguisín I:1.6). Is in aon rann a faightear an dá shampla den foirceann *-sam*: *do carsam§355:400:13, *nirfedsum§355:400:14; agus is ag an mbriathar *ráididh* amháin a bhíonn an foirceann *-seamar*. B'fhoircinn iad seo a mbíodh fáil ag filí na linne orthu ach nach luaitear a mbeith in *Smaointe B. Chr.* (Ó Maonaigh 1946:215), *Carswell* (xxvi), ná in *Desid.* (xxvii).

3ú iolra: Faightear dhá fhoirm scartha sa téacs: *dotindscaín siad*§216:208:18, *dotindscaín siad*§216:208:20. Is maith an léiriú ar luaineacht na bhfoirceann an fhoirm tháite a leanann an dá shampla siúd: *dotinnscanatar*§216:208:21. Is sa bhfilíocht a faightear chuile shampla den foirceann *-sadar* ach ceann: *rogabhsatar*§160:170:23. Is foirceann eile é seo nach luaitear a bheith in *Smaointe B. Chr.* (Ó Maonaigh 1946:215), *Carswell* (xxvi) ná *Desid.* (xxvii).

Céasta: Aon sampla amháin den fhoirm iolra a feictear: *DosaErtha§333:354:22. Tá leathcheann an rainn a bhfuil sé ann sa dán dar tús *Druimm Cetta Céte na Noem* (*AmraCC* 138).⁷ Faightear foirmeacha céasta iolra i dtéacsanna próis eile de chuid na Nua-Ghaeilge Moiche a shantaigh an ársaíocht (McManus 1994:410).

An aimsir fháistineach: f

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1. ns.	-f(e)ad	-f(e)am
spl.	-eabh	
2.		-faidhe
3. ns.	-f(a)idh	-f(a)id
spl.	-fa, -fe	
coibh.	-f(e)as	
céasta	-f(a)idhear, -fidhir	

Fearacht an lae inniu, is iondúil gur ag briathra aonsiollacha a bhíonn na foircinn seo san aimsir fháistineach sa nGaeilge Chlasaiceach, agus sa téacs seo. Faightear cur síos ar na briathra a mbíodh *f*-fháistineach acu sa nGaeilge Chlasaiceach in McManus (1994:402–5).

2ú uatha: Ní feictear sa téacs ach foirm scartha: *gebé sgailfe tú*§72:58:27.

⁷ Pléitear seachadadh an dáin seo in Breatnach (2005:18–21).

Iú iolra: Is ionann foirceann do na ceithre shampla atá sa téacs, bíodh is go mbeadh súil le foirm neamhspleách i dtrí shampla acu de réir na Gaeilge Clasaicí: aórfam§81:72:3, cainfem§81:72:3, anfam§120:114:30. Ba mhinic foirm spleách á húsáid san áit a mbeadh súil le foirm neamhspleách i bprós na linne (McManus 1994:401).

An aimsir fháistineach: eó/éa

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1. ns.	-ad	-am -amaid
<i>spl.</i>	[lom]	
2.	-air	
3. ns.	-aidh	-aid
<i>spl.</i>	-a	
<i>coibh.</i>	-as	
<i>céasta</i>	-ar -tar	

Cuirtear na foircinn seo le briathra a mbíonn *éa/eó*, *éabh/eóbh*, nó *óbh/ábh*, iontu san aimsir fháistineach agus sa modh coinníollach. Faightear cur síos ar bhriathra a mbíonn an tamhan fáistineach seo acu in McManus (1994:403–6).

Is iondúil go gcaolaítear consan leathan roimh *éa/eó* sa teanga chlasaiceach agus sa bprós (McManus 1994:403). Is amhlaidh an cás sa téacs seo é ach go bhfeictear corrbhriathar nach gcaolaítear, nó nach gcaolaítear ach uaireanta, *m.sh.*:⁸

Deirbeochadsa§285:300:37, derbochad§285:300:39;
mebrEochuss§336:358:18, gomebrochadh§353:380:15; bEndEochaid
se§44:30:18, bendochaidh§120:116:15; fiarfóchaidh§210:116:3;
dobrEcnóchadh§241:244:13; dotindscónadh§271:278:5.

Iú uatha: Is eisceacht sa téacs seo an tamhan fáistineach lom mar fhoirm spleách agus is iondúil an fhoirm neamhspleách san áit a mbeadh súil leis, *m.sh.* nicuimhnEochad§236:238:7; NiindEosad§264:268:8, *ach* níindEos§368:418:29. Is i dtéacsanna próis dheireanacha a feictear an fhoirm spleách ag géilleadh don fhoirm neamhspleách (McManus 1994:400).

⁸ Feictear an luaineacht chéanna in *Desid.* (xxviii), agus in *Trí Biorgh.* (xvii).

2ú uatha: Ní faightear ach aon sampla amháin sa téacs: ceingeolair§72:58:24. Bíodh is nach foirceann clasaiceach *-air*, is minic sa bprós é (McManus 1994:400). Feictear an foirceann in *Smaointe B. Chr.* (Ó Maonaigh 1946:219), agus tá aon sampla amháin de in *Desid.* (222:6825), mar a luann McManus (1994:400).

1ú iolra: Fearacht na mbriathra a bhfuil fáistineach in *f.* acu, is iondúil foirm spleách na Gaeilge Clasaicí á húsáid san áit a mbeadh súil le foirm neamhspleách. Ní feictear ach aon fhoirm amháin a leanann ceart na bhfilí: Laibeoramaid§345:368:4.

Céasta: Is i mbriathra a gcríochnaíonn a dtamhan fáistineach ar *-ch* amháin a faightear an foirceann *-ar*: ainmneochar§34:20:4; naEimhEochar§40:24:26. *-chth-* agus *-ch-* a bheith ar chomhfhuaim sa gcaint is cionsiocair leis an litriú (McManus 1994:401). Feictear an litriú céanna ar fhoirmeacha céasta san aimsir fháistineach agus sa modh coinníollach in *Smaointe B. Chr.* (Ó Maonaigh 1946:216), *Desid.* (xxviii), agus in *Trí Biorgh.* (xviii).

An modh coinníollach: eó/éa

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	-ainn	
2.	-ta	
3.	-adh	-daois
	<i>céasta</i>	-thaoi, -thaidhe

An modh coinníollach: f

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	-f(a)inn	
2.	-f(e)á	
3.	-f(e)adh	-f(a)idís
	<i>céasta</i>	-f(a)idhe

2ú uatha: Bíodh is gur ghné den teanga chlasaiceach an déadach *-dh-* nó *-th-* sa bpearsa seo (McManus 1994:402), ní faightear aon sampla de sa téacs. Luann McManus samplaí as téacsanna próis agus as an bhfilíocht agus an déadach ar lár iontu (1994:402). Bíonn sé in easnamh in *Smaointe B. Chr.* (Ó Maonaigh 1946:216) agus in *Carswell* (xxvi) freisin.

3.2.1.1 An t-ainm briathartha

Is minic níos mó ná aon fhoirm amháin ag ainmneacha briathartha áirithe sa téacs. Tagann bunáite na malairtí a feictear leis an rogha foirm a tugtar i dtráchtas na bhfilí. Tugtar thíos na malairtí a feictear sa téacs, agus déantar tagairt do na malairtí a fhreagraíonn dóibh in IGT más ann dá leithéid.

(a) Malairt gutaí

cungnum§135:136:10	congnamh§135:136:8	IGT II 44
cur§10:6:10	cor§10:6:11	IGT III 58
toitim§94:90:9	tuitim§125:124:8	IGT II 150
muscladh§123:120:15	moscludh§402:438:31	IGT II 106
* <u>Sloigedh</u> §344:366:16 ⁹	sluaiged§219:212:22	IGT II 11

(b) *-(i)ugadh* ag malartú le *-(e)achadh*

bendachadh§25:12:7	bendugad§26:12:35	IGT III 106
cathachadh§307:330:15	cathugadh§307:330:23	IGT III 106
cuidEchadh§220:216:19	cuidiugadh§219:214:10	IGT III 106
foillsechadh§377:426:31	foillsiugadh§377:426:32	

(c) *-(e)adh* ag malartú le *-(e)amh*

caithemh§283:298:32; caithedh§269:274:40

tEichem§209:202:18; tEithemh§219:214:14; tEichedh§284:300:12

(d) Eile

taisbenadh§119:112:27	taisEnadh§33:16:41	IGT III 66
taisbEnta§311:334:21	taisenta§311:334:21	
imdEcht§295:316:17 ¹⁰	imtecht§262:266:1	IGT II 24
tairring§295:316:23	tarraing§224:224:21	IGT II 13
feitheam§131:128:32	fEichemh§312:334:32	IGT II 101, 150
clodh§333:354:29	clai§224:224:22	

⁹ Ní feictear sa téacs ach é; *sluaigeadh* a úsáidtear de ghnáth.

¹⁰ Ní feictear sa téacs ach an sampla seo.

* <u>athcuingidh</u> §332:350:25	athcuinge§174:180:35
combuadradhsa§365:414:30	combuaidredh§193:196:6 combuaidhirt§284:300:7
* <u>cantain</u> §355:392:1	canamhain§355:394:26
tidluicibh§216:206:31	tindlaicibh§244:248:17
adhnacal§41:26:18	andlucadh§375:426:4
adlucadh§371:420:34	amnuicedh§256:258:24 idhlacudh§113:106:24

3.2.1.2 Briathra áirithe

Feictear briathra áirithe sa téacs a mbíonn cúpla foirm ag a bhfréamh in aon aimsir. Is malairt gutaí, ar mhúnla na malairte a fachtas san ainm briathartha thuas, is cionsiocair leis na foirmeacha malartacha i mbriathra áirithe:

doghoir§257:260:4, doghair§312:336:1; dofosdó§293:314:2,
dofasdo§219:214:26; falchadh§355:394:11, dofholchatar§81:72:18;
doleig§82:72:35, dolig§218:210:42.

Ní réimnítear na briathra *innisidh* agus *im(th)ighidh* ar an modh céanna i gcónaí sa téacs. Coimrítear fréamh an bhriathair *imighidh* i gcónaí, *m.sh.* doimghetar§229:230:33, ach fágtar gan coimriú é agus *-th-/dh-* ina lár, doimtighetar§295:316:14. Feictear an tsealaíocht choimrithe chéanna sa mbriathar *innisidh*, ar briathar é nach gcoimrítí de réir na Gaeilge Clasaicí (McManus 1994:404). Is iondúil gan coimriú an briathar sa téacs seo chomh maith, *m.sh.* doindisetar§79:68:38, ach faightear corrshampla de agus é coimrithe: doindsetar§218:210:28, doindsetar§247:250:24; doinnseadh§311:334:19.

3.2.2 Na briathra neamhrialta

Tugtar foirmeacha na mbriathra neamhrialta a faightear sa téacs sna táblaí thíos. Is i litriú caighdeánach na Gaeilge Clasaicí, de réir McManus (1994), a tugtar foirmeacha eiseamláireacha na dtáblaí ar mó ná tagairt leo, nó a bhfuil *srl.* ar a lorg. Is foirmeacha nach bhfeictear ach aon uair amháin sa téacs iad siúd a fágtar gan caighdeánú cé is moite de na foirmeacha copailéacha. San áit a mbíonn rogha foirm, is í an chéad fhoirm a tugtar is coitianta sa téacs. Cuirtear fleiscín roimh fhoirmeacha nach mbíonn gan mír bhriathartha eicínt rompu.

3.2.2.1 An briathar substainteach

An aimsir láithreach

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1. ns.	a-táim§3:2:25, §17:8:17, srl.	a-támaid§288:304:30, srl. *atám§355:394:16
spl.	-fuilim§64:50:2, §357:404:21, srl.	-fuilmíd§53:42:8, §236:236:33, srl.
2. ns.	a-taoi§87:78:20, §217:210:15 ata tu§336:358:8	atathaí§357:404:11
spl.	-fuile§64:48:38, §87:80:26, srl. -fuil tú§219:212:28, srl.	
3. ns.	a-tá§117:110:21, §178:182:36 srl.	a-táid§115:108:28, srl. ataíd síad§307:330:14 ata síad§308:330:32
spl.	-fuil§21:10:6, §129:128:1, srl. -fil§355:386:31, *§340:362:11	-fuilid§110:102:19, §280:294:11 gufuil síad§216:208:6

3ú uatha: Báitear túsghuta *atá* uaireanta agus í ar lorg guta nó *mar*, *m.sh.* máta§115:108:19, *fadá§155:158:20; *faata§371:422:16, *atám§355:394:16; martá§229:230:29. Bíodh is go raibh *a-* éigeantach sa nGaeilge Chlasaiceach, cheadaítí a bá ar lorg *mar*, agus in abairtí coibhneasta áirithe (McManus 1994:416).

Faightear *fuil* mar fhoirm neamhspleách agus an tuiséal áinsíoch ar a lorg aon uair amháin sa téacs: *Fuil suil nglais§201:198:29.¹¹ Is foirmeacha coibhneasta an dá shampla de *fil* a feictear: isat muinntir dodia fil and so§355:386:31, *sEct mic imlEsan atfil§340:362:11.¹² Faightear tuilleadh léargais ar an mbriathar neamhphearsanta *fil*, agus ar *fil* mar fhoirm choibhneasta in Breatnach (1994:323).

¹¹ Tá leathcheann an rainn a bhfuil an fhoirm seo ann le fáil sa tráchttaireacht a cuireadh le *AmraCC* (38), agus in *MeánBCC* (244). Is ar leaganacha na tráchttaireachta a bunaíodh an leagan de a foilsíodh in *Early Irish Lyrics* (Murphy 1956:64).

¹² Tá rann gaolmhar le rann na foirme in Laud 615 agus léamh eile ann: ‘.uii. meic imrisin aille’ (Laud 615, lth 20:2).

An aimsir ghnáthláithreach

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1. ns.	bím§124:122:23, *§159:170:11	
2.	inambínn tú§263:266:25	
3. ns.	bíd§87:78:13, §265:270:11, srl.	bíd§58:44:18, §124:122:24, srl.
spl.	-bí§54:38:15, §82:74:11, srl. gá mbínd§307:330:25	
	coibh. bhíos§1:2:8, §67:52:19, srl.	

3ú uatha: Is foirm neamhchoitianta i bprós na linne í *bíonn*. Ní luaitear a beith in *Smaointe B. Chr.* (Ó Maonaigh 1946:217), *Carswell* (xxviii), ná in *Desid.* (xxxi). Is foirm í nach dtugtar aon aitheantas di sa nGaeilge Chlasaiceach ach oiread (Knott 1922:lxxvi).

An aimsir chaite

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1. ns.	do bhádh§216:208:32, srl. * <u>robá</u> §348:372:18	Dobhámar§133:134:17 * <u>bámar</u> §157:162:7
spl.	rerabus§314:338:6 * <u>ní raba</u> §348:370:23	-rabumar§282:298:10
2. ns.	do bhí tú§120:116:36, srl. Dobadhais§120:116:36	
spl.	a rabadhais§347:370:8	
3. ns.	do bhí§17:8:19, srl. -bhaoi§43:28:9, srl.	-bhádar§36:20:27, §132:130:4, srl. bádar§73:60:13, §166:176:1, srl.
spl.	-raibhe§77:66:4, srl. -roibhe§74:60:21, srl. nach rabh§399:436:35	-rabhadar§287:304:8, srl.
	céasta spl. fá rabhadus§116:108:35	

3ú uatha, do bhí/baoi: Is í *do bhí* an fhoirm is tréine a feictear sa téacs. Faightear cor shampla de *baoi* aisti féin mar fhoirm choibhneasta chomh maith: *bui*§81:72:19, *bui*§83:74:21. Feictear aon sampla amháin de ar lorg an chónaisc *dá* san alt siúd a chuir scríobhaí eicint eile leis an téacs: *Diamboi*§352:378:1.¹³

¹³ Feic caibidil a dó, lth 23 i dtaobh shaothar an scríobhaí eile seo.

3ú uatha, -rabh: Is i leagan de rann atá in Laud 615 atá an fhoirm seo: **Colam .c. ar nach rab buaidhirt* §399:436:35.¹⁴ Ní clasaiceach an fhoirm aonsiollach bíodh is go bhfeictear i bprós na linne í (McManus 1994:412).

An aimsir fháistineach

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	bead§219:212:18, srl. * <u>Bíad</u> §373:424:12 * <u>biasa</u> §348:372:29	beimíd§66:52:7, §355:396:10, srl. bíam§19:8:29
2.	beir§64:50:5, §348:374:5 * <u>-bia</u> §348:372:4, §349:376:1	-beithí§362:412:7, §362:412:9
3. ns.	biaidh§39:22:36, §43:30:2, srl.	beid§93:88:18, §93:88:20, srl. biaidh siad§166:110:5 * <u>bEidíd siad</u> §277:290:12
spl.	-bia§76:64:17, §77:66:15, srl.	
	coibh.	bhias§42:28:1, §98:94:6, srl. bheas§87:82:9, §354:380:24, srl.

2ú uatha: Is i bhfilíocht a shíolraíonn ón tráchtairacht a cuireadh le *AmraCC* (50) atá **-bia*. Ní clasaiceach an fhoirm *beir*, foirm a shíolraigh ón modh foshuiteach (McManus 1994:416).

Coibhneasta: Feictear *bheas* san aimsir fháistineach in *Smaointe B. Chr.* (Ó Maonaigh 1946:217), agus in *Desid.* (xxxii). Ní luaitear ach *bhias* mar fhoirm sa nGaeilge Chlasaiceach (McManus 1994:416), agus ní bhíonn in *Trí Biorgh.* (xix) ach í. Déantar plé ar ghéilleadh an mhodha foshuitigh don aimsir fháistineach in *Desid.* (260).

An modh coinníollach

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	-beinn§76:64:15	
2.	combeithÉa§241:244:17	
3.	-biadh§156:160:16, §76:64:23, srl. -beith§1:2:7, 156:160:19, srl.	-beidís§115:108:22, srl.

Ní raibh de dhifríocht idir foirmeacha an mhodha choinníollaigh agus an mhodha foshuitigh chaite sa nGaeilge Chlasaiceach ach gurbh í *-beith*, seachas *-biadh*, ab fhoirm don 3ú persa uatha den mhodh foshuiteach caite (McManus 1994:416). Is

¹⁴ Laud 615: ‘*Colam.c. nargab mEsca*’ (lth 53:12).

ionann an cás sa téacs seo é ach go mbíonn *-beith* ag sealáíocht ar *-biadh* sa modh coinníollach. Fearacht *Desid.* (xxxii), is í *-beith* a leanann *dá* agus *muna* i gcónaí sa téacs, *m.sh.* dá mbeith§77:66:15, §87:82:4, muna bheith§159:168:15, §76:64:32.

An modh fosh. (láith.): **2ú uatha** dambEr§354:380:24, darabuir§313:336:21,
 3ú uatha daraibe§362:412:7, go rabh§115:108:19,
 1ú iolra -beam§19:8:28, §355:396:19

An modh ordaitheach: **2ú uatha** nabidh§313:336:19,
 3ú uatha bíodh§26:12:33, §111:104:2, srl.

An aimsir ghnáthch.: **3ú uatha** -bíodh§53:40:10, §413:444:8, srl.,
 3ú iolra -bídís§44:30:12, §370:420:20, srl.

Ainm briathartha: beith§111:104:1, §122:118:28, srl.

3.2.2.2 An chopail

In ainneoin go mbíodh fáil ag na filí ar fhoirmeacha pearsanta na copail, ní coitianta ina gcuid filíochta iad (McManus 1994:417). Is gann iad sa téacs seo freisin agus ní feictear ach cúig shampla díobh:

isat§355:386:31, *am§366:416:22, *masad§348:372:23, *nibdar§77:66:8,
 *nirsat§278:290:28.¹⁵

Tugtar léargas thíos ar na foirmeacha scartha den chopail a aimsíodh sa téacs.

An aimsir láithreach

	<i>Dearfa</i>	<i>Diúltach</i>
	is§24:10:23, srl.	ní§7:4:24, srl. nocho mEsi§182:186:40 *nochanEclaighe§171:180:15
Ceisteach	an§33:18:10, srl.	
+ go	gurab§182:188:9, srl. gonadh§116:110:8, srl. conidh§159:168:16	nach§23:10:15, srl.
+ má	más§64:50:8, srl. mása§93:86:39, srl.	
+ gé	gidh§295:316:13, srl.	gion gurab§432:452:23, srl.

¹⁵ Is i bhfilíocht a bhfuil a macasamhail in *AmraCC* atá *am (*AmraCC* 178) agus *masad (*AmraCC* 52). Tá leathcheann an rainn a bhfuil *nibdar ann in *MeánBCC* (230:265).

+ <i>do/de</i>	darab§102:98:2, srl. dara§239:242:13, srl. dana§262:264:39, srl. danadh§75:62:14, srl. dianadh§182:188:21	
+ <i>fa</i>	fana§159:164:33	fánach§138:138:22
+ <i>ó</i>	ós§76:64:16	ó nach§20:8:31, srl.
+ <i>le</i>	lenab§4:4:1	
+ <i>re</i>		ris nach§223:224:4

An aimsir chaite

	<i>Dearfa</i>	<i>Diúltach</i>
	ba§157:160:34, srl. fa§123:120:14 do ba§157:164:8, srl. do budh§133:134:13, srl. dob§131:128:28, srl. rob§160:170:14 budh§168:176:18 (coibh.).	níor§43:28:13, srl. níorbh§50:36:24, srl. *nochar§159:168:29
<i>Ceisteach</i>		nár bh§212:204:15, srl.
+ <i>go</i>	gurab§264:268:4, srl. gurbh§60:46:5, srl. gur§230:232:26, srl.	nár§147:150:25, srl. nár bh§243:246:17, srl.
+ <i>gé</i>	gér§157:162:10, srl. gér bh§85:76:30, srl.	gEncor§174:180:35 gincorbh§131:128:28
+ <i>do/de</i>	dar§137:136:30, srl. dár bh§149:152:18, srl. darbo§138:138:17 diambó§317:340:25	
+ <i>le</i>	lér§79:70:18, srl. lér bh§229:230:12, srl.	
+ <i>fa</i>	far§319:342:22	
+ <i>re</i>		ris nár§89:84:13, srl. ris nár bh§296:316:39, srl.
+ <i>ó</i>		O narb§229:230:24

Feictear na foirmeacha dar críoch *-r* á n-úsáid agus brí an mhodha choinníollaigh leo uaireanta, *m.sh.* nirchoir§375:424:22, inarbail§67:52:15. Feictear amhlaidh in *Carswell* (xxx), agus in *Desid.* (xxxi).

<u>An aimsir fháistineach:</u>	budh§338:360:13, srl., *bid§25:12:21, diúltach níba§333:354:10, srl., coibh. bhus§31:16:20, srl.
<u>An modh coinníollach:</u>	do budh§241:244:18, srl., diúltach ní budh§122:118:36, srl., coibh. budh§230:232:13, srl.; spleách: +go gomadh§142:144:34, srl., combadh§197:196:37, + nach nach budh§40:26:8, srl.
<u>An modh fosh. (láith.):</u>	*robsoraidh§171:180:14, ¹⁶ diúltach *narub§326:346:37; ¹⁷ spleách: +go go mba§182:188:20, srl., gurab§115:108:19, srl., + má madh§248:252:3, munab§78:68:10, + gé gingora§149:152:37
<u>An modh fosh. (caite):</u>	spleách: +go gomadh§120:116:9, srl., + nach ná budh§294:314:23, srl., + gé gémadh§241:244:25, srl., + dá dámadh§76:64:15, srl., + má munbadh§21:10:5
<u>An modh ordaitheach:</u>	narub§182:188:12

3.2.2.3 Do-ní

An aimsir láithreach

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1. spl.	*andenaim§276:286:19	
2. ns.		donithí§43:28:18
3. ns.	do-ní§87:78:16, *§326:346:36, srl.	do-níad§355:382:17, *§330:348:33
spl.	-déanann§182:188:11, *§411:442:30	doní siad§156:160:31 nidenaid§132:130:39
	céasta ns.	doníthear§115:108:28
	céasta spl.	dándentar§43:28:33

¹⁶ ‘rob *soreidh*’ an scaoileadh a déantar in eagrán BCC. Molann Meyer *soraidh* a léamh (1921:382), mar atá in §278:290:23. Is i rann a bhfuil a leathcheann sa dán dar tús *M’aenarán dam isa sliab* a feictear an fhoirm. Tá eagrán den dán úd in Carney (1940). Mheas Carney gur leagan athleasaithe den dán atá in *Leabhar Búí Leacáin* agus in Laud 615, agus gur ón leagan sin a shíolraigh an rann atá in BCC (1940:106).

¹⁷ Tá leathcheann an rainn a bhfuil an fhoirm seo ann sa dán dar tús ‘Benaidh bhar cluig ar conall’ atá in Laud 615 (lth 78:11). Tá eagrán den dán in Meyer (1915:48).

An modh ordaitheach

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.		denam§298:322:12
2.	déana§98:94:5, §353:380:6, <i>srl.</i>	déanaidh§355:284:15, §357:404:11
3.		* <u>déanaid</u> §277:290:4, §278:290:26
	<i>céasta</i>	déantar§222:220:8, §355:282:14

An aimsir chaite

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1. ns.	do-rinneas§216:280:25, <i>srl.</i> dorinde mEsi§90:84:21	
spl.		condErnsamar§355:382:16
2. ns.	do-rinnis§17:8:14, <i>srl.</i> dorinne tu§129:126:37	
spl.	-dearnais§138:138:21, §312:336:3	
3. ns.	do-rinne§16:8:7, §105:98:26, <i>srl.</i> doroíne§98:94:17	do-rónsad§111:104:3, <i>srl.</i> do-rinneadar§49:34:20, <i>srl.</i> do-rónatar§221:218:14, <i>srl.</i> * <u>doronsatar</u> §118:112:12
spl.	-dearna§50:36:19, §92:86:9, <i>srl.</i>	-dearnadar§358:406:10, <i>srl.</i>
	<i>céasta ns.</i>	do-rinneadh§47:34:6, §319:342:12, <i>srl.</i> do-rónadh§157:162:1, §182:186:13, <i>srl.</i>
	<i>céasta spl.</i>	-dearnadh§110:102:27, §182:188:17, <i>srl.</i>

An aimsir fháistineach

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1. ns.	do-ghéan§354:380:30, <i>srl.</i>	do-ghéanam§120:116:32, <i>srl.</i>
spl.	Nidingen§221:218:3	
2. spl.	condingair§238:240:24	
3. ns.	do-ghéana§30:16:3, <i>srl.</i>	do-ghéanaid§127:124:33, <i>srl.</i>
spl.	-diongna§94:90:6, <i>srl.</i> nachdena§260:264:10	-diongnaid§127:124:21, <i>srl.</i> gondenaid§128:126:7
	<i>céasta ns.</i>	do-ghéantar§276:288:13, §332:350:17
	<i>céasta spl.</i>	nídingantar§182:188:17

Ní feictear *déan-* mar thamhan spleách fáistínigh sa nGaeilge Chlasaiceach (McManus 1994:412). Feictear minic go maith in *Desid.* (xxxiii) é, agus níl a mhalairt in *Carswell* (xxxii).

An modh coinníollach

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1. spl.	<i>condingnaind</i> §129:126:37	
2. ns. spl.	<i>dodentá</i> §265:268:35	<i>nídenad sib</i> §72:58:20
3. ns. spl.	<i>do-ghéanadh</i> §56:42:32, <i>srl.</i> <i>-diongnadh</i> §38:22:25, <i>srl.</i> <i>-déanadh</i> §76:62:37, §270:276:17 <i>dandingnedh</i> §405:440:16	<i>do-ghéandaois</i> §85:76:21, <i>srl.</i> <i>-déandaois</i> §156:160:10, <i>srl.</i>
	<i>céasta spl.</i>	<i>-diongantai</i> §156:160:29, §332:350:22 <i>-déantai</i> §156:160:25, §260:264:18

An aimsir ghnáthch.: **3ú uatha (ns.)** *do-níodh*§112:104:35, §123:122:3, *srl.*,
3ú uatha (spl.) *-déanadh*§118:276:23, §290:310:16,
3ú iolra (ns.) *do-nídis*§123:120:36, §361:410:6,
dognidis§355:382:10, **3ú iolra (spl.)** *nach*
dendaEis§44:30:11

An modh fosh. (láith.): **2ú uatha** *-dearna tú*§43:28:35, §94:90:6,
dandErnair§355:382:33, **3ú uatha** *-dearna*§308:332:9,
§336:358:21, **2ú iolra** *condErna sib*§219:212:16

An modh fosh. (caite): **2ú uatha** *dandErnta*§223:222:36, **3ú uatha**
-dearnadh§98:94:13, §161:172:32, *srl.*
céasta *dearntaoi*§243:246:28, §362:412:10

Ainm briathartha: *déanamh*§1:2:10, §8:4:37, *srl.*, *denadh*§284:300:20

3.2.2.4 Do-chí

Bíodh is gurb é an réamhbhriathar *do* is coitianta sa téacs leis an mbriathar, feictear *ad/at* ag malartú leis uaireanta, *m.sh.* *atcim*§257:260:13, *docím*§280:294:9, *docithEr*§151:156:6, *atcithEr*§355:388:5. Cheadaítí an malartú seo sa nGaeilge Chlasaiceach (McManus 1994:394). Báitear guta an réamhbhriathair *ad/at* ar lorg an chónaise ó i gcónaí sa téacs. *Odconduirc*§252:256:18, *odcondairc*§295:316:9, *Otconncatar*§355:394:7.

An aimsir láithreach

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1. ns. <i>spl.</i>	do-chím§145:148:7, srl.	nach faicmid§355:396:16
2. spl.		nachfaicí§100:96:14
3. ns. <i>spl.</i>	*do-chí§138:138:36, §202:200:5 afEicend§363:414:19	nifaicid§120:114:12
	<i>céasta ns.</i> -cíthear§151:156:6, *§355:388:5 <i>céasta spl.</i> *nochanfhaicEr§355:394:19	

An aimsir chaite

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1. ns.	do-chonnarc§72:58:19, §88:82:21	
2. ns. <i>spl.</i>	do-chondairc tú§121:118:14, srl. docondaic tú§123:120:19 docondcais§45:32:8 doconncadhais§312:336:4 afaca tú§121:118:14 dabfacadhuis§368:418:28	docondcabair§357:404:19 nachfacabhair§227:228:26
3. ns. <i>spl.</i>	do-chonnaire§33:18:3, srl. do-chonnaic§33:18:21, srl. -faca§43:28:15, srl. -facaídh§110:102:9, srl.	do-chonncadar§110:102:14, srl. -facadar§97:92:23, srl.
	<i>céasta ns.</i> do-chonncas§47:34:7, §53:40:7, srl. <i>céasta spl.</i> nifacus§234:236:16	

An aimsir fháistineach

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1. ns. <i>spl.</i>	docífedsa§236:238:7	*nifaicem§355:388:6 ¹⁸
2. ns. <i>spl.</i>	do-chífe tú§33:18:16, §87:80:26 nifaicfe tu§313:336:21	docife sib§259:262:21 docífí§287:304:14 gobfhaicfí§292:312:17
3. ns. <i>spl.</i>	docife§232:234:15 -faicfe§283:298:29, §265:270:19	
	<i>céasta ns.</i> docífidhEr§43:28:34	

¹⁸ Moltar ‘ni faicfem’ a dhéanamh den fhoirm seo in eagrán BCC.

An modh coinníollach

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1. ns.		docifidís§289:308:2
spl.	gofaicfÉa§233:234:24	gofaicfidís§147:150:27
3. ns.	docífeadh§138:138:26	
spl.	-faicfeadh§262:266:17, srl.	

An modh ordaitheach: **1ú iolra** Faicem§149:154:3

An modh fosh. (láith.): **3ú uatha** gofaice sí§265:270:6

An modh fosh. (caite): **3ú uatha** -faicedh§119:112:26, §149:152:33, srl.,
2ú iolra -faicedh sibh§72:58:19, §257:260:12

An aimsir ghnáthchaite: **3ú iolra** docidis§123:120:31

Ainm briathartha: faicsin§40:24:13, §60:46:3, srl.

3.2.2.5 Do-gheibhAn aimsir láithreach

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1. spl.	-faghaim§149:152:13, srl.	
2. ns.	dogeib tú§43:30:6	
spl.	gofagand tú§298:322:20	
3. ns.	dogeib§78:68:10	
spl.	nifagand§51:38:12	*Nífhaid§184:190:4
céasta ns.	do-geibhthear§415:444:27, srl.	

An aimsir chaite

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	fuaras§314:338:2, *§340:364:1 abfuair me§431:452:16	*fuaramar§355:386:13, §355:388:8
2.	fuarus§282:298:10 ¹⁹	
3.	fuair§68:54:4, §78:68:6, srl. do fhuair§233:234:27, srl. *rofhuarusstair§340:364:5 *ros fuair§425:450:2	fuadarar§40:24:4, §157:162:25, srl. dofhuaratar§391:432:39
céasta	fríoth§51:38:21, §158:166:2, srl.	*frithe§316:340:18 ²⁰

¹⁹ Moltar ‘fuaru[i]s’ a léamh in eagrán BCC.

²⁰ Tá leathcheann rann na foirme seo sa dán dar tús *Druimm Cetta Ceide na Naomh* (AmraCC 138).

3ú uatha: Is ar lorg na gcónasc *mar* agus *ó* a feictear chuile shampla de *do fhuair* sa téacs ach ceann: dofhuair se§135:136:11 (*coibh.*). Tá leathcheann an rainn a bhfuil ‘rofhuarusstair’ ann in Laud 615 (lth 20:7). Is i rann eile atá le fáil sa lámhscríbhinn chéanna sin atá ‘ros fuair’, rann atá sa dán dar tús ‘Ranag irachrainn narigh’ (Laud 615, lth 103:10), a bhfuil eagrán de in Meyer (1915:53).

An aimsir fháistineach

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1. ns.	do-ghéabh§51:36:35, <i>srl.</i>	dogebam§355:396:12 dogebaimne§219:212:26
spl.	gofuighe mé§149:152:37 *nirogeb§348:372:14 ²¹	
2. ns.	do-ghéabhair§51:36:36, <i>srl.</i> do-ghéabha tú§65:50:22, <i>srl.</i>	do-ghéabhthaoi§355:388:19, <i>srl.</i>
spl.	-fuighe tú§67:52:29, <i>srl.</i> ní fhuighbe§156:158:31 cobfhuighEir§292:312:8	Nifuighthí§355:396:16
3. ns.	do-ghéabha§34:20:6, <i>srl.</i>	
spl.	-fuighe§149:152:37, <i>srl.</i>	
	<i>céasta spl.</i>	-fuighthear§54:42:23, §345:368:6

An modh coinníollach

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1. ns.	do-ghéabhainn§129:128:1, <i>srl.</i>	
spl.	-fuighinn§87:80:37, <i>srl.</i>	
2. ns.	do-ghéabhtha§314:338:1, <i>srl.</i>	
spl.	-fuighthea§138:138:29, <i>srl.</i>	
3. ns.	do-ghéabhadh§68:54:2, <i>srl.</i>	do-ghéabhdais§33:18:26, <i>srl.</i>
spl.	-fuigheadh§257:260:6, <i>srl.</i>	-fuighdís§268:274:14, <i>srl.</i> cofúigbheidís§305:328:27 gofuigeadh síad§80:70:24

An modh ordaitheach: **2ú uatha** fagh§276:288:11

An modh fosh. (láith.): **1ú uatha** -faghar§131:128, 23, §368:418:29, *srl.*,

3ú uatha gofagha se§345:368:7,

1ú iolra munafagham§81:72:2

²¹ Tá leathcheann rann na foirme seo i dtráchtairacht *AmraCC* (52).

An modh fosh. (caite): **2ú uatha** dáfagtha§124:122:28,
3ú uatha -faghadh§82:72:36, §331:350:5, *srl.*,
3ú iolra -faghdaois§80:70:25, §321:344:11, *srl.*
céasta munafaghtai§332:350:21

An aimsir ghnáthch.: **3ú uatha (ns.)** do-gheibheadh§136:136:14,
 §286:328:5, *srl. (spl.)* -faghadh§54:42:19,
 §319:342:15, **céasta (ns.)** do-gheibhthí§113:106:27,
 §165:174:29, **(spl.)** ní faghtai§293:314:6

Ainm briathartha: fagháil§67:52:20, §118:112:8, *srl.*,
 faghbháil§228:230:5, §321:344:14.
 Luaitear chaon fhoirm in IGT II 148.

3.2.2.6 A-deir

An aimsir láithreach

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	a-deirim§95:90:25, <i>srl.</i>	
2.	adEiri§87:80:3 *adEir tu§190:192:31	
3. ns.	a-deir§40:26:11, §104:98:17, <i>srl.</i>	a-dearaid§50:36:6, §149:152:11 *adErid§110:102:22
spl.		danabraid§40:26:12
	céasta ns.	a-deirthear§77:66:31, §166:176:8, <i>srl.</i> adErar§326:346:32
	céasta spl.	abarhar§26:12:29, §51:36:26, <i>srl.</i>

An aimsir ghnáthchaite

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
3. ns.	a-deireadh§24:10:30, <i>srl.</i>	a-deirdís§219:214:17, <i>srl.</i>
spl.	-abradh§89:84:5, §185:190:6, <i>srl.</i>	
	céasta ns.	a-dearthaoi§340:362:21, §408:442:1, <i>srl.</i>
	céasta spl.	-abarthaoi§158:164:36, §158:164:1, <i>srl.</i>

An aimsir chaite

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1. ns.	adubart§227:228:27	a-dubhramar§237:238:24, srl. a-dubhramair§266:272:10, srl.
spl.		-dubhramar§156:160:26, srl.
2. spl.	nachdubruis§93:88:18	
3. ns.	a-dubhairt§3:2:21, srl. as-bert§38:22:13, srl.	adubhradar§66:52:1, srl. adbertatar§355:396:26
spl.	-dubhairt§79:70:12, srl. -déabhairt§183:188:25, srl.	
	<i>céasta ns.</i>	a-dubhradh§51:38:1, *§53:40:26
	<i>céasta spl.</i>	andubradh§268:274:15

3ú uatha: Faightear 565 sampla de seo sa téacs, foirmeacha spleácha agus neamhpleácha, agus is í *-dubhairt* atá i 90% díobh. Is mar bhriathar réamhrá, a chuireann filíocht i láthair, a feictear na foirmeacha a shíolraíonn ó aimsir chaite shimplí na Sean-Ghaeilge ar fad ach péire: adbert§82:72:35, atbert§355:384:12. Feictear *dixit* na Laidine, *ráididh*, agus ar ndóigh *-dubairt*, mar bhriathra réamhrá roimh fhilíocht chomh maith.

An modh coinníollach: **3ú uatha (ns.)** a-déaradh§120:116:1, §211:204:2,
(*spl.*) gonaibEoradh se§228:228:35,
céasta (spl.) conaibEorthaí§161:172:7

An aimsir fháistineach: **3ú uatha (ns.)** a-déara§120:116:3, §120:114:33,
(*spl.*) *nadeibera§25:12:20²²

An modh ordaitheach: **2ú uatha** abair§120:116:10, §332:350:10

An modh fosh. (caite): **3ú uatha** Danabradh§241:244:26

Ainm briathartha: rádha§46:32:24, §50:36:22, srl., rádh§53:40:23, srl..
Luaitear chaon fhoirm in IGT (rádha IGT II 3, rádh IGT II 38).

²² Tá leathcheann rann na foirme seo i dtráchtairacht *AmraCC* (266), agus in *MeánBCC* (224:139).

3.2.2.7 Do-chluin

Is é an réamhbhriathar *do* is coitianta sa téacs leis an mbriathar. Fearacht an bhriathair *do-chí* feictear *ad/at-* ag malartú leis uaireanta, *m.sh.* *atcluimim*§189:192:9, *docualatar*§257:260:22, **atcualutar*§179:184:15 *srl.*. Báitear guta an réamhbhriathair seo ar lorg an chónaisc ó i gcónaí: *Ótclos*§138:138:18, *Odcuala*§355:382:31.

An aimsir chaite

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1. ns.	<i>do-chuala</i> §87:80:2, <i>srl.</i>	<i>docualamar</i> §355:388:8 <i>rocualamar</i> §155:158:10
spl.		<i>nachcualamar</i> §87:78:31
3. ns.	<i>do-chuala</i> §46:32:23, <i>srl.</i>	<i>do-chualadar</i> §257:260:22, <i>srl.</i>
spl.	<i>-cuala</i> §160:170:26, <i>srl.</i>	<i>-cualadar</i> §62:46:23, <i>srl.</i>
	<i>céasta ns.</i>	<i>do-clos</i> §99:96:6, §138:138:18
	<i>céasta spl.</i>	<i>-clos</i> §157:164:18, §311:334:14

An aimsir láithreach: **1ú uatha (ns.)** *ad-chluimim*§189:192:9, *§191:194:7, **(spl.)** *dacluimim*§191:194:3,

2ú iolra *Ancluinti*§241:244:18

An modh ordaitheach: **2ú uatha** **romcluim*§118:112:12

An modh fosh. (caite): **2ú iolra** *gocluinedh sibh*§257:260:13

An aimsir ghnáthch.: **3ú iolra** *do-chluindís*§119:112:33, §355:390:30, **céasta** *adcluintí*§355:392:1 (?)

An aimsir fháistineach: **2ú uatha** *docluinfir*§238:240:11

Ainm briathartha: *cloisdin*§75:60:2, §100:96:15, *srl.*, *cluinsin*§69:54:17, *srl.*. Luaitear chaon fhoirm, *cloisdin* agus *cluinsin*, in IGT III 4.

Is é *cluinsin* is foirm don ainm briathartha in *Smaointe B. Chr.* (Ó Maonaigh 1946:218), agus *cluisdin* a feictear in *Carswell* (xxxi). Foirm eile ar fad atá in *Desid.* — *clos* (xxxiii), foirm nach bhfeictear sa nGaeilge Chlasaiceach (eDIL s.v. 1 *clos*).

3.2.2.8 Téid

An aimsir chaite

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
2. ns.	do-chuadhais§368:418:30, srl. do chuaid tu§223:224:6 andEchadhais§368:418:30	
spl.		
3. ns.	do-chuaidh§9:6:5, §68:54:7, srl. * <u>luid</u> §430:452:15 * <u>doluid</u> §374:424:21 * <u>doluidh</u> §338:360:19	do-chuadar§113:106:7, srl. * <u>Dolotar</u> §315:338:30
spl.	-deachaidh§94:90:15, srl.	-deachadar§197:196:29, srl.

3ú pearsa: Is i rann a bhfuil a leathcheann sa dán *Druimm Cetta Céte na Noem* (*AmraCC* 138) a feictear an fhoirm ‘dolotar’ sa téacs. Tá macasamhail an rann a bhfuil ‘doluid’ ann sa tráchtairacht a cuireadh le *AmraCC* (178), agus in *MeánBCC* (242). Is sa mbailiúchán rann dar teideal ‘roinn na hamra’ in Laud 615 atá ‘doluidh’ (Laud 615, lth 51:15). Bíodh is go luaitear na foirmeacha leis an mbriathar *téit* san eDIL (s.v. 1 téit), is deacair a bheith cinnte de nach leis an mbriathar *do-tét* a bhaineann siad. Is maith an léiriú ar an éiginnteacht an t-aistriúchán a rinneadh in *MeánBCC* agus in *AmraCC* ar an rann úd a bhfuil ‘doluid’ ann: ‘he went’ (*AmraCC* 179); ‘he came’ (*MeánBCC* 265).

An aimsir fháistineach

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1. ns.	rachad§195:196:16, srl.	racham§120:116:22, srl. rachmaid§355:396:11
spl.	-rach§105:100:3, srl.	-racham§81:72:2 srl.
2. ns.	rachair§354:380:26	
3. ns.	rachaidh§265:268:26, srl.	
spl.	-racha§191:194:5, srl.	
coibh.	rachas§42:28:3, §149:154:3	

An aimsir láithreach:

1ú uatha téighim§87:78:26, *§201:200:1, srl.,

3ú uatha téid§73:60:17, §152:156:18, srl.

3ú iolra tiaghaid§158:166:7, §355:394:3, srl.

<u>An modh ordaitheach:</u>	<i>2ú uatha</i> éirigh§250:254:30, §278:290:21, <i>srl.</i> , ²³ * <i>eirg</i> §348:372:30, <i>1ú iolra</i> Tiagam§158:166:6, <i>2ú iolra</i> naheirgidh§290:308:21
<u>An modh fosh. (láith.):</u>	<i>1ú uatha</i> gedEch§219:212:18, * <i>muntias</i> §348:372:14, ²⁴ <i>3ú uatha</i> * <i>condEcha</i> §326:346:37 ²⁵
<u>An modh fosh. (caite):</u>	<i>3ú uatha</i> -deachadh§174:180:38, §297:318:22, <i>srl.</i> <i>3ú iolra</i> dandEchdais§80:70:23
<u>An aimsir ghnáthch.:</u>	<i>3ú uatha</i> -téigheadh§26:12:31, §401:438:20, <i>srl.</i> , téigheadh§398:436:18, <i>srl.</i>
<u>An modh coinníollach:</u>	<i>1ú uatha</i> -rachaind§218:210:25, §346:368:17, <i>3ú uatha</i> -rachadh§93:86:31, §132:130:35, <i>srl.</i> , do rEchadh§396:436:13, <i>3ú iolra</i> -rachdaois§80:70:24, §82:74:8,
<u>Ainm briathartha:</u>	dul§29:14:31, §33:18:5, <i>srl.</i> , dol§33:18:21, *§185:190:13, <i>srl.</i> . Luaitear chaon fhoirm in IGT III 8.

3.2.2.9 Tig

An aimsir chaite

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	tánag§87:78:24, §120:116:13 * <i>tancus</i> §275:286:4 * <i>do dEchad</i> §348:370:24	tángamar§362:412:19, <i>srl.</i>
2.	táinig tú§224:224:35, <i>srl.</i> tángadhais§347:370:8, <i>srl.</i>	tancabair§355:396:21
3.	táinig§33:16:13, §59:44:22, <i>srl.</i> tánaig§75:62:17, §147:150:20, <i>srl.</i>	tángadar§8:4:37, <i>srl.</i>

²³ Feic a bhfuil sa ngluais faoi *eirg* in *Desid.* (305). Is í *eirg* amháin a luaitear mar fhoirm in IGT (McManus 1994:415).

²⁴ Tá macasamhail an rainn a bhfuil an fhoirm seo ann i dtráchtairacht *AmraCC* (52).

²⁵ ‘-aidh’ seachas ‘-a’ a rinne eagarthóirí BCC d’fhoirceann giorraithe na lámhscríbhíne, cinneadh a chuir ocht siolla sa líne. Tá leatheheann rann na foirme sa dán dar tús ‘Benaidh bhar cluig ar conall’ (Laud 615, lth 78:11). ‘co ndecha’ atá ag Meyer san eagrán a rinne seisean den dán úd (1915:48).

An aimsir fháistineach

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
3. ns.	tiogfaidh§30:16:2, srl.	*ticfaid§90:84:24
spl.	-tiogfa§27:14:11, §43:30:5, srl.	gotiogfad§33:18:27
coibh.	tiogfas§127:124:25, §238:240:12, srl.	

3ú uatha: Is iondúil giorraithe an briathar sa lámhscríbhinn. Ní fheicim aon sampla de *tiogfa* mar fhoirm neamhspleách scríofa *plene* ach feictear corrshampla de *tiogfaidh*. Is minic *tiogfa* scríofa *plene* agus é spleách. Ní ceart foirceann neamhspleách a chur leis an bhfoirm phrótatonach de réir na Gaeilge Clasaicí (McManus 1994:415). Cloítear le ceart na bhfilí in *Desid.* (xxxiv), ach ní déantar amhlaidh in *Tri Biorgh.* (xxxix), ná in *Smaointe B. Chr.* (Ó Maonaigh 1946:219).

Coibhneasta: Ní luaitear ach *tiogfa* mar fhoirm choibhneasta i dtráchtas na Gaeilge Clasaicí (McManus 1994:415). Fearacht an téacs seo, is í *tiogfas* amháin atá in *Carswell* (xxxviii) agus in *Tri. Biorgh.* (xxxix). Is minic an fhoirm faoi shéimhiú ag *Carswell* (xxxvii), agus tá sampla mar é in *Tri Biorgh.* (85:2665). Ní feictear a leithéid sa téacs seo. Ní fheicim ach aon sampla amháin sa téacs de bhriathar neamhrialta dar tús *t* faoi shéimhiú i gclásal coibhneasta: anuair *thicfaid*§237:238:36. Choisctí an séimhiú seo ar bhriathra dar tús *t* sa nGaeilge Chlasaiceach (McManus 1994:422).

<u>An modh coinníollach:</u>	2ú uatha coticfasa§131:128:30, 3ú uatha -tiogfadh§38:22:21, §245:248:30, 3ú iolra -tiogfaidís§244:248:11, §357:404:31, srl.
<u>An modh fosh. (láith.):</u>	2ú uatha *cotís§348:372:14, ²⁶ 3ú uatha -tí§24:10:25, *§38:22:30, srl., 3ú iolra goticid§158:166:10, cotecaid§355:396:17.
<u>An modh fosh. (caite):</u>	3ú uatha -tígeadh§84:76:8, §395:434:29, 3ú iolra -tígdís§212:204:21, §215:206:24
<u>An aimsir ghnáthch.:</u>	2ú uatha *goaticind§185:190:10, 3ú uatha tígeadh§111:104:18, srl., tígeadh§54:42:20, srl., 3ú iolra tígdís§125:124:1, §125:122:33, dotígdís§82:72:27

²⁶ Tá leathcheann rann na foirme i dtráchtairacht *AmraCC* (52).

An aimsir láithreach: **2ú uatha** tige§314:336:27, *§340:362:27,
3ú uatha tig§87:80:18, §94:88:28, srl.,
3ú iolra *ni tEgaid§192:194:31

An modh ordaitheach: **2ú uatha** tar§314:336:26, §346:368:22, srl.,
 tarra§346:368:16, **3ú uatha** tigeadh se§120:116:38,
 218:210:27, **2ú iolra** tigidh§355:394:11, §362:410:32

Ainm briathartha: teacht§35:20:10, §38:22:9, srl. *artocht§159:170:7,
 *iar toighEcht§320:344:2.

Luaitear na foirmeacha seo ar fad in IGT III 5.

3.2.2.10 Do-bheir

An aimsir láithreach

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1. ns.	do-bheirim§65:50:28, §116:108:38	
2. ns. <i>spl.</i>	dobEri§76:64:16	datugthai§72:58:21
3. ns. <i>spl.</i>	do-bheir§78:68:11, §79:70:10 -tugann§259:262:25, §366:416:11 dátabair§138:138:24	dobErid§218:210:34
	<i>céasta spl.</i>	datucthar§238:240:30

An aimsir chaite

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	tugas§88:82:23, §141:142:15 tug mé§335:356:21, srl. *nochatucas§27:14:16	
2.	tugais§87:80:24, *§355:386:12, srl. tug tú§138:138:23 (ns.) *dorad tu§355:388:22	tucabair§18:8:23
3.	tug§66:50:37, §76:62:31 (ns.) *do-rad§27:14:15	tugatar§79:68:37, srl. tugsad§355:382:22, §355:386:5
	<i>céasta</i>	tugadh§72:58:31, §209:202:25, srl. (ns.) *do radadh§159:170:3

An aimsir fháistineach

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1. ns.	do-bhéar§65:50:29, §93:88:5, srl.	dobÉraimne§355:384:1 ²⁷
3. ns.	do-bhéara§43:28:35, srl.	do-bhéaraid§127:124:31, srl.
spl.	gotiubra§225:226:36	atibhraid§127:124:24
	<i>céasta ns.</i>	do-bhéarthar§338:360:9, §347:370:13

An modh coinníollach

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1. ns.	do-bhéarainn§354:380:29, srl.	
spl.		cotiubhramaís§148:152:4
2. ns.	dobErthEá§76:64:15	
spl.	datiubartha§223:22:37	
3. ns.	do-bhéaradh§80:70:27, srl.	doberdais§396:426:7
spl.	-tiobhradh§101:96:27, srl.	-tiobhraidís§142:144:30
	<i>céasta ns.</i>	do-bhéarthaoi§142:144:35, §229:230:25, srl.
	<i>céasta spl.</i>	-tiobharthaoi§142:146:3, §332:350:22, srl.

An modh ordaitheach: **2ú uatha** tabhair§190:192:25, §265:268:29, srl.
3ú uatha natucudh§236:236:31,
2ú iolra tabhraidh§93:88:14, §355:382:13,
céasta tucthar§298:322:12

An aimsir ghnáthchaite: **3ú uatha (ns.)** do-bheireadh§78:68:24, §356:402:20, srl., **(spl.)** atuccadh§123:122:3,
3ú iolra (spl.) -tugdaois§123:120:38, §240:242:38

An modh fosh. (láith.): **1ú uatha** cotucarsa§355:388:18

An modh fosh. (caite): **3ú uatha** -tugadh§75:62:11, §113:106:21, srl.

Ainm briathartha: tabhairt§144:146:24, §226:228:11, srl.

²⁷ Feic McManus (1994:432) i dtaobh chonsan caol an fhoircinn.

3.2.2.11 Beiridh

An aimsir chaite

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
2.	rugais§46:32:17, §169:178:33	
3.	rug§45:32:4, §47:34:3 beiris§141:142:17, §221:218:5 odoruc§353:378:24	rugadar§8:4:39, §300:324:28, srl. * <u>rucsad</u> §355:400:3
	<i>céasta</i>	rugadh§41:26:15, §109:100:27, srl.

3ú uatha: Ní ceart an mhír dhearfach *do* a chur roimh *rug* de réir na Gaeilge Clasaicí (McManus 1994:409). De bhrí go leanadh foirm choibhneasta an cónasc *ó* (McManus 1994:423), is deacair a rá an *do* mar mhír choibhneasta atá anseo, nó an ionann é agus *do* éigeantach na haimsire caite. Feictear samplaí mar é in *Desid.* (xxxii). Níor chreid Dillon gur cheart samplaí *Desid.* a chomhaireamh ar shamplaí an *do* choibhneasta: ‘It is merely a spreading of *do* with the preterite’ (Dillon 1962:124). Faightear tuilleadh samplaí den *do* coibhneasta, as téacsanna is sine ná an téacs seo, in Ó Buachalla (1962–64). Ní thugtaí aon aitheantas don mhír seo mar mhír choibhneasta sa nGaeilge Chlasaiceach (McManus 1994:422).

An aimsir fháistineach

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1. ns. spl.	béarad§248:252:3, srl.	
2. ns. spl.	béarair§46:32:25, srl. gombera tu§45:32:8	
3. ns. spl.	béaraidh§34:20:8, srl. combera§43:30:2	béaraid§287:304:16, srl. nibEraid§95:90:27
	<i>coibh.</i>	bhéaras§40:24:20, srl.
	<i>céasta</i>	béarthar§44:30:23, srl.

An modh coinníollach: **2ú uatha** comberthássa§141:142:16,
3ú uatha -béaradh§197:198:1, srl.,
céasta doberthai§142:144:35

<u>An aimsir láithreach:</u>	1ú uatha beirimse§332:350:7, 2ú uatha fámbErearn tu§149:152:30, * <u>beire</u> §348:372:29, céasta * <u>bearar</u> §40:24:22 ²⁸
<u>An modh ordaitheach:</u>	2ú uatha beir§87:80:38, <i>srl.</i> , 1ú iolra beirem§355:386:32, 2ú iolra beiridh§76:62:28, <i>srl.</i>
<u>An modh fosh. (láith.):</u>	1ú uatha gombEri tú§250:254:35, coibh. sul bErEs§67:52:17
<u>An modh fosh. (caite):</u>	3ú uatha manabeiredh se§297:320:11, 3ú iolra dambEirdís§157:162:19
<u>An aimsir ghnáthchaite:</u>	3ú uatha -beireadh§410:442:16; céasta dobErthí§159:168:17
<u>Ainm briathartha:</u>	breith§52:38:27, <i>srl.</i>

3.2.2.12 Do-soich/-roich

An modh foshuiteach (láithreach)

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	* <u>goroissiur</u> §373:424:14	* <u>co roichem</u> §355:388:6
2.		daroichí§355:396:13
3.	* <u>dáro</u> §278:290:30 * <u>dosia</u> §344:368:3	* <u>go roissidh</u> §222:220:32

<u>An aimsir chaite:</u>	3ú uatha -riacht§355:382:25, *§374:424:18, rosiacht§355:382:25, * <u>do ruacht</u> §315:340:2, 3ú iolra gurriachtatar§355:400:18
<u>An modh coinníollach:</u>	3ú uatha do roicfeadh§355:396:14
<u>An aimsir ghnáthchaite:</u>	3ú uatha -roicheadh§71:56:28, §425:448:17
<u>An aimsir fháistineach:</u>	3ú uatha * <u>nídria</u> §355:386:22 (?)
<u>Ainm briathartha:</u>	rochtain§218:210:37

²⁸ ‘berthar’ atá sa leagan den rann a bhfuil an fhoirm seo ann atá in *MeánBCC* (224:150). Feictear ‘berar’ sna léamha a tugtar as lámhscríbhinní eile san eagrán.

3.2.2.13 Rigidh

An aimsir chaite

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	rainEc mesi§93:88:3	*rángamar§355:388:1, §355:392:22
2.	ráinig§75:62:14, srl.	rángadar§202:200:3, srl.

An aimsir láithreach: **1ú uatha** *ricim§366:416:22, **2ú uatha** rige§45:32:6, srl., **3ú uatha** nirigend§26:12:34, srl.

An aimsir ghnáthchaite: **3ú uatha** -rigeadh§422:446:28, srl.

An aimsir fháistineach: **coibh.** ricfas§44:30:19

An modh coinníollach: **3ú uatha** dorigfeadh§75:62:4,
3ú iolra níricfaidís§156:160:19

3.2.2.14 Do-fh(e)idir

An aimsir chaite/láithreach

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1. ns. spl.	dofedarsa§155:158:12 -feadar§65:50:29, srl.	-feadamar§355:396:8, srl.
2.		Anfedubhair§355:396:4
3. ns. spl.	*Rofidir§366:416:15 *dofhidir§366:416:16 -fidir§346:368:25, srl.	
	céasta *romfEs§277:290:12	

3.2.2.15 Fágbhaidh

An aimsir chaite

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	*-fágbhas§275:286:3, §279:292:15	-fágbhamar§40:26:11, srl.
2.	-fágbhais§263:266:26, srl.	
3.	-fágaibh§109:102:4, srl. fagbhuis§153:156:25	-fágbhadar§256:258:28, srl. rofacuibEt§355:382:27
	céasta *arfacbud§427:450:16	

<u>An aimsir láithreach:</u>	<i>1ú uatha</i> fágbhaim§187:190:31, §347:370:12, srl., fágaim§347:370:9, §353:380:9, srl., <i>1ú iolra</i> *fagmaid§157:162:5
<u>An modh ordaitheach:</u>	<i>2ú uatha</i> fágaibh§347:370:10, srl., <i>2ú iolra</i> *fagaidh§355:394:16, *fagbuidh§191:194:9 (?)
<u>An aimsir fháistineach:</u>	<i>1ú uatha (ns.)</i> fúicfead§219:212:15, *§137:138:14, srl. (<i>spl.</i>) -fúigheabh§120:116:23, §131:128:23, <i>2ú uatha</i> *conus fuicfí§211:202:38, ²⁹ <i>coibh.</i> *fhuícfEs§38:22:28
<u>An modh coinníollach:</u>	<i>1ú uatha</i> -fúicfinn§275:282:10, *§181:184:30, <i>3ú uatha</i> -fúicfeadh§219:212:13, §297:320:30
<u>An modh fosh. (láith.):</u>	<i>1ú uatha</i> sulfagbursa§292:312:8
<u>An modh fosh. (caite):</u>	<i>3ú uatha</i> munafhagbudh§256:258:32, sul dofacbadh se§316:340:14
<u>Ainm briathartha:</u>	fágbháil§180:184:27, §183:188:25, srl.

3.2.2.16 Marbhaidh

An aimsir chaite

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
2.	farmarbais§105:98:32	romarb sib§355:382:23
3.	-marbh§105:98:35, srl. marbais§94:88:31	-marbhsad§355:382:29, §355:396:6
	<i>céasta</i>	marbhadh§98:94:20, srl.

An aimsir láithreach: ***céasta*** nimarbtar§51:38:12,
coibh. marbuss§417:446:4

An aimsir ghnáthch.: ***3ú iolra*** domarbdais§333:354:16,
céasta lemarbhthai§260:264:8

²⁹ Tá leathcheann an rainn a bhfuil an fhoirm seo ann in *MeánBCC* (239:458).

An aimsir fháistineach: **3ú iolra** comuirbfid§151:156:14,
céasta muirfidhear§94:90:14, §117:110:23,
 muirbhfidhear§354:380:26, §151:156:7

An modh coinníollach: **3ú uatha** muirbhfeadh§149:152:32, §245:348:28, srl.,
céasta muirfidhe§142:144:31, §147:150:27,
 muirbfidhe§176:182:20

Ainm briathartha: marbhadh§111:105:19, §288:304:37, srl.

3.2.2.17 Tógbhaidh

Tamhan fáistineach in *eó/éa* atá ag an mbriathar seo. Níl de neamhrialtacht ina réimniú ach an tsealaíocht fréimhe céanna a feictear sa mbriathar *fágbhaidh* thuas, san aimsir chaite agus sa modh ordaitheach, *m.sh.* dothóg§357:404:1, dothogaib§88:82:15; Tóc§297:318:38, tocbadh se§4:4:2. Bhí na foirmeacha malartacha seo ag an mbriathar ó ré na Meán-Ghaeilge.³⁰

3.2.2.18 Ithidh/Ibhidh

Is tamhan fáistineach eamhnaithe atá ag na briathra seo sa nGaeilge Clasaiceach agus is in éineacht a pléitear iad in IGT III 31.³¹ Is ionann déanamh dá dtamhan fáistineach sa téacs seo:

An aimsir fháistineach: **3ú uatha:** nach íssa se§288:304:32

An modh coinníollach: **3ú uatha** gonisadh§118:112:1, do
 íobhadh§109:102:4, §284:300:17, **3ú iolra**
 conisdais§132:130:37, do ibhdaEis§112:104:38

Níl de mhírialtacht sna briathra thairis sin ach go bhfeictear aon sampla amháin den chaite eamhnaithe a bhíodh mar rogha sa mbriathar *ithidh* (McManus 1994:411): aduaigh§347:370:16. Is í *-ith* a feictear chuile áit eile sa téacs seachas sin.

3.2.2.19 Briathra neamhrialta eile

Is samplaí aonaracha atá sa bhfilíocht mórán chuile bhriathar neamhrialta eile atá sa téacs (Aguisín I:2). Níl sa bprós ach sampla amháin den bhriathar *at-reig*:

³⁰ Feic Breatnach (1989:184), agus McCone (1987:245) a ndéantar tagairt dó in alt an Bhreatnaigh.

³¹ Pléitear a bhfuil in IGT III 31 in Ó Cuív (1971:63–64).

Atrachtatar§355:394:5, chomh maith le cúpla sampla den bhriathar *ad-anaig* in aon alt amháin: ro adhnacht§155:158:8, ro adhnocht§155:158:12.³² Bíodh is gur fada roimh am scríofa BCC briathra eile tagtha in áit na mbriathra seo, feictear iad i dtéacsanna próis de chuid na Nua-Ghaeilge Moiche a shantaigh foirmeacha ársa teanga (Mac Gearailt 2012:82).

3.2.3 Míreanna briathartha

do/ro/no: Ba riachtanach í an mhír dhearfach *do* sa nGaeilge Chlasaiceach, le briathra rialta san aimsir chaite (ach amháin le foirmeacha in *-(a)is* sa 3ú pearsa uatha), agus sna haimsirí tánaisteacha (McManus 1994:408). Ní bháití guta na míre seo roimh ghuta nó *fh-* sa nGaeilge Chlasaiceach (McManus 1994:409). In ainneoin go bhfeictear corrshampla den ghuta á bhá i bprós na linne, b'iondúil nach ndéantaí amhlaidh (Ó Catháin 1933:19). Is ionann an cás sa téacs seo é, áit nach bhfeictear ach aon sampla amháin den mhír agus a guta báite: *dfhácbus§275:286:4.

Bíodh is nach léirítear séimhiú ná urú go rialta ná go córasach sa téacs, is léir gur chuir *do* séimhiú ar chonsain, agus gur chuir sé *h* roimh ghuta tosaigh bhriathair chéasta, *m.sh.*:

dobhendaigh se§234:236:15, dodhiult§74:60:27, doghellusa§94:90:12,
dothuic se§64:50:16, dochuir mEsi§25:12:16, dotshás§85:76:31, doshás
se§84:76:13, domhallaig se§31:16:14, dofhas§340:362:18,
dohadhlaiceadh§113:106:30, dohinnEsedh§157:164:27,
dohoiledh§117:110:16, dohadhnaicfidhe§207:202:8.

Is í *do* is minicí a faightear sa téacs, ach faightear riar samplaí de *no*, nó *ro*, á n-úsáid thar a ceann. Ba leis na haimsirí tánaisteacha a bhain *no* go stairiúil (McManus 1994:399), agus is sna haimsirí céanna sin a feictear *no* sa téacs seo. Aon sampla dhéag a feictear sa téacs agus is in aon alt, §355, atá a mbunáite:

nobidh§87:78:13, nobeith§161:172:38, nocanadh§355:390:16,
*nobiadh§355:392:26, no candaEís§355:394:27, notÉigEdh§355:396:24,
nofEradh§355:396:24, noshasfad§400:438:13, *noardadh§401:438:24,
*noloighed§404:440:12, nobidh§413:444:8.

³² Faightear an scéal céanna atá in §155 i lámhscríbhinní is sine ná BCC, feic Meyer (1892:162), agus Vendryes (1912).

Is iondúil gur le briathra atá san aimsir chaite a feictear *ro* á húsaid sa téacs, ní a thagann le húsaid stairiúil na míre (McManus 1994:408).³³ Ní faightear ach trí shampla de *ro* roimh bhriathar atá in aimsir thánaisteach, áit a mbeadh súil leis an mír *no* go stairiúil, nó *do* de réir ghnáthchóras an téacs:

rocandaEis§355:390:24, rocroithidís§355:390:20, rocuirdís§355:382:18.³⁴

Is díol suntais é gur in aon alt amháin, §355 arís, atá beagán os cionn leath de na 94 sampla den mhír *ro* a feictear sa téacs. D’fhéadfadh sé nach i ngan fhios do lucht scríofa na beatha a baineadh úsáid as míreanna briathartha, agus as foirmeacha briathartha, in §355 nach n-aontaíonn le gnáthchóras briathartha an téacs. Is iomramh é scéal an ailt seo a bhfuil dáimh aige leis an téacs dar teideal *Merugud Cléirech Choluim Chille* (Ó Máille 1912).³⁵ Murab ionann agus na scéalta atá roimhe agus ina dhiaidh, ní hé Colm Cille príomhphearsa an scéil atá in §355, ach cléirigh leis a théann ar thuras fionnachtana chuig oileáin choimhthíocha. Scaradh an scéal go soiléir ón gcuid eile den téacs sa lámhscríbhinn áit ar fágadh spás do litir ornáideach ina thús; scaradh a thagann leis an éagsúlacht ábhair agus teanga atá sa scéal le hais an chuid eile den téacs.

Míreanna agus cónaisc eile: Cuireann na míreanna diúltacha *ní*, *níor*, agus *nár* séimhiú ar bhriathra gníomhacha amanta, agus cuireann siad *h* roimh ghuta tosaigh bhriathair chéasta, *m.sh.*:

níchaithfe sí§265:270:6, nithigedh§222:220:13, nifhuil§214:204:31,
narghabhatar§302:306:3, narmhellatar§385:430:18, nihaithrEstar§113:106:7,
nirhíadhadh§77:66:6.

Is sa bhfilíocht³⁶ a faightear chuile shampla den mhír dhiúltach *nocha*, *nochan* (roimh ghuta/*f*), agus *nochar*, ach amháin na trí shampla seo:³⁷ nochabiadh§120:114:9, nochabeith§339:360:25, Nocho mEsi§182:186:40.

³³ Faightear léargas ar ghéilleadh na míre *ro* don mhír dhearfach *do* in Breatnach (1994:278–80), agus in Ó Catháin (1933:14–17).

³⁴ ‘Pseudo-archaism’ a thugann Mac Gearailt ar an úsáid seo (Mac Gearailt 2012:73).

³⁵ Pléitear gaol scéal an ailt seo le *Merugud Cléirech Choluim Chille*, agus le leaganacha eile den iomramh is sine ná iad, in Murray (2014 762–67).

³⁶ *m.sh.* *nochachel§355:388:23, *nochanfhaicEr§355:394:19, *nochar sill§411:442:25.

³⁷ Déantar cur síos ar an mír seo, a shíolraíonn ó *nícon* na Sean-Ghaeilge, in Breatnach (1994:280), O’Rahilly (1932:165), agus in Ó Buachalla (1977:97–100).

Bíodh is nach fairsing é, faightear cúpla sampla sa téacs den mhír *ná* san áit a mbíonn *nach* go hiondúil sa téacs:

nafedfá§64:50:2, nafuil§65:50:31, nafuighedh§68:54:7,
nadingna§120:116:11, nafuil§182:188:16.

Is iondúil nach leanann urú *ná* séimhiú *nach* sa téacs, mar sin féin, feictear urú ar a lorg sna ceithre shampla seo:

nachbfaicedh§132:130:5, nachbfhuair§149:152:21, nachbfaca§320:342:30,
nacbfhuighEd se§297:318:18.³⁸

Ní feictear aon sampla sa téacs d'urú ar lorg *muna*, ach feictear séimhiú ar a lorg uaireanta:³⁹ munadhernadh§243:246:20, munathuighedh se§229:230:27. Is minic a chuireann an mhír cheisteach *an*, na cónaisc *go* agus *dá*, agus an mhír choibhneasta *a*, urú ar bhriathar dar tús *b*, *d*, *g*, *guta*, nó *f*, *m.sh.*:

INbfuil§217:210:18, anbfhedfuidis§240:242:27, dambenadh§43:28:29,
condoirtfeadh§211:202:33, dāngabthása§354:380:27, inabfuilim§357:404:21,
conÉstfedh§231:232:37.

3.2.4 Comhréir an bhriathair

Is iondúil go réitíonn uimhir an bhriathair agus a ainmní lena chéile sa téacs, ní a thagann le ceart na Gaeilge Clasaicí (McManus 1994:420). Faightear corrshampla sa téacs, mar sin féin, d'ainmní iolra a bheith in easaontas le briathar atá san uimhir uatha:

goticfad daine§33:18:27, Anuair *tra* tighedh aEidhedha *no* aEs
eladna§83:74:16, nírainic trostain na naemh§111:104:7, nithighedh
aidhedha§222:220:13, ni raibe coindli§251:256:5, dobris
nacEngail§284:300:22, nacbidh daíne nosprEidh§297:320:14, munabEith
daíne aca§332:350:19, monafaisnEidhedh aingli dé hí§431:452:18.

3.3 An Forainm

An forainm neamhspleách: Is minic a feictear forainm neamhspleách ag cur ainmní an bhriathair in iúl sa téacs. Bhíodh rogha idir foirmeacha táite agus foirmeacha scartha an bhriathair i gcaighdeán na Gaeilge Clasaicí a fhad is go n-úsáidfí an 3ú

³⁸ Luaitear dhá shampla díobh sa bplé a dhéanann O'Rahilly ar bhunús an urraithe seo (1932:40).

³⁹ Faightear cur síos ar scaipeadh an urraithe ar lorg an chónaisc seo in O'Rahilly (1932:46).

pearsa uatha den bhriathar mar fhoirm scartha (McManus 1994:419). Léiríonn staidéir Uí Chatháin (1933), agus Roma (2000), go seachnaítear foirmeacha scartha an bhriathair i dtéacsanna próis na Nua-Ghaeilge Moiche a shantaigh ársaíocht teanga. Ní mar sin atá sa téacs seo. Is mó samplaí ar an gcéad chúpla bileog den téacs seo d’fhorainm mar ainmní ag briathar sa 3ú pearsa ná mar a luaitear a bheith in *Desid. uilig* (xxv). Léiríonn an chomparáid sin, agus na samplaí a tugtar d’fhoirmeacha scartha áirithe sna táblaí thuas, nárbh é lorg na saothar próis a chloígh le leagan ársa den teanga a leanadh sa téacs seo.

An forainm iontáite: Bíodh is gur forainm neamhspleách a úsáidtear mar chuspóir briathair de ghnáth, faightear dornán forainmneacha iontáite sa téacs chomh maith. Seacht sampla is fiche ar fad a feictear sa téacs; cúig shampla sa bprós agus dhá shampla is fiche sa bhfilíocht. Mar a léirítear thíos, is í *ro* an réimír atá le mórán chuile shampla díobh, úsáid a thagann le gnás na Gaeilge Clasaicí (McManus 2005:155, n.18).

Is go réamhthagrach a úsáidtear na forainmneacha iontáite ar fad atá sa bprós, agus is in §355 atá chuile shampla díobh ach péire:

3ú uatha *roslEnatar muinntir fíacra anfiadh*§355:382:27,
roguid .c.c. ansin air brEcan conusfuair sochruidh nimhe dó§352:378:8,⁴⁰
3ú iolra *Rus gab Ecla naclErich*§355:392:12, *rus togaibh iad.*§166:176:4,
rosbuaildis anguilbne inataebibh§355:390:20.

Is i bhfilíocht a bhfuil a macasamhail le fáil i dtéacsanna is sine ná BCC a faightear bunáite na bhforainmneacha iontáite atá i bhfilíocht an téacs. Tugtar thíos a bhfuil sa téacs díobh agus tagraítear do na téacsanna a bhfuil dáimh ag na samplaí leo sna fonótaí:

Iú uatha **masached ledia romcluinn*§118:112:12, **getrom lemcroidhe romfEs*
**marbEidíd síad fámcairdEs*§278:290:12, **Romlín maích*§278:292:3,
**A colaim cilli romcar*§348:372:11,⁴¹ **Rombia modelgsa conór*§349:376:1,⁴²
**romhoileadh romaltromadh*§355:388:24,⁴³

⁴⁰ Scríobhaí eicint eile a bhreac an t-alt seo sa lámhscríbhinn, feic caibidil a dó, lth 23.

⁴¹ *AmraCC*: ‘A Choluim cille rom-char’ (52).

⁴² Moltar *rotbia* a léamh in eagrán BCC, léamh a thiocfadh lena bhfuil in *AmraCC*: ‘Rot-bia mo delgg-sa co n-ór’ (50).

⁴³ *Merugad Cléirech Choluim Chille*: ‘rom-oiled rom-altromadh’ (Ó Máille 1912:315).

*Romdirich día asdEmhin lEm§355:390:3,⁴⁴ *guidEm muire mor. na romcuire arcu§355:396:28,⁴⁵ *guidem patraic naemh. nacam saruigh sín§355:398:1,⁴⁶
 *guidhium pEtar pol. gorumlEcar§355:398:3,⁴⁷ *Nímtorbha§423:448:1,⁴⁸
2ú uatha *rodbía doriar uaim budhdEin§348:372:4,⁴⁹
 *Ascandlan ciascel fotricc§348:372:30,⁵⁰
3ú uatha *Mocros andruim mocroide. imgha aingel nosadrann§154:156:37,
 *nodusdoirtfe madhaircín. conusfuicfi fás§211:202:38,⁵¹
 *diaragha arighe nerenn. rodusaircfe mór anbEt§348:372:18,⁵²
 *isse díafEn rusbEndach§355:386:22,⁵³
 *Ferr dfhEruib anfEr rosfuair§425:450:2,⁵⁴
1ú iolra *ronbia anbithfaith diadidhnad§25:12:22,⁵⁵
3ú iolra *cEin bias bainde alinde.7 minde nosnodra§423:448:2.⁵⁶

3.4 An tAinmfhocal

Déantar iarracht anseo tuiscint a fháil ar chóras ainmfhoclach an téacs. Fearacht na mbriathra, bailíodh agus scrúdaíodh a bhfuil d’ainmfhocail sa téacs don anailís. Cuirtear i gcomparáid thíos na foirmeacha sin a bailíodh le córas infhillte na Gaeilge Clasaicí, agus le próis cráifeach eile a breacadh le linn thréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche.

3.4.1 Inscne

Dhá inscne atá ag formhór na n-ainmfhocail atá sa téacs — firinscneach agus baininscneach. In ainneoin go raibh an neodrach imithe as an teanga faoi ré na Meán-Ghaeilge (Breatnach 1994:241), mhair a lorg sa nGaeilge Chlasaiceach san urú a

⁴⁴ *Merugad Cléirech Choluim Chille*: ‘rom-dhírig Dia is deimín lem’ (Ó Máille 1912:315).

⁴⁵ *Merugad Cléirech Choluim Chille*: ‘guidhim Muire ogh nacham-cuire ar cul’ (Ó Máille 1912:319).

⁴⁶ *Merugad Cléirech Choluim Chille*: ‘Guidhim Padraic naem nacham-saraighi sín’ (Ó Máille 1912:319).

⁴⁷ *Merugad Cléirech Choluim Chille*: ‘Guidhim Petur 7 Pól fa n-ar legan slán’ (Ó Máille 1912:319).

⁴⁸ *Laud 615*: ‘Nímtorbha.’ (lth 54:16).

⁴⁹ *AmraCC*: ‘rot-bia do riar huaim fodéin’ (50).

⁵⁰ *AmraCC*: ‘A Scandlain, cia scel fod-rig’ (54).

⁵¹ *MeánBCC*: ‘is benfaid frim’ adaircín, nos-faiceba fás’ (239:457).

⁵² *AmraCC*: ‘dia ragba rígi Herenn, roda-sargius, mor in bet’ (54).

⁵³ *Merugad Cléirech Choluim Chille*: ‘ise Dia rad robennach’ (Ó Máille 1912:319).

⁵⁴ *Laud 615*: ‘Ferr dferaih anfer rusfuair’ (lth 103:10). Tá an dán iomlán, ‘Ranag irachrainn narigh’, in eagar ag Meyer (1915:53).

⁵⁵ *MeánBCC*: ‘rom-bia in bithlaith dia dídnad’ (224:143).

⁵⁶ *Laud 615*: ‘CÉin mharus banide alinne .7 minne nosnodhra’ (lth 54:16).

leanadh ainmfhocail áirithe sa TA a bhíodh neodrach sa tSean-Ghaeilge, agus i ndobhriathra ama ar leith (McManus 1994:358). Feictear iarsma sin an neodraigh sa téacs seo chomh maith:

.i. cinel conaill 7 cinel néogain§278:180:25 (TA); *fath mbil§179:184:16.

Ní feictear ach an sampla seo thuas d’urú ar lorg an ainmfhocail *ceinéal* agus é sa TA, ach faightear sampla eile d’urú ina dhiaidh agus é sa TG: dárigh cineoil neogain§173:180:25. Luann McManus gur de bharr an uraithe a bheith cailcithe in ainmneacha cine a faightear a leithéid sa nginideach (McManus 1994:358). Is i *cheville* a feictear an t-urú ar lorg *fáth*.⁵⁷ Tugtar sampla eile san eDIL d’urú ina dhiaidh agus é i *cheville*: ‘fath ngle LL 17^a9’ (eDIL s.v. fáth). Luann Breatnach gur cás speisialta iad *chevilles* na filíochta agus gur minic urú ar lorg an ainmnigh uatha iontu, beag beann ar inscne (Breatnach 1994:239).

Bíonn ainmfhocail áirithe sa téacs a bhíonn *fir.* agus *bain.* Is iondúil gurb ionann na hainmfhocail seo agus iad siúd a mbíonn an dá inscne acu sna tráchtas ghramadaí.⁵⁸

<i>fir.</i>	IGT	<i>bain.</i>	IGT
dobendugad antalaím§26:14:3	II 17	lucht natalman sin§270:276:10	II 19
marbais nabEich§105:98:32	II 171	gortugadh nahenbeiche§105:98:36	II 39
domí§52:38:26	II 108	atosach na.c.mís§79:70:14	II 97
maithe IEith mogha §435:454:12	II 31	lanrighe IEithe cuind §38:22:9	II 39
cohEspart§266:270:38	II 25 ⁵⁹	reme Espartain§230:232:16	II 8
* <u>adhruid failind</u> §279:294:1	II 11	dobatar failEnda§192:194:21	II 12
ar aanam§304:326:36	II 17	ar aanmuin§131:128:31	II 8

Bíonn *beatha fir.* agus *bain.* sa téacs: artighErnus anbetha§241:244:25; mac nabEthadh§30:16:2, dolucht IEghtha nabeatha§392:434:8. Is ainmfhocal *bain.* é *beatha* a bhfuil infhilleadh consanta aige de réir IGT II 7, ach b’ainmfhocal *fir.* é sa tSean-Ghaeilge (eDIL s.v. betha). Is díol suntas é gur in aon alt le hainmfhocail a infhilltear mar thamhan consanta nó mar *io/iā*-thamhan atá sé in IGT. Focail a bhíonn

⁵⁷ Tá leagan den rann a bhfuil sé ann le fáil in Laud 615 (lth 99:1); is díol spéise é gur gaire an rann atá in BCC don leagan de atá sa gcóip de *Amra CC* agus dá thráchtairacht atá in LNE G 50 (lth 71:22).

⁵⁸ Déantar plé ar ainmfhocal na dtráchtas a bhfuil an dá inscne iontu in McManus (1994:367).

⁵⁹ Lochtaítear *easpart* in IGT II 25.

d'uathadh agus d'iollradh dá n-iomarcaidh a tugtar ar an gcineál seo focal sna tráchtas agus is minic nach ionann inscne dóibh in chaon infhilleadh (McManus 1994:361).⁶⁰ D'fhéadfadh sé freisin ar ndóigh gur léiriú é *na beatha*, seachas *na beathadh*, ar *-dh* a bheith imithe as caint na linne (McManus 1994:353).

Is focal *bain. é meabhal* de réir IGT II 37, ach is cosúil dhá inscne a bheith aige sa téacs seo: *ameabhuil*§288:304:25, **tremebhul*§139:140:20. Deirtear san eDIL go bhfaightear mar *o*-thamhan *fir*. an focal sa Meán-Ghaeilge dheireanach agus sa Nua-Ghaeilge (eDIL s.v. mebal, mebul).

Faightear cúpla sampla sa téacs d'ainmfhocal *bain*. á dhéanamh d'ainmfhocal *fir*. agus é i gcomhfhocal le *ban-*, foirm an ainmfhocail *bean* i gcomhfhocal (*GOI* §254).⁶¹

aganbannaimh§267:272:34, *corp* na *ban naeimhesi*§113:106:33.⁶²

3.4.2 Infhilleadh

Ba shaintréith de chuid na Gaeilge Clasaicí é rogha leathan foirmeacha a bheith i gcóras infhillte an ainmfhocail.⁶³ Is minic níos mó ná aon fhoirm amháin ag ainmfhocal in aon tuiseal sna múnlaí infhillte a tugtar sna tráchtas ghramadaí. Is léir go mbaintí úsáid as rogha seo na Gaeilge Clasaicí i bprós na linne chomh maith agus a rian sin le feiceáil in *Smaointe B. Chr.* (Ó Maonaigh 1946:212), in *Carswell* (xxii), agus in *Desid.* (xviii–xix). Faightear riar maith ainmfhocal sa téacs seo leis a mbíonn cúpla foirm acu in aon tuiseal amháin. Is minic go bhfreagraíonn na foirmeacha éagsúla a bhíonn ag ainmfhocal don rogha foirm a luaitear leis an ainmfhocal céanna sin sna tráchtas ghramadaí:

		IGT
<i>arEcla napEsdesin</i> §233:234:35	<i>ambEol napiasda</i> §253:256:36	II 43
<i>mathardha duthchais</i> §67:52:25	<i>ara athardha duthcusa</i> §192:194:26	II 38
<i>Eolass flaithis de</i> §366:416:20	<i>rigacht flaithEssa de</i> §177:182:33	II 38
<i>dobrEith buaidhe</i> §94:90:12	<i>bile buadha</i> §355:390:12	II 42

⁶⁰ Feic an míniú a tugtar ar an téarma *d'uathadh agus d'iollradh* in Mac Cárthaigh (2014:177).

⁶¹ Faightear tuilleadh samplaí de *ban-* i gcomhfhocal in O'Rahilly (1921–23:17–18) agus in *Desid.* (250).

⁶² Luaitear iad seo sa genuasach focal as BCC atá in Mac Maoláin (1957:48).

⁶³ Feictear go soiléir é seo san anailís a déantar ar infhilleadh an ainmfhocail in Ó Cuív (1956) agus in Armstrong (1985). Déantar plé ar bhunús na n-ilfhoirmeacha in Ó Cuív (1973).

cairrgibh antaeibhe§134:134:33	agtabairt taeba ris§282:296:38	II 38, 39 ⁶⁴
ag tEilgEn fala§303:326:12	Enbráen fola§303:326:16	II 42, 181
arson a neladhna§123:120:35	ahucht nahExí 7 naheludhan§157:162:30	II 9
atosach ancrEidimh§32:16:25	docum crEidme§16:8:9	II 101
refaicsin namirbol mor §40:24:13	cuimniugadh namirbhaileadh §111:104:25	II 12, 13, 3
ganoired enlitre§257:260:26	timchell nalitrEch§267:272:32	II 54
gnoaighib ancoimthinol §299:322:28	aingidEcht ancoimhtinoil §252:256:18	II 35
arfedh anoilEn§156:158:34 ⁶⁵	lucht anoilEinsi§33:18:14	II 35
atanacht 7 alaghad§30:16:8	olaighet ahuisce§322:344:31	IV 23
doninnailt§330:348:27	fanindilt§292:312:8	II 13
ogaraibe aninailt§294:314:14	tarla innEilt§292:312:3	
dobeith arbail§93:88:1	combEidís arbuil§286:302:20	II 14
dobraighid§260:264:14	inabraghaid§233:234:31	II 131
asanslEibh§120:116:37	arinslíaph§120:114:35 ⁶⁶	II 66
arnimh§87:80:20	*for neamh§366:416:23	II 206 ⁶⁷
sacoill§76:64:7	arcoillidh§165:174:32	II 191
mac feidhlim§141:142:21	ben posda felim§40:24:19, mic felimidh§1:2:4	II 112
raith cno§52:38:25	*ráth both§279:292:17	II 42, 39
cruindighEr nasluaig§120:14:26	gerlínmhar sloigh§126:124:10	II 96
morán dasluagaibh§162:174:5	doslogaibh§156:160:14	
regach cnamh§267:272:35	arin cnaimh§267:272:33	II 95, 41
tuc aadhaigh§98:94:21	tuc aaignidh§88:82:15	II 4

⁶⁴ Bheifí ag súil le *taebha* mar ghinideach uatha de réir IGT II 38. Bíodh is gur *bain*. formhór na n-ainmfhocal in IGT II 39, deirtear go mbíonn na chéad chúpla ainmfhocal sa liosta, a bhfuil *taobh* ina measc, ‘.df. dá n-iumurcaidh’. Faightear samplaí eile den TG *fir.*, *taeibhe*, in eDIL (s.v. taeb).

⁶⁵ Thiocfadh sé nach malairt a bhí i gceist sa gcás seo agus gur caol consan deiridh ‘oilEn’. Is minic e ard ag cur consan chaoil i gcéill sa téacs, *m.sh.* fein§362:412:2, fEn§362:412:4, nalEic§81:72:9, nalÉc§290:308:26.

⁶⁶ *suidhfídh .patraic.* acathair oír osfEruib Erind arinslíaphsin§120:114:35. Glacaim leis ón gcómhthéacs gur ciall chónaí atá i gceist agus gur sa TT uatha atá *sliabh*. Pléitear na téarmaí *ciall chomhnaidhe* agus *ciall shiobhail* in McManus (1994:433), agus in Mac Cárthaigh (2014:236).

⁶⁷ Ní luaitear *neamh* mar TT/TÁins. in IGT II 206, ach faightear samplaí mar é sa nGaeilge Chlasaiceach (McManus 1994:381).

cuidmEochaidh se [...] moroilEc §41:26:19	arEilicc coisrictha §289:306:12	II 54
bemaid adcomhaidEchtsa §66:52:7	dobidh nacoimhidEcht §87:78:22 ⁶⁸	II 26
diladh naboicht§78:68:6	*munbEith bochta§332:350:21	II 38

Feictear cúpla ainmfhocal sa téacs, nach luaitear in IGT, a mbíonn níos mó ná aon fhoirm amháin acu in aon tuiseal:

cursa nanaduiri§283:298:24, adubairt anfeallsamh nadura§386:430:29;
dodenum luthgaire§50:36:25, comartha luthgara§50:36:19.

Is cosúil go leanann na hainmfhocail seo an múnla infhillte a leagtar síos in IGT II 42, 43. Bíonn rogha in ainmfhocail na n-alt úd idir foirm a mbíonn consan leathan ina deireadh sa TG uatha agus san iolra (*cirt leathna*); nó foirm a mbíonn consan caol ina deireadh sna cásanna céanna sin (*cirt chaola*) (McManus 1994:373–74).

Bíonn dhá fhoirm ag an bhfocal *cosmhaileacht* sa téacs freisin: docur acosmailEcht§365:416:1, gorab fidhair⁷ cosamlacht§53:42:2. Luaitear ‘an chosmuilecht’ in IGT IV 75 ach ní tugtar aon aitheantas don fhoirm *cosamhlacht*, in ainneoin go mbíonn a léithéid le fáil sa bprós (eDIL s.v. cosmailecht).

Faightear riar ainmfhocal eile sa téacs a mbíonn foircinn iolra acu nach leanann a leagtar síos dóibh in IGT. Is foircinn iolra nua, a cheadaítí mar *chanamhain*⁶⁹ i bhfocail áirithe sna tráchtas, a bhformhór.⁷⁰

sEolta§274:278:38, sEoltuib§248:252:8	IGT II 75
tirtha§87:78:30, atirtha§188:192:5, úirthaibh§84:76:8	IGT II 45
línta§302:326:4	IGT II 96
nahúadhanda§365:416:4, uadhanna§371:420:36 ⁷¹	IGT II 14, 39

⁶⁸ Lochtaítear *coimhdeachd* in IGT II 26 ach is í an fhoirm is tréine sa téacs seo í.

⁶⁹ Tugtar míniú ar bhrí an téarma seo in Mac Cárthaigh (2014:209). Feic chomh maith Ó Cuív (1994:399–401).

⁷⁰ Faightear léargas ar na foirmeacha iolra a bhí *cóir ó chanamhain* sa nGaeilge Chlasaiceach in McManus (1994:366). Déantar plé ar na foircinn iolra ar fad a faightear in IGT in Armstrong (1985:235–38).

⁷¹ Tugtar sampla eile d’iolra ar an déanamh seo san eDIL: ‘na mairb bias isna huaghandaib YBL 151^{b9}’ (s.v. 1 úag, úaig).

napoiblecha§294:314:35, napoiblech§253:256:38, donapoiplechaib§289:306:30	IGT II 17
natoibrEch§128:126:15	IGT II 17
* <u>nagáirthe</u> §189:192:18, nagárthusa§189:192:9	IGT II 14

Is leathan is ceart foirmeacha iolra na bhfocal *tobar* agus *pobal* a bheith de réir an mhúnla infhillte atá in IGT II 17, ach is iondúil caol iad i dtéacsanna próis na Nua-Ghaeilge Moiche (eDIL s.v. *popul*, s.v. *tobar*). Is minic *tíortha* mar fhoirm iolra i bprós na linne chomh maith (McManus 1994:366). Ní bhíonn aon fhoirm dar críoch *-r* leathan ag *tír* sa nGaeilge Chlasaiceach agus lochtaítear foirceann déadach a bheith aige san iolra in IGT II, sampla 1243 (McManus 1994:380). Aon sampla amháin a faightear sa téacs d'fhoirm iolra den fhocal *tír* a shásódh ceart na dtráchtas gramadaí: *tírib*§100:96:19.

In ainneoin nach mbeifí ag súil le foirceann déadach a bheith ag *gáir* de réir mhúnla na dtráchtas, feictear a leithéid i bhfilíocht agus i bprós na linne. Feictear an leagan caol ag Tadhg Dall Ó hUiginn (Knott 1922:165), agus is í an fhoirm leathan a faightear in *DiD* (210:33), agus sa téacs próis *Beathadh Sir Gui ó Bharbhuic* (*B. Sir Gui* 49:53, 85).

Is foirceann iolra déadach atá ag *cathaoir* sa téacs: *cathairedha*§123:120:12. Is focal é nach luaitear i liostaí IGT II, ach a mbíonn infhilleadh coguasach aige i bhfilíocht (*DiD* 166:15), agus i bprós na Nua-Ghaeilge Moiche (*Trí Biorgh.* s.v. *cathaoir*).

3.4.2.1 Ainmfhocail neamhrialta

rí: Tá *rí* ar cheann de na focail is mírialta sa téacs agus is cinnte nach leanann sé an múnla infhillte a tugtar dó in IGT II 21. Is focal é ar minic luaineach a infhilleadh sa bprós agus a fhianaise sin sna foirmeacha a luaitear leis in *Smaointe B. Chr.* (Ó Maonaigh 1946:212), in *Carswell* (s.v. *rí*), agus in *Desid.* (363).

Bíonn dhá fhoirm ag *rí* sa TA uatha agus sa TGairm uatha sa téacs seo: *rí* agus *righ*. Ba é *rí* foirm chaighdeánach na bhfilí agus is é is tréine sa téacs seo chomh maith, *m.sh.*:

rucc anrí fEn brEth§141:142:11, gonadhe anrigh sin§149:152:17; *ari nasluagh§373:424:8, *arigh narEnn§340:364:6.

Is é *righ* is foirm dó ar lorg réamhfhocail ach amháin sna cásanna seo:

faréirí antire§272:278:19; don ríogh§149:154:4.

Bíodh is go mbaintear úsáid fhorleathan as *righ* ar lorg réamhfhocail sa téacs, is é *rí* is foirm dó agus é ina chuspóir díreach ag briathar, *m.sh.*:⁷²

dogab Ecla mor anri§331:350:2, dogair sé rí de§243:246:10,
*Guidhium rí narigh§355:396:27, *guidem ri narigh§355:398:6,
dogab ferg mór anri§149:152:25.

Bíonn dhá fhoirm ag *rí* agus é san uimhir iolra: *narígha*§173:180:24, *narighte*§420:446:14.⁷³ Is ionann *ríogha* agus foirm an TÁin iolra de réir an mhúnla a tugtar in IGT II 21. Ní tugtar aon aitheantas don fhoirm *ríghthe* sa nGaeilge Chlasaiceach, in ainneoin gur minic i dtéacsanna próis na linne é (McManus 1994:377). Ní feictear *rígh*, foirm an TA iolra de réir na Gaeilge Clasaicí, in aon áit sa téacs.⁷⁴

dia: Bíonn dhá fhoirm ag *dia* sa TGairm uatha agus sa TG uatha, *m.sh.* Ade§203:200:7, *Adia nanuili cumhacht*§33:18:10; *arsondé*§78:66:38, *oclach dia*§230:232:15. Bhí *dia* agus *dé* inmhalartaithe sa TGairm uatha sa nGaeilge Chlasaiceach, ach ba é *dé* amháin b'fhoirm dó sa TG (McManus 1994:371). Feictear *dia* agus *dé* ag sealaíocht ar a chéile sa TG uatha in *Smaointe B. Chr.* (s.v. Dia) chomh maith. Foirm dhéshiollach a bhíonn ag *dia* sa TA iolra: *gorbennaighe nadee adhartha duit*§87:78:15, *gorbíad nadeiesin*§290:308:16; agus bíonn rogha sa TG iolra idir foirm dar críoch consan nó guta, *m.sh.* *ímhaidhe nandEiedh*§254:256:43, *anainm nandee*§43:28:20. Feictear dhá fhoirm ag an bhfocal sa TT iolra chomh maith: *donadeeib*§87:78:18, *donadEib*§290:308:32.

spiorad: Is iondúil *spiorad* giorraithe sa téacs agus gur deacair a scaoileadh a mheas de bharr luaineacht a infhillte sna samplaí siúd a breacadh *plene*. Is cosúil go leanann sé dhá mhúnla infhillte san uimhir uatha: (a) múnla na n-ainmfhocail *fir*. atá in IGT II

⁷² Déantar plé in 3.4.4 thíos ar úsáid fhoirm an ainmnigh san ainsíoch agus sa tabharthach.

⁷³ Feictear foirm iolra eile sa téacs ar dócha gur malairt litrithe ar *ríghthe* é: *dognidis arighe dutaigh domharbadh*§355:382:10. Is minic consan atá i gcarn gan scríobh i gcóras litrithe an scríobhaí, feic caibidil a cúig, 5.3.1.4.

⁷⁴ Is minic gurb ionann an TA iolra agus an TÁin iolra sa téacs seo, feic 3.4.5 thíos.

11, fuair se spirad§225:226:17; grasa anspiraid§39:22:36;⁷⁵ agus (b) múnla na n-ainmfhocal sin in IGT a mbíodh rogha idir *cirt leathna* agus *cirt chaola* iontu, inaspiraid§280:294:20; afiadhnaisi aspiraide§304:326:36, *gras* anspirida§60:46:5. Is minic an focal neamhrialta i bprós cráifeach na Nua-Ghaeilge Moiche.⁷⁶

ní: Bíonn dhá litriú ar *ní* sa TG uatha, agus san uimhir iolra: *neich-*, an leagan is tréine sa téacs, agus *neith-*. Is é *-e* an foirceann iolra atá aige sa TA agus sa TÁin seachas aon sampla amháin: nEithinna§147:150:25. Níl scríofa amach glan sa lámhscríbhinn ach aon sampla amháin den TG iolra: scel nanEichedh§125:124:7.

inis: Leanann an focal *inis* dhá chóras infhillte sa téacs seo; mar fhocal a mbíonn an fhoirm chéanna aige sa TA agus sa TÁins uatha (focal *a n-anann a réim*), agus mar *ī*-thamhan a mbíonn guta ina dheireadh sa TÁins/TT uatha: **sanindse*§355:388:8, **dinis*§221:218:22. Is in §355 atá chuile shampla de *inis* á infhilleadh mar *ī*-thamhan. Is mar *ī*-thamhan a d'infhilltí *inis* sa tSean-Ghaeilge, ach is mar *ā*-thamhan *a n-anann a réim* a infhilltear sa nGaeilge Chlasaiceach é (McManus 1994:374).

oifig: Is focal *bain.* é *oifig* sa téacs ar cosúil go leanann sé dhá chóras infhillte: *oifig* is foirm dó sa TA uatha, agus *oifige* sa TG uatha, ach feictear cruth na dtamhan déadach air agus é ar lorg réamhfhocail: *amail meabraigEs gridoir anoifigedh nacoinfisoiredh*§2:2:14. Bíonn dhá fhoirm aige san ainmneach uatha in *Carswell* (s.v. *oifig*) agus in *Desid.* (s.v. *oifig*) chomh maith: *oifig* agus *oifige*.

3.4.3 An tabharthach uatha

Bhíodh foirm ar leith ag ainmfhocail *fir.* áirithe sa TT uatha sa nGaeilge Chlasaiceach (McManus 1994:364). Ba *o*-thamhain *fir.* aonsiollacha a bhfórmhór, ach mhair foirmeacha tabharthaigh ó ré na Sean-Ghaeilge in ainmfhocail ilsíollacha a raibh guta fada ina siolla deiridh chomh maith (McManus 1994:364). Ina dteannta sin, bhíodh foirmeacha tabharthaigh ar leith mar rogha in ainmfhocail áirithe (IGT II 74, 75, 76).

Ba locht filíochta, ar a dtugtaí *ainréim feirinsgne*, foirm an ainmnigh a úsáid mar thabharthach má bhí tabharthach ar leith ag ainmfhocal *fir.* (McManus 1994:364). Tugtar léiriú ar an locht in IGT V 17 áit a ndeirtear nach ceart *fear* a úsáid mar thabharthach (McManus 1994:364). Ba léiriú é an locht, ar ndóigh, ar fhorbairt

⁷⁵ ‘spirida’ an scaoileadh a déantar ar an bhfoirceann in eagrán BCC. Is dóigh liom, de bharr nósmaireacht peannaireachta an scríobhaí, gur córtha an scaoileadh é *-aid*.

⁷⁶ Feic *Carswell* (xxiv), *Desid.* (s.v. *spioraid*), agus *Trí Biorgh.* (s.v. *spiorad*).

infhilleadh na n-ainmfhocal seo i nGaeilge na linne (McManus 1994:364). Bíodh is go gcoisctí an fhorbairt ar na filí, faightear foirm an ainmnigh mar thabharthach minic go maith i dtéacsanna próis.⁷⁷

Is cosúil nach gcloítear le haon chóras cinnte sa téacs seo i dtaobh úsáid an tabharthaigh uatha ar leith a bhíodh ag ainmfhocail *fir*. áirithe. Feictear foirm cheart na bhfilí mar thabharthach uatha sa téacs uaireanta:

<i>fear</i>	dfhir§40:24:36, dfhir§82:74:6, itir fhir 7 mnai§87:78:32, donfir§217:210:14, donfhir§298:322:22, onfir tengtha§290:308:8	IGT II 65
<i>olc</i>	dulc§138:138:21, dulc§182:188:7, dulc§355:400:21	IGT II 67
<i>ceann</i>	arachind§60:44:37, oscind§76:64:16, docind§269:274:37	IGT II 65
<i>feall</i>	afill§288:304:25	IGT II 65
<i>port</i>	onpurt§295:316:14	IGT II 67
<i>béal</i>	ambEol§195:196:19	IGT II 61
<i>teach</i>	dontoigh§268:274:21	IGT II 31

Faightear sampla sa téacs chomh maith den tabharthach ar leith a bhíodh ag an bhfocal ilsiollach *cinéal*: docinEol eogain§212:204:6. Ní feictear ach cúpla sampla a fhreagraíonn don rogha foirm a luaitear in IGT II 75, 76: inaphrut§219:214:9, asabrut§106:100:6; agus is iondúil gur ar aonfhoirm a bhíonn ainmneach agus tabharthach na n-ainmfhocal a luaitear in IGT II 74, 75, 76 atá sa téacs seo.⁷⁸

In ainneoin an tabharthach ar leith a bheith minic go maith sa téacs, ní hí a d'úsáidí i gcónaí. Faightear dornán samplaí d'fhoirm an ainmnigh a bheith ina háit ar lorg *ag*, *ós*, *do* agus *de*, réamhfhocail a leanadh an TT iad sa nGaeilge Chlasaiceach (McManus 1994:433):

<i>fear</i>	agfEr§219:214:30,	IGT II 65
<i>ceann</i>	oscenn§40:24:27, docend§43:30:5	IGT II 65
<i>corp</i>	domcorp§67:52:21	IGT II 67
<i>teach</i>	dontEch§268:274:23	IGT II 31

⁷⁷ Feic McManus (1994a:126), Ó Riain (2012:60), *Carswell* (xxiii), agus *Desid.* (xxiv).

⁷⁸ *m.sh.* fabrat§87:80:27; dobiadh§356:402:32; doncrand§434:454:10, ar ancrañn§355:390:14; donlebar§8:4:33, saleabhur§143:146:16, salebar§157:162:11, salebur§243:246:21.

D'fhéadfadh sé gurb iad na foirmeacha ar leith a bhíodh ag *o*-thamhain *fir*. áirithe sa tabharthach uatha is cionsiocair leis an gcaolú córasach a déantar ar na hainmfhocail sin i dtuisil eile sa téacs. Dealraíonn sé, go raibh aird ag lucht scríofa an téacs ar an teagasc gur ó chaolú na *tuillréime* (an tabharthach uatha) a shíolraíonn an *taoibhréim* (an ginideach uatha) (Mac Cárthaigh 2014:238, *n*.701):

(a) Is é *-ui-* an caolú a déantar sa nginideach uatha ar ainmfhocal aonsiollach firinscneach a mbíodh tabharthach le *-u-* aige sa nGaeilge Chlasaiceach:⁷⁹

anbuind§85:76:22, anbuird§282:296:30, ancluic§220:216:28,
ancnuic§159:168:9, cruid§43:28:32, acuir§435:454:20, cuirp§82:72:30,
guil§188:192:7, puirt§287:304:12, uilc§157:162:15, uird§76:64:24.

(b) Is é *-eói-* an caolú a déantar sa nginideach uatha ar ainmfhocal aonsiollach firinscneach a mbíodh tabharthach le *-eó-* aige sa nGaeilge Chlasaiceach:⁸⁰

anscEoil§192:194:21, meoir§319:342:16, *asheoid§332:350:15, *acill mac
nEoin§54:42:16.

Leanann *cinéal* múnla na bhfocal seo: acrich cineoil§42:26:27. Is é *-eoi-* an caoladh a déantar ar *éan* sa TÁin. iolra: naheoin§355:390:20.

(c) Tá *each* ar an mbeagán focal sa nGaeilge Chlasaiceach nach ionann a ghinideach (*eich*) agus a thabharthach caolaithe (*eoch*) (Mac Cárthaigh 2014:238). Is í foirm cheart na Gaeilge Clasaicí a bhíonn sa téacs seo: *anEich§338:360:16.

3.4.4 Ainmfhocail *asa dtéid a réim*

Dhéantaí deighilt shoiléir sa nGaeilge Chlasaiceach idir ainmfhocail nárbh ionann a bhfoirm san ainmneach uatha, agus san áinsíoch/tabharthach uatha (focail *asa dtéid a réim*), agus ainmfhocail arbh ionann a bhfoirm sna tuisil chéanna sin (focail *a n-anann a réim*) (McManus 1994:362). Ba locht é ag na filí ar a dtugtaí *ainréim*, foirm an ainmnigh a úsáid mar fhoirm áinsígh/tabharthaigh i bhfocail *asa dtéid a réim* (McManus 1994:362). In ainneoin an lochta seo, luaitear in IGT I 76 go bhféadfaí an réim a chosc (*cosg réime*) sna focail seo i gcásanna áirithe agus foirm an ainmnigh a

⁷⁹ IGT I 14: 'Cáoladh ceirt .ú. ag dul a n-.ui.' (Mac Cárthaigh 2014:64).

⁸⁰ IGT I 14: 'Cáoladh .eó. shínidh fhada ag dul a n-.eói.' (Mac Cárthaigh 2014:64).

úsáid mar áinsíoch (Mac Cárthaigh 2014:102).⁸¹ Ba ghlacadh teoranta a bhí i *gcosg réime* na bhfilí ar fhorbairt a bhí ag teacht i gcóras infhillte na n-ainmfhocal ó ré na Sean-Ghaeilge, an t-ainmneach agus an t-áinsíoch uatha a bheith ar aon fhoirm (McManus 1994:363). Is mó go mór fada an glacadh a bhí leis an bhforbairt i bprós na linne, áit ar rímhnic foirm an ainmnigh le feiceáil mar áinsíoch nó mar thabharthach ann.⁸²

Is beag an t-iontas é go leanann an téacs seo lorg saothar próis na linne agus gur minic gurb ionann foirm an ainmnigh, an áinsígh, agus an tabharthaigh uatha in ainmfocail *asa dtéid a réim* de réir na Gaeilge Clasaicí. Feictear patrún soiléir sa téacs san infhilleadh a déantar ar na hainmfhocail seo. Bíodh is go bhfeictear foirm an áinsígh ag cuspóir díreach an bhriathair uaireanta,⁸³ is iondúil gurb í foirm an ainmnigh a úsáidtear ina háit. Is é a mhalairt a feictear agus ainmfhocal *asa dtéid a réim* ar lorg réamhfhocail, áit arb iondúil réim curtha.⁸⁴

Is léiriú ar rialtacht an phatrúin seo a ndéantar leis an ainmfhocal *bean* san uimhir uatha. Is í foirm an ainmnigh a úsáidtear i gcónaí sa téacs agus *bean* ina cuspóir díreach ag briathar, *m.sh.* dogoirsen an bEnsaín§353:378:33, ach ní feictear *bean* ar lorg réamhfhocail in aon áit, *m.sh.* armnai§119:112:17. Is iomaí sampla eile mar é sa téacs:

<i>Cuspóir díreach</i>	<i>Ar lorg réamhfhocail</i>
dochuircolam.c.benn abruit§62:46:21	fabEinn§87:80:25
nidernase brEcc riam§241:244:12	marbhrÉic§241:244:28
Dotuig se fos anbriathar§3:2:13	lebreithir§62:48:4
docoisric acell§99:96:7	oncill§53:40:26
tucc cnedh guasachtach air§264:268:13	doncneidh§264:268:16
oirnítuicedh se laiden no gaidelc uadha§259:262:33	alaidin§108:100:21
fuair se gaeth anadiaidh§274:278:37	aran gaEith§294:314:37
dochuir se ainghEn§241:244:14	lEsaninghEin§241:244:25

⁸¹ Faightear samplaí d'fhoirm an ainmnigh á úsáid mar áinsíoch sa bhfilíocht in McKenna (1941:60–63), agus in McManus (1994:362). Feic chomh maith McManus (1996:177), agus Mac Cárthaigh (2014:245), maidir leis an míthuiscint a bhí ar McKenna (1941) faoin téarma *sealbhadh*.

⁸² Feic Ó Riain (2012:58–61), *Carswell* (xxi), *Desid.* (xxiv), agus na samplaí a tugtar in McManus (1994:363).

⁸³ *buaidh* §153:156:25, §187:190:31; *crois* §91:86:3, §94:88:30, §209:202:21; **tucais dúinn digh darsássadh* §355:386:12.

⁸⁴ Feictear patrún mar é in *Cathréim Thoirdealbhagh* (Ó Riain 2012:58–60), agus in *Lorgaireacht an tSoidhigh Naomhtha* (Falconer 1953:lxxxviii).

Fuair eithne anEc§51:36:35	salEic§52:38:29
doconnaic se anteinE§33:18:2	retEinigh§33:18:3
dochuir se meithel dobuain arbha§212:204:3	donmEithil§212:204:21
cuidmEochaidh se mothaisi 7 moroilEc§41:26:19	arEilicc§289:306:12
dolEic asEsrEch iarsin§76:64:11	asantsEisrig§76:64:6
gabais Ecla mor muinntEr.c.c.§321:344:10	* <u>domuinntir</u> §137:138:11
dofoilisigh antaingel ciall nataisbentasin§33:18:22	ganchEill§326:346:33
docife do macsacland aclainne§232:234:15	docloind§93:88:16
ruc se anliar [...] IE§81:72:21	tarclEir§74:60:29
tuc antaingéal clochcruind glass dó§132:130:23	sacloich§132:130:36
doconnairc se ancorr cuige§265:268:38	reuirr§329:348:21
doben cros diabachail arucht§82:72:39	* <u>guncrois</u> §181:184:29
tocbadh se acroch fEn§4:4:2	acroich§390:432:27
ullmhuigidh biad 7 dEoch nanoirchill§215:206:17	gandigh§311:334:7
doronsad araón anduan§182:188:21	aranduain§353:380:12
doghEna Eclas onórach saninadh so§30:16:3	asaneclais§312:334:39
docuir alamh fánaagaidh§80:70:29	amlaimh§346:368:23
DolEicetar anlong arsiubul§188:192:4	naluing§186:190:22
tuc póc dó§197:196:32	fapoicc§72:58:17
dolEic ascían arlar§264:252:8	fanscín§264:268:12
dosgail ansgol oceli iarsin§75:62:11	renasgoil§75:62:7
tuc se tuagh 7 tal 7 tarathur IEis§74:60:23	letuaidh§297:320:32
docuir se anrighan§350:376:19	donrigain§324:346:19
dobendaigh.c.c.anabhand§75:62:15	aranabaind§149:152:11
tuc cu neimedobi aige cuige§111:104:18	ganchoin§111:104:24
dorinde colam.c. aboth iarum§71:56:22	goboith mbrain§93:86:34
docondcatar anbachall agErghi cuca§133:134:19	dabachail§91:86:3

Tá ainmfhocail eile sa téacs, ar ainmfhocail *asa a dtéid a réim* iad de réir na Gaeilge Clasaicí, nach gcuirtear réim iontu agus iad ina gcuspóir díreach ag briathar agus nach bhfeictear aon sampla díobh ar lorg réamhfhocail:

doeirdelaigh me adrum 7 androng§3:2:26, duillEoc doscrib.c.c.§433:452:30,
 comndErna.c.c.an imannsa§77:66:19, tuc anordóg dó§146:150:13,

tucc antshlat alaimh .c.c.iarsin§297:318:13, congabadh se orrtha§413:444:11,
dogab se srón anmhanuigh§303:326:12, nigebaind brEth arbith uaid§40:24:17.

Bíodh is gurb iondúil réim curtha in ainmfhocail *asa dtéid a réim* ar lorg réamhfhocail, tá corrshampla sa téacs d’fhoirm an ainmnigh ina ndiaidh:

gambí.c.c.nachara§82:74:12, ambraighe§272:278:23, arinab§282:296:25,
doncré§51:38:11, *gandalb§53:40:14, inabuidhen§157:164:31,
trefhErg§146:150:7, domhuinntEr§77:66:1, faaimsEr§235:236:25.

Ní feictear ach an sampla seo de ‘mhuinntEr’ ar lorg réamhfhocail; *muinntir* is foirm dó chuile áit eile sa téacs. Mar a luadh thuas, is cosúil gur féidir le *e* ard consan caol nó leathan a chur i gcéill i gcóras litrithe an scríobhaí.⁸⁵ D’fhéadfadh sé dá bharr sin, nach bhfuil in ‘mhuinntEr’, ‘aimsEr’, agus ‘fErg’ ach litriú malartach ar fhoirmeacha áinsígh/tabharthaigh.

Faightear cúpla sampla sa téacs d’ainmfhocail a leanann infhilleadh na dtamhan déadach séimhithe á bhfágáil san ainmneach ar lorg réamhfhocail. Is dócha gurb é fuaimniú an fhocail is cionsiocair leis na samplaí seo:

ingachtenga§108:100:22	aratEngaid§51:38:14	IGT II 4
agandrai§292:312:4	dobi nadraidh§129:126:22	IGT II 85
aranfile§147:150:22	nafiledha§157:164:32	IGT II 21

3.4.4.1 *Cosg réime*

Mar a luadh thuas, bhíodh sé de chead ag file foirm an ainmnigh a úsáid in áit an áinsígh i gcásanna ar leith. Cheadaítí an t-ainmneach a úsáid ar lorg na gcónasc *acht*, *nó* agus *gach ré*; nuair a bhíodh an cuspóir scartha ón mbriathar; agus nuair a bhíodh an cuspóir faoi réir ag ainm briathartha a tháinig ina dhiaidh (McManus 1994:362; Mac Cárthaigh 2014:102, 124). Tá riar samplaí sa téacs seo den ainmneach a bheith á úsáid agus é ag teacht le rialacha seo na Gaeilge Clasaicí, *m.sh.*:

(a) Ar lorg an chónaisc *nó*:

oirnítuicedh se laiden no gaidelc uadha§259:262:33,
dambenad drochdhuine asuil no achos§43:28:29.

⁸⁵ Feic fonóta 65 thuas.

(b) Scartha ón mbriathar:

dorindetar namanaich [...] *ula*§259:262:38.

(c) Faoi réir ag ainm briathartha:

dofurail se [...] *ancaer sin* [...] *dobuainEsde*§321:344:24, *dobrethnaighsé ri*
dodenam de§243:246:24, *gofacutar maighden og dá nindsaiged*§70:56:3.

Léiríonn a ndearnadh le hainmfhocail *asa dtéid a réim* sa nGaeilge Chlasaiceach gur ghlac lucht scríofa an téacs seo leis go bhféadfadh aon fhoirm amháin den ainmfhocal uatha, ainmní agus cuspóir díreach an bhriathair a chur i gcéill. Ba í foirm an ainmnigh an fhoirm sin sna samplaí thuas, ach tá corrshampla eile sa téacs d'fhoirm áinsígh/tabharthaigh, mar a bheadh sí sa nGaeilge Chlasaiceach, á húsáid in áit an ainmnigh:

Maratauaisli 7 scéimh§386:430:25	IGT II 39
<i>gEnco tainic oigh</i> §386:430:23	IGT II 39
<i>ruc anoidhce orra</i> §137:138:4 ⁸⁶	IGT II 39
<i>cofoillsighEdse agaidh sochraidh subhaltach</i> §406:440:21.	IGT II 4
<i>Oirdobaimsir sholais anaimsEr dobi ann</i> §358:406:3	

3.4.5 Uimhir iolra

Bhíodh foirm iolra ar leith ag ainmfhocail áirithe san ainmneach iolra agus san áinsíoch iolra sa nGaeilge Chlasaiceach (McManus 1994:364). Ba locht filíochta é, ar a dtugtaí *ainréim iollraighthe*, foirm an ainmnigh iolra a úsáid in áit an áinsígh iolra, locht a pléitear in IGT V 149 (McManus 1994:364). Is minic a feictear *ainréim iollraighthe* i bprós na Nua-Ghaeilge Moiche agus gur aon fhoirm iolra amháin a dhéanann gnótha an TA iolra agus an TÁins iolra.⁸⁷

⁸⁶ Feictear *adhaigh* mar ainmneach sa téacs chomh maith: *diambó comsolus la 7 adhaigh*§317:340:26.

⁸⁷ Faightear liosta samplaí in McManus (1994:365). Feic chomh maith Ó Riain (2012:60) agus Falconer (1953:lvii).

In ainneoin go bhfeictear dornán samplaí sa téacs seo de chuspóir díreach an bhriathair san áinsíoch iolra,⁸⁸ is rímhinic nach gcloítear le ceart na dtráchtas gramadaí agus gurb é an t-ainmneach iolra a bhíonn ina háit:

docuirdía bEtaduigh§302:326:7	IGT II 11
nac faicfEdh se afir nó amna§320:342:25 ⁸⁹	IGT II 65
*ní faicfe sí réalá. fir erend naid amná§201:198:30.	
dobEra sé plaidh 7 gorta 7galair imdha eli ardainib§151:156:13	IGT II 17
goscrisfa siad goill 7 allmaruidh aherind§127:124:37	IGT II 17
BÉris.c.c.naleabuir IEs§221:218:2	IGT II 75 ⁹⁰
gofacutar namairb lomnocha§120:114:3	IGT II 96
dorinde se naroidse§189:192:17	IGT II 74
doconnairc se nacnuic§33:18:3	IGT II 67
dorinde se cuir relucht nacathrach§256:258:30	IGT II 69
fagaib doglais 7 dogeibim§346:368:22	IGT II 96, 11
docuir se baithin 7 namanaich IEO§212:204:5	IGT II 17
rocansad asailm§355:394:25	IGT II 60
doníadsan nasaEthairsin§355:382:17	IGT II 17
rolÉctar acoin do§355:382:27	IGT II 21
do togaib aruisc§113:106:14	IGT II 67
do imghetar nahaingli úatha 7 dosuidhEsa mardocondarc nahaingil agimtEct§216:208:30	IGT II 53
narmothaighetar nahíaraind gasnoide§6:4:19	IGT II 11
ToghfEin anbas asail lEt dfhaghail 7 nahinaidh7 narEighidhoin inarbail lEt dobeatha dotabairt ais§67:52:15 ⁹¹	IGT II 11
tEilgem artrosdaín ria§111:104:1	

Cheadaítí d'fhile an t-áinsíoch iolra a úsáid mar mhalairt ar an ainmneach iolra in o-thamhain áirithe ar nós, *scéal, mionn, srl.*, in ainmfhocail a leanadh múnla infhillte

⁸⁸ dotogaib arusca§226:228:2, Tucatar lucht nacathrach cuir 7 minda dó§256:258:30, *dofhidir runa§366:416:16, *nacEola docualamar§355:388:8, adbert anfile narandasa§335:356:30.

⁸⁹ Lochtaítear *fir* a úsáid mar áinsíoch in IGT I 78 (Mac Cárthaigh 2014:104).

⁹⁰ Lochtaítear *leabhair* a úsáid mar áinsíoch in IGT I 78 (Mac Cárthaigh 2014:104).

⁹¹ D'fhéadfadh sé go bhfágtar san ainmneach 'nahinaidh' de bharr a bheith scartha ón mbriathar, feic McManus (1994:365).

IGT II 53 agus 70, agus in *o*-thamhain ilsíollacha coimrithe le *cirt chaola* (McManus 1994:369–70). Seachas sin, ba locht filíochta é an t-áinsíoch iolra a úsáid mar ainmneach iolra má bhí foirm ar leith sna tuisil sin ag ainmfhocal. Tugtar léiriú ar an teagasc in IGT II 21 sampla 784, áit a lochtaítear *fileadha* a úsáid mar ainmneach iolra seachas *filidh* (McManus 1994:365). Leantar teagasc na dtráchtas uaireanta sa téacs seo, *m.sh.* **nafilidh*§333:354:22,⁹² do imghetar *nahaingli*§216:208:30, ach is iondúil nach ndéantar amhlaidh:

Ataid aídhedha uaisli§222:220:7	IGT II 21
nircoimhletar nafilidha§157:164:32	IGT II 21
nach rucatar anaimhde orra§263:266:31	IGT II 6
dobatar abraithri7 acairde colluidhe§225:226:6	IGT II 6
danabraid nabethadha§40:26:12	IGT II 7

Réamhfhocal + ainmfhocail iolra: Ba sa tabharthach a chuirfí ainmfhocal iolra a leanadh bunáite na réamhfhocal simplí sa nGaeilge Chlasaiceach (McManus 1994:434). Ní raibh de réamhfhocail a leanadh tuiseal eile iad ach *mar*, *gan*, *dar*, *ar* (*íairmbérla na guidhe*), (*e*)*idir* (nuair is comhaireamh atá i gceist), chomh maith le correisceacht eile ar nós an fhoirm chailcithe *tre bhiotha* (McManus 1994:434).⁹³ Is minic nach gcloítear go docht le ceart seo na bhfilí i bprós na Nua-Ghaeilge Moiche agus is amhlaidh an cás é sa téacs seo.⁹⁴

Is beag sampla sa téacs den áinsíoch iolra ar lorg *mar*, *m.sh.* *marpoga truailidhe neamglana*§66:50:39, *mar bethadhacha*§274:280:7.⁹⁵ Is iondúil an tabharthach iolra ar a lorg, *m.sh.*:

marbuadhaib§109:102:4, *marbuadhaib*§132:132:18, *marbuaduibh*§353:380:9, *mardaínib* [...] *nomardainib*§113:106:17.

⁹² ‘na *fileadha*’ atá in eagrán BCC. Níl *e* le feiceáil sa lámhscríbhinn agus bheadh siolla thar an gceart sa líne dá nglacfaí leis an scaoileadh.

⁹³ Feic chomh maith an plé a déantar ar *mar*, *gan* agus *dar* in IGT I 108 (Mac Cárthaigh 2014:124), agus ar na samplaí de *íairmbérla na guidhe* atá in IGT I 130 (Mac Cárthaigh 2014:132).

⁹⁴ Feic McManus (1994:434), Ó Riain (2012:59) agus *Desid.* (271–72) i dtaobh ghnás an phróis.

⁹⁵ Is mar thabharthach iolra a scaoiltear an giorrúchán seo in eagrán BCC. Ní féidir a rá an áinsíoch nó tabharthach a bhí in intinn an scríobhaí sa gcás seo.

Feictear áinsíoch iolra ar lorg *le*, lafiruereann§82:72:34; *re*, reulca recairbri§31:16:15;⁹⁶ agus i mbéal *tre*, tré bitha§182:186:25. Is iondúil gur foirm áinsígh a bhíonn ag ainmfhocail iolra atá ar lorg *gan* ach is minic gur san ainmneach a fágtar an t-ainmfhocal nuair is ag diúltú ainm briathartha atá sé: ganafir *no* amna dfhaicsin§174:82:1.⁹⁷

3.4.6 Athruithe tosaigh

B'iondúil go leanadh urú an ginideach iolra sa nGaeilge Chlasaiceach (McManus 1994:359), agus is amhlaidh an cás sa téacs seo é, *m.sh.*:

fEr ndomhain§156:160:10, cailleach ndub§62:46:13, abdhaine manach ndub§1:2:5, §78:66:35, docum na ndraitheadh ndiabhlaidhe§285:302:14, nangras nimarcach§32:16:29, nanáibhell mbEcc§33:18:38, nandEiedh ndiabluidhe§254:256:43, nanoilen mbEc§233:234:24, *nandarach ndighainn§201:198:26, nanoibrighte ndiadha§36:20:29.

Tá riar samplaí sa téacs d'urú a bheith ar lár i ndiaidh an ghinidigh iolra san áit a mbeadh súil leis de réir chóras litrithe an scríobhaí:

nandaine Eslan§54:42:20, lEth cell erind§130:128:14, acomarbach cell ereann§162:174:7, nandul uachtarach§366:416:10, nandee aEiEoir§43:28:20, nadee adhartha§87:78:15.

Bíodh is gurb iondúil nach leanann urú cuspóir díreach an bhriathair sa téacs, faightear corrshampla dá leithéid i bhfad ó chéile:

fagbhuis buaidh naénaigh§153:156:25, fagbuim buaid ndEoraigEchta§187:190:31, fagaib do tír 7 do talumh 7 dogael 7 tatharda ndilEss§378:428:9, dobEra righe nErinn duit§137:138:8, doordaigh se rige nereann dodondchadh§355:382:7.

Is minic gur mar ainmneach seachas mar áinsíoch a caitear leis an gcuspóir agus feictear a rian sin uaireanta sa séimhiú a bhíonn ar ainmfhocal cuspóireach, agus sa séimhiú a chuireann sé ina dhiaidh, *m.sh.*:

⁹⁶ Pléitear *ulca* in O'Rahilly (1950:337).

⁹⁷ Feic *Desid.* (272).

gurith andrEollan anchuil§118:110:30, dobEndaig se ancharruic§135:136:12, docífedsa aithridhe fhírinde§236:238:3.

Luaitear in IGT I 78, 80 gur féidir séimhiú a chur ar chuspóir briathair, nach bhfuil faoi réir ag an alt, mura bhfuil foirm áinsígh ar leith ag an ainmfhocal, ach gur gá a chur má tá (Mac Cárthaigh 2014:104–6). Ní fheicim ach aon sampla amháin sa téacs de shéimhiú ar ainmfhocal a bhfuil foirm áinsígh ar leith aige a shásódh teagasc an tráchtais: nircuir cholainn daÉnda uime aEnduine§49:34:36.

3.4.7 Foclóir

Focail iasachta: Is ón Angla-Normainnis agus ón Meán-Bhéarla is mó a tháinig focail iasachta isteach sa teanga le linn ré na Nua-Ghaeilge Moiche (McManus 1994:439).⁹⁸ In ainneoin coimeádachas na bhfilí i dtaobh na gramadaí, ghlac siad go fonnmar le hiasachtaí foclóra ó na teangacha eile a bhí ina dtimpeall lena linn (McManus 1994:439). Is léir ó líonmhaireacht na bhfocal iasachta atá sa téacs seo nach raibh aon chol ag lucht a scríofa leo ach oiread. Tá iasachtaí sa téacs nach bhfuil de shampla san eDIL ach iad, fearacht *tastáil*, *cás*, *ainteamhain*, agus *pultadh*, nó focail atá ar bheagán samplaí sa bhfoclóir; *spionnadh*, *bácús*, *cruibhét*, *cás*, *flocus*, *sáirse*. Feictear iasachtaí eile fós sa téacs ar nós, *simplidhe*, *dispóracht*, *agard*, *birrét*, agus *mála*, nach luaitear san eDIL in ainneoin gur sine iad ná na samplaí a tugtar ann.

Tugtar liosta thíos d’fhocail a faightear sa téacs a ndeirtear san eDIL fúthu gur iasachtaí ón mBéarla, ó theanga Rómánsach, nó ón Laidin iad. Ní tugtar sa liosta ach na hiasachtaí Laidine sin atá ar bheagán tagairtí san eDIL. Leantar an staidéar a rinne Mac Mathúna (2007) ar iasachtaí an téacs *Imeacht na nIarlaí* agus roinntear a bhfeictear d’iasachtaí i réimsí séimeantaice ar leith.

(a) Reiligiún

aibíd§250:254:26

Iasacht ón Laidin, *habitus*, ach go bhféadfadh sé go raibh tionchar ag an bhfocal Fraincise, *habit* air (eDIL s.v. *aibit*). Is iasacht ón Angla-Normainnis é dar le Risk (1974–75:72).

⁹⁸ Faightear tuilleadh léargais ar na hiasachtaí a tháinig ó na teangacha seo in Risk (1968–71), agus in Mac Mathúna (2007:58–63).

an aibstín §67:52:22, on aibsdinians §229:230:22	‘Lat[in] <i>abstinentia</i> . Later also <i>abstinéit</i> , and, with fresh borrowing from Engl[ish] or Rom[ance]’ (eDIL s.v. <i>abstanait</i>). ⁹⁹
aintemhain §413:444:11	Iasacht ón Laidin nó ón mBéarla (eDIL s.v. <i>aintemain</i>). Níl de shampla san eDIL ach é. Feictear sampla eile de in <i>Beatha San Froinsias</i> (Ó Súilleabháin 1957, s.v. <i>ainteamhain</i>).
bibla §378:428:7	Iasacht ón mBéarla (eDIL s.v. <i>bibla</i>). Ní luaitear an sampla seo san eDIL.
culpa §180:184:20	Iasacht ón Laidin (eDIL s.v. <i>culpa</i>).
Esbaloid §113:106:21, Esbalóid §113:106:23	Malairt ar <i>absolóid</i> (eDIL s.v. <i>esbalóit</i>); focal atá bunaithe ar <i>absolutio</i> na Laidine (eDIL s.v. <i>absolóid</i>).
mairtír §393:434:12	Iasacht ón Angla-Normainnis <i>martyr(e)</i> , <i>martir</i> (Risk 1974–75:83). Bhí iasacht ón Laidin sa teanga roimhe (eDIL s.v. <i>martir</i>).
patrun §12:6:19, patruin §361:410:12	‘Lat[in] <i>patronus</i> , prob[ably] through Eng[lish]’ (eDIL s.v. <i>pátrún</i>).
prefaid §228:228:37	Iasacht ón Laidin, <i>praefatio</i> (eDIL s.v. <i>prefáid</i>). Tá an sampla seo ar cheann den dá shampla a tugtar san eDIL.
raibEríans §158:166:19, raibirians §280:294:18, reuerians §218:210:37, reuErEns §262:266:9	Iasacht ón Meán-Bhéarla nó ó theanga Rómánsach (Breatnach 1980:111). Ní tugtar na samplaí seo san eDIL (eDIL s.v. <i>rébherens</i> , <i>réverens</i>).
sacramaint §129:128:3	‘Lat[in] <i>sacramentum</i> , prob[ably] through Eng[lish] or Rom[ance]’ (eDIL s.v. <i>sacramaint</i>).
sEilEns §399:436:25	Iasacht ón mBéarla nó ó theanga Rómánsach (eDIL s.v. <i>silens</i>).
sEpel §113:106:25	Iasacht ón mBéarla nó ó theanga Rómánsach. (eDIL s.v. <i>seipél</i> , <i>séipél</i> , <i>saipél</i> , <i>sáipél</i>).
ag sErbhís §160:170:28	Iasacht ón Angla-Normainnis (Risk 1974–75:88; eDIL s.v. <i>seirbís</i>).

⁹⁹ Pléitear an focal in Breatnach (1980:10).

sdasióin§218:212:3	Iasacht ón mBéarla (eDIL s.v. stáision, stáition).
tEgsa§2:2:14	Iasacht ón mBéarla nó ó theanga Rómánsach (eDIL s.v. técs, técsa).
aid. temporalta §363:414:17	‘Late Lat[in] loanword, perh[aps] through Engl[ish] (eDIL s.v. temporálta).
tumba§101:96:22	Iasacht ón mBéarla nó ó theanga Rómánsach (eDIL s.v. tumba). ¹⁰⁰

(b) Tráchtáil, ceird, earraí, srl.

an baitín§259:262:19	Díspeagadh an fhocail <i>bata</i> ar iasacht ó theanga Rómánsach é (eDIL s.v. bata).
cás§146:148:21	Iasacht ón mBéarla (eDIL s.v. 2 <i>cás</i>). Aon sampla amháin atá san eDIL; ní tugtar an sampla seo.
an cibhir§284:300:10	Níl de shampla san eDIL ach é. Is gluais é seo ar an bhfocal <i>clár</i> . Is ag tagairt do chlúdach atá ar shoitheach atá an focal sa téacs. Tuairimítear san eDIL gur iasacht ón mBéarla <i>cover</i> atá ann (eDIL s.v. cibir).
cofra§371:422:1	Iasacht ón Meán-Bhéarla nó ón Angla-Normainnis, <i>cofre</i> (Risk 1968–71:604; eDIL s.v. cófra). ¹⁰¹
cosdus§140:142:1	Iasacht ón mBéarla (eDIL s.v. <i>costus</i>). Ní luaitear an sampla seo san eDIL.
an cruibhed§69:54:17	Iasacht ón mBéarla, <i>cruet</i> (eDIL s.v. cruibét). Tá an sampla seo ar cheann den dá shampla a tugtar san eDIL.
mala§433:452:26	Tuairimítear san eDIL gur iasacht ó theanga Rómánsach an focal (eDIL s.v. <i>mála</i>). Is iasacht ón Angla-Normainnis é dar le Risk (1974–75:83). Ní luaitear an sampla seo san eDIL agus is sine é ná a bhfuil ann.
marg§85:76:25	Iasacht ón mBéarla, <i>mark</i> (eDIL s.v. 2 <i>marg(g)</i>). Ní luaitear an sampla seo san eDIL.

¹⁰⁰ Pléitear an focal in Mac Mathúna (2007:60).¹⁰¹ Pléitear an focal in O’Rahilly (1950:336).

misúr§78:68:24	Iasacht dheireanach ó theanga Rómánsach (eDIL s.v. misúr). Is iasacht ón Angla-Normainnis é dar le Risk (1974–75:84). Ní luaitear an sampla seo san eDIL.
paintEr§119:112:34	‘obsol[ete] Eng[lish] panter <i>net, snare</i> ’ (eDIL s.v. paintér). Is iasacht ón Angla-Normainnis é dar le Risk (1974–75:85).
Enpota§215:206:19	Iasacht ón mBéarla? (eDIL s.v. pota). Ní luaitear an sampla seo san eDIL.
pultadh§32:16:28	Iasacht ón Angla-Normainnis, <i>bult(er)</i> (Risk 1974–75:87) (eDIL s.v. pultad). Níl de shampla san eDIL ach é. Ní feictear aon sampla de in <i>Corpas na Gaeilge</i> (2004) ach oiread.
tria sháirse§32:16:29	Iasacht ón Nua-Bhéarla Moch, <i>sarce</i> . (eDIL s.v. sáirse, sairse). ¹⁰²
spEcláir§15:8:3	Bunaithe ar an mBéarla nó ar an Laidin (eDIL s.v. spéclóir).

(c) Riarachán, dlí, teidil srl.

na carthanail §215:206:6	Iasacht ón Laidin nó ón mBéarla (eDIL s.v. cardinál). Is iasacht ón Angla-Normainnis é dar le Risk (Risk 1974–75:75).
na cundais§2:2:20	Iasacht ón Angla-Normainnis, <i>cuntes</i> (Risk 1974–75:78) (eDIL s.v. cuntas).
an doctúir§387:430:31	Iasacht ón Laidin nó ó theanga Rómánsach (eDIL s.v. dochtúir). Ní luaitear an sampla seo san eDIL.
fundúir§299:322:30	Iasacht ón Angla-Normainnis, <i>fondur</i> (Risk 1974–75:80) (eDIL s.v. fundúir).
prindsa§214:204:37, prindsadhuib §389:432:13	Iasacht ón mBéarla nó ó theanga Rómánsach (eDIL s.v. prinnsa). Ní luaitear an sampla seo san eDIL.

¹⁰² Pléitear an focal in De Bhaldraithe (1992:127–28).

prisún§248:252:6	Iasacht ón Meán-Bhéarla nó ón Angla-Normainnis, <i>prisun</i> , <i>-oun</i> (Risk 1974–75:86; eDIL s.v. prisún). Ní luaitear an sampla seo san eDIL.
reidighón§263:266:24	Iasacht dheireanach ó theanga Rómánsach (eDIL s.v. régión).
ridiri§64:48:34, ag ridirEcht§248:252:4	Iasacht ón Sean-Bhéarla, <i>ridere</i> (Vendryes 1974:R-34; eDIL s.v. ritire).
serbfhogantaigh §66:52:12, sErbfhogantaidhe §261:264:30	Iasacht bunaithe ar <i>servaunt</i> na hAngla-Normainnise agus an focal <i>foghantaidh</i> (Risk 1974–75:89; eDIL s.v. serb(í)óntaid).
an sErsenach §140:140:23	Iasacht ón Angla-Normainnis, <i>sergent</i> (Risk 1974–75:88; eDIL s.v. seirsénach).
(d) <u>Foirgnimh, ionaid srl.</u>	
agard§361:408:27, agaird§360:406:30	Iasacht ón mBéarla (eDIL s.v. agart). Ní tugtar ach aon sampla amháin den fhocal san eDIL; ní luaitear na samplaí seo.
bacuís§226:228:6	Iasacht ón mBéarla, <i>bakehouse</i> (eDIL s.v. bÁCús). Tá an sampla seo ar cheann den dá shampla a tugtar san eDIL.
balla§359:406:21	Iasacht ón mBéarla (eDIL s.v. 1 balla). Ní luaitear an sampla seo san eDIL.
na cisdenaidhe §260:264:3, doncisdEnaigh §265:268:29	Iasacht ón Meán-Bhéarla (Stokes 1890:430; eDIL s.v. cistenach).
an cuirt§90:84:29	Iasacht ón Angla-Normainnis, <i>curt</i> (Risk 1974–75:77). Bhí iasacht ón Laidin sa teanga roimhe (eDIL s.v. cuirt).
pEilEr§310:334:1	Iasacht ón Angla-Normainnis, <i>piler</i> (Risk 1974–75:86) (eDIL s.v. 1 pilér, (peilér)).
posda§40:24:24	Iasacht ó theanga Rómánsach (eDIL s.v. post).
seomhra§291:310:35	Iasacht ón tSean-Fhraincis, <i>chambre</i> (Stokes 1890:387; eDIL s.v. seomra).

sella§221:218:9	Iasacht ón mBéarla nó ó theanga Rómánsach (eDIL s.v. 1 sella).
taibEirne§85:76:22	Iasacht ón bhFrainc-Normainnis (Vendryes 1978:T-3; eDIL s.v. tábairne). Ní luaitear an sampla seo san eDIL.

(e) Beatha, éadach, srl.

birrét§320:342:29	Iasacht ón Laidin nó ó theanga Rómánsach (eDIL s.v. birrét). Ní luaitear an sampla seo san eDIL.
fa locais§362:410:34	D'fhéadfadh baint a bheith ag an bhfocal seo le <i>flock</i> an Bhéarla (eDIL s.v. focus). Is i dtéacsanna de chuid na seachtú haoise déag atá na samplaí eile den fhocal a luaitear san eDIL.
plur§32:16:28	Iasacht ón Luath-Fhraincis (Meyer 1891:468; eDIL s.v. plúr).
spisraduib§363:414:13	Bunaithe ar an bhFraincis nó ar an mBéarla, <i>espice, spice</i> (eDIL s.v. spírad). Is iasacht ón Angla-Normainnis é dar le Risk (1974–75:90)
an tuáille§46:32:12	Iasacht ón Laidin nó ó theanga Rómánsach (eDIL s.v. tuáille). Is iasacht ón Angla-Normainnis é dar le Risk (1974–75:91).

(f) Caitheamh aimsire

compánuch§40:24:33, companaig§307:330:25	Ainmfhocal díoraithe ón bhfocal <i>compán</i> ar iasacht é ón mBéarla nó ó theanga Rómánsach (eDIL s.v. compán). Is iasacht ón Angla-Normainnis é dar le Risk (1974–75:76).
ac damhsa§392:434:5	Iasacht dheireanach ón mBéarla, <i>daunce</i> (Vendryes 1996:D-22). Ní luaitear an sampla seo san eDIL agus ní deirtear gur iasacht é (eDIL s.v. damsas). ¹⁰³
fEsta§368:418:31	Iasacht ón Angla-Normainnis, <i>feste</i> (Risk 1974–75:80). Ní luaitear an sampla seo san eDIL (s.v. fésta).

¹⁰³ Feic a ndeirtear faoi na focail *damhsa* agus *rinse* in Ó Tuama (1960:214).

ac raingce§392:434:5	Iasacht dheireanach ón mBéarla, <i>ringing</i> (Vendryes 1974:R-31). Ní luaitear an sampla seo san eDIL agus ní deirtear gur iasacht é (eDIL s.v. rin(n)ce).
----------------------	--

(g) Leigheas

fiabhrus§51:38:15	Iasacht ón Meán-Bhéarla, <i>fēv(e)res</i> (Breatnach 1980:112–14; eDIL s.v. fíabras).
-------------------	---

pairilís§270:276:9	Iasacht ó theanga Rómánsach (eDIL s.v. pairilis).
--------------------	---

(h) Eile

cas§81:72:7	Iasacht ón mBéarla nó ó theanga Rómánsach (Engl. s.v. 1 cás). Ní luaitear an sampla seo san eDIL.
-------------	---

an coimite§304:326:33	‘Lat[in] <i>comitia</i> ? By form of <i>coimitech</i> ?’ (eDIL s.v. coim(m)ite).
-----------------------	--

confErsoíd§395:434:33	Iasacht ón Laidin <i>conversatio</i> (eDIL s.v. coinbersáid)
-----------------------	--

creatuír§87:80:5	Iasacht ón mBéarla nó ó theanga Rómánsach (eDIL s.v. crétuír). Ní luaitear an sampla seo san eDIL.
------------------	--

cupla§309:332:14 <i>aid. *cuplaigh</i> §355:398:26	Iasacht ón mBéarla nó ó theanga Rómánsach (eDIL s.v. cúpla). Ní luaitear ach an aidiacht san eDIL (s.v. cúplach).
--	---

cúrsa§283:298:24	Iasacht ón mBéarla (eDIL s.v. cúrsa). Ní luaitear an sampla seo san eDIL.
------------------	---

an dinite§1:2:7	Iasacht ó theanga Rómánsach? (eDIL s.v. dínite).
-----------------	--

disporacht§105:100:3	‘Based on Eng[lish] <i>dispute</i> ?’ (eDIL s.v. dispóracht). Ní luaitear an sampla seo san eDIL.
----------------------	---

IEighindtibh§409:442:7	Iasacht ón mBéarla nó ó theanga Rómánsach (eDIL s.v. léigint). Trí shampla a tugtar san eDIL agus an sampla seo ar an gceann is sine acu.
------------------------	---

mailís§264:268:5	Iasacht ó theanga Rómánsach (eDIL s.v. mailís). Ní luaitear an sampla seo san eDIL.
------------------	---

moimint§238:240:30	Iasacht ón Laidin, <i>momentum</i> (eDIL s.v. móimint).
--------------------	---

naduir§53:42:6 <i>aid.</i> nadurdha §118:112:10	Iasacht ó theanga Rómánsach (eDIL s.v. nádúir). Ní luaitear na samplaí seo san eDIL.
<i>br.</i> do pós§66:52:11	Iasacht ó theanga Rómánsach (eDIL s.v. pósaid).
resún§282:296:21 <i>aid.</i> resúnta §361:408:39	Iasacht ón mBéarla (eDIL s.v. resún). Ní luaitear na samplaí seo san eDIL.
sciursa§243:246:18 <i>br.</i> inar sciursadh §395:434:27	Iasacht ón mBéarla nó ó theanga Rómánsach (eDIL s.v. sciúrsa, sciúrsa). Ní luaitear an fhoirm bhriathartha san eDIL (s.v. sciúrsaid).
sEicrEid§360:408:3 <i>aid.</i> simplidhe §50:36:22	Iasacht ón mBéarla nó ó theanga Rómánsach (eDIL s.v. simplide). Ní luaitear an sampla seo san eDIL.
solás§280:294:18 <i>aid.</i> solasach§7:4:26	Iasacht ón Angla-Normainnis (Risk 1974–75:89; eDIL s.v. sólás).
* <u>mo sbÉsi</u> §189:192:22	Iasacht ón Meán-Bhéarla, ón tSean-Fhraincis, <i>peis</i> , nó ón Laidin, <i>pensa</i> (O’Rahilly 1927:28; eDIL s.v. spéis).
<i>dobr.</i> co sbeselta §239:240:32	Iasacht ón Meán-Bhéarla, (<i>e</i>) <i>speciel</i> (Breatnach 1980:111) (eDIL s.v. speisialta).
sbindadh§312:334:37	Iasacht ón Meán-Bhéarla, <i>spinne</i> nó <i>spend</i> (O’Rahilly 1927:26) (eDIL s.v. spinnad).
sduidear§11:6:16	Iasacht ón Laidin, <i>studēre</i> nó ón Fhraincis, <i>é(s)tudier</i> (eDIL s.v. stuidér). Is iasacht ón Angla-Normainnis é dar le Risk (1974–75:9).
sdoirm§294:314:30	Iasacht ón mBéarla (eDIL s.v. stoirm).
an tastáil§368:420:1	Iasacht ón mBéarla, <i>taste</i> (eDIL s.v. tástáil). Níl de shampla san eDIL ach é.

Ainmfhocail neamhchoitianta: Faightear dornán ainmfhocal díorthaithe sa téacs nach bhfuil de shampla san eDIL ach iad:

folaidecht§63:48:16, saerclanndacht§71:56:31, daendaighEcht§123:120:32, foirfidhEcht§378:428:1, domEd a indilltaiss§416:444:33, sméróidech§33:18:6, cruaitech§421:446:19.

Faightear na focail *daonnacht* agus *foir(b)feacht* sa téacs chomh maith: **daendacht*§332:352:7; *foirbfeacht*§387:430:33, *foirfEchta*§388:432:3. Is iomaí sampla de na focail seo atá san eDIL le hais na bhfocal comhchiallach *daonnaigheacht*, agus *foirfidheacht*. Is iondúil gurb é *foir(b)feacht* a úsáidtear sa téacs seo, ach ní túisce *daonnacht* ná *daonnaigheacht* scríofa.

Tá focal díorthaithe eile sa téacs nach bhfuil aon trácht air san eDIL: *mnaamhlacht*§297:320:4. Glacaim leis gurb í an aidiacht *mnáamail* is bunús don fhocal; aidiacht atá ar bheagán samplaí san eDIL (s.v. *mnáamail*), agus a lochtaítear in IGT I 127: ‘banam[h]uil’ *cōir*’ (Mac Cárthaigh 2014:130). Is as an téacs seo a tógadh an sampla den fhocal *mnámhalacht* a luaitear i bhFoclóir Uí Dhuinnín (1927).

3.5 An Aidiacht

Feictear cúpla aidiacht sa téacs atá ar aon chiall agus ar aon infhilleadh ach a mbíonn dhá fhoirm acu — foirm a mbíonn iarmhír aidiachta dhúbailte inti, agus foirm eile atá taobh le haon iarmhír:¹⁰⁴

nemaidhe§363:414:13, *nemhdaidhe*§63:48:20; *conEcusc norda*§355:398:11,
**conEcusc nordaidhe*§355:398:29.

Bíonn cúpla aidiacht chomhchiallach eile sa téacs nach bhfuil de dhifríocht eatarthu ach go mbíonn iarmhír aidiachta breise le feiceáil in aidiacht acu nach mbíonn san aidiacht eile:

odainmide cEnnsa§297:318:21, *dobriathraibh cEndsaidhe*§291:310:34;
dia diamhair§265:270:28, *ní diamrach*§78:68:20.

Is le hiarmhíreanna aidiachta ar leith a cruthaíodh aidiachtaí comhchiallacha eile atá sa téacs:

duil talmaidhe§97:92:27, *naduilib talmanda*§216:208:4; *ainglidhe*§62:48:12,
**ainglech*§279:292:16.

Tá dhá fhoirm den aidiacht *mór* sa téacs freisin: *mór* agus *már*. Ní feictear ach dhá shampla de *már* sa téacs: sa bhfrása, *ocEin mhair*§8:4:32 (eDIL s.v. *cían*); agus le hainmfhocal *dílis*, *mic oililla mair*§22:10:10. Bhíodh an dá fhoirm ag an aidiacht sa

¹⁰⁴ Faightear tuairisc ar na hiarmhíreanna aidiachta is coitianta sa nGaeilge Chlasaiceach, chomh maith le cúpla sampla d’aidiachtaí a bhfuil an iarmhír dúbailte iontu, in McManus (1994:382).

tSean-Ghaeilge nó go bhfuair *mór* an lámh in uachtar le linn na Meán-Ghaeilge (eDIL s.v. *mór, már*).

3.5.1 An aidiacht aitreabúideach

o/ā-thamhain, bain.: B'ionann infhilleadh don aidiacht *bain.* sa nGaeilge Chlásaiceach agus d'ainmfhocail *asa dtéid a réim* (McManus 1994:383), agus is amhlaidh an *cás* sa téacs seo é. Thugtaí rogha d'fhile foirm ainsígh nó foirm ainmnigh na haidiachta a úsáid le cuspóir *a n-anann a réim* (McManus 1994:383).¹⁰⁵ Ní feictear ach aon sampla amháin sa téacs seo d'aidiacht san ánsíoch le cuspóir díreach *a n-anann a réim*: *Fuil suil nglais§201:198:29.¹⁰⁶ Is san ainmneach a bhíonn an aidiacht sa gcás seo chuile áit eile sa téacs, *m.sh.*:

arafuair se anoir morsa uaib§257:260:24, *domothaig se Ecla morair*§348:372:5, *doconnairc se soillsi romhor*§37:22:1, *munadErna tu aitrige romhor*§94:90:6, *donídh se aithrige romor indte*§123:122:2, *gondErna se aithrige romhór*§140:140:29, *docífedsa aithridhe fhírinde*§236:238:3, *dorinde aithrige gEr*§335:356:12.

Is minic a feictear foirm ánsígh/tabharthaigh na haidiachta *bain.* ag cáiliú ainmfhocail *a n-anann a réim* atá faoi réir ag réamhfocail, *m.sh.*:

sabfhairge moir§132:130:29, *gusanfairge moir*§134:134:31, *isanbfhairge moir*§192:194:17, *tarla afairce aduathmair e*§274:280:1, *acarcair cumaing*§398:436:21, *taran rinnmuir ríanaigh§355:384:19, *taranmuir mEruallaigh*§355:390:10,¹⁰⁷ *aranardmuir nimdoinn*§355:394:22, *sacuir gresaich§355:400:4, *anaÉis moir*§67:52:20, *faonoir moir*§218:210:41, *redEithfir moir*§247:250:26, *arfErthain moir*§266:270:37, *faanshocair moir*§435:454:15, *retoirrsi moir*§82:72:38, *araltoir moir*§88:82:21, *famasla moir*§182:188:3, *ré honóir romoir*§255:258:13, *maillere hEcla moir*§313:336:15, *IEthrisin míclu moir*§353:378:31, *dEslainte rotruim*§366:270:39, *óanEslainte romhoir*§266:272:6, *IEsansoillse romhoir*§359:406:15, *ansan aibíd gleghilsin*§64:48:37,

¹⁰⁵ Pléitear an teagasc seo in IGT I 81 (Mac Cárthaigh 2014:106).

¹⁰⁶ Feic fonóta 11 thuas i dtaobh fhoinsé na filíochta.

¹⁰⁷ Is mar ainmfhocail firinsneach a caitear le *muir* in eagrán BCC sa gcás seo: ‘*muir meruallach*’. Feic ‘*assi anmuir asaitreb duinn*’§355:394:13.

anaibíd gleghil taitnemhaigh§64:50:6, tréghorta toltanaigh§67:52:22,
 regorta toltanaigh§390:432:29, re tuirsi7 rehathrighe romhoír§67:52:26,
 go purgadoir romoir§94:90:1,¹⁰⁸ maille re cuis dlesdenaigh§72:58:30,
 *rEdgnuis gil§348:372:28, *atir tredaigh§159:168:32.

Facthas thuas gur minic foirm an ainmnigh á húsáid mar áinsíoch sa téacs seo in ainmfhocail *asa dtéid a réim* de réir na Gaeilge Clasaicí. De bhrí go leanann foirm na haidiachta *bain*. foirm na n-ainmfhocail sin atá á cáiliú aici sa téacs, is le hainmfhocail *asa a dtéid a réim* atá faoi réir ag réamhfhocail amháin a feictear réim curtha san aidiacht, *m.sh.*:

Cuspóir díreach: docondairc bEn bocht§356:402:11, Et tuc antaingéal
 clochcruind glass dó§132:130:24, dotócuib cloch ghel§292:312:10, doiarrutar
 air soirbEs aimsire 7gaeth cErt dfagáil§283:298:16, Docrichnaig se amlaidh
 sin betha gErr§363:414:17, dotindscaim se anBetha siraide suthain
 marthanach§363:414:18, tucc cnedh guasachtach air§264:268:13, tug sefleadh
 mor§81:72:22, doghEna Eclas onórach saninadh so§30:16:3,¹⁰⁹ dorinde se
 Eclas onórach§111:102:32, documhdaigh Eclus onoruch§207:202:4.

Ar lorg réamhfhocail: *achtbloidh mbig*§8:4:33, *go halbain
mbroinigh§191:194:14, *cusantulaigh cuanna caimh§159:170:2, *arincathraig
coir cuplaigh§355:398:26, dogruaig IEith§249:254:3, doncuirbicc
 erendaigh§265:270:4, aralaim dEis§25:12:8, aralaim dEis§161:172:18,
 *foralaim dEis§315:338:30, nach soichEdh nalaim dEis§425:448:17,
 docoimEit se naoigh ronaemtha robendaighte rogloin§353:378:23, *isanindse
mbarrgloin§355:392:24, *taranlindmhuir IEthanglaiss§355:390:2, *ganceird
ndiagha nidhain§332:354:6, ocEin mhair§8:4:32, anEclais moir§119:112:14,
 *daanmain ainglidh§332:352:2, *osErinn uill§38:22:18, *anerinn
áin§320:344:2, acomhraidh bicc§267:272:31, foaimsir ghirr§75:62:8,
 Faaimsir ghirr§236:236:29, Oir faaimsir girr§283:398:31, faaimsir
 girr§288:304:24, fa aimsirgirr§357:404:4, *armnai min moill§411:442:23,
 arcoill rodluith rouaicnigh§297:320:14.¹¹⁰

¹⁰⁸ ‘gan purgadoir romoir’ atá in eagrán BCC. Is dóigh liom gur fearr a fheileann an réamhfhocail *go* don chomhthéacs.

¹⁰⁹ Ceartaítear foirm an ainmfhocail in eagrán BCC ach fágtar na haidiachtaí gan athrú: ‘ecla[i]s’.

¹¹⁰ ‘ro-dluth rouaicnech’ atá in eagrán BCC. Is cosúil nár thug na heagarthóirí faoi deara *i* na haidiachta ‘dluith’ atá scríofa faoin *u* sa lámhscríbhinn.

o/ā-thamhain, fir.: Ní feictear aon sampla sa téacs seo den tabharthach uatha ar leith a bhíodh ag aidiachtaí *fir*. áirithe sa nGaeilge Chlasaiceach (McManus 1994:383). Ní raibh aon dualgas ar na filí foirm thabharthaigh seo na haidiachta a úsáid agus bhí sé de cheart acu foirm an ainmnigh a úsáid ina háit (McManus 1994:384).¹¹¹

Bhíodh dhá fhoirm ar leith ag aidiachtaí *fir*. sa TGairm uatha sa nGaeilge Chlasaiceach — foirm chaol (.i. *gil*) agus foirm leathan (.i. *geal*) (McManus 1994:383). D’úsáidtí an fhoirm chaol ar lorg ainmfhocail arbh ionann a bhfoirm sa TGairm agus sa TG uatha, agus bhíodh rogha idir an dá fhoirm ag file dá mba rud é gurbh ionann foirm an ainmfhocail sa TGairm agus sa TA uatha (McManus 1994:383). Leantar ceart na bhfilí sa téacs seo agus is ar lorg ainmfhocail arb ionann foirm dóibh sa TA agus sa TG uatha a feictear an fhoirm chaol:

amic graduig§246:250:13, *amic graduigh*§265:268:21, *amEic graduig*§265:270:4, *amic gradhaich*§312:336:2, *Amic gradaigh*§313:336:19, *A mic graduigh*§314:336:26, *amacaimh mín rouasail*§17:8:13, **aodhrain uassail idhain*§190:194:31, *abrathair gradhaigh*§148:152:1, **asEnoir sin*§355:388:21, **aghuaire gloin*§157:162:5, **abaithin uasail idhain*§278:290:24, **abaithin inmain airimh*§373:424:6, **abaithin moir*§340:362:10.

3.5.2 An aidiacht fhaisnéiseach

Is san uimhir uatha a bhíonn an aidiacht fhaisnéiseach sa téacs de ghnáth; beag beann ar uimhir an ainmní. Ní fheictear d’eisceacht ar sin sa téacs ach cúpla sampla d’aidiacht iolra atá sa bhfilíocht:

**maith atrebhtaigh troma atuir*§275:282:23,
**Mora fErta anclErich caidh*§335:356:31.¹¹²

Bíodh is go bhfeictear sampla d’aidiacht fhaisnéiseach iolra in *Desid.* (250), ní minic a leithéid i bprós na linne. Go deimhin, is coitianta uimhir uatha na haidiachta fáisnéisí sa bhfilíocht féin (McManus 1994:386–87).

¹¹¹ Pléitear an teagasc seo in IGT I 81 (Mac Cárthaigh 2014:106).

¹¹² Ní hionann an léamh atá ag eagarthóirí BCC. Mheas siadsan nárbh fhoirceann iolra a bhí san *a* atá ar lorg na haidiachta ach aidiacht shealbhach, 3ú pearsa uatha *fir*. Is mar aon aonad amháin a breacadh ‘Mora’ sa lámhscríbhinne agus spás idir é agus ‘fErta’. Is iondúil gur i dteannta an ainmfhocail a breactar aidiachtaí sealbhacha.

3.5.3 Céimeanna comparáide na haidiachta

Comhchéim na haidiachta: Faightear aon sampla amháin sa téacs de chomhchéim na haidiachta ar dhéanamh na Sean-Ghaeilge: *bamEidightir recolbtaigh bliadhna gachbradan* §355:386:29.¹¹³ In ainneoin go raibh an chomhchéim in *-itir/-idir* ag sciarradh as an teanga ó aimsir na Sean-Ghaeilge féin (Breatnach, 1991:91), faightear samplaí de i dtéacsanna próis áirithe de chuid na Nua-Ghaeilge Moiche (McManus 1994:387).

Is díol suntais é gur sa scéal atá in §355 a faightear an t-aon sampla dá léithéid sa téacs seo. Mar a luadh thuas, is scéal é nach ionann ábhar dó agus an chuid eile den téacs agus ar minic leis foirmeacha ársa teanga a bheith ann.¹¹⁴ Is é gnáthstrúchtúr na Gaeilge Clasaicí a úsáidtear mar chomhchéim sa gcúid eile den téacs: an réimír *comh-* i gcomhfhocal le bunchéim na haidiachta, agus an réamhfhocal *fri, le, re* nó an cónasc *agus* ar a lorg (McManus 1994:387).

Breischéim na haidiachta: Fearacht Ghaeilge an lae inniu, is ionann an bhreischéim sa téacs agus foirm ghinideach uatha bhaininscneach na haidiachta (*GGBC* §219).¹¹⁵ Is é *ní is* a feictear le breischéim na haidiachta de ghnáth sa téacs, ach faightear corrsampla de *ní sa* á úsáid thar a cheann:¹¹⁶ *nísamó 7 nísalinmairi* §49:34:28, *nísamó* §105:98:100, *nísamo* §393:434:11. Is cosúil nár ceadaíodh *ní sa* a úsáid i bhfilíocht na Gaeilge Clasaicí, ach faightear i dtéacsanna próis na linne é (Breatnach 1990:2–3).

Is é an briathar *ioná* a chuireann comparáid in iúl ar lorg bhreischéim na haidiachta sa nGaeilge Chlasaiceach agus is iad foirmeacha an bhriathair sin a dhéanann amhlaidh sa téacs seo leis (McManus 1994:388). Is é *ioná*¹¹⁷ a úsáidtear de ghnáth sa téacs; *ioná(s)*¹¹⁸ is foirm dó roimh fhorainm pearsanta, 3ú pearsa uatha; agus *ionáid*¹¹⁹ a feictear roimh ainmfhocal iolra. D'úsáidtear *ionáid* mar fhoirm iolra den chónasc diúltach *ná* sa Nua-Ghaeilge Mhoch chomh maith (eDIL s.v. 4 ná), agus

¹¹³ 'ba meidightech re' atá in eagrán BCC.

¹¹⁴ Feic 3.2.3 thuas.

¹¹⁵ Faightear tuairisc ar bhreischéim na n-aidiachtaí neamhrialta sa nGaeilge Chlasaiceach, ar ionann iad agus aidiachtaí neamhrialta an téacs seo, in McManus (1994:388).

¹¹⁶ Déantar plé ar theacht chun cinn *ní as/is*, agus bunús *ní sa* in Breatnach (1990 *passim*).

¹¹⁷ *m.sh.* §80:70:34, §111:104:15, §127:124:25.

¹¹⁸ *m.sh. inase* fEn §72:60:6, *inasé* §81:72:6, *inásé* §133:134:9, *inásí* §193:196:6; *inaé* §138:140:2, *ina íad* §151:156:12, *ina é* §407:440:33.

¹¹⁹ *ináid* aingli §183:188:30, *inaidcloicne* §131:128:19.

faightear corrrshampla dá leithéid sa téacs seo: nachbEidís rigthi ináid tigErnadha indte§126:124:13, nifacutar anbile inaid nahEoin§355:392:7, *fir erend naid amná§201:198:30.

Ní minic an fhoirm aonsiollach *ná*¹²⁰ sa téacs, ach faightear corrrshampla den chónasc *nó*¹²¹ á úsáid thar a cheann. Choisctí an fhoirm aonsiollach *ná* ar fhilí na Gaeilge Clasaicí, in ainneoin go mbíodh sé coitianta i bprós na linne (McManus 1994:388). Is i dtéacsanna deireanacha a feictear *nó* á úsáid in ionad *ná* (eDIL s.v. 7 nó). Tá sampla de *nó* ar son *ná* in *Carswell* (s.v. 2. nó) chomh maith.

3.5.4 *Gach agus uile*

gach: Tá dhá fhoirm ag *gach* sa téacs: *gach* agus *gacha*. Is foirmeacha iad a shíolraíonn ón tSean-Ghaeilge, áit a mbíodh *catcha*, *cecha* (*gacha*) ina foirm ghinidigh roimh ainmfhocail *bain*. uatha; agus *cach*, *cech* (*gach*) roimh chuile ainmfhocal eile (*GOI* §490). Tosaíodh ag úsáid foirm an ghinidigh uatha *bain*. roimh ainmfhocail *fir*. chomh maith le linn na Meán-Ghaeilge, forbairt a d'fhág rogha ag filí na Gaeilge Clasaicí idir *gach*, a leanadh séimhiú é, nó *gacha*, nach gcuirfeadh séimhiú (Ó Maolalaigh 2013:44).¹²² Leanann an téacs seo gnás na bhfilí agus úsáidtear *gach* agus *gacha* go malartach roimh ghinideach, beag beann ar inscne:

***gacha* (*bain*.)** *gachatuinde§355:384:23, gacatuaithe§333:354:18,
aragaidh gacahaltora§355:398:12, screboll gachatrEs bliadhna§40:24:35,
gachatosca§351:376:22, *gachahadba§349:376:6,

***gacha* (*fir*.)** bó gachatighe§156:160:20, duan *gacha* filedh 7
gachahollaman§334:356:2, anilrugadh gachasaEthair§17:8:18,
baladh gach mEsa 7 gachablatha 7 gachanEich§46:32:13,
aradhuig gacadoruis§355:398:11, ilradh gachadatha§123:120:25,
*gachadunaidh§355:398:27.

***gach* (*bain*.)** *anaghaidh gachduillEoige§183:188:32, *file
gachtuaithe§333:354:23, anaghaidh gachtEneadh 7 gachtoirniche§77:66:31.

¹²⁰ issine natú§93:88:6.

¹²¹ oirisfErr limaíarraidh ort anois notarÉis dobais§336:358:8, Ni fErr sib nó annEch§219:212:29.

¹²² Tagraíonn Ó Maolalaigh (2013:46) do nóta R. A. Breatnach (1942:184) ina luann sé a ndeirtear in *BST* faoi infhilleadh *gach*: ‘Bean gach fhir, bean gacha fir .c.’ (*BST* 24:3).

gach (fir.) baladh gach mEsa 7 gachablatha§46:32:13, dEchmadh nafleidhi 7 gach nEich§93:88:10, aninadh gachcnuic§33:18:5, *ainm gach fir§315:340:1.

Is é *gach* a thagann roimh *uile* sa téacs i gcónaí, *m.sh.* oscinn gachuile gradha§63:43:23, nirbingnadh gacuile duil§50:36:24. Is iondúil nach leanann aon athrú tosaigh *gach uile*, ach faightear aon sampla amháin de agus séimhiú ina dhiaidh: *gach uile chulaidh* Eclaisi§103:98:12.¹²³

Feictear *gach* agus *gacha* á n-úsáid i ndobhriathra ama chomh maith agus is iondúil gur roimh fhoirm ghinidigh a feictear iad:¹²⁴

gachlai§76:64:10,¹²⁵ *gaclaí*§124:122:24,¹²⁶ *gachadardaÉin*§43:30:3,
gachadardaín§124:122:23,¹²⁷ *gachabliadna*§27:14:8,¹²⁸
gacha domhnaig§327:348:8, *gachanóna*§182:186:26,
gachoidche domnuigh§249:252:34, *gachataeba de*§72:58:36.¹²⁹

Faightear *gach* roimh ainsíoch nó roimh ainmneach i ndobhriathra ama eile, agus sa ndobhriathar eisceachtúil *gach ndíreach* (GOI §381):

gachaEnla§124:122:27, *gachEnla*§134:134:40, *gachEnla*§396:436:3,
gachla§159:166:34, §356:402:15, *gachataeb*§188:192:4.
gac noidhce§311:334:11, *gach noidhce*§314:336:27,¹³⁰ *gachuaír*§117:110:22,
gachuaír§26:12:31,¹³¹ *gach ndírEch*§88:82:15, *gacndireach*§274:278:37.

Ní feictear ach aon sampla amháin sa téacs de *cech* á úsáid seachas *gach*: *cEch *noidhce*§401:438:23.

¹²³ Feic Ó Maolalaigh (2013:49–51).

¹²⁴ Feic Ó Maolalaigh (2013:80–83).

¹²⁵ §78:66:37, §78:68:3, §78:68:12, §114:108:11, §156:160:15, §217:210:10, §217:210:20, §217:210:21, §431:452:20.

¹²⁶ §269:276:5, §356:402:21.

¹²⁷ §158:166:13, §159:170:6, §159:170:11, §366:416:23.

¹²⁸ §82:74:6.

¹²⁹ §83:74:15, §142:144:33, §149:154:1, §229:230:17, §231:232:35, §274:280:3, §283:298:15, §312:334:31, §314:336:30, §363:414:4.

¹³⁰ §390:432:29, §401:438:21.

¹³¹ §113:106:26, §271:276:30.

Nuair a thagann na réamhfhocail *do/de, i, a* nó *fri* roimh *gach*, déantar *dá/da, ann/in, as* agus *fria* díobh.¹³² Is cosúil go leanadh urú *gach* sa bhfilíocht nuair a thagadh réamhfhocail a leanadh an t-áinsíoch é roimhe (McKenna 1941:63). Feictear urú ina dhiaidh sa gcás sin sa téacs seo chomh maith, uaireanta:

mar *gach mbocht*§78:68:5, *argachnduine*§147:150:23,
ingac nelaiduin§221:216:31, ar *gach nolc*§219:212:15,
 ar *gac ndeoraidh*§278:290:17, **argach ndeóruidh*§278:290:26,
 ar *gach mboin*§286:302:22, ar *gachmbuinde*§355:384:22.

uile: Is iondúil gur ar lorg ainmfhocail, forainm, nó briathair, a bhíonn *uile* sa téacs. Feictear *uile* chomh maith sa struchtúr *alt + uile + ainmfhocail*. Is mar ainmfhocail uatha a caití le *uile* sa struchtúr seo sa nGaeilge Chlasaiceach, seachas sa nginideach nuair a chuirte an t-alt iolra *bain*. roimhe, agus b'iondúil gur sa TG iolra a bheadh ainmfhocail a leanadh é (Mac Cárthaigh 1998:68–69). Is minic go gcloíonn úsáid an struchtúir sa téacs seo, le gnáthúsáid na Gaeilge Clasaicí mar a léirítear é in Mac Cárthaigh (1998):

TG iolra *Día nanuili chumhacht*§87:80:3,¹³³ *bláth nanuili gras*§35:20:12,
soillse nanuilegras§123:122:5, *cruthaigEoir* [...] *nanuile dul*§43:28:23,
dfhir scrísda nanuile locht§224:224:31, *fan uili doman*§113:106:3,
fán uile doman§156:158:28.

Faightear cúpla sampla eile den struchtúr sa téacs nach leanann gnáthúsáid an struchtúir sa nGaeilge Chlasaiceach:

TG uatha *cruthaighEoir* [...] *nanuile creatúir*§87:80:4, *uirEsbaid nanuile maith*Essa§362:410:20, ***alt iolra*** *gáfuil nahuile chumacht*§230:232:17,
donahuile fEoil§423:448:4.

¹³² *m.sh. dá/da* *dágac aEn*§42:28:3, *tricha dagach uile crodh*§82:74:4, *dágach duine*§85:76:23, **dágach taeb*§189:192:18, *ann/in* *andgach endrochraEd*§43:28:33, *ann gach*§362:412:9; *ingach inadh*§59:44:33, *ingach uile*§78:68:20, *ingach oiléan*§87:78:30, *as* *asgach tengaid*§108:100:22, *asgach inadh*§266:272:20, *ass so 7 asgac ní*§376:426:8, *asgach ní*§393:434:15, *fria* *friagach coire*§182:186:14, **fria gach nEch*§340:362:24.

¹³³ §190:192:26, §277:288:23. Níl *cumhacht* faoi shéimhiú sa lámhscríbhinn sna samplaí eile seo, §43:28:23, §44:30:17, §33:18:10, §157:162:18, §304:328:4, §305:328:20, §353:378:31, §358:404:39, §429:450:32.

3.6 Na Réamhfhocail

ar: Déanann an réamhfhocail seo gnótha trí réamhfhocail ar leith a rith ina chéile sa teanga — *ar*, *for* agus *iar*. Leanadh séimhiú *ar*, urú *iar* agus loime *for* sa tSean-Ghaeilge (McCone 2005:59–60). In ainneoin gur thit na trí réamhfhocail ina chéile sa Nua-Ghaeilge ó thaobh fhoirm an réamhfhocail de, d’fhan an t-athrú tosaigh a leanadh iad chun a mbrí a chur i gcéill. Fágann sin gur féidir séimhiú, urú, nó loime a fheiceáil i ndiaidh *ar* sa téacs seo, *m.sh.* arthEct .c.c.§49:34:20, ArnimthEct donaingel§66:50:34, dobidís artír§184:190:1.

Is é *ar* is litriú don réamhfhocail sa téacs de ghnáth, ach faightear riar samplaí de *for* agus *iar* chomh maith:

iar iarnaifaicsin§60:46:2, iarmbas§87:82:7, iarbás§87:82:7,
iarmbeith§120:116:6, iarnafhaicsin§145:148:5, iarcath cula
drEmhne§182:186:1, iarnaifaicsin§213:204:26, iarnathuicsin§262:266:5,
iarnaclóidsin§288:304:26, iarnaifaicsin§289:306:22, iartoighEct§320:344:2,
iarcrabudh§335:356:32, *iar* mordhail§352:378:1, iarscís§355:382:19,
iarscís§355:390:11, iar.ui.bliadnaib§430:452:15, iarnacur§434:454:8,
for fortír§78:68:28, forsluaiged§219:212:22, foralaim§315:338:30,
forangnuisib 7 for anaithchibh§333:354:17, *for nEmh nar§338:360:18,
*for talmain§366:416:22, *for neamh§366:416:23, *fordoire§371:422:15.

Forainm réamhfhoclach:

Níor mhair de na forainmneacha réamhfhoclacha a chumtaí leis an réamhfhocail *ar* sa Nua-Ghaeilge Mhoch ach an 3ú pearsa uatha, *fir.*, *aire* (McManus 1994:437). Ní feictear an fhoirm úd sa téacs seo ach in abairtí ar an déanamh, Gonadh airi sin§7:4:29. Is iad na forainmneacha réamhfhoclacha a shíolraigh ón réamhfhocail *for* a úsáidtear ina n-ionad sa Nua-Ghaeilge Mhoch. Ba iad foirmeacha séimhithe na bhfoirmeacha seo a d’úsáidítí sa nGaeilge Chlasaiceach, *orm* seachas *form srl.* (McManus 1994:438). Is iad is tréine sa téacs seo freisin, ach feictear riar samplaí de na foirmeacha loma chomh maith, mar a léirítear sa tábla thíos. Is i litriú caighdeánach na Gaeilge Clasaicí, de réir McManus (1994), a tugtar foirmeacha eiseamláireacha an tábla, agus is i gceann chaon liosta atá an fhoirm is tréine a feictear sa téacs. Níl de shamplaí sa téacs d’fhoirm nach bhfuil *srl.* ar a lorg ach a gcuirtear de thagairtí léi sa tábla. Is ionann an modh eagarthóireachta a leantar sna táblaí eile a tugtar sa gcuid eile den aonad seo.

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	oram§67:52:23, srl. orm§87:80:13, srl. <i>*form</i> §348:372:16	orainn§137:138:7, srl.
2.	ort§33:18:11, srl. fort§223:224:11, §355:386:12	oraibh§218:210:32, srl.
3. fir. bain	air§16:8:7, srl. fair§155:158:7, §249:254 uirre§30:16:6, srl.	orra§1:2:6, srl. ortha§355:394:24 forra§354:380:33

re: Is iondúil gurb é *re* is litriú don réamhfhocal seo sa téacs, ach faightear *fri*, *fria* agus *ria* mar litriú air chomh maith. Is in §355 amháin atá *fri* agus is san alt céanna a feictear ceann de na ceithre shampla de *fria* atá sa téacs; ní feictear *ria* ach nuair a nasctar leis an aidiacht shealbhach an réamhfhocal:

rianamuinntir§41:26:15, rianalind§94:90:1, *fria re tri* fichit§166:176:2,
ríanataebh§186:190:27, *fria re ciana*§352:378:4,¹³⁴ *friatúr*§355:386:8,
fri tir§355:394:4, *frihantecriost*§355:396:11, *frire cian*§355:396:25,
fria.c.c. riambas§375:424:23.

Nuair a nasctar an réamhfhocal leis an aidiacht shealbhach, 1ú agus 2ú pearsa uatha, is iondúil go leantar gnás na Gaeilge Clasaicí agus go gcailltear guta na haidiachta sealbhaí (McManus 1994:431), *m.sh.*:

remtighErna§124:122:24, redbraithribh§225:226:11, rédbás§276:288:6.

Ní faightear ach cúpla sampla sa téacs agus guta na haidiachta sealbhaí coinnithe: *re* doEo§76:64:20, **re molind*§181:184:30. Nuair a nasctar an réamhfhocal leis an aidiacht shealbhach, 3ú pearsa uatha nó iolra, is iondúil *n* scríofa eatarthu,¹³⁵ ach feictear riar samplaí á uireasa chomh maith:

reacorpaihbh§36:20:30, réamuinntir§76:62:32, **réalá*§201:198:30,
réaól§292:312:29, reacorp§363:414:12.

Is iondúil gur *re*, nó *rer* le briathar san aimsir chaite, is foirm don réamhfhocal i gcumasc leis an mír choibhneasta, ach faightear cúpla sampla de *risa* chomh maith: *risaraitEr*§42:26:27, *risanabarthur*§51:36:33, *risaráitear*§154:156:28. Is é *ris* is foirm

¹³⁴ Scríobhaí eicint eile a bhreac an t-alt seo, feic caibidil a dó, lth 23.

¹³⁵ *m.sh.* §12:6:18, §33:16:40, §33:18:23, §33:18:33, §36:20:33, §75:62:7, §76:64:7.

dó de ghnáth agus é i gcumasc leis an alt. Ní faightear ach trí shampla sa téacs de *fris* ina n-áit:

**fris*an sailmchetal§198:198:11, *fris*ancoruich§355:386:30,
fris anrésin§433:452:33.

Is minic *re* le feiceáil sa téacs le *maille*,¹³⁶ agus sa bhfrása réamhfhoclach, (*i*) *leith re*.¹³⁷ Ní faightear aon sampla sa téacs de *maille* as féin, ná de *le*, seachas *re*, ar a lorg mar atá i gcorráit in *Desid.* (xxxvi).¹³⁸ Bíonn dhá leagan den fhrása réamhfhoclach (*i*) *leith re* sa téacs, leagan a mbíonn réamhfhoclach roimhe, *m.sh.* a lEithre§38:22:23, agus leagan eile nach mbíonn, *m.sh.* lEithre§127:124:34, leth re§94:90:4. Is tréine go mór an leagan gan an réamhfhoclach roimhe.

Forainm réamhfhoclach:

Ba iad foirmeacha séimhithe na bhforainmneacha réamhfhoclacha a chumtaí leis an réamhfhoclach *fri*, *ris* seachas *fris srl.*, a d'úsáidítí sa nGaeilge Chlasaiceach (McManus 1994:438). Is iad sin is coitianta sa téacs seo chomh maith, ach ní gann iad na foirmeacha loma ach oiread mar a léirítear sa tábla thíos:

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	riom§33:18:13, <i>srl.</i> friom§352:378:7, §362:410:32	rinn§120:116:20, <i>srl.</i>
2.	riot§40:24:18, <i>srl.</i>	ribh§95:90:25
3. fir. bain	ris§20:8:32, <i>srl.</i> fris§93:88:9, <i>srl.</i> ria§11:6:15, <i>srl.</i> fria§353:380:4	riú§80:70:22 friú§355:396:3, §355:398:13

le: Is é *le* an litriú is coitianta ar an réamhfhoclach sa téacs, *m.sh.* le§25:12:10, §43:28:10, §45:30:26, ach faightear cúpla sampla de *la* chomh maith, *la* ríath§25:12:21, *la* sin rig§43:28:15, *la* firu ereann§82:72:34. Is iondúil gur gearr guta an réamhfhoclach shimplí ach feictear síneadh fada air uaireanta, *m.sh.* lédia§124:122:21, lé cairbri§133:132:29, léhaedhán§242:244:32.

¹³⁶ *m.sh.* mailliris na§63:48:19, *maille* re§72:58:30, *maille* riu§87:78:34, *maille* rehonóir 7 rereuErians§218:210:36, *mailli* rena§360:406:36.

¹³⁷ *m.sh.* alEith re§76:, *leith* re§222, alEith ris§223, leth ris§229, lEith rena§243, alEith rena§266, alEith risna§223, lEithris na§295.

¹³⁸ Feic O'Rahilly (1921–23:14–15) i dtaobh *maille* as féin mar réamhfhoclach.

Is ionduíl *n* neamhchlasaiceach scríofa ar lorg an réamhfhocail agus é nasctha le haidiacht shealbhach, 3ú pearsa uatha nó iolra.¹³⁹ Ní feictear ach aon sampla amháin sa téacs á uireasa: léangnoaighib§283:298:26. Cailltear guta na haidiachta sealbhaí, 1ú pearsa uatha agus iolra, agus é nasctha leis an réamhfhocail: *lemcroidhe§277:290:12, *IEr naicnidne§355:392:24.

Is gnách gurb é *le*, nó *ler* le briathar san aimsir chaite, is foirm don réamhfhocail agus é i gcumasc leis an mír choibhneasta, ach tá *lé a* sa téacs chomh maith, *m.sh.* léamarbadh§253:256:32, lemarbthai§260:264:8, IErcuiredh§122:118:22. Is é *leis* is foirm dó i gcónaí i dteannta an ailt, *m.sh.* IEsan mbrEithir§115:108:20, IEs nacEolaibh§87:80:41.

Bíodh is go raibh na réamhfhocail shimplí *le* agus *re* á meascadh ó ré na Meán-Ghaeilge (Breatnach 1994:328), dhéantaí idirdhealú orthu i gcónaí sa nGaeilge Chlasaiceach (McManus 1994:434). Is ionduíl go ndéantar amhlaidh sa téacs seo, ach faightear corrshampla den dá réamhfhocail a bheith á n-úsáid go malartach chomh maith, *m.sh.*:

doErigh anclErEch lebrEithir§62:48:3, dorindedh corr donrigain
 rebreithir§329:348:22, docuir [...] regnoaighib§223:222:5, dobi se accur [...]
 legnoaigib§283:298:15, IEth renatrEn 7 renatrEsi docur arcul 7 letrEn do
 tabairt§243:246:39, do gabatar galEcadh leclochaibh 7refoidib§324:346:22,
 do gortaigeadh se acorp gohimarcach letroscadh no reurnaidhe§414:444:20.

Forainm réamhfhoclach:

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	liom§3:2:26, <i>srl.</i> leam§156:158:32, <i>srl.</i>	linn§377:426:28, <i>srl.</i>
2.	leat§276:288:5, <i>srl.</i> lat§129:126:34, <i>srl.</i>	libh§93:86:38, <i>srl.</i>
3. fir. bain	leis§40:24:27, <i>srl.</i> lé§45:30:28, <i>srl.</i>	leo§8:4:40, <i>srl.</i>

¹³⁹ *m.sh.* §40:26:5, §135:136:10, §209:202:21, §214:204:37.

i: Is iondúil gurb í an litir *a* a chuireann an réamhfhocail seo i gcéill sa téacs, ach is minic *i* mar litriú air agus é i gcumasc leis an alt, nó leis an aidiacht shealbhach, 3ú pearsa uatha. Feictear urú nó *l* dúbailte ar a lorg uaireanta.¹⁴⁰

Is iomaí sin foirm ag an réamhfhocail agus é i dteannta an ailt uatha: *sa(n)*, *isan*, *annsa(n)*, agus *as*. Is í *sa(n)* an fhoirm is coitianta sa téacs, *m.sh.* *saleabhur*§143:146:16, *sanabainn*§73:60:14, ach faightear riar maith samplaí de *isan* chomh maith.¹⁴¹ Ní feictear ach dhá shampla de *as* sa téacs, *astirsín*§288:304:22, *astír*§290:308:14, agus is beag sampla de *annsa(n)* sa téacs ach oiread:

ann sanaibíd§64:48:37, *ansanáit*§71:56:24, *andsaninadh*§163:174:14,
anssarEctnua§257:260:26, *andsaninadh*§341:364:16,
anssasEnreacht§378:428:2.

Ní chloíonn an téacs le teagasc na Gaeilge Clasaicí i dtaobh an chlaohlaithe tosaigh is cóir ar ainmfhocail atá ar lorg an réamhfhocail *i* agus é i dteannta an ailt uatha. De réir an teagaisc sin, is ceart séimhiú a chur ar ainmfhocail nuair is ciall chónaí (tabharthach) atá i gceist agus is urú is ceart a chur nuair is ciall shiúil (áinsíoch) a cuirtear i gcéill (McManus 1994:359). Is iondúil nach léirítear urú ná séimhiú ar ainmfhocail atá faoi réir ag *i* agus an t-alt uatha sa téacs seo, nuair a cuirtear is iondúil gur urú a feictear, beag beann ar an gciall, *m.sh.*:

sambrat§45:32:1, *sambaile*§119:112:15, *sabhairge*§132:130:29,
sabfhogmhar§156:160:29, *sanguasacht*§261:264:29.

Is í *isna*¹⁴² an fhoirm is coitianta den réamhfhocail agus é i gcumasc leis an alt iolra, ach tá riar samplaí de *sna* agus *ansna* sa téacs chomh maith, *m.sh.*:

¹⁴⁰ *m.sh.* *aninad*§31:16:20, *ambathad*§8:4:32, *andomnach*§26:12:26, *Angartan*§52:38:24, *allaighnibh*§94:90:16, *allo*§120:114:15, *alló*§120:114:29, *allo*§158:166:10, *allaimh*§242:244:31, *allaimh*§294:314:14, *allaithibh*§395:434:30.

¹⁴¹ *isan* §51:36:27, §64:50:38, §120:116:25, §120:116:28, §133:134:26, §142:144:32, §142:144:38, *§159:170:1, §219:214:14, §299:322:30, *§320:344:2, §324:346:17, §346:368:16, *§354:382:2, §355:388:14, *§355:392:24, §355:394:10, §360:408:15, *§401:438:24, §404:440:9, *isin* §31:16:20, §46:32:21, §51:36:26, §51:36:30, §76:64:22, §98:94:20, §111:104:9, §120:114:25, §146:150:11, §301:324:22.

¹⁴² *isna* §33:18:21, §50:36:10, §53:40:12, §56:42:34, §62:48:12, §63:48:22, §83:74:20, §84:76:8, §100:96:16, §100:96:19, §124:122:22, §139:140:16, §142:144:23, §159:168:18, §165:174:28, §185:190:9, §215:206:24, §216:206:30, §221:218:24, §238:240:17, §258:262:5, §283:298:26, §309:332:25, §332:350:19, §340:362:7, §340:362:22, §348:372:22, §359:406:20, §373:424:2, §374:424:31, §411:442:21, §425:448:18.

snatírtibh§57:44:13, snarandaibhse§277:290:2; andsna cathuibh§180:184:19, andsnalaitibh§367:418:14.

Is rímhinic an réamhfhocal gan scríobh agus é nasctha leis an aidiacht shealbhach, 3ú pearsa uatha; *ina* is foirm dó nuair a scríobhtar é.¹⁴³ Cailítear guta na haidiachta sealbhaí, 1ú agus 2ú pearsa uatha, agus é nasctha leis an réamhfhocal, *m.sh.*:

amab 7 amshagart§76:64:18, imchellaibh§151:156:7, atcill§76:64:21, adtigh§122:120:1.

Is í (*i*)*na*, nó *inar* le briathar san aimsir chaite, a feictear agus an réamhfhocal i gcumas leis an mír choibhneasta, *m.sh.* inambEith§141:142:23, ambeith§141:144:9, inarcuired§28:14:24.

Forainm réamhfhoclach:

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	ionnam§267:272:29	
3. fir.	ann§34:20:6, <i>srl.</i>	ionnta§87:78:33, <i>srl.</i>
bain	inntes§52:38:28, <i>srl.</i>	

tre: Feictear séimhiú ar ainmfhocal atá ar lorg an réamhfhocail seo uaireanta.¹⁴⁴ Is iondúil gurb é *tre* a litriú, ach feictear *tré* scríofa ar uairibh.¹⁴⁵ Faightear litriú eile ar an réamhfhocal chomh maith — *tria*; litriú atá coitianta i dtéacsanna Meán-Ghaeilge (Breatnach 1994:330):

trisháirse§32:16:29, triapoll§314:336:29, triaguidhe§357:404:22, triaballa§359:406:21, tríacruas§361:408:29, triasaoghal§363:414:20, triamardotucc§435:454:29.

Is é *tres*¹⁴⁶ is foirm don réamhfhocal agus é i dteannta an ailt de ghnáth, ach tá corrrshampla de *trias* sa téacs freisin:

¹⁴³ *m.sh.* nalaimh§175:182:11, naoigh§353:378:23, naconfersoíd§395:434:33; inahinad§11:6:16, inatost§76:62:33, inaaEnar§82:72:24.

¹⁴⁴ *m.sh.* *séimhiú* tréghorta§67:52:22, trethaeb§158:166:18, trepholl§168:176:25, trechael§222:218:33, tremhéd§265:268:25, trefhad§265:268:25, *loime* trecumachta§219:214:1, trefebhus§360:406:33.

¹⁴⁵ *m.sh.* *tré* §67:52:22, §94:88:35, §116:110:12, §131:128:38, §182:186:25.

¹⁴⁶ *m.sh.* trEсанmbEndugadh§134:134:38, trEсанmbeandugadh§135:136:16, trEsintaisbenadh§151:156:5, . tresnagraisaib 7 trEсанsubaltaidhibh 7 trEs natindluictib diadha 7 trEs namirbuilibh§49:34:30.

triasangnimh§168:178:29, *triasancath*§182:186:39,
tríasnasubaltaidhibh§248:252:25, *triasanmbendugadh*§360:408:19,
triasanmicadh§7 trias anEssonóir§434:454:9.

Nuair a nasctar an réamhfhocail leis an aidiacht shealbhach, 3ú pearsa uatha nó iolra, scríobhtar *n* eatarthu, mar a cheadaíte sa nGaeilge Chlasaiceach (*BST* 5:21). Is ionduíl gurb é *tre*¹⁴⁷ is litriú don réamhfhocail agus é nasctha, ach feictear *tria* sa téacs chomh maith:

trianacomhairli§180:184:19, *trianacrabadh*§249:254:8,
trianached§265:270:22, *trianabeith*§278:290:19, *trianamhéd*§281:296:1,
triana mEnce§360:406:41, *triana édach*§404:440:9.

Bíodh is go bhfeictear *trem* sa téacs agus an réamhfhocail nasctha leis an aidiacht shealbhach, 1ú pearsa uatha, coinnítear guta na haidiachta sealbhaí de ghnáth:

tremguidesi§127:124:37; *trEmobEndachtainsi*§30:16:5,
trEmomidingbalacht§290:308:27, *tremodímuss*§335:356:24.

Is é *triasa* is foirm don réamhfhocail agus é i gcumasc leis an mír choibhneasta: *trias atugadh*§178:182:34.

Forainm réamhfhocail:

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	<i>tríom</i> §179:184:6, <i>srl.</i>	<i>tríotha</i> §151:156:13
3. fir.	<i>tríd</i> §235:236:21, <i>srl.</i>	
bain	<i>tríthe</i> §73:60:16, <i>srl.</i>	

Is minic forainm réamhfhocail sa tríú pearsa uatha *fir.* ag déanamh gnótha an réamhfhocail shimplí i bprós na Nua-Ghaeilge Moiche.¹⁴⁸ In ainneoin go gceadaíte (*e)idir* a úsáid mar réamhfhocail simplí sa nGaeilge Chlasaiceach, ba locht filíochta é aon fhorainm réamhfhocail eile a úsáid mar é (McManus 1994:435). Is minic nach leantar ceart na bhfilí sa téacs seo. Mar a léireofar thíos, tá samplaí sa téacs de *roimhe*

¹⁴⁷ *m.sh.* *trenaEsimlaír*§249:254:8, *trenaolcus*§265:270:18, *trenabragaid*§403:440:4,
 **trenaEdach*§404:440:13.

¹⁴⁸ Feic Ó Maonaigh (1946:213–14), *Carswell* (1:10, 27:877, 280:303), agus *Desid.* (xxxiv–xxxv).
 Feic chomh maith O’Brien (1956:175–76), agus McManus (1994:435).

(*re*), *as* (*a*), agus *faoi* (*fa*), mar réamhfhocail simplí, agus feictear glaic samplaí de *tríd* a bheith á úsáid thar ceann *tre* chomh maith:

tríd polluib comhladh§311:334:10, *tríd* mardotrEicis§217:210:17, *tríd* gancomairli [...] dogabail§219:214:7, + *alt* *tríd* anloch§87:78:11, *tríd* ancarraic§132:130:32, *tríd* antumba§158:166:20, *tríd* ansliabh§171:180:17, *tríd* antshoithEch§251:256:13, *trít* namirbuilibh mora§331:350:2, *trít* nacumhdaightibh§335:356:13

Tá samplaí de *tríd* mar réamhfhocail simplí in *Smaointe B. Chr.* (Ó Maonaigh 1946:214), in *Carswell* (s.v. *tré*), agus i bprós na dtráchtas gramadaí féin, beag beann ar a dteagasc (McManus 1994:435).

de/do: Is é *do* an litriú a bhíonn ar na réamhfhocail seo de ghnáth agus iad roimh chonsan, ach faightear corrshampla sa téacs agus *da* déanta díobh, *m.sh.* *dacathrachaibh*§237:238:34 (*de*), *databairt*§78:66:38 (*do*). Báitear a nguta roimh ghuta nó *f* go hiondúil,¹⁴⁹ agus is minic an focal a leanann iad faoi shéimhiú.¹⁵⁰

Is é *don* is litriú dóibh agus iad i gcumasc an ailt uatha, ach faightear aon sampla amháin sa téacs de *dond*: *dondrig*§355:384:12. Aon litriú amháin, *do*, a bhíonn orthu agus iad nasctha leis an aidiacht shealbhach, 1ú agus 2ú pearsa uatha; *da* a déantar díobh ar lorg uimhir iolra na bpearsan sin. Cailtear guta na haidiachta sealbhaí, 1ú agus 2ú pearsa uatha, nuair a nasctar le *do* iad.¹⁵¹ Is í *da* an fhoirm is tréine sa téacs agus na réamhfhocail i gcumasc leis an aidiacht shealbhach, 3ú pearsa uatha, ach feictear dornán samplaí de *dia* freisin:

**diafine*§25:12:19, *diabachail*§82:72:39, *díamhanchaibh*§88:82:17,
**diatir*§222:222:32, *díafis*§262:266:6, **dia indissin*§338:360:19,
diafhis§368:418:25.

Is é *da/dá*, nó *dar/dár* le briathar san aimsir chaite, is foirm dóibh i gcumasc leis an mír choibhneasta, *m.sh.*:

¹⁴⁹ *m.sh.* *d'* *danmonnaib*§249:254:7, *denlaith*§156:160:15, *dadhamhnan*§312:336:8, *do* *do* *annomnuib*§46:32:29, *doan*§110:102:19, *doenni*§223:222:26.

¹⁵⁰ *m.sh.* *séimhiú* *doghneithibh*§49:34:29, *dochin*§117:110:21, *dothuirse*§189:192:15, *dodhuine*§297:318:21, **dobhas*§366:416:28, *loime* *docin*§27:14:6, *dopEcudh*§223:224:7, *dotaeb*§2:2:18.

¹⁵¹ *m.sh.* *domcorp*§67:52:21, *domdEoin*§67:52:22, *dotslictsa*§44:30:15, *dotfhir*§46:32:25, *dodcoimed*§64:48:27, *dodchur*§223:222:39.

dáníarrand§93:88:13, datucc§218:212:5, darcruithaidh§50:36:25,
dárcair§278:290:17.

Forainm réamhfhoclach:

	<i>uatha</i>		<i>iolra</i>	
	<i>do</i>	<i>de</i>	<i>do</i>	<i>de</i>
1.	damh§20:8:33, srl.	díom§64:48:31, srl.	dúinn§113:106:36, srl. dunn§120:118:2, srl.	dínn §37:22:5, srl.
2.	duid§20:8:34, srl. duit§43:28:34, srl. doid§94:90:13, srl. doit§76:62:26, srl. deit§93:88:2 dhuid§116:110:1	díot§33:18:16, srl.	daoibh§131:128:23, srl. díbh§227:228:27, srl.	díbh §362:412:6, srl.
3. fir.	do§8:4:36, srl. dó§12:6:18, srl.	de§1:2:11, srl. dhe§1:2:3, srl.	dóibh§62:48:1, srl. dáibh§83:74:17, srl.	díbh §26:14:4, srl.
bain	di§45:30:28, srl. dí§46:32:34, srl.	di§9:6:6, srl. dí§79:70:9		

go h-: Ní túisce *co* ná *go* mar litriú ar an réamhfhocal seo sa téacs. Cuirtear *h* roimh ainmfhocal dar tús guta atá ar a lorg *go* rialta, *m.sh.* coheas§31:16:13, cohoirther§45:32:1, cohaimsir§132:130:5. *gus* is foirm dó i gcumasc leis an alt,¹⁵² *go* *a* a feictear agus é i gcumasc leis an mír choibhneasta: *goaticindse§185:190:10.

Cailítear guta na haidiachta sealbhaí, sa 1ú agus 2ú pearsa uatha, agus é nasctha le *go*, *m.sh.* cómannlucadh§375:426:2, codbás§66:52:8, godbas§67:52:16.¹⁵³ Nuair a thagann an réamhfhocal roimh an aidiacht shealbhach, 3ú pearsa uatha nó iolra, is iondúil gur *goa*, nó *góa* a scríobhtar.¹⁵⁴ Is roimh an bhfocal *céile* amháin a báitear an aidiacht shealbhach, *m.sh.* gocheli§319:342:14, *gócheli§355:400:1.

Forainm réamhfhoclach:

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	chugamsa§87:80:12, srl.	chugainn§100:96:14, srl.
2.	chugad§33:18:12, srl. chugat§43:28:26, srl.	chugaibh§230:232:16, srl.
3. fir. bain	chuige§28:14:25, srl. chuice§54:42:19, srl.	chuca§2:2:18, srl.

¹⁵² *m.sh.* gusaninadh§98:92:28, gosinEsboc§61:46:8, inadh§172:180:21, cusanard§182:186:30,

¹⁵³ coam bás§276:286:11, 1ú pearsa uatha (?).

¹⁵⁴ *m.sh.* góabás§87:82:12, góasmeig§229:230:20, *goabile§279:294:3, goabás§300:324:21; cóauachtarán§271:278:12, cóasmEicc§390:432:30.

ag: Is é *ag* gnáthlitriú an réamhfhocail sa téacs; feictear *ac* mar litriú air uaireanta, chomh maith le cúpla sampla de *oc*, octarraing§33:16:33, ocaseánmh§355:396:25. Nuair a nasctar é le haidiacht shealbhach, 1ú, 2ú, agus 3ú pearsa uatha, atá ina cuspóir ag ainm briathartha, (*a*)*gam*, *gad*, agus (*a*)*gá* a déantar díobh, *m.sh.*:

ag+mo gumcairiugadh§120:114:10, agamcoimet§346:368:20,
gomshasadh§356:402:17, **ag+do** gotanacal§87:82:9, gutgairm§346:368:23,
ag+a gahamharc§60:46:2, gátumba§362:412:2, ogáfagbail§138:138:24,
ogácur§142:144:37.

Ní déantar amhlaidh murar cuspóir ainm briathartha í an aidiacht shealbhach, *m.sh.* ag mo tumba *no* ag moluidh§206:200:26.

Ní túisce *aga* ná *ga* scríofa agus an réamhfhocail i gcumasc leis an mír choibhneasta,¹⁵⁵ ach is é *ag*¹⁵⁶ a feictear roimh an alt i gcónaí seachas aon sampla amháin atá sa bhfilíocht, *guncrois§181:184:29.

Forainm réamhfhoclach:

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	agam§65:50:31, <i>srl.</i>	againn§66:52:9, <i>srl.</i>
2.	agat§120:114:9, <i>srl.</i> agad§64:48:34, <i>srl.</i>	agaibh§110:102:16, <i>srl.</i>
3. <i>fir.</i> <i>bain</i>	aige§1:2:7, <i>srl.</i> aice§19:8:30, <i>srl.</i>	aca§21:10:7, <i>srl.</i>

ó: Feictear séimhiú ar ainmfhocail atá ar lorg *ó* uaireanta.¹⁵⁷ Is minic go mbáitear guta an ailt agus an réamhfhocail roimhe, ach ní déantar amhlaidh i gcónaí:

ónuairsin§98:94:19, óanuairsin§221:218:23, óanabuind§322:344:34,
óaninadh§329:348:15.

Ní faightear ach aon sampla amháin sa téacs de *ond*: *ondrig§349:376:1.

¹⁵⁵ *m.sh.* ocárabutar§221, ogaraibe§294:314:13, garaibe§42:26:22, gambí§82:74:11.

¹⁵⁶ *m.sh.* aganferand§44:30:21, agantobar§117:110:17, agancelErEch§217:210:12.

¹⁵⁷ *m.sh.* **séimhiú** óchonall§117:110:20, óghuaire§157:162:4, ófhindén§168:176:14,

*odhoire§184:190:5, ómhéd§282:296:37, **loime** ócorp§63:48:16, ogartan§110:102:8, oduhcas 7 ofolaidhEcht§74:60:26.

Nuair a nasctar ó leis an aidiacht shealbhach, 3ú pearsa uatha nó iolra, breactar *n* neamhchlasaiceach eatarthu i gcónaí, *m.sh.* ónamathair§268:274:11. Cailltear guta na haidiachta sealbhaí, 1ú pearsa uatha, agus é nasctha leis, *m.sh.*:

*omchat [...] ómdreollan§118:112:13, *ómtír§349:376:3,

*ómshámadh§373:424:5, ombássa§375:426:2.

Is iondúil gur *óna*, nó *ónar* le briathar san aimsir chaite, a feictear agus an réamhfhocail i gcumasc leis an mír choibhneasta ach faightear cúpla sampla de *óa* chomh maith: óaticedh§285:302:5, óandEchaidh§287:304:11.

Forainm réamhfhocail:

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	uaim§35:20:19, <i>srl.</i>	uainn§283:298:28
2.	uaid§40:24:17, <i>srl.</i>	uaibh§120:116:38, <i>srl.</i>
3. fir.	uadha§20:8:33, <i>srl.</i> uadh§21:10:6, <i>srl.</i> uaidh§40:24:35, <i>srl.</i>	uatha§33:16:36, <i>srl.</i> uathaibh§190:192:29 uadha§141:144:14
bain	uaithe§11:6:15, <i>srl.</i>	

re/ria: Is é *ria* an fhoirm is coitianta den réamhfhocail sa téacs agus ní feictear ach cúpla sampla de *re*: rembrath§120:116:8, re ndul arnem§159:168:23. Breactar urú i ndiaidh an réamhfhocail go rialta ach fágtar lom ainmfhocail dar tús *p*, *t*, *c* atá faoi réir aige: riatecht§23:10:17, ría *patruic*§120:116:37, riacormac§274:280:35. Is é *riana* is foirm don réamhfhocail agus é nasctha leis an aidiacht shealbhach, 3ú pearsa uatha.¹⁵⁸

Forainm réamhfhocail:

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	romham§284:300:19, <i>srl.</i>	romhainn§51:38:2, <i>srl.</i> reamhainn§186:190:25, <i>srl.</i>
2.	romhad§65:50:27, <i>srl.</i> romhat§353:380:5	romhaib§362:412:8
3. fir.	reimhe§50:36:10, <i>srl.</i> roimhe§72:58:15, <i>srl.</i>	rompa§222:220:20, <i>srl.</i>
bain	rempe§132:130:25, <i>srl.</i>	

¹⁵⁸ §23:10:19, §26:12:24, §27:14:7, §29:14:29, §31:16:13, §33:16:31, §34:18:41, §35:20:11, §37:20:36, §38:22:10, §40:24:1, §42:26:24, §43:28:8, §44:30:9, §49:34:27, *§50:36:11, §146:150:1, *§159:168:20, §250:254:18.

Tá cuid mhaith samplaí sa téacs den 3ú pearsa uatha *fir*. mar réamhfhocal simplí. Bíonn dhá fhoirm aige agus é ina réamhfhocal; *reimhe/roimhe*, an fhoirm is coitianta, agus *reimh/roimh*.

reimh muiri§50:36:16, reimh ferghna§50:36:8, remhe .c.c.§219:214:14,
rEme Espartain§230:232:16, roimhe cormac§276:288:1,
+*aid.shealbhach* remhe amarbadh§117:110:24, remhe atigearna 7 roime
abaintighErna§284:300:26, +*alt* roimhe antigherna§50:36:20, roimhe
anlEnabh§51:38:9, rEmhe anduine§70:56:7, roimhan plaidh§75:62:13, remhe
ancath§173:180:31, rEme anpEach§182:188:10, rEme antí§182:188:11,
rEmhe naháidhedhaib§222:220:18, rEme anmbainde§284:300:15,
reimhe namanchaibh§313:336:10, reme anpéist§321:344:10.

Ní feictear *reimh(e)/roimh(e)* mar réamhfhocal simplí roimh ainm briathartha sa téacs, ní a thagann leis an scrúdú a rinne Ó Súilleabháin ar a úsáid mar réamhfhocal i ndoaeen téacs de chuid na Nua-Ghaeilge Moiche (1971:125–26).

um: Is iondúil focal atá faoi réir ag *um* faoi shéimhiú sa téacs, ach is lom corrfhocal dá leanann é *m.sh.*:

séimhiú imfhaidhE doracht§129:128:1, **amghren*§278:290:21,
**imdháciarán*§315:340:5, *loime* imsEt§317:340:24, amdail§318:342:2.

Is é *imá* an litriú a bhíonn ar an réamhfhocal sa téacs de ghnáth agus é nasctha leis an aidiacht shealbhach, 3ú pearsa uatha, ach feictear *imá a* scríofa cúpla uair thar a cheann, *m.sh.*:

imá imafhoillsiugadh§122:120:4, imashaeradh§234:236:13
imá a imá ataitheBougadh do§113:106:15,¹⁵⁹ imá aindEsin dó§238:240:21,
imáafhoillsiugadh§309:332:18.

Ní feictear ach aon sampla amháin sa téacs de *um* agus é nasctha leis an aidiacht shealbhach, 2ú pearsa uatha: **mód*§355:386:14; *imá* is foirm dó agus é i gcumasc leis an mír choibhneasta,¹⁶⁰ ach feictear aon sampla amháin de *móa* ina háit, *móandEchaidh*§350:376:22.

¹⁵⁹ Tugtar mar cheannfhocal san eDIL an focal (s.v. athaithebeúgad). Feic eDil s.v. taithbeoighaid.

¹⁶⁰ *m.sh.* *ima* tancutar§43:28:22, imatáinEc§275:282:5.

Forainm réamhfhoclach:

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	umam§26:14:1, srl.	
2.	umad§94:90:14, srl. umat§282:298:9, srl. iomad§314:336:37, srl.	
3. fir. bain	uime§69:54:13, srl. uimpe§87:78:13, srl. impe§241:244:16	iompa§120:166:10, srl.

fa: Ní túisce *fo* ná *fa* mar litriú ar an réamhfhocail seo sa téacs. Is iondúil gur gearr a ghuta ach feictear síneadh fada air uaireanta, *m.sh.* fáanum§226:228:17, fóerinn§334:354:31. Bíonn séimhiú ar ainmfhocail atá faoi réir aige scaití, *m.sh.*:

séimhiú fothalmuin§166:176:2, fáfhurtacht§274:280:18,

**fosheacht*§278:292:7, *loime* famasla§182:188:3, facís§347:370:20,

fabuaidh§173:180:31.

Ní breactar guta an ailt agus é i dteannta an réamhfhocail de ghnáth, ach déantar amhlaidh i gcúpla áit:

fáarní§132:130:17, faananam§149:154:5, fáanÉruic§222:218:34,

fáarní§285:300:29, fainní§26:12:33.

Nuair a nasctar *fa* leis an aidiacht shealbhach, lú pearsa uatha, cailltear guta na haidiachta sealbhaí i gcónaí.¹⁶¹ Is iondúil *n* neamhchlasaiceach idir é agus an aidiacht shealbhach, 3ú pearsa uatha nó iolra, ach tá sampla de *fá a* sa téacs chomh maith: fáacomhair§212:204:6.

Is é *fá/fa*, nó *far/fár* le briathar san aimsir chaite, is foirm dó agus é i gcumasc leis an mír choibhneasta de ghnáth, ach feictear sampla de *fá a*, agus *fá ar* freisin: fáarhadluiceadh§101:96:21, fáafuil§288:304:33.

Forainm réamhfhoclach:

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.		fúinn§325:346:26
2.	fúd§223:222:33, srl.	
3. fir. bain	faoi§26:12:30, srl. fúithe§78:68:31	futha§288:304:36, srl.

¹⁶¹ *m.sh.* famroghain§87:80:11, **fámcaird*Es§277:290:12, **famcossaiph*§340:362:26.

Tá trí shampla sa téacs de *faoi*, 3ú pearsa uatha, *fir.*, mar réamhfhocal simplí: *fai* anloch§51:36:35, *fai* anabainn§149:152:27, *fai* antalumhsa§215:208:5. Ní minic *faoi* mar réamhfhocal simplí i bprós cráifeach na linne is cosúil. Ní luaitear ach aon sampla amháin de a bheith in *Smaointe B. Chr.* (Ó Maonaigh 1946:213) agus in *Carswell* (s.v. fá). Ní luaitear sampla ar bith de a bheith in *Desid.* (xxxiv) ná in *Trí Biorgh.* (s.v fá).

tar: Is sna frásaí réamhfhoclacha *tar ais*, agus *tar éis* is minicí an réamhfhocal le feiceáil sa téacs.¹⁶² Nuair a thagann an aidiacht shealbhach, 3ú pearsa uatha, idir *tar* agus *ais*, ní scríobhtar í uaireanta, *m.sh.* *tar* aiss§174:180:29, *tarais*§236:236:37, *tarais*§262:266:6.

Forainm réamhfhoclach:

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	taram§67:52:17 *toram§372:422:27	torainn§367:416:30
2.	tort§217:210:20, <i>srl.</i> *torad§372:422:27	
3. <i>fir.</i> <i>bain</i>	tairis§25:12:12, <i>srl.</i> tairse§29:14:31, <i>srl.</i>	tarsa§226:228:8, <i>srl.</i>

a: Cuireann an réamhfhocal simplí *h* ar ainmfhocal dar tús guta atá faoi réir aige go rialta, *m.sh.* *aherind*§127:124:37, *ahalbain*§315:338:14, **ahinis*§348:372:24. De bhrí gurb é an tabharthach a leanadh *a* sa nGaeilge Chlásaiceach, bheifí ag súil le séimhiú a fheiceáil ar ainmfhocal a bheadh faoi réir aige agus é i dteannta an ailt uatha (McManus 1994:359). Tá sampla mar é sa téacs, *asancharraicc*§269:276:3, ach is minicí urú curtha, *m.sh.* *asin mbaile*§170:180:4, *asinbhairge*§193:196:5, *asanmboin*§356:402:16.

Déanann an réamhfhocal *as* nuair a nasctar leis an aidiacht shealbhach é, *m.sh.* *asachodladh*§91:86:5, *asabrut*§106:100:6. Is é *as a*, nó *as ar* le briathar san aimsir chaite, a feictear agus é i gcumasc leis an mír choibhneasta, *m.sh.* *asatucadh*§24:10:24, *asarchuir*§132:132:3.

¹⁶² *m.sh.* *taraais*§161:172:35, **tarmhais*§201:198:27, *taranais*§218:210:28; **tarmhEis*§38:22:28, *tarhEis*§76:64:21, **aranÉisi*§189:192:23, *tarÉis* baís§249:254:12, *taréis* abais§432:452:22.

Forainm réamhfhoclach:

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	asad§286:302:20	
3. fir. bain	as§56:42:33, srl. eisde§86:78:1, srl. aisde§121:118:11	asdaibh§49:34:24 eisdibh§355:390:21

Tá cuid mhaith samplaí sa téacs de *as*, 3ú pearsa uatha, *fir*. mar réamhfhocal simplí:

asEnnaem§49:34:29, asrathain§121:118:20, asuidh§122:120:6,
aslorc§128:126:4, as carruic§133:134:20, as tobar§142:144:25, ass
ucht§166:178:29, asbrat§219:214:12, asslaímh§219:214:24, asdia§260:264:9,
aslaímh§288:304:23, asbarr§319:342:16, asadhburuib§395:436:2.

Faightear samplaí de *as* mar réamhfhocal simplí i dtéacsanna áirithe de chuid na Meán-Ghaeilge (Breatnach 1994:326). Scaip a úsáid le linn ré na Nua-Ghaeilge Moiche agus is rímhinic é féin agus *a* á n-úsáid go malartach i bprós na linne.¹⁶³

(*e*)*idir*: Is é *itir* nó *idir* an litriú a bhíonn ar an réamhfhocal de ghnáth sa téacs; ní feictear *eidir* scríofa ach aon uair amháin, *eidir* se§1:2:9. Feictear séimhiú ar ainmfhocail atá faoi réir aige uaireanta, *m.sh.* *itir* dhuine 7 ainmide§135:136:6. Faightear sampla sa téacs den tabharthach uatha ar a lorg sa gciall ‘*both ...and*’: *itir* fhir 7 mnai§87:78:32. Is é an t-áinsíoch a chuirfeadh an chiall sin i gcéill sa nGaeilge Chlasaiceach (McManus 1994:434), agus is san áinsíoch a bhíonn ainmfhocal uatha a leanann *idir* in *Desid.* i gcónaí (*Desid.* 271).

Forainm réamhfhoclach:

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.	eadram§3:2:25	
2.	eadrad§43:28:36, *§222:220:8	eadraibh§93:88:1
3.		eatarra§43:28:10

ós: Is sa bhfrása réamhfhoclach, *ós cionn*, a faightear an réamhfhocal sa téacs den chuid is mó.¹⁶⁴ Is beag sampla eile de a feictear:

¹⁶³ Feic *Smaointe B. Chr.* (Ó Maonaigh 1946:213), *Carswell* (s.v. 4. a), agus *Desid.* (xxxiv).

¹⁶⁴ *m.sh.* *oscinn*§3:2:27, *oscenn*§40:24:27, *osceand*§219:214:3; *osacind*§25:12:8, *osachend*§50:36:18.

*osErinn§38:22:18, *osgach clEr§62:46:26, osurlocha firalaind
febail§82:72:25, osur locha forlEthain feabhuil§87:78:9, ósferuib§120:114:35,
*ósath imlaise§181:184:29, osur locha heirne§321:344:17.

Forainm Réamhfhoclach: **3ú iotra** uasda§348:372:9.

seach: Ní feictear de shamplaí sa téacs den réamhfhocal ach a dtugtar anseo:

sEch clochaib§115:108:29, sEchnaemhaib§156:158:26, sEch
crimtand§222:220:24, sEchbliadhain eli§430:452:10, sEch gach
íasc§132:130:37, sEch gachla§159:166:34, sEch gachinadh§253:256:37,
sEch cach§123:120:37, sEchcach§160:170:18, sEchcach§227:228:22,
+ *alt* sEch nalEcaib§51:36:36, sEch nahoilEnaib§111:104:8.
+ *aid. shealbhach* sEchaceli§355:398:15.

Forainm Réamhfhoclach: **3ú uatha, fir.** seacha§340:362:17.

go n-: Ní túisce *go* ná *co* mar litriú ar an réamhfhocal seo sa téacs. Feictear urú ar ainmfhocail dar tús *b*, *d*, *g*, nó *guta*, atá faoi réir aige i gcónaí. Is sa bhfilíocht agus i bprós §355 amháin atá an réamhfhocal simplí le feiceáil seachas corrrshampla i bhfad ó chéile:¹⁶⁵ Is minic an réamhfhocal sa téacs agus é nasctha leis an aidiacht shealbhach, 3ú pearsa uatha, *m.sh. conagloir*§87:80:40, *gonaEspulaibh*§257:260:14, *conaceill 7 gonatuicsin*§336:358:25.

mar/amhail: Ba é *mar* a d'úsáidí in áit an réamhfhocail *amhail* sa nGaeilge Chlasaiceach (McManus 1994:434), agus is é is tréine sa téacs seo chomh maith. Cuireann *mar* séimhiú ar ainmfhocal atá faoi réir aige uaireanta, *m.sh.*:

séimhiú marfháidh§46:32:25, marbhrEic§241:244:28,
loime marfíadhnuise§362:412:2, marbiadh§182:186:6, martEch§182:186:5.

Bíodh is gur minic *amhail* mar chónasc sa téacs, ní faightear ach dornán samplaí de mar réamhfhocal:

amail aingel§149:154:6, *amail* cuíclochranda§168:176:19,

¹⁶⁵ *m.sh. *gocondailbe*§137:138:11, **gombinde*§139:140:19, **co mbloidh*§159:168:21, **combachail*§211:202:35, **gongloine*§279:292:17, **conEchluisc*§338:360:16, *coneitib*§355:390:14, *cocenn*§355:390:15, *gocEndaib con 7 gomongaib*§355:392:11, **gombuaidh*§366:416:16, **congrinde*§372:422:26, **conilur*§374:424:20, *gondeggnimhartuibh*§48:34:18, *golaEgaib*§87:78:33, *gonaemhaib*§157:164:11.

amail delradh nagreíne§311:334:11, *amail tshoillse*§363:412:30,
amail tuis§363:414:13 *amail uisce*§403:440:5.

3.6.1 Réamhfhocail neamhchlasaiceacha

(do)chum: Choistí an réamhfhocail *(do)chum* ar fhilí na Gaeilge Clasaicí (IGT I 131), ach is minic sa bprós é (McManus 1994:434; *Desid.* 273–74). Ní gann sa téacs seo ach oiread é. *dochum* is foirm dó sa bprós i gcónaí, *m.sh.* *dochum nadala*§120:116:4, *dochumbais*§264:268:5, ach is é an leagan giorraithe a feictear sa dá shampla de atá sa bhfilíocht: **cum nahuaidhe*§332:354:4, **cumloingthe*§355:400:3.

Ní chuireann *(do)chum* urú ná séimhiú ar ainmfhocail atá faoi réir aige de ghnáth, ach faightear aon sampla amháin sa téacs agus séimhiú curtha aige: *docum shamraidh delradhaig*§429:452:2.¹⁶⁶ Feictear glaic samplaí de agus an mhír choibhneasta ina dhiaidh ar mhúnla na réamhfhocail eile atá sa téacs: *docum arcuiris*§33:18:1, *docum arcoimEcnich se*§280:294:16, *docum arcruthaigh*§376:426:13, *docum andEchaidh se*§429:450:30.¹⁶⁷

fa ré: Is minic an réamhfhocail dúbailte *fa ré* i dtéacsanna próis na Nua-Ghaeilge Moiche ach ní tugtar aon aitheantas dó sa nGaeilge Chlasaiceach (McManus 1994:434). Fearacht *Smaointe B. Chr.* (Ó Maonaigh 1946:213) agus *Desid.* (xxxvi), tá cuid mhaith samplaí de sa téacs seo. Is iondúil gur *faré* a litriú, ach feictear *fáre* agus *fare* air freisin.¹⁶⁸ Ní feictear ach cúpla sampla sa téacs de agus é nasctha leis an aidiacht shealbhach: *faré hatair 7 rédmathair*§250:254:31; *faré nacruthaighEoir*§283:298:32, *fáre aceli*§145:148:6.

Forainm réamhfhoclach

	<i>uatha</i>	<i>iolra</i>
1.		<i>farinn</i> §257:260:21, <i>srl.</i>
2.	<i>fariot</i> §275:282:7	
3. fir. bain	<i>faris</i> §37:22:3, <i>srl.</i> <i>faría</i> §19:8:27	<i>fariú</i> §197:196:32, <i>srl.</i>

¹⁶⁶ Luaitear cúpla sampla mar é san eDIL (s.v. *dochum*).

¹⁶⁷ Feic McManus (1994:434), agus *Desid.* (254).

¹⁶⁸ *faré* §155:158:8, §155:158:13, §236:236:36, §236:238:1, §247:250:32, §266:272:1, §271:278:8, §272:278:19, §370:420:20, *fáre* §161:172:30, §292:312:1, *fare* §160:170:13, §212:204:7, §246:250:19, §258:262:3, §259:262:38, §271:278:2, §358:404:39.

3.7 Conclúid

Is leagan simplithe de chaighdeán teanga na Gaeilge Clasaicí a feictear i dtromlach BCC. Cloíonn teanga an téacs le ceart an chaighdeáin sin go minic, ach is léir gur mhó saoirse a bhí ag lucht a scríofa ná a bheadh ag file. Baineadh úsáid fhorleathan as foirmeacha briathartha agus as réamhfhocail a lochtaítí sa nGaeilge Chlasaiceach, agus ba bheag aird a bhí ar theagasc na dtráchtas i dtaobh cheartúsáid na n-ainmfhocal. Is cinnte gur i measc na saothar próis cráifeach úd a ghlac go fonnmhar le nuálacha teanga is ceart BCC a comhaireamh.

In ainneoin gurb í teanga shothuigthe phrós cráifeach na Nua-Ghaeilge Moiche atá i mbunáite an téacs, tá foirmeacha teanga áirithe ann nach mbeadh as alt sna saothar próis sin a shantaigh ársaíocht teanga. Is i ranna a cóipeáladh go díreach as dánta a cumadh i ré na Meán-Ghaeilge a feictear a bhformhór; ranna, dar liom, nach é míniú scéil an naoimh is feidhm dóibh ach a chruthú. Is í ársaíocht na filíochta a dhearbhaíonn an próis simplí agus a bhronnann údarás ar an saothar dá réir.

Is sa leagan den téacs *Merugad Cléireach Choluim Chille* a chóirigh buíon cumtha BCC a feictear mórchuid na bhfoirmeacha ársa teanga atá i bprós an téacs (§355). Is follas gur chinn siad gan riar foirmeacha atá sa téacs úd a bhogadh ná a athnuachan agus leagan nua de á chóiriú acu. Ba chinneadh é a raibh loighic leis, dar liom, óir mheabhraigh sé dá léitheoirí nárbh ionann ábhar §355 leis an gcuid eile den téacs. Theastaigh uathu go scarfaí go soiléir §355 óna raibh roimhe agus ar tháinig ina dhiaidh. Is scaradh é a chuireann stíl agus ársaíocht teanga an ailt i gcéill; scaradh ar tugadh údarás dó in Rawl. nuair a fágadh spás do cheannlitir ornáideach nár breacadh riamh ina thús.

Tugann an anailís seo léargas dúinn ar ghaol BCC le caighdeán teanga na Gaeilge Clasaicí, agus le saothair phróis eile a breacadh le linn na Nua-Ghaeilge Moiche. Is tábhachtaí ná sin, léiríonn sé an teanga a bhí sa téacs a bhí ar aghaidh Bhriain Mhic Niallais agus é i mbun cóipeála. Is fearr an léargas a gheofar dá bharr ar aon athrú a chuir seisean ar theanga an téacs.

4 An Chóip á Breacadh: Botúin

4.1 Réamhrá

Is deacair don té atá go gaineamh rua i ngiurléidí gáifeacha na teicneolaíochta tuiscint chruinn a fháil ar dhua agus ar dheacracht cheird an scríobhaí. Bíodh is nárbh aon sclábhaithe a bhreac sean-lámhscríbhinní na Gaeilge (Ó Macháin 2004:158), b'obair chrua anróiteach a gceird; í trom ar an intinn agus ar an gcolainn. Is beag scríobhaí dár chuimil cleite ar phár nár ghoil an obair air. Deirtear gur throm le Colm Cille féin fiú an cheird sa dán cáiliúil Meán-Ghaeilge a cuirtear ina bhéal *Is scíth mo chrobh ón scríbhainn* (Murphy 1956:70).

Ba mhinic le scríobhaithe na nGael a n-anó a léiriú do lucht léite a leabhar sna colafain a d'fhágfaidís ina ndiaidh (Plummer 1926).¹ Ba é an tuirse agus an tálach ba chás don scríobhaí a bhreac an nóta seo ina lámhscríbhinn sa mbliain 1552: 'Sguirim budesto 7 issgithach mocib 7 isgithidhe me' (ARÉ C iii 2 f.5v).² B'ionann gearán Dháibhí Uí Dhuibhgeannáin dhá chéad bliain ina dhiaidh sin agus a chóip de BCC á cóiriú aige: 'Sguirim golá .7 mé † rothuirseach isin aoíne rofhligh .7 molamh rothrom agum' (C iv 3 f.178r).³ Ba é a dhrocháras a ghoill ar Mhurchadh Ó Cuindlis agus an *Leabhar Breac* á breacadh aige i dtús na cúigiú haoise déag: 'isamfuar toirsech and cEntEne cEntugaid' (ARÉ 23 P 16, lth 33);⁴ agus ba ghoin ocrais a bhíog Muirgheas Ó Maolchonaire (†1543 *AConn*) chun pinn agus leagan de *Leabhar Caillín* á chóiriú aige: 'Asum triamuín gan seire odie' (Macalister 1939:9).⁵ I bhfianaise an tálaigh, an tuirse, an ocrais agus an drochártais a luann na scríobhaithe féin, is beag an t-iontas é go ndéanfaidís corrbhotún cóipeála.

Is léir ó na ceartúcháin iomaí a dhéanadh scríobhaithe na nGael ina lámhscríbhinní nach raibh siad dall ar a mbotúin chóipeála.⁶ Go deimhin, áitíonn Da Rold gur chuid lárnach de cheird an scríobhaí é, i chuile thraidisiún lámhscríbhinne,

¹ Faightear léargas ar na cineálacha éagsúla colafain a feictear i dtraidisiúin lámhscríbhinne eile de chuid na Meánaoise in Schiegg (2015).

² Luann Plummer cosúlacht an cholafain seo leis an dán a luadh thuas, *Is sgíth mo chrobh ón scríbhainn* (Plummer 1926:33, n. 2). Tá ceangal eile fós idir é agus Colm Cille de bhrí gur ag réiteach cóip de *AmraCC* a bhí an scríobhaí san áit ar bhreac sé é.

³ Faightear cur síos ar an gcóip a bhreac Dáibhí i gcaibidil a dó, 2.5.7.

⁴ Feic Ó Con Cheanaínn (1973) i dtaobh an scríobhaí. Faightear tuilleadh léargais ar shaothar Uí Chuindlis in Downey (2015).

⁵ Pléitear saol agus saothar an scríobhaí in Cunningham agus Gillespie (2008–9).

⁶ Feic mar shampla na ceartúcháin a rinne an té a bhreac an chéad 24 bileog den *Liber Flavus Fergusiorum* (ARÉ 23 O 48) in Breatnach (2011:18), agus ar ceartaíodh in *Leabhar Uí Chonchubhair Dhoimn* in Ó Macháin (2010:18–21).

botúin a déanfaí a cheartú (2007:397). Ba mhaith a thuig scríobhaithe nárbh ann do chóip gan locht. Ba é nádúr na cóipeála é go ndéanfaí dearmaid, ach ba chuid dá ndualgas siúd é a locht a leigheas:

The scribe acknowledges, on the one hand, the impossibility of producing a perfect text, but, on the other, tries to do as good a job as he can to remedy his slips. (Da Rold 2007:398)

Is follas ónar cheartaigh Mac Niallais dá lochta nár loic sé óna dhualgas ceartaithe agus a chóip de BCC á cóiriú aige. Léiríonn a cheartúcháin a dhíograis agus a dhúthracht mar scríobhaí, ach is tábhachtaí ná sin is fianaise iad ar an tuiscint a bhí aigesean ar an ní is botún cóipeála ann. Déantar an fhianaise sin a scagadh agus a chíoradh go mion sa gcaibidil seo; cuirtear eolas ar na botúin éagsúla a rinne agus a cheartaigh Mac Niallais, agus déantar iarracht ar fhág sé gan ceartú de bhotúin mar iad a aimsiú i mbailiúchán a athruithe téacsúla.⁷

4.2 Modheolaíocht

Ba é bailiú na gceartúchán ar fad a rinneadh in A19 an chéad chéim de phróiseas a scagtha. Nuair a scrúdaíodh ar bailíodh, aithníodh go ndearnadh trí chineál ceartúchán ar ar bhreac Mac Niallais ar an gcéad scríobh: cuireadh ábhar leis an gcóip (botúin easnaimh), glanadh ábhar aisti (breisbhotúin), agus leasaíodh focail áirithe inti (botúin eile). Ba léir chomh maith nárbh é an scríobhaí féin a rinne chuile ceartúchán díobh. Bíodh is nach féidir a rá arbh é Mac Niallais féin nó léitheoir eicint eile a cheartaigh botúin áirithe in A19, is féidir údar bhunáite na gceartúchán a aithint óna bpeannaireacht, agus ó na comharthaí ceartaithe a chuireann i gcéill iad.

Tugtar na ceartúcháin ar fad a bailíodh thíos. Fiosraítear cionsiocair na dtrí chineál botún a ceartaíodh; tiomsaítear botúin ghaolmhara i rannóga faoi leith; agus tugtar tuairisc ar na modhanna ceartaithe éagsúla a feictear sa lámhscríbhinn. Ina cheann sin, déantar iarracht na ceartúcháin a rinne Mac Niallais féin a shéalú óna ndearna léitheoirí a leabhair.

Tugtar íomhá as A19 de na ceartúcháin ar fad a déantar sa lámhscríbhinn chun léiriú a thabhairt ar na comharthaí ceartaithe a úsáideadh inti. Tagraítear do bhileog na lámhscríbhinne as ar tógadh an íomhá ar an modh seo: *folio* (f.), *recto* (r) nó *verso* (v),

⁷ Mínítear modh tiomsaithe an bhailiúcháin i gcaibidil a haon, 1.1.

agus líne na bileoige (*m.sh.* f.56v8). Cuirtear trascríobh den abairt ina ndearnadh an botún in A19 le chuile íomhá, i dteannta trascríobh an léimh atá in Rawl., ar mhaithe le comhthéacs téacsúil an bhotúin a léiriú. Ní cuirtear d'athrú ar ghnáthmhodh eagarthóireachta na dtrascríbhinní ach go gcuirtear faoi chló dubh i dtrascríobh A19, ar cuireadh léi, ar glanadh aisti, nó ar leasaíodh inti.

4.3 Botúin Easnaimh

Is botúin easnaimh is minicí a ceartaítear in A19. Is le birín is iondúla a cuirtear focal nó frása leis an téacs a fágadh gan breacadh ar an gcéad scríobh. Cuirtear birín faoi líne na scríbhneoireachta agus breactar ar fágadh ar lár os cionn na líne. Léiríonn peannaireacht na bhfocal a sáitear sa téacs, agus cruth an bhirín a cuirtear fúthu, gurbh é Mac Niallais féin a rinne formhór na gceartúchán a déantar ar an modh seo. Bíonn dhá stríoc sa mbirín a úsáideann seisean a mbíonn barr géar air agus é claonta i dtreo choirnéal deas na bileoige. Ní bhíonn an barr géar ar bhiríní na gceartaitheoirí a tháinig ina dhiaidh agus is ar choirnéal clé na bileoige a bhíonn a n-aghaidh de ghnáth.

Feictear modhanna ceartaithe eile in A19 san áit ar fágadh focal aonair gan breacadh ar an gcéad scríobh. Breacadh an focal dearmadta i gcroílár ná cóipe san áit a raibh dóthain spáis lena dhéanamh, nó sin athmhúnlaíodh stríoca litreach na bhfocal atá ar lorg an bhotúin chun an focal dearmadta a chur i gcéill. Is léir ó chruth na litreach a sádh sa téacs, agus ó dhéanamh na stríoca leasaithe, gurbh é Mac Niallais féin a cheartaigh a chóip ar an modh seo.

Bíonn modhanna ceartaithe eile fós le feiceáil in A19 san áit ar fágadh níos mó ná cúig fhocal ar lár ar an gcéad scríobh. Nuair a tugadh faoi deara gur cailleadh na focail agus an chéad fhocal atá ar a lorg san eiseamláir á bhreacadh, sciúradh an focal sin den bhileog agus breacadh ar cailleadh ina ionad. Is modh eile ceartaithe a feictear san áit nár tugadh faoi deara an fabht nó go raibh cúpla focal breactha. Cuireadh ord línte an téacs as a riocht in aon turas agus breacadh na focail a fágadh gan scríobh i gcroílár na cóipe. Breacadh litreacha ar cholbha na bileoige a léirigh ord ceart na línte don léitheoir. Is le linn phróisis na cóipeála a chaithfí ceartúcháin mar iad seo a dhéanamh agus is cinnte dá réir sin gurbh é Mac Niallais féin a rinne iad.

Is botúin chomóna scríobhaithe ar fada eolas agus trácht orthu riar de na botúin easnaimh a cheartaigh Mac Niallais. *Homoeoteleuton*⁸ an téarma teicniúil a tugtar ar bhotún díobh a rinne sé; botún a déantar nuair a chailleann scríobhaí líne dá eiseamláir de bharr focail chosúla a bheith ar dhá líne faoi leith de (Vinaver 1939:355–57; Reynolds agus Wilson 1991:226; West 1973:25; Petti 1977:30). Is é próiseas aistrithe an téacs ón eiseamláir chuig a cóip a thugann ar scríobhaí botún a dhéanamh de bharr *homoeoteleuton* dar le Vinaver (1939:355). Déanann seisean ceithre chéim den phróiseas aistrithe: léadh an scríobhaí a eiseamláir sa gcéad chéim, thugadh sé leis ar léigh sé sa dara céim, agus bhreacadh sé ar thug sé leis ina chóip féin sa tríú céim (Vinaver 1939:354). Théadh an scríobhaí ar ais chuig a eiseamláir sa gceathrú céim nó go dtosaíodh sé in athuair ar an bpróiseas (Vinaver 1939:354). Is é an t-aistriú súl ón gcóip go dtí an eiseamláir sa gceathrú céim den phróiseas is cionsiocair le scríobhaí téacs a fhágáil ina dhiaidh de bharr *homoeoteleuton* (Vinaver 1939:355).


Cheartaigh Mac Niallais botúin eile a rinne sé de bharr *haplography*, mearbhall intinne a thabharfadh ar scríobhaí ní a bhí le breacadh faoi dhó aige a bhreacadh aon iarraidh amháin (Reynolds agus Wilson 1991:226; West 1973:24; Petti 1977:30). Dhéantaí botúin de bharr *haplography* san áit a mbeadh an focal céanna, nó na litreacha céanna, i gceann a chéile in eiseamláir an scríobhaí. Bhuaileadh seachmall an scríobhaí dá bharr agus ní bhreacadh sé ach aon fhocal amháin, nó aon litir amháin, den phéire.

Tugtar thíos na ceartúcháin a rinne Mac Niallais ar bhotúin a rinne sé de bharr *haplography* agus *homoeoteleuton*. Tugtar ar cheartaigh sé de bhotúin easnaimh eile ina ndiaidh. Is i ndeireadh an aonaid a tugtar na ceartúcháin a rinne léitheoirí eile ar bhotúin easnaimh a d'fhág Mac Niallais gan ceartú.

4.3.1 *Haplography*

Cheartaigh Mac Niallais sé bhotún a rinne sé de bharr *haplography*. Is ar f.39r a feictear an sampla is gléine díobh áit ar chuir an t-alt uatha a thagann ar lorg fhoirm na haimsire caite den bhriathar *anaidh* seachmall air:

⁸ Déantar deighilt uaireanta idir *homoeoteleuton*, botún a déanfaí de bharr cosúlacht foirceann focal, agus *homoeoarchon*, botún a tharraingeodh cosúlacht tús focal (Beal 2008:361). Cuimsíonn an téarma *homoeoteleuton* an dá chineál botún in Vinaver (1939:355–57), Petti (1977:30), agus Ostos, Pardo, agus Elena (1997:115), agus is é gnás na n-údar úd a leantar sa tráchtas seo.




Rawl.: doan antEne rEna ucht§268:274:21

A19: do an **an** teni rena uchd

(Íomhá 1: A19 f.39r19)


Tá gaol gairid ag ceithre cheartúchán a rinne Mac Niallais lena chéile de bharr gur ar lorg leagan giorraithe den réamhfhocal simplí *ar* a thagann siad. Dealraíonn sé gurbh é cosúlacht an ghiorrúcháin leis an litir atá ina dhiaidh san eiseamláir a chuir amú é sna samplaí seo:



Rawl.: cofacatar antumba | roarsaidh 7 lia romhor dochumhscanta ar | amhuin§155:158:5

(Íomhá 2: A19 f.23v6)


A19: go bfacattar an *tumba* roarsaidh .7 lía mhór dhochumscanta ar **amhuin**



Rawl.: gebad flaithEs de arashon sin§195:196:17

(Íomhá 3: A19 f.28v1)


A19: géabad flaithios Dé ar **a** shon sin



Rawl.: asmaith dorindis [...] gancairde dochor aranumh | lacht acht tEct maradubartsa rit§247:250:27

(Íomhá 4: A19 f.35v31)

A19: asmaith | dorinnis [...] *gan cairde* dochor ar **an** umhlacht acht tEcht mur adubartsa riot



Rawl.: Et arinadbursin ascoir duitse | duana nafileadh docendach§332:352:12


(Íomhá 5: A19 f.49v18)

A19: Et ar **an**adhbur sin as cóir duitsi dúana nabfhileadh dochEnnach

Is é an t-alt uatha nó an aidiacht shealbhach, *a*, atá ar lorg an réamhfhocail ghiorrraithe *ar* sna samplaí thuas. In ainneoin nach ionann go baileach na stríoca a chruthaíonn an litir *a* agus an ghiorrúchán *ar*, is cinnte go bhfuil cosúlacht le feiceáil eatarthu, go háirithe in íomhá 2, 3 agus 5 thuas. Is éasca a thuiscint go gcuirfeadh a gcosúlacht mearbhall ar an scríobhaí agus nach scríobhfadh sé ach aon iarraidh amháin a raibh le

scríobh faoi dhó aige. D'fhéadfadh sé chomh maith nár chuidigh sé leis gur ar thórainn líne scríbhneoireachta in Rawl. atá na focail a chaill sé in íomhá 2 agus 4.

Cheartaigh Mac Niallais botún eile a rinne sé de bharr *haplography* atá éagsúil ó na ceartúcháin ar fad atá sna samplaí thuas. Aontaíonn na ceartúcháin sin le Rawl. ach ní hionann an cás é leis an sampla seo:



Rawl.: docuaidh | se gotEg nacarud sin dobi aige fEn 7 |
fuaír se fEn 7 abEn tuirsEch dolásach§290:308:17


A19: dochuaidh se go tEgh nacarad sin dobhi aigi fén .7
(Íomhá 6: A19 f.43v20) fuair se e fen .7 abhean | tuirseach dólásach

Is léir gur i ndeardm a fágadh an forainm cuspóireach é as Rawl. Níor thug Mac Niallais faoi deara an botún ar an gcéad scríobh agus bhreac sé go dílis a eiseamláir. Ar léamh a chuid oibre in athuair dó, thuig sé gur bheag ciall a bhí leis an abairt agus cheartaigh sé é.

Is díol suntais é an sampla seo de bhrí nach ceartúchán é ar bhotún cóipeála a rinne Mac Niallais féin ach eagarthóireacht ar an téacs a bhí roimhe. Is fianaise é nach raibh aon drogall air botún a bhí ina eiseamláir a cheartú. Ina theannta sin, léiríonn sé nach gá gur comhartha ar bhotún cóipeála an birín.

4.3.2 *Homoeoteleuton*

Cheartaigh Mac Niallais seacht mbotún easnaimh a rinne sé de bharr *homoeoteleuton*. Chuir sé ord línte an téacs as a riocht in aon turas chun trí bhotún díobh a cheartú; is le birín a cuireadh ceartúchán eile i gcéill; agus sciúr sé focal den bhileog chun trí bhotún eile díobh a leigheas. Is amach i ndeireadh a leabhair a feictear modh ceartaithe an bhirín á úsáid aige:




(Íomhá 7: A19 f.59r3–4)

Rawl.: aseídí aradha *condEchaidh* sé a | ceím foirfEchta oscind ioroinimus
an | mEid coraibe hioroinimus atossach aaEisi ma | illi
rehócanachaibh naromha acluiche 7 ags | ugradh§392:434:2

A19: as edir aradha gondeachaidh sé accEím foirfEchta os | cionn
 hiEronimus **anmheid goruibhi hiEronimus** attosach a aEisi mailli re
 | hoganachaibh na Romha ag cluithi .7 agsúgradh

Ní gá ach féachaint ar ionad na n-ainmfhocal dílis ‘ioroinimus’ in Rawl. chun cionsiocair an bhotúin a thuiscint. Tá an dá ainmfhocal díreach os cionn a chéile in Rawl. agus aon líne amháin scríbhneoireachta eatarthu. Is léir gur bhreac Mac Niallais go dílis an chéad ‘ioroinimus’ díobh ach nuair a d’fhill sé ar a eiseamláir chun tuilleadh den téacs a thabhairt leis, scinn a shúil go dtí an dara ‘ioroinimus’. Thug sé leis an téacs a lean é agus chaill sé an líne atá eatarthu dá bharr. Is dócha nár chuidigh sé lena mhearbhall gur i *gceann fo eite* a bhí ar fhág sé ina dhiaidh le breacadh aige (Íomhá 7, líne 1).

Is i dtús na lámhscríbhinne a feictear an chéad sampla d’ord línte an téacs curtha as a riocht ag Mac Niallais ar mhaithe le botún a cheartú:



(Íomhá 8: A19 f.6r16–18)

Rawl.: tarla imrEsain | *etir* fíacra 7 manach domanchaibh *espoic eogain*
 corm | arb se anmanuch dofeargaidh *Espoc Eogan trit sin 7 dom* |
allaigh se fíacra 7 aslicht *inadiaid 7 adubairt* go | fuighedh sé fEin bas
 facenn naEi la 7 nachgé | badh *enduine daslicht righacht Ereann*
nocinel conaill | gobrath§40:24:5


A19: tarla im= | **domhallaigh sé fiacra .7 asliochtt ina dhiaigh .7**
adubairt gobhfuiheadh sé fén bas fáchEnn naoi la .7 nach
geabadh Enduine | rEsain *itir fiacra .7 monach domanchaibh espoic*
eoghain gur mharbh se an manach. DofErgaigheadh espoc eoghan
trid sin .7 | dáshliochd rioghacht ereann no cinel gconaill gobrath

Ba chasta an ceartúchán a bhí le déanamh ag Mac Niallais ar an mbotún seo. Nuair a breathnaítear go grinn ar an gcéad líne in íomhá 8, tugtar faoi deara gur breacadh ‘domhallaigh sé’ os cionn téacs a bhí ann roimhe. Is féidir a raibh ann a dhéanamh amach ar éigean. Tá rian stríce a chuaigh faoi bhun líne na scríbhneoireachta le feiceáil fós faoi bhun ‘do’ agus ‘mh’, agus mar a bheadh stríoc ghiorrúcháin ann os cionn ‘é’

an fhorainm. D'aontódh a bhfuil fanta de stríoca na litreach a glanadh leis na stríoca a bheadh uait chun na litreacha 'rEsain itir' a bhreacadh. Is dóigh liom gur bhreac Mac Niallais 'rEsain itir' ar an gcéad líne d'íomhá 8 agus gur lean sé go dílis a eiseamláir chomh fada le 'fiacra .7' atá ar a lorg (Íomhá 8, líne 1). Is ag an bpointe sin a chuaigh sé rófhada chun cinn ina eiseamláir agus ar fhág sé líne den téacs ina dhiaidh.

Is éasca botún an scríobhaí a thuiscint ach féachaint ar an gcuid seo den téacs in Rawl. Tá an dá 'fiacra .7' atá in Rawl. beagnach díreach os cionn a chéile ach go bhfuil aon líne amháin scríbhneoireachta eatarthu. Bhreac Mac Niallais an chéad sampla díobh go dílis ach nuair a d'fhill sé ar a eiseamláir is chuig an dara sampla díobh a sciorr a shúil. Is léir go raibh an botún tugtha faoi deara aige sular chríochnaigh sé an chéad líne atá in íomhá 8 thuas. Seachas leanacht ar aghaidh leis an téacs sa gcéad líne eile, bheartaigh sé a raibh caillte aige a chur ann (Íomhá 8, líne 2). Bhreac sé 'domhallaigh sé' os cionn an 'rEsain itir' a bhí scríofa ar dtús aige sa gcéad líne atá in íomhá 8, agus chuir sé i dtús na chéad líne eile é (Íomhá 8, líne 2). B'éigean dó dul i mbradaíl ar cholbha na bileoige ar mhaithe leis an téacs uilig idir 'rEsain itir' agus 'domhallaigh sé' a chur sa líne. Thosaigh sé an tríú líne atá in íomhá 8, ón áit ar chríochnaigh sé líne 1, agus bhreac sé na litreacha *b*, *a*, *c* ar cholbha na bileoige chun a fhabht a mheabhrú don léitheoir.

Is ar f.22r a feictear an dara sampla de mhodh ceartaithe na litreach á úsáid ag Mac Niallais. Murab ionann agus an chéad sampla, is i gceartlár a chóipe a bhreac sé na litreacha a mhíníonn ord ceart na línte don léitheoir sa sampla seo:




(Íomhá 9: A19 f.22r26–27)

- Rawl.:** doEric a.c.oir lebreithir.c.c.afiadnaise | caich uili amail
doEirEochadh se asacodladh 7 do | bi sé bEo dEich mbliadna .xx.
iarsin 7 ruccadh | cland dó§146:148:33
- A19:** doeirigh a.c.óir | lebrethir colaim.c. abfiadhnuisi caich uile amail do
ereochadh se as achodladh .7 rugadh clann do .7 **dobhí se bEó**
dEich mbliadhna | fícid iarsin

Is cosúil gurbh iad na cónaisc ghiorraithe (7) atá os cionn a chéile in Rawl. a chuir seachmall ar Mac Niallais sa sampla seo. Thug sé leis go dílis an chéad chónasc díobh ach ba ar an dara cónasc a bhí roimhe in Rawl. a d’fhill sé agus é breactha aige. Chaill sé an clásal dar tús ‘dohbí se’ de bharr a mhearbhaill agus bhreac sé ‘rugadh clann do’ ina ionad go dearmadach. Is léir gur thug sé faoi deara a dhearmad ar bhreacadh na bhfocal sin dó. Níorbh iad na focail a leanann ‘rugadh clann do’ in Rawl. a bhreac sé ar a lorg ach an clásal a chaill sé. Chuir sé na litreacha ‘a’ agus ‘b’ i mbarr chaon chlásal chun a n-ord ceart a chur i gcéill.

Léiríonn an tríú botún a cheartaigh Mac Niallais le modh ceartaithe na litreach nach gá gur cosúlacht focail nó giorrúcháin a thabharfadh ar scríobhaí líne dá eiseamláir a fhágáil gan breacadh:⁹



(Íomhá 10: A19 f.31r24–26)

Rawl.: Dotuitetar naleabhuir | adubhrumar romhaind donealchuing arar | abhutar 7 do ronatar torand romhór agtu | itim doib. Truagh sin ar.c.c. oirfuaír an | tí ocárabutar nalebhair úd bas sanu | airsi fEn .i. lon garudh 7 agacained 7 aco | martha abais dotuitetar nalebhair anos§221:218:13

A19: **Truagh sin | ar colam.c. oír fuair antí agá rabadur na leabhair úd bás sanuair sin fen .i. Longaradh .7 agacáoineadh .7 agcomurtha abais | DothuitEdar nalebhuir adubramar romhuinn donealchuing ararabhatar .7 do ronatar torann romhor ag tuitEm doibh | dothuitEdur naleabair anos**


Is léir nár thug Mac Niallais leis an abairt dar tús ‘Dotuitetar’ as Rawl. ar an gcéad scríobh. Ar chríochnú na dara líne in íomhá 10 thuas dó, thuig sé go raibh téacs fágtha gan breacadh aige. Chuir sé ord línte an téacs as a riocht in aon turas dá bharr agus bhreac sé ar chaill sé sa tríú líne in íomhá 10. Mhínigh na litreacha a bhreac sé os cionn ‘truagh’ (Íomhá 10, líne 1) agus ‘DothuitEdar’ (Íomhá 10, líne 3), ord ceart na línte

⁹ Luann Vinaver *homoeoteleton* den chineál seo chomh maith: ‘It may be any feature of the text that the scribe happens to use as a *point de repére*’ (Vinaver 1939:357).

don léitheoir. Breacadh na litreacha ‘.b.’ agus ‘.a.’ ar cholbha deas an leathanaigh chomh maith (Íomhá 10, líne 2 agus 3). Thabharfadh déanamh na litreach, agus éadroime a ndúch, le tuiscint gur léitheoir eicínt a bhreac iad siúd.


Níl de chosúlacht idir na habairtí dar tús ‘Dotuitetar’ agus ‘Truagh’ in Rawl. ach a gceannlitreacha agus an lánstad atá rompu. Thiocfadh sé gurbh é an lánstad agus an ceannlitir ‘T’ a tharraing súil Mhic Niallais chuige tar éis dó an abairt dar críoch ‘maille ris’ (Íomhá 10, líne 1) a bhreacadh agus gurbh í an phoncaíocht ab údar dá sheachmall.

Bhí ar a laghad trí fhocal eile dá eiseamláir breactha ag Mac Niallais sular thug sé faoi deara na botúin ar fad a cheartaigh sé thuas. Feictear modh eile ceartaithe aige san áit a raibh a fhabht feicthe níos túisce ná sin aige:



Rawl.: arngabail baide 7 brathairsi dó rEna ardn | aEm
[..] 7rÉnapat | run§12:6:18


(Íomhá 11: A19 f.3v19) **A19:** ar ngabáil baidhe .7 brathairsi dó re na **ardnaomh**
[..] re na patrún



Rawl.: Amaenuran | damh sasliab. ari grian robsoraidh
set. nocha | nEclaighe damh ní. nodambEnd tri.xx.ced. |
7rl§171:180:14

(Íomhá 12: A19 f.26v2)

A19: AmaEnúran damh sasliabh. ari grian rob rob
soraidh séad 7rla | nocha nEglaighi damh ní. no
dambeinn tri .xx. cEd .7rla



Rawl.: nirgairse dib ríamh | odocuaidh se analpain acht
cinel conaill croide | 7 nirgair se denduine
aca§277:288:16

(Íomhá 13: A19 f.41r7)

A19: nir ghair se díob riamh 7odochuaidh anAlbain acht
cineal gconuill croidhe .7 nír gair se dEnduine aca

Is cosúil gurbh iad an dá réamhfocal, ‘re’, atá os cionn a chéile in Rawl., a thug ar Mhac Niallais líne dá eiseamláir a chailleadh sa gcéad sampla thuas (Íomhá 11). Ní raibh breactha aige ach siolla den fhocal a leanann an réamhfocal, nuair a thuig sé a

dhearmad. Sciúr sé an siolla den bhileog agus bhreac sé ar chaill sé ar a lorg. Dealraíonn sé gurbh é cosúlacht fhoirceann an fhocail ‘ced’ leis an bhfocal ‘set’, a bhí díreach breactha aige, a tharraing aird Mhic Niallais sa dara sampla (Íomhá 12). Chonaic sé go raibh líne dá eiseamláir cailte aige agus an giorrúchán ‘7rl’ breactha aige. Sciúr sé an giorrúchán den bhileog agus bhreac sé ar chaill sé ar a lorg.


Ní cosúlacht focal ná giorrúchán a thug ar Mhac Niallais líne dá théacs a chailleadh sa tríú sampla, ach athrú líne in Rawl. (Íomhá 13). Bhreac sé go dílis a raibh roimhe chomh fada le ‘ríamh’ atá i ndeireadh líne in Rawl. Bhí a fhios aige agus an focal sin breactha aige gur ar thús líne a bhí air filleadh chun tuilleadh den téacs a thabhairt leis. Is ar an líne dar tús ‘7 nirgair’ in Rawl. a d’fhill sé go dearmadach. Ní raibh an caipín buailte ar mhullach an chónaisc ghiorraithe aige nuair a thuig sé go raibh líne dá eiseamláir fágtha ina dhiaidh aige. Sciúr sé an cónasc fabhtach den bhileog agus bhreac sé a raibh cailte aige ar a lorg.

Tugann na seacht gceartúchán a rinne Mac Niallais thuas léargas dúinn ar chionsiocair na mbotún a déantar de bharr *homoeoteleuton*, agus ar na modhanna ceartaithe éagsúla a leigheasann iad. Ina theannta sin, is dóigh liom gurb iad is fearr a chruthaíonn gurbh í Rawl. b’ eiseamláir dó.¹⁰ Is é ionad na bhfocal in eiseamláir Mhic Niallais ba chionsiocair leis na botúin ar fad. Dá mba chóip eicint eile de BCC a bhí ar a aghaidh, chaithfeadh an chóip sin a bheith ar aon dearadh le Rawl. Ní hamháin sin, ach chaithfeadh na focail ar fad a tharraing súil Mhic Niallais chucu sna samplaí thuas a bheith san ionad ceannann céanna le Rawl. sa gcóip sin. Bíodh is go bhféadfadh dhá chóip faoi leith de théacs a bheith amhlaidh i gcorráit, ba dheacair a chreidiúint go mbeidís amhlaidh i seacht n-ionad éagsúla.

4.3.3 Botúin easnaimh eile

Faightear 44 ceartúchán eile déanta ag Mac Niallais in A19 ina gcuireann sé focal nó frása leis an téacs nár bhreac sé ar an gcéad scríobh. Aontaíonn chuile cheartúchán díobh leis an léamh atá in Rawl. ach péire. Is i dtús A19 atá an chéad cheartúchán díobh sin:

¹⁰ Feic Reeve (2011:166) a mheasann gur botúin mar iad is fearr a léiríonn gur cóip dhíreach leabhar de leabhar eile; feic chomh maith Beadle (2013:228–29) a phléann na deacrachtaí a bhaineann le gaol mar é a chruthú.




(Íomhá 14: A19 f.3r13)

Rawl.: .i. nadaine gabass | natindlaicthe roarda cuca
dotaeb an | tsaEgail is trumaide brEithemhnus dia | orra
é§2:2:17

A19: .i. Na daoine againne sasoEghul so ghabhus
natiodhluicte nisamhó inácéli astrumaide brethEmnus
DE orainn é

Is aistriúchán ar thagairt Laidine atá sa sampla thuas (Íomhá 14). Bíodh is gur chóipeáil Mac Niallais tagairt Laidine a eiseamláire go dflis,¹¹ chinn sé a chuid féin a dhéanamh dá haistriúchán. Is léir gur chreid sé gur chóir don aistriúchán a bheith níos dflise don Laidin ná mar atá agus ní raibh aon drogall air an téacs a leasú dá réir. Is ag ceartú a fhocail féin a bhí sé sa sampla thuas nuair a sháigh sé ‘natiodhluicte’ ina chóip ar cheann bhirín. Níorbh é próiseas aistrithe an téacs ba chionsiocair le botún Mhic Niallais sa gcás seo, ach truisle a baineadh as údar agus é i mbun cumadóireachta.

Dealraíonn sé gur leasú comhfhiosach eile a rinne sé ar an téacs a tharraing an dara ceartúchán nach n-aontaíonn le Rawl.:



(Íomhá 15: A19 f.45r11)

Rawl.: nachraibe dul on | bas acu munafurtaigeadhsan
orra§297:318:10

A19: nach roibhi dul ónbhas aca | munfhurtaigheadh
Día .7esium orra


Is cosúil nár aontaigh Mac Niallais leis an mír fhorainmneach *-san* a casadh air sa gcuid seo dá eiseamláir. D’fhág sé gan breacadh an mhír agus thug sé ainmní ainmfhoclach (*Dia*) don bhriathar *furtaighidh* ina hionad. Ar léamh ar bhreac sé in athuair dó, thuig sé ó chomhthéacs an scéil gur do Cholm Cille a thagraíonn an briathar in Rawl. Seachas Dia a ghlanadh as a chóip, chuir sé forainm treisithe leis ar cheann bhirín chun a locht a leigheas. Cuireadh athrú fánach ar bhrí an téacs de bharr a cheartúcháin. Bhí sé de chumhacht ag Colm Cille duine a fhortacht ón mbás in Rawl., ach is é féin agus Dia in éineacht a d’fhortódh duine i leagan A19 den scéal. Thiocfadh

¹¹ **Rawl.:** ‘nos qui plus cEteris | in hoc mundo accepisse aliquid cernimur ab autore mundi gr | auius inde iudicemur’; **A19:** ‘Nos qui plus ceateris in hoc mundo accepisse aliquid cer= | nimur ab autore mundi gravius inde iudicemur’.

sé gur in aon turas a mhaolaigh Mac Niallais cumhacht Cholm Cille sa scéal, ach d'fhéadfadh sé freisin nach raibh d'údar lena leasú ach gur leasc leis 'Día' a ghlanadh as a leabhar.

Murab ionann agus an dá cheartúchán thuas, aontaíonn na 42 ceartúchán eile a rinne Mac Niallais ar a bhotúin easnaimh leis an léamh atá in Rawl. Is gaire i ngaol botúin áirithe díobh sin ná a chéile. Is botúin riar díobh a chuirfeadh ó chéill téacs A19 murach a gceartaithe, ach níor ghá cuid eile díobh a cheartú chun ciall a bhaint as ar breacadh ar an gcéad scríobh. Is ar bhunús seo na soiléireachta a roinntear thíos na botúin easnaimh eile a rinne agus a cheartaigh Mac Niallais. Tugtar botúin easnaimh fhollasacha orthu siúd a d'fhágfadh gan chéill a théacs murach a gceartaithe, agus is botúin easnaimh cheilte a baistear ar bhotúin nár ghá dó a cheartú.


4.3.3.1 Botúin easnaimh fhollasacha



(Íomhá 16: A19 f.11v16)

Rawl.: adubairt se risandu † ine mbocht tEct anla
arnamaruch§78:68:3


A19: adubairt se ris an duine mbocht tEcht anla
arnamharach



(Íomhá 17: A19 f.13v1)

Rawl.: guidhim tu ahucht andía dacr † Eidinn
tú§87:80:29.


A19: guidhim tu **ahuchd** anDia dagcreidionn tu



(Íomhá 18: A19 f.17v6)

Rawl.: dochengladh † se iad amail doceingeoltaí én
apaintEr§119:112:33


A19: do cEngladh se iad **amail** docengEoltaoi Én
abpainntéar



(Íomhá 19: A19 f.21r8)

Rawl.: dona † dainib nachdEnadh maith arabochtaibh
fEn§138:138:27


A19: dona daoinibh nac dEn maith airabhochttaibh
fén



(Íomhá 20: A19 f.22v4)

Rawl.: isí anscrín isairdmhind do c.c. | and osin ille§146:150:17.


A19: asi ansgrin **as** airdmhionn do colam.c. osin alle ann sin



(Íomhá 21: A19 f.24v15)

Rawl.: Et nirful | aing cíanán denduine aglacudh no lamdo | chur aracorp ósin alle§158:166:22


A19: Et nirfhulaing cianan aglacadh nolamh do chur air **acorp** dÉnduine ósin alle



(Íomhá 22: A19 f.27v18)

Rawl.: Et adubairt nachedh amhaín dobidís artír | osacend *acht* dobidís fedh naí tond armuir§184:190:1


A19: Et adubairt nach Edh amhaín artír ósacEnn *acht* dobhídís fEdh .9. tonn ar muir



(Íomhá 23: A19 f.32r4)

Rawl.: 7 is dodchur arsEchrán 7 | ar mErugadh docuir antaibErsEóir amído | chas tu§223:222:38


A19: .7 is dot **cur ar** sEchrán .7 armErugadh dochuir antaidhbirsEóir amíodhócus | tú



(Íomhá 24: A19 f.34v15)

Rawl.: amail tug se do phol apstal§238:242:9.


A19: amail tug se **do** Pól apstol



(Íomhá 25: A19 f.36r17)

Rawl.: anuair dobudh mithidh IEs impódh | taraaiss cohEirinn dofiarfaigh do .c.c. cindus§249:252:30


A19: anuair dobudh mithidh les iompodh | tar ais goherinn do fiarfaigh **do** colam.c. cionnus



(Íomhá 26: A19 f.36r20)

Rawl.: NEch naemtha | socraidh dodcinedhsa fEn é§249:254:1


A19: Neach | naomhtha sochraidh dot cineadhhsa féin é



(Íomhá 27: A19 f.43v11)

Rawl.: 7 fós ase adbhur farcuir | .c.c. faaithne aran
manach dul arcendan | capuill§289:306:31


A19: Et fós asé adhbhar fárchuir colam.c. faaithni ar
an manach dul arcEnn **an** chapuill



(Íomhá 28: A19 f.44v24)

Rawl.: 7 arcrichnugadh aurnaighthe dó corbenduigh
an | fhairge 7 cortEcheatar§295:316:6


A19: .7 arccriochnugadh a urnaidhe do **gur**
bheannaigh anfhairrgi .7 gur thEithEdar



(Íomhá 29: A19 f.46r18)

Rawl.: dogab se srón anmh | anuigh itir adamhÉr 7
doiadh aracEile hí | 7 dolEic amach arís
hí§303:326:13


A19: doghabh sé srón anmhanuigh itir adha méar .7
doiadh arachéli hí .7 doléig amach | arís hí



(Íomhá 30: A19 f.48v12)

Rawl.: gab | ais Ecla mor muiinntEr .c.c. reme anpéist 7
| doíarratar ar.c.c. dia doguidhe arason§321:344:10


A19: Gabhuis Egla mor **muiinntir** cholaim.c roimh an |
phéstt .7 doíarradur air colam.c Día doghuidhe arason



(Íomhá 31: A19 f.50v11)

Rawl.: nidis | sceoil duib neill§339:360:24


A19: Ni dis sgEóil do uibh **néill**



(Íomhá 32: A19 f.51v24)

Rawl.: documaidh scand | lain fuair se
anbassin§349:374:17


A19: documhaidh Sgannláin fuair se **an** bás sin



(Íomhá 33: A19 f.54r9)

Rawl.: nircian doib and [...] cocualutar namna 7 sianan
sirbinn aca gá | canamhain§355:394:25


A19: nírchían dóibh ann [...] gocualadar namna .7
síonán sirbhind **aca** aga chanamhain



(Íomhá 34: A19 f.55v10)

Rawl.: dobí sáith ancoim | tinoil gocend mbliadhna
sadacruaich bEccasin§360:406:37

A19: dobhí sáith ancoimhthionóil go | cEnn mbliadhna
sa **da** cruaiach bhEga sin




(Íomhá 35: A19 f.56r20)

Rawl.: dobimcubaidh tainicc and afEr | sasin
docolam.c.§362:410:33

A19: dobiomchubaidh táinig **an** dáfhearsa sin
docolam.c.

Ní bheadh aon deacracht ag léitheoirí A19 na botúin thuas a aithint, fiú dá mbeidís gan ceartú. Go deimhin, cheartódh léitheoir bunáite na mbotún gan eiseamláir Mhic Niallais, ná cóip eile den téacs, a bheith roimhe de bhrí a gceartúchán caoi a bheith intuigthe ón abairt ina ndearnadh iad (Íomhá 19, 20, 24, 25, 26, 27, 28, 29, 30, 32, 34, 35).

Cheartaigh Mac Niallais aon bhotún easnaimh amháin eile atá éagsúil ó na botúin ar fad a cheartaigh sé thuas. Is é brí an scéil ina ndéantar an botún, seachas aimhréir na habairte, a fhoilsíonn an botún sa gcás seo:




(Íomhá 36: A19 f.39v24)

Rawl.: adub | airt ris [...] acur fa aithne orra gancormac
do | cur docum bais§272:278:20

A19: adubairt ris [...] achur fa aithni orra **gan** cormac
do chur docum báis

Ní theastaíonn an réamhfhocal a d'fhág Mac Niallais ar lár chun ciall a bhaint as an abairt thuas, ach lochtaíonn brí nua na habairte éirim an scéil a bhfuil sé ann. Is i scéal faoi mhanach le Colm Cille, Cormac, a chuaigh ar thuras farraige atá an botún. De réir an scéil, rinne Colm Cille tairngreacht i gcomhlúadar Bhruide, Rí na Breataine, go séidfadh gála gaotúil a chuirfeadh Cormac i dtír ar Oileán Orca. Ba dhrochdhaoine págánacha a d'áitriugh an t-oileán sin san am ach bhí siad umhal do Rí na Breataine. Deir Rawl. gur iarr Colm Cille ar an Rí aithne a chur ar phobal an oileáin gan Cormac a mharú. Ba é bás Chormaica a bheadh iarrtha aige i gcóip Mhic Niallais den scéal murach an ceartúchán agus is beag ciall a bheadh leis an scéal dá réir.


Tá cosúlacht ag an mbotún a rinne Mac Niallais sa scéal thuas le botún a dhéanadh scríobhaithe i dtraidisiúin lámhscríbhinne eile ar a dtugtar *polar error*, nó botún fritéise: ‘the recording of a word whose exact opposite is intended and for which no paleographical explanation can be found’ (Briggs 1983:269). Bíodh is nach n-aontaíonn a ndearna Mac Niallais sa mbotún thuas go baileach le sainmhíniú seo an bhotúin fritéise, is cinnte go bhfuil cosúlacht eatarthu. Cheartaigh sé dhá bhotún fhollasacha eile ar gaire a ngaol le sainmhíniú Briggs. Rinne sé briathar diúltach de bhriathar dearfach Rawl. i mbotún díobh, agus bás a dhéanann sé d’fhortacht Rawl. de bharr an bhotúin eile:



(Íomhá 37: A19 f.14r27)

Rawl.: dá | nabartha moríar níbudh luaithe inasin
aloairn | dobeidís righti 7 tigernadha anerinn fEn ardo |
tshlicht§93:88:17

A19: dá naburthá mo ríar nibudh luaithi ina sin a
Loairn **dobhedís** righti | .7 tigearnadha anerinn fen
ardoshliochd



(Íomhá 38: A19 f.48v13)

Rawl.: doíarratar ar .c.c dia doguidhe arason inn | as
cofagdaEis furtacht onguasacht romhór |
sin§321:344:11

A19: doiarradur air colam.c. Día doghuidhe arason
ionnus gobfaghdaóis **bás** furtacht ónghúasacht romhor
sin


4.3.3.2 Botúin easnaimh cheilte

Is beag a chuireann na botúin easnaimh fhollasacha a rinne Mac Niallais as do dhílseacht a chóipe dá heiseamláir. Is botúin a mbunáite a bheadh sofheicthe incheartaithe ag léitheoir, ag eagarthóir, nó ag scríobhaí eile, fiú mura mbeidís ceartaithe ag Mac Niallais. Ní hionann an cás é leis na botúin easnaimh cheilte a rinne sé ar botúin iad nach bhfeicfí gan fáil a bheith ag an gceartaitheoir ar eiseamláir Mhic Niallais, nó ar chóip ghaolmhar di.

Cheartaigh Mac Niallais aon bhotún easnaimh cheilte is fiche a rinne sé. Is focal aonair a d’fhág sé ina dhiaidh de bharr chuile bhotún díobh ach ceann, ‘dolathair’

(Íomhá 52). Déantar trí rannóg thíos dár cheartaigh sé a bunaítear ar fheidhm na bhfocal a chaill sé san abairt as ar fágadh iad: (a) cáilitheoir ainmfhocail nó forainm, (b) dobhriathar nó frása réamhfhoclach, agus (c) ainmní an bhriathair. Ní thugann na rannóga seo míniú dúinn ar chionsiocair na mbotún ceilte, ach léiríonn siad na cineálacha focal a d'fhéadfadh scríobhaí a fhágáil gan breacadh i ngan fhios dó féin agus dá léitheoirí.


(a) Cáilitheoir ainmfhocail nó forainm



(Íomhá 39: A19 f.9v25)

Rawl.: gefu | uair se Eolus andiamraibh anscrituir [...] nirbhail lEs agloir dimhain dobeith dó fEn§68:54:4


A19: ge fuair se Eolus andiamraibh | anscriptúir [...] nír bháil les a ghloir diomhaoin dobeth do fen



(Íomhá 40: A19 f.16r1)

Rawl.: dofhaccaib .c.c. marbuadhaib aranlEc | sin§109:102:4


A19: dofagaibh Colam.c. mur buaidh ar anlec **sin**



(Íomhá 41: A19 f.26r5)

Rawl.: cui | ig meoir alaimhe dEsi dolassadh amail cuic | lochranda§168:176:19


A19: cúig mÉoir alaimhi desi dolasadh amail **chúig** lochranna



(Íomhá 42: A19 f.37r32)

Rawl.: adubairt se cofuigh | eadh andaramanach dib bas§258:262:13


A19: adubairt se go bfhuigeadh | (..) manac **diobh** bas



(Íomhá 43: A19 f.44r17)

Rawl.: dogab daendaigEcht mor .c.c.§292:312:4


A19: dogabh daEnnaigheacht **mór** colam.c.



(Íomhá 44: A19 f.52r17)

Rawl.: ISe adbar .imorro. fatainic andiabal | dodenam nahaibirsEorachtasa ar .c.c.§353:378:25


A19: Asé adhbhar .imorro. fattáinig andiabal do dhEnamh nahaidhbirsÉorachta **so** ar colam.c.



(Íomhá 45: A19 f.55r15)

Rawl.: ceithri bliadhna eli dochur dfhad ar
moshaegal§357:404:25


A19: cethri | bliadhna **eli** dochur dfad ar moshaogal



(Íomhá 46: A19 f.56r23)

Rawl.: ascloch eli fa | cErchail dód§362:412:1

A19: ascloch **eli** fa cearduill dód




(Íomhá 47: A19 f.60v5)

Rawl.: gebe dodEnadh natri neithe sin anagaidh |
nacolla§418:446:8

A19: (..) | do dhÉnadh na **tri** nithesin anaghaidh
nacolla


(b) Dobhriathar nó frása réamhfhoclach



(Íomhá 48: A19 f.23v16)

Rawl.: armed acreidmhe 7 arcrúas
acrabaidh§156:158:25


A19: armhéid acredmhi .7 **archruas**¹² acrabaidh



(Íomhá 49: A19 f.29v5)

Rawl.: Nifh | uil dEirc oir no airgeid agam daeib ar
colam.c.§214:204:31


A19: Nifhuil déirc óir nó airgid agam **daoibh**
arcolam.c.



(Íomhá 50: A19 f.39v18)

Rawl.: dambeith afhis | sin aice fEn§271:278:11

A19: dambeith afhios **sin** aigi fén




(Íomhá 51: A19 f.46r31)

Rawl.: dobfearr | IEis acur acEill doib§304:328:1

A19: dobfearr les achur agcéill **doibh**


¹² Is cosúil gur ‘crabaidh’ a bhreac Mac Niallais go dearmadach ar an gcéad scríobh.



(Íomhá 52: A19 f.55r31)

Rawl.: dofiar | fuigetar manaigh airidhe dobi dolathair
and | sin de§359:406:17


A19: (..)a manaigh airidhi dobhi **dolathair** ann sin de



(Íomhá 53: A19 f.58r23)

Rawl.: Et fós docuaid se acéim fhoirfeachta os | cinn
aprahám§379:428:16

A19: Et **fós** dochuaidh sé agcéim foirfEchta | oscionn
Abraam




(Íomhá 54: A19 f.59r24)

Rawl.: budh comhinmhain lEis uile iad§396:436:10

A19: budh coimionmain les **uili** iad


(c) Ainmní an bhriathair.



(Íomhá 55: A19 f.13r23)

Rawl.: gosaEra se tusa amongain§87:80:5


A19: go saEra sé¹³ tusa a Mhongain



(Íomhá 56: A19 f.31v21)

Rawl.: tar | la bEn dó arinsligidh 7 docuaidh sí
daguidhe§223:222:7

A19: tarla bean dó aran | sligidh .7 dochuaidh sí
dághuidhe




(Íomhá 57: A19 f.35r4)

Rawl.: comadh fhErr | lEs combeith sé agluidhe
lEsiningEn§241:244:19

A19: go madh fearr les gombeth se ag luighe lesin
ingin

¹³ Is cosúil gur ‘tus’ a bhreac Mac Niallais go dearmadach ar an gcéad scríobh.




Rawl.: cindus do | bErud sé abetha ass§249:252:32

A19: cionnus do bearadh se abheatha as

(Íomhá 58: A19 f.36r17)

Rinne Mac Niallais foirm tháite d'fhoirm scartha a eiseamláire nuair a d'fhág sé an forainm gan breacadh sna ceithre shampla thuas. Bíodh is gur dócha gur ar fhaitíos na míthuisceana a cheartaigh sé an chéad dá shampla (Íomhá 55, 56), is suntasach an ní é gur chreid sé gur chóir an dá bhotún easnaimh eile a cheartú. Níor ghá forainm chun ainmní an bhriathair a chur i gcéill sna samplaí sin. Ina ainneoin sin, theastaigh ó Mhac Niallais a raibh ina eiseamláir a thabhairt leis. Is léiriú iad na ceartúcháin áirithe seo ar a umhlacht agus a dhílseacht dá eiseamláir.

D'fhág Mac Niallais ainmní ainmfhoclach briathair ar lár as abairt eile ina chóip ar an gcéad scríobh. Murab ionann agus na ceithre bhotún thuas, bheadh brí nua leis an abairt seo murach í bheith ceartaithe:



Rawl.: lasfaidh dia locrand§37:22:4

A19: Lasfaidh **Dia** lochrann


(Íomhá 59: A19 f.5v31)

4.3.4 Ceartúcháin léitheora

Léiríonn na nótaí iomadúla a bhreac léitheoirí A19 ar cholbha bhileoga na lámhscríbhinne gur leabhar í a scrúdaíodh agus a léadh go mion.¹⁴ Ba bheag an t-iontas é dá gceartódh cuid de na léitheoirí sin botúin a casfaí orthu agus iad i mbun staidéir. Ceartaíodh aon bhotún easnaimh déag in A19 nach ionann go baileach a bpeannaireacht, nó a mbirín ceartaithe, lena bhfeictear sa mbailiúchán a tugadh thuas. Is botúin easnaimh fhollasacha iad na botúin seo a ceartaíodh; botúin sofheicthe a bhféadfaí a leigheas a fhionnadh ón gcomhthéacs téacsúil ina ndéantar iad. Is féidir a bheith réasúnta cinnte de nárbh é Mac Niallais féin a cheartaigh naoi gcinn de na botúin seo, agus d'fhéadfadh sé nárbh é a cheartaigh an péire eile.

¹⁴ Feic caibidil a dó, 2.4.


Is ceartúcháin ar bhotún a rinne Mac Niallais de bharr *haplography* an dá cheartúchán nach féidir a rá arbh é an scríobhaí féin, nó léitheoir eicínt eile, a cheartaigh iad:



(Íomhá 60: A19 f.23v32)

Rawl.: dolasfuidís nacoí | ndli uatha fEn§156:160:23

A19: dolasfuidís nacoinnli uatha fein



(Íomhá 61: A19 f.31v9)


Rawl.: dEntar tEne fá | nacomhair atigh
nanaidhedh§222:220:8

A19: dEntar tEni fána gcomhair attigh **na** naoidheadh

In ainneoin go bhfuil cosúlacht ag birín an dara ceartúcháin thuas (Íomhá 61) leis an mbirín a bhíonn ag Mac Niallais de ghnáth, ní hionann a dhúch, ná dúch an fhocail cheartaithe, lena bhfuil ina thimpeall. Ina theannta sin, níl an focal a cuireadh leis an téacs ag teacht le treo na peannaireachta mar a bhíonn sna ceartúcháin eile a rinne sé. Ní hionann troimeacht dúigh na litreach ceartaithe leis an bhfocal a breacadh ar an gcéad scríobh sa gcéad cheartúchán a rinneadh ach oiread (Íomhá 60). Is cosúil dá réir nach ag an am céanna a breacadh na ceartúcháin seo agus an abairt a bhfuil siad ann.

Is féidir a bheith réasúnta cinnte de gur léitheoir eicínt a cheartaigh naoi mbotún easnaimh fhollasacha a rinne Mac Niallais. Is díol suntais é gur i ngar do dheireadh na líne scríbhneoireachta ina chóip féin, nó i ndeireadh líne in Rawl., is minicí focal a d'fhág sé gan breacadh gan ceartú:


(a) Deireadh líne



(Íomhá 62: A19 f.11r11)

Rawl.: go | finda sib cred nasubáltaidhe ata dontaeb a |
stig odía aige§76:62:28


A19: gobfionna sibh crett nasubhaltaidhe ata don
taóibh asttoigh odhía aige



(Íomhá 63: A19 f.20r15)

Rawl.: dochuir faumla orra | [...] 7 bEith arectaib Esc
indti | gobrath 7ganaibErsEóracht
dodEnamh§132:130:31


A19: dochuir fa umhla orra [...] .7 bheth arEchtuibh esg
innti gobrath | 7 **gan** aidhbirsEoracht dodEnamh



(Íomhá 64: A19 f.22r22)

Rawl.: adubairt ris gandobron dobeith air 7 nac | dó
dotoiligh día crich docur arinobairsin | *acht*
do§146:148:25


A19: adubairt ris gan dobrón doheth air .7 **nach** dó
do toiligh Día críoch dochur aranobair sin *acht* do



(Íomhá 65: A19 f.23r32)

Rawl.: tuc moran docum creidimh§154:156:30

A19: tug mórán do **chum** credimh |




(Íomhá 66: A19 f.31r19)

Rawl.: ISced | liumsa ar colam.c. masached ledía
e§221:216:34

A19: IS cEd **leamsa** ar colam.c.masa chEd le día é


(b) Eile



(Íomhá 67: A19 f.21r3)

Rawl.: dobi duine og uasul acúigeadh | *connacht*
anuairsin darbocomainm guaire§138:138:16


A19: do bhi *duine* og uasal agcuigeadh *connacht*
anuair **sin** darbo comhainm guaire



(Íomhá 68: A19 f.21r32)

Rawl.: docondaire abEn aissling§141:142:7


A19: do *connaire* abean aisling



(Íomhá 69: A19 f.26v9)

Rawl.: Et tainEc dno aedh mac Echach tirmcharna ri |
connacht§173:180:28

A19: Et tainig dno Aedh Echach tiorm**carna** rí
connacht



(Íomhá 70: A19 f.41v33)

Rawl.: condeachuidh aciall 7 aresún fEn on | araibhe
fáris saluing rehEcla§282:296:19

A19: gondeachaidh agciall .7 aréasún fein ona raibhi fá
ris sa luing rehEgla

4.4 Breisbhotúin

Glanadh focail nó frásaí as A19 a bhreac Mac Niallais go dearmadach ar an gcéad scríobh. Is minic gur poncanna a cuireadh faoi na focail lochtacha a léiríonn don léitheoir nach ceart a léamh. In ionaid eile den lámhscríbhinn, sciúradh dúch na bhfocal breise den pháipéar chun fabht a leigheas, cuireadh stríoc trí cheartlár na bhfocal, nó athmhúnlaíodh stríoca na bhfocal lochtach chun an focal ceart a chur ina n-áit. Bíodh is gur deacair a rá uaireanta arbh é Mac Niallais féin nó léitheoir eicínt a cheartaigh a lochta ar na modhanna seo, is cinnte gurbh é a cheartaigh na botúin sin ar léir gur le linn na cóipeála a ceartaíodh iad.

Is botúin chóipeála chomónta cuid mhaith de bhreisbhotúin Mhic Niallais. Is *dittography* a tugtar go coitianta ar cheann de na botúin a cheartaigh sé, botún a dhéanann scríobhaí nuair a bhreacann sé focal, siolla, nó litir, in athuair go dearmadach (Vinaver 1939:358; Petti 1977:30; Reynolds agus Wilson 1991:227). Rinne sé botúin chomónta eile a dhéanadh scríobhaithe san áit ar bhreac sé in athuair ábhar a bhí tugtha leis go dílis aige go gairid roimhe. Bhaist Vinaver *duplication*, nó athbhreacadh, ar an gcineál seo botúin agus míníonn sé nach bhfuil de dhifríocht idir é agus botún a déanfaí de bharr *homoeoteleuton* ach gur focal atá cóipeáilte roimh ré ag an scríobhaí, seachas focal atá níos faide ar aghaidh ina eiseamláir, a tharraingíonn a shúil chuige (Vinaver 1939:358).

Rinne Mac Niallais botúin eile fós arbh ionann iad agus botúin chomónta a dhéanadh scríobhaithe de bharr tionchar focail nó frása a bhí breactha acu, nó a bhí le breacadh acu, ar ar bhreac siad (Reynolds agus Wilson 1991:230). Tugann Vinaver (1939:359) agus Petti (1971:30), *contamination*, nó truailliú, ar an gcineál seo botúin:

the inclusion in a word or line of the extraneous element from another part of the page of the exemplar which has been caught up by the wandering eye and accommodated by a process of free association. (Petti 1971:30)


Is botúin mheicniúla iad na botúin truaillithe de réir shainmhíniú Petti. Dar leis, níl de dhifríocht idir iad agus botúin a déanfaí de bharr *homoeoteleuton* nó athbhreacadh ach gur féidir le focal ar bith san eiseamláir súil an scríobhaí a tharraingt chuige, beag beann ar a chosúlacht lena raibh le breacadh aige. Is féidir míniú eile a thabhairt ar bhotúin truaillithe má glactar leis gur seachmall intinne seachas súil siúlach scríobhaí is cionsiocair leo. Tráchtar i litríocht na síceolaíochta ar éifeacht na prímeála ar an

bpróiseas chognaíoch; is é sin an tionchar a bhíonn ag ní a taispeántar do dhuine ar an bpróiseáil a déantar ar ní eicint eile a taispeántar dó ina dhiaidh (Baddeley, Eysenck agus Anderson 2015:121).¹⁵ Thiocfadh sé gurbh é tuar an scríobhaí ar a raibh le teacht ina eiseamláir, agus é prímeáilte ag focal nó ag frása a bhí léite roimh ré aige ina eiseamláir, is cionsiocair leis na botúin truailithe.

Tugtar thíos na ceartúcháin a rinneadh in A19 ar bhotúin a rinne Mac Niallais de bharr *dittography*, athbhreacadh, agus truailliú. Tugtar na breisbhotúin eile a ceartaíodh ina ndiaidh. Is iad na ceartúcháin a ceaptar a rinne Mac Niallais féin a tugtar ar dtús in chaon rannóg. Cuirtear dhá cheartúchán faoi leith, ar follas gur léitheoir eicint a rinne iad, i ndeireadh an aonaid.

4.4.1 Athbhreacadh


Ceartaíodh deich mbotún athbhreactha a rinne Mac Niallais in A19. Is léir gur le linn na cóipeála a ceartaíodh sé bhotún díobh de bhrí nár bhreac Mac Niallais in athuair chuile fhocal atá idir an focal a tharraing a shúil siar chuige, agus an focal deireanach a bhreac sé go dílis. Is cinnte gurbh é Mac Niallais féin a cheartaigh na botúin seo. Is focal aonair a bhreac sé in athuair ceithre bhotún díobh. Aontaíonn an ceartúchán a rinne sé ar dhá bhotún díobh sin le Rawl.:



(Íomhá 71: A19 f.14v10)

Rawl.: doiarr | atar athcuinge mic tshethar oram .i. ganrigh | eli dobrEith buaidhe orra§94:90:11

A19: doiarradur athcuinge mhictshEthar orm .i. gan ri eli dobhreith bhuidhe **orra**



(Íomhá 72: A19 f.14r18)


Rawl.: Doroinnemar | arsedna. Nargabadh dEchmadh anfErainn | sin lib arcolam.c.§93:86:37

A19: DoroinnEmur ar SÉtna. Nargabadh deachmadh anfhEruinn sin libh ar **Colam.c.**

¹⁵ Faightear tuairisc ghinearálta ar an tionchar a bhíonn ag prímeáil ar an léitheoireacht in Eysenck agus Keane (2010:334). Pléitear an tionchar a bhíonn ag prímeáil ar chomhréir na teanga labhartha in Gaskell (2007:525). Feic Vroom (2016) i dtaobh an úsáid is féidir a bhaint as an tsíceolaíocht chognaíoch chun tuiscint a fháil ar bhotúin chóipeála a dhéanadh scríobhaithe.

Ba í cosúlacht na bhforainmneacha réamhfhoclacha ‘oram’ agus ‘orra’, atá díreach os cionn a chéile in Rawl., a thug ar Mhac Niallais ‘orm’ a bhreacadh in athuair sa gcéad sampla thuas (Íomhá 71). Is léir ón gceartúchán a rinne sé go raibh an botún seo feicthe agus ceartaithe aige sular thug sé leis aon fhocal eile dá eiseamláir. Bhí a dhóthain spáis aige ar lorg an fhocail lochtaigh *orm* chun an litir ‘a’ a bhreacadh; spás nach mbeadh aige dá mbeadh aon fhocal eile as Rawl. breactha in athuair aige. Níor éirigh leis a locht a leigheas chomh tréan céanna sa dara sampla thuas (Íomhá 72). Ba iad an dá shampla den bhriathar uireasach *ar*, atá os cionn a chéile in Rawl., ab údar dá sheachmall sa sampla seo. Ar bhreacadh an dara sampla den bhriathar dó, scinn a shúil go dtí an focal a leanann an chéad sampla de in Rawl., ‘sedna’. Is cosúil ó íomhá 72 nach raibh an t-ainm uilig breactha in athuair aige nuair a thuig sé a dhearmad. Sciúr sé a raibh breactha aige den bhileog agus bhreac sé ‘*Colam.c.*’ ina mhullach.


Ní thagann an ceartúchán a rinne Mac Niallais ar dhá fhocal aonair eile a bhreac sé in athuair lena bhfuil in Rawl.:



(Íomhá 73: A19 f.53v29)

Rawl.: do | nEoch nobiadh gosadhul. maith antinadh
oili | thre. donEch dodEnamh crabaidh§355:392:26

A19: donEoch nobhiadh gosadhal. maith antionadh
oilitri. doneoch **dodhÉnadh f(.)** crábhadh



(Íomhá 74: A19 f.38r24)

Rawl.: docífe tú aídhigh ua | sal agtEcht cucad .i. corr
Erenmuchi ata ac | tEct arcuairt cucamsa
óErinn§265:268:22


A19: dochífi tú aoidhidh uasal agtEcht cugad .i.
correreannach ata ag tEcht **chugamsa** o erinn

Is léir gurbh iad na focail ‘nEoch’ agus ‘nEch’, atá os cionn a chéile in Rawl., a thug ar Mhac Niallais botún a dhéanamh sa gcéad sampla thuas (Íomhá 73). Thug sé leis go dílis an dara sampla den fhocal atá an Rawl. ach is chuig an chéad sampla de a d’fhill sé ar a bhreacadh dó. Bhreac sé an briathar ‘nobhiadh’ in athuair dá bharr, agus is cosúil gur bhreac sé réamhfhocal eicint ar a lorg. Ar bhreacadh an réamhfhocail dó, thuig sé a dhearmad. Sciúr sé an réamhfhocal lochtach den bhileog, ach ní dhearna sé amhlaidh le ‘nobhiadh’. Seachas an briathar a ghlanadh, d’athmhúnlaigh sé litreacha

an bhriathair lena cheartú. Níorbh í foirm Rawl. den ainm briathartha a d'fhág a athmhúnlú ina chóip ach foirm mhalartach de a bhíonn i dtéacs Rawl. uaireanta.

Is cosúil gurb iad an dá shampla den ainm briathartha *teacht*, atá os cionn a chéile in Rawl., a chuir seachmall ar Mhac Niallais sa dara sampla (Íomhá 74). Ar bhreacadh an dara sampla den ainm briathartha ina leabhar dó, d'fhill sé ar an gcéad sampla de a bhí breactha cheana féin aige. Níor thug sé faoi deara a dhearmad nó go raibh leagan giorraithe den fhorainm réamhfhoclach breactha in athuair aige, 'chugad' (Íomhá 74). Ní dhearna sé de cheartúchán ach 'd' an fhocail giorraithe a sciúradh den bhileog agus 'am' a bhreacadh ar a lorg, 'chugam' (Íomhá 74). Is díol suntais é nár bhac sé leis an bhfrása réamhfhoclach a chaill sé de bharr a bhotúin a bhreacadh (*ar cuairt*). Is deacair a rá an go comhfhiosach a d'fhág sé gan breacadh an frása, nó an é nár thug sé faoi deara a easnamh. D'fhéadfadh sé nár léigh sé in athuair a eiseamláir chun an botún a cheartú ach gur fhionn sé a leigheas óna raibh scríofa aige ina leabhar féin.

Is mó ná aon fhocal amháin a bhreac Mac Niallais in athuair go dearmadach sa dá bhotún athbhreactha eile a cheartaigh sé féin. Bhí frása réamhfhoclach breactha in athuair aige i mbotún díobh sular thuig sé a dhearmad:



(Íomhá 75: A19 f.59r23–25)


Rawl.: doaithnighEd dib [...] guidhe goduthrachtach aranmain namarph. | DoguidhEdh fEin 7 doaithnigheadh docach mar | an.c.na guidhe arbEoaiph 7 armarbaibh§396:436:5

A19: doaaithnigheadh díobh [...] guidhe go dutrachtach aranmannaibh na marbh. Doguidheadh féin .7 doaithnigheadh docách guidhe **aranmannaibh namarbh** ar bhEoaibh .7 ar marbaibh

Lean Mac Niallais a eiseamláir sa sampla thuas nó go raibh na focail 'guidhe ar' breactha aige (Íomhá 75, líne 2). Is cosúil gur fhill sé ar a eiseamláir ag an bpointe seo agus gur rug na focail 'guidhe goduthrachtach ar', a bhí breactha roimhe sin aige, ar a shúil. Thug sé leis in athuair a leanann na focail sin ina eiseamláir agus bhreac sé iad. Nuair a d'fhill sé arís ar a eiseamláir go dtabharfadh sé leis tuilleadh den téacs, thug

sé faoi deara a dhearmad. Chuir sé poncanna néata faoin bhfrása lochtach (Íomhá 75, líne 2) agus d'fháisc ar an gcóipeáil ón ionad ceart ina eiseamláir.

Níor ceartaíodh ach aon bhotún athbhreactha amháin eile ar féidir a bheith cinnte de gurbh é Mac Niallais féin a cheartaigh é. Is ceartúchán é nach n-aontaíonn le Rawl.:



(Íomhá 76: A19 f.49v25)


Rawl.: dofostadh nafileadha anerinn and sin arcomair | le.c.c. 7 dorEidigh se etorra 7 fir ereann 7 doben | anEimh dondan§333:354:11

A19: dofosttadh na fileadha anerinn ann sin ar comhairle colaim.c. .7 doréidigh | se Etorra .7 fir ereann **ann sin** .7 doBen aneimh don dán

Is dhá fhoirm ghiorraithe den ainmfhocal dÍlis *Éire*, atá díreach os cionn a chéile in Rawl., a chuir seachmall ar Mhac Niallais sa sampla seo. Bhreac sé go dÍlis a eiseamláir chomh fada leis an dara sampla den ainmfhocal. Nuair a d'fhill sé ar a eiseamláir chun tuilleadh den téacs a thabhairt leis, sciorr a shúil chuig an gcéad sampla den ainmfhocal agus thug sé leis na focail atá ar a lorg: ‘and sin arcomair | le’. Bhí na focail breactha ina leabhar aige sular thuig sé go raibh botún déanta aige.

Is díol suntais an leigheas a bhí ag Mac Niallais ar a locht. Seachas poncanna néata a chur faoi na focail dhearmadacha, sciúr sé an focal ‘comhairli’ den bhileog, rinne sé ‘7’ den réamhfhocal ‘ar’, agus d’fhág sé an dobhriathar ‘ann sin’ gan glanadh. Bíodh is gur go neamh-chomhfhiosach a bhreac sé dobhriathar nach bhfuil in Rawl., léiríonn a cheartúchán gur go comhfhiosach a d’fhág sé gan glanadh é.

Breacadh chuile fhocal atá idir an focal in Rawl. a tharraing súil Mhic Niallais chuige, agus an focal deireanach a bhreac sé go dÍlis ina chóip, sna ceithre bhotún athbhreactha eile a ceartaíodh in A19. Is léir dá réir gur botúin iad nár thug Mac Niallais féin faoi deara le linn na cóipeála. Is stríoc mhíchéadach a cuireadh trí cheartlár na bhfocal dearmadach a leigheas trí bhotún díobh. Tugann na focail a ghlán stríoc díobh sin as an téacs le tuiscint gur léitheoir eicínt a cheartaigh an botún:



(Íomhá 77: A19 f.33r7–8)


Rawl.: martá guidhe docur ar | anum duine dogebudh bas *no* leguidhe do |
chur ardhainib dobeith anguasacht§229:230:29

A19: mur ata guidhe dochur aranam duine dogheabadh bás ***nó le guidhe*** |
dochur ar anam duine doghéabadh bás *nó* guidhe dochur ar
dháoinibh dobeth angúasacht

Ba iad an dá shampla den fhocal ‘guidhe’, atá os cionn a chéile in Rawl., a chuir seachmall ar Mhac Niallais sa sampla seo. Bhreac sé go dlís a eiseamláir chomh fada leis na focail ‘*nó leguidhe*’ atá i ndeireadh líne ina chóip féin agus in Rawl. (Íomhá 77, líne 1). Thosaigh sé ar líne nua scríbhneoireachta ina dhiaidh sin, ach níor lean sé air ag léamh a eiseamláire ón áit ar chríochnaigh sé. Scinn a shúil go dtí an chéad sampla den fhocal ‘guidhe’ atá in Rawl. a bhí breactha cheana féin aige. D’fháisc sé air a chuid oibre ón bpointe sin nó gur bhreac sé an téacs in athuir.

Rinne sé botún eile agus an téacs á athbhreacadh aige. Bíodh is gur éirigh leis an réamhfhocal *le* a thabhairt leis ar an gcéad bhreacadh (Íomhá 77, líne 1), sciorr an réamhfhocal céanna sin óna chuimhne agus an téacs á athbhreacadh aige (Íomhá 77, líne 2). Cheartófaí an dá bhotún in éineacht dá mba é an dara sampla den fhocal ‘guidhe’ a glanfaí as an gcóip, ach ba é an chéad sampla de a ghlan an ceartaitheoir. Is léir ónar bhreac Mac Niallais ar an gcéad bhreacadh nár theastaigh uaidh an réamhfhocal *le* a fhágáil ar lár, agus is dócha, dá réir sin, nárbh é Mac Niallais féin a cheartaigh an botún.


Is idir dhá líne scríbhneoireachta i leabhar Mhic Niallais atá dhá bhotún athbhreactha eile a cheartaíonn stríoc mhíshlachtmhar. Ní féidir a rá nárbh é Mac Niallais féin a cheartaigh na botúin seo, ach is é is dóichí é gur léitheoir eicínt a cheartaigh iad:



(Íomhá 78: A19 f.22r2–3)

Rawl.: ruc lEs dobendugadh naflEge é 7 mar | dobail lEs abendugadh
dofEch se arcuid | airithe di§144:146:21.

A19: rug les dobeannugadh naflEdhi é .7 **mur dobail les abeannugadh |**
na fledhe é .7 mur dobail les abeannugadh doféach se arcuid airithi
di




(Íomhá 79: A19 f.40r27–28)

Rawl.: dobaibne doidse anerinn inadamhsa analpain | 7dáfédaindse fEn bEith
indte nifhuícf | ind cobrath hí 7 dobfErr lium dfhaghbáil |
anerinn§275:282:9

A19: dobaoibhni duitsi anErind | ina damsa anAlbain .7 dábhfÉdainnsi féin
bheth innti ni fhuicfinn gobráth hí .7 **dabhfÉduinn fein bheth innti |**
nífhuicfinn gobrath hí .7 dobfearr liom bás dfágail anerinn’.

Aon bhotún athbhreactha amháin eile a ceartaítear in A19. Níorbh é ionad na bhfocal san eiseamláir a thug ar Mhac Niallais athbhreacadh a dhéanamh sa gcás seo, ach athrú bileoige ina leabhar féin:



(Íomhá 80: A19 f.11r1)

Rawl.: 7 adubairt mobi renasgoil iarsin§75:62:6

A19: Et ad(..) | **Et adubairt Mobi rena sgoil iarsin**

In ainneoin go bhfuil an leath deiridh de f.10v33 in A19 creimthe, is léir óna bhfuil fanta fós ann go raibh na focail ‘Et adubairt Mobi re’ ann tráth. Ar bhreacadh na bhfocal sin do Mhac Niallais, b’éigean dó dul chuig bileog nua sula dtabharfadh sé aon bhlas eile dá eiseamláir leis. Nuair a d’fhéach sé ar a eiseamláir arís agus é i dtús

na bileoige nuaí, ba iad na focail chéanna a bhreac sé i ndeireadh f.10v33 a thug sé leis go seachmallach.


Is deacair a mheas arbh é Mac Niallais féin a cheartaigh an botún. Bíodh is gur léir go ndearnadh iarracht na focail ‘Et adubairt Mobi re’ a sciúradh den bhileog, ba lag an iarracht í. Fágadh marach ar dhreach na bileoige de bharr na hiarrachta, ní nach bhfeictear go hiondúil sna ceartúcháin a rinne Mac Niallais féin.

4.4.2 Truailliú

Glactar leis sa tráchtas seo gur seachmall intinne seachas súil siúlach ba chionsiocair leis na botúin truailithe a rinneadh in A19. Meastar gur botúin iad a rinneadh de bharr Mac Niallais a bheith ag tuar a raibh le teacht ina eiseamláir agus é faoi thionchar focail nó frása a bhí léite roimh ré aige ann. Déantar trí rannóg thíos de na botúin ar fad a ceartaítear in A19 ar cosúil gur truailliú ba chionsiocair leo. Bunaítear na rannóga ar ghaireacht an fhocail a bhreac Mac Niallais go dearmadach don fhocal a raibh tionchar aige air.

(a) Díreach roimh an mbotún


Ceartaíodh deich mbreisbhotún in A19 ar cosúil gur tionchar focail a bhí díreach léite ag Mac Niallais ina eiseamláir ba chionsiocair leo. Is le linn na cóipeála a ceartaíodh na botúin seo agus glactar leis dá réir sin gurbh é Mac Niallais féin a cheartaigh iad. Is botúin fhollasacha cúig bhotún a cheartaigh sé:



(Íomhá 81: A19 f.5v5)

Rawl.: nogotí mac na soillsi suthaine .i. | colam.c. 7 gemadh bEcc artus é agtEct arinsaegal | dó gombeith agsiladh 7 agsEnmoir brEitri de§33:18:30


A19: nogo ti | mac na soillsi suthaine .i. colam.c. 7 gemadh beag ar tús e ag tEcht aransaogal dó no gombeth agsioladh .7 agsEnmoir brethri | Dé




(Íomhá 82: A19 f.43r19)

Rawl.: dobí duine uasal dEo | rata faris anuairsin 7 ruc lEs é acEnd dui | ne saidhbir dobi astirsin§288:304:21

A19: dobhí duine uasal dÉorata fáris anuair sin | .7 rug les é agcEnn duine **shaidhbir** dobhí satírsin



(Íomhá 83: A19 f.52v23)


Rawl.: IS fir sin uariatsan§355:382:23**A19:** Asfíor sin bhar | **iardsan**

(Íomhá 84: A19 f.61r14)

Rawl.: ta | inic bas dfaghail dó anbliadhain sin
sEchbliadhain | eli§430:452:9**A19:** táinig bas dfagail dó anbliadhain sin | seach gach
bliadhain **eli**

Is cosúil gur botúin iad seo a rinne Mac Niallais agus é faoi thionchar na bhfocal ‘nogo’ (Íomhá 81), ‘dÉorata’ (Íomhá 82), ‘uar’ (Íomhá 83), agus ‘sin’ (Íomhá 84), atá in Rawl. B’fhocail iad a bhí léite agus breactha aige go díreach sula ndearna sé na botúin. D’athraigh sé cónasc na heiseamláire de bharr an chónaisc ‘nogo’ (Íomhá 81); thug an aidiacht ‘dÉorata’ air duine deoranta a dhéanamh de dhuine saibhir Rawl. (Íomhá 82); agus chuir sé mír thaispeántach bhreise ina chóip de bharr ‘sin’ a bhí léite aige (Íomhá 84). Tharlódh sé gurbh é consan an bhriathair uireasaigh *ar* a thug ar Mhac Niallais ‘iard’ a dhéanamh de *iad* a eiseamláire (Íomhá 83).

Cheartaigh Mac Niallais aon bhotún truaillithe follasach amháin eile nach ionann go baileach é agus na botúin a rinne sé thuas. Murab ionann agus na botúin thuas, ní raibh an focal a thug air an botún seo a dhéanamh breactha ina leabhar féin aige sula ndearna sé é:



(Íomhá 85: A19 f.30v2)

Rawl.: ge | bébaile dabailtibh fEn anoirdEochadh | .c.c.
docach oilithri dodenamh. luaigidh | Echt sdasioín
naromha dobEith agand | uine dodenadh
anoilithresin§218:212:2**A19:** gebé baile dábhailtibh fein anoirdeochadh
colam.c. dochach oilitre | luaighidheacht sttaisioin na
Romha dobheth agan duine **dodEnadh** anoilitri sin

Rinne Mac Niallais botún easnaimh sa gcuid seo dá chóip díreach sula ndearna sé an botún truaillithe a cheartaigh sé in íomhá 85. Níor éirigh leis an t-ainm briathartha

déanamh a thabhairt leis, agus níor thug sé faoi deara a bhotún ach oiread. Is díol suntais é gur cosúil gurbh ar an ainm briathartha sin a chuimhnigh sé nuair a tháinig sé chomh fada leis an mbriathar ‘dodenadh’ in Rawl. Níorbh é an briathar a bhí roimhe a bhreac sé ina leabhar ach an t-ainm briathartha a bhí léite go gairid roimhe sin aige.


Ba bhotúin cheilte iad na cúig bhotún truaillithe eile a cheartaigh Mac Niallais. Is botúin iad nach lochtódh ciall a chóipe dá bhfágfaí gan ceartú iad. Aontaíonn an ceartúchán a rinne sé ar cheithre bhotún díobh le Rawl.:



(Íomhá 86: A19 f.33r13)

Rawl.: adubairt | gurpEcaigh se fEn comor 7 doíar se a
| maithemh do§229:230:38

A19: adubairt *gur pheacaigh* | se fein sacair sin .7
díarr se maithEmnus ann ar colam.c.



(Íomhá 87: A19 f.41v21)

Rawl.: oirdafa | gadh se obuir budhdEroile inásin
renaden | amh así doghÉnadh se§281:294:29


A19: oir dábfhagadh se obuir budh deireóili ina sin |
renadEnamh así **do ghEnadh** sé



(Íomhá 88: A19 f.49r6)

Rawl.: do gabatar galEcadh leclochaibh 7 |
refoidib§324:346:22

A19: dogabhadur gá lEgadh le clochuibh | .7re fóidibh



(Íomhá 89: A19 f.58r18)


Rawl.: dul ardEoraidheacht atírtibh ciana com |
aightEcha§378:428:4

A19: dul ardEoraigneacht atirthibh ciana
comhuightheacha

In ainneoin modh ceartaithe na mbotún sna samplaí thuas, is féidir ar bhreac Mac Niallais go seachmallach ar an gcéad scríobh a dhéanamh amach ar éigean iontu: ‘guríarr’ (Íomhá 86), ‘dhEnadh’ (Íomhá 87), ‘le’ (Íomhá 88), agus ‘comhuightheachaibh’ (Íomhá 89). Bhí na focail *gur*, *le*, *déanamh*, agus foirm thabharthaigh iolra an ainmfhocail *tír*, léite agus breactha ag Mac Niallais go díreach

sula ndearna sé na botúin a cheartaigh sé. Thiocfadh sé gurbh é a dtionchar ar chuimhne Mhic Niallais a thug air na botúin a dhéanamh.

Chinn an modh ceartaithe a d’úsáid Mac Niallais in íomhá 86 thuas gurbh éigean dó athrú fánach a chur ar théacs a eiseamláire. Seachas ‘gur’ a ghlanadh as a chóip agus *do* a shá isteach ar cheann bhirín, rinne sé athmhúnlú ar stríoca an *g* giorraithe. B’éasca *d* a dhéanamh den *g* ach ní raibh sé d’áit aige ina leabhar an guta *o* a bhreacadh ar a lorg. D’fhéadfadh sé nár theastaigh uaidh guta na míre a bhá, ach ba bheag rogha a bhí aige de bharr an mhodha ceartaithe a roghnaigh sé. Bíodh is gur fánach an t-athrú a chuir sé ar an téacs sa gcás seo, tugann sé léargas dúinn ar an modh oibre a lean sé agus breisbhotún á cheartú aige. Theastaigh uaidh a bheith dílis do théacs a eiseamláire ar lámh amháin, ach ba leasc leis an iomarca dochair a dhéanamh dá leabhar ar an lámh eile.¹⁶ Feictear an tionchar a bhíonn ag an gcoimhlint sin ar théacs A19 de BCC agus botún truaillithe ceilte eile á cheartú aige:



(Íomhá 90: A19 f.20r29)

Rawl.: domallaigh .*patraic*. abfad rEme sin antaeb | bud dEs de réulca recairpri mac nEill | nai ghiallaigh nargab crEidemh uadha. Oir | balé cairbri antalamh dontaebsin de§133:132:27

A19: domhallaigh *patraic* | abfad remhi sin antaobh budh dhEs de reulca re *cairbre* mac neill .9. ghiallaigh nargabh *credEmh* uadha. oir bale *cairbri* antalamh antaobhsin **don eas**

Bíodh is go múchann ceartúchán Mhic Niallais an botún a rinne sé thuas (Íomhá 90), is cosúil óna bhfuil fanta fós de gur ‘*budh thuaidh*’ a bhreac sé i ndearmad. Dealraíonn sé gurbh é an frása a bhí léite aige i dtús na habairte, ‘*antaeb | bud dEs de*’, a rith leis agus an frása ‘*dontaobhsin*’ á bhreacadh aige. Bhreac sé ‘*budh thuaidh*’ ar a lorg ina chóip dá bharr agus é ag tuar a raibh le teacht san eiseamláir.


¹⁶ Feic mar chomparáid na ceartúcháin cháiréiseacha a rinne Aodh Ó Dochartaigh in *Leabhar Uí Chonchobhair Dhoinn*: ‘Aodh’s concern then was to effect such corrections as he was conscious of without disturbing the decorum of style and presentation in the manuscript as a whole’ (Ó Macháin 2010:18).

Rinne Mac Niallais dhá athrú ar ar bhreac sé go dearmadach lena locht a leigheas. D’athmhúnlaigh sé an litir *b* sa gcéad fhocal; chuir sé bolg ar thaobh clé na litreach a thug ‘do’ dó, agus athraíodh ciall na stríce giorraithe a bhreac sé ar an gcéad scríobh dá réir. Sciúr sé an dara focal, ‘*thuaidh*’, den bhileog agus bhreac sé an focal ‘*eas*’ i mullach ar ghlan sé. D’fhág a cheartúchán go bhfuil frása réamhfhoclach aigesean, ‘*don eas*’, san áit a bhfuil forainm réamhfhoclach in Rawl., ‘*de*’.

Bhí loighic leis an athrú seo a chuir Mac Niallais ar théacs Rawl. Is i ndeireadh líne ina chóip féin a rinne sé an botún. Bheadh bán gan líonadh aige agus marach dá réir ar a leabhar dá gcloífeadh sé go dílis le Rawl. Ba mheabhrach an leigheas a bhí aige sa deireadh. D’éirigh leis gan mórán dochair a dhéanamh dá leabhar agus níor athraigh sé ciall ná éirim an téacs in ainneoin ar athraigh sé.

(b) Go minic sa téacs


Ceartaíodh seacht mbotún truaillithe eile in A19 nach bhfuil de dhifríocht idir iad agus ar ceartaíodh thuas ach gur cosúil gur focal nó frása a bhí léite go rímhinic roimhe sin ag Mac Niallais in Rawl. ba chionsiocair leo. Is botúin fhollasacha a bheadh sofheicthe incheartaithe ag léitheoir ar bith trí bhotún díobh ach ar cosúil ó mhodh a gceartaithe gurbh é Mac Niallais féin a cheartaigh iad:



(Íomhá 91: A19 f.24v5)

Rawl.: IS aindis duinn sin arcianan§158:166:3


A19: As aindes dúinn sin arcíanan



(Íomhá 92: A19 f.24v29)

Rawl.: Dardaín .c.labra colaim | ria nabreith dail gandoghaing§159:168:20

A19: Dardáoin .c.labra colaim ria nabreith dail gan doghaing



(Íomhá 93: A19 f.45r27)

Rawl.: óiradubairt .c.c. rium [...] nach dÉnadh se digbail nó | urchoid [...] ancEin dobeith se anéiníonadh da | ndubairt se fEn acur§297:318:41

A19: oir adubairt colam.c. riom [...] nach dÉnadh se dioghbáil nó urchóid [...] ancéin dobeth sé anéiníonadh | dá ndubairt se féin ris achur

Ba iad na focail ‘cíaran’ (Íomhá 91), ‘chille’ (Íomhá 92), agus ‘ris’ (Íomhá 93) a bhreac Mac Niallais go dearmadach ar an gcéad scríobh sna samplaí thuas. Is focail iad a bhí feicthe go minic cheana aige in Rawl. sula ndearna sé na botúin seo. Luaitear Naomh Ciarán in ocht n-alt atá roimh an mbotún a rinne sé in íomhá 91;¹⁷ is beag líne den téacs nach luaitear Colm Cille ann; agus is rímhinic an forainm réamhfhoclach *ris* a bheith ar lorg an bhriathair *a-deir*.¹⁸ Is cinnte go bhféadfadh sé go raibh tionchar ag líonmhaireacht na bhfocal seo sa téacs ar chuimhne Mhic Niallais agus is dócha gurbh iad a rith leis nuair a casadh na focail ‘cianan’, ‘colaim’, agus ‘da | ndubairt se’, air sna samplaí thuas.

Is botúin cheilte na ceithre bhotún eile a ceartaíodh in A19 ar cosúil gur focal nó frása a bhí léite go minic ag Mac Niallais in Rawl. ba chionsiocair leo. Is botúin iad seo nach lochtaíonn ciall ná éirim an téacs agus nach bhfeicfeadh léitheoir gan fáil a bheith aige ar eiseamláir Mhic Niallais, nó ar chóip ghaolmhar di. Glactar leis, dá bharr sin, gurbh é Mac Niallais féin a cheartaigh iad.

Is deacair a bheith cinnte de gur ceartúchán ar bhotún ceann de na botúin cheilte a comhairtear. Ní comhartha ceartaithe a cheartaíonn é, agus ní aontaíonn an ceartúchán a rinneadh, más ceartúchán é, le Rawl.:

Rawl.: ISand | *sin* dolabhair annEch naemthasa trerath Ecna | 7 §59:44:29
fáidhedórachta

A19: IS annsin dolabair anneach naEmhthusa **trespirad** f.8v13
faidEdorachta 7 tre rath | Egna


Bhí an frása réamhfhoclach a chuir Mac Niallais leis an abairt seo léite agus breactha go minic aige sular bhreac sé san abairt é. Is trí spiorad fáidheadóireachta a labhraíonn Naomh Pádraig in §26, 27, 30, agus déanann Fionn Mac Cumhaill amhlaidh in §42. Thiocfadh sé gur ar a raibh léite roimh ré ag Mac Niallais a chuimhnigh sé agus an chuid seo den téacs á cóipeáil aige agus gur go dearmadach a bhreac sé ‘*trespirad faidEdorachta*’. Thuig sé a dhearmad nuair a bhreathnaigh sé in athuair ar théacs a eiseamláire. Seachas a raibh breactha aige a ghlanadh as an téacs, roghnaigh sé modh

¹⁷ §48, 73–75, 120, 123, 130, 157.

¹⁸ *m.sh.* adubairt ris§111:102:31, adubairt ris§146:148:25, adubairt ris§297:318:11, adubairt ris§297:318:14, adubairt gofaidhemail ris§297:318:23.

ceartaithe nach bhfágfadh marach ar a leabhar agus bhreac sé a raibh in Rawl. ar lorg a bhotúin.


Aontaíonn na trí cheartúchán eile a rinne Mac Niallais le Rawl. Is í an aidiacht *naomhtha* a chuir sé go dearmadach leis an téacs i sampla díobh; chuir sé forainm leis an téacs de bharr an dara botún, agus thug an tríú botún air baile a dhéanamh d’oileán a luaitear sa téacs:



(Íomhá 94: A19 f.32v11)

Rawl.: IS andsin adubairt .c.c. risannEch .c.na |
sin§226:228:9


A19: IS ansin adubairt colam.c. risin nech
naomhtha .c.na sin



(Íomhá 95: A19 f.35r22)

Rawl.: adubairt antaingéal arís ris munadhernadh | se
anní dobi scribtha salebhur congoirtEo | chadh día
nibudh mó inasin é§243:246:20

A19: adubairt antaingéal arís ris mun | dearnadh se an
ní dobhi sgríobhtha sa leabhur nó go ngoirtEochadh
Día ní budh mó ina sin é



(Íomhá 96: A19 f.24r2)

Rawl.: óirní | fuil moin nocondadh aglucht anoilÉn | si
óshin alle§157:160:29

A19: oir nibhí móinno condadh ag lucht an **oilén** sin
osin | alle

Is focail a bhí léite go minic ag Mac Niallais in BCC iad na focail a bhreac sé go seachmallach sna samplaí seo. Ní spáráiltear an aidiacht *naomhtha* sa téacs, agus is minic gur naofa iad na neacha a luaitear ann;¹⁹ is rímhinic gur forainm a chuireann ainmní briathair i gcéill; agus ní tearc iad na bailte ar thug Colm Cille cuairt orthu sa gcéad trian den téacs (§1–166).²⁰ Má glactar leis go raibh tionchar ag a raibh léite aige


¹⁹ *m.sh.* §40:24:12, §50:36:2, §54:42:15, §56:42:31, §59:44:23, §105:98:21, §138:140:3, §141:142:13, §146:150:4, §149:152:161, §152:156:20, §158:164:36, §159:166:35, §182:186:2, §205:200:20, §215:206:11, §219:212:29, §222:220:6, §223:222:5, §225:226:1.

²⁰ *m.sh.* §119:112:17, §120:114:6, §128:126:14, §144:146:21, §146:150:8, §155:158:8.

den téacs ar nithe a bhreac sé go dearmadach, is beag an t-iontas é go gcuirfeadh Mac Niallais na focail bhreise seo ina chóip.

(c) Ar lorg an bhotúin


Ceartaíodh sé bhotún eile in A19 nach bhfuil de dhifríocht idir iad agus na botúin thuas ach gur cosúil gur focal nó frása a bhí beagán níos faide ar aghaidh in Rawl. a thug ar Mhac Niallais a ndéanamh. Aontaíonn na ceartúcháin ar fad le Rawl. agus is cosúil ó mhodh a gceartaithe gurbh é Mac Niallais féin a cheartaigh iad. Is le linn na cóipeála a ceartaíodh ceithre bhotún díobh (Íomhá 97, 99, 101, 102), agus ba le poncanna cáiréiseacha a ceartaíodh an dá bhotún eile (Íomhá 98, 100):



(Íomhá 97: A19 f.27v11)

Rawl.: *Masseadh arcruimtir condErna día daine m |
aithe dínn araén gomafír ar.c.c.§182:188:19*


A19: *Maseadh arcruimthir gondearna Día daoine
maithi dhínn ar aÉn. go madfíor ar colam.c.*



(Íomhá 98: A19 f.33v33)

Rawl.: *7 adubairt cotiucfadh | annEch [...] sa |
noilEnsin araibe se fEn§235:236:23*


A19: *Et adubairt go ttiucfadh | aneach [...] sa noiléan
sin féin ar(..)*



(Íomhá 99: A19 f.41v15)

Rawl.: *ni íarradh | se obair no saethar orra andoinind
no | androchaimsir ó sin suás§280:294:18*

A19: *ni iarradh sé obuir nó saothur | orra an doininmnó
an drochaimsir osin súas*



(Íomhá 100: A19 f.43r19)

Rawl.: *doghell gachuile | maith do dEnumh
dó§288:304:23*

A19: *dodhÉn gheall gach | uili mhaith do dhEnamh
dhó*



(Íomhá 101: A19 f.56r25)

Rawl.: aicland gradhach arse aith | nighim dib oataim
fen gaburfagbhail§362:412:5

A19: aiclann grádhach ar.sé. aithnighim **díbh** ótaím
fein | gá bur bfágbháil



(Íomhá 102: A19 f.46v12)


Rawl.: indus cofuighedh mor | an donamanchaib 7
donadainib eli dobí | sanoilÉnsin bas 7 dofíradh sin
uile§305:328:27

A19: ionnus go bhfuigeadh mórán | dona manchaibh .7
dona daoinibh eli dohbí sanoilÉnsin **ui** bás .7
dofíoradh sin uile

Ba iad na focail ‘ar colam.c.’ (Íomhá 97), ‘féin’ (Íomhá 98, 101), ‘sin’ (Íomhá 99), agus ‘dhÉn’ (Íomhá 100) a bhreac Mac Niallais go dearmadach ar an gcéad scríobh sna samplaí thuas. Is cosúil gurb iad an chéad chúpla litir de *uile* a bhreac sé in íomhá 102. Feictear sna trasríbhinní a tugtar de Rawl. thuas gurb ionann ar bhreac sé agus focail atá beagán níos faide ar aghaidh sa téacs nach raibh breactha fós aige. Léigh Mac Niallais a raibh san eiseamláir ach nuair a rinne sé iarracht ar a raibh léite aige a bhreacadh is cosúil gur ghoill a léitheoireacht ar a chuimhne. Bhreac sé róluath focal a léigh sé san eiseamláir dá bharr.

4.4.3 Dittography

Ceartaíodh aon bhotún déag a rinne Mac Niallais de bharr *dittography* in A19. Ní aontaíonn an ceartúchán a rinneadh ar bhotún díobh le Rawl.:



(Íomhá 103: A19 f.3v14)

Rawl.: ‘gorab é | magnas mac aEda mic aEda
ruaid§10:6:7

A19: gurb é Magnus mac AEdha **duibh** mic Aedha
ruaidh

In ainneoin nach féidir a bheith cinnte de, is cosúil gurbh í an aidiacht ‘ruaidh’ a bhreac Mac Niallais ar an gcéad scríobh sa sampla thuas. Feictear rian an fhocail faoin aidiacht a cuireadh ina mhullach mar cheartúchán. Léiríonn an stríoc atá faoin litir *d*


go gcaithfeadh sé gur focal dar tús *r*, *s*, nó *p* a bhí roimhe ann; tá an guta *i* a chuireann consan caol in iúl le feiceáil roimh *h* an fhocail cheartaithe; agus is cosúil ón spás atá idir túslitir an fhocail agus an *i* go raibh dhá ghuta eile eatarthu. Thabharfadh a bhfuil fanta den fhocal le tuiscint gurbh é ainm athair mór Mhánais, Aodh Ruadh, a bhreac Mac Niallais faoi dhó ar an gcéad scríobh.

Rinne sé botún de bharr *haplography* díreach sula ndearna sé an botún a ceartaíodh thuas. Bhreac sé go dílis an téacs chomh fada le hainm Mhánais, ach d'fhág cosúlacht ainm athair Mhánais agus a athair mór in Rawl., ‘*mac aEda mic aEda ruaidh*’, nár bhreac sé ach ainm Aodha Ruaidh. Ceartaíodh an dá bhotún in éineacht nuair a cuireadh ‘duibh’ i mullach an chéad ‘ruaidh’ a breacadh.

Is cosúil ó pheannaireacht an cheartúcháin gurbh é Mac Niallais féin a cheartaigh a bhotún. Bíodh is gur fánach an t-athrú a chuir a cheartúchán ar théacs Rawl., b’athrú é nár ghá dó a dhéanamh. Dá mba phoncanna a bheadh curtha aige faoin aidiacht ‘ruaidh’, cheartófaí na botúin agus d’fhágfaí ar aon léamh le Rawl. a chóip. B’ionann marach a d’fhágfadh chaon mhodh ceartaithe ar a leabhar. Ní fios céard a spreag cinneadh eagarthóireachta Mhic Niallais, ach d’fhéadfadh sé gur mheas sé gur i ndearmad a tugadh Aodh ar athair Mhánais in Rawl. Aontaíonn a chinneadh leis an dá chóip eile de BCC a bhfuil §10 iontu, A8 agus C iv 3. Ina theannta sin, tagann sé leis an ainm is iondúla a tugtar ar athair Mhánais in *AnnálaRE* ón mbliain 1546 ar aghaidh;²¹ Aodh nó Aodh Óg amháin a tugtar air roimh an mbliain sin in *AnnálaRE*. Thiocfadh sé go raibh trí bhotún á gceartú ag Mac Niallais in íomhá 103; a bhotúin féin, agus botún a shíl sé a bheith in Rawl.

Aontaíonn na ceartúcháin eile ar fad a rinneadh ar *dittography* le Rawl. Baineadh úsáid as modhanna ceartaithe éagsúla chun na focail nó na litreacha dearmadacha a ghlanadh as an téacs. Bíodh is gur dócha gurbh é Mac Niallais féin a sciúr an bhileog nó a chuir poncanna faoi fhocal lena ghlanadh as an téacs, ní féidir a bheith cinnte de gurbh é a cheartaigh chuile bhotún díobh.


²¹ *AnnálaRE* 1494, 1520, 1584, 1590, 1594, 1598, 1606, 1608, 1680, 1726, 1772, 1792, 1892. Aodh a tugtar air in *AnnálaRE* 1520, agus Aodh Óg in *AnnálaRE* 1558, 1598, 1610, 1612, 1764.



(Íomhá 104: A19 f.16r16)

Rawl.: ‘Maith mar dodEnamnesin ar.c.c.§111:104:1


A19: Maith **mur** | mur do dhÉnaimni sin ar colam.c.



(Íomhá 105 A19 f.21v10)

Rawl.: dobfolus do.c.c. 7 dá | naemhaib aingli de acoimhidEcht anmacaímh | naemtasin§141:144:4


A19: dobfolus do colam.c. 7 danaEmhuibh aingle dé aagcoimhideacht anmacaimh naomhthasin



(Íomhá 106: A19 f.32r15)

Rawl.: docuaidh angradh tuc an | bensin do tarmodh aice§224:224:24


A19: dochuaidh angradh **angradh** tug anbean sin dó tarmodh aici



(Íomhá 107: A19 f.35r4)

Rawl.: Ancluinti antési [...] garádha comadh fhErr | lEs§241:244:18

A19: Angcluintí antési [...] ga radha **go** | **mad** go mad fearr les



(Íomhá 108: A19 f.44v21)

Rawl.: domedugadh aanma fEn 7 aanma adEscibal§294:314:40


A19: domhÉdugadh aanma fein .7 **aanma** adisciopul



(Íomhá 109: A19 f.50r5)

Rawl.: tuc sé achmhusan trom do.c.c.§334:356:7


A19: tug sé achmhusan trom **do** do colam.c.



(Íomhá 110: A19 f.50r26)

Rawl.: beradsa anam aflaithEss duit§336:358:14

A19: Béaradsa | anamum abfhlaithios Dé duit



(Íomhá 111: A19 f.53v17)

Rawl.: Ar amus burtigErna§355:392:3





A19: Ar amus bur ttigerna **bur ttigerna**

4.4.4 Breisbhotúin eile


Ceartaíodh sé bhreisbhotún déag in A19 nach ionann go baileach a gcionsiocair leis na botúin truaillithe a pléadh thuas. Níl de dhifríocht eatarthu ach gur cosúil gur ó intinn Mhic Niallais a shíolraigh na focail bhreise a chuir sé ina chóip go dearmadach, gan spreagadh gan truailliú ó fhocal a bhí léite ina eiseamláir aige.²² Roinntear thíos na bhreisbhotúin eile seo a rinne Mac Niallais de réir an chineál focail a bhreac sé go dearmadach; (a) cáilitheoir ainmfhocail; agus (b) ainmfhocal nó cónasc.

(a) Cáilitheoir ainmfhocail

Ceartaíodh trí bhotún déag a rinne Mac Niallais in A19 san áit ar chuir sé cáilitheoir nach bhfuil in Rawl. le hainmfhocal. Is aidiacht shealbhach a bhreac sé go dearmadach a ghlanann naoi gceartúchán díobh, agus aontaíonn na ceartúcháin ar fad le Rawl.:

	<p>Rawl.: dochuir mEsi molam dEs arcend fer gosa§25:12:16</p>
<p>(Íomhá 112: A19 f.4v6)</p>	<p>A19: dochuir mesi molamh dEs aracEnn feargosa</p>
	<p>Rawl.: Oir nírbaíl lés Erbfoghantaigh dilEs dé [...] tarcuísne dobeith agnadaínib aroclaEch eli de§76:64:1</p>
<p>(Íomhá 113: A19 f.11r18)</p>	<p>A19: óir nír báil le searbhfhogantaidh dilEs DE [...] tarcuísni dobeith ag nadaoinibh air aóglach eli DE</p>
	<p>Rawl.: dofhagaib se coimErghe agmindaib 7 agmuinntir .c.c. araslicht fen§82:74:7</p>
<p>(Íomhá 114: A19 f.12v11)</p>	<p>A19: dofháguibh se coimherghi aga mhionnaibh .7 ag muinntir colaim.c arashliochtt fen</p>
	<p>Rawl.: nircían dó and anuair tancatar tEchta abraithrEch arcend antsenóruch§93:86:29</p>
<p>(Íomhá 115: A19 f.14r15)</p>	<p>A19: nircían dó ann antan tagatar tEchta abraithreach ara chEnn antsEnórach</p>


²² Feic Parkes (2008:68) i dtaobh bhotúin neamh-chomhfhiosacha mar iad a dhéanadh manaigh Sasanacha agus téacsanna saolta á gcóipeáil acu.



(Íomhá 116: A19 f.29v26)

Rawl.: anta | ltus .c.c.ainm anmoltasin§216:206:33


A19: antAltus colaim.c. aainm anmholtasin



(Íomhá 117: A19 f.38v18)

Rawl.: adubairt se réman | ach airide dobi
faris§266:270:35


A19: adubairt sé ré **na** manach airidhi dobhi fáris



(Íomhá 118: A19 f.46v12)

Rawl.: indus cofuighedh mor | an donamanchaib 7
donadainib eli dobí | sanoilEnsin bas§305:328:27


A19: ionnus go bhfuigeadh mórán | **dona** manchaibh .7
dona daoinibh eli dobhí sanoilÉnsin bás



(Íomhá 119: A19 f.52v21)

Rawl.: tug | se aisEc aspiraide 7 aurlabra fEn do andsin
7 | doErigh nasuide ariadnaise caich§353:378:32

A19: tug se aisEg aspioruidi .7 aurlabhra fén dó annsin
.7 do erigh nashuidhe **abh**fiadhnuisi caich



(Íomhá 120: A19 f.59r9)


Rawl.: nacheidir lind .c.c. | dochor acoimEs ris nó
acÉim Ecin foirfEchta | oscinn gachduine
dib§393:434:13

A19: nach édir linn colam.c. dochur accoimhmhEs ris
nó acceim eigin foirfeachta ósachionn gach duine
diobh

Is aidiacht shealbhadh, 3ú pearsa uatha nó iolra, a chuir Mac Niallais go dearmadach leis an téacs sna samplaí thuas ar fad ach ceann, íomhá 119. Bíodh is gur bhotúin fhollasacha a fágadh in A19 dá mbarr in íomhá 112–114, 117–119, agus 120, is deacair a rá an mar bhotúin fhollasacha a ghlacfaidh léitheoirí leis na botúin a ceartaíodh in íomhá 115 agus 116. Is aidiachtaí sealbhacha réamhthaghracha a cuireadh le téacs A19 de bharr na mbotún seo. Tagraíonn siad do na hainmfhocail chinnte (TG) ‘antsEnórach’ (Íomhá 115), agus ‘anmholta’ (Íomhá 116). Faightear an struchtúr céanna seo, forainm sealbhach + ainmfhocal + alt + ainmfhocal, sa tSean-Ghaeilge (Ó Gealbháin 1991:137; Mac Mathúna 2013:171; Roma 2014:165), sa Meán-Ghaeilge

(Breatnach 1994:264), agus i dtéacsanna próis áirithe de chuid na Nua-Ghaeilge Moiche.²³ Dá bhfágtaí gan ceartú na botúin seo i leabhar Mhic Niallais, ní gá gur mar bhotúin a léifí iad.

Cheartaigh Mac Niallais breisbhotún eile dá chuid san áit ar chuir sé an réamhfhocal *i* agus an aidiacht shealbhach, 3ú pearsa uatha, lena théacs go dearmadach. Murab ionann agus na ceartúcháin thuas, ní aontaíonn an ceartúchán a rinne sé ar an mbotún seo le Rawl.:




Rawl.: dofóiredh antuisce docuirthí | timcell
nacloichsin gachduine§293:314:3

(Íomhá 121: A19 f.44v3)

A19: do fhóireadh antuisgi do chuirthi **attimceall**
nacloiche sin gach duine

Is cosúil gur ‘*natimceall*’ a bhreac Mac Niallais go seachmallach ar an gcéad scríobh in íomhá 121. Is dócha gur i ndiaidh dó an t-ainmfhocal atá ar a lorg a bhreacadh a thug sé suntas dá dhearmad. Sciúr sé ‘na’ den bhileog, bhuail sé réamhfhocal ina mhullach, agus sháigh sé *t* eile idir *t* agus *i* an fhocail ‘*timceall*’. D’fhágfaí ar aon fhocal A19 agus Rawl. mura mbeadh déanta aige ach ‘na’ a sciúradh den pháipéar. Is léir, dá réir sin, gur leasú comhfhiosach é seo a rinne sé ar théacs Rawl., ach is deacair a údar a thuiscint. Thiocfadh sé gur ag ceartú botún easnaimh a shíl sé a bheith in Rawl. a bhí sé nuair a chuir sé an réamhfhocal nua leis an téacs.

Is breisbhotúin cheilte na trí bhotún eile a rinne Mac Niallais a chuir cáilitheoir breise le hainmfhocal ina chóip. Is cinnte nach dtabharfadh léitheoir faoi deara na botúin seo gan fáil a bheith aige ar eiseamláir Mhic Niallais nó ar chóip ghaolmhar di:




Rawl.: do fEch sé | go faitEch trepholl dobí
arcomlaidh dor | iss antempaill§168:176:25

(Íomhá 122: A19 f.26r8)

A19: dofhÉch sé go faiteach tre poll **tarathair** dobhi
ar comhlaidh dhoruis an tEmpaill


²³ Faightear samplaí dá leithéid in *Cathréim Thoirdhealbhaigh* (Ó Riain 2012:67), agus in *Lorgaireacht an tSoidhigh Naomhtha* (Falconer 1953:lxxxviii).



(Íomhá 123: A19 f.61v9)

Rawl.: domebraigh se | anleabar darubainm
amhra.c.c.§435:454:24

A19: domeabhruigh se anleabhar dár | bainm an
Amhra colaim.c.




(Íomhá 124: A19 f.58v13)

Rawl.: itir naguasachtaib adubrumar
romhainn§387:430:34

A19: itir naguas | achduibh so adubramar romhainn

(b) Ainmfhocal nó cónasc


Is botúin fhollasacha iad na trí breisbhotúin eile a rinne Mac Niallais. Leasaigh sé an litriú atá ar an réamhfhocal *ar* in Rawl. chun botún díobh a leigheas (Íomhá 125); thairis sin, aontaíonn na trí cheartúchán le Rawl.:



(Íomhá 125: A19 f.8r11)

Rawl.: Dobaisd antuasalsagart .i. | cruithnEchan mac
cellachain e arnabreith§53:40:2


A19: Dobaistt an tuasal | sacart .i. cruithneachan mac
cellacháin é 7íarnabreith



(Íomhá 126: A19 f.33v21)

Rawl.: asfollas as | sinscelsa nachartír amain tuc dia ra
| darc ashEicréde fEn do.c.c.acht cotuc se§233:234:38

A19: as | follus as ansgéal sa nach artír amháin tug Día
radharc asecreiti fén do colam.c. **acht** gottug sé



(Íomhá 127: A19 f.46v4)


Rawl.: Et arnafaic | sin sin do.c.c.dogab aculaidh
cataighte ime | fEn§305:328:12

A19: Et arna faicsi(..) | colam.c. dogab **aculaidh**²⁴
cathaigne uimi fen

²⁴ Is cosúil gur ‘luthgáir’ a bhreac Mac Niallais ar an gcéad scríobh.

4.4.5 Ceartúchán léitheora

Is féidir a bheith réasúnta cinnte de nárbh é Mac Niallais féin a ghlan ábhar áirithe as dhá ionad in A19. Is ar f.31r a feictear an chéad ghlanadh déanta ag léitheoir, áit ar cuireadh stríoc mhíchéadach trí cheartlár nóta a d’fhág Mac Niallais ina leabhar:



(Íomhá 128: A19 f.31r32)

A19: Os fíor faríor abuidhe re día nach fíor .7 nar fada gur fíor | ni eli.

Glacaim leis gur ar mhaithe le dearadh an leabhair a bhreac Mac Niallais an leagan seo nach dtuigim ina leabhar. Feictear in íomhá 128 thuas gur i lár na líne deiridh de f.31r a chríochnaigh Mac Niallais ag cóipeáil a eiseamláire. Is ionann na focail dheireanacha a thug sé leis, ‘gach ní dá nabradh colam.c.’, agus a bhfuil i ndeireadh alt §221 in Rawl. Is léir nár theastaigh uaidh gur i lár líne a cuirfí tús le §222 agus d’fhág sé leathlíne ina leabhar gan scríobh dá bharr. Is ar mhaithe leis an mbán a líonadh a bhreac sé an focal a raibh col ag an léitheoir leis.

Ba chuid den téacs a ghlan léitheoir as ionad eile in A19:



(Íomhá 129: A19 f.39v8)

Rawl.: ní hedh amháin nacdEnadh uisce an tobuirsEn urchoid docach ósin amach *acht* | doslánaighedh se gachuile galur 7Esla | inte daticedh cuice ósin suás tremaith | Ess dé 7 tremirbuilibh .c.c.§270:276:24


A19: níheth amháin nach dEnadh uiscei an tobair sin urchóid dochách osin amach *acht* doshlanuigeadh se gach uile galur .7 Esláinti | da ttigeadh chuige ósin amach **tre ma(..)Es De 7col(..)**

Rinne Mac Niallais dhá bhotún chóipeála agus an chuid seo dá eiseamláir á cóipeáil aige; d’fhág sé an frása ‘tremirbuilibh’ ina dhiaidh, agus rinne sé ‘amach’ den dobhriathar ‘suás’. Ní dócha gur ag ceartú na mbotún sin a bhí an té a rinne an ceartúchán. Fágadh an dobhriathar dearmadach ‘amach’ gan ceartú agus níor cuireadh aon ní a cheartódh botún easnaimh Mhic Niallais i mullach ar glanadh. Is deacair a chreidiúint go ndéanfadh Mac Niallais féin leathcheartú mar é ar a leabhar, agus is dócha, dá réir, gur léitheoir eicínt a rinne é. Is léir nár aontaigh an léitheoir lenar léigh sé, ach ní fios cén locht a bhí aige air

4.5 Botúin Eile


Rinne Mac Niallais sé cheartúchán déag in A19 nach ceartúchán ar bhotún easnaimh ná ar bhreisbhotún iad. Is ceartúcháin a mbunáite ar athrú neamh-chomhfhiosach a chuir Mac Niallais ar fhocal a thug sé leis óna eiseamláir. Bíodh is gur éirigh leis na focail atá in Rawl. a thabhairt leis, níorbh í foirm Rawl. den fhocal a bhreac sé ina chóip. D’fhág na botúin dhá chineál foirm dhearmadacha ina chóip; foirmeacha atá gan chéill nó a lochtaigh ciall abairte (botúin fhollasacha), agus foirmeacha nach ndéanfadh amhlaidh (botúin cheilte)

Is foirm a lochtaíonn ciall abairte trí bhotún a ceartaíodh. In ainneoin gur botúin fhollasacha iad seo a bheadh sofheicthe ag léitheoir ar bith, is cosúil ó mhodh a gceartaithe gurbh é Mac Niallais féin a cheartaigh iad:



Rawl.: gorabé athaeb do | fhurail sé dotabairt sanaird
soir§89:84:3

(Íomhá 130: A19 f.13v21) **A19:** go **raibhé** atháebh dofuráil se dotabhairt sanaird
soir



Rawl.: is dátoirmEsc umamsa nasgelusa |
dindisin§120:118:4

(Íomhá 131: A19 f.18r15) **A19:** as dá toirmEsg umamsa **nasccéalusa** | dinnisin




Rawl.: dofurail.c.c. antoclach dolEcen amach 7 mEid |
airidhe docaerchuib domarbadh do§239:242:23

(Íomhá 132: A19 f.34v23) **A19:** dofuráil colam.c. antóglach doleigean amach .7
méid | airidhi dochaÉrchaibh do mharbadh **dó**

Is léir gur míléamh a rinne Mac Niallais ar ‘gorabé’ Rawl. a thug air foirm den bhriathar substainteach a bhreacadh go dearmadach thar a cheann sa gcéad sampla thuas (Íomhá 130). Bíodh is nach féidir aon mhíniú a thabhairt ar chionsiocair an dá bhotún eile a cheartaigh sé, is díol suntais é gurbh é uimhir na bhfocal a d’athraigh sé go dearmadach. Rinne sé alt uatha d’alt iolra Rawl. i sampla díobh (Íomhá 131), agus ba é an tríú pearsa iolra den fhorainm réamhfhoclach, ‘doibh’, a rinne sé d’fhoirm uatha Rawl. sa sampla eile (Íomhá 132).

Ní aontaíonn an ceartúchán a rinne Mac Niallais ar aon fhoirm amháin fabhtach a bhreac sé, le Rawl.:




(Íomhá 133: A19 f.16r32)

Rawl.: assí facErchail do.c.c. anfad do | bí sé
sambailesin 7 asamlaidh dobidh sí aigi 7 adháglaic
inatimchell 7 sí araglun§112:104:32

A19: asi facearchuill do colam.c. anfad dohi se
sambailisin .7 asamlaidh **dohi** sí aigi .7 adha | (..)
inatimceall .7 sí araghlún

Is cosúil gurbh í an fhoirm dhothuigthe ‘dobia’ a bhreac Mac Niallais ar an gcéad scríobh sa sampla seo (Íomhá 133). Ghlan sé an litir *a* as an bhfoirm dhearmadach lena cheartú, ach níor bhreac sé na litreacha *dh* i mullach ar ghlan sé. Thabharfadh an ceartúchán seo le tuiscint nár bhreathnaigh Mac Niallais in athuair ar a eiseamláir sular cheartaigh sé a bhotún. Murab ionann agus na botúin fhollasacha eile a cheartaigh sé thuas, níorbh fhéidir ceartfhoirm an bhriathair a fhionnadh óna raibh breactha go dtí sin aige den téacs. Bhí rogha foirmeacha aige sa gcás seo: foirm na haimsire caite den bhriathar substainteach nó foirm na haimsire gnáthchaite. Ba í foirm na haimsire caite a roghnaigh sé, foirm a bhí breactha go gairid roimhe sin aige.


Cheartaigh Mac Niallais sé fhoirm eile a bhreac sé go dearmadach nach lochtódh ciall a chóipe dá bhfágfaí gan ceartú iad. Is samplaí iad seo ar fad d’athruithe a d’fhéadfadh scríobhaí a chur ar fhoirmeacha teanga a eiseamláire i ngan fhios dó féin agus dá léitheoirí:



(Íomhá 134: A19 f.18v23)


Rawl.: do | nidh se aithridhe arEith sagne sin fEn
indus | combidh gloir 7 taithnemh 7 soillse nanuile |
gras ag día 7 ag daínibh aracocus§123:122:4

A19: do niodh se aitrighe arleth sagné sin fen ionnus
gombídh gloir .7 taitnEmh 7 soillsi nanuile gras | ag
Dia .7 ag daóinibh arachogus



Rawl.: Oirnír bEc lEs aainbrEth do di | gail
air§177:182:30


(Íomhá 135: A19 f.26v27) **A19:** oirnír bhEg les | **aainbreatha** do dhioghuil *air*



Rawl.: amordail dromachet§197:198:2

A19: amórdháil dhroma **cEda**


(Íomhá 136: A19 f.28v13)



Rawl.: dolEn | acoimthinol e§282:296:35

A19: do **lEn**²⁵ a | coimhthionól é

(Íomhá 137: A19 f.42r7)



Rawl.: Arcricnugadh nahurna | aidhthesi
do.c.c.§290:310:5

(Íomhá 138: A19 f.43v32) **A19:** Ar gcricnugadh nahurnaidhesin docolam.c.




Rawl.: ro | gabsad retaeb nahindse cotarla acathraigh |
iad§355:388:13

(Íomhá 139: A19 f.53r29) **A19:** rogabsat re taoibh na hinnsi go ttarla
agcathraigh²⁶ íad

4.5.1 Eagarthóireacht

Ba cheartúcháin ar fhocal nár thug Mac Niallais leis go cruinn óna eiseamláir iad na ceartúcháin thuas ar fad. Cheartaigh sé sé fhocal eile ina chóip a bhí tugtha leis go dílis ar an gcéad scríobh aige. Ní ag ceartú botúin chóipeála a bhí Mac Niallais agus na ceartúcháin seo á ndéanamh aige, ach ag déanamh eagarthóireachta ar théacs Rawl. Is mionleasú litrithe ceartúchán díobh, agus is botún atá in Rawl. a tharraing ceartúchán eile díobh:




Rawl.: fÉdaigh dia ar | .c.c.ansaetharsa docosc
dínde§73:60:17

(Íomhá 140: A19 f.10v21) **A19:** **FÉdaigh**²⁷ Dia ar colam.c. ansaothar sa docosg
dínde

²⁵ Is cosúil gur ‘do lEnattar’ a breacadh ar an gcéad scríobh.

²⁶ ‘agcathair’ a breacadh ar an gcéad scríobh.

²⁷ ‘FÉdaigh’ a bhreac Mac Niallais ar an gcéad scríobh.



(Íomhá 141: A19 f.42r16)

Rawl.: asmaith | docuir anrith dorindEis docum naheac
| luise aniugh rinde 7 ganumat *acht* leth | brocc oir
fuarus odia arsaerudh on | guasacht romhor arabumar
aranfairge§282:298:8


A19: as maith dochuir anrioth dorinnis docum
naheacluise | aniugh rinne .7 gan umad *acht* lethbhróg
oir **fuaruis** o Dhia arsaErad on ghuasacht mhor
arabhamur | ar anfhairgi

Is díol suntais é gur mhian le Mac Niallais litriú an bhriathair a leasú sa gcéad sampla thuas (Íomhá 140). Bíodh is gur cirte a litriú leasaithe ná a bhfuil in Rawl., ba bheag an locht a bheadh ar litriú Rawl. Is minic inmhalartaithe *-dh* agus *-gh* i ndeireadh focail ag scríobhaithe a linne (McManus 1994:351). Léiríonn an cheartúchán seo go raibh aird ag Mac Niallais ar litriú Rawl. agus nach raibh aon leisce air litriú a shíl sé a bheith lochtach a leasú.

Is ag gabháil buíochais le Naomh Cainneach atá Colm Cille sa gcaint a cuirtear ina bhéal sa dara sampla thuas (Íomhá 141). Tugann an fhoirm bhriathartha *fuarus* in Rawl. le tuiscint gurbh é Colm Cille féin a fuair cumhacht saortha na gcléireach ó Dhia. Ba bheag ciall a bheadh lena fhocal buíochais dá mb’amhlaidh a bhí, agus is léir gur i ndearmad a breacadh an fhoirm seachas an 2ú pearsa uatha den bhriathar, *fuarais*.


Is díol spéise a ndearna Mac Niallais leis an bhfoirm bhriathartha ar aithint an bhotúin dó. Ba é an giorrúchán 3 a bhreac sé chun foirceann an bhriathair a chur i gcéill ar an gcéad scríobh. Bíodh is gurb ionann an giorrúchán sin agus *-us*, nó *-uis*, is léir ón gceartúchán gur mhian le Mac Niallais pearsa an bhriathair a shoiléiriú dá léitheoirí. Sciúr sé an giorrúchán den bhileog, chuir sé na litreacha *u* agus *i* ina cheann, agus bhreac sé *s* gallda os cionn líne na scríbhneoireachta (Íomhá 141). Chinntigh a cheartúchán nach ndéanfadh a léitheoirí féin an botún céanna a d’aithin sé in Rawl.

Is mó tionchar a bhíonn ag na ceithre cheartúchán eile a rinne Mac Niallais ar chiall agus ar éirim an téacs óir is leasuithe iad a chuireann cruth nua ar na scéalta ina ndéantar iad. Is in aon scéal, §131, a rinneadh dhá cheartúchán díobh:



(Íomhá 142: A19 f.19v28)

Rawl.: doindis do gincorbhimlán | acrEideamh coraibe
anoirEtsa do crEidem | aige 7 docoimEt arinfirinde 7
fos mardo | bi afhís agdía coticfasa araslicht 7 con |
guidhfEa araanmuin§131:128:28



(Íomhá 143: A19 f.19v29)


A19: ‘doinnis dó gin gurbiomlán | ac redEmh goruibhi
anoireadsin do creidEm aigi .7 do choiméad
aranfhirinni .7 fós mur dobhi afhíos agdía go ttiocfása
ar **moshlicht** | .7 go nguidhfea **armanam**

Déantar cur síos i scéal an tsampla thuas ar chloigeann mór a casadh ar Cholm Cille agus a naoimh agus iad ar bhruach na Bóinne. B’iontach leo méid an chloiginn agus ba chás le naoimh Cholm Cille eolas a fháil ar an té ar leis é. Chuaigh Colm Cille ag guí Dé go bhfaigheadh sé an t-eolas sin dóibh agus níorbh fhada ina dhiaidh gur labhair an cloigeann leis. D’inis dó gurbh é cloigeann Chormaic Mhic Airt é.²⁸

Is é an cloigeann féin atá ag caint sa scéal san ionad a ndearna Mac Niallais na ceartúcháin thuas, agus is do Chormac Mac Airt a thagraíonn na haidiachtaí sealbhacha a cheartaigh sé (Íomhá 142–143). Thabharfadh peannaireacht na gceartúchán le tuiscint nach le linn na cóipeála a rinne Mac Niallais iad. Dealraíonn sé gur bhreac sé go dílis caint an chloiginn ar an gcéad scríobh. Ar léamh a chuid oibre in athuair dó, is cosúil gurbh aisteach leis go mbeadh cloigeann Chormaic ag trácht ar Chormac agus leasaigh sé na haidiachtaí sealbhacha dá bharr. Is fianaise é a cheartúchán ar a thoilteanas leasú a dhéanamh ar théacs Rawl. san áit ar chreid sé fabht céille a bheith.

Rinne Mac Niallais ceartúchán eile a chuir athrú ar théacs a eiseamláire in §197. Dealraíonn sé gur ar mhaithe le scéal an ailt a shoiléiriú dá léitheoirí a chinn sé eagarthóireacht a dhéanamh ar an gcuid seo den téacs:

²⁸ Déantar plé ar mhóitíf an scéil seo in Ó Háinle (2014).




(Íomhá 144: A19 f.28v9)

Rawl.: nífhuaire se dodáinib astigh | *acht* tríar ban 7
lenub bEcc farú 7 tic an | lenab *dinnsoigidh* .c.c. 7 tuc
póc dó 7 do gab | .c.c. *naucht* é 7 tuc pocc
donlenubh §197:196:31

A19: ní bfuair se dodháoinib asttigh *acht* tríar ban .7
leanabh bEg farú .7 tig anleanubh *dionnsoigidh*
colaim.c. | .7 tug póg dó .7 do gabh *colam.c.* ina ucht
anlEnabh .7 tug póg dó

Feictear in íomhá 144 gur lean Mac Niallais Rawl. go dílis chomh fada leis an bhforainm cuspóireach ‘é’. Nuair a d’fhill sé ar a eiseamláir go dtabharfadh sé tuilleadh den téacs leis, chonaic sé go raibh téarma an fhorainm sin, *leanabh*, le breacadh sa gcéad chlásal eile aige. Is léir gur mheas sé gurbh fhearr an leanbh a lua sa gcéad chlásal. D’athraigh sé an forainm cuspóireach a bhí breactha aige (Íomhá 144), agus rinne sé forainm réamhfhoclach den fhrása réamhfhoclach, ‘donlenubh’, atá in Rawl.

Is é scéal §67 is mó ar chuir Mac Niallais athrú air nuair a bheartaigh sé focal a bhí tugtha leis go beacht aige a cheartú:



(Íomhá 145: A19 f.9v12)

Rawl.: Togh | fEin anbas asail lEt dfhaghail 7
nahinaidh | 7 narEighidhoin inarbail lEt dobeatha dota
| bairt ass godbas §67:52:14

A19: Togh fen a *colaim.c.* anbás | assáil *let* dfagail .7
nahaimseara .7 na regEoin inarbail *let* **afagail**

Is aingeal a tháinig chomh fada le Colm Cille a thug ordú an tsampla thuas dó. Tá easaontas i leagan Rawl. den scéal idir chaint an aingil thuas agus an freagra a thug Colm Cille air. De réir Rawl., d’inis Colm Cille don aingeal an bás ab áil leis a fháil, ach ba é ionad a bháis a roghnaigh sé seachas na réigiúin ina gcaithfeadh sé a shaol nó go bhfágfadh sé é, mar a d’iarr an t-aingeal air:

togaim fos anbas sin dfaghail anoilethre | shuthain abfhEcmáis motíri 7
motalaimh 7 | mathardha duthchais fEn maille retuirrsi | 7 rehaithrighe
romhoir§67:52:24

Ina theannta sin, rinne Colm Cille an tríú rogha sa bhfreagra a thug sé in Rawl.; rogha nár thug an t-aingeal dó:

Togaim bas dfaghail tarEis dimais nah | oige dodul taram 7 sul bErEs misduaím
| naharsuidhEcta gomor orum§67:52:16


Is léir gur ghoin an t-easaontas ar aire Mhic Niallais. Tugann a leasuithe le fios gur léigh sé freagra Cholm Cille sula raibh caint an aingil breactha uilig aige. Feictear in íomhá 145 gurbh é ‘nahinaidh’, mar atá in Rawl., a bhreac sé ar an gcéad scríobh. Dealraíonn sé gur léigh sé freagra Cholm Cille ina dhiaidh sin, agus go ndearna sé ‘nahaimseara’ dá raibh scríofa aige de bharr a léitheoireachta. Rinne sé an dara leasú ar chaint an aingil, nár mharcáil sé, nuair a rinne sé ‘afagail’ den fhrása, ‘dobeatha dota | bairt ass godbas’. Ina cheann sin, chuir sé frása réamhfhoclach breise leis an tríú rogha a rinne Colm Cille: Toghaim bás | **re hadhart** dfagail tar és diomuis na hoigi *f.9v12*.

Is díol suntais iad na leasuithe a rinne Mac Niallais ar §67. Léiríonn siad an aird a bhí aige ar insint scéil na Beatha, agus a thoilteanas athscríobh a dhéanamh ar théacs Rawl. má chreid sé go bhféadfaí a fheabhsú. Is follas gur aithris shoiléir ar théacs Rawl., gan locht ná easaontas, a theastaigh uaidh a fhoilsiú dá léitheoirí féin. Ba é a dhílseacht dá léitheoirí a spreag ar leasaigh sé in §67. Is fearr an insint atá ar an scéal in A19 dá bharr, in ainneoin nach í insint an údair í.

Tugann na ceithre cheartúchán thuas spléachadh dúinn ar an modh eagarthóireachta a lean Mac Niallais agus téacs Rawl. á chóipeáil aige. Léiríonn siad nach raibh aon leisce air téacs na heiseamláire a leasú má chreid sé go raibh fabht céille, easaontas, nó ceal soiléireachta sa téacs. Ba bheag an locht an téacs a athscríobh dá mb’fhearr a d’inseofaí scéal an naoimh dá bharr. Léiríonn a chuid ceartúcháin nár chreid sé gur shaothar reoite údair a bhí á chóipeáil aige ach scéal; scéal nach raibh gan locht agus ar ghá a leasú agus a shoiléiriú uaireanta.

4.5.2 Botúin dofheicthe

Rinneadh naoi gceartúchán déag in A19 a phlúchann na botúin a cheartaíonn siad. Is follas ó pheannaireacht na bhfocal ceartaithe gurbh é Mac Niallais féin a rinne cúig cheartúchán déag díobh. Aontaíonn chuile cheartúchán díobh sin le Rawl. ach ceann:




Rawl.: doErich domnall | rEme 7tuc pócc
dó§327:348:3

(Íomhá 146: A19 f.49r14) **A19:** do erigh domnall remhe | .7 **do rad** póg dó

Is léir gur bhreac Mac Niallais focal eicínt i ndearmad ar an gcéad scríobh sa sampla thuas (Íomhá 146). Is cosúil gur briathar eicínt san aimsir chaite dar tús *r* a bhreac sé, ach ní fios cén briathar é. Ní raibh an chéad fhocal eile atá in Rawl. breactha aige nuair a thug sé faoi deara a bhotún. Seachas an briathar dearmadach a ghlanadh, ní dhearna sé de cheartú air ach an leath deiridh de a sciúradh den bhileog. Choinnigh sé túslitir an bhriathair, agus bhreac sé na litreacha ‘ad’ i mullach ar sciúr sé.

Is cosúil gurbh é botún Mhic Niallais a thug air foirm bhriathartha Rawl. a leasú sa sampla thuas. Mheas sé gurbh fhearr a cheartódh foirm mhalartach an botún ná a raibh cailte aige a bhreacadh in athuair. Ní féidir míniú a thabhairt ar rogha seo Mhic Niallais, ach d’fhéadfadh sé gurbh imní faoi ghlaineacht a leabhair a spreag é. Ba dheacair dó *tug* Rawl. a bhreacadh os cionn a bhotúin gan drochbhail a chur ar dhreach a leabhair. Ba é an ceartúchán ba lú a dhéanadh dochar a roghnaigh sé, rogha nár athraigh ciall ná brí an scéil in ainneoin a easaontais le Rawl.

Aontaíonn na ceartúcháin eile ar fad a rinne Mac Niallais le Rawl. Bíodh is gur beag a insíonn siad dúinn faoin gcineál botún a tharraing iad, is breis fianaise iad ar a dhúthracht dá cheird agus ar a dhílseacht dá eiseamláir:



Rawl.: oir nirbingnadh gachuile duil | darcruithaidh se
fein dodenum luthgaire | reimhe§50:36:24


(Íomhá 147: A19 f.7v23) **A19:** oir nirbiongnadh gach **uile** dhuil *dá*rchruithaigh
sé féin dodEnamh luthghaire reimhe



(Íomhá 148: A19 f.18r15)

Rawl.: Dobenadh cloc anmEdhoin † lai anard macha
and sin§120:118:2


A19: DobEnadh cloc † an mh.i. **laoi** a nArdmacha
annsín



(Íomhá 149: A19 f.28r33)

Rawl.: IS and sin adubairt óclach do mhuindtir
.c.c.§195:196:16


A19: IS ann sin adubhairt **óglach** domhuinntir
colaim.c.



(Íomhá 150: A19 f.30v33)

Rawl.: dolÉicc se adelg fEn le.c.c.§219:214:26


A19: dolég sé (..) adhealg fén lé colam.c.



(Íomhá 151: A19 f.31v10)

Rawl.: is natrEgim na † damha. arroimhéd gradha
gaidhe§222:220:12

A19: isna tregEm na damha. do roimhéd gradha
gaoideal.



(Íomhá 152: A19 f.33v9)

Rawl.: andluicfidhEr sEctmain óaniug sa † mainEstir
se fEn é§232:234:12


A19: adhluicfidhEr seachdmuin óaniugh sa †
mainisttir si **fein** é



(Íomhá 153: A19 f.36v20)

Rawl.: doscris napiasdasin dosheol .c.c.macarius †
docum aninaidsin sEch gachinadh eli§253:256:36


A19: do sgrios na piasttu sin do shÉol colam.c.
Macarius docum anionaid sin seach gach ionadh **ele**



(Íomhá 154: A19 f.38v20)

Rawl.: colinfaidhe doghalur † dEslainte rotruim
íad§266:270:39


A19: golionfaidhe do ghalur .7 dEslainti **rothruim**
iad



(Íomhá 155: A19 f.43v11)

Rawl.: ase adbhur farcuir | .c.c.faaithne aranmanach
dul§289:306:31

A19: asé **adhbhar** fárchuir colam.c.fa aithni ar an
manach dul



(Íomhá 156: A19 f.46v6)

Rawl.: niréidir lEobuaid do | brEith ar.c.c. 7 se
naEnur ledaingne na | culaidEch sin dobi
uime§305:328:17


A19: nír edir leo buaidh do breith arcolam.c. 7 sé na
aÉnar le daingni **naculideacha** sin dobhi uimi



(Íomhá 157: A19 f.49r1)

Rawl.: asse lín clEirEch dobi se .i. uirEt andEchaidh |
lEis ahErinn doclEirchib§323:346:12


A19: ase (..) dobhi sé .i. uiread andeachaidh lés
aherinn docléirchibh



(Íomhá 158: A19 f.51v3)

Rawl.: Et anuair do | bi gabendugadh§348:372:5

A19: Et anuair dobhi gá **bheannugadh**




(Íomhá 159: A19 f.52r16)

Rawl.: docoimEit se naoigh ronaemtha robend |
aighte rogloin odoruc amhathair é§353:378:23

A19: do coimhEid se na oigh **ronaomhtha**
roibeannaighthe roghloin o do rug amathair é


Is deacair a mheas arbh é Mac Niallais féin nó léitheoir eicínt a cheartaigh na ceithre bhotún doléite eile atá in A19. Ní hionann dúch na bhfocal ceartaithe agus an dúch atá ina dtimpeall i dtrí cheartúchán díobh (Íomhá 160, 161, 163), agus is botún follasach ceartúchán eile díobh (Íomhá 162). Ní dócha gurbh é Mac Niallais a rinne an ceartúchán lochtach, ach is deacair a bheith cinnte de nárbh é a cheartaigh na trí bhotún eile óir aontaíonn na ceartúcháin sin le Rawl.:



(Íomhá 160: A19 f.27r10)

Rawl.: anbreth | ruc antaingéal air
rEmesin§180:184:22

A19: anbreath rug **antaingeal** air roimhisin



(Íomhá 161: A19 f.23v22)

Rawl.: Arnáfhaicsin sin dÉnne do | gabh ferg mór
é§156:160:2


A19: Arnafaicsin sin dénne doghabh **fearg** mhór é



(Íomhá 162: A19 f.48r16)

Rawl.: arcaithemh morain daaís 7 daaimsir | analbain
do dogab cumha 7 dobrón mor fir |
ereann§316:340:11

A19: ar gcaithiomh mhóráin dá áois .7 daaimmsir
anAlbain dó (..) | ghabh cumha .7 dobrón mór fir
ereann.



(Íomhá 163: A19 f.50v17)

Rawl.: Istu asfErr delb 7 drEch§340:362:10

A19: IS tú asfearr dealbh .7 dreach

4.6 Botúin Neamhcheartaithe

Léiríonn ceartúcháin Mhic Niallais gur théacs glan gan locht ná marach a theastaigh uaidh a fhoilsiú dá léitheoirí. Rinne sé a dhícheall a locht a leigheas go cáiréiseach slachtmhar, ach d'fhág sé botúin gan ceartú dá bhuíochas. Níl saoi gan locht. Cheartaigh a chuid léitheoirí botúin áirithe a sciorr go stuama thar shúil an cheartaitheora. Is léir gur chinn botúin eile ar na léitheoirí fiú. Feictear corrlíne filíochta in A19 ar cuireadh siolla thar an gceart leo (Aguisín II:1.5, 6–7; 1.8, 36, 39, 42, 49), nó ar fágadh siolla gann iad (Aguisín II:1.3, 6, 34, 50, 62–63), ar dócha gur i ndearmad a rinneadh amhlaidh, agus tá cuid mhaith abairtí gan chéill ina téacs ar cinnte gur botún cóipeála is cionsiocair dá n-éigiall (Aguisín II:1). Is téacs a fágadh gan breacadh a lochtaíonn cuid de na habairtí (Aguisín II:1.1; 1.2; 1.3); ábhar breise a bhreac Mac Niallais go dearmadach a chuireann in aimhréidh abairtí eile (Aguisín II:1.4; 1.5; 1.6; 1.7); agus is focail a cóipeáladh go místuama a lochtaíonn an chuid eile díobh (Aguisín II:1.8; 1.9). Is beag athrú a chuireann na botúin fhollasacha seo ar

bhrí ná ar éirim an téacs, in ainneoin gur dearmaid iad. Seachas na botúin easnaimh a rinne Mac Niallais de bharr *homoeoteleuton* (Aguisín II:1.2), is mionbhotúin shocheartaithe formhór na mbotún a fágadh gan ceartú. Thiocfadh sé gurbh é a ngléineacht, agus a laghad tionchair ar chiall an téacs, a chuidigh leo éalú ón bpeann dearg.

I bhfianaise na mbotún follasach atá gan ceartú in A19, bheadh sé ag luí le réasún go mbeadh botúin cheilte gan ceartú inti chomh maith. Baineann deacracht nach beag leis na botúin chóipeála seo a aithint. Léiríonn na ceartúcháin a rinne Mac Niallais thuas gur mhó a bhí á cheartú aige ná a bhotúin chóipeála féin. Ba cheartúchán ar bhotún atá in Rawl. dhá cheartúchán dá chuid (Íomhá 6, 141), agus ba leasuithe comhfhiosacha a rinne sé ar théacs Rawl. a chuireann ceartúcháin eile i gcéill (Íomhá 142, 144, 145). Bíodh is go bhféadfaí, go teoiriciúil, botún ceilte a bhaisteadh ar chuile athrú a chuir Mac Niallais ar an téacs nach botún follasach iad, is léir go gceilfí gné dá mhodh oibre orainn dá bharr. Is ceart dá réir sin iarracht a dhéanamh a bhotúin chóipeála cheilte a shéalú ó na leasuithe comhfhiosacha a rinne sé.

Is iad na ceartúcháin a rinne Mac Niallais féin ar a bhotúin cheilte a thugann treoir dár séalú. Léiríonn na botúin siúd gurb iondúil nach raibh de dhifríocht idir abairt a ndearna sé botún ceilte inti agus an abairt chéanna in Rawl., ach litir, focal, nó frása réamhfhoclach. Is iomaí abairt inléite in A19 a easaontaíonn le Rawl. ar an gcaoi chéanna (Aguisín II:2.1; 2.3; 2.4; 2.5; 2.6; 2.7; 2.8; 2.9). Is minic nach mbíonn de dhifríocht idir Rawl. agus A19 in abairtí mar iad ach treisfhocal. D'fhág Mac Niallais treisfhocal gan breacadh i gcuid díobh (Aguisín II:2.3, 1–3, 5 *srl.*); bíonn treisfhocal breise aige féin in abairtí eile (Aguisín II:2.7, 5, 10, 12–13 *srl.*); agus ní bhíonn de dhifríocht idir abairtí eile fós ach *sin* a bheith i leabhar díobh san áit a mbíonn *-sa/se* sa leabhar eile (Aguisín II:2.8, 1–18). Feictear an luaineacht chéanna in abairtí a mbíonn briathar atá sa 3ú pearsa uatha iontu. Bíonn foirm scartha ag Mac Niallais uaireanta thar ceann fhoirm tháite Rawl. (Aguisín II:2.7, 37–43), ach ní túisce sin déanta aige ná forainm atá in Rawl. a fhágáil gan breacadh gan ceartú (Aguisín II:2.3, 74–85 *srl.*). In ionaid eile fós nach n-aontaíonn A19 le Rawl., ní bhíonn de dhifríocht eatarthu ach go mbíonn cáilitheoir, dobhriathar, nó frása réamhfhoclach in Rawl. nach bhfuil in A19 (Aguisín II:2.3), nó sin bíonn cáilitheoir ag Mac Niallais nach bhfuil in Rawl. (Aguisín II:2.7).

In ainneoin líonmhaireacht na ndifríochothaí seo, is beag athrú a chuireann siad ar chiall ná ar éirim an téacs. Is ionann iad agus na botúin cheilte a cheartaigh Mac Niallais féin agus tá an chuma ar chuid mhaith díobh gur bhotúin chomóna scríobhaithe ba chionsiocair leo. Is cosúil gur litir nó focal atá in easnamh de bharr *haplography* a chruthaigh cuid de na difríochothaí (Aguisín II:2.1); agus tá cosúlacht ag cuid eile díobh le botúin a déanfaí de bharr athbheartaigh (Aguisín II:2.4), truaillithe (Aguisín II:2.5), agus *dittography* (Aguisín II:2.6). Bíodh is go bhféadfadh sé gur go comhfhiosach a rinne Mac Niallais na leasuithe seo ar fad, is mó seans, dar liom, gur i ndearamad a rinne sé iad.

Facthas sna ceartúcháin a pléadh thuas gur cheartaigh Mac Niallais botún easnamh cheilte a rinne sé de bharr *homoeoteleuton* (Íomhá 9). Chaill sé clásal dá eiseamláir de bharr an bhotúin seo; botún a cheilfí ar léitheoirí a leabhair dá bhfágfaí gan ceartú é. Tá ceithre scéal déag in A19 a bhfuil clásal nó abairt in easnamh iontu le hais a bhfuil in Rawl. (Aguisín II:2.2). Ní doléite na scéalta de bharr a n-easnamh agus is cosúil gur *homoeoteleuton* is cionsiocair lena leasú. Murab ionann agus na botúin cheilte eile nár ceartaíodh in A19, is botúin iad seo a chuireann athrú ar na scéalta ina ndéantar iad. Is deacair dá bharr sin a bheith cinnte de nach athruithe comhfhiosacha iad a chuir Mac Niallais ar théacs Rawl. Is in §109 is suntasaí athrú le feiceáil de bharr easnamh abairte nó clásail (Aguisín II:2.2, Íomhá 44). Tráchtar i scéal an ailt úd ar Chonallach a tháinig chomh fada le Colm Cille a raibh formhór a chairde agus a mhuintire tar éis bháis. Deirtear in Rawl. go raibh an oiread sin de chumha is de dhoilíos ar an gConallach agus gurbh fhearr leis bás a fháil ná a bheith beo ina ndiaidh. Luaitear cumha agus doilíos an fhir in A19 chomh maith ach ceiltear orainn gurbh fhearr leis bás ná beatha. Is cosúil gur *homoeoteleuton* is cionsiocair leis an eolas seo a bheith in easnamh in A19, ach d'fhéadfadh sé chomh maith céanna gur go comhfhiosach a d'fhág Mac Niallais ráiteas goilliúnach mar é gan breacadh.

Is iad na botúin cheilte a rinne Mac Niallais a leasaigh litriú nó foirm focail is deacra a shéalú ó na leasuithe comhfhiosacha a chuir sé ar théacs a eiseamláire. Is léir ó na botúin a cheartaigh sé féin gur athraigh sé foirm nó litriú focail i ngan fhios dó féin agus dá léitheoirí, ach is beag patrún a feictear sna botúin a cheartaigh sé. Ceal patrúin fágfar gan treoir sinn dár séalú. Is mó seans, dar liom, gur mar cheartú nó mar leasú ar théacs Rawl., a d'athraigh Mac Niallais bunáite na ndifríochothaí litrithe agus foirme a feictear ina leabhar. Is léir ó na trascribhinní a tugtar thuas nárbh é córas

litrithe Rawl. a lean sé. Dá dtabharfaí botún ceilte ar chuile athrú a chuir Mac Niallais ar litriú an téacs, bheadh na mílte botún le comhaireamh againn agus lochtófaí gan réasún a chuid oibre. Dá bharr sin, is i dteannta na leasuithe comhfhiosacha a chuir Mac Niallais ar an téacs a pléitear na hathruithe a chuir sé ar litriú agus ar theanga an téacs.

4.7 Conclúid

Léiríonn na ceartúcháin a rinne Mac Niallais ar a chóip gur scríobhaí coinsiasach díograiseach é. Bhí sé dílis don téacs agus is léir nach raibh aon drogall air a chumas féin mar scríobhaí a lochtú lena cheartúcháin. Thuig sé nach ann do chóip gan locht agus chreid sé gurb é dualgas an scríobhaí é a locht a leigheas. In ainneoin gur fhág sé botúin gan ceartú ina dhiaidh, léiríonn a chuid ceartúchán go ndearna sé a dhícheall iad a ghlanadh.

Tugann a chuid ceartúchán léargas dúinn ar na cineálacha éagsúla botún a dhéanadh scríobhaí Gaelach agus ar na modhanna ceartaithe a d'úsáidfí lena leigheas. Ina theannta sin, tugann siad spléachadh dúinn ar thuiscint Mhic Niallais ar cheird an scríobhaí. Is léir gur leithne agus gur chasta a dhualgas ná macasamhail de théacs Rawl. a bhreacadh. Nuair a comhairtear na ceartúcháin ar fad a rinne sé, feictear go n-aontaíonn 86% díobh le Rawl., ach chuir 14% díobh athrú eicint ar an téacs.²⁹ Is léiriú iad na ceartúcháin seo ar a thoilteanas téacs Rawl. a leasú. Ba leasuithe cuid díobh a rinneadh ar mhaithe le dearadh a leabhair, agus ba leasuithe comhfhiosacha ar chruth agus ar dhéanamh an téacs cuid eile díobh. Leasaigh riar dá chuid ceartúchán an téacs mar atá sé in Rawl., ach ba bheag an t-athrú a chuir siad ar chiall ná ar éirim an scéil a insítear ann. Ní dá eiseamláir, ná dá húdar, a bhí Mac Niallais dílis agus na leasuithe seo á ndéanamh aige, ach dá léitheoirí féin agus don scéal a bhí á aithris aige.³⁰

²⁹ Feictear an patrún ceartaithe céanna nach mór sa mórstaidéar a rinne Wakelin (2014) ar scríobhaithe an Mheán-Bhéarla a shaothraigh an cheird idir na blianta 1375 agus 1510.

³⁰ Feic a ndeir Wakelin faoi scríobhaithe an Mheán-Bhéarla: 'As craftsmen of texts and not historians, they are not as interested in the author as later scholars have been but treat the work as a self-standing focus of attention' (Wakelin 2014:308).

5 An Chóip á Breacadh: Eagarthóireacht

5.1 Réamhrá

Léiríodh i gcaibidil a ceathair gur chuid de dhualgas Mhic Niallais é botúin chóipeála a rinne sé a leigheas. Níorbh iad a bhotúin chóipeála féin a cheartaigh sé i gcónaí ámh. Ba cheartúcháin ar bhotúin a thug sé leis as a eiseamláir cúpla botún dár cheartaigh sé, ceartúcháin a léiríonn gur chóir botúin a bhí i dtéacs Rawl. a cheartú agus cóip dhílis de á cóiriú aige.

Dealraíonn sé gurbh ann don tuiscint i measc scríobhaithe Gaelacha na linne gur chóir do scríobhaí eagarthóireacht a dhéanamh ar bhotún a d'aithneodh sé ina eiseamláir. Is í an tuiscint sin atá le baint as colafan a faightear sa lámhscríbhinn dá ngairthear ARÉ 3 C 19 a bhreac Risdéard Mac Muircheartaigh Ó Conchobhair sa mbliain 1590 (Walsh 1933:136–37; Bannerman 1986:108). Gabhann sé a leithscéal sa gcolafan as ucht aon locht atá ina shaothar agus impíonn sé ar scoláirí a léifidh a leabhar, atá oilte i gceird an scríobhaí, aon dearmad a rinne sé a ‘chertugad gan sgannail’ (Walsh 1933:136). Is cosúil chomh maith gur mheas an scríobhaí iomráiteach Mícheál Ó Cléirigh gur chuid dá cheird é botúin eiseamláire a cheartú. Bhreac sé cúpla colafan ina lámhscríbhinní a mheabhraigh dá léitheoirí nárbh é féin ba chionsiocair le locht a bheith ina chuid oibre ach a chinnirí a d’aithin de lorg na seanleabhar a leanacht focal ar fhocal (Plummer 1926:31; Breatnach 1999:15–16; Jennings 1936:49–67). Tugann a cholafain le tuiscint gur mhínádúrtha an modh oibre aige é gan aon eagarthóireacht a dhéanamh ar lochtanna a eiseamláire (Plummer 1926:31). Is léir ó na ceartúcháin a rinne Mac Niallais ar théacs Rawl. gur ghaire é do thuairim Uí Chléirigh ná dá chinnirí.

Tugtar tuairisc sa gcaibidil seo ar an eagarthóireacht a rinne Mac Niallais ar bhotúin a d’aithin sé i dtéacs Rawl.; déantar plé ar an modh eagarthóireachta a lean sé agus é á gceartú; ar ghaol a roghanna eagarthóireachta le lámhscríbhinní eile BCC, agus ar an léargas a thugann siad dúinn ar a fhoghlaim agus a léann. Ina theannta sin, pléitear na hathruithe is coitianta agus is córasaí a chuir sé ar litriú Rawl. agus déantar anailís ar na foirmeacha teanga ar fad a leasaigh sé nár lochtaigh agus nár leasaigh ciall ná éirim an téacs. Fiosraítear údar na leasuithe litrithe agus foirme agus déantar iarracht leasuithe comhfhiosacha Mhic Niallais a shéalú óna ndearna sé i ngan fhios dó féin.

5.2 Botúin a Ceartaíodh

Rinne Mac Niallais riar maith ceartúchán ar bhotúin a d'aithin sé i dtéacs Rawl. agus é i mbun cóipeála, gan chomhartha ná marc a léireodh a leasú dá léitheoirí. Is botúin chomóna scríobhaithe bunáite na mbotún a cheartaigh sé go ciúin. D'fhág sé gan breacadh litir, focal, nó frása iomarcach atá in Rawl. (Aguisín III:1.3; 1.4); chuir sé litir nó focal breise le téacs Rawl. san áit arbh fhollas a leithéid a bheith in easnamh (Aguisín III:1.1; 1.2); agus cheartaigh sé litriú nó foirm focail atá gan chéill in Rawl. (Aguisín III:1.5). Ba bhotúin iad seo ar fad a bhí sofheicthe socheartaithe ag an té a raibh scríobh agus léamh na Gaeilge aige agus ba bheag smaoineamh ná machnamh a cheartódh iad.

In ainneoin gur fánach na ceartúcháin a rinne Mac Niallais ar na botúin chomóna scríobhaithe atá in Rawl., tugann siad spléachadh dúinn ar an mbunphrionsabal eagarthóireachta a lean sé agus botún á cheartú aige. Ar aithint abairte gan chéill i dtéacs Rawl. dó, níorbh é athscríobh na habairte a rinne sé, ach an leasú ba lú a d'fhoilseodh a bhrí dá léitheoirí. Ní dhearna sé de cheartúchán ar *dittography* a d'aithin sé in Rawl. mar shampla, ach ceann de na focail a breacadh faoi dhó a fhágáil gan breacadh (Aguisín III:1.3). Chuir an prionsabal eagarthóireachta a lean Mac Niallais srian ar an rogha ceartúchán a bhí aige agus botúin chomóna scríobhaithe á gceartú aige.

Cheartaigh Mac Niallais botúin eile a d'aithin sé in Rawl. nach raibh chomh sofheicthe ná chomh socheartaithe céanna leis na botúin chomóna. Ba mhó a rogha ceartúchán agus cuid díobh á gceartú aige, agus ní bheadh botúin áirithe díobh feicthe aige murach a ghrinnléitheoireacht agus a eolas ar lochtanna filíochta. Déantar ceithre rannóg thíos de na ceartúcháin eile seo a rinne Mac Niallais. Is ar an gcineál leasaithe a rinne sé ar théacs Rawl. a bunaítear trí rannóg díobh (botúin easnaimh, breisbhotúin, agus botúin eile); agus cruinnítear i rannóg ar leith ceartúcháin áirithe a rinne sé ar fhilíocht an téacs (botúin fhilíochta). Tugtar tuairisc faoi chaon rannóg ar nádúr an bhotúin a cheartaigh Mac Niallais. Ina theannta sin, pléitear modh aimsithe na mbotún, na roghanna ceartaithe a bhí aige agus é á gceartú, agus gaol a rogha lena bhfuil i lámhscríbhinní eile BCC.

5.2.1 Botúin easnaimh

Tá sé abairt faoi leith i leabhar Mhic Niallais a bhfuil focal nó frása breise iontu le hais mar atá in Rawl. Is léir gur ar mhaithe le botún follasach atá in Rawl. a bhreac sé ábhar breise i gceithre abairt díobh agus is cosúil gur bhotún easnaimh a shíl sé a bheith sa téacs a thug air focal breise a bhreacadh sna habairtí eile.

Ní aontaíonn dhá cheartúchán a rinne Mac Niallais ar bhotúin fhollasacha Rawl. lena bhfuil i lámhscríbhinní eile BCC. Is easaontas é a thugann le tuiscint nach ar chóip eile de BCC a bhunaigh sé a cheartúcháin ach ar a thuiscint féin ar an réiteach ab fhearr a chuirfeadh abairtí fabhtacha na mbotún i gcéill dá léitheoirí. Is in §35 a rinne sé an chéad cheartúchán mar é:

Rawl.: .i.béaraid Eithne taebfhoda *ben* † feilimidh micfergosa §35:20:14
cendfhoda mic *conaill* † *gulban* mic neill noi.g. 7 *budh*
.c.c.aainm

A19: .i. **gen dobéarus** ethne thaobhfhada *bean* feilim mic fErgusa f.5v18
cendfhoda mic *conaill* .g. mic Neill. 9. *giallaigh* † .7 *budh*
colaim.c.aainm

Is cur síos ar thairngreacht a rinne Naomh Bríd ar theacht Cholm Cille atá in §35 agus is i mbéal na ban-naoimhe a cuirtear focail an tsampla thuas. Is cosúil gur léigh Mac Niallais an abairt dar tús ‘béaraid’ in Rawl. sular bhreac sé aon fhocal de ina leabhar féin. Ar léamh na habairte dó, ba léir dó go raibh an briathar *beiridh* gan chuspóir ina eiseamláir. Bíodh is gurbh éasca dó fabht Rawl. a aithint, ní taobh le rogha a bhí sé lena leigheas. Bhí rogha le déanamh i dtaobh ionad an chuspóra sa gclásal, agus b’éigean dó ainmfhocal a roghnú a d’inseodh an ní a bhéarfadh Eithne dá léitheoirí, *m.sh.* mac, macaomh, gein *srl.*

Ní aontaíonn roghanna Mhic Niallais leis na lámhscríbhinní eile de BCC a bhfuil §35 le feiceáil fós iontu, A8 agus C iv 3.¹ Is é *mac* is cuspóir don bhriathar in A8, agus é i ndeireadh an chlásail.² Is é *mac* atá ag Dáibhí Ó Duibhgeannáin chomh maith in C

¹ Feic caibidil a dó, 2.5 i dtaobh easnamh an ailt seo i lámhscríbhinní eile BCC.

² **A8:** *beiridh ethne taobhfhad † a bean feilim mic feargusa cEndfada mic .c.gulban. mac 7 budh † .c.c. aainm.*

iv 3, ach is i dtús an chlásail atá sé aigesean.³ Is díol suntais é gur ar cheann bhirín a cuireadh an t-ainmfhocal *mac* in A8. D’fhéadfadh sé, de bharr cheartúchán A8 agus easaontas na lámhscríbhinní, gur botún é seo a bhí sa leagan den téacs óna síolraíonn lámhscríbhinní uile BCC. Tháinig na scríobhaithe ar thrí leigheas ar an mbotún agus an téacs á sheachadadh, agus is cinnte gurbh é Mac Niallais údar leigheas díobh.⁴

Is i scéal faoi scaradh Cholm Cille le héanlaith Loch Feabhail atá an dara ceartúchán déanta ag Mac Niallais nach n-aontaíonn le lámhscríbhinní eile BCC. B’easaontas téacsúil atá in Rawl., seachas abairt gan chéill, a d’fhoilsigh an botún easnaimh seo dó is cosúil:

Rawl.: *ina intuirse dobí air ag | delugadh refailendaib 7 §192:194:27*
rehénlaithibh locha | gonadh and sin

A19: *ina antuirsi dobhi air ag dealugadh réfáoileannuibh | 7 re f.28r25*
hÉnlaithibh an locha conadh ann sin

Is cur síos ar bhuaireamh agus ar dhoilíos éanlaith Loch Feabhail faoi imeacht Cholm Cille atá in §192. Is i ngar de dheireadh an ailt atá an abairt a cheartaigh Mac Niallais sa sampla thuas. Bíodh is gurb inléite a bhfuil sa gcuid seo den téacs in Rawl., is follas óna dtagann roimhe sa scéal nach ar loch éiginnte atáthar ag trácht, ach ar Loch Feabhail. Is léir ó cheartúchán Mhic Niallais gur mheas sé gur bhotún é loch éiginnte Rawl. Bhí cúpla rogha aige chun an fabht a d’aithin sé a leigheas; d’fhéadfadh sé *Feabhail* a bhreacadh ar lorg fhoirm ghinidigh an locha, nó sin an t-alt a chur roimhe. Ba é an t-alt a roghnaigh sé mar cheartúchán in ainneoin gur *Locha Feabhail* atá i lámhscríbhinní eile BCC.⁵

Tuigtear ón dá cheartúchán thuas nach i muinín leagain eile de BCC a chuaigh Mac Niallais chun botún easnaimh a d’aithin sé i dtéacs Rawl. a leigheas. Níorbh é an ceartúchán a thiocfadh i ngaireacht do mheanma an údair ba chuspóir dá eagarthóireacht, ach an ceartúchán ba lú athrú ab fhearr a chuirfeadh téacs Rawl. i gcéill dá léitheoirí. Is díol spéise é dá réir sin go n-aontaíonn na ceartúcháin a rinne sé

³ **C iv 3:** *mac béarus eithne tháobh fada .i. bEn fhéilim meic fearghusa | cEmfada .7 budh .c.c. aainm.*

⁴ Ba é leagan A8 den scéal a lean eagarthóirí BCC.

⁵ **A8:** *locha feabail*; **C iv 3:** *locha feabail*; **23 K 40:** *locha feabhail*; **23 K 41:** *locha feabhail*; **23 O 70:** *locha feabhail*; **KI 19:** *locha feabhail*; **M 34:** *locha feabhail*.

ar dhá bhotún easnaimh a d'aithin sé leis an léamh atá i lámhscríbhinní eile BCC. Is i scéal faoi Cholm Cille in Árainn a feictear an chéad cheartúchán díobh sin:

Rawl.: Tabair lEhEat moco-chaiill dam | de ar.c.c.ní mEsti leam §156:158:31
 anuirEtsin dota | bairt duid de arEnne. Docuir.c.c.de iarsin |
 7 doshin artalumh e

A19: Tabair lEithiod moco-chuill damh de ar colam.c. | Ni mestti f.23v19
 lEm anoireadsin do tabairt duit de ar Énne. Dochuir
 colam.c. **achochall** de iarsin.7 doshín ar talamh é

Ar léamh na habairte dar tús ‘Docuir .c.c.’ in Rawl. do Mhac Niallais, ba léir dó go raibh easnamh eicint sa téacs. D’fhionn sé óna raibh léite agus scríofa roimhe sin aige gurbh é an frása ‘achochall’ a fágadh gan breacadh ach bhí rogha le déanamh aige i dtaobh ionad an fhrása easnaimh ina chóip. D’fhéadfadh an frása a bheith curtha ar lorg an fhorainm réamhfhoclaigh *de* aige, ach ba roimhe a bheartaigh sé a chur; rogha eagarthóireachta a aontaíonn lena bhfuil i lámhscríbhinní eile BCC.⁶

Ba rogha foirm a bhí ag Mac Niallais agus an dara ceartúchán a aontaíonn leis na lámhscríbhinní eile á dhéanamh aige:

Rawl.: Mardocuala anp | apa muindtir .c.c.donbaile dofurailse | §216:208:15
 allEcen inacend fEn

A19: Mur dochuala anPapa muinntir colaim.c.**do thEcht** f.30r2
 donbhaile dofurail se alegEn ina cEnn fen

Is scéal é §216 faoi thriúr cléireach a sheol Colm Cille chun na Róimhe le moladh a bhreac sé don Phápa. Ba é éigiall théacs Rawl. sa sampla thuas a d’fhoilsigh an botún do Mhac Niallais. Ba léir dó ó chomhthéacs an scéil gurbh é an t-ainm briathartha *teacht* a chuirfeadh abairt lochtach Rawl. i gcéill ach bhí rogha le déanamh aige i dtaobh fhoirm an ainm bhriathartha a d’úsáidfeadh sé. Luaitear cúig fhoirm leis an ainm briathartha in IGT III 5, agus baintear leas as trí fhoirm díobh sin in Rawl. Ba í

⁶ **A8:** a cochall; **C iv 3:** achochall iarsin de; **23 K 40:** a chochall de; **23 K 41:** a cochall de; **23 O 70:** a chochall de; **KI 19:** a chochall de; **M 34:** a chochall de.

an fhoirm is coitianta sa téacs, *teacht*, a roghnaigh sé, rogha a thagann le lámhscríbhinní eile BCC.⁷

Tugann an dá cheartúchán thuas le fios go bhféadfadh an modh eagarthóireachta a lean Mac Niallais agus botún á cheartú aige teacht ar an léamh céanna le lámhscríbhinní eile an téacs trí sheans. Léiríonn siad nach gá gurb ionann lámhscríbhinní a bheith ar aon léamh agus iad a bheith gar i ngaol.⁸

D'éirigh leis na ceithre cheartúchán a rinne Mac Niallais thuas brí a chur in abairtí éigiallacha Rawl. Ba cheartúcháin iad a chuir feabhas ar an téacs agus a bhronn leagan soléite de ar léitheoirí a leabhair. Níorbh amhlaidh an cás é le dhá cheartúchán eile a rinne sé ar an téacs. Ní botúin fhollasacha atá in Rawl. a spreag na ceartúcháin seo is cosúil, ach botúin a shíl sé a bheith sa téacs. Ba réamhfocal breise a chuir sé leis an téacs ar mhaithe leis an dá bhotún a cheartú:

Rawl.: Dobi **daen** | **dacht** 7 donáiri acruithnEchan ogradh natráth | §61:46:11
IEisinEspoc gortsaraigh ansalm airidhesi air

A19: Dobhi **do dhaEnnacht** .7 donaire agcruithneachan agradh f.8v22
na ttrath lesin Epscop gursháruigh anpsalm airidhesi air

Rawl.: anuair nach bia *dim* | gha dia orra inamodimghasa §116:110:6

A19: anuair nach biaidh diomgha | **ag** Dia orra na modiomgha sa f.17r9

Is cosúil gur chreid Mac Niallais gurbh é an focal *daonnacht* a bhí i gceist le ‘daendacht’ Rawl. sa gcéad sampla thuas. Níor chuimhnigh sé, mar a rinne eagarthóirí BCC, go bhféadfadh sé gurbh é *aondacht* (eDIL s.v. oendacht) a bhí roimhe agus é faoi réir ag an réamhfocal *de*. Chruthaigh an bhrí a bhain sé as an bhfocal botún sa téacs; botún a cheartaigh sé nuair a chuir sé réamhfocal breise leis.

B’fhoirm mhalartach a bhíonn ag an ainmfhocal *dia* sa TG uatha in Rawl. a thug ar Mhac Niallais an dara ceartúchán a dhéanamh is cosúil. Dealraíonn sé nár aontaigh sé leis an úsáid a baintear as *dia* mar ghinideach in Rawl. agus mheas sé gur dearmad

⁷ **A8:** do thEcht; **C iv 3:** do thEcht; **23 K 40:** do theacht; **23 K 41:** do teacht; **23 O 70:** do thEcht; **KI 19:** do theacht; **M 34:** do theacht.

⁸ Faightear tuairisc ar an tionchar a bheadh ag ceartúcháin mar iad ar theoiric an *stemma* in d’Avray (2012).

a leithéid sa sampla thuas. Bhí rogha le déanamh aige chun an botún a chruthaigh a thuiscint a leigheas; d'fhéadfadh sé foirm an ainmfhocail a leasú, mar a rinne sé in ionaid eile sa téacs,⁹ nó sin ábhar breise a chur leis an téacs a chuirfeadh an fhoirm lochtach i gcéill. Ba í an dara rogha a roghain.

Is léiriú iad an dá cheartúchán seo a rinne Mac Niallais ar an tionchar a bhíonn ag grinnléitheoireacht scríobhaí ar sheachadadh téacs. Bíodh is gurbh í an tsoiléireacht agus an cruinncheartú ba thoradh ar a ghrinnléitheoireacht de ghnáth, d'fhéadfaí botún nach raibh sa téacs a chruthú dá bharr chomh maith.

5.2.2 Breisbhotúin

Cheartaigh Mac Niallais dhá bhreisbhotún a d'aithin sé in Rawl. nach ionann an réiteach a bhí aige orthu leis na breisbhotúin shofheicthe shocheartaithe a leigheas sé (Aguisín III:1.3; 1.4). Murab ionann agus na ceartúcháin úd, d'fhágfaí gan chéill an téacs mura ndéanfadh sé de cheartú ach an focal nó an frása breise lochtach a d'aithin sé a fhágáil gan breacadh. B'éigean dó na clásail inar aimsigh sé na botúin seo a athscríobh ar mhaithe lena gceartú. Is in §33 a feictear an chéad cheartúchán díobh déanta aige:

Rawl.: goticfad † daine *budhm*Esa inaiad féin *inaninad ar ind* † §33:18:27
samail nalocrand 7 *nacoinnel darlabrumar roimhe* † so 7
nadiaidh 7 *nac*Eith donchrEidemh *arbEthugadh* † acu *acht*
indshamail ansmÉroidigh araraibe an † *smal* 7 *ancEo nogotí*
mac nasoillsi suthaine

A19: *gottiucfadh* daoíni *budh* mEsa inaiad féin ina *nionad ar* f.5v3
ionnshamail nalochrann .7 *naccoindel* † *darlabrumar roimhe*
 so .7 **na diaigh sin** nach beth don *creidEm arbEthugadh*
acht ionnsamail ansmearóidigh cona smál.7 fa cEó¹⁰ *nogo ti*
 † *mac na soillsi suthaine*

Ba é an frása gan chéill atá in Rawl., ‘na diaidh’, agus an cónasc a leanann é, a spreag Mac Niallais chun ceartaithe sa sampla thuas. B'éasca dó a aithint gur bheag ciall a

⁹ Feic lth 240 thíos.

¹⁰ Pléitear leasú seo Mhic Niallais i gcaibidil a sé, 6.6.

bhí leis na focail, ach ní raibh sé de rogha aige iad a ghlanadh as an téacs. Ba léir gur theastaigh frása eicínt chun an dá smaoineamh a luaitear sa gcuid seo den téacs a scaradh óna chéile. Bheartaigh sé dá réir sin leasú fánach a chur ar fhocail dholéite Rawl. Ghlan sé an cónasc atá ar lorg *ina dhiaidh* as an téacs agus chuir sé ‘sin’ ina ionad.

Ní aontaíonn ceartúchán Mhic Niallais le ceachtar de na lámhscríbhinní eile a bhfuil §33 iontu, A8 agus C iv 3.¹¹ Níor cheartaigh Dáibhí Ó Duibhgeannáin an botún agus C iv 3 á breacadh aige, agus ní ann don bhotún in A8 de bharr chlásail bhreise atá inti a thagann roimh na focail lochtacha a cheartaigh Mac Niallais.¹² Thiocfadh sé go raibh an clásal breise seo atá in A8 in eiseamláir na cóipe sin agus sa gcóip den téacs ar ar bunaíodh Rawl. Mhíneodh a leithéid de chlásal na focail gan chéill atá in Rawl., agus is dócha gurbh é a chailleadh nó a leasú ba chionsiocair leis an mbotún a cheartaigh Mac Niallais.

Is maith an léiriú é ceartúchán seo Mhic Niallais ar bhunchuspóir a chuid eagarthóireachta. Is léir gur thug sé faoi deara go raibh dearmad in Rawl., ach ní cosúil go ndeachaigh sé i muinín aon chóip eile de BCC lena cheartú. Níorbh iad focail údar an téacs a theastaigh uaidh a sholáthar dá léitheoirí, ach leagan soléite den téacs a bhí roimhe in Rawl. Léirigh sé an neamhshuim chéanna i bhfocal an údair sa gceartúchán a rinne sé ar an dara breisbhotún a d’aithin sé:

Rawl.: Dobi nEch airidhe analpain afad *tar*Éis ba † ís.c.c.ag dul §433:452:25
arsruth notaraphaind 7 m † ala leabur aramuin 7 dobEn escor
donnEc † ar araibe seindus corbaitheadh e

A19: Baoí neach áiridhe anAlbain abfad *tar*Éis bháis colaim.c. ag f.61r24
dul tar¹³ sruth no *tar* abhainn .7 mála leabur ar amhuin .7 †
dobhEn Escor **dó ionnus gur báidheadh é**

Is ionann an sampla thuas agus an chéad dá abairt den scéal atá in §433. Tráchtar sa scéal úd ar óglach Albanach a chuaigh ar aistear ar mhuin capaill agus mála leabhar ar a dhroim aige. Leagadh an capall agus iad ag dul thar abhainn. Bádh an t-óglach, agus

¹¹ Tá §33 ar iarraidh in **23 K 40**, **23 K 41**, **23 O 70**, **KI 19**, agus in **M 34**, feic caibidil a dó, 2.5.

¹² **A8:** roimhe so .7 mur do † oghebhdis nadaoine sin bás nachticfadh † *acht* drochdaoine *atuaith* .7 acill *inadhiaigh* .7 nachbEth donchrEidim [...] *airaroibe ansma † l .7 anceo sin*.

¹³ Pléitear malairtí mar é seo i gcaibidil a sé, 6.3.

ní frítheadh é féin ná a mhála leabhar go ceann scór lá ina dhiaidh sin. Ba lofa doiléir doléite a raibh de bhileoga sa mála ar a bhfáil ach aon bhileog amháin díobh a bhreac Colm Cille; bileog a bhí chomh glan gléineach agus a bhí riamh.¹⁴

Is é an frása réamhfhoclach ‘donneach’ an t-aon áit amháin in §433 a luaitear gur ar mhuintir capaill a bhí an t-óglaich agus é ag dul thar abhainn. Is deacair a rá an i ndearmad a breacadh dhá *n* sa bhfrása in Rawl. nó an ionann *n* díobh agus urú.¹⁵ Is léir gur cheil a litriú a bhunbhrí ar Mhac Niallais agus gur chreid seisean gur don neach a luadh sa gcéad líne den scéal a thagraíonn sé. Ba bheag an chiall a bhí leis an gclásal ‘doEn escor donnEc | ar araibe se’ de bharr a chreidiúna, agus cheartaigh sé an téacs dá réir. Ghlan sé an clásal as an téacs agus chuir sé an forainm réamhfhoclach *dó* ina áit. Chuir sé athrú beag ar scéal an óglaigh bhoicht i ngan fhios dó féin. Is ar mhuintir capaill a chuaigh sé thar abhainn in Rawl. ach is de shiúl na gcos a rinne sé amhlaidh i gcóip Mhic Niallais.

Is tráthúil an ní é gur cosúil go ndeachaigh an clásal céanna ó mheabhair ar scríobhaithe eile BCC. Bíodh is gur tuigeadh in A8 gur *each* atá i gceist sa scéal,¹⁶ is léir ón leagan den scéal atá i lámhscríbhinní eile BCC go ndearna scríobhaithe eile *neach* de *each* an téacs chomh maith.¹⁷ Ina dteannta siúd, ba é léamh Mhic Niallais ar an scéal a bhí ag eagarthóirí BCC sa mBéarla a chuir siad ar an gclásal ‘he fell and was drowned’, léamh a ndéantar tagairt dó san eDIL (s.v. benaid). Is léiriú eile fós iad na hathruithe ar fad a cuireadh ar an gclásal seo ar an tionchar a bhíonn ag léamh scríobhaithe agus eagarthóirí ar sheachadadh téacs.

5.2.3 Botúin eile

Leasaigh Mac Niallais foirmeacha teanga áirithe atá in Rawl. ar cosúil gur ceartúcháin iad ar bhotúin a d’aimsigh sé sa téacs. Ba é a ghrinnstaidéar ar théacs a eiseamláire a spreag na ceartúcháin seo. Is ceartúcháin iad a leigheasann easaontas téacsúil a d’aithin sé idir abairtí inléite áirithe in Rawl. agus an scéal a bhfuil siad ann. Déantar dhá

¹⁴ Faightear an scéal céanna sa *VitaCol* (ii:8).

¹⁵ Feictear frása réamhfhoclach mar é i dtéacs faoi ghalair each atá i lámhscríbhinn a breacadh sa gcéad leath den séú haois déag: ‘don n-ech’ (Ó Cuív 1952a:52). Is iondúil *n* roimh ghuta atá faoi réir ag *don* in *SSA* (xix).

¹⁶ **A8**: doneach araroibe.

¹⁷ **C iv 3**: tarla lEgadh don óglaoch ar a raibhe an mála | ionnus gur lEgeth .7 gur báitheth é; **23 O 70**: tharla tuisleadh don óglaich, iondus gur leagadh, | 7 gur bathadh é; **KI 19**: tharla tuisleadh don óglaich, ionnus gur leagadh | Et gur báthadh e; **M 34**: tharla tuisle | don ógláoch, ionnas gur leagadh 7 gur báthadh é; **23 K 40**: [ar iarraidh]; **23 K 41**: [ar iarraidh].

rannóg thíos de na ceartúcháin seo bunaithe ar an gcineál leasaithe a rinne Mac Niallais; (a) rinne sé focal uatha d'fhocal iolra; agus (b) d'athraigh sé pearsa focail.

(a) Uimhir

Rawl.: Et adubairt † .c.c. rebairthin conderna se coimhríacht † ain §236:238:8
 rEnamháthar [...] tainEc androchdu † ine sin inafhiadhnaise
 [...] do adaimh se afiadhnaise caic condEr † na sé
napEchaidh sin amail adubairt.c.c. **an** ¹⁸ **denamh** dó

A19: Et adubhairt † colam.c. re báoithin gondearna sésiumh f.34r10
 coimhriachtain re na mathair [...] táinig androchduine sin ina
 fiadhnaise [...] doadaimh se abfiadhnaise caich gondearna sé **an**
 † **peacadh** sin amail adubairt colam.c.a **dhEnamh** dó.

Tráchtar in §236 ar dhrochdhuine a raibh peaca déanta aige a tháinig chomh fada le Colm Cille go hÍ. Bhí fios a pheaca ag Colm Cille sular labhair sé leis, agus roinn sé a fhios le Baoithín sular tháinig an drochdhuine chun an oileáin. Nuair a labhair an drochdhuine le Colm Cille faoi dheireadh, deirtear i dtéacs Rawl. gur admhaigh sé go ndearna sé na peacaí a d'inis Colm Cille do Bhaoithín a bheith déanta aige.

Ba é líon peacaí an drochdhuine a luaitear sa scéal a ghoin ar aire Mhic Niallais agus an chuid seo de théacs Rawl. á bhreacadh aige. Níor inis Colm Cille do Bhaoithín ach aon pheaca amháin a bhí déanta ag an drochdhuine agus ní luaitear go ndearna sé aon pheaca eile ach é sa scéal seachas an abairt a cheartaigh Mac Niallais sa sampla thuas. Dealraíonn sé gur mheas Mac Niallais gur i ndearmad a rinneadh amhlaidh in Rawl., agus leasaigh sé uimhir an ailt, agus na haidiachta sealbhaí dá réir.

Bhí ciall agus loighic leis an gceartúchán a rinne Mac Niallais ar scéal §236. Ba cheartúchán é a bheachtaigh an scéal agus a chuir feabhas ar an téacs dá réir. Leasaigh sé uimhir thrí fhocal eile atá in Rawl. nach féidir a rá fúthu gur ceartúcháin chun feabhais iad. Is cosúil gur cheartúcháin iad ar bhotúin a chruthaigh léamh Mhic Niallais féin ar an téacs, seachas easaontas téacsúil atá in Rawl. Thug a léamh féin ar scéal §257 air, uimhir ainmfhocail atá in Rawl. a leasú:

¹⁸ Athrú colúin in Rawl.

Rawl.: docondcatar issu crist gonaEspulaibh | 7 ancúirt ainglidhe 7 §257:260:14
 martain. naom.tha | 7 .c.c. inacorp daenna nacoraíd timchell |
 macairius 7 fagnathach do.c.c. beith ina | corp daenna faris
 nahainglib

A19: doconncatar Iosu criost cona apstalaibh .7 anchúirt ainglidhi f.37r16
 .7 Martain naomh¹⁹ .7 colam.c. ina **corpaibh** daÉnna |
 nacoraíd timceall Macarius .7 fa gnathach docolam.c.
 bheth ina corp dhaÉnna fáris nahainglibh

Is léir óna ndearna Mac Niallais leis an bhfocal *corp* sa sampla thuas gur chreid sé gur do na daoine ar fad a bhí i dteannta Íosa a thagraíonn an frása ‘inacorp daenna’. De bharr a thuisceana, mheas sé gur i ndearmad a breacadh *corp* seachas *corpaibh* in Rawl. agus cheartaigh sé an botún dá réir. Is féidir an frása a cheartaigh sé a léamh ar bhealach eile ar ndóigh. D’fhéadfaí glacadh leis gur do Cholm Cille amháin a thagraíonn an frása. Mhíneodh an léamh sin an blogam cainte atá ar a lorg sa téacs áit a ndeirtear gur mhinic le Colm Cille a bheith ina chorp daonna i measc na n-aingeal. Ceal séimhiú ná urú a bheith ar *corp* in Rawl. ní féidir a rá cé acu léamh ab fhearr.

Is in aon abairt atá in §105 a feictear na ceartúcháin eile déanta ag Mac Niallais ar uimhir focail atá sa téacs:

Rawl.: dotinoil se lan alamhainde dobEchaibh 7 tuc | **dacoimed** §105:98:28
 dobaithin **hí**

A19: dothionoil se lán alamhainne | dobheachaibh .7 tug **da** f.15v10
gcoiméad dobhaEithin **íad**

Is é an t-ainmfhocal *lámhann* téarma an fhorainm *í* agus na haidiachta sealbhaí *dá* in Rawl. sa sampla thuas. Ar chúis eicint nach follas, mheas Mac Niallais gurbh fhearr gurbh iad na beacha seachas an lámhainn a thabharfadh na forainmneacha chun cuimhne. Chuir sé urú ar an ainm briathartha *coimhéad* dá bharr agus rinne sé *iad* de *í* Rawl.

¹⁹ Pléitear leasuithe mar é seo i gcaibidil a sé, 6.3.

Thiocfadh sé gurbh é an t-ainm briathartha lom, *coimhhead*, a thug ar Mhac Niallais na foirmeacha a leasú. D'fhéadfadh sé nach raibh an forainm cuspóireach *í* feicthe aige agus *coimhhead* á bhreacadh aige, agus gur i ndearmad a bhreac sé an t-urú. Nuair a léigh sé an forainm cuspóireach *í* faoi dheireadh, roghnaigh sé an forainm a leasú seachas an t-urú a bhreac sé go dearmadach a ghlanadh as a leabhar. Fiú más dearmad a spreag leasuithe seo Mhic Niallais, ba chinneadh comhfhiosach é na forainmneacha a leasú. Is cinnte gur chreid sé gurbh fhearr a léamh féin ar an scéal, ach is deacair údar a chreidiúna a thuiscint.

(b) Pearsa

Rawl.: dobudh mían **lium** bEith aboss §355:386:19

A19: dobudh mian **linn** bheth abfoss f.53r16

Is leagan den scéal *Merugud Cléirech Choluim Chille* atá in §355. Is i mbéal na gcléireach a cuirtear an laoi a leasaigh Mac Niallais sa sampla thuas. Is sa tríú pearsa iolra atá na forainmneacha uilig atá sa laoi in Rawl. seachas an forainm réamhfhoclach a cheartaigh sé sa sampla thuas. Is léir gur chreid sé gur i ndearmad a breacadh ‘lium’ seachas *linn* in Rawl., agus cheartaigh sé an forainm dá réir. Ba bhotún é nach mbeadh feicthe aige murach a ghrinneas, agus a thuiscint ar an scéal a bhí á bhreacadh aige.

5.2.4 Botúin fhilíochta

Is ar eolas Mhic Niallais ar cheartscríobh na Gaeilge agus ar a ghrinnléitheoireacht a bhrath na ceartúcháin agus na leasuithe ar fad a pléadh thuas. D'aithin sé agus cheartaigh sé ceithre bhotún eile atá in Rawl. nach mbeadh tugtha faoi deara murach a eolas ar lochtanna filíochta. Ba lochtanna a bhaineann leis an líon siollaí is cóir i líne, *rofhad* agus *roghirre* (Ní Dhomhnaill 1975:66), a d'fhoilsigh dhá bhotún dár cheartaigh sé dó:

Rawl.: Son **agotha.c.c.** mór abinde osgach clEr. §62:46:26

goce | ann .u.c.x. ceimend. aidble rEmend eadh barEil

A19: Songotha.c.c. morabhindi osgach clér. f.8v29

gocEnn .u.c.x.cemEnn. aidble rEmEnn Edh bareil

Rawl.: Geinfid macam diafine. budh | saí budh faid bud file. inmain §25:12:19
lesbairi gle | nadeibera imargae

A19: Genfid macam diafine. budh saoid budh faid budh file. f.4v8
ionmain lEsbaire glan gle. nadebEra iomargae

Is cosúil gur thug Mac Niallais faoi deara gur seacht siolla atá i chuile líne de na ranna thuas in Rawl. ach amháin na línte siúd a cheartaigh sé. Is léir nár theastaigh uaidh go mbeadh an locht céanna le fáil ar théacs a leabhairsean agus chinn sé na ranna a cheartú. Ba é an bunphrionsabal eagarthóireachta a facthas thuas a lean sé agus líon siollaí na ranna á gceartú aige. Níorbh é a n-athscríobh a rinne sé, ach an leasú ba lú a d'fhágfadh seacht siolla in chaon líne. Ba bheag rogha ceartaithe a bhí aige agus siolla á ghlanadh as an gcéad sampla thuas aige, ach b'éigean dó géarmhachnamh a dhéanamh ar fhocal caoi a thabharfadh an seachtú siolla dó sa dara sampla. Is díol suntais é go n-aontaíonn an focal a roghnaigh sé leis an bhfocal atá i lámhscríbhinní eile BCC a bhfuil an rann seo iontu,²⁰ agus leis an leagan den rann céanna seo atá in *MeánBCC* (224:138).

Is iomaí sin míniú a d'fhéadfaí a thabhairt ar an rogha a rinne Mac Niallais. D'fhéadfadh sé, mar a chreideann Breatnach (2007:135), gur bhain sé leas as foinse eicínt eile chun an botún a leigheas. Tharlódh sé gur rann a léigh sé i leabhar eile a spreag a rogha agus gur óna chuimhne a tharraing sé an focal easnaimh. Thiocfadh sé chomh maith céanna gur rann atá in §159 de BCC féin a threoraigh a rogha. Is rann é atá beagán níos faide amach sa téacs ná ionad an cheartúcháin ach a bhfuil an focal ceannann céanna a roghnaigh Mac Niallais i ndeireadh líne ann: 'g | lan gle' §159:168:25. Bíodh is go bhféadfadh sé gur as foinse eicínt eile seachas BCC a tharraing sé a cheartúchán, ní féidir a bheith cinnte de.

Aontaíonn an ceartúchán eile a rinne Mac Niallais ar bhotún filíochta lena bhfuil in A8,²¹ agus le leagan den rann céanna atá in *MeánBCC* (224:143):

Rawl.: bidbuan is bid bithmaith | ronbia an**bithfaith** diadidhnad §25:12:22

A19: bid buan is bid biothmaith. ronbia an**bithflaith** diadiodhnadh f.4v9

²⁰A8: glan glé; C iv 3: glan gle; KI 19: [in easnamh]; M 34: [in easnamh]. Tá §25 ar iarraidh in 23 K 40, 23 K 41, 23 O 70, feic caibidil a dó, 2.5.

²¹A8: anbithflaith; C iv 3: ronbía saor la gach flaith; KI 19: [in easnamh]; M 34: [in easnamh]. Tá §25 ar iarraidh in 23 K 40, 23 K 41, agus 23 O 70, feic caibidil a dó, 2.5.

In ainneoin go bhféadfadh sé gur ó fhoirse eile a tharraing Mac Niallais an ceartúchán seo, mar a mheas Breatnach (2007:135), is é is dóichí é, dar liom, nárbh amhlaidh an cás é. Níorbh é líon siollaí na líne a d'fhoilsigh an botún seo do Mhac Niallais, ach ceal comhardaidh a bheith idir na focail 'bithmaith' agus 'bithfaith' in Rawl. Ní bheadh an botún tugtha faoi deara aige murach gur thuig sé nár shlán don chomhardadh. Is beag seans go ngabhfadh sé ar thóir an rainn i bhfoirse eicint eile mura mbeadh an botún feicthe aige. An té a d'fheicfeadh an botún, bheadh fios a chirt aige.

Léiríonn na ceartúcháin ar fad a rinne Mac Niallais ar fhilíocht an téacs thuas go raibh barrthuairisc aige ar rialacha na filíochta agus gur bhain sé leas as a fhios chun botúin a aithint in Rawl. Rinne sé aon leasú lochtach amháin ar fhilíocht an téacs a léiríonn go raibh tionchar ag srian na meadarachta ar a rogha ceartúchán:

Rawl.: Damadh uile alba uile. oata | abroine goabile. §279:294:3
dobudh fhErr lium áit | tighe. agam arlar caomhdoire

A19: Damad mile Alba uile. oata abroine goabile. f.41v6
dobudh fearr liom áit tighe. agam ar lar caomhdoire

Is cosúil gur botún truaillithe a rinneadh in Rawl. a chuir an rann thuas ó chéill. B'éasca do Mhac Niallais an botún a aithint, ach ba dheacair dó teacht ar cheartúchán sásúil agus é faoi chuing na meadarachta. Is é *liom* atá in ionad *uile* Rawl. i lámhscríbhinní eile BCC,²² ní a léiríonn nach i muinín leagain eile den téacs a chuaigh Mac Niallais chun focal a d'fheilfeadh don rann lochtach a roghnú. Bheartaigh sé, ar chúis eicint, gan de dhánacht a dhéanamh ar fhocal lochtach Rawl. ach aon litir amháin a athrú ann. Ba chinneadh é nár leigheas fabht céille an rainn.

5.2.5 Droch-cheartúchán

Is iondúil gur éirigh le Mac Niallais fabht a bhí in Rawl. a cheartú go cruinn tomhaiste. Is léir ámh ón mbotún filíochta a cheartaigh sé thuas nárbh amhlaidh an cás i gcónaí é. Cheartaigh sé aon bhotún amháin eile atá in Rawl. ar bhotún nua seachas ceartúchán ba thoradh air:

²² **A8:** lium alba; **C iv 3:** lium alba; **23 K 40:** liom Alba; **23 K 41:** liom Alba; **23 O 70:** liom alba; **KI 19:** liom alba; **M 34:** liom alba.

Rawl.: nach raibe sambith ní risnarchomholc † IEs coill doire doire §89:84:13
dogErradh

A19: nach roibhi sambioth ni ris nar comholc les † **buáin dia** f.13v25
gErradh coill doire

Is cosúil go ndearnadh dhá bhotún sa gcuid seo den téacs in Rawl.: breacadh faoi dhó an t-ainmfhocal *doire* de bharr *dittography* agus fágadh *ioná* gan breacadh. Ba bhotúin iad nach ndearnadh i lámhscríbhinní eile BCC.²³ Is léir gur aithin Mac Niallais botún Rawl. agus go ndearna sé iarracht an frása lochtach a athscríobh gan féachaint ar aon leagan eile den téacs. Is deacair aon mheabhair a bhaint as a iarracht. D'éirigh leis *dittography* Rawl. a ghlanadh as a théacs féin, ach chuir sé ainm briathartha eile gan chéill leis an téacs gan údar. Ba é toradh a iarrachta gurbh abairt gan chéill a bhreac sé mar cheartúchán ar abairt dholéite Rawl.

5.3 An Teanga

Is follas ó na samplaí ar fad den dá lámhscríbhinn a facthas go dtí seo nárbh é córas litrithe Rawl. a lean Mac Niallais de ghnáth. D'athraigh sé cuid mhaith foirmeacha teanga sa téacs chomh maith agus is léir go raibh sé de nós aige foirm mhalartach a bhreacadh thar ceann fhoirm a eiseamláire. Facthas sna ceartúcháin a rinne sé ar a bhotúin féin i gcaibidil a ceathair gur go neamh-chomhfhiosach a bhreac sé foirmeacha mar iad uaireanta.²⁴ D'fhéadfaí glacadh leis gur botún chuile fhoirm mhalartach a bhreac Mac Niallais ach meabhraíonn a eagarthóireacht ar bhotúin fhollasacha Rawl. dúinn go bhféadfadh sé gur cheartúcháin cuid díobh. Léiríodh i gcaibidil a trí nach leantar go dlúth le caighdeán na Gaeilge Clasaicí i dtéacs Rawl. agus thiocthadh sé gur chreid sé nár shlán d'fhoirmeacha áirithe.

Tugtar tuairisc thíos ar na leasuithe is coitianta agus is córasaí a rinne Mac Niallais ar an litriú, chomh maith le tuairisc chuimsitheach ar na hathruithe ar fad a chuir sé ar fhoirmeacha teanga an téacs. Cuirtear i gcomparáid a chuid leasuithe leis an gcóras teanga atá i dtéacs Rawl. a pléadh i gcaibidil a trí; léirítear an t-athrú a chuir

²³ **A8:** ní umeasa IEis † *ná* coill dhoire dogearradh; **C iv 3:** ní nar chomholc IEis na coill doire doghearreth; **23 K 40:** ní *budh* measa IEis no coill † doire do ghErradh; **23 K 41:** ní *budh* measa † leis no coill doire do ghErradh; **23 O 70:** ní *budh* measa leis na coill dhoire † do ghearradh; **KI 19:** ní ar bith *budh* mheasa leis ná coill doire do ghearra; **M 34:** nídh ar bith badh † measa leis na coill doire do ghearra.

²⁴ Feic caibidil a ceathair, 4.5.

leasuithe Mhic Niallais ar chóras Rawl.; tarraingítear aird ar na leasuithe coitianta a rinne sé; agus fiosraítear an go comhfhiosach nó i ngan fhios dó féin a rinne sé iad.

Cuirtear athrú de bheagán ar ghnáthmhodh eagarthóireachta na dtrascríbhinní sna samplaí a tugtar san aonad seo. Scartar na focail i samplaí ar lú ná ceithre fhocal atá iontu agus ní breactar an comhartha | i samplaí mar iad ach oiread. Filltear ar an ngnáthchóras eagarthóireachta san áit ar mó ná trí fhocal atá sa sampla. Cuirtear faoi chló trom na litreacha a leasaigh Mac Niallais, a d'fhág sé gan breacadh, nó a chuir sé le focal sa téacs. Ní déantar amhlaidh le foirmeacha teanga a leasaigh sé ach san áit ar mó ná trí fhocal atá sa sampla.

5.3.1 An litriú

Is beag líne de théacs Rawl. nár leasaigh Mac Niallais a litriú. Thabharfadh líonmhaireacht a leasuithe le tuiscint gur chinneadh eagarthóireachta é gan cloí go docht daingean le litriú a eiseamláire. Níor lean sé go buan ná go córasach lena leasuithe litrithe agus ba é litriú a eiseamláire a bhreac sé uaireanta. Faightear meascán litrithe in A19 dá bharr, an litriú atá in Rawl., agus an córas litrithe a chinn Mac Niallais a leanacht.

In ainneoin neamhbhuaine chóras litrithe Mhic Niallais, feictear patrún soiléir sna leasuithe is coitianta agus is córasaí a rinne sé. Is iondúil go nglanann sé litriú ársa atá in Rawl. as an téacs, leasaíonn sé litriú nach dtagann le gnás litrithe na Nua-Ghaeilge Clasaicí, agus baineann sé leas as malairtí litrithe áirithe a bhí forleathan i dtéacsanna próis a linne. Tugtar léargas thíos ar na leasuithe is coitianta agus is córasaí a rinne Mac Niallais ar litriú an téacs agus déantar iarracht eolas a chur ar an gcóras litrithe a chinn sé a leanacht.

5.3.1.1 Consain

(a) Is minic *b*, *d* nó *tt*, *g* nó *cc*, déanta ag Mac Niallais de *p*, *t*, *c* atá idir gutaí, tar éis guta, i ndeireadh focail, nó mar chuid de charn consan in Rawl., *m.sh.*:

$$b = p^{25}$$

<i>Rawl.:</i>	<u>alpa§45:32:9</u>	<u>cairpri§94:88:25</u>	<u>popal§109:100:28</u>
<i>A19:</i>	<i>Alba f.7r17</i> ²⁶	<i>cairbre f.14r31</i>	<i>pobal f.13v31</i>

²⁵ Déanann sé a mhalairt d'athrú uaireanta, *m.sh.* *poipleach f.5v24 = poiiblEch§36:20:28*, *scrioptúir f.9v25 = scribtuir§68:54:4*.

²⁶ Ní bhíonn *alpa*, *alpain* ná *alpan* in aon áit ag Mac Niallais.

<i>Rawl.:</i> <u>sprEite§11:6:13</u>	<u>taispenadh§87:80:30</u>	<u>aspert§138:140:3</u>
<i>A19:</i> <u>sbréite f.3v17</u>	<u>taisbeanadh f.13v1</u>	<u>asbert f.21r15</u>

$$d = t^{27}$$

<i>Rawl.:</i> <u>do batar§204:200:11</u>	<u>ríata§197:196:29</u>	<u>bocht§85:76:34</u>
<i>A19:</i> <u>do bhádur f.28v29</u>	<u>riada f.28v7</u>	<u>bochd f.13r1</u>

$$tt = t$$

<i>Rawl.:</i> <u>do batar§66:50:40</u>	<u>mainistrEch§229:230:34</u>	<u>lucht§30:16:7</u>
<i>A19:</i> <u>do bháttar f.9v4</u>	<u>mainisttreach f.33r10</u>	<u>luchtt f.5r3</u>

$$g = c^{28}$$

<i>Rawl.:</i> <u>ac§25:12:6</u>	<u>scel§125:122:39</u>	<u>tainic§18:8:21</u>
<i>A19:</i> <u>ag f.4v1</u>	<u>sgeal f.19r7</u>	<u>tainig f.4r10</u>

$$cc = c$$

<i>Rawl.:</i> <u>Eclaisi§119:112:22</u>	<u>scel§216:206:32</u>	<u>taínic§119:112:20</u>
<i>A19:</i> <u>ecclaise f.17r33</u>	<u>sccéal f.29v26</u>	<u>tainicc f.17r32</u>

Déanann sé *ngc* de *nc* atá in Rawl. uaireanta chomh maith *m.sh.*:

$$ngc = nc$$

<i>Rawl.:</i> <u>ponc§64:50:10</u>	<u>ancaire§142:144:35</u>	<u>cincísse§359:406:29</u>
<i>A19:</i> <u>pong f.9r23</u>	<u>angcaire f.21v23</u>	<u>cingcise f.55v</u>

Is léir ó na samplaí thuas gurbh ionann ag Mac Niallais *tt* agus *d*, agus *cc* agus *g*. Is minic dá bharr sin *tt* a bheith aigesean san áit a bhfuil *d* in Rawl., agus *g* a bheith aige thar ceann *cc*, *m.sh.*:

$$g = cc$$

<i>Rawl.:</i> <u>bEcc§53:42:12</u>	<u>do fhaccaib§109:102:4</u>	<u>cuiacce§132:132:2</u>
<i>A19:</i> <u>bEg f.8r26</u>	<u>do fagaibh f.16r1</u>	<u>cuiigi f.20r18</u>

$$tt = d$$

<i>Rawl.:</i> <u>sdoirm§230:232:9</u>	<u>do cuadur§219:214:3</u>	<u>íad§285:302:14</u>
<i>A19:</i> <u>sttoirm f.33r19</u>	<u>do cuattar f.30v20</u>	<u>iatt f.42v26</u>

²⁷ Déanann sé a mhalairt d'athrú uaireanta, *m.sh.* *airgeat f.10v31* = *airgead§75:62:2*, nar fhEdadur *f.34v30* = nar fhédatar§240:244:4.

²⁸ Ní faightear aon sampla de *c* a bheith déanta ag Mac Niallais de *g*.

Is suntasach an ní é gur cosúil go raibh tionchar ag dearadh a leabhair ar an gcinneadh a dhéanfadh sé *tt* nó *d* a bhreacadh san áit a bhfuil *d* nó *t* i ndeireadh focail in Rawl. Tá sé shampla dhéag de *tt* ag Mac Niallais i bhfocal atá i ndeireadh líne ina leabhar san áit a bhfuil *t* nó *d* sa bhfocal céanna in Rawl.²⁹ Thiocfadh sé go raibh feidhm phraiticiúil le litriú na heiseamláire a leasú sna cásanna seo de bhrí gurbh fhearr a líonfadh *tt* an bán ná *d* nó *t*.³⁰

Is cosúil chomh maith gurbh é dearadh a leabhair a thug air *-ntt* a bhreacadh thar ceann *-nd* Rawl. in aon ionad amháin ina leabhar: colaintt *f.60r14* = colaind§411:442:23. Is i ndeireadh rann filíochta atá an focal *colainn*, agus is i ndeireadh líne atá sé i leabhar Mhic Niallais. Tá rann eile ar lorg an fhocail sa téacs agus is léir gur theastaigh ó Mhac Niallais go dtosódh an rann nua ar cheann líne. Is mó den bhán a líonfadh *-ntt* ná *nd*, nó *nn*, mar a bhíonn aige thar ceann *nd* Rawl. de ghnáth, *m.sh.*:

nn = nd

<i>Rawl.:</i>	<u>buind</u> §85:76:22	<u>cland</u> §93:88:21	<u>muind</u> tire§95:90:29
<i>A19:</i>	<u>buinn</u> <i>f.12v30</i>	<u>clann</u> <i>f.14r29</i>	<u>muinntire</u> <i>f.14v19</i>
<i>Rawl.:</i>	<u>Tindscantar</u> §167:176:10	<u>tuinde</u> §355:384:23	<u>randaib</u> §411:442:21
<i>A19:</i>	<u>Tionnsccantar</u> <i>f.26r1</i>	<u>tuinne</u> <i>f.53r6</i>	<u>rannaibh</u> <i>f.60r13</i>

(b) Is *g* a bhreac Mac Niallais in ionad *c* Rawl. de ghnáth sna réamhfhocail *go h-*, *go n-*, *gan*, agus sa gcónasc *go*, *m.sh.*:

g = c

<i>Rawl.:</i>	<u>co heas</u> §31:16:13	<u>co mbachai</u> l§211:202:35	<u>can</u> §245:248:33
<i>A19:</i>	<u>go hEs</u> <i>f.5r6</i>	<u>go mbachu</u> ill <i>f.29r20</i>	<u>gan</u> <i>f.35v15</i>
<i>Rawl.:</i>	<u>co ticfadh</u> §31:16:16	<u>cor folaidh</u> §201:198:24	<u>corb e</u> §231:232:38
<i>A19:</i>	<u>go ttiocfadh</u> <i>f.5r7</i>	<u>gur fholaigh</u> <i>f.28v20</i>	<u>gurb é</u> <i>f.33v2</i>

²⁹ *tt = d*: crétt *f.18r32* = crEd§122:118:35, crettt *f.32v31* = créd§229:230:13, iatt *f.42v26* = íad§285:302:14, coimhéatt *f.44v4* = coimhed§293:314:7; *tt = t*: o foluidhEchtt *f.3r9* = o fholaighEct§1:2:12, faidhEdoracht *f.5v33* = faidhedoracht§37:22:8, a chédimtheacht *f.8r34* = a cedimthEcht§55:42:30, cEtt *f.14v20* = cet§95:90:31, malloctt *f.21r24* = mallacht§139:140:22, cEtt *f.21v17* = cEt§142:144:24, naEmthacht *f.36r22* = naemthacht§249:254:12, péstt *f.36v17* = pEst§253:256:31, aoinfheacht *f.41r29* = ainfEcht§278:292:7, sliocht *f.51r2* = slicht§342:366:3.

³⁰ Pléitear leasuithe comhfhiosacha eile a rinne Mac Niallais ar mhaithe le dearadh an leabhair i gcaibidil a sé, 6.2.

(c) Is minic a úsáidtear *ph* nó *u(h)* in Rawl. thar ceann *bh*; litriú a feictear i leabhar eile a bhreac Giolla Riabhach Ó Cléirigh, Harley 5380, agus i lámhscríbhinní eile a linne a shantaigh ársaíocht teanga (Ahlqvist 1994:40; Breatnach 2012:45). Is iondúil go ndearna Mac Niallais *bh* de shamplaí mar iad, *m.sh.*:³¹

bh = ph

Rawl.: <u>ina phrut§219:214:9</u>	<u>taphairse§265:268:29</u>	<u>bEoaiph§396:436:9</u>
A19: <u>ina bhrut <i>f.</i>30v23</u>	<u>tabhairsi <i>f.</i>38r27</u>	<u>bhEoaibh <i>f.</i>59r24</u>

bh = u

Rawl.: <u>uar iatsan§355:382:23</u>	<u>in uhar§220:216:24</u>	<u>uEinne§435:454:12</u>
A19: <u>bhar íadsan <i>f.</i>52v22</u>	<u>ann bhur <i>f.</i>31r15</u>	<u>Bhenne <i>f.</i>61v2³²</u>

Feictear riar samplaí chomh maith de *mh* a bheith déanta aige de *bh*, *m.sh.*:

mh = bh

Rawl.: <u>dingbala§228:228:35</u>	<u>mídingbala§290:308:34</u>	<u>leanub§353:378:15</u>
A19: <u>diongmhála <i>f.</i>32v24</u>	<u>mídhiongmhala <i>f.</i>43v28</u>	<u>lEnamh <i>f.</i>52r11</u>

(d) Is iondúil go mbíonn *gh* nó *dh* atá i lár nó i ndeireadh focail ag sealaíocht ar a chéile i lámhscríbhinní na Nua-Ghaeilge Moiche (McManus 1994:351), agus is amhlaidh an cás é in Rawl.³³ Lean Mac Niallais luaineacht a linne agus ba rímhinic leis *gh* nó *dh* atá in Rawl. a leasú. Tugtar léiriú ar na leasuithe is coitianta a rinne sé sna samplaí thíos:

gh = dh

Rawl.: <u>adhaidh§44:30:13</u>	<u>fidhair§81:72:9</u>	<u>luidhe§206:200:26</u>
A19: <u>aghaidh <i>f.</i>7r6</u>	<u>fhioghuir <i>f.</i>12r24</u>	<u>luighe <i>f.</i>29r4</u>

Rawl.: <u>truaidhe§212:204:10</u>	<u>foidhide §7:4:21</u>	<u>bridh§219:212:33</u>
A19: <u>truaighe <i>f.</i>29r26</u>	<u>foighide <i>f.</i>3r33</u>	<u>brigh <i>f.</i>30v16</u>

Rawl.: <u>plaidh§75:62:13</u>	<u>do lEsaidd§129:128:5</u>	<u>curaidh§191:194:13</u>
A19: <u>phlaigh <i>f.</i>11r4</u>	<u>do lEsuigh <i>f.</i>19v18</u>	<u>churaigh <i>f.</i>28r19</u>

³¹ Ní feictear ach ceithre shampla dá mhalairt déanta aige: **pheth** *f.*11r28 = **beth**§76:64:24, do **uith** *f.*33v34 = do **bEith**§235:236:26, **luphradh** *f.*39r31 = **lubra**§270:276:9, do **ghEpuir** *f.*21r13 = do **gebhair**§138:138:37

³² Deirtear sa téacs gurbh é Beinne ardeaspag na hÉireann. Faightear leagan den scéal céanna atá in §435 sa dara himleabhar den *Liber Flavus Fergusiorum* (ARÉ 23 O 48, f.34ra32). Is ‘neñe’ a tugtar ar an easpag sa leagan sin den scéal.

³³ *m.sh.* **fleighe**§144:146:19, **fleidhe**§93:86:31; **truaighe**§127:124:25, **truaide**§151:156:11, ar **fhighair**§81:72:8, don **fidhair**§81:72:9; **grighoir**§216:208:9, **gridhoir**§215:206:3, **aghaidh**§122:118:27, **adhaidh**§44:30:13, **luaighid**Echt§76:64:24, **luaididheacht**§386:430:32.

dh = gh

Rawl.: <u>flegh§144:146:19</u>	<u>imga§207:202:5</u>	<u>daighbir§297:318:22</u>
A19: <u>flEdh f.22r1</u>	<u>iomdha f.29r6</u>	<u>daidhbhir f.45r16</u>

Rawl.: <u>coimdhEgh§348:374:1</u>	<u>diagha§332:354:6</u>	<u>díaghachta§75:60:35</u>
A19: <u>coimdhead f.51v17</u>	<u>diadha f.49v22</u>	<u>diadhachta f.10v30</u>

Léiríonn na samplaí thuas gurb iondúil go n-aontaíonn a ndearna sé le *gh* nó *dh* atá i bhfocal in Rawl. lena litriú stairiúil. Thabharfadh a leasuithe le tuiscint go raibh aird aige ar an teagasc a tugtar in IGT I 87, gurb ionann *gh* agus *dh* i ndeireadh focail sa gcaint, ach nach ionann sa scríobh iad (Mac Cárthaigh 2014:249). Ina choinne sin, is *diaigh* a rinne sé de chuile shampla de *diaidh* atá in Rawl.,³⁴ agus tagann an leasú a rinne sé ar dhornán focal eile salach ar a litriú stairiúil, *m.sh.*:

Rawl.: <u>aghaidh§219:212:38</u>	<u>oighreacht§222:218:35</u>	<u>dimdha§150:154:34</u>
A19: <u>adhuigh f.30v18</u>	<u>oidhrEcht f.31v3</u>	<u>dhiomgha f.23r18</u>

(e) Is iondúil *gh* déanta ag Mac Niallais de *ch* nó *cch* caol atá i ndeireadh focail dhéshiollacha in Rawl., *m.sh.*:

gh = ch

Rawl.: <u>clErich§216:208:36</u>	<u>manaich§212:204:5</u>	<u>do dúisich§235:236:17</u>
A19: <u>clerigh f.30r13</u>	<u>manaigh f.29r23</u>	<u>do dhuisigh f.33v30</u>

gh = cch

Rawl.: <u>clEricch§304:326:21</u>	<u>Ericch§146:148:32</u>	<u>Ericch§265:268:21</u>
A19: <u>chlérigh f.46r21</u>	<u>erigh f.22r25</u>	<u>erigh f.38r23</u>

(f) Rinne sé *th* de *ch* caol atá i siolla aiceanta in Rawl. uaireanta. Is i bhfocail a mbíonn *ch* agus *th* á malartú iontu in Rawl. féin is tréine a feictear na hathruithe seo déanta, *m.sh.*:

th = ch

Rawl.: <u>do cluiche§58:44:17</u>	<u>do tEichem§209:202:18</u>	<u>ga fEicemh§369:420:11</u>
A19: <u>do cluithi f.8v8</u>	<u>do thEithiom f.29r12</u>	<u>ga fhethiomh f.57r30</u>

Rawl.: <u>nEichE§238:242:6</u>	<u>do tEich§263:266:30</u>	<u>maích§278:292:3</u>
A19: <u>neithi f.34v13</u>	<u>do tEith f.38r9</u>	<u>maoith f.41r28</u>

³⁴ *m.sh.* ina *diaigh f.5r26* = ina *diaidh§33:18:8*, na *dháigh f.24r19* = na *dhíadh§157:162:29*, a *ndiaigh f.28r21* = a *ndiaidh§192:194:19*.

Tá dhá shampla in Rawl. de *th* i ndeireadh focail san áit ar iondúil *dh* a bheith. Rinne Mac Niallais *dh* den *th* i sampla díobh, agus cheil sé an dara sampla le giorrúchán: do rinniodh *f.57v5* = do rindEth§370:420:28; do foillsigeadh *f.50v30* = do fhoillsigEth§341:364:11.

(g) Is é córas litrithe na Sean-Ghaeilge a leantar in Rawl. agus *c*, *p*, *t* uraithe á léiriú (Ahlqvist 1994:31). Ní bhíonn comhartha don urú ar *c* ná *p* in aon áit, agus ní feictear ach dhá shampla dá leithéid ar fhocal dar tús *t*: fa da santal§155:158:20; na didhluicthe§219:214:28. Is iondúil comhartha don urú ag Mac Niallais ar *c*, *p*, agus *t*; *bp* a léiríonn *p* uraithe i gcónaí, agus is tréine *gc* ná *cc* aige chun *c* uraithe a léiriú, *m.sh.*:

gc nó cc

Rawl.: a crois§52:38:27	a cath§94:90:16	a cenn§82:74:9
A19: a gcrois <i>f.8r5</i>	a gcath <i>f.14v12</i>	a ccEnn <i>f.12v11</i>

bp

Rawl.: a pianuib§131:128:32	a port§211:202:31	a pongc§219:214:24
A19: a bpianaibh <i>f.19v19</i>	a bport <i>f.29r18</i>	a bpongc <i>f.30v31</i>

Níl ach dhá shampla de *dt* aige chun *t* uraithe a chur i gcéill; nach dtugadh *f.10v8*, nach dtuitfeadh *f.26v15*, *tt* atá aige chuile áit eile, *m.sh.*:

tt

Rawl.: a tossach§121:118:20	a tarbha§149:152:39	a tír§154:156:27
A19: a ttosach <i>f.18r24</i>	a ttarbha <i>f.22v33</i>	a ttír <i>f.23r31</i>

(h) Tá deich sampla in Rawl. de *l* dúbailte i dtús focail atá faoi réir ag réamhfhocal nó aidiacht shealbhach a leanann urú é, litriú nach dtagann le IGT I 1 (Mac Cárthaigh 2014:52). Níor leasaigh Mac Niallais ceithre shampla díobh,³⁵ ach rinne sé *l* singil de na sé shampla eile:

Rawl.: a llaighnibh§94:90:16	a lló§120:114:15	a llo§120:114:29
A19: a laighnibh <i>f.14v12</i>	a lo <i>f.17v15</i>	a ló <i>f.17v23</i>

³⁵ a lló *f.24v9* = a llo§158:166:10, a llaimh *f.35r9* = a llaimh§242:244:31, a llog *f.51v27* = a llog§349:376:1, a llaithibh *f.59r17* = a llaithibh§395:434:30. Ní dhearna Mac Niallais *l* dúbailte de *l* singil atá i dtús focail in Rawl.

Rawl.: <u>a llEcen§216:208:16</u>	<u>a llEith§276:288:14</u>	<u>a llaimh§294:314:14</u>
A19: <u>a legEn f.30r2</u>	<u>a leith f.41r5</u>	<u>a láimh f.44v8</u>

(i) Níor bhreac sé *f* séimhithe atá in Rawl. uaireanta, ach bíonn *f* aige san áit nach mbíonn a leithéid in Rawl. i gcorrfhocal chomh maith:

Rawl.: <u>ni fuil§21:10:6</u>	<u>ni fhuil§129:128:1</u>	<u>at fhecmhais§275:282:7</u>
A19: <u>ni uil f.4r21</u>	<u>ni uil f.19v16</u>	<u>at Égmuis f.40r25</u>

Rawl.: <u>coimfhedfaidh§34:20:6</u>	<u>ainfEcht§315:340:4</u>	<u>comarba§102:98:8</u>
A19: <u>coimhÉdfaídh f.5v14</u>	<u>aoineacht f.48r13</u>	<u>comhfhorba f.15v1</u>

Rawl.: <u>comarbacht§111:104:29</u>	<u>aboss§355:386:20</u>
A19: <u>comforbacht f.16r31</u>	<u>abfoss f.53r16</u>

(j) Is minic *ss*, *rr* agus *r* leasaithe ag Mac Niallais. Is gnách *s* singil aige thar ceann *ss*, ach ní túisce *r* singil déanta aige de *rr* ná a mhalairt, *m.sh.*:

s = ss

Rawl.: <u>Esslainte§56:42:33</u>	<u>lassadh§43:30:2</u>	<u>dorass§119:112:22</u>
A19: <u>Esláinti f.8v1</u>	<u>lasadh f.7r1</u>	<u>doras f.17r33</u>

r = rr

Rawl.: <u>torrumha§62:46:18</u>	<u>tuirrsEch§67:52:26</u>	<u>toirrsi§363:412:37</u>
A19: <u>torumha f.8v25</u>	<u>tuirseach f.9v19</u>	<u>toirsi f.56v8</u>

rr = r

Rawl.: <u>oirdearc§42:26:26</u>	<u>fairge§78:68:25</u>	<u>athardha§127:124:28</u>
A19: <u>oirrdearc f.6v10</u>	<u>fairrge f.11v27</u>	<u>atharrdha f.19r24</u>

Bhí sé de nós aige chomh maith *n* dúbailte a bhreacadh i bhfoirm chéasta chaite spleách an bhriathair *do-ní*, *m.sh.*:

nn = n

Rawl.: <u>Do rónadh§157:162:1</u>	<u>Do ronadh§122:120:5</u>	<u>Do ronadh§289:322:13</u>
A19: <u>Do ronadh f.24r7</u>	<u>Do rónadh f.18v3</u>	<u>Do rónadh f.45v15</u>

(k) Breacadh *h* gan chéill roimh na forainmneacha, *é* agus *í*, go rialta in Rawl.; nós litrithe a mhair ó ré na Sean-Ghaeilge (*GOI* §25). Níor lean Mac Niallais aon chóras cinnte sna leasuithe a rinne sé. Is iondúil nach mbreacann sé *h* mar é atá in Rawl., ach bíonn *h* aige féin san áit nach bhfuil a leithéid in Rawl. chomh maith, *m.sh.*:

<i>Rawl.</i> : <u>hé§220:216:6</u>	<u>hé§243:246:9</u>	<u>hí§51:36:36</u>	<u>hí§157:162:25</u>
<i>A19</i> : <u>é f.31r5</u>	<u>é f.35r16</u>	<u>í f.7v27</u>	<u>í f.24r23</u>

<i>Rawl.</i> : <u>í§165:174:32</u>	<u>í§177:182:32</u>	<u>e§119:112:29</u>	<u>e§358:406:10</u>
<i>A19</i> : <u>hí f.25v11</u>	<u>hi f.26v28</u>	<u>he f.17v4</u>	<u>hé f.55r26</u>

Is iondúil gur *hí* an litriú atá in Rawl. ar an ainmfhocail d'Í agus é ar lorg an réamhfhocail shimplí *i*; ach is é *í* a litriú uaireanta, go háirithe ó §305 ar aghaidh.³⁶ Thug Mac Niallais litriú an ainmfhocail chun rialtacht agus is minic leis *hí* a bheith aige thar ceann *í* Rawl., *m.sh.*:

<i>Rawl.</i> : <u>an í§305:328:7</u>	<u>an í§353:378:10</u>	<u>an í§362:412:2</u>	<u>an í§413:444:17</u>
<i>A19</i> : <u>an hí f.46v1</u>	<u>an hí f.52r9</u>	<u>an hí f.56r24</u>	<u>an hí f.60r25</u>

5.3.1.2 Gutáí

(a) Is gnách litriú an ailt, na réamhfhocail *ag*, *um*, *do/de*, agus *mar*, leasuithe ag Mac Niallais. Is iad *ag*, *do*, *um*, agus *mur*, is tréine aige san áit a bhfuil *og*, *da*, *am*, agus *mar* in Rawl., agus rinne sé *da* (*do/de* + aidiacht shealbhach) de *dia* Rawl. uaireanta, *m.sh.*:

<i>Rawl.</i> : <u>am§95:90:24</u>	<u>am§120:114:32</u>	<u>mar§242:244:35</u>
<i>A19</i> : <u>um f.14v17</u>	<u>um f.17v24</u>	<u>mur f.35r11</u>

<i>Rawl.</i> : <u>da§78:81:1</u>	<u>da§237:328:33</u>	<u>oc§33:16:33</u>
<i>A19</i> : <u>do f.11v15</u>	<u>do f.34r24</u>	<u>ag f.5r17</u>

<i>Rawl.</i> : <u>ogá fagbail§138:138:24</u>	<u>dia íarraidh§182:186:31</u>
<i>A19</i> : <u>agá fhágbáil f.21r7</u>	<u>da iarraidh f.27r30</u>

³⁶ *m.sh.* an hí§212:204:3, an hí§231:232:28, an hí§244:248:9; an í§305:328:7, an í§353:378:10, an í§413:444:17.

Is é *an* is coitianta ag Mac Niallais mar litriú ar an alt uatha, *m.sh.*:

Rawl.:	<u>In§8:4:37</u>	<u>in§87:78:21</u>	<u>in§115:108:23</u>	<u>in§131:128:30</u>
A19:	An f.3v8	an f.13r13	an f.16v33	an f.19v28

Faightear ceithre shampla in Rawl. de *nd* seachas *n* singil san alt uatha, litriú a sciorr as an teanga le linn na Meán-Ghaeilge (Breatnach 1994:259). Níor leasaigh Mac Niallais sampla díobh atá sa bhfilíocht, ond righ f.51v27 = ond rig§349:376:1, ach rinne sé *n* singil de na samplaí eile ar fad:

Rawl.:	<u>ar ind rig §43:28:19</u>	<u>and righ §292:312:20 (TG)</u>	<u>dond rig §355:384:12</u>
A19:	ar an ri f.6v23	an righ f.44r25	don righ f.53r1

(b) Is iondúil an tsleamhnóg scríofa ag Mac Niallais san áit nach mbíonn ach *i*, *í*, *e*, nó *é* in Rawl. roimh chonsan leathan i siolla aiceanta, *m.sh.*:

io = i

Rawl.:	<u>inadh§123:120:22</u>	<u>fis§125:124:7</u>	<u>dfhir§224:224:29</u>
A19:	ionadh f.18v12	fios f.19r12	dfior f.32r17

iu = i

Rawl.:	<u>tibradh§27:14:12</u>	<u>ticfad§33:18:27</u>	<u>lim§168:176:30</u>
A19:	tiubradh f.4v22	tiucfadh f.5v3	lium f.11

ío = í

Rawl.:	<u>rígha§173:180:24</u>	<u>fír§182:188:20</u>	<u>ímhaidhe§254:256:42</u>
A19:	ríogha f.26v7	fíor f.27v11	iomhaighe f.36v23

ea = e

Rawl.:	<u>lebruib§21:10:8</u>	<u>eladhna§80:70:31</u>	<u>brETh§87:82:4</u>
A19:	leabhruibh f.4r22	ealadhna f.12r17	breath f.13v8

éa = é

Rawl.:	<u>dogeba§34:20:6</u>	<u>glEsta§366:416:25</u>	<u>Édach§370:420:27</u>
A19:	dogéabha f.5v14	gléasda f.57r3	éadach f.57v4

Feictear riar maith samplaí chomh maith de *e* ard aige san áit a mbíonn *ea* nó *e* in Rawl., agus bíonn *iu* aige thar ceann *ea*, nó *e*, san ainmfhocal *leabhar* uaireanta, *m.sh.*:

<i>Rawl.</i> : <u>peata§168:176:29</u>	<u>cedaigthe§168:178:18</u>	<u>leat§182:188:12</u>
<i>A19</i> : <u>pEta f.26r10</u>	<u>cEdaighthi f.26r21</u>	<u>lEt f.27v7</u>

<i>Rawl.</i> : <u>saleabhur§143:146:16</u>	<u>leabar§389:432:16</u>	<u>lebhair§168:176:22</u>
<i>A19</i> : <u>isin liubhur f.21v33</u>	<u>liubur f.58v25 (TA)</u>	<u>liubair f.26r7 (TG)</u>

(c) Níl aon bhuanphatrún sa litriú atá ag Mac Niallais ar *e*, *é* a thagann roimh chonsan caol i siolla aiceanta. Ní túisce *ei*, *éi* déanta aige de *e*, *é* atá in Rawl. ná *e*, *é* a bheith aige thar ceann *ei*, *éi*, *m.sh.*:

ei = e

<i>Rawl.</i> : <u>brEthemh§120:116:27</u>	<u>eli§229:230:28</u>	<u>grEm§288:304:39</u>
<i>A19</i> : <u>breithEmh f.18r7</u>	<u>eile f.33r7</u>	<u>greim f.43r28</u>

e = ei

<i>Rawl.</i> : <u>Ceilebhruis§73:60:9</u>	<u>dEilg§164:174:18 (TG)</u>	<u>le feirg§182:188:6</u>
<i>A19</i> : <u>Celebrais f.10v17</u>	<u>delg f.25v3</u>	<u>le ferg f.27v4</u>

éi = é

<i>Rawl.</i> : <u>Erinn§161:172:36</u>	<u>lÉcfEt§233:234:22</u>	<u>clEreach§368:418:23</u>
<i>A19</i> : <u>éirinn f.25r28</u>	<u>Léigfead f.33v12</u>	<u>cléireach f.57r17</u>

é = éi

<i>Rawl.</i> : <u>lÉiginn§59:44:23 (TG)</u>	<u>do rEidigh§74:60:28</u>	<u>cleirech§368:418:25</u>
<i>A19</i> : <u>leghinn f.8v10</u>	<u>do rédhigh f.10v27</u>	<u>cléreach f.57r18</u>

(d) Is minic *i* déanta ag Mac Niallais de *ei* nó *e* ard atá i siolla aiceanta in Rawl. Is i bhfocail a mbíodh rogha idir *ei* agus *i* iontu sa nGaeilge Chlasaiceach (McManus 1994:346) is tréine an leasú seo déanta, *m.sh.*:

i = ei/e ard

<i>Rawl.</i> : <u>tEinnEs§51:38:6</u>	<u>neimhe§111:104:23</u>	<u>mEnic§353:380:12</u>
<i>A19</i> : <u>tinnEs f.7v30</u>	<u>nimhi f.16r28</u>	<u>minic f.52r30</u>

<i>Rawl.</i> : <u>tEndtighe§5:4:11</u>	<u>nEichib§124:122:22</u>	<u>mEsde§243:246:35</u>
<i>A19</i> : <u>tinntighe f.3r26</u>	<u>nithibh f.18v32</u>	<u>misti f.35r30</u>

(e) Faightear riar samplaí de *u*, agus *o*, aige thar ceann *o*, agus *a*, atá i siolla aiceanta in Rawl. Is iondúil gur i bhfocail a mbíodh rogha idir *o/a/u* iontu sa nGaeilge Chlasaiceach (McManus 1994:345), agus a mbíonn foirmeacha malartacha acu in Rawl. féin, a feictear na hathruithe seo, *m.sh.*:

u = o

<i>Rawl.</i> : do cor§10:6:11	pongc§28:14:27	ag dol§40:24:34
<i>A19</i> : do chur f.3v16	pungc f.4v28	ag dul f.6r29

<i>Rawl.</i> : comairce§355:384:1	do toitim§94:90:9
<i>A19</i> : cumairci f.52v28	do tuitim f.14v9

o = a

<i>Rawl.</i> : crathadh§143:146:10	nach raibe§45:32:2	faidhíde§6:4:17
<i>A19</i> : crothadh f.21v30	nach roibhe f.7r14 ³⁷	foighíde f.3r30

(f) Is iomaí litriú a bhíonn in Rawl. ar ghuta gearr atá i siolla neamhaiceanta agus is iomaí leasú déanta ag Mac Niallais orthu. Is aon ghuta gearr neamhaiceanta amháin a d'aithní sa nGaeilge Chlasaiceach, /ə/, agus ba é cáilíocht na gconsan chaon taobh de a chinneadh a litriú (McManus 1994:344). Cheadaítí rogha fairsing litrithe chun an guta seo a chur i gcéill (McManus 1994:344; Mac Aogáin 1968:115). Leanann Rawl., agus ar leasaigh Mac Niallais, an rogha litrithe a ceadáíodh agus an guta idir dhá chonsan leathana (i), nó idir consan leathan agus consan caol (ii), *m.sh.*:

(i) *a, u, nó o*

<i>Rawl.</i> : allmaraidh§8:4:37	lenub§197:196:31	adhnocal§28:14:23
<i>A19</i> : allmuraigh f.3v8	leanabh f.28v8	adhnacal f.4v27

<i>Rawl.</i> : manuch§78:66:35	lenab§197:196:32	diabhal§435:454:18
<i>A19</i> : manach f.33r30	leanubh f.28v8	diabhol f.61v6

(ii) *ai, ui, nó oi*

<i>Rawl.</i> : abhainn§75:62:14	do benduigh§224:224:35	dEoraidh§277:290:6
<i>A19</i> : abhuinn f.11r4	do beannaigh f.32r20	deoroidh f.41r18

<i>Rawl.</i> : tabuir§238:240:17	fidhair§34:20:2	bendachtain§157:162:5
<i>A19</i> : tabhair f.34v2	fioghair f.5v12	beannachtain f.24r9

³⁷ Is tréine go mór fada *roibhe* ná *raibe* ag Mac Niallais: 176 sampla de *roibhe* atá in A19, níl ach sé shampla de in Rawl.

Ní minic *o(i)* ag Mac Niallais tharr ceann *u(i)* nó *a(i)* atá in Rawl. Is díol spéise é gur sa bhfilíocht is tréine a feictear a leithéid d'athrú déanta aige, *m.sh.*:

Rawl.:	<u>oil [...] Albain</u> §275:282:14	<u>cloind [...] conaill</u> §277:290:3	<u>trom [...] colam</u> §333:354:23
A19:	<u>oil [...] Alboin</u> f.40r29	<u>cloind [...] conoill</u> f.41r16	<u>trom [...] colom</u> f.49v30

Ba nós le lucht breactha na Gaeilge Clasaicí siollaí neamhaiceanta a litriú ar bhealach a d'fhoilseodh cuibheas idir dhá fhocal (McManus 1994:345). Ba é a lorg a lean Mac Niallais agus litriú na bhfocal thuas á leasú aige, leasuithe a léiríonn go raibh tionchar ag an bhfilíocht ar a roghanna litrithe.

Is minic nach dtagann an litriú atá in Rawl. ar ghuta gearr neamhaiceanta atá idir dhá chonsan chaola (i), nó idir chonsan leathan agus consan caol (ii), leis an litriú a mbeadh súil leis sa nGaeilge Chlasaiceach. Is minic *ei*, *e*, nó *e* ard, idir dhá chonsan chaola san áit a mbeadh súil le *i*; agus is gnách *e*, *e* ard, nó *i* idir consan caol agus consan leathan seachas *ea* nó *io* (McManus 1994:344; Mac Aogáin 1968:115). Níl aon sampla in Rawl. de *io* mar litriú ar an nguta, agus ní líonmhar *ea* sa téacs ach oiread. Níorbh é an córas céanna a lean Mac Niallais agus is iondúil litriú an ghuta leasaithe aige, *m.sh.*:

	(i) <i>i</i> ³⁸		
Rawl.:	<u>mainEsdreCh§40:24:4</u>	<u>aingeil§82:72:27</u>	<u>minEc§161:172:29</u>
A19:	<u>mainisttreach f.6r15</u>	<u>aingil f.12r33</u>	<u>minic f.25r25</u>
Rawl.:	<u>toirmEisc§26:14:1</u>	<u>rainEc§75:62:14</u>	<u>milEis§307:330:17</u>
A19:	<u>toirmisg f.4v17</u>	<u>rainig f.11r4</u>	<u>milis f.46v25</u>
	(ii) <i>ea</i> , nó <i>io</i>		
Rawl.:	<u>crEidimh§42:26:31 (TA)</u>	<u>mhaithEs§50:36:23</u>	<u>erenn§146:150:3</u>
A19:	<u>creidiomh f.6v13</u>	<u>maithios f.7v22</u>	<u>erionn f.22r29</u>
Rawl.:	<u>oilithrEch§54:42:20</u>	<u>ifrinn§87:80:2</u>	<u>oidedha§95:90:18</u>
A19:	<u>oilitreach f.8r30</u>	<u>ifreann f.13r21</u>	<u>oidedha f.14v14</u>

³⁸ Rinne Mac Niallais *e* de *i* atá in Rawl. uaireanta chomh maith, *m.sh.* da gcoimhledís f.6v2 = da coimlidis§40:26:9, go gcaithfedís f.51r3 = co caithfidis§342:366:6.

Bíodh is gurb iad leasuithe na samplaí thuas is minicí a dhéanann Mac Niallais., feictear *e* ard aige chun *ea* a chur i gcéill uaireanta chomh maith, *m.sh.*:

Rawl.: <u>na trEgim§222:220:12</u>	<u>creideam§33:16:35</u>	<u>faidheamail§289:306:8</u>
A19: <u>na tregEm.f.31v10</u>	<u>creidEm.f.5r18</u>	<u>faidhEmhuil.f.43r32</u>

Feictear aon sampla amháin de *io* aige thar ceann *i* a thagann roimh chonsan caol in Rawl.: Glúaisios *f.30r26* = Gluaisis§218:210:29. Is caol consan an fhoircinn bhriathartha *-(a)is* i gcónaí in Rawl., agus is amhlaidh an *cás* é i leabhar Mhic Niallais seachas an sampla seo. Is dócha dá réir sin gur i ndearmad a rinne sé an leasú áirithe seo.

(g) Leantar an luaineacht litrithe a mbeadh súil leis sa nGaeilge Chlasaiceach agus guta gearr atá i siolla oscailte á chur i gcéill in Rawl. (McManus 1994:345). Is iad na litreacha *a*, *u*, nó *o*, a feictear ar lorg chonsan leathan, agus is *e* nó *i* a leanann consan caol. Is minic nár lean Mac Niallais rogha litrithe Rawl., ach is é an córas saorga céanna a lean sé, *m.sh.*:

a, u, nó o

Rawl.: <u>acu§115:108:17</u>	<u>egla§237:238:29</u>	<u>uatha§62:46:24</u>
A19: <u>aca.f.16v30</u>	<u>Eaglu.f.34r22</u>	<u>uatho.f.8v28</u>

i nó e

Rawl.: <u>doiri§77:64:29</u>	<u>doire§89:82:26</u>	<u>gloine§292:312:22</u>
A19: <u>doire.f.11r31</u>	<u>doiri.f.13v19</u>	<u>gloini.f.44r26</u>

Tá cúpla sampla in Rawl. de *ai* nó *iu* mar litriú ar ghuta gearr i siolla neamhaiceanta oscailte. Choinnigh Mac Niallais sampla díobh ina chóip, *tumbai f.57v16* = *tumbai§371:422:13*, ach rinne sé aon ghuta amháin de na samplaí eile ar fad:

Rawl.: <u>aingliu§216:208:27</u>	<u>sEngabhai§321:344:15</u>	<u>saEgaltai§368:418:36</u>
A19: <u>aingli.f.30r8</u> (TÁins. iolra)	<u>sEngabha.f.48v15</u> (TA uatha)	<u>saoghalta.f.57r24</u> (TT iolra)

Rawl.: <u>ballcorcrai§355:388:4</u>	<u>gan urcrai§355:392:2</u>
A19: <u>ballcorcra.f.53r24</u> (TA iolra)	<u>gan urchra.f.53v16</u>

(h) Is iondúil *áe/ae/áei/aei/aí/ai* mar litriú ar an bhfóinéim *áe/aí* in Rawl. Is é an litriú is coitianta ar an bhfóinéim i lámhscríbhinní ón 15ú haois amach, *ao/aoi, áo/áoi*, (McManus 1994:349), a bhreac Mac Niallais in ionad a bhfuil in Rawl. de ghnáth, *m.sh.*:

ao/áo = ae/áe

<i>Rawl.:</i> <u>saE^hthar§17:8:14</u>	<u>naeb§308:330:29</u>	<u>do shaer§345:368:4</u>
<i>A19:</i> <u>saothar f.4r6</u>	<u>naomh f.46v32</u>	<u>do shaor f.51r13</u>

<i>Rawl.:</i> <u>sáegalta§120:114:13</u>	<u>taemadh§281:294:29</u>	<u>daenna§297:318:36</u>
<i>A19:</i> <u>saogalta f.17v14</u>	<u>taómadh f.41v20</u>	<u>dáonna f.45r23</u>

aoi/áoi = aí/ai

<i>Rawl.:</i> <u>sgailte§72:58:27</u>	<u>naimh§151:156:1</u>	<u>oglaich§79:70:6</u>
<i>A19:</i> <u>sgaoilti f.10v6</u>	<u>naoimh f.23r19</u>	<u>oglaoih f.12r5</u>

<i>Rawl.:</i> <u>baithin§120:114:9</u>	<u>daíne§289:306:5</u>	<u>da ndEntaí§156:160:25</u>
<i>A19:</i> <u>Báothín f.17v13</u>	<u>daóini f.43r31</u>	<u>dá ndEntáoi f.24r33</u>

aoi/áoi = aei/aéi

<i>Rawl.:</i> <u>taeib§59:44:28</u>	<u>aÉis§67:52:19</u>	<u>saEi§92:86:13</u>
<i>A19:</i> <u>taoibh f.8v12</u>	<u>aois f.9v14</u>	<u>saoi f.14r7</u>

<i>Rawl.:</i> <u>dardaÉin§43:30:3</u>	<u>naEimh§269:274:35</u>	<u>nach dendaEis§44:30:11</u>
<i>A19:</i> <u>dardaoin f.7r1</u>	<u>naoimh f.39r24</u>	<u>nac dEndaóis f.7r5</u>

Faightear corrshampla i bhfad ó chéile de *aei/áei* a bheith déanta aige de *ai/aí* atá in Rawl., *m.sh.*:

<i>Rawl.:</i> <u>baithin§105:98:29</u>	<u>daíne§395:434:29</u>	<u>aidhEdha§409:442:9</u>
<i>A19:</i> <u>bhaEithin f.15v11</u>	<u>daÉini f.59r16</u>	<u>aÉidheadha f.60r6</u>

(i) Is minic guta breise ag Mac Niallais i ngreim *comhfhocail*,³⁹ nó réimír, san áit a mbíonn guta leathan agus guta caol in árach a chéile in Rawl., *m.sh.*:

³⁹ Tugtar sainmhíniú ar an téarma seo in IGT I: ‘an ní *nac[h]* focal leis féin téid san *b[h]*focal *theagm[h]us* ‘na dhíaigh’ (Mac Carthaigh 2014:118).

ro

<i>Rawl.:</i> <u>rodelradhach§51:36:28</u>	<u>rosciamach§64:48:25</u>	<u>rogleghel§370:420:27</u>
<i>A19:</i> <u>roidhealradhach f.7v24</u>	<u>roisgiamach f.9r10</u>	<u>roighleighel f.57v4</u>

mí

<i>Rawl.:</i> <u>mísdúaim§32:16:25</u>	<u>midóchus§290:308:21</u>	<u>míclu§295:316:17</u>
<i>A19:</i> <u>míosttuaim f.5r12</u>	<u>míodhochus f.43v22</u>	<u>míochlu f.44v29</u>

droch

<i>Rawl.:</i> <u>drochspirad§64:48:36</u>	<u>drochbetha§125:124:5</u>	<u>drochEnigh§138:138:18</u>
<i>A19:</i> <u>droichspiorad f.9r16</u>	<u>droichbhEtha f.19r11</u>	<u>droichenigh f.21r4</u>

(j) Níor bhreac sé an guta cúnta a bhíonn i bhfoirmeacha cumaisc na copailé *gurab* agus *darab* in Rawl. de ghnáth, *m.sh.:*

<i>Rawl.:</i> <u>gorab§53:42:2</u>	<u>corab§82:74:11</u>	<u>gorub§360:406:40</u>
<i>A19:</i> <u>gurb f.8r21</u>	<u>gurb f.12v13</u>	<u>gurb f.55v11</u>

<i>Rawl.:</i> <u>darob§50:36:2</u>	<u>darab§56:42:31</u>	<u>darab§78:68:27</u>
<i>A19:</i> <u>darb f.7v14</u>	<u>dárb f.8v1</u>	<u>darb f.11v28</u>

(k) Breactar guta an ailt in Rawl. uaireanta agus é ar lorg na réamhfhocal *ó*, agus *fa*. Lean Mac Niallais Rawl. i gcorráit, *m.sh.* *fa* an anam f.23r4 = *fa* an anam§149:154:5; *o* an Esláintí f.38v24 = *ó* an Eslainté§266:272:5, ach is minicí gan breacadh aige é:

<i>Rawl.:</i> <u>ó an ulaidh §218:212:7</u>	<u>ó an uair §221:218:23</u>	<u>ó an oilEn §239:242:15</u>
<i>A19:</i> <u>ón ulaidh f.30v3</u>	<u>on uair f.31r29</u>	<u>on oiléan f.34v18</u>

<i>Rawl.:</i> <u>ó an aifreann §267:272:26</u>	<u>ó an nEch §304:326:34</u>	<u>ó an abuinnd §322:344:34</u>
<i>A19:</i> <u>on aifrionn f.39r2</u>	<u>on neach f.46r28</u>	<u>on abhuinn f.48v26</u>

<i>Rawl.:</i> <u>o an aingeal §362:412:17</u>	<u>fá an ní §168:176:29</u>	<u>fá an Éruic §222:218:34</u>
<i>A19:</i> <u>ón aingeal f.56r31</u>	<u>fan ní f.26r10</u>	<u>fan Éruic f.31v3</u>

<i>Rawl.:</i> <u>fá an ní §285:300:29</u>
<i>A19:</i> <u>fan ní f.42v12</u>

Is iondúil go mbáitear guta na réamhfhocail *do/de* in Rawl. agus iad roimh ainmfhocail nó ainm briathartha dar tús guta nó *fh*. Leasaigh Mac Niallais riar de na samplaí in Rawl. nach ndéantar amhlaidh iontu:

Rawl.:	da fulang §40:24:37	do anmornuib §46:32:29	do aEnnEch §110:102:19
A19:	dfulang <i>f.6r30</i>	danmannuibh <i>f.7r27</i>	dénnEch <i>f.16r8</i>

Rawl.:	do faghail §118:112:8	do fhagbail §120:116:22	do enní §223:222:26
A19:	dfagail <i>f.17r26</i>	dfágbáil <i>f.18r5</i>	dénni <i>f.31v31</i>

(l) Tá trí shampla in Rawl. de *ima a* mar litriú ar an réamhfhocail *um* + aidiacht shealbhach, 3ú pearsa uatha. Is léir gur mheas Mac Niallais nár chóir an litriú é agus rinne sé *imá* díobh ar fad:

Rawl.:	imá a taithbEougadh §113:106:15	imá a indEsin §238:240:21	imá a fhoillsiugadh §309:332:18
A19:	ima taithbhEougadh <i>f.16v10</i>	imá inndesin <i>f.34v3</i>	imá fhoillsiugadh <i>f.47r13</i>

5.3.1.3 Focail áirithe

salm, salta(i)r: Is minic litriú na bhfocail *salm* agus *salta(i)r* leasaithe ag Mac Niallais. Is *psalm* a bhreac sé seasta thar ceann *salm* Rawl., *m.sh.* *psalm f.23r14* = *salm§150:154:26*, agus rinne sé *psaltair* de chuile shampla de *saltair* ach ceann; *saltrach f.56r10* = *saltrach§362:410:18*. Bíodh is gur *salm* (IGT II 60) agus *salta(i)r* (IGT II 185) is litriú do na focail in IGT, is minic *p* rompu i bprós na seachtú haoise déag.⁴⁰ Is dócha gur ag cur litriú a linne féin ar a raibh roimhe a bhí Mac Niallais agus na leasuithe seo á ndéanamh aige.

easbog, easbal: Ní gann iad na leasuithe a rinne Mac Niallais ar na focail *easbog* (IGT II 11), agus *easbal*, focal arb iomaí foirm a luaitear leis in IGT II 11. Is iondúil gur *apsdal* a bhreac sé in ionad *easbal* Rawl., *m.sh.* *apstal f.6v6* = *Esbal§41:46:18*, agus tá aon sampla amháin de *eapsdal* aige chomh maith: *epsdalaibh f.38v31* = *espaluibh§266:272:19*. Is foirm ghiorraithe, ‘ep̄s’, a bhreac sé de ghnáth thar ceann

⁴⁰ Feic eDil (s.v. saltair); faightear samplaí de *psalm* in *Desid.* (145:4433), agus in *SSA* (126:4112, 127:4129).

easbog Rawl., *m.sh.* *epscop f.6r21* = *Espoc§40:24:16*; níor bhreac sé *plene* an focal ach i dtrí ionad sa téacs:

<i>Rawl.:</i> <u><i>espocaib§120:114:36</i></u>	<u><i>espoc§204:200:11</i></u>	<u><i>Espocic§257:260:11</i></u>
<i>A19:</i> <u><i>epscopaibh f.17v27</i></u>	<u><i>epscop f.28v29</i></u>	<u><i>epscuip f.37r14</i></u>

Thabharfadh rialtacht leasuithe Mhic Niallais le tuiscint gur leasuithe comhfhiosacha iad seo a rinne sé ar théacs Rawl. Ar chúis eicínt nach follas dom, mheas sé gur chóortha *apsdal* agus *epscop* mar litriú ar na focail.

Colam: Is iondúil giorraithe ainm Cholm Cille ag Mac Niallais. Is é *cola(i)m* a bhíonn aige de ghnáth san áit ar bhreac sé *plene* a ainm, *m.sh.* *Coluim cille f.3r2* = *colaim cilli§1:2:2*, ach bhain sé leas as litriú ársa an ainm, *columb* (eDIL s.v. *colum*), in aon ionad amháin dá leabhar: *Coluimb cille f.3r10* = *colaim cilli§2:2:13*. De bhrí nach bhfuil de shampla ina leabhar ach é, is deacair a rá an dearmad é, nó ar chinneadh comhfhiosach a bhreacadh.

Focail iasachta: Is minic nach ionann litriú ainmfhocail iasachta sa dá lámhscríbhinn, go háirithe na hiasachtaí siúd a luadh i gcaibidil a trí atá ar bheagán tagartha san eDIL.⁴¹ Tugtar aon sampla amháin sa tábla thíos de chuile fhocal iasachta a leasaigh Mac Niallais; is i bhfonóta a tugtar aon leasú eile a rinne sé ar fhocal atá sa tábla:

<i>Rawl.:</i> <u><i>dinite§1:2:7</i></u>	<u><i>tegsa§2:2:14</i></u>	<u><i>túaille§46:32:12</i></u>
<i>A19:</i> <u><i>dignite f.3r5⁴²</i></u>	<u><i>texttu f.3r10</i></u>	<u><i>tubhaille f.7r19⁴³</i></u>

<i>Rawl.:</i> <u><i>rEighidhoin§67:52:15</i></u>	<u><i>paintEr§119:112:34</i></u>	<u><i>carthanail§215:206:6</i></u>
<i>A19:</i> <u><i>regEoin f.9v12⁴⁴</i></u>	<u><i>painntéar f.17v6</i></u>	<u><i>cairdionáil f.29v12</i></u>

<i>Rawl.:</i> <u><i>dfhEchain hagaird §360:406:30</i></u>	<u><i>raiberians §72:58:16</i></u>	<u><i>aibsdinians §229:230:22</i></u>
<i>A19:</i> <u><i>dfeachain agaird f.55v6</i></u>	<u><i>rebeirEns f.10r33⁴⁵</i></u>	<u><i>aibsttinens f.33r3⁴⁶</i></u>

⁴¹ Feic caibidil a trí, 3.4.7.

⁴² *dighniteadh f.3r7* = *dinEteadh§1:2:9*, *dighnite f.11r25* = *dinite§76:64:16*.

⁴³ *tubhailli f.23* = *tuáille§46:32:22*.

⁴⁴ *region f.38r6* = *reidighón§263:266:24*.

⁴⁵ *rebeirEns f.24v13* = *raibErians§158:166:19*, *reuirens f.30r30* = *reuErians§218:210:37*, *reuirens f.41v14* = *raibirans§280:294:18*.

⁴⁶ *roabsttinens f.60v4* = *roaibsdEnens§418:446:7*.

<i>Rawl.:</i>	aenmoimint §124:122:30	sacramaint §129:128:3	indstraimint §252:256:20
<i>A19:</i>	aonmhoiment <i>f.19r3</i> ⁴⁷	sacrament <i>f.19v17</i> ⁴⁸	ionstrument <i>f.36v13</i>
<i>Rawl.:</i>	esbaloid§113:106:21	semplidhe§50:36:22	sEilEns§399:436:25
<i>A19:</i>	absolúit <i>f.16v13</i> ⁴⁹	simplidhi <i>f.7v22</i>	silens <i>f.59r32</i>

Is minic chomh maith litriú ainmneacha dílse iasachta leasaithe aige:

<i>Rawl.:</i>	san edaill§237:238:34	maurisius§255:258:8	isahías§381:428:26
<i>A19:</i>	san Ettáilli <i>f.34r24</i>	Mauritius <i>f.36v27</i>	Isaias <i>f.58r28</i> ⁵⁰
<i>Rawl.:</i>	abrahám§378:428:11	ambros§387:430:36	gridoir§2:2:14
<i>A19:</i>	Abraam <i>f.58r22</i> ⁵¹	Ambrosius <i>f.58v15</i>	gregoir <i>f.3r10</i> ⁵²

5.3.1.4 Fogharlitriú

Tá focail áirithe in Rawl. atá consan gann le hais an litriú a mbeadh súil leis de réir na Gaeilge Clasaicí. Is é foghar an fhocail, seachas a fhoirm scríofa, is cionsiocair leis an gcineál seo litrithe in Rawl., agus is léiriú é ar an deighilt a bhí idir caighdeán scríofa na Gaeilge Clasaicí agus Gaeilge labhartha na linne (McManus 1994:353). Is díol suntais é gur minic le Mac Niallais litriú focail mar iad a leasú agus an consan gann a bhreacadh ina leabhar féin. Léiríonn na leasuithe litrithe seo nach gá gur foghar focail a chinnfeadh an litriú a bheadh aige air. Tugann siad le tuiscint gur ar cheart scríofa na bhfocal a bhí a aird, agus nár mhian leis fogharlitriú a eiseamláire a leanacht, ná a scaipeadh. Tugtar aon sampla amháin de chuile fhocal mar iad a leasaigh sé sna táblaí thíos; is i bhfonóta a tugtar aon leasú eile a rinne sé ar fhocal atá i dtábla:

⁴⁷ enmoiment *f.59r27* = enmoimint§397:436:15, Énmoiment *f.60r21* = Enmoimint§413:444:9.

⁴⁸ sacrament *f.22r14* = sacramaint§145:148:7, sacramenti *f.22v13* = sacramainti§148:150:38, sacrament *f.22v15* = sacramaint§148:152:2, sacrament *f.30v14* = sacramaint§219:212:30, sacrament *f.30v31* = sacramaint§219:214:24.

⁴⁹ absolúit *f.16v14* = Esbalóid§113:106:23, absoluit *f.31v24* = Espalóid§223:222:12, absolúit *f.31v27* = espalóid§223:222:17.

⁵⁰ Isaias *f.58r29* = isuhias§381:428:28.

⁵¹ Abraam *f.58r18* = abrahám§378:428:6, Abraam *f.58r23* = abrahám§378:428:14, Abraam *f.58r24* = aprahám§379:428:16, Abraam *f.58r25* = abrahám§379:428:20.

⁵² greghoir *f.6r28* = gridoir§40:24:31, greghoir *f.13v16* = gridhoir§88:82:20, greghora *f.24r28* = grighóra§157:164:16 (TG), gregoir *f.29v11* = gridhoir§215:206:3, gregoir *f.29v18* = gridoir§215:206:17 (TG), gregoir *f.29v32* = grighoir§216:208:9, greghoir *f.30v25* = grigoir§219:214:13, gregoir *f.30v25* = grighoir§219:214:13, gregoir *f.36r28* = grigoir§250:254:20, greghoir *f.36v25* = grigoir§255:258:5, greghoir *f.36v26* = grigoir§255:258:6, gregoir *f.36v28* = grighoir§255:258:11.

<i>Rawl.</i> : <u>aibirsEóir§119:112:20</u>	<u>aibsidhe§193:196:5</u>	<u>saibhrEss§386:430:25</u>
<i>A19</i> : <u>aidhbirsEóir f.17r32⁵³</u>	<u>aidhbhsighe f.28r28</u>	<u>saidhbrios f.58v9</u>
<i>Rawl.</i> : <u>lEghoireacht §221:218:8</u>	<u>cruthaigEóir §66:52:4</u>	<u>furtaighEoir §64:48:31</u>
<i>A19</i> : <u>lEghthóracht f.31r22</u>	<u>cruthaighthEoir f.9v7⁵⁴</u>	<u>furtaighthEóir f.9r14</u>
<i>Rawl.</i> : <u>ríthEch§157:162:1</u>	<u>da nidlaicí§113:106:26</u>	<u>troisce§298:322:15</u>
<i>A19</i> : <u>rightheach f.24r7⁵⁵</u>	<u>dá niodhluichí f.16v16</u>	<u>troisgthe f.45v19</u>
<i>Rawl.</i> : <u>achuinge§20:8:31</u>	<u>udarás§72:60:7</u>	<u>naemhacht§251:256:6</u>
<i>A19</i> : <u>athchuinge f.4r15</u>	<u>ughdaras f.10v16⁵⁶</u>	<u>naomhthachd f.36v5</u>
<i>Rawl.</i> : <u>rogruama§7:4:30</u>	<u>tairrgire§23:10:18</u>	<u>oirnEch§115:108:18</u>
<i>A19</i> : <u>rogruadhma f.3v4</u>	<u>tairrgire f.4r26⁵⁷</u>	<u>oirdneach f.16v30</u>
<i>Rawl.</i> : <u>do gnathaidis§53:40:22</u>		
<i>A19</i> : <u>do gnathuighidís f.8r18</u>		

Chuir Mac Niallais consan breise le focail eile atá in Rawl. san áit nach dual dóibh de réir na Gaeilge Clasaicí. Is breisfhianaise iad na leasuithe seo gur ar fhoirm scríofa na bhfocal, seachas ar a bhfoghar, a bhí a aird:

<i>Rawl.</i> : <u>airithe§8:6:1</u>	<u>draidEchta§295:316:11</u>	<u>gidhnithEr§24:12:3</u>
<i>A19</i> : <u>airghthe f.3v10⁵⁸</u>	<u>draighhthEchta f.44v26</u>	<u>gighnidhtear f.4r33</u>
<i>Rawl.</i> : <u>scrisfuithear §127:124:27</u>	<u>baistfithhear §141:142:12</u>	<u>muirbfithhEr §151:156:7</u>
<i>A19</i> : <u>sgriosfaihthErf.19r23</u>	<u>baistfihthear f.21r33</u>	<u>muirfihthear f.23r22</u>

⁵³ aid**h**birsEóir f.17v3 = aib**ir**sEóir§119:112:27, aid**h**birsEóir f.20r5 = aib**ir**sEóir§132:130:14, aid**h**birsEóir f.31v26 = aib**ir**sEóir§223:222:16, aid**h**birsEóir f.31v30 = aib**ir**sEóir§223:222:25, aid**h**birsEóir f.32r4 = aib**ir**sEóir§223:222:39, aid**h**birsEóireadh f.32r17 = aib**ir**sEoradh §224:224:30, aid**h**birsEóir f.36r6 = aib**ir**sEora§248:252:9, aid**h**birsEóiracht f.17v7 = aib**ir**sEoracht§119:112:35, aid**h**birsEorachta f.34v27 = aib**ir**sEorachta§240:242:36, aid**h**birsEóiracht f.39v1 = aib**ir**sEoracht§270:276:12, aid**h**birsEóirachta f.39v5 = aib**ir**sEóirachta§270:276:20, aid**h**birsEóiracht f.42v10 = aib**ir**sEóirachta§284:300:25, aid**h**birsEóirachta f.44v9 = aib**ir**sEóirachta§294:314:16, aid**h**birsEóirachta f.52r17 = aib**ir**sEorachta§353:378:26, aid**h**birseoracht f.52r27 = aib**ir**sEoracht§353:380:6.

⁵⁴ cruthaig**h**thEóra f.7r8 = cruthaig**h**Eóra§44:30:18.

⁵⁵ riog**h**thighe f.2v32 = riog**h**thighe§159:168:29.

⁵⁶ ug**h**daras f.58r12 = údarás§376:426:24.

⁵⁷ tairr**g**ir f.40v5 = tairr**g**ir§275:284:1, tairr**g**ire f.7v13 = tairr**g**ire§49:34:37.

⁵⁸ air**g**hthi f.8v16 = air**g**hthi§60:44:35, air**g**hthi f.13r16 = air**g**hthi§87:78:28, air**g**hthi f.14v28 = air**g**hthi§97:92:16, air**g**hthi f.16r3 = air**g**hthi§110:102:9, air**g**hthi f.17r1 = air**g**hthi§115:108:26, air**g**hthi f.17r15 = air**g**hthi§117:110:17, air**g**hthi f.17r32 = air**g**hthi§119:112:20, air**g**hthi f.22v = air**g**hthi§148:150:33, air**g**hthi f.34v6 = air**g**hthi§238:240:27.

Rawl.: ni bía§265:268:28	do bera§104:98:18	ro impo§355:386:5
A19: ni biaidh f.38r26 ⁵⁹	do béaraidh f.15v6	ro iompódh f.53r10 ⁶⁰

Rawl.: comóradh §93:86:31	comhaighEcha §190:192:29	coimEs §74:60:24
A19: comhhoradh f.14r15	comhuighteacha f.28r11	coimhmhEs f.10v24

Rawl.: comartha§138:138:30	lúdacáin§276:288:7	dIEsdenaig§72:58:30
A19: comthardha f.21r10 ⁶¹	lughdagain f.41r2	dlighesttionaigh f.10v8

Rawl.: sai§25:12:19 (TA)	lubra§270:276:9 (TA)	nua§43:28:26
A19: saoid f.4v8	luphradh f.39r31 ⁶²	nuadh f.6v28

Rawl.: indsaigidh§79:70:6	do clai§242:244:35
A19: ionnsaidhe f.12r5 ⁶³	do chlaóidh f.35r11

Bíodh is go bhféadfadh sé gur i ndearmad a leasaigh Mac Niallais litriú na bhfocal thuas, ní dócha gur dearmaid ar fad iad. Is léir ó líonmhaireacht na leasuithe a rinne sé ar an bhfocal *áirithe*, agus ar an bhfoirm bhriathartha *-bia*, gur chreid sé gurbh aige féin ba chirt a litriú. Ina theannta sin, tagann an litriú atá aige ar bhunáite na bhfocal thuas leis an litriú a bhíonn orthu uaireanta i dtéacsanna eile a linne. Faightear samplaí sa bprós de *airighthe*, *nuadh*, *coimhmeas*, *comhaighteach*, *ionnsaighe*, agus *comhthardha*,⁶⁴ san áit a mbeadh súil le *áiridhe/áirithe* (IGT II 3), *nua* (IGT II 139), *coimeas* (IGT II 38), *comhaidheach/comhaitheach* (IGT II 23), *ionnsaighidh* (IGT III 65), agus *comhartha/comhardha* (eDIL s.v. comartha), agus is minic an foirceann *-idh* i dteannta briathra nach gcuirtí an foirceann sin leo sa nGaeilge Chlasaiceach.⁶⁵

⁵⁹ go mbiaidh f.11v5 = go mbía§77:66:15, da mbiaidh f.11v5 = da mbía§77:66:17, go mbiaidh f.11v29 = go mbía§78:68:28, go mbiaidh f.11v30 = go mbia§78:68:30, nach biaidh f.17r9 = nach bia§116:110:6, go mbiaidh f.17r18 = go mbía§117:110:23, nach biaidh f.23r26 = nach bia§151:156:15, go mbiaidh f.24r1 = co mbía§156:160:26, aga mbiaidh f.27v32 = aga mbía§187:192:2, go mbiaidh f.39r27 = co mbía§269:274:39, ni bhiaidh f.52v28 = ni bia§355:382:33.

⁶⁰ Ro iompoidsiod f.54r = Ro impoisEt§355:394:9.

⁶¹ comhthardha f.31r2 = comartha§219:214:31.

⁶² sa lubradh f.29v8 = sa lubra§214:204:37.

⁶³ Aon sampla amháin plene atá in Rawl., indsaighidh§81:72:12.

⁶⁴ Feic m.sh. *airighthe* in *Imeacht na nÁrlaí* (10:18, 12:11, 58:9), agus *Desid.* (22:609,23:617); *nuadh* san eDIL (s.v. núa, núae); *coimhmeas* in *Desid.* (129:3921), agus *Trí Biorgh.* (46:1390, 1398); *comhaighteach* in *Desid.* (39:1087, 131:3990), agus *Trí Biorgh.* (33:953, 221:7046); *ionnsaighe* in *Carswell* (110:3878), agus *Trí Biorgh.* (113:3591); agus *comhthardha* in *Carswell* (17:557, 49:1657, 1672).

⁶⁵ Feic m.sh. *-biaidh* in *Carswell* (41:1370), *Desid.* (37:1047), *Trí Biorgh.* (43:1293, 136:4330), agus in *Imeacht na nÁrlaí* (156:10, 158:4); agus *do-bhéaraidh* in *Trí Biorgh.* (99:3147, 337:10966).

Faightear samplaí chomh maith de *-faighthear/-faidhthear* mar litriú ar fhoirceann céasta na haimsire fáistíní,⁶⁶ agus luann McManus samplaí eisceachtúla dá leithéid atá sa bhfilíocht (McManus 1994:401). In ainneoin nach dtagann na leasuithe litrithe a rinne Mac Niallais thuas le ceart na dtráchtas gramadaí, thiocfadh sé gur ceartúcháin cuid díobh ar litriú a shíl sé a bheith lochtach. D'fhéadfadh sé chomh maith gur ag seachaint dearmaid litrithe a bhí sé san áit ar bhreac sé *urnaighthe* thar ceann *urnaidhe* Rawl., malairt a ceadaítear in IGT II 3.⁶⁷

In ainneoin gurbh iondúil gur chonsan breise a chuir sé le focal atá in Rawl., feictear corrrshampla de chonsan a bheith gan breacadh aige chomh maith. Aontaíonn a litriú leasaithe ar na focail *foirfeacht* (IGT IV 123) agus *soitheach/soidheach* (IGT II 55) le litriú na bhfocal sin in IGT:

Rawl.:	<u>soightEch§268:274:17</u>	<u>foirbfeacht§387:430:33</u>
A19:	<u>soitheach f.39r16⁶⁸</u>	<u>fhoirfeacht f.59v14⁶⁹</u>

D'fhág Mac Niallais consan ar lár as focail eile atá in Rawl. a thagann le litriú stairiúil na bhfocal. Is dócha, dá réir, gurb é foghar na bhfocal a thug air a leasú agus gur i ngan fhios dó féin a d'fhág sé consan ar lár astu:

Rawl.:	<u>doairmidhe§67:52:30</u>	<u>na bídhse§354:380:22</u>	<u>draidh§129:126:22</u>
A19:	<u>doairmhi f.9v21</u>	<u>na bí sé f.52v3</u>	<u>draoí f.19v8 (TT)</u>

Rawl.:	<u>troiscthib§380:428:21</u>	<u>tindluicthe§2:2:20</u>	<u>tindluicthib§49:34:30</u>
A19:	<u>troisccibh f.58r26</u>	<u>tiodhluici f.3r14</u>	<u>tiodhluicibh f.7v10</u>

Rawl.:	<u>aidbsEch</u>	<u>comhdatha</u>	<u>maindEchtnaidhe</u>
	<u>§64:48:39.</u>	<u>§87:78:33</u>	<u>§299:322:32</u>
A19:	<u>aibhseach f.9r17</u>	<u>comhdha f.13r19</u>	<u>mainnEchtaigh f.45v23</u>

⁶⁶ Feic *m.sh. Maund.* (18:16, 230:1, 246:2) agus SSA (xxix).

⁶⁷ *urnaighthe* f.16v24, *urnaidhe*§114:108:1, *urnaighthe* f.35v16 = *urnaidhe*§246:248:37, *urnaighthe* f.37v24 = *urnaidhe*§261:264:32, *urnaighthe* f.40r14 = *urnaidhe*§274:280:26, *urnaighthe* f.45v28 = *urnaidhe*§300:324:4, *urnaighthe* f.46v5 = *urnaidhe*§305:328:15, *urnaighthe* f.54v23 = *urnaidhe*§356:402:11.

⁶⁸ *soitheach* f.34v10 = *soightEch*§238:240:34, *soiteach* f.42r30 = *soightEch*§284:300:2, *soithigh* f.42r32 = *shoightigh*§284:300:5, *soitheach* f.42r32 = *soightEch*§284:300:6, *soitheach* f.42r33 = *soightEch*§284:300:8, *soiteach* f.42v5 = *soightEch*§284:300:15, *soiteach* f.42v8 = *soightEch*§284:300:22, *soiteach* f.42v9 = *soightEch*§284:300:24, *soiteach* f.44r23 = *soightEch*§292:312:16, *soitheach* f.44r26 = *soightEch*§292:312:21.

⁶⁹ *foirfeachtra* f.58r27 = *foirbhfEchta*§380:428:23, *fhoirfEchta* f.58v22 = *foirbfEchta*§389:432:10.

5.3.2 An briathar

5.3.2.1 Foircinn

Is beag leasú a rinne Mac Niallais ar fhoircinn bhriathartha an téacs. San áit a ndearna sé amhlaidh, b'fhoirceann malartach atá i gcóras briathartha Rawl. féin a bhreac sé in ionad a raibh roimhe sa téacs:

<i>Rawl.:</i>	<u> nac daimÉontai §216:210:7</u>	<u> nitucsad §355:382:22</u>	<u> do raidhsemar §272:278:16</u>
<i>A19:</i>	<u> nach daimEontaidhe f.30r16</u>	<u> ní tugsadur f.52v22</u>	<u> do raidhEmhar f.39v21</u>
<i>Rawl.:</i>	<u> rachaid sí §265:270:17</u>	<u> ina bhaca §229:232:5</u>	<u> Laibeoramaid §345:368:4</u>
<i>A19:</i>	<u> racha sí f.38v8</u>	<u> ina bhacuiddh f.33r17</u>	<u> LaibhEoram f.51r13</u>
<i>Rawl.:</i>	<u> do gnathaidis §53:40:22</u>	<u> da naithnidhmís §148:152:4</u>	<u> ro croithidís §355:390:20</u>
<i>A19:</i>	<u> do gnathuighidís f.8r18</u>	<u> dá naithnighemís f.22v16</u>	<u> ro croithdís f.53v10</u>
<i>Rawl.:</i>	<u> sgailfe tú§72:58:27</u>		
<i>A19:</i>	<u> sgaoilfeas tu f.10v6</u>		

Ní dhearna sé de leasú eile ar fhoircinn bhriathartha an téacs ach foirm scartha den bhriathar a úsáid thar ceann an fhoircinn iolra, 3ú pearsa, *-atar*, in aon ionad amháin: do *connairc* siad f.28r1 = do *condcatar* §188:192:6.

Bíodh is nach líonmhar iad leasuithe seo Mhic Niallais, chuir siad athrú de bheagán ar chóras briathartha an téacs. Ní faightear aon sampla den fhoirceann *-amaid*, 1ú pearsa iolra aimsir fháistineach, le briathar rialta ina leabhar de bharr a leasaithe, agus is mó samplaí atá inti d'fhoirceann déshiollach sna haimsirí tánaisteacha ag briathra nach gcoimrítear. Thabharfadh laghad leasaithe Mhic Niallais le tuiscint nár theastaigh uaidh athrú córasach a chur ar fhoircinn bhriathartha an téacs. Is dócha dá réir, gur go neamh-chomhfhiosach a leasaigh sé na samplaí thuas ar fad.

5.3.2.2 Na briathra neamhrialta

Bíonn cuid mhaith foirmeacha malartacha ag na briathra neamhrialta in Rawl. agus is minic foirm mhalartach breactha ag Mac Niallais thar a gceann. Ní feictear ach dhá fhoirm mhalartacha aige nach bhfuil in aon áit i dtéacs Rawl.:

<i>Rawl.</i> :	do rindis§17:8:14	go rabh§115:108:19
<i>A19</i> :	do righnis f.4r6	go roibh f.16v31

Is foirmeacha malartacha a cheadaítí sa nGaeilge Chlasaiceach an dá fhoirm seo (McManus 1994:413, 416). Níor bhain sé leas coitianta astu, agus is dócha gur i ngan fhios dó féin a bhreac sé.

Is foirm mhalartach a faightear i dtéacs Rawl. féin a d'úsáid Mac Niallais sna leasuithe eile ar fad a rinne sé ar fhoirmeacha bhriathra neamhrialta an téacs. Is léir go raibh sé de nós aige foirmeacha áirithe a leasú agus ba chórasaí cuid dá leasuithe ná a chéile. Is iad foirmeacha aimsir chaite na mbriathra *do-gheibh*, *do-chí/ad-chí*, agus tamhan fáistineach an bhriathair *marbhaidh*, is córasaí leasaithe aige. Faightear deich sampla de *do-chonnaic* aige san áit a mbíonn *do-chonnaic* in Rawl. (Aguisín III:2.1, 28–37), rinne sé *do fhuair* de chúig shampla de *fuair* a casadh air (Aguisín III:2.1, 38–42), agus is *muir-* a bhreac sé thar ceann *muirb-* Rawl. i seacht n-ionad sa téacs (Aguisín III:2.1, 43–49).

Bíodh is gurbh iad na foirmeacha malartacha céanna a bhreac Mac Niallais thar ceann *fuair* agus *do-chonnaic* i gcónaí, níor leasaigh sé chuile shampla díobh atá sa téacs. Is léir nach raibh aon locht aige orthu agus thioctadh sé nach raibh d'údar lena leasú ach gur ghnáiche leis *do fhuair* agus *do-chonnaic* a bhreacadh. Is é is dóichí é gur mheas sé gur chótha *muir-* ná *muirb-* i dtamhan fáistineach an bhriathair *marbhaidh*. Níor fhág sé ach dhá shampla de *muirb-* gan athrú sa téacs (Aguisín III:2.1, 50–51).

Is iad foirmeacha éagsúla na copaile agus an bhriathair shubstaintigh na foirmeacha is minicí a leasaigh Mac Niallais. Is deacair aon phatrún córasach a aimsiú sna sé leasú dhéag a rinne sé ar fhoirmeacha copaileacha an téacs (Aguisín III:2.1, 12–27), ná san aon leasú dhéag a rinne sé ar an mbriathar substainteach (Aguisín III:2.1, 1–11). Ba í foirm an 3ú pearsa uatha, aimsir chaite, an bhriathair shubstaintigh an fhoirm ba choitianta díobh a leasaigh sé. Bhreac sé *do bhí* thar ceann *do bhaoi* Rawl.

i sé ionad sa téacs (Aguisín III:2.1, 1–6), rinne sé *do bhaoi* de *do bhí* i dhá ionad eile (Aguisín III:2.1, 7–8), agus feictear aon sampla amháin de *baoi* a bheith aige thar ceann *do bhí* (Aguisín III:2.1, 9). Is suntasach an ní é gurbh iad na foirmeacha is tréine in Rawl. ba mhinicí ag Mac Niallais mar fhoirm mhalartach. Is mó samplaí de *do bhaoi* atá in Rawl. ná *baoi*, agus is tréine *do bhí* ná ceachtar díobh. D’fhéadfadh sé gurbh é tionchar na bhfoirmeacha is minicí a léigh sé sa téacs a thug air na leasuithe seo a dhéanamh go neamh-chomhfhiosach.

Rinne Mac Niallais naoi leasú eile ar fhoirmeacha bhriathra neamhrialta an téacs. Ba leasuithe neamhchoitianta neamhchórasacha iad agus is mó is dóichí é gur i ngan fhios dó féin a rinne sé iad:

<i>Rawl.</i> : <u>adubairt§115:108:22</u>	<u>adbert§277:290:2</u>	<u>co ndéabairt§183:188:25</u>
<i>A19</i> : <u>adbert f.16v32</u>	<u>adubairt f.41r15</u>	<u>go ndubairt f.27v15</u>

<i>Rawl.</i> : <u>adEraid§149:152:11</u>	<u>a ndEnadh§143:146:14</u>	<u>do bErthí§159:168:17</u>
<i>A19</i> : <u>adeirid f.22v19</u>	<u>a ndiongnadh f.21v32</u>	<u>do bearthaoí f.24v28</u>

<i>Rawl.</i> : <u>Do tog§87:80:31</u>	<u>Tóc§297:318:38</u>	<u>fácaimse§353:380:9</u>
<i>A19</i> : <u>Do tógaihb f.13v1</u>	<u>Tógaihb f.45r24</u>	<u>fágbhuimsi f.52r29</u>

Ní cosúil gur theastaigh ó Mhac Niallais athnuachan a dhéanamh ar fhoirmeacha bhriathra neamhrialta an téacs, ná na malairtí foirmeacha ar fad atá i dtéacs Rawl. a thabhairt chun rialtacht. In ainneoin gur leasaigh sé cuid mhaith foirmeacha agus é i mbun cóipeála, is beag athrú a chuir sé ar chóras briathartha théacs Rawl. D’fhéadfadh sé gur go comhfhiosach a leasaigh sé cuid díobh ach is mó an seans gur i ngan fhios dó féin a leasaigh sé a mbunáite.

5.3.2.3 Réamhbhriathra

Ní báitear *a-* an bhriathair shubstaintigh i dtéacs Rawl. de ghnáth. Níorbh é gnáthchóras Rawl. a lean Mac Niallais. Bháigh seisean *a-* an bhriathair agus é ar lorg réamhfhocail nó cónaisc dar críoch guta go rialta;⁷⁰ níor fhág sé gan bá ach sampla den bhriathar atá sa bhfilíocht: fa ata f.57v17 = fa ata§371:422:16.

⁷⁰ *m.sh.* o taoi f.17v13 = o atai§120:114:10, ó taím f.56r25 = o ataim§362:412:6, ótá f.6v29 = o ata§43:28:32, ma ta f.51v11 = má ata§348:372:20.

Is díol suntais é gur bhreac sé *a-* an bhriathair ar lorg *mar* in ionad amháin sa téacs inar bád in Rawl. é: murata *f.33r7* = martá§229:230:29. In ainneoin gur chuid éigeantach *a-* san aimsir láithreach de réir na Gaeilge Clasaicí, cheadaítí a bá ar lorg *mar* agus in abairtí coibhneasta áirithe (McManus 1994:416). Is léir nach raibh aon aird ag Mac Niallais ar theagasc na dtráchtas. Thabharfadh a leasuithe rialta córasacha le tuiscint gur chreid sé gur chóir *a-* an bhriathair a bhá ar lorg réamhfhocal nó cónasc dar críoch guta.

Ní dócha gur go comhfhiosach a d'athraigh Mac Niallais réamhbhriathar na mbriathra *do-chluin* agus *do-chí* i gceithre ionad sa téacs. Is cinnte, de bharr botún filíochta, gur i ndearmad a bhreac sé *do-* thar ceann *ad-* i sampla díobh (Aguisín II:1.8, 39), agus is dócha gur go neamh-chomhfhiosach a rinne sé na leasuithe eile chomh maith:

<i>Rawl.:</i>	Od cuala §355:382:31	Do <i>connairc</i> §123:120:21	Od <i>conduirc</i> §252:256:18
<i>A19:</i>	O do chuala <i>f.52v26</i>	ad <i>connairc</i> <i>f.18v12</i>	O do <i>connairc</i> <i>f.36v12</i>

5.3.2.4 Briathra áirithe

innisidh, im(th)ighidh, tionnsgnaidh: Ní feictear ach dornán samplaí den bhriathra *innisidh* in Rawl. agus é coimrithe. Is í foirm neamhchoimrithe Rawl. a bhreac Mac Niallais de ghnáth, ach choimrigh sé chuile shampla den 3ú pearsa iolra aimsir chaite nár coimríodh in Rawl. (Aguisín III:2.1, 52–56). Is leasú córasach é seo a rinne sé ar an téacs a thugann le tuiscint gur mheas sé gur chóirtha coimrithe an briathar sa 3ú pearsa iolra, aimsir chaite.

Choimrigh Mac Niallais an t-aon sampla amháin atá in Rawl. den bhriathar *im(th)ighidh* agus é neamhchoimrithe: do *imghEtar f.44v27* = do *imtighetar*§295:316:13. Ina theannta sin, choimrigh sé aon sampla amháin den bhriathar *tionnsgnaidh*, briathar nach gcoimrítear in Rawl.: do *tionnsgnadur f.16v5* = do *tindscanatar*§113:106:5. Murab ionann agus a ndearna sé leis an mbriathar *innisidh*, thiocfadh sé gur faoi sheachmall a leasaigh sé an dá bhriathar seo. Níor choimrigh sé aon sampla eile de 3ú pearsa iolra an bhriathair *tionnsgnaidh* in ainneoin nár ghann a dheis.

ar/ol: Is é *ar* gnáthfhoirm an bhriathair uireasaigh in Rawl.; baintear leas as *ol* thar a cheann in 45 ionad sa téacs, agus is *bhar* is foirm dó i naoi n-ionad eile.⁷¹ Chloígh Mac Niallais leis an bhfoirm atá in Rawl. den chuid is mó agus níor leasaigh sé ach cúig shampla den bhriathar:

<i>Rawl.</i> : <u>ol§30:16:2</u>	<u>ol§120:116:35</u>	<u>ol§347:370:7</u>
<i>A19</i> : <u>ar f.5r1</u>	<u>ar f.18r12</u>	<u>ar f.51r28</u>

<i>Rawl.</i> : <u>ar§241:244:16</u>	<u>uhar§276:286:9</u>
<i>A19</i> : <u>ol f.35r2</u>	<u>ar f.40v22</u>

Is léir ó laghad a leasaithe nár theastaigh ó Mhac Niallais foirmeacha éagsúla an bhriathair uireasaigh a thabhairt chun rialtacht. Is dócha gur i ngan fhios dó féin a rinne sé na leasuithe thuas agus é faoi thionchar na bhfoirmeacha is coitianta den bhriathar in Rawl.

Eile: Bíonn dhá fhoirm ag fréamh an bhriathair *aithnidh* in Rawl., *aithin* agus *aithnigh*; ní túisce fréamh díobh sa téacs ná a chéile. Chloígh Mac Niallais go humhal le luaineacht Rawl. agus níor leasaigh sé ach dhá shampla den bhriathar sa téacs: *aithnigh*msi *f.22v15* = *aithnimse*§148:152:2, do *aithnigh*Edar *f.33v19* = do *aithnetar*§233:234:35. Is é *athain* is foirm don bhriathar in Rawl. agus an réamhfhocail *de* ina theannta sa gciall ‘command, enjoin’ (eDil s.v. 1 *aithnid*; *Desid.* s.v. 1. *aithin*). Tharlódh sé gurbh é líonmhaireacht na samplaí de *aithin* atá sa téacs a thug ar Mhac Niallais dhá shampla de *athain* a leasú: do *aithin* *f.43r19* = do *athain*§288:304:22, do *aithin* *f.43r20* = do *athain*§288:304:25.

Leasaigh Mac Niallais fréamhacha briathartha eile chomh maith. Chaolaigh sé consan láir na dtrí shampla de *tarrngairidh*, seachas *tairrngiridh*, atá in Rawl., bhain sé leas as an mhoirféim *-eóbh-* i dtamhan fáistineach briathair thar ceann *-eóch-*, agus rinne sé consan caol de chonsan leathan atá in Rawl. a bhfuil *-éa/eó-* an tamhain fháistinigh ar a lorg:

<i>Rawl.</i> : <u>Do tarrngair §34:18:40</u>	<u>do tarrngairetar §42:26:23</u>	<u>do tarrngair §152:156:19</u>
<i>A19</i> : <u>Do tairrngir f.5v10</u>	<u>do tairrngiretar f.6v9</u>	<u>do tairrngir f.26r27</u>

⁷¹ *m.sh.* *ol* §34:18:42, §81:72:2, §87:78:22, §217:210:17, *bhar* §220:216:24, §355:382:23, §367:416:29.

Rawl.: derbEochus§237:238:37 scribhobadh§362:410:23
A19: dherbhéobhus f.34r26 sgríbhÉobadh f.56r14

Ní dócha gur ceartúcháin iad na leasuithe a rinne Mac Niallais ar na briathra *sgríobhaidh* agus *dearbhaidh*. Ní raibh aon locht aige ar na samplaí eile atá in *Rawl.* de chonsan leathan a bheith roimh *-éa/eó-* an tamhain fháistinigh, agus is iomaí deis a bhí aige *-éobh-* a úsáid thar ceann *-éoch-*. Is deacra a bheith cinnte de nach ceartúchán é an leasú a rinne sé ar an mbriathar *tairrngiridh*. In ainneoin go gceadaítear *tarrngairidh* mar mhalairt in IGT III 65, d'fhéadfadh sé gur mheas sé nár cheart é. Is mó an seans gurbh é líonmhaireacht na samplaí den bhriathar agus consan caol iontu sa téacs a thug air a leasú go neamh-chomhfhiosach.

5.3.2.5 Míreanna briathartha

do/ro: Faightear cuid mhaith samplaí in *Rawl.* de *ro* a bheith á húsáid thar ceann na míre dearfaí caite *do*. Is léir nach raibh aon locht ag Mac Niallais ar luaineacht a n-úsáide sa téacs. Níor athraigh sé an mhír atá in *Rawl.* ach i gceithre ionad sa téacs. Thiocfadh sé gur bhotún truaillithe a rinne sé san áit a ndearna sé *ro* de *do* *Rawl.* in ionad díobh (Aguisín II:2.5, 19), agus is dócha gurbh é tionchar na míre is rialta sa téacs ar a chuimhne a thug air *do* a bhreacadh thar ceann *ro* *Rawl.* sa dtrí ionad eile:

Rawl.: rob oige§93:88:15 ro raid§355:382:13 ro thinoil§355:382:31
A19: dob óigi f.14r26 do raidh f.52v17 do thionoil f.52v27

Ba chórasaí a leasú ar litriú na míre *do* roimh bhriathar dar tús guta nó *fh*. Ní bháitear guta na míre ach in aon ionad amháin in *Rawl.* Bíodh is gur lean Mac Niallais *Rawl.* uaireanta, bháigh sé guta na míre i bhfiche ionad sa téacs (Aguisín III:2.1, 57–75). Is léir ó rialtacht a chuid leasuithe nach raibh aon aird aige ar theagasc na dtráchtas gramadaí i dtaobh úsáid na míre roimh ghuta nó *fh*. (McManus 1994:409), agus gur bheag a locht ar a ghuta a bhá.

Is deacair a mheas cén t-údar a ndearna Mac Niallais leasú córasach ar úsáid na míre *do* sa téacs. Ní dócha gur go neamh-chomhfhiosach a d'athraigh sé chuile shampla díobh, ach ní dócha ach oiread gur mheas sé gur bhotún é gan guta na míre a bhá. D'fhéadfadh sé nach raibh d'údar aige leis ach gurbh éasca dó gan a bhreacadh, nó gur ar mhaithe le páipéar a spáráil a rinne sé amhlaidh.

Míreanna agus cónaisc eile: Is séimhiú a chuireann na míreanna diúltacha *ní*, *níor*, agus *nár* ar bhriathra gníomhacha in Rawl. Is amhlaidh an *cás* é i leabhar Mhic Niallais ach amháin gur minic mar a bheadh urú aige ar lorg na míre *ní* le foirm spleách an bhriathair shubstaintigh, agus le haimsir chaite an bhriathair *do-gheibh*, fiú nuair is séimhiú a leanann é in Rawl.:

Rawl.: <u>ní fhuair§197:196:31</u>	<u>ní fhuair§220:216:5</u>	<u>Ni fhuil§336:358:20</u>
A19: <u>ní bfuair f.28v8</u>	<u>ni bfuair f.31r5</u>	<u>Ni bfuil f.50r29</u>

Rawl.: <u>ni fhuaratar§355:386:10</u>	<u>ni fhuaramar§355:396:20</u>
A19: <u>ni bfuaratar f.53r12</u>	<u>ni bhuaramur f.54r21</u>

Dar le O’Rahilly, ní urú ó cheart é *bhf-* sa gcás seo ach léiriú ar shleamhnóg a d’fhás idir *í* agus an *u* a leanann é a faightear scríofa i lámhscríbhinní ó dheireadh na cúigiú haoise déag ar aghaidh (O’Rahilly 1932:44–46; McManus 1994:359; Williams 1994:460). Is léir gur mheas Mac Niallais *nár* locht a bhreacadh, ach is deacair a mheas cén t-údar ar leasaigh sé a raibh roimhe in Rawl. Ní fios an é gur chreid sé gur chóirtha *bhf-* ná séimhiú, nó an go neamh-chomhfhiosach a d’athraigh sé a raibh ina eiseamláir.

Bíonn an mhír dhiúltach *ná* in Rawl. uaireanta san áit a mbíonn *nach* go hiondúil sa téacs. Is cosúil gur mheas Mac Niallais gur chóirtha *nach* ná *ná*. Is é *nach* a bhreac sé thar ceann chuile shampla de *ná* a thagann roimh bhriathar in Rawl., agus is iondúil *nach* aige san áit arb í an chopail atá ar lorg *ná* in Rawl.:

Rawl.: <u>na dingna§120:116:11</u>	<u>na fEdfá§64:50:2</u>	<u>na fuighedh§68:54:7</u>
A19: <u>nach dioghna f.17v32</u>	<u>nach bféadfa f.9r18</u>	<u>nach bfuigeadh f.9v26</u>

Rawl.: <u>na fuil§65:50:31</u>	<u>na fuil§182:188:16</u>	<u>na budh§40:26:5</u>
A19: <u>nach bfuil f.9r33</u>	<u>nach bfuil f.27v9</u>	<u>nach budh f.6r32</u>

Rawl.: <u>ná budh§144:146:26</u>	<u>na budh§98:94:3</u>	<u>na budh§294:314:23</u>
A19: <u>nach budh f.22r4</u>	<u>nach budh f.15r4</u>	<u>nach budh f.44v12</u>

Is iondúil *nach* léirítear urú *ná* séimhiú i ndiaidh *nach* in Rawl. ach faightear corrrshampla de agus urú ina dhiaidh. Is gnách go gcuireann *nach* urú ar fhoirmeacha briathartha dar tús *c*, *t*, agus *f*, i leabhar Mhic Niallais, *m.sh.*:

Rawl.: <u>nach caitheadh</u>	<u>nach ticfadh</u>	<u>nach faca</u>
<u>§144:146:28</u>	<u>§38:22:22</u>	<u>§274:280:2</u>
A19: <u>nach gcaithfeadh f.22r5</u>	<u>nach ttiocfadh f.6r6</u>	<u>nach bfaca f.40r1</u>

Is iondúil gur *mun* a bhreac Mac Niallais thar ceann an chónaisc dhiúltaigh *muna*.⁷² Fearacht Rawl., is séimhiú a leanann *muna* de ghnáth i leabhar Mhic Niallais, ach feictear urú ar a lorg i gcúpla ionad sa téacs:

Rawl.: <u><i>muna fagham</i>§81:72:2</u>	<u><i>Muna fuil</i>§115:108:19</u>	<u><i>muna faghadh</i>§331:350:5</u>
A19: <i>mun bhfagham f.12r21</i>	<i>Mun bfuil f.16v31</i>	<i>mun bfaghadh f.49v1</i>

Is séimhiú a leanadh *muna* sa nGaeilge Chlasaiceach ach is minic urú ina dhiaidh i lámhscríbhinní ón séú haois déag amach (McManus 1994:359). Is léir nár theastaigh ó Mhac Niallais aon leasú córasach a dhéanamh ar an athrú tosaigh a leanann *muna* sa téacs, agus is dócha gur go neamh-chomhfhiosach a leasaigh sé na samplaí thuas.

5.3.2.6 Aimsir agus faí

Leasaigh Mac Niallais aimsir aon bhriathar déag atá i dtéacs Rawl. Ní feictear de phatrún ina chuid leasuithe ach a ndearna sé leis an mbriathar substainteach. Is í foirm na haimsire caite den bhriathar a bhreac sé thar ceann aimsir ghnáthchaite Rawl. i dtrí ionad sa téacs (Aguisín III:2.1, 76–78). Is deacair aon phatrún a aimsiú sna hocht leasú eile a rinne sé (Aguisín III:2.1, 79–86). Is fánach an t-athrú a chuir na leasuithe seo ar an téacs agus is deacair a n-údar a thuiscint. Bíodh is go bhféadfadh sé gur go comhfhiosach a rinne sé cuid díobh, is é is dóichí é gur i ngan fhios dó féin a leasaigh sé iad.

Rinne sé briathar céasta de dhá bhriathar ghníomhacha atá in Rawl. chomh maith. Fearacht na leasuithe a rinne sé ar aimsir na mbriathra, is beag athrú a chuireann siad ar bhrí ná ar éirim an téacs. Ní féidir a rá an ceartúcháin iad ar bhotúin a shíl Mac Niallais a bheith in Rawl. nó an i ngan fhios dó féin a leasaigh sé iad:

Rawl.: dofeargaidh <i>Espoc Eogan trit sin</i>		§40:24:6
A19: DofErgaigheadh <i>espoc eoghan trid sin</i>		<i>f.6r17</i>
Rawl.: <i>oata sin mar sin</i> ben <i>Eraic [...] amuigh</i>		§43:28:32
A19: <i>ótá sin mur sin</i> bEntar <i>éaruic [...] amach</i>		<i>f.6v29</i>

⁷² *m.sh.* *mun bheth f.6v1* = *muna beith*§40:26:8, *mun dearna f.14v7* = *muna dErna*§94:90:6, *mun churthaoí f.27r12* = *muna curthai*§181:184:26, *mun thuigEdh f.33r6* = *muna thuigedh*§229:230:27, *mun fhurtaigheadh f.45r11* = *muna furtaigeadh*§297:318:10.

5.3.2.7 Comhréir an bhriathair

Ní faightear aon sampla cinnte i dtéacs Rawl. de *do* a bheith á úsáid mar mhír choibhneasta.⁷³ Bhreac Mac Niallais *do* roimh bhriathar coibhneasta i sé ionad sa téacs san áit nach bhfuil a leithéid in Rawl. Is roimh an 3ú pearsa uatha, aimsir chaite, de na briathra *tig* agus *do-beir* a bhreac sé dhá shampla díobh; is cosúil gur i ndearmad a bhreac sé sampla eile díobh (Aguisín II:2.9, Íomhá 59), ach is roimh fhoirm choibhneasta na haimsire láithrí a bhreac sé na trí shampla eile:

Rawl.: cailgEs§105:98:34 toilighEs§120:114:16 cuirEs§353:378:21
A19: do chailgEs f.15v14 do thoilighEs f.17v16 do chuirEs f.52r15

Rawl.: tainic§29:14:29 tuc se§254:256:40
A19: do tainig f.4v29 do tug se f.36v22

Is cinnte gur mar mhír choibhneasta a d'úsáid Mac Niallais *do* agus é roimh fhoirmeacha coibhneasta na haimsire láithrí. Is léir de bharr laghad a leasaithe, gur mheas sé nár ghá an mhír a úsáid agus is dócha gur go neamh-chomhfhiosach a bhreac sé é sna samplaí thuas.

Leasaigh Mac Niallais dornán briathar coibhneasta eile sa téacs. Ní feictear ach aon sampla amháin in Rawl. de bhriathar coibhneasta dar tús *t* faoi shéimhiú. Níor bhreac Mac Niallais séimhiú an bhriathair sin ina leabhar féin, tiocfas f.34r25 = thicfaid§237:238:36, ach bíonn séimhiú aige in dhá ionad eile: thiocfus f.34r32 = ticfus§238:240:12, thógbhus f.58v3 = tocbus§383:430:12. Thabharfadh ar fhág sé lom d'fhoirmeacha mar iad le tuiscint gur chreid sé nár chóir séimhiú a chur ar bhriathar coibhneasta dar tús *t*. Is dócha dá réir sin gur i ndearmad a bhreac sé a leithéid sa dá shampla thuas.

Níor leasaigh Mac Niallais ach aon bhriathar coibhneasta amháin eile atá in Rawl. áit a ndearna sé foirm iolra d'fhoirm uatha a eiseamláire:

Rawl.: ag | labhairt dodoláss muiri 7 namban ro | naomtha eli **dobí** §19:8:26
 faría anaímsir nap | áisi

A19: aglabairt do dhólás Muiri .7 namban | ro naEmhtha eli f.4r12
 dobatar faria anaímsir napaisi

⁷³ Feic an plé a déantar ar an bhfoirm *do rug* (*coibh.*) atá in Rawl. i gcaibidil a trí, lth 70.

Is é an tríú pearsa den bhriathar, nó an fhoirm choibhneasta, a úsáidtear sa nGaeilge Chlasaiceach má tá an réamhtheachtaí ina ainmní sa gclásal coibhneasta, beag beann ar phearsa ná ar a uimhir (McManus 1994:423). Faightear samplaí i bprós na linne de réiteach a bheith idir uimhir an réamhtheachtaí agus a bhriathar (McManus 1994:423), mar atá ag Mac Niallais sa sampla thuas.

Is deacair a rá cén t-údar ar leasaigh Mac Niallais an sampla thuas. Ní dhearna sé a leithéid in aon áit eile sa téacs agus is cinnte, de bharr a neamhleasaithe, nach raibh aon locht aige ar ghnáthchóras na Gaeilge Clasaicí. Léiríonn a ndearna sé go raibh eolas aige ar an gcóras malartach atá i dtéacsanna próis eile, agus d'fhéadfadh sé gurbh é a dtionchar siúd a thug air an fhoirm bhriathartha seo a leasú i ngan fhios dó féin.

Leasaigh Mac Niallais uimhir chúpla briathar neamhchoibhneasta chomh maith. Is iondúil go réitíonn uimhir an bhriathair agus a ainmní lena chéile in Rawl., ach faightear corrshampla de bhriathar atá san uimhir uatha a bheith in easaontas le hainmní iolra. Níor chuir Mac Niallais ach trí athrú ar chóras Rawl.:

Rawl.:	beruid na † diabuil aanam lEo	§287:304:16
A19:	béaraidh ⁷⁴ na diabail aanam leó	f.43r15
Rawl.:	achtaticdis lu † cht nahindse uile cuice	§212:204:21
A19:	acht dattigEdh luchtt na hindsí uile † (..)	f.29r32
Rawl.:	oir ata da † cuibrEch dEc diarann aithlEgtha orum	§346:368:17
A19:	óir ataid dá cuibreach dÉg diaronn aithlEghtha orum	f.51r19

Bíodh is gur dócha gur i ndearmad a leasaigh Mac Niallais an chéad sampla thuas, is deacair a rá cén t-údar ar leasaigh sé an dá shampla eile. Cheadófaí foirm uatha nó iolra den bhriathar leis an ainmfhocal *lucht* sa nGaeilge Chlasaiceach, agus faightear foirm iolra nó uatha leis an déach chomh maith (McManus 1994:420). D'fhéadfadh sé gurbh é an rogha seo a cheadaítí sa nGaeilge Chlasaiceach a thug ar Mhac Niallais uimhir na mbriathra a leasú i ngan fhios dó féin.

⁷⁴ Is *spiritus asper* a chuireann an séimhiú i gcéill.

5.3.3 An t-ainm briathartha

Is minic nach taobh le foirm a bhíonn ainmneacha briathartha áirithe i dtéacs Rawl. Bíodh is gurb iondúil gurbh iad na foirmeacha a bhí roimhe a bhreac Mac Niallais agus é i mbun oibre, bhreac sé foirm mhalartach thar ceann na foirme a bhí ina eiseamláir uaireanta. Is foirmeacha malartacha nach bhfuil in aon áit i dtéacs Rawl. a d'úsáid sé i gcúpla ionad sa téacs:

<i>Rawl.</i> : <u>cloisdin§33:18:9</u>	<u>indEsin§120:118:4</u>	<u>smuáinedh§157:164:3</u>
<i>A19</i> : <u>clos f.5r26</u>	<u>innisi f.18r16</u>	<u>smuainEmh f.24r22</u>

<i>Rawl.</i> : <u>frithoileadh§355:398:18</u>	<u>fritholma§69:54:14</u>
<i>A19</i> : <u>frithaileadh f.54r32</u>	<u>frithEolmha f.9v29</u>

Is foirmeacha iad *innisi* (IGT II 143), *smuaineamh* (IGT II 28), *friotháileadh* (IGT III 70), agus *fritheolamh* (IGT II 37), a luaitear in IGT, agus is é *clos*, nach luaitear in IGT, a bhíonn in *Desid.* (xxxiii) agus in *Trí Biorgh.* (xxx) i gcónaí. Bíodh is gur iomaí deis a bhí ag Mac Niallais na foirmeacha malartacha seo a úsáid, is sna samplaí thuas amháin a rinne sé amhlaidh. Thiocfadh sé gur go neamh-chomhfhiosach a bhreac sé iad agus é faoi thionchar na bhfoirmeacha malartacha a faightear i dtéacsanna eile a linne.

Is foirmeacha malartacha a faightear in Rawl. féin a d'úsáid Mac Niallais thar ceann na n-ainmneacha briathartha eile a leasaigh sé sa téacs. Ba iad na hainmneacha briathartha atá in Rawl. a bhfuil foirmeacha dar críoch *-(e)adh*, nó *-(e)amh*, acu, is córasaí a leasaigh sé:

<i>Rawl.</i> : <u>caithedh§269:274:40</u>	<u>denadh§284:300:19</u>	<u>tEichedh§284:300:22</u>
<i>A19</i> : <u>caithEmh f.39r28</u>	<u>dhEnumh f.42v7</u>	<u>tEithEmh f.42v8</u>

Is ionann ar bhreac sé thar ceann *caitheadh* (IGT III 72) agus *déanadh* (IGT III 1), agus a gceartfhoirm de réir IGT, ach ba í foirm cheadaithe IGT a leasaigh sé nuair a rinne sé *teitheamh* de *teicheadh* (IGT III 71). Ní faightear de shampla de *caitheadh*, *déanadh*, agus *teicheadh* in Rawl. ach na trí shampla a leasaigh sé. Is deacair a mheas an ceartúcháin iad leasuithe seo Mhic Niallais, nó an leasuithe neamh-chomhfhiosacha iad a tharraing líonmhaireacht na samplaí de *caitheamh*, *déanamh*, agus *teitheamh* atá sa téacs.

Ní feictear aon phatrún cinnte sna hocht leasú eile a rinne Mac Niallais ar ainmneacha briathartha an téacs. Ceal patrúin, is mó is dóichí é gur i ngan fhios dó a leasaigh sé iad:

Rawl.:	<u>tEcht§79:68:38</u>	<u>radh§217:210:10</u>	<u>rad§243:246:12</u>
A19:	ttoigeacht f.12r2	radha f.30r17	radha f.35r17

Rawl.:	<u>tindluicthe§2:2:20</u>	<u>tindluicthib§49:34:30</u>	<u>tidlaicib§300:324:10</u>
A19:	tiodhluici f.3r14	tiodhluicibh f.7v10	tiondlaicibh f.45v31

Rawl.:	<u>idhlacudh§113:106:24</u>	<u>amnlucedh§256:258:24</u>
A19:	adhnacal f.16v15	adhnacal f.37r2

5.3.4 An forainm

An forainm neamhspleách: Bíonn na foirmeacha *sé, sí,* agus *siad* ag sealáíocht ar a gcéilí gan *s-* mar dheighiltigh in Rawl., sealáíocht a mbeadh súil leis de réir na Gaeilge Clasaicí (McManus 1994:429). Is iondúil gurbh í an fhoirm atá in Rawl. a bhreac Mac Niallais,⁷⁵ ach is í an fhoirm gan *s-* a bhíonn aige thar ceann a gcéilí le *s-* in Rawl. i sé ionad sa téacs (Aguisín III:2.2). Bíodh is go bhfeictear patrún sna sé leasú a rinne sé i dtreo úsáid an lae inniu (GGBC §249), ní dócha gur leasuithe comhfhiosacha iad. Is iomaí sampla de *sé, sí, siad* a d'fhág Mac Niallais gan leasú agus is léir nach raibh aon locht aige orthu mar dheighiltigh.

An forainm iontáite: Ní dhearna Mac Niallais ach aon leasú amháin ar na seacht bhforainm iontáite is fiche atá in Rawl. D'fhág sé gan breacadh sampla díobh a úsáidtear go réamhthagrach sa téacs:

Rawl.:	rosbuail † dis anguilbe inataebaibh	§355:390:20
A19:	robhuaildís anguilbni ina ttaebaibh	f.53v11

Is léir ó laghad a leasaithe nár theastaigh uaidh aon leasú córasach a dhéanamh ar fhorainmneacha iontáite an téacs. Is dócha gur i ngan fhios dó a d'éalaigh forainm an tsampla thuas as a chuimhne.

⁷⁵ *m.sh. 3ú uatha fir.* 7 se f.12v30 = §85:76:22, 7 sé f.46v6 = §305:328:17, 7 é f.15v 23 = §107:100:15, 7 é f.35r12 = §243:246:2, **3ú uatha bain.** 7 sí f.16r33 = §112:104:33, 7 í f.7v20 = §50:36:17, **3ú iolra** 7 siad f.39v23 = §272:278:22, 7 síad f.57v8 = §371:420:36, 7 iad f.28r23 = §192:194:22, 7 iad f.37r9 = §256:258:39.

An mhír fhorainmneach: Faightear cúig shampla i leabhar Mhic Niallais den mhír fhorainmneach *-siom*, 3ú pearsa uatha nó iolra. Is dócha gur i ndearmad a bhreac sé sampla díobh san áit nach bhfuil a leithéid in Rawl. (Aguisín II:2.7, 22), ach is mar mhalairt ar *-sean* atá in Rawl. a bhreac sé na samplaí eile:

<i>Rawl.:</i>	<u>doibsiun</u> <u>§72:60:1</u>	<u>Esiun</u> <u>§141:144:14</u>	<u>aigesEn</u> <u>§218:212:1</u>	<u>a comairlisEn</u> <u>§258:262:6</u>
<i>A19:</i>	doibsium <i>f.10v13</i>	Esiumh <i>f.21v14</i>	aigesiumh <i>f.30r34</i>	a comhairlesium <i>f.37r28</i>

In ainneoin go bhfaightear *-s(i)omh* sa nGaeilge Chlasaiceach, agus i dtéacsanna próis na Nua-Ghaeilge Moiche a shantaigh an ársaíocht, luann McManus gur cosúil go raibh sé ag géilleadh do *-s(e)an* ón gceathrú haois déag (McManus 1994:431). Is díol spéise é gurbh í an fhoirm ársa den mhír fhorainmneach a bhreac Mac Niallais thar ceann a raibh in Rawl. sna samplaí thuas. Ní fios cén t-údar ar leasaigh sé iad, ach is léir go raibh claonadh ann *-siomh* a úsáid seachas *-sean*.

5.3.5 An t-ainmfhocal

5.3.5.1 Inscne

Is beag leasú a rinne Mac Niallais ar inscne ainmfhocail an téacs. Rinne sé aidiacht *fir*. d'aidiacht *bain*. Rawl. in ionad amháin sa téacs, i*Erusalém* firinnigh *f.58v28* = *irusalem* firindEidhe§389:432:22, agus is é an t-alt *fir*. a bhreac sé thar ceann alt *bain*. Rawl. in ionad eile: natíri *f.39v22* = antire§272:278:19. Níor leasaigh sé thairis sin ach corrainmfhocal a bhfuil an dá inscne iontu i dtéacs Rawl. agus in IGT:

<i>Rawl.:</i>	<u>lucht na talman</u> <u>§270:276:10</u>	<u>lucht na talman</u> <u>§375:424:27</u>	<u>rEme Espartain</u> <u>§230:232:16</u>
<i>A19:</i>	<u>lucht an talman</u> <i>f.39r33</i>	<u>luchd an tal(..)</u> <i>f.57v33</i>	<u>roimh easbart</u> <i>f.33r23</i>

Ní dhearna sé ainmfhocal *fir*. de chuile shampla atá in Rawl. de *talamh* ná de *easbart*. Is léir nár theastaigh uaidh aon athrú córasach a chur, agus is dócha gur i ndearmad a leasaigh sé na samplaí seo thuas.

5.3.5.2 Infhilleadh

Is minic níos mó ná aon fhoirm amháin ag ainmfhocal in aon tuiseal i dtéacs Rawl. Bíodh is gurbh í an fhoirm a bhí roimhe a bhreac Mac Niallais de ghnáth, bhreac sé foirm mhalartach thar a ceann uaireanta. Níor úsáid sé ach cúpla foirm mhalartach nach mbíonn in aon áit in Rawl.:

<i>Rawl.</i> : <u>ainmEoín§149:154:4</u>	<u>aindEoin§149:154:16</u>	<u>lutghair§230:232:21</u>
<i>A19</i> : <u>aimhdheóin f.23r3</u>	<u>aimdhEóin f.23r9</u>	<u>luathgháire f.33r26 (TA)</u>
<i>Rawl.</i> : <u>furail§149:152:37</u>	<u>furail§336:358:13</u>	<u>lordaíthin§355:386:10</u>
<i>A19</i> : <u>fulair f.22v32</u>	<u>fulair f.50r25</u>	<u>lórdhóthain f.53r12</u>
<i>Rawl.</i> : <u>onfaisi§149:152:11</u>	<u>aibersEora§248:252:9</u>	<u>aibirsEoradh§224:224:30</u>
<i>A19</i> : <u>onfuis f.22v18</u> (TT)	<u>aidhbirsEóir f.36r6</u> (TG)	<u>aidhbirsEoireadh f.32r17</u> (TG)
<i>Rawl.</i> : <u>gacha nEich</u> <u>§46:32:13</u>	<u>comarda nEich</u> <u>§46:32:19</u>	<u>gach nEich</u> <u>§311:334:23</u>
<i>A19</i> : <u>gacha neithi f.7r19</u>	<u>comurdha nethi f.7r22</u>	<u>gach níthe f.47v4 (TG)</u>

Is malairtí foirme a luaitear in IGT na foirmeacha malartacha ar fad a d'úsáid Mac Niallais sna samplaí thuas seachas *luathgháire*. Luaitear *ónfais* agus *dóthain* in IGT II 13, agus ceadaítear *aimhdheóin* agus *fuláir* mar mhalairtí ar *ainneóin* agus *furáil* in IGT II 149. Bheifí ag súil le *aidhbhirseóireadh* mar ghinideach iolra óna ndeirtear faoi ainmfhocail dar críoch *-(e)óir* in IGT II 50, agus cheadófaí *aidhbhirseóir* nó *aidhbhirseóra* mar ghinideach uatha. Ní luaitear *luathgháire* in IGT, ach feictear mar ainmneach é i dtéacsanna próis áirithe de chuid na Nua-Ghaeilge Moiche (*Desid.* s.v. lúthgháire).

Is sna samplaí thuas amháin a d'úsáid Mac Niallais foirm mhalartach thar ceann *lúthgháir* (TA), *ainneóin*, agus *daoithin*, in ainneoin gur iomaí sampla díobh i dtéacs Rawl. Is dócha dá réir sin, gur go neamh-chomhfhiosach a bhreac sé iad. Is mó an seans gur go comhfhiosach a leasaigh sé na focail *onfaise*, *aidhbhirseóradh*, *neich*, agus *furáil*. Leasaigh sé an dá shampla de *furáil* atá sa téacs, agus níor fhág sé ach aon sampla amháin de *neich* (TG uatha) gan leasú, *neich f.14r24 = nEich§93:88:10*. Níl de shampla de *onfaise*⁷⁶ agus *aidhbhirseóradh* in Rawl. ach ar leasaigh sé, agus is iad na foirmeacha a mbeadh súil leo de réir IGT a bhreac sé ina n-ionad. Bíodh is nach féidir a bheith cinnte de, d'fhéadfadh sé gur ceartúcháin iad foirmeacha malartacha seo Mhic Niallais ar bhotúin a shíl sé a bheith in Rawl.

⁷⁶ Pléitear an focal seo in O'Rahilly (1942:145–46).

Is foirmeacha malartacha atá i dtéacs Rawl. féin a d'úsáid sé chuile áit eile ar bhreac sé foirm mhalartach thar ceann a raibh roimhe ina eiseamláir. Ní cosúil go ndearna sé aon bhuanarracht luaineacht infhillte Rawl. a thabhairt chun rialtacha, ach rinne sé leasuithe níos córasaí ná a chéile ar fhoirmeacha áirithe atá sa téacs.

Is í an fhoirm mhalartach atá ag an ainmfhocal *dia* sa TG uatha in Rawl., *dia*, is córasaí a leasaigh Mac Niallais. Rinne sé *dé* d'ocht sampla den fhoirm *dia* (Aguisín III:2.3, 1–8), ach is é *dia* a eiseamláire a bhreac sé mar ghinideach i ndeich n-ionad eile (Aguisín III:2.3, 9–17). Is díol spéise é gur ar lorg an réamhfhocail *dochum* atá sé shampla den fhoirm ghinidigh *dia* nár leasaigh sé (Aguisín III:2.3, 12–17). Thabharfadh ar leasaigh sé le tuiscint gur chreid sé nár chóir *dia* mar ghinideach, ach gur bheag an locht a úsáid ar lorg an réamhfhocail *dochum*.

Tá rian patrúin le ríomh chomh maith ar na leasuithe a rinne Mac Niallais ar na foirmeacha éagsúla a bhíonn ag na hainmfhocail *creideamh* agus *Feidhlim(idh)/Féi(dh)lim(idh)* sa TG uatha in Rawl. Bíodh is gurb iondúil gurb í an fhoirm atá in Rawl. a bhreac sé,⁷⁷ leasaigh sé trí shampla de chaon ainmfhocal chomh maith:

Rawl.:	<u>crEdeim§40:24:26</u>	<u>crEidimh§254:256:41</u>	<u>crEidim§259:262:22</u>
A19:	credmhi f.6r26	credmhi f.36v21	credmhi f.37v2

Rawl.:	<u>feilimidh§35:20:15</u>	<u>feilimidh§48:34:14</u>	<u>felim§40:24:20</u>
A19:	feilim f.5v18	felim f.7v3	feidlim f.6r23

Feictear patrún is tréine fós sna leasuithe a rinne sé ar an ainmfhocal *taobh*, focal a leanann dhá mhúnla infhillte in Rawl. Bíonn dhá fhoirm ag *taobh* in Rawl. sa TT uatha: *taobh*, ar *taebh* a litriú de ghnáth, agus *taoibh*, a chuireann an litriú *taeibh/taíbh* i gcéill. Is iondúil gurbh í an fhoirm atá in Rawl. a bhreac Mac Niallais ach is í an fhoirm dar críoch consan caol a bhíonn aige thar ceann fhoirm leathan Rawl. i seacht n-ionad sa téacs (Aguisín III:2.3, 18–23).

⁷⁷ *m.sh. creideamh*, docum credmhi f.4r3 = docum creidme§16:8:9, tosach an creidimh f.5r12 = tosach an crEidimh§32:16:25, do sioladh credmhi f.18r7 = do shiladh crEidmhe§120:116:26, dochum credimh f.23r32 = docum creidimh§154:156:30, **Fei(dh)lim(idh)/Féi(dh)lim(idh)** feilimidh f.3r2 = fheilimidh§1:2:4, feilimidh f.4r19 = feilimidh§21:10:2, fedlim f.6r12 = feidlim§39:22:35, felim f.8r10 = felim§53:40:2, fedlimidh f.14r9 = feidlimidh§93:86:16.

Léiríonn na foirmeacha malartacha a bhreac Mac Niallais thar ceann *creidimh*, *feilim(idh)* agus *taobh* go raibh claonadh ann cloí le haon fhoirm amháin de na foirmeacha éagsúla atá ag na hainmfhocail sin sa téacs. Ní cosúil go raibh aon locht aige ar na foirmeacha a leasaigh sé de bhrí nár leasaigh sé chuile shampla díobh atá sa téacs. Ní dócha gur ceartúcháin iad na foirmeacha malartacha a bhreac sé, ach malairtí a bhreac sé i ngan fhios dó féin.

Rinne sé cuid mhaith leasuithe neamhchórasacha ar ainmfhocail eile ar mó ná foirm acu in aon tuiseal in Rawl. Is iad na foirmeacha éagsúla atá ag an ainmfhocal *rí* sa téacs is coitianta agus is neamhchórasaí leasaithe aige:

Rawl.: <u>rig§292:312:32</u>	<u>righ§355:384:13</u>	<u>righ§435:454:13</u>
A19: <u>rí f.44r31 (TA)</u>	<u>ri f.53r1 (TA)</u>	<u>rí f.61v2 (TA)</u>

Rawl.: <u>do ri§25:12:14</u>	<u>righthe§127:124:22</u>	<u>gan righ§94:90:12</u>
A19: <u>do righ f.4v5</u>	<u>riogha f.19r21</u>	<u>gan ri f.14v10</u>

Rawl.: <u>rí§244:248:14</u>	<u>rig§53:40:2</u>	<u>ac rig§315:338:23</u>
A19: <u>righ f.35v5 (TA)</u>	<u>ri f.8r10 (TG)</u>	<u>ag ri Alban f.48r7</u>

Ní dócha gur go comhfhiosach a leasaigh Mac Niallais na foirmeacha thuas. Aontaíonn cúig leasú a rinne sé leis an bhfoirm a mbeadh súil léi de réir IGT II 21, ach lochtófaí ceithre leasú eile díobh. Is léir nárbh é ceart na dtráchtas gramadaí a threoraigh a chuid leasuithe, agus is mó is dóichí é gur go neamh-chomhfhiosach a bhreac sé iad.

Ní feictear aon phatrún ach oiread sna leasuithe eile a rinne Mac Niallais ar ainmfhocail a mbíonn cúpla foirm acu in aon tuiseal in Rawl. Bíodh is go bhféadfadh sé gur go comhfhiosach a leasaigh sé cuid díobh, is mó an seans gur i ngan fhios dó a leasaigh sé a mbunáite:

Rawl.: <u>luthgairi§50:36:21</u>	<u>eludna§147:150:23</u>	<u>ruinibh§226:228:18</u>
A19: <u>luthghara f.7v22 (TG)</u>	<u>ealadhan f.22v6 (TG)</u>	<u>rúnaibh f.32v16</u>

Rawl.: <u>mirbuiledha§76:64:13</u>	<u>mirbal§434:454:5</u>	<u>dEiedh§254:256:42</u>
A19: <u>miorbuile f.11r23</u>	<u>miorbhuileadh f.61r31</u> (TG)	<u>dei f.36v23 (TG)</u>

<i>Rawl.:</i>	<u>O a día§277:288:23</u>	<u>dé domhnaigh§360:408:17</u>	<u>laghad§112:104:38</u>
<i>A19:</i>	O a dhe <i>f.41r10</i>	diá domnaigh <i>f.55v22</i>	loighEd <i>f.16v2</i>
<i>Rawl.:</i>	<u>spiraid§43:28:17</u>	<u>spirda§428:450:20</u>	<u>sluaigh§120:14:23</u>
<i>A19:</i>	spiorat <i>f.6v23</i> (TG)	Spiorad <i>f.61r1</i> (TG)	shloigh <i>f.17v19</i> (TG)
<i>Rawl.:</i>	<u>raith cno§52:38:25</u>	<u>dfhelimidh§43:28:7</u>	<u>inailt§330:348:32</u>
<i>A19:</i>	Rath cno <i>f.8r4</i>	dFelim <i>f.6v18</i>	<u>innilt</u> <i>f.49r29</i>
<i>Rawl.:</i>	<u>sleib§170:180:7</u>	<u>druim cEta§335:356:31</u>	<u>grasa§140:140:28</u>
<i>A19:</i>	sliabh <i>f.26v1</i> (TT)	<u>druim cEt</u> <i>f.50r17</i> ⁷⁸	gras <i>f.21r27</i> (TÁins)

5.3.5.3 An tabharthach uatha

Is beag leasú a rinne Mac Niallais ar a ndéantar in Rawl. le hainmfhocail *fir*. áirithe a mbíodh foirm ar leith acu sa TT uatha de réir na Gaeilge Clasaicí. Is é an t-ainmfhocal *ceann* an t-aon ainmfhocal *fir*. mar é a leasaigh sé, ainmfhocal nach túisce *cionn* ná *ceann* mar fhoirm aige in Rawl. sa TT uatha:

<i>Rawl.:</i>	<u>a cend</u> §40:24:18	<u>in gach cenn</u> §87:82:5	<u>os a cinn</u> §219:214:15	<u>os cinn</u> §294:314:24
<i>A19:</i>	a gcionn <i>f.6r23</i>	ann gach cionn <i>f.13v9</i>	ós a gcEnn <i>f.30v26</i>	ós cEnn <i>f.44v13</i>

Is léir, de bharr a neamhleasaithe, nach raibh aon locht ag Mac Niallais ar fhoirm an ainmnigh a úsáid mar thabharthach sna hainmfhocail *fir*. úd a mbíodh foirm ar leith iontu sa TT uatha. Is dócha dá réir sin gur go neamh-chomhfhiosach a leasaigh sé na ceithre fhoirm thuas agus é faoi thionchar na samplaí ar fad de *cionn* agus *ceann* atá in Rawl.

5.3.5.4 Ainmfhocail *asa dtéid a réim*

Is iondúil gur ar lorg réamhfhocail amháin a cuirtear réim in Rawl. in ainmfhocail *asa dtéid a réim* de réir na Gaeilge Clasaicí. Lean Mac Niallais córas seo Rawl. go dlúth agus ní dharna sé de leasú air ach na ceithre shampla thíos:

⁷⁸ Bhreac sé ‘ceta’ go dearmadach in ionad eile, feic caibidil a ceathair, 4.5, Íomhá 136. Is sa bhfilíocht amháin a bhíonn ‘druim ceta’ in Rawl., *m.sh.* *druim cet*§95:90:22, §143:146:5, §322:344:36, §330:348:30; druim ceta§315:388:31, §330:348:33, §333:354:14.

Rawl.:	Oir nircuir cholainn daÉnda uime	§49:34:36
A19:	Oir nir chuir colann daonna uimi	f.7v12
Rawl.:	dobi athaigh dáaimsir and durmhag .c.c.	§275:280:40
A19:	dobhí athaigh dáaimsir and durmaigh colaim.c.	f.40r21
Rawl.:	carraic cloiche budh leba 7	§402:438:26
A19:	carrag cloichi budh leaba dó .7	f.59v18
Rawl.:	fuair se bás facenn séla iarsin adh aigh domnaich cincísse	§359:406:28
A19:	dofuair se bás facEnn .6. la iarsi(..) oidci do(..)n cingcisse	f.55v4

Tagann a ndearna Mac Niallais leis na hainmfhocail *carrag* (IGT II 54) agus *adhaigh* (IGT II 93) le ceart na dtráchtas gramadaí, agus is é gnáthchóras Rawl., gan réim a chur ach ar lorg réamhfhocail, a leanann a ndearna sé leis na hainmfhocail *colann*, agus *Durmhagh*. Bíodh is gur dócha gur go neamh-chomhfhiosach a leasaigh sé na foirmeacha seo, d'fhéadfadh sé chomh maith céanna gur ceartúcháin iad.

5.3.5.5 Úsáid an ghinidigh

Leasaigh Mac Niallais cúpla foirm ainmnigh atá in Rawl. a bhíonn ag déanamh gnótha an ghinidigh:

Rawl.:	ag tabairt cumhachta Eochracha nahEclaise	§72:58:26
A19:	ag tabairt cumacht Eochrach na hecclaisi	f.10v6
Rawl.:	tri .xx. bliadhain	§390:432:27
A19:	tri fichid bliadhan	f.58v31

Is iomaí sampla a faightear i bprós cráifeach na Nua-Ghaeilge Moiche d'fhoirm an ainmnigh thar ceann an ghinidigh i bhfrásaí ainm briathartha (*Carswell* liii; *Desid.* 266). Is cosúil gur chreid Mac Niallais nár chóir a leithéid sa gcéad sampla thuas. Dealraíonn sé gur mheas seisean gur lochtach *eochracha*, foirm an ainmnigh iolra, a úsáid mar ghinideach seachas *eochrach*, agus is cosúil nár aontaigh sé le *cumhachta*

mar ghinideach ach oiread. Bíodh is nach féidir a bheith cinnte de, is dócha gur mar ainmneach iolra seachas mar ghinideach uatha a léigh sé *cumhachta* Rawl. agus gurbh é a léamh ba chúis lena leasú.

Tagann an leasú a rinne Mac Niallais ar fhoirm an ainmfhocail *bliadhain* sa dara sampla thuas le ceart na dtráchtas gramadaí. In ainneoin samplaí de *bliadhain* a bheith á úsáid thar ceann an ghinidigh iolra sa bhfilíocht, ba lochtach a leithéid (McManus 1994:427). D'fhéadfadh sé gur ag leanacht ceart na dtráchtas a bhí Mac Niallais agus an fhoirm *bliadhain* á leasú aige.

5.3.5.6 Uimhir iolra

Is iondúil gur aon fhoirm amháin iolra a chuireann ainmní agus cuspóir díreach an bhriathair in iúl in Rawl. Is léir nach raibh aon locht ag Mac Niallais ar chóras Rawl. óir ní dhearna sé ach ceithre leasú ar fhoirm ainmnigh nó áinsígh iolra atá sa téacs nach bhfuil faoi réir ag réamhfhocal:

Rawl.:	do clai se Escaraid aanma	§14:6:33
A19:	do claidheadh se Escairde aanma	f.3v28
Rawl.:	mardocondarc nahain gil agimEct	§216:208:30
A19:	mur doconnarc nahaingli ag imtheachd	f.30r9
Rawl.:	nibEraid anaimhde <i>no</i> aescaraid buaid gobrath air	§95:90:27
A19:	nibéaruid anaimde na aEscairde buaid gobrath air	f.14v18
Rawl.:	doimpodur nahaingEil cuca aris	§216:208:31
A19:	doiompodur nahaingli chuco arís.	f.30r10

Is deacair aon phatrún a fheiceáil sna leasuithe seo. Ceartaíonn a ndearna sé le *eascaraid* Rawl. sa gcéad sampla foirm a bheadh lochtach de réir na dtráchtas gramadaí, ach ní bheadh aon locht ar *aingil/aingle* ná *eascaraid/eascairde* a úsáid sna trí shampla eile. D'fhéadfadh sé gur ceartúcháin iad ach tharlódh sé chomh maith céanna gurbh í luaineacht foirme na n-ainmfhocal in Rawl. a thug air iad a leasú i ngan fhios dó féin.

Rinne Mac Niallais aon leasú amháin ar fhoirm ainmfhocail iolra atá ar lorg réamhfhocail. Bíodh is go bhfaightear corrshampla in Rawl. den áinsíoch iolra ar lorg na réamhfhocail *mar* agus *le*, is iondúil gurb é an tabharthach iolra a leanann iad. Bhreac Mac Niallais a mbíonn ar a lorg in Rawl. go hiondúil, ach feictear aon sampla amháin d’fhoirm áinsígh iolra aige i ndiaidh *mar*, san áit a bhfuil foirm thabharthaigh in Rawl.: mur buaidh *f.16r1* = mar buadhaib§109:102:4. Tagann foirm leasaithe Mhic Niallais le ceart na dtráchtas gramadaí agus d’fhéadfadh sé gur ceartúchán é ar bhotún a mheas sé a bheith sa téacs.

5.3.5.7 Athruithe tosaigh

Is follas ón bplé a rinneadh ar na hathruithe litrithe thuas, nárbh é córas litrithe Rawl. a lean Mac Niallais. Is minic dá bharr sin séimhiú agus urú breactha aigesean san áit nach léirítear a leithéid in Rawl. Ní bhíonn séimhiú ná urú aige ar lorg ainmfhocail san áit nach mbeadh súil leis de réir chóras claochlaithe Rawl. Chaomhnaigh sé na samplaí ar fad atá sa téacs d’urú a bheith ar lorg cuspóir díreach briathair, ach ba shéimhiú a roghain i gcónaí ar aidiacht atá ag cáiliú ainmfhocail *bain*. san áit nach léirítear séimhiú ná urú in Rawl., *m.sh.*:

Rawl.:	docondairc bEn bocht	§356:402:11
A19:	doconnairc bEn bhochtt	<i>f.54v23</i>
Rawl.:	docuir urnaidhe duth rachtach	§269:274:29
A19:	dochuir urnaighthe dhútrachtach	<i>f.39r23</i>
Rawl.:	tucc cnedh guasacht ach air	§264:268:13
A19:	tug cnEdh ghuasachtach air	<i>f.38r19</i>
Rawl.:	cobfuair se aimsEr ciuin	§281:296:13
A19:	gobfhuair se aimsir chiúin	<i>f.41v28</i>
Rawl.:	<u>Dogén Eolchuire</u> truaghbind	§279:292:13
A19:	<u>Doghén Eolchaire</u> thruaghbhinn	<i>f.41v1</i>

5.3.6 An aidiacht

Is san uimhir uatha a bhíonn an aidiacht fhaisnéiseach i dtéacs Rawl. seachas trí shampla den aidiacht iolra atá sa bhfilíocht. Ní dhearna Mac Niallais ach dhá leasú ar chóras Rawl.:

Rawl.: Mora fErta§335:356:31 ai | lle amna **min** asEnóir§275:282:22
A19: Mor fErta f.50r17 áilli amna **míni** asEnóir f.40v1

Bíodh is go mb'fhéidir gur go comhfhiosach a leasaigh sé *móra* Rawl. sa gcéad sampla thuas, is dócha gurbh é tionchar an fhocail *áille* ar a chuimhne a thug air *míne* a bhreacadh i ngan fhios dó féin sa dara sampla.

Ní feictear d'athrú eile curtha ag Mac Niallais ar aidiachtaí faisnéiseacha an téacs ach na foirmeacha éagsúla atá ag *mo-ghéana(i)r* in Rawl. a thabhairt chun rialtacht. Is é an briathar *gainithir* + an réimír *mad-* is bunús don fhocal ach is mar a bheadh aidiacht fhaisnéiseach ann a chaití leis ó ré na Meán-Ghaeilge (Breatnach 1958:280). Bíonn trí fhoirm ag an bhfocal in Rawl. ach is í an fhoirm dar críoch consan caol a bhíonn ag Mac Niallais i gcónaí. Thabharfadh rialtacht a chuid leasuithe le tuiscint gur chreid sé gurb é *mo-ghéanair* a cheartfhoirm.

Rawl.: Mo gEnar§120:114:24 madh ngEnair§120:114:25
A19: Mo gÉnair f.17v20 mo ghEnair f.17v21

Rawl.: mo gEnar§139:140:21 mo gEnair§307:330:25
A19: mo gEnair f.21r24 mo ghÉnair f.46v29

5.3.6.1 Céimeanna comparáide na haidiachta

Is é *ní as/is* a feictear le breischéim na haidiachta de ghnáth i dtéacs Rawl. agus ní faightear ach corrshampla de *ní sa* á úsáid thar a cheann. Bhreac Mac Niallais a bhfuil in Rawl. go hiondúil ach rinne sé *ní sa* de thrí shampla de *ní as/is* atá in Rawl. chomh maith:

Rawl.: dátoirmEsc umamsa nasgelusa | dindisin **nías** mó §120:118:4

A19: dá toirmEsg umamsa nasccéalusa | dinnisin **nísamho** f.18r15

Rawl.: nicead damh **nías** mhó | donasceluibhse dindEsin §120:118:6

A19: nicEd damh **nísa** mhó dona sgealaibh si dinnisi f.18r16

Rawl.: nahEscain me | fein nanalebuir **nías** mó §221:218:3

A19: nahEsccaoín mé féin nánaleabhuir **nísa** mho *f.31r20*

Faightear corrrshampla in Rawl. de *nó* a bheith á úsáid thar ceann *iná* chun comparáid a chur in iúl ar lorg bhreischéim na haidiachta. Leasaigh Mac Niallais dhá shampla mar iad atá in Rawl.:

Rawl.: Ni fErr sib **nó** annEch naemtha §219:212:29

A19: Ni fearr sibh **ina** aneach naomhtha *f.30v14*

Rawl.: oirsfErr limaíarraidh ort anoss **notarÉis** dobais §336:358:8

A19: oir asfearr liom aíarraidh | ort anois **ina** tar eís dobháis *f.50r22*

Tagann leasuithe seo Mhic Niallais le ceart na Gaeilge Clasaicí agus leis an ngnáthchóras a leantar in Rawl. féin. Murab ionann agus a ndearna sé le *ní as/is* thuas, d'fhéadfadh sé gur ag ceartú foirm a shíl sé a bheith lochtach a bhí sé nuair a rinne sé *iná* de *nó*.

5.3.6.2 *Gach*

Úsáidtear *gach* agus *gacha* go malartach roimh ghinideach in Rawl., beag beann ar inscne. Níor lean Mac Niallais a mbíonn in Rawl. i gcónaí. Is léir, de bharr locht filíochta, gur i ndearmad a rinne sé *gacha* de *gach* Rawl. in dhá ionad sa téacs (Aguisín II:1.8, 36, 49), agus is dócha gur botúin truailithe a rinne sé ba chionsiocair le dhá leasú eile mar iad (Aguisín II:2.5, 1, 4). Rinne sé *gach* de dhá shampla de *gacha* atá in Rawl. chomh maith. Bíodh is nach gá gur botún cóipeála ba chionsiocair lena leasú, is dócha gur go neamh-chomhfhiosach a leasaigh sé iad:

Rawl.: acht | bó gachatighe §156:160:20 gacha dardaÉin §43:30:3

A19: acht bo gach tighe f.23v31 gach dardaoin f.7r1

Is dócha chomh maith gurbh é tionchar na samplaí ar fad de *gach* atá in Rawl. a thug air an t-aon sampla amháin de *cech* atá in Rawl. a leasú: gach noidhchi f.59v16 = cEch noidhce §401:438:23.

5.3.7 Na réamhfhocail

ar: Is rímhinic *air* ag Mac Niallais thar ceann an réamhfhocail shimplí *ar, m.sh.*:

<i>Rawl.</i> : <u>ar a§72:60:6</u>	<u>ar dia§75:62:15</u>	<u>ar nemh§159:168:17</u>
<i>A19</i> : <u>air a f.10v15</u>	<u>air Día f.11r5</u>	<u>air nEmh f.24v28</u>

<i>Rawl.</i> : <u>ar fEr§187:192:2</u>	<u>ar.c.c.§262:266:11</u>	<u>ar a§408:442:3</u>
<i>A19</i> : <u>air fear f.27v32</u>	<u>air colam.c. f.37v33</u>	<u>air a f.60r3</u>

Bíodh is go bhfeictear forainmneacha réamhfhoclacha áirithe á n-úsáid thar ceann a réamhfhocail in Rawl., ní déantar amhlaidh le *air*. Is cosúil, ó na samplaí ar fad de *air* agus *ar* a bhreac sé, gur mheas sé go bhféadfaí a n-úsáid go malartach. Ní ceartúcháin ná dearmaid a leasuithe is dócha ach léiriú ar theacht chun cinn *air* mar mhalairt ar *ar* sa scríobh lena linn (O'Brien 1956:175; Williams 1994:462).

Faightear riar samplaí in Rawl. de *iar* mar litriú ar an réamhfhocail *ar*. Lean Mac Niallais luaineacht Rawl. mórán i gcónaí agus níor leasaigh sé ach dhá shampla de *iar* sa téacs:

<i>Rawl.</i> : <u>iarna faicsin§60:46:2</u>	<u>iarna thuicsin§262:266:5</u>
<i>A19</i> : <u>arna faicsin f.8v18</u>	<u>arna thuicsin f.37v30</u>

Is léir ó laghad a leasaithe nach raibh aon locht ag Mac Niallais ar *iar* agus *ar* a bheith ag sealáocht ar a chéile. Is dócha dá réir gur go neamh-chomhfhiosach a leasaigh sé an dá shampla thuas.

re agus le: In ainneoin go bhfeictear corrshampla de *re* agus *le* a bheith á n-úsáid go malartach in Rawl., is iondúil go ndéantar idirdhealú eatarthu. Níor bhreac Mac Niallais chuile shampla de *re* agus *le* a bhí ina eiseamláir; rinne sé *re* de *le* atá in Rawl. i gcúig ionad sa téacs (Aguisín III:2.4, 1–5), ach ba é a mhalairt a rinne sé i sé ionad eile (Aguisín III:2.4, 6–12). Ní thagann ach aon leasú amháin díobh sin ar fad le ceart na Gaeilge Clasaicí (Aguisín III:2.4, 4). Bíodh is go bhféadfadh sé gur ceartúchán é an leasú sin, is dócha gur i ndearmad a rinne sé na leasuithe eile. Cheartaigh sé féin *le* a bhreac sé go dearmadach thar ceann *re* atá in Rawl.,⁷⁹ ní a thabharfadh le tuiscint nár theastaigh uaidh aon athrú a chur ar úsáid *le* agus *re* sa téacs.

⁷⁹ Feic caibidil a ceathair, 4.4.2, Íomhá 88.

Leasaigh Mac Niallais an litriú malartach a bhíonn ar *re* in Rawl. uaireanta chomh maith. Tá trí shampla in Rawl. de *ria* a bheith á úsáid thar a cheann. Is *re* a bhreac Mac Niallais ina n-ionad i gcónaí:

Rawl.: riana muinntir§41:26:15 riana lind§94:90:1 riana taebh§186:190:27
A19: rena mhuintir f.6v4 rena linn f.14v5 réna tháobh f.27v29

Is cosúil ó rialtacht a leasaithe nach raibh aon ghlacadh aige le *ria* a úsáid thar ceann *re*. D'fhéadfadh sé gur i ngan fhios dó féin a leasaigh sé na samplaí thuas ach is mó is dóichí é gur ceartúcháin iad ar litriú a mheas sé a bheith lochtach.

Rinne sé leasú córasach ar an bhfrása réamhfhoclach (*i*) *leith re* chomh maith. Bíonn dhá leagan den fhrása in Rawl., leagan a mbíonn réamhfhocal roimhe agus leagan nach mbíonn. Is tréine go mór an leagan gan réamhfhocal i dtéacs Rawl. agus is minic leasaithe ag Mac Niallais é. Bhreac sé réamhfhocal roimh shé shampla dhéag de *leith re* atá in Rawl. (Aguisín III:2.4, 13–27). Is follas, dá réir, gur mheas sé gur chórtha réamhfhocal roimhe, agus gurb ionann ar leasaigh sé agus ceartúcháin.

i: Is iomaí sin foirm ag an réamhfhocal *i* agus é i dteannta an ailt uatha in Rawl. In ainneoin gurb iondúil a raibh roimhe ina eiseamláir breactha ag Mac Niallais, is foirm mhalartach a bhreac sé thar ceann a bhfuil in Rawl. i gcorráit:

Rawl.: isan aEis§64:48:38 isin inad§111:104:9 isin oilEn§301:324:22
A19: san aEis f.9r17 san ionadh f.16r21 san oiléan f.46r5

Rawl.: san abainn§73:60:14 san Ecluis§75:60:33 sa nenbhaile§98:94:24
A19: isin abhuinnf.10v19 isin ecclais f.10v28 isin Énbhaili f.15r15

Rawl.: sa ninad sa leabhur sa tsEnreacht
 §132:130:20 §143:146:16 §257:260:26
A19: isin ionadh f.20r8 isin liubhur f.21v33 isin tsEnreacht f.37r22

Rawl.: sa baile sa mbritaine sna randaibhse
 §89:84:7 §308:330:27 §277:290:2
A19: san bhaili f.13v23 san mbriotaine f.46v31 isna randaibhse f.41r15

Rawl.: sa tumba§155:158:9 sa medhón§156:160:24 as tir§288:304:22
A19: anssa tumba f.23v8 anssa mhEdhón f.23v33 sa tír f.43r19

Níorbh í an fhoirm chéanna a leasaigh sé i gcónaí sna samplaí thuas agus níorbh ionann ach oiread an fhoirm mhalartach a bhreac sé thar ceann ar leasaigh sé. Is dócha, ceal patrúin, gur go neamh-chomhfhiosach a leasaigh sé a mbunáite.

Is deacair aon patrún a fheiceáil ach oiread sna hathruithe a chuir sé ar fhoirmeacha an réamhfhocail *i* agus é i gcumasc leis an mhír choibhneasta. Is iad (*i*)na, *i*, agus *inar*, is foirmeacha don réamhfhocail roimh bhriathar coibhneasta in Rawl. Ní tuisce (*i*)na breactha ag Mac Niallais thar ceann *a* Rawl. ná a mhalairt, *m.sh.*:

Rawl.:	<u>a fuilim§64:50:2</u>	<u>a bfuil§96:92:2</u>	<u>a fuil§228:228:36</u>
A19:	na bfuilim <i>f.9r19</i>	na bfuil <i>f.14v21</i>	na bfuil <i>f.32v24</i>

Rawl.:	<u>a tucann§366:416:11</u>	<u>ina mbertar§44:30:22</u>	<u>ina fuilim§357:404:16</u>
A19:	na ttugann <i>f.56v29</i>	a mbéartar <i>f.7r10</i>	a bfuilim <i>f.55r10</i>

Ní dhearna sé d'athrú eile ar an réamhfhocail *i* ach gur *ann* is foirm dó aige roimh *gach* i naoi n-ionad a bhfuil *in* ag Rawl. (Aguisín III:2.4, 28–36).

re/ria: Is é *ria* an fhoirm is coitianta den réamhfhocail in Rawl. Lean Mac Niallais go humhal a raibh ina eiseamláir agus níor athraigh sé ach dhá shampla de *re* nó *ria* atá sa téacs: *re colam.c. f.7v24* = *ria colam§51:36:27*, roimh *colam.c. f.24v13* = *ría.c.c.§158:166:19*. Is dócha, de bharr gainne a leasaithe, gur go neamh-chomhfhiosach a bhreac sé *re* agus *roimh* sna samplaí seo.

Baintear leas as an bhforainm réamhfhoclach 3ú pearsa uatha, *fir.*, *reimh(e)/roimh(e)*, thar ceann an réamhfhocail shimplí *re* in Rawl. chomh maith. Leasaigh Mac Niallais cuid mhaith de na foirmeacha éagsúla atá ag an bhforainm réamhfhoclach in Rawl.:

Rawl.:	<u>reimh ferghna§50:36:8</u>	<u>reimh muiri§50:36:16</u>	<u>roimhe an§50:36:20</u>
A19:	roimh fearghna <i>f.7v17</i>	roimh mhuire <i>f.7v20</i>	roimh an <i>f.7v21</i>

Rawl.:	<u>reimhe§50:36:24</u>	<u>roimhe an§51:38:9</u>	<u>remhe a§117:110:24</u>
A19:	roimhi <i>f.7v23</i>	roimh an <i>f.7v31</i>	roimh a <i>f.17r18</i>

Rawl.:	<u>remhe.c.c. §219:214:14</u>	<u>rEme Espartain §230:232:16</u>	<u>reme an §321:344:10</u>
A19:	roimh colam.c. <i>f.30v26</i>	roimh easbart <i>f.33r23</i>	roimh an <i>f.48v12</i>

Is léir go raibh sé de nós ag Mac Niallais *roimh* a bhreacadh thar ceann na bhfoirmeacha éagsúla atá in Rawl. In ainneoin rialtacht agus líonmhaireacht a leasaithe, níor leasaigh sé chuile shampla de *reimh(e)* atá in Rawl.⁸⁰ Ní cosúil go raibh aon locht aige ar *reimh(e)* mar fhoirm. Ní dócha gur ag ceartú a bhí sé agus na leasuithe thuas á ndéanamh aige ach ag breacadh na foirme ba mhinicí leis féin a léamh agus a bhreacadh, i ngan fhios dó féin.

Réamhfhocail eile: Leasaigh Mac Niallais dornán réamhfhocal eile nach taobh le foirm iad in Rawl. roimh ainmfhocal, i dteannta na haidiachta sealbhaí, nó roimh bhriathar coibhneasta. Is leasuithe neamhchoitianta neamhchórasacha iad agus is dócha gur i ngan fhios dó féin a rinne sé iad:

Rawl.:	<u>triana comhairli</u> <u>§180:184:19</u>	<u>tria guidhe</u> <u>§357:404:22</u>	<u>amail uisce</u> <u>§403:440:5</u>
A19:	trena comhairle f.27r8	tre ghuidhe f.55r13	mur uisgi f.59v23

Rawl.:	<u>a sEnglEnd§133:132:23</u>	<u>a día§286:302:19</u>	<u>as láimh§288:304:23</u>
A19:	as senglEnn f.20r27	as Día f.42v29	a láimh f.43r19

Rawl.:	<u>lé a marbadh§253:256:32</u>
A19:	le marbadh f.36v18

Réamhfhocail + aidiacht shealbhach: Is iondúil *n* neamhchlasaiceach breactha ar lorg na réamhfhocal *le* agus *re* in Rawl. agus iad i mbéal na haidiachta sealbhaí 3ú pearsa uatha nó iolra. Is léir nach raibh aon locht ag Mac Niallais ar *lena* ná *rena* Rawl. Bíodh is go ndearna sé *ré* d'aon sampla amháin de *rena*, *ré* thaebh f.11r20 = *rena* taeb§76:64:7, bhreac sé *n* ar lorg *re* agus *le* i dtrí ionad eile san áit nárbh ann dá leithéid in Rawl.:

Rawl.:	<u>fá ré a celi§145:148:6</u>	<u>ré a ól§292:312:29</u>	<u>lé a ngnoaighib§283:298:26</u>
A19:	fa re na celi f.22r13	réna ól f.44r30	lena ngoaighibh f.42r25

Is líonmhaire na leasuithe a rinne Mac Niallais ar aidiachtaí sealbhacha 1ú agus 2ú pearsa uatha atá i ndiaidh na réamhfhocal *do/de*, *fa*, agus *re*. Ní breactar guta na n-aidiachtaí sealbhacha seo ar lorg na réamhfhocal *do/de* agus *fa* in Rawl., agus is iondúil nach mbreactar i ndiaidh *re* é. Chloígh Mac Niallais lena raibh ina eiseamláir den chuid

⁸⁰ *m.sh.* *reimhe* f.7v23 = *reimhe*§50:36:25, *remhi* an chath f.26v10 = *remhe* an cath§173:180:31.

is mó,⁸¹ ach rinne sé *red* de *re do* atá in Rawl. in ionad amháin sa téacs, agus bhreac sé guta na haidiachta sealbhaí san áit nach bhfuil a leithéid in Rawl. i ndeich n-ionad eile:

<i>Rawl.:</i>	dom corp §67:52:21	dom tshaegal §129:126:29	dom celluib §127:124:32
<i>A19:</i>	do mo corp f.9v15	do mo saogal f.19v11	do mo chealluibh f.19r26
<i>Rawl.:</i>	dom doigh §430:452:8	fam roghain §87:80:11	Fam cuid §87:82:7
<i>A19:</i>	do mo dhoigh f.61r13	fa mo roghain f.13r26	fa mo chuid f.13v9
<i>Rawl.:</i>	rem tighErna §124:122:24	rEd braithribh §225:226:11	réd mathair §250:254:31
<i>A19:</i>	re mo tigearna f.18v32	re do braitribh f.32r28	ré do mhathair f.36v1
<i>Rawl.:</i>	réd bás§276:288:6	re do bEo§76:64:20	
<i>A19:</i>	re do bhás f.41r1	réd bhéo f.11r27	

Is cosúil nach raibh aon locht ag Mac Niallais ar ghuta na haidiachta sealbhaí, 1ú agus 2ú pearsa uatha, a fhágáil gan breacadh ach gur nós leis a bhreacadh i ngan fhios dó féin. Is suntasach an ní é nár leasaigh sé aon sampla de *rem*, *red*, ná *fam* atá sa bhfilíocht.⁸² Is breisfhianaise a neamhreasú ar an aird a bhí aige ar líon siollaí línte na filíochta agus é i mbun cóipeála. Is maith a thuig sé go bhféadfadh guta breise siolla thar an gceart a chur i líne.

5.3.7.1 Forainmneacha réamhfhoclacha

Is coitianta foirmeacha séimhithe na bhforainmneacha réamhfhoclacha a shíolraíonn ó *ar* agus *re* in Rawl. ná a gcéilí loma. Is iondúil gurbh í an fhoirm atá in Rawl. a bhreac Mac Niallais ach leasaigh sé riar foirmeacha chomh maith. Bhreac sé foirm

⁸¹ *m.sh.* dom dhÉoin f.9v16 = dom dEoin§67:52:22, dot shliochdsa f.7r7 = dot slietsa§44:30:15, dot coimhÉd f.9r11 = dod coimed§64:48:27; réd guidhe f.42r15 = red guidhe§282:298:8, rem mathair f.60r17 = rEm mathair§411:442:31, fam choim f.13v5 = fam coim§87:80:39, fam anmain f.55r9 = fam anmain§357:404:16.

⁸² rem urraidh f.41r17 = rém urraidh§277:290:6, rem deoroidh f.41r17 = rém dEoraidh§277:290:6, red gnúis f.51v15 = rEd gnúis§348:372:28, rem mathair f.60r17 = rEm mathair§411:442:31, rem lebur f.60v16 = rem leabar§423:448:3; fam cairdEs f.41r18 = fám cairdEs§277:290:12, fam chosaibh f.50v25 = fam cossaiph§340:362:26.

lom thar ceann fhoirm shéimhithe Rawl. in ionad sa téacs, ach ba é a mhalairt a rinne sé i ndeich n-ionad eile:

<i>Rawl.:</i> <u>arm air§98:94:16</u>	<u>ainm eli air§255:258:8</u>	<u>dobeith air§309:332:30</u>
<i>A19:</i> <u>arm fair f.15r11</u>	<u>ainm eli fair f.36v27</u>	<u>dobheth fair f.47r20</u>

<i>Rawl.:</i> <u>dobi air§335:356:13</u>	<u>EstEcht ris§309:332:15</u>	<u>ÉstEcht ris§311:334:13</u>
<i>A19:</i> <u>dobhi fair f.50r8</u>	<u>eistteacht fris f.47r12</u>	<u>(..)eacht fris f.47r33</u>

<i>Rawl.:</i> <u>failte ris§275:282:3</u>	<u>failte rind§120:116:20</u>	<u>failte ris§327:348:3</u>
<i>A19:</i> <u>fáilti fris f.40r23</u>	<u>fáilti frinn f.18r4</u>	<u>failti fris f.49r14</u>

<i>Rawl.:</i> <u>adubairt ris§314:336:35</u>	<u>dochur fort§223:224:10</u>
<i>A19:</i> <u>adbert fris f.47v26</u>	<u>dochur ort f.32r9</u>

Is iad na foirmeacha loma is tréine in Rawl. agus is iad amháin a d'úsáidítí sa nGaeilge Chlasaiceach (McManus 1994:438). Is deacair dá réir sin a thuiscint cén t-údar a ndearna Mac Niallais *fair* agus *fris* de *air* agus *ris* Rawl. i bhformhór na samplaí thuas. Thiocfadh sé gur ar mhaithe le huaim a bheith aige a bhreac sé *fris* ar lorg an ainmfhocail *fáilte* i dtrí shampla dóibh ach is léir nach uaim a tharraing na leasuithe eile.

Is forainmneacha réamhfhoclacha ar mó ná foirm amháin atá acu i dtéacs Rawl. agus sa nGaeilge Chlasaiceach an t-aon fhorainm réamhfhoclach déag eile a leasaigh sé. Is foirm a úsáidtear in Rawl. féin, agus a cheadaítí sa nGaeilge Chlasaiceach, a bhreac sé thar ceann a raibh ina eiseamláir san aon sampla dhéag:

<i>Rawl.:</i> <u>orra§1:2:6</u>	<u>orra§118:112:4</u>	<u>orra§125:122:41</u>
<i>A19:</i> <u>ortha f.3r5</u>	<u>ortha f.17r24</u>	<u>ortha f.19r8</u>

<i>Rawl.:</i> <u>orra§132:130:37</u>	<u>uirri§78:68:34</u>	<u>fuithe§78:68:31</u>
<i>A19:</i> <u>ortha f.20r16</u>	<u>uirthe f.11v32</u>	<u>faoithi f.11v30</u>

<i>Rawl.:</i> <u>dib§18:8:23</u>	<u>duind§49:34:27</u>	<u>dib§227:228:27</u>
<i>A19:</i> <u>daoibh f.4r11</u>	<u>dunn f.7v8</u>	<u>dáoibh f.32v20</u>

<i>Rawl.:</i> <u>imad§314:336:37</u>	<u>uaid§78:66:38</u>
<i>A19:</i> <u>umad f.47v26</u>	<u>uadh f.11v14</u>

Ní fios cén t-údar ar roghnaigh Mac Niallais foirm mhalartach a úsáid in §1, 18, 49, 78, 120, 132, 227 agus §314. D'fhéadfadh sé gur in aon turas a bheartaigh sé 'uirthe' a bhreacadh thar ceann *uirre* Rawl. in §78. Is í 'uirthe' an focal deiridh de §78 in Rawl., agus is ar an líne deiridh de *f.11v* a thagann sí i leabhar Mhic Niallais. Is léir ón bpeannaireacht gur theastaigh uaidh go líonfadh an forainm réamhfhoclach líne deiridh na bileoige sula dtosódh sé ar §79 ar an gcéad bhileog eile. Is fearr a líonfadh 'uirthe', a bhfuil *h plene* aige ann, deireadh na líne ná 'uirri' Rawl. Thiocfadh sé dá réir sin gurbh é dearadh a leabhair a thug air foirm mhalartach a úsáid sa gcás seo. D'fhéadfadh sé gurbh ionann údar a bhí aige leis na foirmeacha 'faoithi' (§78) agus 'ortha' (§12) a bhreacadh ina chóip.

5.3.7.2 Athrá an réamhfhocail

Tá riar abairtí i leabhar Mhic Niallais a bhfuil dhá ainmfhocal nó dhá fhrása faoi réir ag aon réamhfhocal amháin iontu san áit a mbíonn dhá réamhfhocal in Rawl. Is dócha gur go seachmallach a d'fhág sé réamhfhocal gan breacadh i dtrí abairt díobh (Aguisín II:1.3, 13, 51; 2.1, Íomhá 28), ach is deacair a bheith cinnte de gur teann siléige a chaill sé réamhfhocail na n-abairtí eile:

Rawl.:	<i>argach uile búaidhreadh 7 fíis 7 aisling 7 ardrochsmuaintighib antsaegailse</i>	<i>§64:50:13</i>
<hr/>		
A19:	<i>ar gach uile bhuidhreadh collaidhi fhís .7 aisling .7 drochsmuaintighib antsaoghailsi</i>	<i>f.9r25</i>
<hr/>		
Rawl.:	<i>.i. duine aca agbuaince ille maithe ass. 7 duine eli acu gathairr aing docum drochchelle.</i>	<i>§285:300:30</i>
<hr/>		
A19:	<i>.i.duine aca agbúain céilli maithi as .7 duine eli agá tharruing docum droichchéilli</i>	<i>f.42v13</i>
<hr/>		
Rawl.:	<i>taranmuir mEruallach acustar tr Ethan tonn</i>	<i>§355:390:10</i>
<hr/>		
A19:	<i>tar an mhuir mEruallach .7 treathan tonn</i>	<i>f.53v5</i>

Rawl.:	gosin Esboc naemtha gobrugach mac ndEgadh	§61:46:8
A19:	gosin Epscop naEmhtha Brugach † mac ndEghadh	f.8v20
Rawl.:	amaed macainmirEch .i.amrigh ereann	§95:90:24
A19:	um aedh mac Ainmireach .i. Ri Ereann	f.14v16
Rawl.:	rebratuib ihosu † criost.i. recomartha nacroiche	§284:300:20
A19:	rebratuigh IOSV CRiost .i. comurtha na croiche	f.42v7

In ainneoin ar cheartaigh Mac Niallais dá bhotúin chóipeála, níor cheartaigh sé aon bhotún atá inchurtha leis na habairtí thuas. D'fhéadfadh sé dá bharr sin gur chinneadh comhfhiosach é na réamhfhocail a fhágáil as na habairtí seo.

5.3.8 Ord na bhfocal

Tá ceithre abairt is fiche in A19 atá ar aon fhocal le Rawl. ach nach ionann a n-ord. Níl de dhifríocht idir na habairtí ach go mbíonn focal, nó frása réamhfhoclach, níos faide ar dheis nó ar chlé san abairt in A19 le hais a ionaid san abairt chéanna in Rawl. Ba nós le scríobhaithe ord abairte a athrú ar an modh seo i ngan fhios dóibh féin de bharr botún comónta ar a dtugtar *transposition*, nó malartú (Petti 1977:30). In ainneoin ar cheartaigh Mac Niallais dá bhotúin féin, níor cheartaigh sé aon bhotún a bhfuil cosúlacht botúin mhalartaithe air. Ní féidir a bheith cinnte de gur teann botúin a d'athraigh sé ord na n-abairtí seo in Rawl.

Is mó an seans gur i ngan fhios dó féin a leasaigh Mac Niallais abairtí áirithe thar a chéile. D'athraigh sé ord dhá fhocal atá nasctha le cónasc comhordaitheach i dtrí abairt (Aguisín III:2.5:1–3), ord sraith aidiachtaí a d'athraigh sé in abairt eile (Aguisín III:2.5, 4), agus ní dhearna sé i gceithre abairt déag eile ach dobhriathra, frása réamhfhoclach, nó forainm, a mhalartú le focal, nó le frása giortach, atá buailte air i dtéacs Rawl. (Aguisín III:2.5, 5–18). B'éasca dó ionad na bhfocal seo a mhalartú go seachmallach de bharr a n-gaireacht dá chéile ina eiseamláir, agus is dócha gur i ndearmad a rinne sé amhlaidh.

Ní le focal, nó le frása giortach, atá ina aice in abairt Rawl. a mhalartaigh Mac Niallais focal, nó frásaí réamhfhoclach, sna habairtí eile a leasaigh sé. Is mó is dóichí é, dar liom, gur leasuithe comhfhiosacha ar chomhréir na habairte iad na samplaí seo:

Rawl.:	Et gachadardaín dobErthí arnemh é <i>dim</i> / agallaimh rehainglibh	§159:168:17
A19:	Et gacha dardain dobearthaóí airnEmh diomagallaimh réhainglibh é	f.24v28
Rawl.:	do gab ferg mór é fáan nísín	§168:176:28
A19:	do gabh fearg mhór fan ní sin é	f.26r10
Rawl.:	tucatar lEo é mararaibe .c.c.	§239:242:20
A19:	tugadur léo mur aroibhi colam.c. é	f.34v20
Rawl.:	atá anoiredsa dochin 7 dogradh agamsa dó fÉn 7 dáslicht inadfaidh	§117:110:21
A19:	atá anoireadsa dochion .7 dogradh dó fen 7 dá shliochd na diáigh agumsa	f.17r17
Rawl.:	Et nirful aing cíanán denduine aglacudh <i>no</i> lamdo chur aracorp ósin alle	§158:166:22
A19:	Et nirfhulaing cianan aglacadh nolamh do chur <i>airacorp</i> ⁸³ dÉnduine osin alle	f.24v15
Rawl.:	Dobi nEch naemtha áirithe anErind darbh ainm finden	§225:226:1
A19:	Dobhi neach naomhtha airidhi darbainm FinnEn anErinn	f.32r24

⁸³ Is ar cheann bhirín a chuir Mac Niallais ‘acorp’ sa téacs, feic caibidil a ceathair, 4.3.3, Íomhá 21.

5.4 Conclúid

Léiríonn ar cheartaigh Mac Niallais de bhotúin fhollasacha théacs Rawl. gur chuid dá dhualgas é eagarthóireacht a dhéanamh ar bhotúin a eiseamláire. Ba é soiléiriú téacs Rawl. ba bhunchuspóir dá eagarthóireacht. Níorbh ar fhoinsí eile a bhunaigh sé a roghanna ceartaithe is cosúil ach ar a thuairim mheáite féin faoi na ceartúcháin ab fhéarr a d'fhoilseodh téacs fabhtach a eiseamláire dá léitheoirí. In ainneoin nár shásaigh riar dá cheartúcháin a bhunchuspóir, ba leasuithe chun soiléireachta a mbunáite.

Ní dócha gurbh é a dhualgas eagarthóireachta a thug air formhór na bhfoirmeacha teanga a leasaigh sé a leasú. Dealraíonn sé gur chinn sé gan athnuachan chórasach a dhéanamh ar fhoirmeacha ársa Rawl., ná a raibh d'fhoirmeacha malartacha sa téacs a thabhairt chun rialtacht. Ba é tionchar na malairtí sin agus tionchar ghnás scríofa a linne a thug air foirm a leasú i ngan fhios dó féin. Ba bhotún truaillithe, is cosúil, ba chionsiocair le formhór a leasuithe.

Ní i ngan fhios dó féin, dar liom, a chuir Mac Niallais athruithe coitianta córasacha ar chóras litrithe Rawl. Ba chóip dhílis sholéite de théacs Rawl. a theastaigh uaidh a fhoilsiú dá léitheoirí. Níor athraigh a leasuithe litrithe brí ná éirim an téacs, ach ba sholéite an téacs do léitheoirí a linne dá bharr. Ba chinneadh eagarthóireachta é gan cloí go docht le córas litrithe Rawl., cinneadh a léiríonn gur mhó a bhain le dualgas eagarthóireachta Mhic Niallais ná botúin fhollasacha a eiseamláire a leigheas.

6 An Chóip á Breacadh: Athscríobh

6.1 Réamhrá

Léiríodh i gcaibidil a cúig nach i ngan fhios dó féin a chóipeáil Mac Niallais focail a eiseamláire. Cheistigh sé agus chíor sé ciall agus éirim a raibh le cóipeáil aige agus cheartaigh sé aon fhabht céille dá bhfaca sé. Léirigh ar cheartaigh sé nárbh ionann aige a eiseamláir a leanacht *de verbo ad verbum* agus chuile fhocal de a bhreacadh.


Is follas nárbh iad botúin fhollasacha a eiseamláire amháin a bhronn deis athscríofa ar Mhac Niallais. Tá cuid mhaith abairtí inléite in Rawl. nach bhfuil ar aon fhocal lena gcomhionann in A19. Ní botún cóipeála a bheadh ceartaithe ag Mac Niallais is údar dá ndifríocht ach cinneadh comhfhiosach a rinne sé a chuid féin a dhéanamh den téacs. Is difríochtaí iad a thugann deis dúinn léargas a fháil ar an tsaoirse chruthaitheach a bhí ag scríobhaí agus cóip dhílis de théacs á bhreacadh aige.

Tugtar tuairisc thíos ar chuile leasú a rinne Mac Niallais ar théacs a eiseamláire nach mbeadh ceartaithe aige, agus nár ghá dó a dhéanamh chun a chur i gcéill. Déantar iarracht leasuithe gaolmhara a thiomsú i rannóga ar leith; ceistítear aidhm agus údar na leasuithe; agus pléitear an t-athrú a chuireann siad ar bhrí agus ar éirim an téacs.

6.2 Dearadh

Mar a léiríodh i gcaibidil a dó, is cosúil go ndearna Mac Niallais dhá bhunchinneadh deartha sular bhreac sé focal de théacs a eiseamláire. Chinn sé gur in aon cholún comhlíonta amháin a breacfaí an téacs agus gur i dtús líne dá leabhar a bheadh alt nua nó rann filíochta. Ba chinntí iad nár aontaigh le dearadh Rawl. agus a léiríonn gur chreid Mac Niallais nár ghá dó dearadh a eiseamláire a leanacht chun cóip dhílis dá théacs a fhoilsiú.


Is díol suntais é gur cosúil gurb é an dearadh a cheap Mac Niallais dá leabhar ba chionsiocair le leasuithe áirithe a chuir sé ar théacs a eiseamláire. Tá ocht n-abairt is fiche i ndeireadh ailt nó roimh fhilíocht in A19 nach bhfuil ar aon fhocal lena gcomhionann in Rawl. Dealraíonn sé gur abairtí iad arbh éigean dó a leasú ar mhaithe lena gcur in oiriúint do dheardh a leabhair. Ní dhearna sé de leasú ar thrí abairt díobh ach na giorrúcháin $7r\bar{l}a$ nó $7c\bar{a}$ a bhreacadh i ndeireadh ailt thar ceann na bhfocal atá in Rawl.:



(Íomhá 1: A19 f.14r3–5)

Rawl.: amail doÉirEochadh se asachodladh
gormóradh ainm | dé 7 colaim.c.de sin §91:86:5


A19: amail doérEocadh se asacodladh gur .7cā



(Íomhá 2: A19 f.37r31–33)

Rawl.: amail | adubairt.c.c.gormoradh ainm dé 7
.c.c.de sin §258:262:15


A19: amail adubairt colam.c.gur moradh.7rlā.



(Íomhá 3: A19 f.45r7–9)

Rawl.: dalEcen astEch.cormoradh ainm dé 7
.c.c.dEsin §296:318:4

A19: dá léigean astteach gur moradh 7rla .



(Íomhá 4: A19 f.46r18–20)

Rawl.: cofuair anman | ach bas. Gormoradh ainm de
.7 .c.c.de sin §303:326:16

A19: gobfhuaire anmanach bás. gur 7cā

Is ó na frásaí Laidine *et reliqua* agus *et cetera*, ‘agus araile’, a shíolraíonn na giorrúcháin 7rlā nó 7cā, giorrúcháin atá á n-úsáid i dtéacsanna Gaeilge ó ré na Sean-Ghaeilge (Moran 2015:116). Is léir nach ag giorrú frása Laidine a bhí Mac Niallais sna samplaí thuas ach ag giorrú clásail ar minic leis críoch a chur le halt sa téacs, *gur móradh ainm Dé agus Colaim Chille*.¹ Is cosúil gurbh ionann na giorrúcháin 7rlā agus 7cā aige agus comharthaí a chuirfeadh an clásal coitianta i gcuimhne dá léitheoirí. Seachas an clásal iomlán a bhreacadh sna samplaí thuas, níor bhreac sé ach an chéad fhocal de (Íomhá 1, 4), nó an chéad dá fhocal má bhí bán le líonadh aige (Íomhá 2, 3),

¹ *m.sh.* §70:56:18, §75:62:19, §79:70:17, §81:72:22, §96:92:12, §109:102:3, §114:108:11, §141:144:20

agus $7r\bar{l}a$ nó $7c\bar{a}$ ar a lorg. Mheabhraigh an chéad fhocal an clásal dá léitheoirí agus b'ionann $7r\bar{l}a$ nó $7c\bar{a}$ agus an chuid eile de. In ainneoin nárbh ionann go díreach ar bhreac sé agus a eiseamláir, mheas sé go dtuigfeadh a léitheoirí a raibh fágtha gan breacadh aige.²

Is rídhócha é gur ar mhaithe le téacs a eiseamláire a chur in oiriúint do dhearadh a leabhair a leasaigh Mac Niallais na habairtí thuas. Dá mbreacadh sé focail Rawl. go dílis agus cloí lena chinneadh alt nua a bheith i dtús líne, bheadh trí ceathrú cuid de líne le fágáil gan scríobh aige. Bhí rogha le déanamh aige agus na samplaí thuas á mbreacadh aige; dearadh a leabhair a lochtú nó sin téacs a eiseamláire a chur in oiriúint don dearadh. Ba mheabhrach an réiteach a bhí aige ar a rogha. Ní hamháin gur shásaigh a abairtí leasaithe a mhúnla deartha ach thug na giorrúcháin $7r\bar{l}a$ agus $7c\bar{a}$ deis dá léitheoirí bunabairtí a eiseamláire a athchruthú.


Léiríonn na leasuithe a rinne Mac Niallais ar abairtí íomhá 1–4 gur ghné thábhachtach dá cheird é an dearadh. Tugann siad le tuiscint gur thábhachtaí dó gan dearadh a leabhair a lochtú ná cloí go dílis le focail a eiseamláire uaireanta. Níor theastaigh uaidh aon athrú a chur ar bhrí ná ar éirim an téacs, ach bhí sé toilteanach a chuid féin a dhéanamh de ar mhaithe lena dhearadh a shásamh.

Leasaigh sé ceithre abairt is fiche eile sa téacs ar cosúil gur dheacracht deartha ba chionsiocair lena leasú. Murab ionann agus a leasuithe in íomhá 1–4, níor bhreac sé aon ghiorrúchán sna habairtí seo a thabharfadh deis dá léitheoirí bunabairt a eiseamláire a athchruthú. Is ar dhá mhodh a leasaigh sé na habairtí lena aidhmeanna deartha a shásamh: (a) choimrigh sé abairt nó sin (b) chuir sé ábhar breise leo.

6.2.1 Coimriú

Ba é an coimriú ba shimplí agus ba choitianta a rinne Mac Niallais ar abairtí Rawl., cáilitheoir(í) nó frása réamhfhoclach a fhágáil gan breacadh:


² Luann O'Connor gur bhain scríobhaithe a shaothraigh an téacs *Togail Bruidne Da Derga* an úsáid chéanna as na giorrúcháin $7r\bar{l}$ nó $7c\bar{a}$ chun foirmli tuairisciúla coitianta an téacs sin a choimriú (2013:177–78). Ní nochtann sé aon tuairim i dtaobh údar a gcoimrithe.



Rawl.: do fagaib anlebur aifrind doscrib sé fÉn
ann§102:98:8

A19: dfágaibh anleabur aifrinn doscriob fen ann


(Íomhá 5: A19 f.15v1–2)



Rawl.: Munduss mihi cruxifixus | est 7 ega mundo .i.
docrochadh ansa | egal damh 7 **docrochad mEsi do**
tshaEgal§424:448:12

A19: Mundus mihi crucifixus est. & ego mundo .i.
docrochadh ansaogal damh .7 **mesi dontsaogal**


(Íomhá 6: A19 f.60v20–22)



Rawl.: dixit.scandlan actabairt nacánusa
uadh§349:374:24

A19: dixit Sganlán agtabairt nacana uadh


(Íomhá 7: A19 f.51v25–27)



Rawl.: doronsat anlaEidh **ann**§355:388:20

A19: adbertadur an.l.


(Íomhá 8: A19 f.53r32)



Rawl.: adbert anlaEid **ann**§355:390:28

A19: adbert an laoidh


(Íomhá 9: A19 f.53v13–15)



Rawl.: .ut.dixit.po | éta **gaderbadh sin**§425:450:1

A19: et ut poEta dixit

(Íomhá 10: A19 f.60v26–28)




Rawl.: amail aspert **anfile.i. d | allan**

forcaill§426:450:7

A19: amail aspert *dallán*


(Íomhá 11: A19 f.60v28–30)



Rawl.: amail asbert baithin **naemh**§55:42:28

A19: amail asbert baEithin


(Íomhá 12: A19 f.8r32–33)



Rawl.: *conderna* | naroinde **sís**§278:290:20

A19: *condearna* na roinnsi


(Íomhá 13: A19 f.41r20–22)



Rawl.: doronsad anlaEidh **ann**§355:394:14

A19: doronsad an laoidh

(Íomhá 14: A19 f.54r2–4)



Rawl.: amail | mebruighEss anfile **.c.na air.i.dallán**

forgaill§404:440:10


A19: amail mheabraighEs anfile.i.*dallán*

(Íomhá 15: A19 f.59v23–25)

Dealraíonn sé gur ar mhaithe le colún na bileoige a chomhlíonadh a chinn Mac Niallais gan na focail *naomh* (Íomhá 12), *síos* (Íomhá 13), *ann* (Íomhá 14), agus *céanna air/Forgaill* (Íomhá 15) a thabhairt leis as a eiseamláir sna samplaí thuas. Bíodh is nach raibh aon cheal spáis ar cholbha na bileoige aige lena mbreacadh, mheas sé gur thábhachtaí comhlíonadh an cholúin ná eolas na bhfocal. Ní raibh aon leisce air dul i mbradaíl ar cholbha na bileoige agus deacrachtaí deartha eile á leigheas aige in íomhá 5–11. Is cosúil gur ar mhaithe le tús líne a ghéilleadh d’alt nua (Íomhá 5–6) agus do rann filíochta (Íomhá 7–11) a leasaigh sé abairtí na samplaí sin. In ainneoin gur ghoid

sé bán ó cholbha na bileoige, ní raibh sé d'áit aige chuile fhocal d'abairtí a eiseamláire a bhreacadh. B'éigean dó na habairtí a leasú dá réir agus focail agus frásaí áirithe a fhágáil astu. Roghnaigh sé na focail *sé* (Íomhá 5), *-sa* (Íomhá 7), *ann* (Íomhá 8–9), agus *an file .i./Forgaill* (Íomhá 10) a fhágáil as cúig abairt díobh agus ba iad na frásaí *do crochadh meise* (Íomhá 6) agus *gá dhearbhadh sin* (Íomhá 10) a d'fhág sé as an dá abairt eile. Bíodh is gur leasaíodh téacs a eiseamláire de bharr a neamhbhreactha, ba bheag an t-athrú a cuireadh ar a bhrí.


Ba thromchúisí an coimriú a rinne Mac Niallais ar dhá abairt eile atá i ndeireadh ailt. Ní focal ná frása a d'fhág sé gan breacadh as na habairtí seo ach clásal:



(Íomhá 16: A19 f.23r27)

Rawl.: *dobendaigh Ess mac | nEirc arbuill amail dotarrngair.p.com | bendóchadh se ann 7 dofagaib nEch naemtha | dámhuindtir and.i.daconna aainm§152:156:18*

A19: *dobeannaigh | Es mac neirc arbuill amail do tairrngir Patraic.7 dfagaibh neach naomtha da.muinntir.fen ann .i. dáonna aainm*



(Íomhá 17: A19 f.33v34–35)

Rawl.: *do | firadh sin uile amail adubairt .c.c.gor moradh | ainm de 7.c.c.de sin§235:236:27*


A19: *do fíoradh sin amail adubairt colam.c.*

Is i *gceann fo eite* atá abairt leasaithe Mhic Niallais in íomhá 16 thuas. Ar bhreacadh ainm Naomh Pádraig dó, thuig sé nach mbeadh sé d'áit aige a raibh roimhe in Rawl. a bhreacadh sa gcuid eile den líne. Bhí sé de rogha aige a raibh fanta de §152 a choimriú nó sin chuile fhocal de a thabhairt leis agus líne gan líonadh, nó *ceann fo eite* eile, a bheith idir é agus tús an ailt a leanann é. Is léir gur mheas sé gurbh fhearr an coimriú ná dearadh a leabhair a lochtú. D'fhág sé clásal aidiachtach athráiteach as abairt a eiseamláire agus chuaigh sé i mbradaíl ar cholbha na bileoige ar mhaithe leis an gcuid eile de a thabhairt leis. Bíodh is nár éirigh lena abairt leasaithe an colún a líonadh go cothrom, ghéill sí tús líne dá leabhar don alt nua a leanann í.

Is deacair a thuiscint cén t-údar ar choimrigh Mac Niallais abairt a eiseamláire sa dara sampla thuas (Íomhá 17). Bhreac sé dhá líne den téacs in íochtar f.33v nó go

mbronnfadh sé tús an leathanaigh a leanann é ar thús ailt. Bhí áit aige in íochtar na bileoige don chlásal a d'fhág sé gan breacadh, *gur móradh ainm Dé agus Colaim Chille de sin*, agus is ríchainte go raibh áit aige do na giorrúcháin $7r\bar{l}a$ nó $7c\bar{a}$ lena chur i gcuimhne dá léitheoirí, mar a rinne sé in íomhá 1–4 thuas. Ar chúis eicínt nach follas, mheas sé nár ghá an clásal coitianta a mheabhrú dá léitheoirí sa gcás seo.


Ba é a leagan coimrithe féin d'abairtí a eiseamláire a chum Mac Niallais chun dhá shnaidhm deartha eile a scaoileadh. Dealraíonn sé gur ar mhaithe le colún na bileoige a chomhlíonadh a rinne sé a chuid féin de na habairtí:



(Íomhá 18: A19 f.28v1–3)

Rawl.: doimigh an pEisd uatha | leis *sin* fanmuir 7
fuarutar ciúnus **onmuir** | **íarsEin**§195:196:19

A19: doimigh anphéist uatho les *sin* fán muir .7
fuaradur ciúnus **osin amach**



(Íomhá 19: A19 f.60v7–9)

Rawl.: Marsin [...] dotoirmisceadh
antuassalathair.i.c.c. bEoil 7 | tengta namanach
dobidh gatoirmEsc | **fancrabadh 7 fancruaitEch**
donidh se air | féin§421:446:17



A19: Mur sin [...] dotoirmisgeadh antuasalathair.i.
c.c. bÉoil .7 tEngtha namanac dobhídh gáthoirmEsg
fána cruadhchrabadh

Ní ceal spáis a thug ar Mhac Niallais an dá abairt thuas a leasú. Bhí sé d'áit aige a raibh in Rawl. a bhreacadh ar cholbha na bileoige dá dtogródh sé, ach is léir gur mheas sé gur thábhachtaí an colún a líonadh go cothrom ná focail a eiseamláire a leanacht go dílis. Thiocfadh sé nárbh é dearadh an leabhair amháin a thug air an dara habairt thuas a leasú ach gur shíl sé gur chóirtha abairt fhada Rawl. a bheith i mbeagán focal. Is gonta agus is beaichte frása nuachumtha Mhic Niallais, 'fána cruadhchrabadh', ná abairt fhadálach Rawl., in ainneoin gurb ionann a n-eolas nach mór.

6.2.2 Breise

Tá cúig abairt in A19 a chríochnaíonn i ndeireadh líne ar mó focal iontu ná a gcomhionann in Rawl. Is cosúil gur ar mhaithe le colún a bhileoige a chomhlíonadh a

chuir Mac Niallais ábhar breise leo. Ba cháilitheoirí breise a chuir sé le dhá abairt díobh:

	<p><i>Rawl.</i>: gonadh andsin adbert³ .c.c.anrandsa§155:158:18</p>
<p>(Íomhá 20: A19 f.23v12–14)</p>	<p><i>A19</i>: conadh ann sin adbert coluimcille an randbegasa thíos</p>
	<p><i>Rawl.</i>: gonadh and dorinde nanaroindse§279:292:12⁴ <i>A19</i>: gonadh ann dorinne naRoinnse amuigh</p>
<p>(Íomhá 21: A19 f.41r31–32)</p>	


Is cosúil gurbh é an rann filíochta, a leanann prós an chéad sampla thuas, a thug ar Mhac Niallais abairt a eiseamláire a leasú (Íomhá 20). Ar bhreacadh an bhriathair ‘adbert’ dó, thuig sé go mbeadh air chuile fhocal eile den abairt a bhreacadh *plene* dá mb’áil leis líne a leabhair a líonadh. In ainneoin a neamhghiorraithe, níor líon siad an bán dó. Roghnaigh sé dá bharr sin na focail *beag* agus *thíos* a chur le habairt Rawl. nó go líonfaí é. Is maith a thuig sé gur fánach an t-athrú a chuirfeadh a fhocail bhreise ar bhrí abairt a eiseamláire.

Dealraíonn sé go raibh dhá aidhm phraiticiúla ag an dobhriathar breise a bhreac Mac Niallais sa dara sampla thuas (Íomhá 21). Ní hamháin gur líon sé an bán dó, ach threoraigh sé a léitheoirí chuig an gcéad leathanach eile dá leabhar. Is sa líne dheiridh de f.41r a bhreac sé an dobhriathar, leathanach atá ar an dornán leathanach in A19 nach bhfuil ach 32 líne air. Thiocfadh sé gurb iad na sé rann atá ar lorg an dobhriathair sa téacs is cionsiocair le 32 líne a bheith ar f.41r, seachas 33 líne mar is gnách. Bíodh is go raibh áit do rann díobh ar líne 33 de f.41r, chinn sé na sé rann a bhreacadh in éineacht ar f.41v agus mheabhraigh an dobhriathar breise a bhreac sé a n-ionad dá léitheoirí.

Ba é a leagan féin d’abairt atá in Rawl. a chum Mac Niallais in dhá ionad eile sa téacs ar mhaithe le colún na bileoige a líonadh:

³ ‘adubairt’ atá in eagrán BCC i ndearmad.

⁴ Níor éirigh le heagarthóirí BCC an chuid seo den téacs a thabhairt leo.




(Íomhá 22: A19 f.27v17–19)

Rawl.: dobidís fedh naí tond armuir | inatimcell 7

adbert anrandsa§184:190:2

A19: dobhídís fEdh .9. tonn ar muir nathimceall **mur**
adeir anrand eli so



(Íomhá 23: A19 f.59v4–5)

Rawl.: .i. dimainEs. **Ut dixit.** brEnainn | birra
gaderbadh sin sarandsa§399:436:37


A19: eadhon diomhaóineas. **Et ata** brEnaind biorra
gá dErbhadh sin sa rannsa **muran.c.na leth re**
colam.c.

Is líne próis a scarann dhá rann a leasaigh Mac Niallais sa dá shampla thuas. Theastaigh uaidh go mbeadh an rann a leanfadh an próis i dtús líne ach ba léir dó nach líonfadh a raibh d'fhocail ina eiseamláir líne iomlán dá leabhar. Bhí rogha le déanamh aige ar thuiscint a dheacrachta dó: ceathrú líne a bheith gan líonadh ina leabhar aige nó sin ábhar breise a chur le habairtí a eiseamláire a líonfadh é. Is follas ónar bhreac sé gur mheas sé gur thábhachtaí dearadh a leabhair ná dílseacht d'fhocail a eiseamláire sa gcás seo.

6.3 Malairtí

Tá cuid mhaith abairtí in A19 nach bhfuil de dhifríocht eatarthu agus a gcomhionann in Rawl. ach focal nó frása malartach a bheith iontu. Is focail agus frásaí iad atá ar aon chiall, nó beagnach ar aon chiall, lena bhfuil in Rawl. ar fánach an t-athrú a chuireann siad ar bhrí an téacs. Bíodh is gur dócha gur go neamh-chomhfhiosach a bhreac Mac Niallais focal nó frása malartach i riar de na habairtí, léiríonn ar bhreac sé ar lorg mhalairtí áirithe díobh nár chreid sé gur bhotún a leithéid de leasú.


Bhreac Mac Niallais an focal nó an frása atá in Rawl. i dteannta a mhalairte i dtrí ionad déag dá chóip. Ba é an giorrúchán *l*, nó a scaoileadh *nó*, a d'úsáid sé chun bunfhocail a eiseamláire a shá sa téacs. B'iondúil gur os cionn a fhocal nó a fhrása malartach a bhreac sé *l* agus a raibh in Rawl. (Íomhá 27–36), ach is i gceartlár líne dá leabhar a bhreac sé trí shampla díobh (Íomhá 24–26):



(Íomhá 24: A19 f.11r2)

Rawl.: .i.anbuidEch condaill ahainm .i.an | buidEch ardath **ancondlaigh** 7 adubairt§75:62:9


A19: .i.anbuidhEch *connaill* ahainm .i. anbhuidheach ardath **anconnaill no connlaigh** .7 adubairt



(Íomhá 25: A19 f.58v15)

Rawl.: corub mo anbuaidh 7 anlaidireacht donadaín | ib angloine 7 anoghacht **dochoimEt**§387:430:37


A19: *gurb* mo anbhuidh | .7 anlaidireacht donadaóinibh angloini .7 anóghacht **do chongbáil nó docoimhead**



(Íomhá 26: A19 f.61r14)

Rawl.: ceithri bliadhna dEc ar.xx. do | caith.c.c.**dashaegal** analbain§430:452:11


A19: cEitri bliadhna dÉg arfhicid docaith colam.c. | **dá aóis nó da saEghal** anAlbain



(Íomhá 27: A19 f.27v22)

Rawl.: do | bidh .x.c. aingel find. osarcind taeb ré | taeb§185:190:11


A19: dobhídh .x.c aingeal fionn. osarcionn taobh ar^lre taobh



(Íomhá 28: A19 f.28r6)

Rawl.: Truag IEmsa nagáirthe guil. dágach | taeb doloch febhuil§189:192:18


A19: Truagh lium nagairthi guil. air^lda gach taoibh doloch feabhuil



(Íomhá 29: A19 f.37r28)

Rawl.: Adubairt annEch fasi | ne dib nachraibe antriallsin **aca** rEme sin§258:262:5


A19: Adubairt an neach fásini | nach roibhi antriall sin **futha^laca** remhi sin



(Íomhá 30: A19 f.37v21)

Rawl.: nífedtaí dergadh lehén | arm ararcuiredh cuid dondaigErsin ardui | ne no ainmhidhe osin **suas**§260:264:23


A19: níÉdtaí deargadh le hÉnarm ar arcuireadh cuid don daigéar sin ar duine nó ainmidhe | ósin **amach^lsuas**



(Íomhá 31: A19 f.40r7)

Rawl.: gErbfada.c. | .c. **uatha** ocorp
anuairsin§274:280:13


A19: ger bfada **doibh**^l **uatha** ó colam.c. óchorp anuair
sin⁵



(Íomhá 32: A19 f.41v8)

Rawl.: dogab do | bron mor 7 tuirse imarcuch .c.c.
gorchai | se **gogér**§280:294:6


A19: dogabh dobrón mor .7 tuirsi iomurcach |
colam.c. gur chaoi **gotuirseach**^l **géar**



(Íomhá 33: A19 f.42r26)

Rawl.: Dolabh | air .c.c. trEspirad faidhedorachta
íarsin§283:298:27


A19: Dolabhair colam.c. tre spiorad faidhEdhorachta
ann^l **iar sin**



(Íomhá 34: A19 f.45r28)

Rawl.: doíarr air agErradh no aloscadh§297:320:5


A19: doiarr air agearradh .7^l **no** alosgadh



(Íomhá 35: A19 f.47v9)

Rawl.: dobi gafolach fEn mar asfearr | gurfhÉt
se§312:334:34

A19: dobhí gáfhólach fein mur asfearr ^l**gwr** **do**fhÉd se



(Íomhá 36: A19 f.58v10)

Rawl.: gengur | bhurusa do.c.c.aoghacht docoimhEt
itir gachgu | asacht dib so. Docoimheid
sehi§386:430:25

A19: gengurbhurusa docholam.c. a oghacht do
chongbáil^l **coiméad** itir gach gúasacht díobh so
docoiméad sé hí

Tugann peannaireacht an chónaisc *nó* in íomhá 25 thuas le tuiscint gur i ngan fhios dó féin a rinne Mac Niallais *coimhéad* de *congbháil* Rawl. Is cosúil ón déanamh atá ar *n* an chónaisc gur 7 seachas *n* a bhreac sé ar an gcéad scríobh agus é ag tuar gurbh é an

⁵ Tugtar faoi deara gur leasaigh Mac Niallais ord na bhfocal sa gcuid seo den téacs chomh maith. Pléitear samplaí eile mar é i gcaibidil a cúig, 5.3.8.

frása *do chongbháil 7 do choimhéad* a bhí in Rawl. Ar bhreacadh an chónaisc dó, thuig sé nár chruinn ar thuar sé. Seachas *congbháil* a ghlanadh as a leabhar, chinn sé a choinneáil, nó a dhéanamh de 7, agus a raibh in Rawl. a bhreacadh ar a lorg. Theastaigh uaidh, ar chúis eicínt nach follas, gur i dteannta a chéile a léifí a fhocal nua féin agus bunfhocal a eiseamláire.

Bíodh is nach féidir a rá an i ndearmad nó go comhfhiosach a bhreac Mac Niallais focal malartach sna samplaí eile thuas, is cinnte nár theastaigh uaidh iad a ghlanadh as a leabhar. Ina theannta sin, léiríonn a ndearna sé in íomhá 24–26 gur theastaigh uaidh gur i dteannta a mhalairte a léifí bunfhocal Rawl. Is deacra a mheas cén léamh a bhí á chur i gcéill aige san áit ar bhreac sé bunfhocal Rawl. os cionn a fhocal malartach (Íomhá 27–36). Is follas nach i dteannta a chéile a bhí an bunfhocal agus a mhalairt le léamh ach is deacair a rá cé acu focal a bhí le cur san abairt. Thiocfadh sé gur in aon turas a bhronn Mac Niallais rogha focal mar é ar a léitheoirí. Mheas sé go bhfeilfeadh a mhalairt féin don abairt, ach ba mhalairt é nach raibh tada níos fearr ná a raibh in Rawl. D’fhág sé faoin léitheoir é a rogha focal a léamh seachas focal díobh a cheilt air.

Léiríonn na trí abairt déag a leasaigh Mac Niallais sna samplaí thuas nár chreid sé gur bhotún é focal nó frása malartach, a bhí ar aon chéill, nó gar i ngaol, lena raibh in Rawl., a bhreacadh ina leabhar féin. Tugann a chuid leasuithe le tuiscint gur mheas sé go raibh saoirse chruthaitheach aige téacs a eiseamláire a leasú a fhad is nach gcuirfí aon athrú ar bhrí an téacs. Áitíonn Gilles gur saoirse í a chreid cuid mhaith scríobhaithe a bheith acu agus téacs á cóipeáil acu:

overlapping with the last category are what I should like to call *compatible* readings, which owe their being not to scribal corruption of the conventional, potentially remediable sort, but to a license, familiar enough to editors of Irish texts, which allows *equivalent* words or phrases to proliferate during the transmission of a text, on condition that they do not alter the general drift of the passage in question. (Gillies 1980:33–34)

Bíodh is gur dócha gur i ndearmad a bhreac Mac Niallais malairt focal nó frása i mbunáite na samplaí thuas, ba é saoirse chruthaitheach na scríobhaithe a bhronn deis air a gcoinneáil.

6.3.1 Malairtí ceilte

Bhreac Mac Niallais focal nó frása malartach thar ceann a raibh in Rawl. i gcéad ceathracha is a haon abairt eile den téacs. Níor bhain sé leas as *l*, ná a scaoileadh *nó*, sna habairtí seo chun bunfhocal Rawl. a bhreacadh ar lorg nó i mbarr a mhalairte. Ba réamhfhocail, frásaí réamhfhoclacha, agus dobhriathra an téacs ba mhinicí leis a leasú (Aguisín III:3.1, 1–56), ach rinne sé a chuid féin chomh maith d’ainmfhocail (Aguisín III:3.1, 57–87), d’aidiachtaí (Aguisín III:3.1, 88–100), de bhriathra (Aguisín III:3.1, 101–14), agus de chónaisc an téacs (Aguisín III:3.1, 115–31). Ba mhalairtí iad ar fad nár chuir aon mhórathrú ar bhrí an téacs.

Bíodh is gur dócha gur go neamh-chomhfhiosach a bhreac Mac Niallais cuid mhaith dá mhalairtí, ní dócha gur dearmaid ar fad iad. Is i dteannta leasuithe comhfhiosacha eile a rinne sé ar théacs Rawl. a bhreac sé riar díobh, ní a thabharfadh le tuiscint nach i ngan fhios dó féin a bhreac sé iad (Aguisín III:3.1, 3, 19, 24, 35–37, 43, 52, 78, 83, 88, 92, 98, 103, 112, 122, 125). Ina cheann sin, dealraíonn sé gur ar mhaithe lena leagan féin den téacs a mhaisiú le huaim a chinn sé dornán malairtí díobh a bhreacadh:

Rawl.:	cu ig meoir alaimhe dEsi dolassadh amail cúic lochranda	§168:176:19
	rolasumhna	
<hr/>		
A19:	cúig mÉoir alaimhi desi dolasadh amail cúig ⁶ lochranna	f.26r5
	lasamna	
<hr/>		
Rawl.:	dolecetar dosiubhul mara 7 fhairge íad	§201:198:22
A19:	doléigEtar doshiubal mara .7 mórfhairrge íad	f.28v20
<hr/>		
Rawl.:	indus cofoillsighEd se agaidh sochraidh subhaltach	§406:440:20
	gradach naem tha docach	
<hr/>		
A19:	ionnus gobfoillsigeadh se aghaidh sochraidh subhaltach	f.59v29
	soghradach naEmhtha dochách	

⁶ Is ar cheann bhirín a sháigh Mac Niallais an focal ‘cúig’ ina chóip, feic caibidil a ceathair, 4.3.3, Íomhá 41.

Rawl.: Et arngabail baide 7 brathairsi dó rEna ardn | aEm §12:6:18
7rÉnacombraithair genelaigh 7rÉnapat | **run gradhach** fEn
daraibe se roduthrachtach

A19: ar ngabáil baidhe .7 brathairsi dó re na ardnaomh⁷ uasal | .7 f.3v19
re na comhbrathair gaoil .7 genelaigh 7 re na **patrun**
prinnsiopalta fen da roibhi se lán dogradh .7 dodhúthracht

Rawl.: rachaidh aEcná oscenn cEri | nacriostaigEchta 7 rachaidh §40:24:28
acogus **oscenn fEr ndom** | **ain** 7 nirgEinedh 7 nigEnfidear
naem bus mo dimp | idEch 7 docomairlEch arantrínoid inaé

A19: rachaidh a Eccna os cEnn caigh⁸ .7 nir gEineadh .7 ni f.6r26
gEinfidhEr | naomh bus mo dimpidheach .7 docomhairleach
ar antrionnóid ina é

Ba leasú comhfhiosach ar stíl an téacs a rinne Mac Niallais nuair a bhreac sé malairtí na samplaí thuas. Is léir nach raibh aon locht aige ar bhrí na bhfocal a leasaigh sé, ach mheas sé gurbh fhearr agus gur dheise an téacs le huaim. Léiríonn a ndearna sé nach ar chiall an téacs amháin a bhí a aird agus é i mbun oibre; ba chás leis stíl an téacs chomh maith. Mheas sé go raibh sé de shaoirse aige téacs a eiseamláire a leasú lena mhaisiú agus lena ornáidiú.

Is díol suntais é go ndearna Mac Niallais botún cóipeála i dteannta a mhalairte i dtrí shampla thuas (§12, 40, 168). Is minic botúin chóipeála déanta aige san abairt chéanna inar bhreac sé malairt focail nó frása (Aguisín III:3.1, 2, 10, 17, 27, 32, 43, 53, 61, 65, 77, 93, 101, 106–7, 109–10, 116). Tugann a ndearna sé sna samplaí thuas le tuiscint go bhféadfadh malairt a bhreacfadh sé go comhfhiosach botún a tharraingt. Chaill sé focal dá eiseamláir go siléigeach in §168 go díreach sular bhreac sé a mhalairt, agus rinne sé botún de bharr *homoeoteleuton* san abairt chéanna lena mhalairt in §12 agus §40. Bíodh is gur éirigh leis a bhotún a fheiceáil agus a cheartú in §12 agus §168, d'éalaigh botún §40 uaidh. Tharlódh sé gurbh é a mhachnamh ar mhalairt focail a mhaiseodh an téacs a thug air botún a dhéanamh in §12, 40, agus 168.

⁷ Cheartaigh Mac Niallais botún a rinne sé de bharr *homoeoteleuton* sa gcuid seo den téacs, feic caibidil a ceathair, 4.3.2, Íomhá 11.

⁸ Feic Aguisín II:2.2, Íomhá 39 i dtaobh an *homoeoteleuton* ba chionsiocair leis an mbotún seo.

Rinne Mac Niallais leasuithe eile san abairt chéanna inar bhreac sé an aidiacht mhalartach ‘*prinnsiopalta*’ thuas (§12). Ní fios go baileach cén t-údar ar chinn sé an frása ‘lán dogradh .7 dodhúthracht’ a bheith i ndeireadh na habairte, ach thiocfadh sé gur ar mhaithe leis an téacs a mhaisiú le huaim a bhreac sé an focal breise *gaol*. Is ionann *gaol* agus malairt ar an bhfocal *geinealach* atá in Rawl. Ní dócha go raibh d’údar lena bhreacadh ach gur mheas Mac Niallais gur dheise an frása uamach ‘gaoil .7 gene⁹laigh’ ná ‘gene⁹laigh’ lom Rawl.

Is cosúil gur mheas sé nár dhochar focal breise a chur leis an téacs dá mba frása uamach ba thoradh air. Chuir sé ábhar breise le trí abairt eile a chuir frása uamach sa téacs san áit nárbh ann dó in Rawl. Tharlódh sé, ar ndóigh, gur i ndearmad a bhreac sé an t-ábhar breise sna trí abairt, ach d’fhéadfadh sé chomh maith céanna gur ar mhaithe lena théacs a mhaisiú agus a ornáidiú a rinne sé amhlaidh:

Rawl.: *indus* gofed | ainn móghacht 7 oibrighthe nahóghachta⁹ **doco** §64:50:9
| **thugadh**

A19: *ionnus* gobfEduinn moghachtt *conahuili* oibrightheibh *f.9r22*
dochoimhÉd | .7 **dochotugadh**

Rawl.: biaid sé nanEch naemtha agsíladh | 7 agsEnmóir **breithre dé** §141:142:13
ingachinadh a | racha sé arfud ereann

A19: biaidh se naneach naEmhtha agsioladh .7 ag sEnmoir *f.21v1*
credmhi .7 **crabaidh** .7 **breitri de** ingach ionadh aracha se
arfud erionn

Rawl.: tancutar m | aithe lEithe cuind 7 goháirthe aphaíthre | *§219:212:9*
fEn.i.clanda conaill 7 Eogain 7 clannu cuind **uile** | arcuairt
cuice

A19: tangadur maithe lEithi cuinn .7 gohairidhi abraithri fen *f.30v5*
.i.clanna conaill .7 eogain .7 clanna cuinn **uili archEna** ar |
cuairt chuige

⁹ Pléitear leasú eile seo Mhic Niallais in 6.6 thíos.

6.4 Aistriúcháin

Tugann malairtí focal agus frásaí Mhic Niallais le tuiscint gur chreid sé go raibh saoirse chruthaitheach áirithe aige agus cóip dhílis dá eiseamláir á cóiriú aige. Mheas sé nár bhotún focal nó frása malartach a bhreacadh thar ceann a raibh in Rawl., agus is cosúil gur bhain sé leas as a shaoirse chun an téacs a mhaisiú le huaim. Dealraíonn sé chomh maith gur chreid sé go raibh sé de shaoirse aige na haistriúcháin a rinneadh ar thagairtí Laidine an téacs a leasú.

Tá ceithre thagairt Laidine is fiche sa téacs a ndéantar aistriúchán Gaeilge orthu. Ní aontaíonn aon aistriúchán déag dá bhfuil in Rawl. leis an aistriúchán a bhreac Mac Niallais in A19. Choimrigh sé aistriúchán díobh ar mhaithe le dearadh an leabhair, mar a pléadh thuas (Íomhá 6), ach is cosúil gur ar mhaithe leis an tagairt Laidine a shoiléiriú dá léitheoirí a rinne sé a chuid féin de na deich n-aistriúchán eile. Fearacht a ndearna sé le riar de na malairtí a pléadh thuas, bhreac sé aistriúchán Rawl. i dteannta a aistriúcháin nuachumtha féin in dhá ionad dá leabhar:

Rawl.: Ragn | um dei uimpaititur 7 uiolenti r | apiunt illud¹⁰ §415:444:26
.i.dogeibthEr 7 cosantar | flaithemhnus de arEcin 7 assíad
nadaine | foirÉccnEcha fhuadaighEss e

A19: Regnum Dei vim patitur & violenti rapiunt illud *f.60r28*
.i.dogeibhthear .7 cosantar | (..)us Dé ar éigin .7 **fúadaighid**
luchtt foiréigni ar éigin é .7 asiad nadaóini foiregnacha
fhúadaighEs

Rawl.: Omn | ia subiecisti sub pedibus eius .i.do | cuiris gachenní §376:426:17
faumlacht donduine

A19: Omnia subiecisti sub pedibus eius .i. dochuiris | gach én ní *f.58r9*
fáchosaib anduine amail adéaradh se fáumlacht dó

Is léir ónar bhreac Mac Niallais nár aontaigh sé go hiomlán le haistriúcháin Rawl. sna samplaí thuas. Chreid sé gurbh fhearr an t-aistriúchán ‘luchtt foiréigni’ ar *violent* na

¹⁰ Matha 12:6. Tá aistriúchán de in *Trí Biorgh*. chomh maith: ‘do-níthear éigean ar fhlaithneas nimhe, 7 is lucht éigne fhuadaigheas í’ (333:10812).

Laidine ná a raibh ag Rawl. air sa gcéad sampla thuas, agus mheas sé nár ghá a threisiú leis an gcopail chun brí na Laidine a chur i gcéill. Ba é an t-aistriúchán scaoilte a rinneadh ar an bhfrása *sub pedibus* in Rawl., ‘faumlacht’, a ghoin ar a aire agus an dara haistriúchán thuas á léamh aige. Chreid sé gurbh fheiliúnaí aistriúchán litriúil ar an bhfrása agus is ‘fáchosaib’ a bhreac sé thar a cheann ina aistriúchán nuachumtha féin.

Ba é soiléiriú na dtagairtí Laidine dá léitheoirí ba bhunchuspóir d’aistriúcháin nuachumtha Mhic Niallais. Mheas sé nár leor aistriúchán Rawl. chun bunbhrí na Laidine a chur i gcéill, agus chreid sé go raibh sé de shaoirse aige a aistriúchán féin a chur leis an téacs lena soiléiriú. Is léir nach raibh aon locht aige ar aistriúcháin Rawl. ach mheas sé gurbh fhearr a thuigfeadh a léitheoirí an focal Laidine ach a aistriúchán féin a léamh ina theannta.

Rinne sé a chuid féin d’ocht aistriúchán eile a cuireadh ar thagairt Laidine sa téacs. Murab ionann agus na samplaí thuas, níor bhreac sé bunaistriúcháin Rawl. ar lorg na n-aistriúchán nuachumtha seo. Ní dhearna sé de dhánacht ar chúig aistriúchán díobh ach malairt focal nó frásaí a bhreacadh iontu thar ceann a raibh in Rawl. (Aguisín III:3.2). Ba thromchúisí na leasuithe a rinne sé ar na trí aistriúchán eile. Ní hé amháin gur athraigh sé focail nó frásaí iontu, ach chuir sé ábhar breise le dhá aistriúchán díobh nach raibh in Rawl. (§2, 17:8:11), agus leasaigh sé an chomhréir in dhá aistriúchán díobh chomh maith (§2, 17). Ba dhílse a aistriúcháin nuachumtha don Laidin de bharr a leasuithe:

Rawl.: nos qui plus cEteris | in hoc mundo accepisse aliquid §2:2:15
cernimur ab autore mundi gr | auius inde iudicemur [...] .i.
nadaine gabass | natindlaicthe **roarda cuca dotaeb an** |
tseEgail is trumaide brEithemhnus dia | **orra é**

A19: Nos qui plus ceateris in hoc mundo accepisse aliquid cer= | f.3r11
nimur ab authore mundi gravius inde iudicemur [...] .i. Na
daoine **againne sasoEghul so** ghabhus natiadhluicte¹¹
nisamhó inácéli astrumaide brethEmnus DE **orainn é**’.

¹¹ Is ar cheann bhirín a chuir Mac Niallais ‘natiadhluicte’ sa téacs, feic caibidil a ceathair, 4.3.3, Íomhá 14.

Rawl.: O puer egregie | 7 delicate rEx celi 7 terre quantum | §17:8:11
 laborasti pronobis 7 quam cito hoc | cepisti .idest O
 amacaimh mín **rouasail** 7 a | ri nimhe 7 talman camEd
 dosaEthar dorindis | ararsonne 7 amocha dotindsnais e.¹²

A19: O puer egregie & delicate rex caeli & terrae quantum f.4r5
 laborasti pronobis & quam cito hoccepisti | O amacaimh
mhin mhóruasail cháoin aRi nimhi .7 talman ga mhÉd
 dosaothar dorighnis ar arsonne .7 **cred é amhocha**
 dothionnsgnuis é

Rawl.: PaupEr sum ego et in labor | ibus aiuuEntute mea. propter §17:8:16
 genus h | umanum .i.ataim **amoíge ambochtaine 7 a** |
nilrugadh gachasaEthair ar son ancínid daEnna¹³

A19: Pauper sum ego & in laboribus a iuuentate mea | propter f.4r7
 genus humanum .i. Atainsi **ambhochtt** .7
amorshaothruibh óthosach mhóige ar son anchínidh
 dhaÉnna

6.5 Soiléireacht

Ba iad a léitheoirí féin a bhí i gcuimhne Mhic Niallais agus aistriúcháin an téacs á n-athscríobh aige. Chreid sé gur chóir na brí údarásach na Laidine a shoiléiriú go beacht dóibh ná saothar an údair a chóipeáil focal ar fhocal. Léiríonn a aistriúcháin nuachumtha gur mheas sé nach téacs caltha críochnaithe a bhí á bhreacadh aige, ach téacs neamhfhoirfe a d'fhéadfaí a bheachtú agus a shoiléiriú. Ba bheag an locht athrú a chur ar fhocal an údair dá mba shoiléire brí an téacs dá bharr.

Rinne Mac Niallais a chuid féin de riar abairtí inléite in Rawl. ar cosúil gurbh í an tsoiléireacht b'aidhm dá leasú. Is abairtí leasaithe iad nach gcuireann aon athrú ar

¹² Feic aistriúchán mar é in *Smaointe B. Chr.*: ‘Uch, a Mhacaimh min ro-uas<ail>, agus a Ri flaithe^mhnuis De agus na talmhan, fech a med do tsaethur do fuilngis ar ar son-ne, agus a mucha do fuilngis he’ (41:1040).

¹³ Feic aistriúchán mar é in *Smaointe B. Chr.*: ‘ataim-si om oigi a mbochtaine agus a n-ilrudh gacha saethuir’ (41:1044).

bhrí an téacs ach ar soiléire sothuigthe an téacs in A19 dá mbarr. Is maith an léiriú ar a leasuithe chun soiléireachta a ndearna sé le habairt díobh atá in §229 den téacs:

Rawl.: Arna | cloisdin sin donmanuch dolean é dolEc | aragluinibh §229:230:36
afiadnaise .c.c.é 7 adubairt | gurpEcaigh se fEn **comór** 7
doíar se a | **maithemh dó**

A19: Ar | na cloisttin sin don manach dolEn é doleig aragluinibh f.33r11
abfiadhnuisi colaim.c. é .7 adubairt gur pheacaigh | se fein
sacair sin .7 díarr¹⁴ se **maithEmnus ann ar colam.c.**

Déantar cur síos i scéal an tsampla thuas ar chomhthionól aingeal a chonaic manach timpeall Cholm Cille agus an naomh sa gceann thiar d'Oileán Í. Ba radharc é nár thoil Colm Cille dó a fheiceáil. Is i ngan fhios dó a lean an manach é, in ainneoin gur mhionnaigh an manach agus a chomh-mhanaigh do Cholm Cille nach leanfaí é sular thug sé a aghaidh siar. Is í an tuairisc a tugtar ar fhaoistin an mhanaigh bhréagaigh a leasaigh Mac Niallais sa sampla thuas.

Is léir ónar bhreac Mac Niallais gur mheas sé gur scaoilte an chaint a cuireadh i mbéal an mhanaigh in Rawl. Ní luaitear go sonrath gur ar Cholm Cille a d'iarr an manach maiteanas, agus ní deirtear ach oiread gurbh í an bhréag a rinne sé sa gcéad chuid den scéal a bhí le maithemh dó. In ainneoin gur eolas é atá intuigthe ón gcuid eile den scéal, mheas Mac Niallais gur chótha a lua go follasach. Ba bheag an locht a bhí aige ar an abairt a leasú ar mhaithe le scéal an téacs a shoiléiriú dá léitheoirí.

Ba fhrásaí réamhfhoclacha breise a chur Mac Niallais le habairt §229 thuas lena shoiléiriú. Chuir sé clásal, frása/forainm réamhfhoclach, nó focal breise le sé abairt is fiche eile atá in Rawl. arbh ionann a dtoradh (Aguisín III:3.3, 1–26). B'fhocail bhreise iad ar fad a shoiléirigh eolas a bhí intuigthe in Rawl., ar dócha nach raibh d'údar lena mbreacadh ach éascaíocht a dhéanamh don léitheoir.

Shoiléirigh sé abairtí Rawl. ar mhodhanna eile seachas ábhar breise a chuir leis an téacs. Bhreac sé ainmfhocal nó frása réamhfhoclach thar ceann forainm atá in Rawl. i seacht n-abairt den téacs (Aguisín III:3.3, 27–33). Bíodh is gur soiléire soléite an

¹⁴ Is ceartúchán a rinne Mac Niallais féin é 'díarr', feic caibidil a ceathair, 4.4.2, Íomhá 86.

scéal in A19 de bharr ar leasaigh sé, thiocfadh sé nárbh í an tsoiléireacht amháin ba chás leis agus forainm díobh á leasú aige:

Rawl.: dobEcail IES datucadh se pairt | donoilEn do gorub **uadha** §156:158:23
dahainmnEochthaoi | uili é

A19: dobEgail les dattugadh sé pairt | uadha donoiléan gurb ó f.23v15
colam.c. dohainmnEochaidhe é uile

Is dócha gur i ndearmad, de bharr truaillithe, a bhreac Mac Niallais *uadha* ar lorg an ainmfhocail *páirt* sa sampla thuas. Ar léamh a raibh ina eiseamláir in athuair dó, thuig sé a dhearmad. Seachas *uadha* a ghlanadh as a leabhar, roghnaigh sé a choinneáil agus dó Rawl. a fhágáil ar lár. Níor athraigh a rogha brí ná éirim an téacs agus ba ghlaine an réiteach ar a dhearmad é ná an focal dearmadach a ghlanadh as a leabhar.

D'fhéadfadh sé gurbh é a rogha ceartúchán a thug ar Mhac Niallais an frása 'ó colam.c.' a dhéanamh d'fhorainm Rawl., 'uadha'. Bheadh *uadha* faoi dhó in aon abairt aige de bharr a cheartúcháin dá leanfadh sé go dílis a raibh roimhe. Thiocfadh sé gur mhó ba chás leis stíl an téacs ná a shoiléireacht agus an forainm seo á leasú aige.

Leasaigh sé aon abairt amháin eile in Rawl. ar féidir a bheith réasúnta cinnte de gur ar mhaithe leis an téacs a shoiléiriú a rinne sé amhlaidh. Dealraíonn sé gurb é an úsáid a baintear as an ngiorrúchán *.i.* in Rawl. a spreag chun leasaithe é:

Rawl.: IS dEmhin gorthuic colam.c.anbríatharsa.i.do | bi se §17:8:19
ambochtaine 7 animad saEthair

A19: As demhin gur thuig colam.c.anbriathar **sin oir** dobhi f.4r9
ambochtaine .7 aniomad saothair

Is giorrúchán ar *eadhón* é *.i.*, giorrúchán arb é *id est* na Laidine a bhunús (Ó Cathasaigh 1985:126). Is iomaí feidhm ag *.i.* i dtéacs Rawl.: baintear leas as chun caint dhíreach a chur i láthair,¹⁵ mar chomhartha ar thús scéil,¹⁶ agus is iondúil gurb é a chuireann aistriúchán ar thagairt Laidine i láthair an léitheora.¹⁷ Thiocfadh sé gur ar fhaitíos go

¹⁵ *m.sh.* §37:22:4, §65:50:23, §269:274:35.

¹⁶ *m.sh.* §33:16:32, §40:24:2, §43:28:9.

¹⁷ *m.sh.* §6:4:14, §17:8:16, §362:410:20.

mbainfeadh a léitheoirí féin míbhrí as feidhm *.i.* san abairt thuas a bheartaigh Mac Niallais a leasú. Is tráchtairacht ar thagairt Laidine atá roimpi í an abairt, agus is don Laidin a thagraíonn an mhír thaispeántach *-sa* in Rawl. B'éasca a cheapfadh léitheoir nach léifeadh go grinn an chuid eile de §17 gur don abairt a leanann *.i.* in Rawl. a thagraíonn *-sa*, agus gurb ionann an abairt sin agus caint dhíreach nó aistriúchán ar thagairt Laidine. Chinn Mac Niallais doiléireacht an téacs a shoiléiriú dá léitheoirí: rinne sé *-sin* de *-sa* Rawl. agus ba é an cónasc *óir* a bhreac sé thar ceann *.i.* Chinntigh a leasuithe gur mar thráchtairacht a léifí an abairt ina leabhar féin.

Rinne Mac Niallais a chuid féin de cheithre abairt eile in Rawl. ar deacair a rá cén t-údar a bhí aige lena leasú. Is abairtí leasaithe iad nach gcuireann aon athrú ar bhrí an téacs, ach nach dóigh liom gur soiléire an téacs in A19 dá mbarr. Níl de mhíniú agam ar a leasú ach gur dócha gur mheas Mac Niallais gur dheise nó gur bheichte a leagan féin díobh:

Rawl.: docuaidh abetha | ambathadh *acht* **anbEgan frith** §9:6:5
rEnascribadh and so | sis di

A19: dochuaidh abEtha ambáthadh *acht* madh **anbEgan | ata ann** *f.3v12*
so síos do fríth amhuil adubhramar roimhe

Rawl.: Beatha Espoic Eogain 7 | moconna naEmtha adEir so uili 7 §40:26:11
dofagbha | mar moran danabraid nabethadha sin ar | so
lenafad lind renascribadh

A19: BEtha epscoip eogain .7 Moconna naEmhtha | adeir so uili *f.6v2*
.7 moran eli dá nabraid nabEthadha sin dofhágghamur le
nafadlinn le na sgriobadh

Rawl.: fuaratar ancErrbach ataibEirne agól | luacha anbuind 7 se §85:76:22
gatabairt dágachduine | rainEc alEs é datainEc cuige

A19: fuarattar | ancearrbach attaibeirni ag ól luacha anbuinn .7 se *f.12v29*
agroinn aluacha ré gach duine dá rug air

Rawl.: IS andsin do | cuaidh .c.c. dodEnamh faidedorachta donbaile §98:94:2
| 7 adubairt nabudh buan anbaili aganmuintir | sin **dobi and**

A19: IS ansin dochuaidh colam.c. dodhEnamh faidhEdorachta f.15r3
don | baile .7 adubairt nach budh búan anbaili agan
muintirsin **ga roibhi sé**

6.6 Gontacht

Leasaigh Mac Niallais riar abairtí inléite eile in Rawl. ar cosúil nárbh í an tsoiléireacht amháin b'aidhm dá leasú. Is leagan coimrithe d'abairt fhadálach, athráiteach, nó tréanfhoclach in Rawl. iad abairtí leasaithe seo Mhic Niallais. Dealraíonn sé gurbh é stíl inste an téacs, seachas a shoiléireacht, ba mhó ba chás leis agus na leasuithe seo á ndéanamh aige. Is cosúil gurbh é an seanchas gearr ab fhearr leis, agus gur bheag a locht stíl inste an údair a leasú lena mhian gontachta a shásamh. Is in §43 is tréine a leasaigh Mac Niallais stíl inste a eiseamláire:

Rawl.: dambenad droch | dhuine asuil noachos noalam do duine §43:28:27
maith do | bobEcc anÉruic andsin ashuil nóachos no alamh |
fEn 7 **dambenadh duine maith asuil noacos noalam |**
dodrochduine doboromor 7 dobonemhimcubaidh **ash | uil**
noachos noalam do buain don duine maith | arason sin Et
oata sin mar sin ben Eraic oir 7 air | gid cruid 7 cethra
amuigh **andgachendro | chráEd bEc no mor dandentar**
fud dorEir mar | docífidhEr duit féin 7 dodainib Eolcha
Ecnaidhe | dorighachta 7 **dotigErnais 7 dandErna tú so**

A19: dámbenadh drochduine ashuil nó acos nó alamh do duine f.6v28
coir do budh beag anearuic annsin a .suil. nó acos no alamh
fen .7 | **dámadh duine maith dodÉnadh angniomh** do budh
mór .7 do budh nemhiomchubaidh **ball saball do buain de**
arason .7 ótá sin mur sin bEntar éaruic óir .7 airgid | cruidh
.7 cEtra amach **ann gach cair da ndiongantar** fud do reir
mur dochífidhear duit fen .7 do dhaóinibh Eolcha Egnaidhe
dorighachta .7 **dandErnair | amlaidh sin**

Déantar cur síos i scéal an tsampla thuas ar thriúr críostaithe a tháinig chomh fada le Feidhlimidh Reachtmhar, Rí Éireann, i bhfad roimh am beartha Cholm Cille. B'iníon Rí Lochlann a bhí mar mhnaoi aige agus b'fhada in éineacht iad gan clann orthu. Chomhairligh an triúr d'Fheidhlimidh an reacht ríoga a bhí aige go dtí sin, an *lex talionis* (FFÉ II 258:4007–24; Mcleod 1982:366), a thréigean, agus dlí nua a leanacht thar a cheann. Dá ndéanfadh sé a gcomhairle, bheadh clann air, clann a mbeadh Colm Cille ar a sliocht.¹⁸

Is ionann ar leasaigh Mac Niallais sa sampla thuas agus critic an triúir chríostaithe ar reacht ríoga Fheidhlimidh. Is follas ónar leasaigh sé gur mheas sé gurbh amscaí athráiteach an cur síos a rinneadh ar fhocal an triúir in Rawl. Ba é an frása *a shúil nó a chos nó a lámh* ba mhó a ghoill air; frása atá ceithre huairé i ndiaidh a chéile i leagan Rawl. den scéal. Thug sé leis go d'fílis an chéad sampla den fhrása, ach is léir ón ngéarghiorrú a rinne sé ar an dara sampla de gur go drogallach a bhreac sé é. Nuair a léigh sé an tríú agus an ceathrú sampla den fhrása céanna in Rawl., chinn sé gan a mbreacadh ach a leagan féin díobh a chumadh thar a gceann. Lean sé lena chumadóireacht agus an chuid eile den alt á bhreacadh aige. Ba é an frása gonta 'ann gach cair' a chum sé mar mhalairt ar fhrása tréanfhoclach Rawl. 'andgachendro | chráed bEc no mor'; roghnaigh sé an frása athráiteach 'dotigErnais' a ghlanadh as an téacs; agus chum sé a leagan féin den chlásal 'dandErna tú so'.

Chuir aon chlásal amháin dár chum Mac Niallais sa sampla thuas athrú de bheagan ar bhrí an téacs: 'dámadh duine maith dodÉnadh angniomh'. Cheil an clásal nuachumtha seo pointe tábhachtach den chritic a rinne an triúr críostaithe ar an dlí a bhí á leanacht ag Feidhlimidh. De réir leagan Rawl. dá gcaint, d'áitigh siad nár chóir agus nár bh iomchuí an pionós é cos nó lámh a bhaint de dhuine maith a mbeadh cos nó lámh bainte go héagórach de dhrochduine aige. Ba chuma maith nó olc an té a leonfadh an duine maith go fealltach i leagan Mhic Niallais dá gcaint. Is dóigh liom gur i ngan fhios dó féin a chuir Mac Niallais an t-athrú seo ar bhrí an téacs. Níorbh é brí na bhfocal in §43 a bhíog chun leasaithe é ach ciotaíl a n-inste. Thiocfadh sé nach raibh d'údar leis an athrú céille ach gur dhearmad sé an frása réamhfhoclach *ar dhrochduine* a bhreacadh i ndeireadh a chlásail nuachumtha ('dámadh duine maith

¹⁸ Tá creatlach an scéil seo le fáil sa dán dar tús 'Ceilebradh duit lathar ndil' in Laud 615, lth 29. Cuireadh an réamhrá seo a leanas leis an dán sa lámhscríbhinn: 'aingli de .cc. gáfhóillsiugadh dfedhlimidh reachtmhar coticfadh colam.c. arashlicht' (Laud 615, 29:12).

dodÉnadh angniomh’). Dá mbeadh a leithéid breactha aige, ní bheadh aon difríocht céille idir a leagan féin den scéal agus a raibh roimhe in Rawl.

Rinne Mac Niallais a chuid féin d’aon abairt is fiche eile dá eiseamláir ar dócha gurbh é a stíl seachas a ndoiléireacht a spreag a leasú. Is abairtí leasaithe iad nach soiléiríonn agus nach n-athraíonn brí an téacs, ach ar giorra agus ar gonta iad ná a gcomhionann in Rawl. Ní dhearna sé de leasú ar aon abairt déag díobh ach a leagan gonta féin a chur ar fhrása nó ar chlásal atá iontu. Ba fhrása réamhfhoclach a leasaigh sé i gceithre abairt díobh (a); ba chlásal aidiachtach nár thaitin leis a ghlan sé as ceithre abairt eile díobh (b); agus chuir sé i mbeagán focal clásal agus frásaí nach iad i dtrí abairt eile (c):

(a) Frása réamhfhoclach

Rawl.:	nabid ing † nadh oraib faiinníse arse	§26:12:33
A19:	nabiodh iongnadh † oruib uimi ar .sé.	f.4v14
Rawl.:	cobfuil scribtha nachslanaighEnd † dia fEn duine arbith gancongnamh onduine fEn inaslánugadh	§149:154:22
A19:	gobfuil † scriobhtha nach slanuighionn Día fen duine arbioth gan congnamh on duine féin chuigi	f.23r13
Rawl.:	Oidhce cingcisi docuatar atír sanoilEnsin † 7 dobatar draithe sanoilEnsin 7 tancutar a † rEchtaibh espoc dindsoigidh .c.c.	§204:200:10
A19:	Oidhche cingcisi docuatar attír sa noiléan sin 7 dobhádur draoithi ann rEmpa . 7 tangattar areachttaibh epscop † dionnsoigidh colaim.c.	f.28v29

Rawl.: rachaidh aneart arcul go | mor tremhéd asiubuil 7 ahaisdir 7 §265:268:24
tre | fhad nahEitEoícce berus sí 7 rachaidh a | luth acus
aluaighill **asasciathanaibh**

A19: rachaidh aneart arcul go mor tré mhead asiubail .7 ahaisdir f.38r25
.7 tre fad na hetilli béarus sí .7 rachaidh a lúth .7 aluaighill
estti

(b) Clásal aidiachtach

Rawl.: nacbEith donchrEidemh arbEthugadh | acu acht indshamail §33:18:29
ansmÉroidigh **araraibe an | smal 7 ancEo** nogotí mac
nasoillsi suthaine

A19: nach beth don creidEm arbEthugadh acht ionnsamail f.5v4
ansmearóidigh **cona smál.7 fa cEó** nogo ti | mac na soillsi
suthaine

Rawl.: Et docuir se triur clEriuch damhuindtir | fEn lEs anmoludh §216:208:8
mbenduighthe naemthasin **do | rinde se dodía dataisbenadh**
dogrighoir ph | apa docum gomoladh se é

A19: Et dochuir se triur cleriuch damuinntir fein lesin moladh f.29v31
mbeannaighthe naomhthasin | **dionnsaighe greghoir Papa**
docum gomoladh sé é

Rawl.: dobenatar tri caibdil dandErna .c.c. | ass dafEchain §216:208:12
anaithEonadh anpapa | alEgend fEn **tar anlEgEnd dorinde**
.c.c.no.anin | and moladh doberadh se orra

A19: dobeanadur tri caibdil dandErna colam(..)¹⁹ anaithEonadh f.29v33
anpapa aleighEnn fén **tarleghionn colaim.c.** no anionand
moladh dobearadh sé orra

¹⁹ Deireadh f.29v.

Rawl.: *Feachtus* eli do.c.c.anhí 7 dorinde gaire 7 do | fiafraigh §231:232:28
manuch airidhe de créd é **ant** | **adbur fanderna sé** angaire
sin

A19: *Feachtus* eli do colam.c. anhí .7 dorinne gáire .7 fiafraigh *f.33r30*
manach *airidhi* de crétt é **adhbhar** angháire *sin*

(c) Eile

Rawl.: nirgEinedh 7 nigEnfidear naem bus mo dimp | idEch 7 §40:24:28
docomairlEch arantrínoid ina é 7 **nífhEdand** | **tenga**
daEnda tEct arinmoladh *tuc* Espoc eogan ar.c.c. | anuairsin

A19: nir gEineadh .7 ni gEinfidhEr | naomh bus mo dimpidheach *f.6r26*
.7 docomhairleach ar antrionnóid ina é .7 **as diáirimh na**
molta *tug epscop Eogan ar colam.c. anuairsin*

Rawl.: Adubairt an | macamh naemthasa andsin massed §64:50:7
comarthaigh | 7 coisric mocrp 7 mocróide indus gofed |
ainn **móghacht 7 oibrighthe nahóghachta** doco | thugadh 7
docrichnugadh uile goponc mobais /

A19: Adubairt anmacamh naEmhthusa | annsin Maseadh *f.9r21*
comurthaigh .7 coisricc mo corp .7 mocróide ionnus
gobfEduinn **moghachtt conahuili oibrighthibh**
dochoimhÉd | .7 dochothugadh .7 docriochnugadh uili
gopongc mobháis

Rawl.: docondcus dó gurdigbalach docach uile acomh | coitchinde §134:134:25
[..] **gantoradh** | **imarcach dobeith arinEss 7 arinErne uili**

A19: doconncus dó gur dioghbbalach dochách uile *f.20v8*
accomhchoitcinne [...] **gan an tEs do bheth toirtheach**

Ní dócha go raibh de locht ag Mac Niallais ar na frásaí agus ar na clásail ar fad a ndearna sé athscríobh orthu sna samplaí thuas ach a bhfad. Mheas sé go bhféadfaí a gcur i mbeagán focal, agus gur shlachtmhaire agus gur bheichte an téacs dá bharr. Is follas gur chreid sé nár dhochar abairt inléite dá eiseamláir a athscríobh má mheas sé gur chun feabhas an téacs é.

Choimrigh Mac Niallais deich n-abairt eile dá eiseamláir nuair a bheartaigh sé frása (Aguisín III:3.4, 1–6) nó clásal (Aguisín III:3.4, 7–10) a fhágáil astu. Is frásaí agus clásail iad ar fad nach dteastaíonn chun brí na scéalta dar díobh iad a thuiscint. Murab ionann agus na habairtí coimrithe a pléadh thuas, is deacair a bheith cinnte de gur go comhfhiosach a choimrigh sé na deich n-abairt seo. In ainneoin gur dóigh liom gur ar mhaithe le slacht a chur ar an téacs a d’fhág sé frása nó clásail astu, d’fhéadfadh sé gur i ndearmad a rinne sé amhlaidh.

6.7 Cumadóireacht

Bíodh is nár chloígh Mac Niallais go dílis le focail a eiseamláire agus na habairtí thuas á n-athscríobh aige, is beag athrú a chuir sé ar bhrí ná ar eolas an téacs. Níorbh ionann an cás é le naoi n-abairt eile a leasaigh sé. Is abairtí leasaithe iad seo a léiríonn go bhféadfadh tionchar a bheith ag smaointe agus ag fealsúnacht an scríobhaí féin ar sheachadadh téacs. Is sa leagan nua de §203 a chum Mac Niallais is follasaí a feictear tionchar a fhealsúnachta féin ar sheachadadh an téacs:

Rawl.: Ade as imgha inadh inar|En .c.c.atighErna | fEn.i.íssu crist §203:200:7
inabeathaidh 7 asfollass | duinn anos gofuil se gálenmhain
ina | indarbudh 7 inadEoraighEcht saneibghEit

A19: Asfollus dúinn anois **andícheall** do rinni colam.c. f.28v27
arathigearna.i. IOSV CRIOST dolEnmhuin inabEthaidh
amórán dochásuibh | .7 gohairidhi ina ionnabhadh .7 ina
dhEoruigheacht as aduthchus agus as aathardha amail baoí
athigearna sa negipt

Is ionann an sampla thuas agus a bhfuil in §203 ar fad. Is alt é a chuireann críoch leis an gcur síos a déantar ar dhíbirt agus ar imeacht Cholm Cille as Éirinn (§167–202), agus atá mar réamhrá ar an gcuid sin den téacs a thráchtann ar ghníomhartha an naoimh agus é in Albain (§203–314). Meabhraíonn an t-údar athrú treo agus shuíomh an scéil

don léitheoir in §203,²⁰ agus nochtann sé a smaointe féin ar na scéalta atá le teacht. Ní hiad glórtha fhoinsí na Beatha atá le cloisteáil in §203 ach breithiúnas údair ar ar bailíodh d'fhoinsí.

Is léir ón athscríobh a rinne Mac Niallais ar §203 nár aontaigh sé go hiomlán le breithiúnas an údair. Dealraíonn sé gurbh é treise na comparáide a rinneadh idir Colm Cille agus Íosa Críost a ghoill air. In ainneoin go ndearna seisean an chomparáid chéanna ina leagan féin de §203, ba mhór a mhaolaigh sé í. Níorbh iomaí bealach a lean Colm Cille Íosa Críost de réir Mhic Niallais, ach rinne sé a dhícheall ar a leanacht ar mhórán bealaí. Dar leis, ba mhaith an léiriú ar dhícheall Cholm Cille a dheoraíocht in Albain, ach níorbh ionann é agus deoraíocht a thiarna san Éigipt, mar a tugtar le fios in Rawl. Is cosúil gur mheas Mac Niallais gur thug comparáid an údair le tuiscint go raibh gníomhartha Cholm Cille agus Íosa Críost ar chomhchéim. Is léir ónar leasaigh sé gur chreid sé nár chóir an tuiscint í. Chinntigh a leasuithe nach roinnfí lena léitheoirí í.

Is cosúil gur ar mhaithe lena chinntiú nach mbainfí ach aon bhrí amháin as an téacs a bheartaigh Mac Niallais eolas breise a chur le habairt eile dá eiseamláir chomh maith:

Rawl.: dofhedfadh se rigacht ereann doEith † aige fEn anuairsin §177:182:31
munalEcedh sé de arson dÍa í. Oir doE fherr IEs anrighacht
budh † mo aige .i.rigacht flaithEsa de

A19: dofhÉdfadh se rioghacht ereann doBheth aigi féin anuairsin f.26v29
muna leigeadh sé de arson DÍa hí . † Óir doBfearr les
anrioghacht budh mó aigi .i. **achuid** dorioghacht flaithEsa
Dé

Tráchtar i scéal an tsampla thuas ar an tsíocháin a rinne Colm Cille le Diarmaid Mac Cearbhaill, Rí Éireann, i ndiaidh Chath Chúil Dreimhne. Ar mbriseadh an chatha ar an Rí, bhí deis ag Colm Cille ar a ríocht. Níor thapaigh sé a dheis, agus fágadh ríocht Éireann ag Diarmaid. De réir an scéil, ba ar son Dé a lig Colm Cille ríocht Éireann uaidh óir ba mhó aige an ríocht a bheadh aige dá bharr, ‘rigacht flaithEsa de’.

²⁰ Is ionann feidhm do §167, 68, 350–351, 323, 432.

B'éasca a chreidfeadh an té a léifeadh leagan Rawl. den scéal thuas gur ar son ríocht Dé a bheith aige a scaoil Colm Cille ríocht Éireann uaidh. Chinntigh an t-eolas breise a chuir Mac Niallais leis an téacs nach mbainfeadh a léitheoirí féin an bhrí sin as an scéal. Níorbh é ríocht Dé ina iomláine a bheadh ag Colm Cille de réir Mhic Niallais, ach a chuid féin de. Ní raibh ach aon rí amháin ar fhlaithes Dé. Bíodh is gur dócha gurbh í tuiscint Mhic Niallais ar an scéal a bhí á cur i gcéill in Rawl. chomh maith, chinntigh a leasú nach mbainfeadh a léitheoirí aon tuiscint eile as ach í.

Chuir Mac Niallais athrú ar bhrí dhá abairt inléite eile in Rawl. Is cosúil gurb é an cáineadh a déantar ar ainm baiste Cholm Cille in abairt díobh a thug air a chuid féin a dhéanamh de:

Rawl.: isíad aaingle fEn docuir se cucu dára | dha riu agairm de §53:40:11
 amail dErbus mura isnarann | aibsi [...] darbensatar crimtann
 de. sdargoir | sead colam.c. **Et adubratar** ganantainm
drochci | **allaidhese** nachticfadh acht **ardrochduine** dogai |
 rm de.i.crimthann

A19: asiad aaingle fen docuir se cuca daradha riú | agairm de f.8r14
 amail dearbhus Mura isna rannuibhsi [...] darbeansatar
criomthann de. sdar goirseat colam cilli. **gur fogratar**
annsín gan | antainmsín nach ttiocfadh acht **do dhuine**
shaogalta doghairm de.i.criomthann

Is sliocht as an scéal a thugann míniú ar leasainm an naoimh, Colm Cille, an sampla thuas. De réir an scéil, ba iad na gasúir a bhíodh ag spraoi leis an naomh agus é beag a bhaist an leasainm air. Tugtar dhá mhíniú sa scéal ar bhunús an leasainm a roghnaigh siad. I míniú díobh, deirtear gurbh é Dia féin a roghnaigh an t-ainm Colm agus gurbh é a chuir in intinn na ngasúr é. Is ionann a bhfuil sa sampla thuas agus an dara míniú a tugtar, áit a ndeirtear gurbh iad aingle Dé a dúirt leis na gasúir Colm a thabhairt air.

Rinne Mac Niallais trí leasú ar an tuairisc a tugtar ar chaint na n-aingeal in Rawl.: (a) bheartaigh sé ‘gur fogratar’ a úsáid mar mhalairt ar ‘Et adubratar’ Rawl.; (b) chinn sé gan an aidiacht ‘drochci | allaidhe’ a bhreacadh; agus (c) chum sé frása réamhfhoclach ba shéimhe ná ‘ardrochduine’ Rawl. dá leagan féin den scéal. Ba bheag athrú a chuir leasú (a) ar bhrí chaint na n-aingeal, ach níorbh ionann an cás é le leasú

(b) agus (c). Ba leasuithe iad siúd a cheil an cáineadh a rinne na haingil ar ainm baiste an naoimh ar léitheoirí A19. De réir leagan Rawl. dá gcaint, b'ainm droch-chéillí é Criomhthann nach dtugtaí ach ar dhrochdhuine. Ní raibh de locht ag na haingil air de réir Mhic Niallais ach gur ar dhuine saolta a thugtaí é. Is léir gur chreid Mac Niallais nár chóir an t-ainm a cháineadh ná a cháineadh a chur i mbéal aingeal.

Is féidir a bheith réasúnta cinnte de gur go comhfhiosach a bheartaigh Mac Niallais eolas na n-abairtí thuas a leasú. Chuir sé ábhar breise le haon abairt amháin eile dá eiseamláir a chuir athrú de bheagán ar eolas an téacs. Murab ionann agus a ndearna sé thuas, thioctadh sé nach in aon turas a chuir sé athrú ar eolas na habairte seo:

Rawl.: *Feachtus* eli docolam.c.agsiubal nafairge.c.na 7 do | eirigh §282:296:19
anoiredsin dosdoirm 7 danfadh uirre | induis condeachuidh
aciall 7 aresún fEn on | araibhe fáris saluing

A19: *FEchtus* ele do colam.c.ag siubal nafairrgi móire mur f.41v32
an.c.na .7 doeirigh a(..)sin dostoirm .7 danf(..) | uirre
gondeachaidh agciall .7 | aréasún fein ona raibhi fá ris
saluing

Is ionann ‘an fharraige chéanna’ a ndéantar trácht uirthi in Rawl. sa sampla thuas agus farraige oirthear Alban a luadh i dtús §281 go gairid roimhe. In ainneoin nár mhór a chuir Mac Niallais lena bhfuil in Rawl. thuas, d'éirigh leis ionad an scéil a cheilt ar a léitheoirí. Is cosúil nár chuimhnigh sé ar ar bhreac sé i dtús §281 agus an abairt thuas á breacadh aige. Ní fios cén t-údar ar chinn sé ábhar breise a chur leis an téacs, ach ní dócha gurbh eol dó go raibh eolas á cheilt aige.

Chuir sé ábhar breise le trí scéal eile den téacs a thug eolas breise dá léitheoirí faoi phearsa a luaitear iontu. B'eolas breise é a chuir feoil ar chonablach na scéalta, ach ar bheag cor a bhain sé as a mbrí. Is sa leagan de §291 a bhreac sé is tréine a feictear ábhar breise curtha aige le scéal:

Rawl.: docuaidh godorus † nacuirti araibe rí antírEsin .i.bruidhe 7 † §291:310:23
doíarr fosclud and 7 nirlEic **anri astEché** † oir dobi anri fEn
dimsach dochusach asaneart † 7 asacumhachtaib fEn 7
niraibe ancrEidemh go † himlan aige 7 dobí adoigh fEn
nachraibe sa † mbith duine doclaidhfeadh e.
Dochuaidh.c.c.dindsa † igidh andoruis 7 dobEn comartha
nacroiche † sacomluidh 7 doscaíletar naglais íarnaidhe † dobi
uirre 7 dofoscuil andorus uada fEn

A19: dochuaidh godorus nacuirti araraibhi rí antírisin .i. Bruidhe † f.44r7
.7 doíarr fosgladh ann .7 nirléig **andoirsÉoir astteach é**
gondeacaidh dá chEdugadh don righ Et dobhi anri fen
díomsach dóchusach .7 † **é lán duabhar** asaneart .7
asacumhachtaib fein .7 niraibhe an credEmh gohiomlán
aige ionus gurbhí adhóigh féin nach roibhe † sambioth duine
doclaidfeadh é .7 **dfogair gan colam.c. doleigean astteach.**
Dochuaidh colam.c.dionnsoigidh andoruis arashon sin † .7
dobhean comurtha nacroiichi sacomlaidh .7 dosgaoiletur
naglais iarnaidhe dobhi uirri .7 dfosguil an dorus uadha féin

In ainneoin ar chuir Mac Niallais d’ábhar breise le leagan Rawl. den scéal thuas, is beag athrú a chuir sé ar bhunbhrí an scéil. Níl de dhifríocht eatarthu ach go dtugann Mac Niallais dhá ghiota eolais breise dúinn faoin rí, Bruidhe, le hais a bhfuil in Rawl. Áitíonn sé gur rí é a raibh doirseoir aige, agus gur fear é a bhí ‘lán duabhar’ chomh maith le bheith díomasach dóchasach as a neart féin mar a luaitear in Rawl.

Is deacair a rá ar ndóigh cén t-údar ar roghnaigh Mac Niallais eolas breise a chur leis an scéal. D’fhéadfadh sé nach raibh d’údar aige ach gurbh aisteach leis nach mbeadh doirseoir ag an rí agus gur mheas sé nárbh inchreidte an scéal dá léitheoirí dá uireasa. Is mó is dóichí é, dar liom, gur ar mhaithe le cumhacht Cholm Cille a shoiléiriú dá léitheoirí a rinne sé amhlaidh. Chinntigh a ábhar breise gur rí cumhachtach barúlach acmhainneach a d’fheicfeadh a léitheoirí agus a leagan féin den scéal á léamh acu. Ba threise an céile comhraic a bhí le cloí ag Colm Cille de bharr áibhéil Mhic Niallais, agus ba mhó é cumhacht an naoimh dá réir.

Thiocfadh sé gur ar mhaithe le cumhacht Cholm Cille a threisiú agus a shoiléiriú dá léitheoirí a chuir sé eolas breise le dhá abairt eile den téacs chomh maith. Is dhá abairt iad ina ndéantar trácht ar chumhachtaí míorúilteacha Cholm Cille. Bíodh is nach mór a chuir Mac Niallais d’eolas leis an dá abairt, is tréine a léirítear cumhacht an naoimh iontu dá bharr:

Rawl.: fuair se spirad faidhedoracht | indus nachraibe ní **sabith** §78:68:21
dorcha air | dátaineg no daticfaidh

A19: dofuair se spiorad faidhEdorachta ionnus nach roibhi ní f.11v25
arbioth dar shir dorcha air dattainic nó datiocfaidh

Rawl.: glacais anbir.c. | na 7 tuc urchor taransruth de corlEcidh an | §132:130:17
talum ris anfad docuaidh anbir sa | cEó 7 **cortEich ancEo**
fEn trEsinurcharsin | .c.c.

A19: glacuis anbior .c.na .7 tug urchur tar ansruth de gur leigeadh f.20r7
antalamh ris anfad dochuaidh an bior sacÉo .7
gondeachaigh | **adraoidheacht** de tresanurchur sin
colaim.c.

6.8 Conclúid

Léiríonn na leasuithe ar fad a pléadh sa gcaibidil seo go raibh saoirse chruthaitheach áirithe ag Mac Niallais agus cóip dhílis dá eiseamláir á breacadh aige. Ba shaoirse í a bhronn deis air stíl inste an téacs a leasú dá dtogródh sé agus a cheadaigh dó an téacs a athscríobh ar mhaithe le dearadh a leabhair.

Ba bheag athrú a chuir Mac Niallais ar bhrí an téacs de bharr ar leasaigh sé. In ainneoin nár bhreac sé go dílis chuile fhocal dá eiseamláir, chloígh sé den chuid is mó lena bhunsmaoineamh agus lena bhunstruchtúr. Ní cosúil go raibh de shrian ar a chruthaitheacht ach é. Ba cheadmhach dó a leagan féin a chur ar fhocail a eiseamláire ach bhí air a bheith dílis dá mbrí. Níor ghá chuile fhocal dár chum údar na Beatha a chóipeáil chun cóip dhílis dá théacs a fhoilsiú.

Is follas gur chreid sé nach téacs calctha críochnaithe a bhí á chóipeáil aige, ach téacs neamhfhoirfe a bhféadfaí a stíl agus a insint a fheabhsú agus a fhorbairt. Thóg sé cúram an údair air féin chun slacht a chur ar a bhfaca sé de mhíshlacht sa téacs. Ba leasuithe chun feabhais bunáite a leasaithe. Shoiléirigh siad agus bheachtaigh siad an téacs dá léitheoirí agus ba sholéite shothuigthe é dá mbarr.

7 An Cóip a Breacadh?

Gabh agam dá réir sin alÉghthóir dEighbhrEthaigh gan aithfear dothabhairt orm um locht dá ndErnus ann do | thaoibh litri nó dhErmuid .7 alEith risin orthographia .7 risin dEchtadh bíodh abhuideachus no adiongeachus aran | Giolla Riabach mhór óchleirigh agár lEnusa é nihEdh amháin de verbo, ad verbum *acht litir ar litir*. (A19 f.61v20)

Is follas ónar bhreac Mac Niallais i ndeireadh a shaothair sa gcolafan thuas gur chreid sé féin gur chóip dhílis de théacs a eiseamláire a d'fhoilsigh sé dá léitheoirí. Thuig sé gur dócha nach raibh ar bhreac sé gan locht litrithe ná dearmad, ach mhionnaigh sé gurbh é a eiseamláir a lean sé ‘nihEdh amháin de verbo, ad verbum *acht litir ar litir*’. B'iarracht fhada fhithíneach é an tráchtas seo ar cheist róshimplí faoi fhocal agus faoi shaothar Mhic Niallais a fhreagairt — céard go díreach a bhreac sé agus cóip dhílis dá eiseamláir á cóiriú aige?

Ba é an bailiúchán a tiomsaíodh de na hathruithe a chuir Mac Niallais ar théacs Rawl. an bhunchloch ar ar tógadh freagra na ceiste. Tugadh údarás agus urraim do na hathruithe a aimsíodh ar a saoradh ón daoirse ba dhual dóibh in *apparatus criticus* an eagrán chriticiúil; fiosraíodh go mion tomhaiste a n-údar agus a n-aidhm, agus baineadh leas astu chun léargas a fháil ar thuiscint scríobhaí Gaelach de chuid na seachtú haoise déag ar an ní is cóip dhílis ann. Tugann bunchloch mhodheolaíocht an tráchtais le fios gur mó atá le foghlaim as na hathruithe a chuireann scríobhaí ar théacs le linn cóipeála ná a n-insíonn siad dúinn faoi bhuntéacs a shaothair.

Léiríonn an scagadh a rinneadh ar an mbailiúchán athruithe a tiomsaíodh gur mhór idir cóip dhílis Mhic Niallais agus cóip dhílis an lae inniu. Is cinnte nárbh áil leis athnuachan ná athscríobh iomlán a dhéanamh ar a raibh roimhe in Rawl., ach ba leasc leis ar mheas sé a bheith lochtach, doiléir, nó ciotach ina téacs a roinnt lena léitheoirí. Bheartaigh sé athnuachan neamhchórasach a dhéanamh ar chóras litrithe an téacs; cheartaigh sé a bhfaca sé de bhotúin fhollasacha; agus chinn sé abairtí áirithe, ab fhacthas dó a bheith ciotach nó neamhealaíonta, a shimpliú, a leathnú nó a mhaisiú. Bíodh is gur leasaíodh brí an téacs de bheagán de bharr riar dá chuid athruithe, is beag athrú a chuir a mbunáite air. Ní cóip dhílis, mar a thuigfí inniu é, a bhreac sé, ach eagrán soiléir dílis dá téacs.

Is cosúil gurbh í tuiscint Mhic Niallais féin ar scéal BCC, agus ar an stíl aithriseoireachta ab fhearr a mhíneodh dá léitheoirí é, a threoraigh a chinntí eagarthóireachta den chuid is mó. Ní dócha go ndeachaigh sé i muinín aon leagan eile den téacs agus botúin fhollasacha á gceartú aige, agus is cinnte nárbh iad a thug air abairtí inléite an téacs a mhaisiú, a choimriú, nó a leathnú. Bíodh is gur mór idir a mhodh eagarthóireachta agus modhanna criticiúla an lae inniu, ba í an bhuntuiscint chéanna a spreag formhór a leasuithe. Chreid sé nach leagan foirfe gan smál de BCC a bhí roimhe in Rawl., ach b'eochair í chuig leagan samhlaíoch nárbh ann dó den téacs. Is ionann buntéis na n-eagrán scolártha a fhoilsíonn scoláirí na linne seo de théacsanna atá ar coimeád i dtaisce lámhscríbhinní na Gaeilge.¹ In ainneoin gur mór idir modhanna eagarthóireachta a n-eagrán agus a ndearna Mac Niallais, is ionann a dtoradh. Is leagan nua de théacs a n-eiseamláirí a cruthaítear dá mbarr.

Níorbh é soiléireacht fhocal a eiseamláire amháin a spreag leasuithe comhfhiosacha Mhic Niallais agus a eagrán a chóiriú aige. Ba é dearadh a leabhair féin a thug air an téacs a leasú uaireanta. Is léir gur ghné thábhachtach dá cheird é an dearadh agus gur bheag a locht ar théacs Rawl. a athscríobh dá mba shnasta dheachóirithe a bhreathnódh a leabhar dá bharr. Is leasuithe iad a léiríonn gur mhó a bhain le ceird an scríobhaí ná téacs soléite d'eiseamláir a bhreacadh. Ba dhearthóir é Mac Niallais chomh maith le bheith ina chóipeálaí agus ina eagarthóir. Ba thrí ról ar leith iad a bhí go síoraí in adharca a chéile agus téacs BCC á aistriú aige óna eiseamláir chuig a leabhar féin. Ba é an cóipeálaí a rug bua agus bunáite an téacs á aistriú, ach níorbh amhlaidh an cás i gcónaí é.

Ní fios ar ndóigh arbh é modh eagarthóireachta scaoilte Mhic Niallais ba ghnáiche le scríobhaithe eile a linne a chleachtadh agus cóip d'eiseamláir a leanfaí 'de verbo, ad verbum' á gcóiriú acu. Níor dhuine de shliocht cáiliúil scoláirí ná scríobhaithe é Mac Niallais, agus d'fhéadfadh sé nárbh é gnás scríobhaithe a linne a bhí á leanacht aige. Ina choinne sin, is cinnte gurbh é gnás a linne a lean sé agus bileog a leabhair á dearadh aige. Is i script atá coitianta i lámhscríbhinní Gaeilge na seachtú haoise déag a bhreac sé formhór an téacs; ba iad comharthaí ceartaithe comónta na lámhscríbhinní úd a d'úsáid sé; agus bhain sé leas coitianta as *ceann fo eite* ar mhaithe le páipéar a shábháil nó an bán a chomhlíonadh. Is léir dá mbarr gur cuireadh oiliúint

¹ Faightear léargas ar na modhanna eagarthóireachta is gnách le scoláirí na Gaeilge a leanacht in Doran (2013), Murray (2009), agus in McCone (1996:27–31).

ar Mhac Niallais i gceird an scríobhaí Ghaelaigh. Cá bhfios nár chuid den oiliúint a mhodh eagarthóireachta?

